Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil ar
# Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2018

Meán Fómhair 2019

© Cóipcheart an Rialtais

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2018

Éilítear orm de réir Airteagal 33 (4) de Bhunreacht na hÉireann tuairisciú do Dháil Éireann ag tréimhsí sonraithe mar a chinnfear le dlí. Foráiltear in Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 an príomhbhunús do thuairisciú dá leithéid.

### *Forálacha Tuairiscithe Reachtúla*

Ceanglaítear le hAlt 3 (10) d'Acht 1993 orm tuarascáil scríofa a ullmhú gach bliain a n-áirítear inti

- aon nithe a mheasaim atá oiriúnach a thuairisciú ag eascairt as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa atá ullmhaithe ag Oifigigh Chuntasaíochta ranna agus oifigí rialtais i ndáil leis na leithreasuithe vótáilte ag Dáil Éireann don bhliain airgeadais roimhe

- aon nithe a mheasaim atá oiriúnach a thuairisciú ag eascairt as mo scrúduithe ar na rialuithe inmheánacha cuntasaíochta atá á bhfeidhmiú ag ranna agus oifigí rialtais (sa bhliain airgeadais reatha nó roimhe) chun rialtacht a n-idirbheart airgeadais, cruinneas a n-íocaíochtaí agus admhálacha, iontaofacht agus iomláine a dtaifead cuntasaíochta a chinntiú agus sócmhainní atá faoina n-úinéireacht agus á rialú acu a chosaint

- torthaí mo chuid scrúduithe ar na cuntais ar na hioncaim atá bailithe ag na Coimisinéirí Ioncaim – áirítear i measc na scrúduithe seo measúnú ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na cuntais iomlán agus beacht, agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais bunaithe agus curtha i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim leordhóthanach chun seiceáil éifeachtach ar mheasúnú, bailiú agus leithdháileadh cuí na n-ioncam a dhaingniú.

Éilíonn reachtanna eile orm tuarascálacha a ullmhú agus a chur faoi bhráid Dháil Éireann maidir le nithe sonracha áirithe mar aon le mo thuarascáil faoi alt 3 (10).

Ar leithligh, forálann alt 11 d'Acht 1993 le haghaidh tuarascálacha speisialta áirithe a bheith á n-ullmhú agam.

### *Cur i láthair na Tuarascála seo*

Is é seo mo thuarascáil faoi Alt 3 (10) d'Acht 1993 a bhaineann le bliain airgeadais 2018. Tá an tuarascáil seo roinnte i gceithre chuid, a dhéileálann leis na nithe seo a leanas

- Príomh-Chiste an Státchiste
- caiteachas vótáilte in 2018
- scrúdú ar chórais Ioncaim
- tuarascálacha ar nithe eile lena n-áirítear tuarascálacha reachtúla ar na hiniúchtaí ar chuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus Chomhairle Fhioscach Chomhairleach na hÉireann.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo ar bhonn na faisnéise iniúchta, áit a raibh sé ar fáil, agus faisnéis, doiciméid agus mínithe eile faighte ó na ranna agus oifigí rialtais ábhartha. Seoladh dréachtaí de chodanna ábhartha den tuarascáil chuig na ranna agus oifigí lena mbaineann agus iarradh orthu a dtuairimí a thabhairt. Áit ar cuí, cuireadh na tuairimí seo san áireamh sa leagan deireanach den tuarascáil.

Tá an tuarascáil seo dírithe ar chuntasacht ranna agus oifigí i ndáil le riaradh a gcistí poiblí. Níor cheart tagairtí do thríú páirtithe a léamh ach sa chomhthéacs sin amháin.

Cuirim i láthair leis seo mo thuarascáil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 do Dháil Éireann de réir Alt 3 (11) d'Acht 1993.

### *Cur i láthair Chuntais Leithreasa 2018*

Ina theannta sin, éilíonn Alt 3 (11) d'Acht 1993 orm na cuntais leithreasa le haghaidh Vótaí éagsúla a chur i láthair do Dháil Éireann i dteannta leis an tuarascáil a ullmhaíodh faoi alt 3 (10).

Tá gach cuntas leithreasa don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 deimhnithe agam agus, in imleabhar gaolmhar, tá na cuntais sin, mar aon le mo dheimhnithe iniúchta, curtha faoi bhráid Dháil Éireann agam.



**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

An 30 Meán Fómhair 2019

## Clár


**Rialtas Láir**

| | | |
|---|---|---|
| 1 | Toradh airgeadais an Státchiste don bhliain 2018 | 11 |
| 2 | Costas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta amhail deireadh 2018 | 25 |

**Caiteachas Vótáilte**

| | | |
|---|---|---|
| 3 | Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid | 43 |
| 4 | Cuntasaíocht maidir le sócmhainní caipitil | 57 |
| 5 | Cuntasaíocht le haghaidh seirbhísí gaolmhara | 75 |
| 6 | Caiteachas faoi chonradh cothabhála | 83 |
| 7 | Suíomhanna a cheannach le scoileanna a sholáthar | 89 |
| 8 | Rialuithe ar mhaoiniú um chúnamh daonnúil | 109 |
| 9 | Idirbhearta airgeadais a bhaineann le gás ceaptha teasa | 127 |
| 10 | Deontais foraoiseachta | 145 |
| 11 | Maoiniú rialtais láir na n-údarás áitiúil | 163 |
| 12 | Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh | 177 |
| 13 | Tráthúlacht phróiseáil na n-éileamh ar thacaíocht ioncaim | 183 |
| 14 | Seirbhís do chustaiméirí — forbairt foirmeacha iarratais tacaíochta ioncaim | 197 |
| 15 | Forbairt na n-ionad cúram príomhúil | 211 |
| 16 | Cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí a sholáthar | 241 |

**Ioncam**

| | | |
|---|---|---|
| 17 | Idirghabhálacha um chomhlíonadh cánach | 277 |
| 18 | Faoiseamh cánach ar léiriú scannán | 299 |

**Nithe Eile**

| | | |
|---|---|---|
| 19 | Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | 319 |
| 20 | Ciste eascró Apple na hÉireann | 335 |
| 21 | Comhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann | 341 |

# Tuarascáil ar
# Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2018

# Rialtas Láir

# 1 Toradh airgeadais an Státchiste don bhliain 2018

**1.1** Íoctar gach ioncam de chuid an Stáit isteach i bPríomh-Chiste an Státchiste mura socraítear a mhalairt de réir dlí.[1] Áirítear go príomha le fáltais an Phríomhchiste ioncam ó cháin agus fáltais ó iasachtaí a rinne Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit. Úsáidtear eisiúintí ón bPríomhchiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun anfiachas Stáit a sheirbhísiú agus a íoc ar ais.

**1.2** Sna Cuntais Airgeadais bhliantúla, cuirtear i láthair na fáltais isteach sa Phríomh-Chiste agus na heisiúintí amach as, mar aon le sonraí a bhaineann le hiasachtaí GBCN agus faisnéis ar dhliteanais agus ar shócmhainní áirithe an Stáit.[2] Sa tuarascáil seo, tá achoimre déanta ar na hidirbhearta ar an bPríomh-Chiste agus béim leagtha inti ar roinnt príomhthreochtaí. Ós rud é nach gcuimsítear clár comhardaithe sna Cuntais Airgeadais, leagtar amach freisin an staid achomair i ndáil le príomhshócmhainní agus príomhdhliteanais, an fiachas náisiúnta san áireamh.

## Treochtaí fioscacha

**1.3** In 2018, sháraigh fáltais sa Phríomh-Chiste an méid ar eisíodh ón gCiste don dara bliain as a chéile (féach ar Figiúr 1.1). Tharla easnaimh shuntasacha bhliantúla ó 2008 go dtí 2014. Tugtar iarmhéid an Státchiste ar ghlanbharrachas nó glaneasnamh an Phríomh-Chiste (i.e., barrachas nó easnamh fháltais an Chiste Lárnaigh thar eisiúintí, gan iasachtaí san áireamh). B’ionann barrachas an Státchiste don bhliain 2018 agus €99 milliún. Mar chomparáid, is ionann €1.9 billiún agus an barrachas a bhí ann in 2017.

**Figiúr 1.1 Fáltais agus eisiúintí Phríomh-Chiste an Státchiste, 2008 go dtí 2018**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2018

Nóta: a Áirítear leis na fáltais agus eisiúintí seirbhísiú an fhiachais náisiúnta ach ní áirítear leo iasachtaí a dhéanann an GBCN thar ceann an Stáit agus aisíoc an fhiachais náisiúnta. Féach ar Fíor 1.3 chun teacht ar anailís ar fháltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste i gcomhair 2014 go dtí 2018.

1 Áirítear le hioncam Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Phríomhchiste, mar shampla, fáltais ó Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa, a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

2 Ní airbheartaítear gur ráiteas airgeadais cuimsitheach don Stát, dá sócmhainní agus dliteanais, iad na Cuntais Airgeadais. Meastar gurb ionann na Cuntais Airgeadais agus thart ar 75% d’ioncam agus caiteachas iomlán an rialtais.

**1.4** Beart níos leithne ná iarmhéid an Státchiste is ea iarmhéid an rialtais ghinearálta. Déantar feidhmíocht fhioscach earnáil an rialtais ghinearálta a thomhas leis, agus is é an tagarmharc caighdeánach é a úsáidtear chun críocha comparáideacha ar fud an Aontais Eorpaigh.[1] Sa chuid is mó de na blianta, bíonn iarmhéid an rialtais ghinearálta ag teacht dlúth go leor le hiarmhéid an Státchiste (féach ar Fíor 1.2). Éiríonn na difríochtaí idir na bearta go príomha mar thoradh ar an gcaoi ar déileáladh le hidirbhearta a bhain le bearta cobhsaithe don earnáil airgeadais. In 2018, bhí barrachas (€46 milliún) in iarmhéid an rialtais ghinearálta in Éirinn den chéad uair ó bhí 2007 ann.

**1.5** Is é an Phríomh-Oifig Staidrimh a réitíonn staitisticí airgeadais bliantúla an rialtais. Áirítear sna foilseacháin seo ráiteas ioncaim agus caiteachais agus ráiteas ar ghlanfhiúchas an rialtais. Tá breac-chuntas ar thiomsú na staitisticí seo leagtha amach in Iarscríbhinn 1A.

**Fíor 1.2 Iarmhéid an Státchiste, 2008 go 2018 agus iarmhéid an rialtais ghinearálta, 2011 go 2018**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2018 (Iarmhéid an Státchiste) agus an Phríomh-Oifig Staidrimh: Ioncam agus Caiteachas an Rialtais, Iúil 2019 (iarmhéid an rialtais ghinearálta).

1 Mar shampla, úsáidtear iarmhéid an rialtais ghinearálta don mhonatóireacht fhioscach a dhéantar faoi Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis an Aontais Eorpaigh. Is éard atá sa Chomhshocrú ná sraith na rialacha a mbítear ag súil leis go gcloífidh ballstáit an Aontais Eorpaigh leo agus a gcúrsaí airgeadais phoiblí á mbainistiú acu.

## Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste

**1.6** Tá anailís ar fháltais agus eisiúintí ó Phríomh-Chiste an Státchiste (gan iasachtaí GBCN san áireamh) don tréimhse 2014 go dtí 2018 leagtha amach i Fíor 1.3.

**Fíor 1.3 Comhdhéanamh fháltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste, 2014 go dtí 2018[a]**

| **Fáltais** | **2014** | **2015** | **2016** | **2017** | **2018** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | |
| Ioncam cánach | 41,282 | 45,601 | 47,864 | 50,737 | 55,557 |
| Aistriú ón gCiste Rialtais Áitiúil | 520 | 481 | 318 | 230 | — |
| Ioncam barrachais an Bhainc Cheannais[b] | 1,225 | 1,719 | 1,800 | 1,836 | 2,108 |
| Ioncam barrachais an chrannchuir náisiúnta | 178 | 193 | 219 | 227 | 225 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 475 | 551 | 269 | 324 | 261 |
| Ioncaim reatha eile | 568 | 572 | 498 | 248 | 311 |
| ***Fáltais chaipitil*** | | | | | |
| Iasachtaí/airleacain aisíoctha[c] | 4,987 | 5,348 | 2,143 | 1,021 | 933 |
| Fáltais ó bhearta cobhsaithe don earnáil airgeadais | — | 3,682 | 1,871 | 3,723 | 341 |
| Fáltais chaipitil eisceachtúla[d] | 405 | 335 | — | — | — |
| Fáltais chaipitil eile | 131 | 106 | 75 | 30 | 572 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **49,771** | **58,588** | **55,057** | **58,376** | **60,308** |
| **Eisiúintí** | | | | | |
| Eisiúintí do chaiteachas vótálaithe | 42,224 | 42,863 | 43,986 | 46,291 | 50,445 |
| Seirbhísiú an fhiachais náisiúnta | 7,579 | 7,107 | 6,845 | 6,227 | 5,967 |
| Ranníocaíocht le buiséad an AE | 1,685 | 1,952 | 2,023 | 2,016 | 2,519 |
| Coimisiún de chuid an Oireachtais | 101 | 106 | 114 | 110 | 131 |
| Iasachtaí / airleacain[c] | 4,875 | 5,111 | 2,320 | 963 | 975 |
| Bearta cobhsaithe don earnáil airgeadais | 100 | 30 | 4 | — | — |
| Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí) | 461 | 96 | 184 | 270 | — |
| Aistriú chuig an gCiste Rialtais Áitiúil[e] | 484 | 461 | 463 | 480 | 12 |
| Ranníocaíocht chaipitil leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach | 255 | — | — | — | — |
| Ranníocaíocht le Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | — | 335 | — | — | — |
| Íocaíochtaí le húdaráis áitiúla chun iasachtaí ón HFA a aisíoc | — | 427 | — | — | — |
| Íocaíochtaí Eile | 196 | 164 | 136 | 113 | 160 |
| **Iomlán na n-eisiúintí** | **57,960** | **58,652** | **56,075** | **56,470** | **60,209** |
| **Farasbarr/(Easnamh) don bhliain** | **(8,189)** | **(64)** | **(1,018)** | **1,906** | **99** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2014 go 2018

Nótaí:

a Déantar comhdhlúthú ar idirbhearta a bhaineann le cuntas an Phríomh-Chiste agus leis an gCuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla. Is í GBCN a dhéanann cothabháil ar an gcuntas deiridh sin chun an fiachas náisiúnta a sheirbhísiú agus d'idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta.

b Is éard atá sa mhéid a bhailítear sa Phríomh-Chiste gach uile bliain ná, go príomhúil, an t-ioncam barrachais don bhliain airgeadais roimhe sin, de réir ráitis airgeadais iniúchta Bhanc Ceannais na hÉireann.

c Féach ar Iarscríbhinn 1B, Figiúr 1B.1 chun teacht ar thuilleadh sonraí.

d Tá fáltais chaipitil eisceachtúla neamhfhillteach, agus baineann siad le: Fáltais dhíolacháin cheadúnais an Chrannchuir Náisiúnta (2014) agus fáltais diúscartha scairchaipitil Aer Lingus (2015).

e Bainteach le feidhmiú fháltais na Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ), a cuireadh san áireamh in ioncam cánach roimh 2018. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, déanann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais CMÁ a íoc go díreach isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil, seachas go neamhdhíreach tríd an bPríomh-Chiste.

**1.7** Fuarthas €60.3 billiún san iomlán d'fháltais sa Phríomh-Chiste in 2018, agus is é chánacha a bhí i gceist leis an gcuid ba mhó (92%). €60.2 billiún san iomlán a bhí i gceist leis na heisiúintí in 2018, ina raibh eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte (84%), seirbhísiú fiachais náisiúnta (10%), ranníocaíochtaí leis an AE (4%) agus caiteachas neamhvótáilte eile (2%). Féach ar Fíor 1.4.

**Fíor 1.4 Fáltais agus eisiúintí an Phríomh-Chiste, 2018**




Foinse: Cuntais airgeadais 2018

### *Cáin agus fáltais eile an Státchiste*

**1.8** Tháinig méadú de €1.9 billiún ar na fáltais iomlána sa Phríomh-Chiste in 2018. Ba é seo an toradh glan ar mhéadú €4.8 billiún a bhain le cánacha agus laghdú €2.9 billiún i bhfáltais eile.

#### *Fáltais chánach*

**1.9** In 2018, chuaigh athruithe struchtúracha[1] i bhfeidhm ar fháltais chánach sa Phríomh-Chiste agus mar thoradh air sin íocadh fáltais mhótarchánach de €977 san iomlán sa Chiste, agus den chéad uair ó tugadh isteach é, ní raibh aon fháltais sa Chiste ón gCáin Mhaoine Áitiúil (€477 milliún in 2017).

**1.10** Chun deireadh a chur le héifeachtaí an athstruchtúraithe ar an treocht i bhfáltais, i Fíor 1.5 (thar-) rianaítear fáltais chánach agus Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa (ÁSPC)[2] idir 2011 agus 2018 beag beann ar cad é an comhlacht lenar íocadh na fáltais.

1 Tugtha isteach leis an Acht um Sheirbhísí Uisce 2017.

2 Íoctar fáltais ÁSPC isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

**Fíor 1.5 Fáltais ioncaim chánach agus ÁSPC, 2011 go 2018**




Foinsí: Cuntais airgeadais, cuntais Chiste Rialtais Áitiúil agus cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh, 2011 go 2018

Nóta: a Áirítear le hioncam cánach na cánacha go léir a íoctar isteach sa Phríomh-Chiste ach amháin maidir le dhá eisceacht. I gcás na tréimhse 2011 go 2017, áirítear inti freisin mótarcháin a íocadh isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil le linn na tréimhse sin. Déantar Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ), a íocadh isteach sa Phríomh-Chiste roimh 2018, a eisiamh agus a thuairisciú ar leithligh. Ó 2018 ar aghaidh, íoctar CMÁ isteach sa Chiste Rialtais Áitiúil.

**1.11** In 2018, tháinig méadú €5.2 billiún (8%) ar cháin agus ÁSPC a bailíodh agus méadaíodh fáltais faoi bheagnach gach uile cheannteideal cánach.

- Tháinig méadú €2.2 billiún (27%) ar fháltais Chánach Corparáide i gcomparáid le 2017, rud a léirigh leibhéil bhrabúsachta corparáidí níos airde sa gheilleagar, chomh maith leis an tionchar ar aithint ioncaim ó athrú ar chaighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta.
- Tuairiscíodh fás de €1.2 billiún (6%) ar bhonn bliain ar bhliain sna fáltais Chánach Ioncaim. Tháinig méadú €1.1 billiún (10%) ar fháltais ÁSPC (ar bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim agus ar íocadh isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh iad).
- Tháinig méadú de bheagnach €1 billiún (7%) ar fháltais CBL.
- Tháinig laghdú € 507 milliún (9%) ar dhleachtanna máil in 2018.

### *Fáltais Státchiste eile*

**1.12** Áiríodh ar fháltais an Státchiste in 2017 fáltas caipitil aon uaire de € 3.4 billiún a d'eascair as díol 29% de scairsheilbh an Stáit in AIB. Níor tharla aon idirbhearta dá leithéid in 2018.

**1.13** Tháinig méadú €542 milliún ar an gcatagóir 'fáltais chaipitil eile' in 2018, go príomha mar gheall ar aisíocaíochtaí iarmhéideanna neamhúsáidte suntasacha ón gCiste Réitigh Foras Creidmheasa de €240 milliún agus Ciste na gComhar Creidmheasa de €238 milliún. (Déanfar níos mó plé ar seo thíos).

### *Eisiúintí an Phríomh-Chiste*

**1.14** B'ionann eisiúintí an Phríomh-Chiste in 2018 agus €60.2 billiún (2017: €56.47 billiún).

- Tháinig méadú €4.1 billiún ar eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte . Tá ceithre roinn freagrach as níos mó ná trí cheathrú den chaiteachas vótáilte. Cé gur fhan eisiúintí don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí réasúnta seasmhach, tháinig méaduithe móra ar na heisiúintí in 2018 don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (€1.3 billiún), don Roinn Sláinte (€1.2 billiún) agus don Roinn Oideachais agus Scileanna (€0.4 billiún).
- Bhí íocaíochtaí de bheagnach €6 billiún a bhain le seirbhísiú iasachta a rinne an GBCN 4.2% níos ísle bliain i ndiaidh bliana ná in 2017, rud a léiríonn laghduithe ar chostas na hiasachta (Féach ar Fíor 1.8).
- Mhéadaigh ranníocaíocht bhliantúil na hÉireann le buiséad an AE 25% go €2.5 billiún in 2018. Is é an phríomhchuid de ranníocaíocht na hÉireann ná íocaíochtaí gaolmhara ollioncaim náisiúnta (OIN) arbh ionann iad agus €1.98 billiún in 2018 (2017: €1.47 billiún).

## Sócmhainní an Státchiste

### *Airgead tirim agus sócmhainní airgeadais*

**1.15** Tháinig méadú ar leibhéal an airgid tirim agus sócmhainní airgeadais eile atá sa Státchiste ó €13.2 billiún ag deireadh 2017 go €17.6 billiún ag deireadh 2018 (féach ar Fíor 1.6). Sa mhéadú de €4.4 billiún, nó 33%, léirítear tionchair bharrachas an Státchiste de €99 milliún agus glaniasachtaí airgid tirim de €4.3 billiún sa bhliain. Féach ar Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.2.

**1.16** Ar 31 Nollaig 2018, áiríodh le hairgead tirim agus sócmhainní airgeadais an Státchiste €1,558 milliún i ndáil le nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe agus €85 milliún do nótaí ráthaithe meántéarmacha a bhaineann le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ). B'fhéidir nach mbeidh na sócmhainní seo inréadaithe go héasca ag brath ar choinníollacha an mhargaidh.

**Fíor 1.6 Sócmhainní airgid tirim agus sócmhainní airgeadais eile atá i seilbh an Státchiste, 2008 go dtí 2018**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2018

### *Iasachtaí agus airleacain eisithe ag an Státchiste*

**1.17** Seachas na hiasachtaí don Ghníomhaireacht Airgeadais do Thithe agus CBSÉ, bhí iasachtaí agus airleacain de €2 bhiliún san iomlán a soláthraíodh ón bPríomh-Chiste gan íoc ag deireadh 2018 — méadú €42 milliún i gcomparáid le 2017. Tá na gluaiseachtaí agus na hiarmhéideanna a bhí gan íoc do na mórchatagóirí iasachtaí agus airleacan ag deireadh gach bliana ó 2014 léirithe in Iarscríbhinn 1B.1.

**1.18** I dteannta na n-iasachtaí agus na n-airleacan seo, tá an Príomh-Chiste i dteideal aisíocaíocht a fháil ar iarmhéideanna beaga gan íoc sa Chiste Réitigh Foras Creidmheasa agus i gCiste na gComhar Creidmheasa.

*An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa*

**1.19** Bhunaigh Acht an Bhainc Ceannais agus na bhForas Creidmheasa (Réiteach) 2011 (Acht 2011) córas réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus comhair chreidmheasa in Éirinn. Bunaíodh an Ciste Réitigh Foras Creidmheasa (an ciste réitigh) faoin reachtaíocht seo chun tacú le gníomhaíochtaí réitigh sa Stát, agus is é an Banc Ceannais a bhainistíonn agus a riarann é.

**1.20** Ar dtús, thug an tAire Airgeadais €250 milliún leis an gciste réitigh i mí na Nollag 2011 chun freastal ar na costais réitigh a bhíothas ag súil leo ag an am le haghaidh gníomhartha a rinneadh faoi Acht 2011. Níor tháinig costais réitigh den sórt sin chun cinn a mhéid a rabhthas ag súil leo agus i mí na Samhna 2018, threoraigh an tAire an € 240 milliún den ranníocaíocht seo a thabhairt ar ais don Phríomh-Chiste.

**1.21** Cé go bhféadfaí an ciste réitigh agus na cumhachtaí faoi Acht 2011 a chur i bhfeidhm i dtosach ar bhainc agus ar chomhair chreidmheasa, ní chuirtear i bhfeidhm iad a thuilleadh ar bhainc, a tháinig faoi Shásra Réitigh Aonair an Bhainc Cheannais Eorpaigh ó thús 2016. Is iad comhair chreidmheasa an t-aon institiúid airgeadais a chuireann leis an gciste réitigh anois.

**1.22** Úsáideadh an ciste réitigh ó achtaíodh é in 2011 chun dreasachtaí airgeadais a sholáthar d'institiúidí creidmheasa chun aistriú sócmhainní agus dliteanas a éascú, agus chun costais an Bhainc Ceannais maidir le comhair chreidmheasa a réiteach agus a fheidhmeanna faoi Acht 2011 a chomhlíonadh.

**1.23** I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais, i gcomhar leis an mBanc Ceannais, páipéar comhairliúcháin i ndáil le hathruithe féideartha ar mhaoiniú an chórais réitigh do chomhair chreidmheasa. Rinneadh suntas de sa pháipéar gurbh ionann glan-sócmhainní an chiste amhail an 31 Nollaig 2018 agus €28.45 milliún san iomlán. Tar éis dul i dteagmháil leis an mBanc Ceannais, chinn an Roinn Airgeadais gurb é an leibhéal sprice don chiste réitigh ná €65 milliún agus go socrófaí tobhaigh ag ráta a bhainfeadh an sprioc seo amach faoin mbliain 2024.

**1.24** Tá athbhreithniú breise ar an gciste réitigh beartaithe do 2024. Coimeádfaidh an ciste an t-iarmhéid de €10 milliún (a bhaineann leis na bunchistí a chuir an tAire chun cinn, nár aisíocadh) go dtí go mbeidh an chéad athbhreithniú eile curtha i gcrích in 2024.

*Ciste na gComhar Creidmheasa*

**1.25** I mí na Nollag 2012, thug an tAire Airgeadais € 250 milliún mar airleacan do Chiste na gComhar Creidmheasa chun comhair chreidmheasa a athstruchtúrú faoi Alt 57 den Acht um Chomhar Creidmheasa agus Comhoibriú le Rialtóirí Thar Lear 2012.

**1.26** I mí na Samhna 2018, cuireadh €238 milliún ar ais chuig an Státchiste ag fágáil iarmhéid €13.16 milliún sa chiste. Áirítear leis seo €12 milliún den tsuim a thug an tAire mar airleacan in 2012, nár aisíocadh fós. Tá sé beartaithe an ciste a mhéadú go €30 milliún faoi 2024, trí thobhaigh a ghearrtar ar chomhair chreidmheasa.

## Dliteanais an Státchiste

**1.27** Tá mionsonraí faoi dhliteanais an Státchiste i gcuid a dó de na Cuntais Airgeadais. Ina theannta sin, foilsíonn an Roinn Airgeadais tuarascáil bhliantúil ar fhiachas poiblí in Éirinn.

### *An fiachas náisiúnta*

**1.28** B'ionann an t-ollfhiachas náisiúnta in Éirinn agus €205.3 billiún ag deireadh 2018, agus léirítear leis sin méadú €6.6 billiún ó 2017 (Fíor 1.7).

**Fíor 1.7 An tOllfhiachas Náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, deireadh 2011 go dtí deireadh 2018**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Déantar formhór na n-iasachtaí faoi Chiste Bhanc Taisce an Phoist (POSBF) a ionchorprú sa bhfiachas náisiúnta trí rud ar a dtugtar airleacain modhanna agus bealaí.

**1.29** Fiachas meántéarmach agus fadtéarmach a bhí i gceist le 87% (€179 billiún) den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2018. Cuimsíodh ann go príomha iasachtaí i bhfoirm bannaí rialtais (€131.8 billiún), agus iasachtaí a fuarthas faoi Chlár Tacaíochta Airgeadais an Aontais Eorpaigh/an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta d'Éirinn (€44.9 billiún).

**1.30** Is ionann an fiachas as na scéimeanna coigiltis Stáit éagsúla agus €17.3 billiún amhail deireadh 2018. Ina theannta sin, ba é €2.1 billiún san iomlán[1] iad na hiasachtaí gearrthéarmacha ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist (POSBF).

**1.31** B'ionann an fiachas gearrthéarmach agus €6.9 billiún den ollfhiachas náisiúnta ag deireadh 2018 i gcomparáid le €5.2 billiún ag deireadh 2017.[2] Is éard a bhí san iasachtaíocht ag deireadh 2018 ná fiachas 'bannaí gearrthéarmacha' de €6.4 billiún agus €537 milliún i gcistí barrachais a aistríodh ó chuntas barrachais airgid an chaiteachais phoiblí ag deireadh na bliana.[3]

### *Costais sheirbhísiú an fhiachais*

**1.32** Bhí costas na seirbhíse fiachais do 2018 díreach faoi bhun €6 billiún, thíos faoi 4.2% ar figiúirí 2017 (Fíor 1.8). Cuimsíonn sé seo ús a íocadh ar an ollfhiachas náisiúnta os cionn €5.7 billiún, ús a íocadh ar airgead tirim agus sócmhainní airgeadais eile de €65 milliún, agus táillí agus speansais oibriúcháin de €169 milliún.

**1.33** Lean meánchostas na hiasachtaíochta Stáit le bheith ag dul i laghad in 2018. Ag deireadh na bliana, measadh gurbh é 2.6% (deireadh 2017: 3%) meánchostas ualaithe foriomlán sheirbhísiú an ollfhiachais náisiúnta (féach ar Fíor 1.9 (ar an gcéad leathanach eile)).

**Fíor 1.8 Costais sheirbhísiu an fhiachais, 2011 go 2018 (ar bhonn airgid tirim)[a]**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a I gcomhair 2011 go 2014, tá san áireamh i gcostais sheirbhísiú an fhiachais íocaíocht an chiste fiachmhúchta, a tháinig chun deiridh i gcomhair 2015 de réir an Achta Airgeadais, 2014.

1 Sna Cuntais Airgeadais, cuirtear síos air seo mar iasachtaí gearrthéarmacha an Státchiste, arna dtarraingt anuas mar chuid de bhealaí agus modhanna chun riachtanais an Státchiste a mhaoiniú ó roinnt cistí atá faoi rialú an Aire Airgeadais.

2 Tá aibíocht bhunaidh níos lú ná aon bhliain amháin ag an bhfiachas gearrthéarmach.

3 Taifeadtar na hiasachtaí agus na haisíocaíochtaí a bhaineann le barrachas cistí a choinnítear i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta i gcuntas barrachais airgid an chaiteachais phoiblí.

**Fíor 1.9 Meánchostas ualaithe an ollfhiachais náisiúnta, 2011 go 2018**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## *Sprioc d'fhiachas an rialtais ghinearálta*

**1.34** Tá fiachas an rialtais ghinearálta ina shlat tomhais níos cuimsithí ar fhiacha atá le híoc ag an Stát ná an fiachas náisiúnta. Slat tomhais caighdeánaithe idirnáisiúnta atá ann agus tá sé de cheangal dlí ar thíortha uile an AE é a thuairisciú faoi Chonradh Maastricht.[1]

**1.35** De réir rialacha fioscacha na hEorpa, níor cheart go rachadh fiachas rialtais ghinearálta na mBallstát thar 60% den Olltáirgeacht Intíre (OTI), nó mura n-éiríonn leo amhlaidh a dhéanamh, ba cheart go mbeadh sé ag laghdú go seasta i dtreo thairseach an 60%. Bhí fiachas an rialtais ghinearálta in Éirinn ag seasamh ag 65% ag deireadh 2018 - díreach 5% os cionn na tairsí. Tá luaite ag an Roinn Airgeadais go bhféadfadh sé nach mbeadh an tairseach sin chomh hoptamach sin i gcás na hÉireann, ag féachaint don díchumadh a bhaineann le OTI na hÉireann. Dá bhrí sin, tá an Rialtas tar éis glacadh le sprioc fiachais 55% den OTI chun críocha an bheartais fhioscaigh ghearrthéarmaigh, agus sprioc de 45% den OTI atá le bheith bainte amach faoi 2025.

**Fíor 1.10 Cóimheas fiachais phoiblí le OTI in Éirinn, 2010 go 2018**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

1 Ciallaíonn fiachas an rialtais ginearálta dliteanais fiachais an rialtais láir, an rialtais áitiúil, agus cistí rialtais, seachas fiachais atá dlite ó earnáil rialtais amháin go ceann eile.

## Iarscríbhinn 1A Staitisticí airgeadais rialtais an Phríomh-Oifig Staidrimh

Ceanglaíonn údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh, Eurostat, ar gach Ballstát raon staitisticí airgeadais a tháirgeadh a chomhlíonann sainmhínithe agus caighdeáin shonraithe.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) freagrach as staitisticí airgeadais rialtais na hÉireann a thuairisciú go hoifigiúil.

Cuimsíonn aschuir airgeadais rialtais an CSO agus staitisticí an rialtais ghinearálta, a tháirgtear ar bhonn débhliantúil, na príomhráitis seo a leanas

- Tábla 1 — idirbhearta an rialtais ghinearálta: ioncam, caiteachas, maoiniú agus easnamh
- Tábla 2 — an rialtas ginearálta: glanfhiúchas, ollfhiachas agus glanfhiachas
- Tábla 3 — an rialtas ginearálta: aicmiú mionsonraithe ioncaim agus aschuir
- Tábla 4 — an rialtas ginearálta: rangú mionsonraithe caiteachais agus tomhaltais
- Tábla 5 — idirbhearta airgeadais an rialtais ghinearálta
- Tábla 6 — cláir chomhardaithe an rialtais ghinearálta glanfhiúchas ag luach an mhargaidh seachas dliteanais phinsin
- Tábla 7 — ollfhiachas agus glanfhiachas an rialtais ghinearálta.

Chun críche staitisticí airgeadais an rialtais ghinearálta a thiomsú, cuimsítear le hearnáil an rialtais ghinearálta an rialtas láir agus an rialtas áitiúil araon, chomh maith le comhlachtaí neamhthráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus cistí buiséadacha breise, na comhlachtaí tithíochta faofa móra agus ospidéil dheonacha.

Tá liosta iomlán na n-eintiteas atá san áireamh foilsithe ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh. Cuimsítear leis sé seo sonraí a bhaineann le 4,278 eintiteas - 3,964 scoil agus 314 eintiteas eile.

## Iarscríbhinn 1B Táblaí sonraí

### Fíor 1B.1 Iasachtaí agus airleacain, 2014 go 2018

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 715 | 677 | 599 | 770 | 740 |
| Aisíocaíochtaí | (715) | (677) | (599) | (770) | (740) |
| Iasachtaí eisithe | 677 | 599 | 770 | 740 | 725 |
| **Iarmhéid deiridh** | **677** | **599** | **770** | **740** | **725** |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 15 | — | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | (4,015) | (4,365) | (1,370) | — | — |
| Airleacain | 4,000 | 4,365 | 1,370 | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** |
| **An Ciste Cúitimh Árachais** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 933 | 833 | 812 | 706 | 636 |
| Aisíocaíochtaí | (100) | (100) | (106) | (70) | — |
| Iasachtaí eisithe | — | 79 | — | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **833** | **812** | **706** | **636** | **636** |
| **Tacaíocht chobhsaíochta an AE don Ghréig** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh[a] | **346** | **346** | **347** | **347** | **347** |
| **Iarmhéid deiridh** | **346** | **346** | **347** | **347** | **347** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 178 | 273 | 177 | 194 | 236 |
| Comhshó aisíocaíochtaí / iasachtaí[b] | (157) | (260) | (164) | (181) | (193) |
| Iasachtaí eisithe | 252 | 164 | 180 | 225 | 250 |
| **Iarmhéid deiridh** | **273** | **177** | **194** | **236** | **293** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2014 go 2018. Is de bharr slánaithe is cosúil aon difríochtaí a bheith ann.

Nótaí:
a Is é €346 milliún an méid a eisíodh in 2010. Rinneadh iarmhéid na n-iasachtaí a athshonrú in 2016 leis an méid iomlán a bhí amuigh a léiriú.

b In 2016, rinneadh ranníocaíocht chaipitil d'iasacht €96 milliún d'Uisce Éireann. Ba idirbheart neamh-airgead tirim é seo ach tháinig laghdú €96 milliún (a áirítear i bhfigiúr an €164 milliún atá ar taispeáint) ar shuim na n-iasachtaí a bhí gan íoc ag deireadh 2016.

**Fíor 1B.2 Gluaiseachtaí in airgead tirim agus iarmhéideanna sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2014 go dtí 2018**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | **23,601** | **14,759** | **13,554** | **11,119** | **13,217** |
| Glaniasachtaí/(aisíocaíocht) an Státchiste sa bhliain | (653) | (1,141) | (1,417) | 193 | 4,276 |
| Barrachas/(easnamh) an Státchiste | (8,189) | (64) | (1,018) | 1,906 | 99 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **14,759** | **13,554** | **11,119** | **13,217** | **17,593** |

| Comhdhéanamh an airgid tirim agus na sócmhainní airgeadais amhail an 31 Nollaig | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m |
| Cuntas an Státchiste agus CSRA[a] | 4,089 | 7,964 | 8,385 | 10,533 | 15,338 |
| Taiscí bainc thráchtála | 5,540 | 1,779 | 199 | — | — |
| Billí státchiste neamh-Éireannacha | 1,474 | 1,184 | — | — | — |
| Nótaí ráthaithe meántéarmacha ón CBSÉ[b] | — | — | 85 | 85 | 85 |
| Nótaí ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe | 3,145 | 2,424 | 2,032 | 1,742 | 1,558 |
| Maoiniúchán comhthaobhach | 511 | 203 | 418 | 857 | 612 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **14,759** | **13,554** | **11,119** | **13,217** | **17,593** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2014 go 2018. Is de bharr slánaithe is cosúil aon difríochtaí a bheith sna hiomláin.

Nótaí:
a Áirítear leis seo iarmhéid de €310,000 a choinnítear sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (CSRA) (2017: €357,000).

b Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Tá sé d’aidhm aici a chinntiú go mbeidh rochtain ar mhaoiniú solúbtha ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide na hÉireann ach éascaíocht a dhéanamh ar mhaoiniú ar chostas níos ísle agus ar tháirgí níos solúbtha. Is leis an Aire Airgeadais amháin an scairchaipiteal arna eisiúint ag an CBSÉ.

# 2 Costas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta amhail deireadh 2018

**2.1** Tar éis don ghéarchéim airgeadais a tharla in 2008, thug an Stát faoi sraith bheart chun an córas baincéireachta a chobhsú. Áiríodh leis seo cúnamh leachtachta eisceachtúil a sholáthair an Bhainc Ceannais do bhainc intíre, chomh maith le ráthaíochtaí Rialtais ar thaiscí agus dliteanais áirithe eile, athchaipitliú suntasach ar bhainc intíre agus bunú na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) chun sócmhainní lagaithe a fháil ó bhainc.

**2.2** I *dTuarascálacha ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí* roimhe seo, cuireadh meastacháin ar fáil ar ghlanchostas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta ag deireadh 2014 agus ag deireadh 2016.[1] Leanann an glanchostas foriomlán ag forbairt de réir mar a thagann deireadh leis na hidirghabhálacha nó de réir mar a chuirtear deireadh leo. Is é cuspóir na tuarascála seo meastachán cothrom chun dáta a sholáthar, amhail ag deireadh 2018.

**2.3** Cé gur féidir na suimeanna a infheistítear i mbanc athchaipitlithe, fáltais ó dhiúscairtí, ioncam a fhabhraíonn ó na hinfheistíochtaí, agus luachanna iarmharacha measta a aithint go héasca, tá gá le nósanna imeachta meastacháin chun na costais a thabhaigh an Stát i maoiniú na n-infheistíochtaí a shainaithint. Cuireadh an mhodheolaíocht chéanna i bhfeidhm chun meastacháin a dhéanamh faoi ghlanchostais na mbeart cobhsaíochta amhail ag deireadh 2014 agus ag deireadh 2016.

1 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2014; Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2016.*

## Forléargas ar ghlanchostais

**2.4** Rinneadh meastachán de bharr anailís an scrúdaithe gurbh ionann glanchostas na mbearta cobhsaithe baincéireachta don Stát suas go deireadh 2018 agus thart faoi €41.7 billiún (féach ar Fíor 2.1). Sa mheastachán seo táthar tar éis an luach measta ag 31 Nollaig 2018 ar infheistíochtaí an Stáit i mbainc (€8.4 billiún) agus tuilleamh coinnithe GNBS ag deireadh 2018 (€4.2 billiún) a chur san áireamh.

**2.5** D'fhan an meastachán ar ghlanchostas an chobhsaithe baincéireachta measartha comhsheasmhach ó cuireadh an meastachán tosaigh ar fáil maidir le deireadh 2014. Ag úsáid modheolaíochta comhsheasmhaí do gach tréimhse,[1] idir €40 billiún agus €42.4 billiún a bhí sa ghlanchostas.

**Fíor 2.1 Glantoradh measta ó na bearta cobhsaíochta baincéireachta amhail deireadh 2018**

| **Glan-infheistíochtaí** | **€bn** | **€bn** |
|---|---|---|
| Infheistíochtaí sna bainc | €66.8 | |
| Diúscairtí cothromais/scaireanna | (€12.4) | |
| Luach iarmharach measta na n-infheistíochtaí ag deireadh 2018 | (€8.4) | **€46.0** |
| *Móide glanchostas sheirbhísiú na bhfiach* | | |
| Costas (measta) sheirbhísiú na bhfiach[a] | €22.0 | |
| Ioncam breise (measta) ón mBanc Ceannais[b] | (€12.7) | **€9.3** |
| *Lúide ioncam ó infheistíochtaí/bearta eile* | | |
| Díbhinní/ús | (€5.1) | |
| Glanioncam ó scéimeanna ráthaíochta dliteanas | (€4.3) | **(€9.4)** |
| **Glanchostas don Stát** | | **€45.9** |
| Tuilleamh coinnithe ag GNBS | | **(€4.2)** |
| **Glantoradh measta don Stát ó na bearta cobhsaithe baincéireachta amhail deireadh 2018** | | **€41.7** |

**Costas bliantúil athfhillteach measta fadtéarmach ar sheirbhísiú na bhfiach idir €1.1 billiún go €1.3 billiún in aghaidh na bliana[c]**

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Féach ar Iarscríbhinn A chun tuilleadh sonraí a fháil.

Nótaí:
- a Tá san áireamh i gcostas measta sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann leis an infheistíocht i mbainc costais bharúlacha sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann leis na hinfheistíochtaí a rinne CISÉ, agus le bisigh a d'íoc GBCN nuair a d'fhuascail sé bannaí Rialtais a eisíodh don Bhanc Ceannais in ionad nótaí gealltanais.
- b An chuid mheasta d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith bearta cobhsaithe baincéireachta.
- c Réimse ag glacadh rátaí úis 2.5% go 3.0% in aghaidh na bliana; cinnfear an costas iarbhír de réir an méid a réadófar ó na hinfheistíochtaí atá fágtha agus chostas iasachtaíochta an Stáit.

1 Tuairiscíodh roimhe seo gurbh ionann glantoradh measta 2014 agus €43.1 billiún. Níor cuireadh san áireamh leis seo cúlchistí thart ar €800 milliún ag an mBanc Ceannais a d'eascair as ioncam a bhaineann le bearta cobhsaíochta baincéireachta ná easnamh carntha an GNBS ag deireadh 2014 de €75 milliún. Rinneadh coigeartú ar an nglantoradh measta le bheith comhsheasmhach le deireadh 2016 agus meastacháin dheireadh 2018.

## Caipitliú na mbanc

**2.6** Maoiníodh na hinfheistíochtaí de luach €66.8 billiún sna bainc trí

- An Státchiste — €44.4 billiún, lena n-áirítear €30.85 billiún i bhfoirm nótaí gealltanais. I mí Feabhra 2013, tar éis leachtaitheoirí speisialta a cheapadh chun na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc (CÉRB), cuireadh bannaí Rialtais in ionad nótaí gealltanais de luach €25.034 billiún a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais mar chomhthaobhacht ar na hiasachtaí don CÉRB. Idir 2014 agus 2018, d'fhuascail GBCN €13.5 billiún de na bannaí sin.
- Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) — € 22.4 billiún, lena n-áirítear gnáthscaireanna a fuarthas in ionad díbhinní ar scaireanna tosaíochta ar luach de €1.7 billiún.[1]

**2.7** Tá níos mó sonraí faoi na hinfheistíochtaí, diúscairtí agus faoin ioncam uathu leagtha amach in Iarscríbhinn 2B.

## Costais a bhaineann le fiacha

**2.8** De bharr gur tógadh amach iasachtaí méadaithe le cuid mhór de na hinfheistíochtaí sna bainc a mhaoiniú, roinnt mhaith, ní mór don Stát costais bhreise bhliantúla um sheirbhísiú fiach agus costais eile lena mbaineann a sheasamh. Thabhaigh an Stát costais de thart ar €22 billiún san iomlán de bharr fiachais a bhain leis na hinfheistíochtaí le himeacht na tréimhse idir 2009 agus 2018. Cuimsíonn an costas (féach ar Fhíor 2.2)

- costais mheasta úis (€15.5 billiún san iomlán), lena n-áirítear costais úis bharúlacha na n-infheistíochtaí a rinne an CISÉ[2]
- bisigh (de luach €6.5 billiún san iomlán) a d'íoc an GBCN nuair a d'fhuascail sé bannaí Rialtais a eisíodh don Bhanc Ceannais chun dul in ionad nótaí gealltanais. Tháinig na bisigh chun cinn de bharr go raibh an toradh ar na bannaí Rialtais ní b'ísle tráth a ndiúscartha ná an tráth a bhfuair an Banc Ceannais iad.

**2.9** Tá tuilleadh sonraí faoi chostais mheasta sheirbhísiú na bhfiach agus faoin modheolaíocht a úsáideadh leagtha amach in Iarscríbhinn 2C. Déantar cur síos níos mine ar íocaíochtaí GBCN leis an mBanc Ceannais in Iarscríbhinn 2D.

**Fíor 2.2 Costais charnacha measta a bhaineann le fiachas a bhaineann le hinfheistíochtaí an Stáit i mbainc, 2009 go 2018**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Is é an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) a rinne na hinfheistíochtaí ar an gcéad dul síos. Aistríodh sócmhainní an CNP chuig Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) in 2014.

2 Mar gheall gur mhaoinigh CISÉ a chuid infheistíochtaí óna acmhainní féin, ní raibh aon mhuirear úis díreach ann. Mar sin féin, tá deischostas ann don Stát don infheistíocht. Chun críocha an scrúdaithe seo, ríomhadh an costas barúlach seo mar an t-ús a thabhaigh an Státchiste ar na hiasachtaí a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh cistí CISÉ ar fáil don Stát chun críocha eile seachas infheistiú i mbainc.

## Ioncam an Bhainc Ceannais a bhaineann le cobhsú baincéireachta

**2.10** Tá an costas don Stát maidir le seirbhísiú na bhfiach a bhaineann le bearta cobhsaíochta baincéireachta fritháirithe go páirteach ag ioncam gaolmhar Bhanc Ceannais na hÉireann.

**2.11** Do na blianta 2009 go 2018, rinneadh meastachán leis an scrúdú go raibh thart ar €12.7 billiún d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais (€18 billiún san iomlán) inchurtha i leith ionstraimí airgeadais a coinníodh de thoradh bhearta cobhsaithe baincéireachta a rinne an Stát (féach ar Fíor 2.3).[1] Fabhraíonn ioncam barrachais uile an Bhainc Ceannais don Stát — choinnigh an Banc Ceannais 20% den ioncam barrachais a bhain le bearta cobhsaíochta baincéireachta (thart ar €2.5 billiún), rud a mhéadaigh a chúlchistí, agus d'íoc an t-iarmhéid leis an Státchiste (€10.2 billiún) i bhfoirm díbhinní bliantúla breise.

**Fíor 2.3 Meastachán ar ioncam barrachais an Bhainc Ceannais atá inchurtha i leith idirbhearta maidir le bearta cobhsaíochta baincéireachta, 2009 go 2018**

| | Glanioncam úis | Gnóthachain ar dhiúscairt bannaí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn |
| Cúnamh eisceachtúil leachtachta[a] | 1.89 | — | 1.89 |
| Bannaí Rialtais, nó bannaí ráthaithe ag an Rialtas, atá faoi sheilbh an Bhainc Cheannais[b,c] | 3.43 | 7.38 | 10.81 |
| **Iomlán** | **5.32** | **7.38** | **12.70** |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Idir 2009 agus 2013, tugadh cúnamh leachtachta eisceachtúil do na ceithre bhanc a bhí caipitlithe ag an Stát.
b Tá san áireamh leo seo bannaí a bhaineann leis an CÉRB a d'eisigh an GNBS, bannaí a eisíodh le híocaíocht nóta gealltanais de luach €3.06 billiún a dhéanamh, agus bannaí a eisíodh chun dul in ionad nótaí gealltanais ar luach €25.034 billiún tráth ar leachtaíodh an CÉRB.
c D'íoc an GBCN €6.5 billiún de na gnóthachain nuair a d'fhuascail sé bannaí Rialtais a bhí faoi sheilbh an Bhainc Ceannais; réadaíodh an €0.9 billiún eile ó dhíolachán ar an margadh oscailte.

**2.12** Cuireadh cúnamh leachtachta eisceachtúil ar fáil don CÉRB den chuid is mó, agus bhain an t-ioncam agus na gnóthachain go léir i leith bannaí Rialtais le CÉRB. San iomlán, tá méid measta de €12.5 billiún (98%) d'ioncam barrachais an Bhainc Ceannais sna blianta ó 2009 go 2018 agus a tháinig chun cinn mar gheall ar bhearta cobhsaíochta baincéireachta inchurtha i leith idirbhearta idir an Banc Ceannais agus CÉRB. Tá an t-iarmhéid inchurtha i leith Bhanc na hÉireann (€99 milliún), Bainc-Aontas Éireann (€66 milliún) agus Permanent TSB (€44 milliún).

**2.13** Íocann an GBCN ó chistí an Státchiste an t-ús ar na bannaí faoi sheilbh an Bainc Ceannais, agus na bisigh ar luach €6.5 billiún a íocadh nuair a cheannaigh GBCN roinnt de na bannaí ar ais. In Iarscríbhinn 1D cuirtear sonraí breise ar fáil ar bhannaí Rialtais atá faoi sheilbh an Bhainc Ceannais agus ar íocaíochtaí ag an GBCN leis an mBanc Ceannais.

1 Cuimsíonn foinsí eile ioncam an Bhainc Ceannais ús tuillte ar iasachtú a rinne an banc mar chuid d'oibríochtaí bheartais airgeadaíochta an Eurochórais agus ioncam tuillte faoi urrúis arna gcoinneáil faoi chláir cheannach bannaí an Eurochórais.

## Costais leanúnacha ó sheirbhísiú na bhfiach agus ioncam leanúnach ó 2019

**2.14** Amhail ag deireadh 2018, bhí an Státchiste fós ag seasamh chostas sheirbhísiú na bhfiach a d'eascair as na hinfheistíochtaí a rinneadh sna bainc ar ghlanchostas €54.3 billiún.[1] Rinneadh meastachán leis an scrúdú gur dócha go mbeadh an costas seo thart ar €1.2 billiún in 2019.[2] Baineann an chuid is mó den fhigiúr sin (timpeall €0.8 bhilliún) leis an CÉRB agus le Bainc-Aontas Éireann (beagnach €0.4 billiún). Fuair an Stát a infheistíocht i mBanc na hÉireann ar ais (costais ghaolmhara sheirbhísiú na bhfiach san áireamh) agus ní thabhaíonn aon chostais leanúnacha ó sheirbhísiú na bhfiach dá bhrí sin. Meastar gurb é €50 milliún an costas fónaimh don fhiachas a bhaineann le Permanent TSB sa bhliain.

**2.15** Braithfidh costas fadtéarmach sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann leis na hinfheistíochtaí ar roinnt fachtóirí éagsúla lena n-áirítear

- An méid a réadóidh an Stát ó na hinfheistíochtaí atá fágtha aige i.e. an méid a gheobhaidh an Stát ó dhiúscairt na scairshealbh sna bainc agus ó aon bharrachas ón GNBS.
- Cé chomh fada agus a choinneoidh an Banc Ceannais na bannaí Rialtais i seilbh. Cé go bhfuil na bannaí sin fós i seilbh an Bhainc Ceannais, cuirfear ioncam ón mBanc Ceannais in aghaidh na speansas úis don Stát.
- Costas an mhaoinithe don Stát de réir mar a dhéanann sé fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú tráth a dtagann sé in aibíocht.

**2.16** Tá sé réamh-mheasta san fhadtéarma go gcosnóidh sé thart ar €420 milliún sa bhliain in aghaidh gach pointe céatadáin a íocann an Stát ar a chuid fiachais chun na fiacha a bhaineann leis na hinfheistíochtaí a sheirbhísiú.[3] Mar shampla, ar meánchostas fiachais de 2.5%, chosnódh seirbhísiú na bhfiach timpeall ar €1.1 billiún in aghaidh na bliana. Ní chuirtear san áireamh sa mheastachán seo na costais bhreise úis a thiocfaidh chun cinn sa todhchaí ó chostais bhliantúla sheirbhísiú na bhfiach a mhaoiniú.

## Ioncam ó Scéimeanna Ráthaíochta Dliteanais

**2.17** Thug an Stát ráthaíocht do dhliteanais áirithe a bhí ar na bainc faoi thrí phríomhscéim.

- An Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT), faoinar tugadh ráthaíocht do thaiscí a bhí ag daoine aonair in institiúidí creidmheasa clúdaithe suas le teorainn €100,000 in aghaidh an taisceora incháilithe in aghaidh na institiúide.[4] Níl aon táillí le híoc leis an Stát faoin scéim seo.
- An Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Tacaíocht Airgeadais) (FCTA), a bhí i réim idir 2008 agus 2010, faoinar tugadh ráthaíocht do réimse leathan dliteanas bainc le haghaidh seacht n-institiúid a roghnaigh páirt a ghlacadh sa scéim.[5] Éilíodh ar na hinstitiúidí creidmheasa íocaíochtaí a dhéanamh as an gcosaint a cuireadh ar fáil faoin scéim.
- Tháinig an Scéim Ráthaíochta Dliteanas Incháilithe (an SRDI) in éifeacht i mí na Nollag 2009 agus níor glacadh le haon dliteanais nua tar éis mí an Mhárta 2013. Bhí dliteanais de luach thart ar €74.6 billiún faoi ráthaíocht na scéime ag an tráth sin. Tháinig deireadh leis an scéim i Márta 2018. Éilíodh ar na ceithre institiúid a ghlac páirt sa scéim[6] táillí a íoc as an gclúdach a fuair siad.

1 Glanchostas na n-infheistíochtaí roimh luachanna iarmharacha measta (€8.4bn) agus tuilleamh coinnithe GNBS (€4.2bn). Laghdóidh an méid maoinithe seo, a thabhaíonn costais úis, de réir mar a tharlaíonn diúscairtí scairshealbha iarmharacha, agus nuair a íoctar barrachas an GNBS leis an Státchiste.

2 Níl san áireamh leis seo ach costais úis amháin. Beidh costas breise i gceist le haon bhisigh a íocfar i leith fuascailtí bannaí.

3 Bunaithe ar luachanna measta ag deireadh 2018. Méadóidh an méid atá le maoiniú gach bliain de réir an méid is gá chun costais leanúnacha sheirbhísiú na bhfiach a íoc, agus tabhóidh sé costais úis freisin.

4 Ní chlúdaítear ach amháin institiúidí atá ceadúnaithe le taiscí a ghlacadh isteach in Éirinn agus atá údaraithe ag an mBanc Ceannais.

5 Ba iad Bainc-Aontas Éireann, Anglo, Banc na hÉireann, an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS), Irish Life and Permanent, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS) agus Postbank Teoranta na hinstitiúidí a bhain leas as an scéim (na 'bainc chlúdaithe').

6 AIB (EBS san áireamh), CÉRB, Banc na hÉireann agus Permanent TSB.

**2.18** Faoi dheireadh 2018, bhí an Stát tar éis glanioncam thart ar €4.3 billiún a fháil faoi na scéimeanna. Bhí €4.5 billiún de tháillí bailithe (féach ar Fhíor 2.4). Ina theannta sin, íocadh beagnach € 1.1 billiún in éilimh, agus fuarthas €900 milliún ó leachtaitheoirí speisialta CÉRB.[1]

**Fíor 2.4 Ioncam ó tháillí ó scéimeanna ráthaíochta dliteanais, 2010 go 2018**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní

**2.19** Ba é cuspóir an GNBS sócmhainní bainc áirithe a bhaineann le maoin a fháil (iasachtaí do fhéichiúnaithe den chuid is mó a d'infheistigh i maoin) ó bhainc Éireannacha, chun na hiasachtaí agus an chomhthaobhacht ghaolmhar a shealbhú agus a bhainistiú agus ar deireadh thiar na sócmhainní seo a dhiúscairt ar bhealach a chosnaíonn leasanna an Stáit.[2,3]

**2.20** D'íoc an GNBS €31.8 billiún le bainc le hiasachtaí a bhain le réadmhaoin a cheannach, ar iasachtaí iad a raibh beagán ní ba mhó ná €74.4 billiún ag dul do na bainc ina leith. Chaill na bainc nach mór €42.6 billiún ar na hiasachtaí sin, nó 57% dá luach tugtha anonn.

**2.21** Ag deireadh 2018, tuairiscíodh beagán ní ba mhó ná €4.2 bhilliún de thuilleamh coinnithe carntha i ráitis airgeadais an GNBS. Léirítear é seo i réamh-mheastacháin an GNBS ag deireadh 2018 go mbeidh toradh deiridh saoil don Státchiste ar luach €4 billiún. Tá sé ráite ag GNBS go bhfuil an toradh seo faoi réir choinníollacha an mhargaidh a bhíonn i gceist.

1 I mí Feabhra 2019 fuarthas €225 milliún eile ó na leachtaitheoirí speisialta.

2 Ba iad Anglo Irish Bank, Bainc-Aontas Éireann (AIB), Banc na hÉireann, Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (INBS) agus an Cumann Oideach Foirgníochta (EBS) na bainc.

3 Ina theannta sin, tar éis treoir a fháil ón Aire Airgeadais in 2013, fuair an GNBS luach €12.9 billiún de bhannaí rialtais ón mBanc Ceannais mar ghníomhas saoráide iasachta agus muirear comhlúthach i dtaca le sócmhainní áirithe de chuid an CÉRB. D'aisíoc na leachtaitheoirí speisialta an gníomhas saoráide iasachta ina iomlán agus fuasclaíodh na bannaí ar fad i mí Dheireadh Fómhair 2014.

## Toradh do bhainc aonair

**2.22** Tar éis luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit a chur san áireamh, seo a leanas an glantoradh measta, amhail an 31 Nollaig 2018, i leith leibhéal tacaíochta an Stáit do gach aon institiúid (féach ar Fhíor 2.5)

- CÉRB — glanchostas measta de €36.4 billiún
- Bainc-Aontas Éireann — glanchostas measta de €9.5 billiún
- Permanent TSB — glanchostas measta de €1.3 billiún
- Banc na hÉireann — glanbharrachas measta de €1.3 billiún.

**2.23** Ní féidir tuilleamh coinnithe de thart ar €4.2 billiún de chuid GNBS a chur i leith iasachtaí a fuarthas ó bhainc shonracha.

**Fíor 2.5 Glantoradh measta ó bhearta cobhsaíochta baincéireachta amhail deireadh 2018**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Conclúidí

**2.24** Faoi dheireadh 2018, b'ionann an costas measta don Stát ar bhearta a glacadh chun an córas baincéireachta a chobhsú agus glanmhéid €41.7 billiún, tar éis luach na scairshealbha atá fágtha sa Stát i mBainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Permanent TSB a chur san áireamh (€8.4 billiún le chéile), agus tuilleamh coinnithe GNBS ag deireadh 2018 (€4.2 billiún).

**2.25** Leanfaidh na glanchostais ar aghaidh ag ardú mar gheall ar an gcostas leanúnach a bhaineann le seirbhísiú na bhfiach fadtéarmach gaolmhar. San fhadtéarma, tar éis na scairshealbha uile atá fágtha ag an Stát a dhíol, tar éis don GNBS a bharrachas a réadú agus tar éis don Bhanc Ceannais na bannaí rialtais go léir atá ina sheilbh aige a dhíol, is iad na costais iasachtaíochta a bheidh i réim don Stát a shocróidh costas sheirbhísiú na bhfiach — thart ar €420 milliún do gach pointe céatadáin a tabhaíodh. I gcás rátaí iasachtaíochta idir 2.5% agus 3%, tá sé measta go gcosnóidh an t-ús idir €1.1 bhilliún agus €1.3 billiún sa bhliain go ceann tamaill fada.

**2.26** Beidh an glantoradh deiridh faoi thionchar a mhéid is a bhíonn barrachas an GNBS agus na suimeanna a réadaíonn an Stát d’fhuílleach a scairshealbha, difriúil ó luachanna dheireadh 2018 freisin.

**2.27** Níltear ag súil go bhfaighidh an Stát mórán cistí breise ar ais óna infheistíocht i CÉRB, a raibh glanchostas measta de €36.4 billiún i gceist leis ag deireadh 2018.

**2.28** Ní dócha go nginfidh an Stát barrachas ar a infheistíocht de €22.2 billiún i mBainc-Aontas Éireann. Ag deireadh 2018, meastar gur chosain an infheistíocht seo €9.5 billiún ar an Stát, tar éis luach €7.1 billiún scairsheilbh an Stáit atá fágtha i mBainc-Aontas Éireann a chur san áireamh. Ní cosúil go gcuirtear san áireamh leis na torthaí réamh-mheasta a d'fhéadfadh an Stát an infheistíocht iomlán a aisghabháil, an costas measta a bhaineann le seirbhísiú na bhfiach a bhaineann leis an infheistíocht (€6.2 billiún faoi dheireadh 2018).

## Iarscríbhinn 2A Toradh amhail ag deireadh 2018

Tá léirithe i bhFíor 2A.1 comhpháirteanna an ghlantoraidh ó bhearta cobhsaithe baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2018 le haghaidh na mbanc uile.

**Fíor 2A.1 Glantoradh measta, de réir bainc, ó na bearta cobhsaithe baincéireachta amhail an 31 Nollaig 2018**

| | Bainc-Aontas Éireann[a] | Banc na hÉireann | Permanent TSB[a] | Iomlán na mbanc trádála | CÉRB[a] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn |
| Costas caipitlithe na mbanc, trí infheistíochtaí | (22.2) | (5.9) | (4.0) | (32.1) | (34.7) | (66.8) |
| Diúscairt infheistíochtaí | 6.7 | 3.9 | 1.8 | 12.4 | — | 12.4 |
| Costas measta sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann leis na hinfheistíochtaí | (6.2) | (0.7) | (0.6) | (7.5) | (14.5) | (22.0) |
| Ioncam gaolmhar ón mBanc Ceannais[b] | 0.1 | 0.1 | — | 0.2 | 12.5 | 12.7 |
| Ioncam ó infheistíochtaí | 3.2 | 1.7 | 0.2 | 5.1 | — | 5.1 |
| Táillí arna bhfáil faoi scéimeanna ráthaíochta dliteanas | 1.8 | 1.5 | 0.7 | 4.0 | 0.5 | 4.5 |
| Éilimh arna ndéanamh faoin scéim ráthaíochta dliteanas | — | — | — | — | (1.1) | (1.1) |
| Díbhinn ó leachtaitheoirí speisialta CÉRB | — | — | — | — | 0.9 | 0.9 |
| ***Glanchostas measta amhail an 31 Nollaig 2018*** | **(16.6)** | **0.6** | **(1.9)** | **(17.9)** | **(36.4)** | **(54.3)** |
| Luach iarmharach measta amhail an 31 Nollaig 2018[c] | 7.1 | 0.7 | 0.6 | 8.4 | — | 8.4 |
| Tuilleamh coinnithe GNBS amhail an 31 Nollaig 2018[d] | — | — | — | — | — | 4.2 |
| **Glantoradh measta amhail an 31 Nollaig 2018** | **(9.5)** | **1.3** | **(1.3)** | **(9.5)** | **(36.4)** | **(41.7)** |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Áirítear leis na hInfheistíochtaí i mBanc-Aontas Éireann cpt (AIB) na hinfheistíochtaí sin i gCumann Foirgníochta Oideachais (EBS) a fuair Bainc-Aontas Éireann i mí Iúil 2011. D'athraigh Irish Life and Permanent a ainm go Permanent TSB i mí na Bealtaine 2012. Is éard a bhí sa CÉRB roimhe seo ná Anglo Irish Bank (Anglo) agus Cumann Foirgníochta Forleitheadach na hÉireann (*Irish Nationwide Building Society*).

b Tá thart ar €40 milliún den ioncam ón mBanc Ceannais a bhain le Permanent TSB. Mar gheall ar an slánú, ní léirítear é i bhFíor 2A.1.

c Féach ar Iarscríbhinn B chun teacht ar thuilleadh sonraí faoi.

d Ní féidir tuilleamh coinnithe GNBS a chur i leith bainc ar leith.

## Iarscríbhinn 2B Caipitliú na mbanc trí infheistíochtaí

Rinne an Stát instealltaí caipitil de luach €66.8 billiún san iomlán, glan ar ioncam beagán ní ba mhó ná €260 milliún ó tháillí, i gceithre institiúid airgeadais. Bhí diúscairtí de luach €12.4 billiún déanta aige faoi dheireadh 2018 (féach ar Fhíor 2B.1).

**Fíor 2B.1 Caipitliú na mbanc — infheistíochtaí agus diúscairtí, Nollaig 2018**

| | Bainc-Aontas Éireann | Banc na hÉireann | Permanent TSB | Iomlán na mbanc trádála | CÉRB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Infheistíochtaí** | **€bn** | **€bn** | **€bn** | **€bn** | **€bn** | **€bn** |
| Gnáthscaireanna[a] | (10.8) | (3.1) | (2.3) | (16.2) | (4.1) | **(20.3)** |
| Scaireanna tosaíochta[b] | (3.5) | (1.8) | — | (5.3) | — | **(5.3)** |
| Ranníocaíocht chaipitil | (6.0) | — | — | (6.0) | — | **(6.0)** |
| Nótaí caipitil teagmhasacha[c] | (1.6) | (1.0) | (0.4) | (3.0) | — | **(3.0)** |
| Luach na nótaí gealltanais arna n-eisiúint[d] | (0.3) | — | — | (0.3) | (30.6) | **(30.9)** |
| Irish Life | — | — | (1.3) | (1.3) | — | **(1.3)** |
| **Infheistíochtaí glan ó ioncam táillí[e]** | **(22.2)** | **(5.9)** | **(4.0)** | **(32.1)** | **(34.7)** | **(66.8)** |
| **Diúscairtí** | | | | | | |
| Gnáthscaireanna | 3.4 | 1.0 | 0.1 | 4.5 | — | **4.5** |
| Scaireanna tosaíochta | 1.7 | 1.9 | — | 3.6 | — | **3.6** |
| Nótaí caipitil teagmhasacha | 1.6 | 1.0 | 0.4 | 3.0 | — | **3.0** |
| Irish Life | — | — | 1.3 | 1.3 | — | **1.3** |
| **Diúscairt infheistíochtaí** | **6.7** | **3.9** | **1.8** | **12.4** | **—** | **12.4** |
| **Glaninfheistíocht** | **(15.5)** | **(2.0)** | **(2.2)** | **(19.7)** | **(34.7)** | **(54.4)** |

Foinsí: Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann agus an Roinn Airgeadais

Nótaí:
a Tá san áireamh faoi ghnáthscaireanna díbhinní ar scaireanna tosaíochta a fuarthas i bhfoirm gnáthscaireanna (Bainc-Aontas Éireann €1.41 billiún agus Banc na hÉireann €0.25 billiún).

b I mí an Mhárta 2009, rinne an CISÉ infheistíocht €3.5 billiún i scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann. Tiontaíodh €1.66 billiún de na scaireanna sin ina ngnáthscaireanna sa chéad ráithe de 2010 (san áireamh faoi ghnáthscaireanna thuas).

c Níl caipiteal teagmhasach incháilithe mar chaipiteal leibhéal a dó. Tiontaítear ina ngnáthscaireanna iad i gcúinsí áirithe, m.sh. má thiteann an croí-chóimheas caipitil leibhéal a haon faoi bhun 8.25%.

d Cuireadh na nótaí gealltanais a bhí ina sheilbh ag an CÉRB ar ceal i mí Feabhra 2013 agus malartaíodh idir GBCN agus an Banc Ceannais iad ar bhannaí státchiste ar ráta comhlúthach de luach €25.034 billiún san iomlán.

e Is ionann an t-ioncam ó tháillí a baineadh as na hinfheistíochtaí san iomlán agus timepeall €260 milliún.

### *Ioncam ó infheistíochtaí agus luach iarmharach measta infheistíochtaí an Stáit i mbainc*

Ba é €5.1 billiún san iomlán an t-ioncam iomlán a bhí faighte i leith na n-infheistíochtaí go deireadh 2018 agus ba é €8.4 billiún luach iarmharach measta na n-infheistíochtaí a rinne an Stát i mbainc amhail an 31 Nollaig 2018 (féach ar Fhíor 2B.2).

**Fíor 2B.2 Ioncam ó infheistíochtaí an Stáit i mbainc agus luach iarmharach na n-infheistíochtaí sin, mí na Nollag 2018**

| **Ioncam ó infheistíochtaí** | **Bainc-Aontas Éireann** | **Banc na hÉireann** | **Permanent TSB** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|
| | **€bn** | **€bn** | **€bn** | **€bn** |
| ***CISÉ*** | | | | |
| Ioncam ó tháillí ar scaireanna tosaíochta | 0.03 | 0.03 | — | 0.06 |
| Gnáthscaireanna in ionad díbhinní ar scaireanna tosaíochta | 1.41 | 0.25 | — | 1.66 |
| Díbhinní ar ghnáthscaireanna | 0.50 | 0.02 | — | 0.52 |
| Díbhinní ar scaireanna tosaíochta | 0.45 | 0.74 | — | 1.19 |
| Cealú barántas scaireanna tosaíochta | 0.05 | 0.49 | — | 0.54 |
| ***An Státchiste*** | | | | |
| Ús cúpóin ar nótaí caipitil teagmhasacha | 0.80 | 0.15 | 0.15 | 1.10 |
| Díbhinn fhabhraithe as díolachán Irish Life | — | — | 0.04 | 0.04 |
| **Iomlán** | **3.24** | **1.68** | **0.19** | **5.11** |

| **Luach iarmharach measta na n-infheistíochtaí** | **Luacháil** |
|---|---|
| **Banc** | **€bn** |
| CÉRB[a] | — |
| Bainc-Aontas Éireann[b] | 7.1 |
| Banc na hÉireann[b] | 0.7 |
| Permanent TSB[b] | 0.6 |
| **Iomlán** | **8.4** |

Foinsí: Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann agus an Roinn Airgeadais

Nótaí:
a Measann an Roinn Airgeadais nach féidir an infheistíocht in CÉRB atá fós amuigh a aisghabháil.
b Luacháladh an cothromas a choinnítear i mBainc-Aontas Éireann, Banc na hÉireann agus Permanent TSB ag praghsanna margaidh.

## Iarscríbhinn 2C Costas measta sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann le hinfheistíochtaí an Stáit

Measadh leis an scrúdú an costas a bhaineann le seirbhísiú a dhéanamh ar an bhfiachas a bhaineann leis na hinfheistíochtaí, lena n-áirítear costais bharúlacha sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann le hinfheistíochtaí CISÉ, amhail ag deireadh 2018 mar thart ar €22.0 billiún (féach ar Fhíor 2C.1).

**Fíor 2C.1 Costas measta sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann leis na hinfheistíochtaí, 2009 go 2018 (lena n-áirítear costais bharúlacha sheirbhísiú fhiacha infheistíochtaí CISÉ)**

| Rangaithe de réir Bliana | 2009 go 2016 | 2017 | 2018 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn | €bn |
| **Foinse mhaoiniúcháin** | | | | |
| An Státchiste[a] | 9.8 | 3.0 | 3.3 | 16.1 |
| CISÉ | 5.0 | 0.5 | 0.4 | 5.9 |
| **Iomlán** | **14.8** | **3.5** | **3.7** | **22.0** |

| Rangaithe de réir Bainc | Bainc-Aontas Éireann | Banc na hÉireann | Permanent TSB | *Iomlán na mbanc trádála* | CÉRB | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn | €bn |
| **Foinse mhaoiniúcháin** | | | | | | |
| An Státchiste[a,b] | 1.0 | 0.0 | 0.6 | 1.6 | 14.5 | 16.1 |
| CISÉ | 5.2 | 0.7 | — | 5.9 | — | 5.9 |
| **Iomlán** | **6.2** | **0.7** | **0.6** | **7.5** | **14.5** | **22.0** |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a I measc fhoinsí maoinithe an Státchiste, tá an t-ús a íocadh ar nótaí gealltanais a eisíodh in 2010, an t-ús a íoctar ar na bannaí Rialtais ar ráta comhlúthach a eisíodh chun dul in ionad na nótaí gealltanais, agus na bisigh a d'íoc an GBCN chun nótaí ar ráta chomhlúthach a athcheannach ón mBanc Ceannais.

b Tabhaíodh thart ar €40 milliún i leith mhaoiniú an Státchiste do Bhanc na hÉireann. Tá sé sin léirithe mar nialas sa tábla seo de bharr slánúcháin.

Tá leagtha amach i bhFíor 2C.2 an mhodheolaíocht a úsáideadh le costas measta sheirbhísiú na bhfiach a bhaineann le gach foinse mhaoinithe a ríomh.

**Fíor 2C.2 Modheolaíochtaí a úsáidtear chun meastacháin a dhéanamh ar chostas na n-infheistíochtaí i mbainc mar a bhí ag deireadh 2018**

| Foinse mhaoiniúcháin | Modh |
|---|---|
| **Maoiniú an Státchiste** | ▪ I gcás na mblianta ó 2009 go 2014, rinneadh meastacháin ar chostas maoinithe na n-infheistíochtaí trí thagairt do ráta na hiasachta is déanaí a fuair GBCN sa ráithe inar tharla na hidirbhearta, trí na rátaí a thug an GBCN a úsáid. Maidir leis na blianta idir 2015 agus 2018, ba é meánchostas ualaithe iasachtaí an GBCN amhail ag deireadh gach bliain an ráta a úsáideadh.<br>▪ I gcás diúscairtí nó ioncam a fuarthas in airgead tirim, ríomhadh na laghduithe ar an gcostas maoinithe, tráth a bhfuair an Státchiste na fáltais, leis an gcur chuige céanna.<br>▪ Ríomhadh costas maoinithe bannaí Rialtais (nótaí ar ráta comhlúthach san áireamh) trí na rátaí ab infheidhme do na bannaí a úsáid.<br>▪ Caitear le bisigh a íocann an GBCN chun bannaí Rialtais atá i seilbh an Bhainc Ceannais a fhuascailt mar speansas sa bhliain ina n-íoctar iad, agus caitear leis an ioncam gaolmhar ón mBanc Ceannais mar ioncam. |
| **CISÉ** | Mhaoinigh CISÉ a infheistíochtaí lena chuid acmhainní féin. Ní raibh aon mhuirear díreach úis chuig an Stát i ndáil leis na hinfheistíochtaí sin dá bharr sin. Bíodh sin mar atá, bhí deischostas nó costas barúlach ann don Stát de bharr go mbeadh na cistí ar fáil chun críocha eile murar infheistíodh iad sna bainc. Cuireadh dhá chur chuige faoi chaibidil mar chuid den scrúdú mar bhonn chun meastachán a dhéanamh ar chostas barúlach an mhaoiniúcháin don Stát.<br>▪ Maidir leis an gcéad cheann díobh, rinneadh meastachán ar an deischostas — is é sin le rá, céard a thuillfeadh CISÉ dá mbeadh na cistí aige le hinfheistiú dá lánrogha féin. Chuir CISÉ in iúl go raibh na sócmhainní a leachtaíodh chun na hinfheistíochtaí sna bainc a mhaoiniú ina sócmhainní domhanda leachtacha (ionstraimí fiachais agus cothromais ina measc) den chuid ba mhó, rud a d'fhág an Ciste le hualú méadaithe sócmhainní neamhleachtacha (cothromas príobháideach agus réadmhaoin san áireamh). Chuir CISÉ in iúl, dá mba rud é nár tharla na haistarraingtí, go mbeadh sé réasúnta a bheith ag súil go bhfanfadh an Ciste infheistithe de réir a leithdháilte straitéisigh fhadtéarmaigh sócmhainní agus go dtuillfeadh an Ciste an toradh céanna lena thagarmharc straitéiseach fadtéarmach i gcaitheamh na tréimhse 2009 go 2014 — thart ar 11% sa bhliain (nuair a bhí na sócmhainní i seilbh ag an CNP). Sna ceithre bliana 2015 go 2018, thuairiscigh CISÉ meántoradh bliantúlaithe de 1.9% ar a infheistíochtaí lánroghnacha.<br>▪ Ba é an dara cur chuige ná meastachán a dhéanamh ar chostas na gcistí de réir chostas iasachtaíochta an Státchiste, ar an mbonn go bhféadfadh costas na n-infheistíochtaí arna ndéanamh ag CISÉ (€20.7 billiún) a chur in aghaidh na n-iasachtaí a thóg an Stát amach dá mba rud é go raibh na cistí ar fáil don Státchiste. Rinneadh costas barúlach an úis a ríomh, de réir an scrúdaithe, mar an t-ús a thabhaigh an Stát ar na hiasachtaí a d'fhéadfaí a sheachaint dá mbeadh cistí CISÉ ar fáil don Stát chun críocha seachas le bheith infheistithe i mbainc.<br>Baineadh úsáid as an dara cur chuige (inar tugadh costas maoinithe cuid mhaith níos ísle ná mar a rinneadh sa chéad chur chuige) ag an scrúdú (ó 2015 ar aghaidh san áireamh). |

## Iarscríbhinn 2D Bannaí rialtais i seilbh an Bhainc Ceannais

In 2013, fuair an Banc Ceannais bannaí Rialtais lenar bhain luach ainmniúil €28.5 billiún eisithe ag an GBCN tar éis leachtú CÉRB. Idir 2013 agus 2018, réadaigh an Banc Ceannais gnóthachain de €7.4 billiún ar dhiúscairt roinnt de na bannaí sin.

- D'eascair €6.5 billiún de na gnóthachain as bannaí ar ráta comhlúthach, a raibh luach ainmniúil €13.5 billiún orthu, a dhiúscairt ar ais don GBCN.
- Tá €0.9 billiún de na gnóthachain ann a tharla mar gheall ar bhanna Rialtais 5.4% a dhiúscairt chun an mhargaidh oscailte.

### *Íocaíochtaí arna ndéanamh ag an GBCN leis an mBanc Ceannais*

Íocann an GBCN an t-ús ar na bannaí a shealbhaíonn an Banc Ceannais, agus na bisigh €6.5 billiún a íocadh nuair a cheannaigh an GBCN roinnt de na bannaí ar ais, ó chistí an Státchiste.

Tá cion suntasach (díreach os cionn 77%) den ús agus de na bisigh a d'íoc an NTMA leis an mBanc Ceannais curtha ar ais chuig an Státchiste mar chuid den díbhinn a d'íoc an Banc Ceannais óna ioncam barrachais, rud a laghdaigh glanchostas seirbhísithe an chuid seo den fhiach. Tá cur síos déanta i bhFíor 2D.1. ar shreabhadh ciorclach seo na gcistí.

**Fíor 2D.1 Bannaí a bhain leis an CÉRB atá i seilbh an Bhainc Ceannais — sreabhadh na gcistí ón/chuig an Státchiste, 2013 go 2018[a]**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Ina theannta sin, ghnóthaigh an Banc Ceannais suim sa bhreis de €0.9 billiún nuair a dhiúscair bannaí a bhain leis an CÉRB ar an margadh oscailte. Níor tháinig na cistí sin ón Státchiste.

Ag deireadh 2018, bhí bannaí ar ráta comhlúthach ag an mBanc Ceannais le luach ainmniúil de €11.5 billiún agus luach margaidh de €17.7 billiún (féach ar Fhíor 2D.2). Má leanann an Banc Ceannais de na bannaí sin a dhiúscairt ag an ráta céanna agus a rinne sa tréimhse 2014 go 2018, beidh na bannaí go léir curtha de láimh aige faoi dheireadh 2021.

**Fíor 2D.2 Nótaí ar ráta comhlúthach atá i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann, luachanna ainmniúla agus luachanna margaidh 2013 go 2018**




Foinse: Tuarascálacha Bliantúla Bhanc Ceannais na hÉireann 2013 go 2018. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Is ionann an glantionchar a bhíonn ag diúscairt na mbannaí rialtais ar an Státchiste a dhéanann an mBanc Ceannais is cuma má dhéanann an GBCN na bannaí a fhuascailt ag baint úsáide as cistí a fuarthas ar iasacht ag rátaí margaidh, nó má dhíoltar na bannaí ar an margadh oscailte. Beidh costas éifeachtach sheirbhísiú na bhfiach a bhainfidh leis na diúscairtí mar an gcéanna dá bhrí sin.

- Má fhuasclaíonn an GBCN na bannaí le cistí arna bhfáil ar iasacht, tiocfaidh aon bhiseach a íocfaidh an GBCN ar a bhfuascailt ar ais don Stát, bíodh sé mar chuid de dhíbhinn don Bhanc Ceannais nó coinnithe ag an mBanc Ceannais ina chúlchistí.[1] Íocfaidh GBCN ús le páirtí seachtrach ansin ar na cistí a thóg sé amach ar iasacht leis na bannaí a fhuascailt.
- Má dhíoltar na bannaí le tríú páirtí, réadóidh an Banc Ceannais gnóthachan. Ina leithéid de chás, leanfaidh GBCN air ag íoc úis ar na bannaí, leis an gceannaitheoir, ar an ráta céanna a d'íocfaí leis an mBanc Ceannais roimh a ndiúscairt. Déantar an ráta úis níos airde seo (i gcomparáid leis an gcostas úis níos ísle má dhéanann an GBCN na bannaí a fhuascailt) a fhritháireamh don Stát ag gnóthachan an Bhainc Ceannais ar dhiúscairt.

1 Glactar leis go mbeidh an toradh ar bhannaí tráth a ndiúscartha níos lú ná an toradh ar bhannaí tráth a n-eisiúna, rud a fhágann go mbeidh gnóthachan ann don Bhanc Ceannais tráth a ndiúscartha.

# Caiteachas Vótáilte

# 3 Cuntasaíocht vóta agus bainistíocht buiséid

**3.1** Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh seirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí

- mheastacháin ar fháltais agus ar chaiteachas le haghaidh na seirbhísí sin i rith na bliana a fhaomhadh
- éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

**3.2** Foráiltear le haghaidh caiteachais faoi 'vótaí', agus clúdaíonn vóta amháin nó níos mó feidhmeanna gach roinne nó oifige. Sa chéad chuid den mheastachán le haghaidh gach vóta (dá ngairtear an raon) soláthraítear achoimre de na seirbhísí atá le maoiniú. Tá an raon corpraithe san Acht Leithreasa Bliantúil agus, dá réir sin, léiríonn sé na críocha a bhfuil cistí údaraithe ag Dáil Éireann lena n-aghaidh.

**3.3** Ag deireadh gach bliain airgeadais, ceanglaítear ar gach roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, le haghaidh gach seirbhís vótáilte atá á riar aici. Is é an ceanglas reachtúil atá ann go mbeadh an toradh don bhliain á thuairisciú sa chuntas leithreasa i gcomparáid leis an tsuim atá curtha ar fáil ag Dáil Éireann.

**3.4** Sa bhreis ar sheirbhísí vótáilte, tá cistí reachtúla á riar ag roinnt ranna rialtais. Go ginearálta, tá siad seo á maoiniú ó fhoinsí seachas an Príomh-Chiste agus, dá bhrí sin, níl an maoiniú sin 'vótáilte' ag Dáil Éireann. Seo a leanas roinnt samplaí de chistí den sórt sin agus a bpríomhfhoinsí ioncaim

- An Ciste Árachais Shóisialaigh (ranníocaíochtaí ÁSPC)
- An Ciste Rialtais Áitiúil (fáltais na cánach maoine áitiúla)
- An Ciste Náisiúnta Oiliúna (fáltais thobhach an chiste oiliúna agus deontais an AE)
- An Ciste Comhshaoil (tobhaigh ar mhálaí plaisteacha agus ar líonadh talún).

**3.5** Nuair a bhíonn tuarascálacha ar mheastacháin agus ar chaiteachas á gcur i láthair, cuireann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh (€9.2 billiún i meastacháin 2018) agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna (€415 milliún i meastacháin 2018) san áireamh san ollchaiteachas iomlán. Molann an Roinn go ndéantar é seo mar aitheantas ar an gcaiteachas suntasach atá á maoiniú ag ranníocaíochtaí ÁSPC, ról na ranna faoi seach i ndáil leis an gcaiteachas tabhaithe ag na cistí sin agus, sa chás go bhfuil gannchion sna cistí seo in aon bhliain airgeadais, d'fhéadfaí an gannchion a chúiteamh le hairgead atá curtha ar fáil ag Dáil Éireann.

## Torthaí iniúchtaí 2018 ar chuntais leithreasa

**3.6** Tá iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2018 le haghaidh gach vóta críochnaithe. Tá gach cuntas, i dteannta leis an tuarascáil iniúchta gaolmhar, á chur faoi bhráid Dháil Éireann leis an tuarascáil seo.

**3.7** Tá achoimre ar na suimeanna leithreasaithe in 2018 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte san áireamh in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.1). Taispeántar an toradh don bhliain chomh maith, i dteannta leis an bhfarasbarr leithdháiltí i gcomparáid le caiteachas.

**3.8** Bhí an tsuim deiridh leithreasaithe le haghaidh seirbhísí poiblí in 2018 cothrom le €53.6 billiún. Áiríodh ann deontais soláthair a bhí cothrom le €50.9 billiún san iomlán, maoiniú caipitil tugtha anonn ó 2017 a bhí cothrom le €70.3 milliún san iomlán agus leithreasaí-i-gcabhair a bhí cothrom le €2.6 billiún.

## Toradh an vóta

**3.9** Tá caiteachas agus leithreasaí-i-gcabhair comhiomlána a bhain le gach vóta do na blianta idir 2011 agus 2018 léirithe i Fíor 3.1. Bhí an méid iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2018 cothrom le €53.3 billiún (ollchaiteachas). I ndiaidh leithreasaí-i-gcabhair réadaithe de bhreis is €2.9 billiún a asbhaint, bhí an glanchaiteachas sa bhliain cothrom le €50.3 billiún.

**Fíor 3.1 Toradh an chaiteachais vótáilte, 2011 go dtí 2018**




Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí, 2011 go dtí 2018, Iarscríbhinn 3A

### *Farasbairr*

**3.10** Níl cead ag ranna agus oifigí níos mó ná an tsuim leithreasaithe le haghaidh gach vóta a chaitheamh. Nuair a bhíonn an caiteachas sa bhliain níos lú ná an tsuim curtha ar fáil, tá an farasbarr faoi dhliteanas é a ghéilleadh don Státchiste.

**3.11** In 2018, d'éirigh le gach roinn agus oifig a gcuid oibre a dhéanamh de réir a leithdháiltí vótáilte iomlána agus bhí farasbairr á thaifeadadh ag gach vóta.

**3.12** Bhí an farasbairr 2018 cothrom le €655 milliún (féach ar Fíor 3.2). As an tsuim sin, bhí €93 milliún san iomlán faofa le tabhairt anonn go dtí 2019. Bhí iarmhéid de €562 milliún faoi dhliteanas é a ghéilleadh. Tá na suimeanna faoi dhliteanas le géilleadh nó le tabhairt anonn go dtí 2019 le haghaidh gach vóta léirithe in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.2).

**Fíor 3.2 Leithreasaí farasbairr, 2011 go dtí 2018**




Foinse: Tuarascálacha ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí, 2011 go dtí 2018, Iarscríbhinn 3A

## Athraitheas buiséid

**3.13** Is ionann suim an mheastacháin bhunaidh atá faofa ag Dáil Éireann agus réamhaisnéis na suime a theastaíonn chun costas na seirbhísí atá le soláthar ó gach vóta a chlúdach. Is éard atá i gceist leis an athraitheas buiséid an difríocht idir an meastachán bunaidh faoin nglanchaiteachas agus an toradh iarbhír i mbliain.[1] Ó 2016, bhí glanchaiteachas gach vóta níos lú ná an tsuim iomlán a cuireadh ar fáil (féach ar Fíor 3.3). Bhí an tearc-chaitheamh in 2018 cothrom le 1.3% den tsuim bhunaidh buiséadaithe.

**Fíor 3.3 Athraitheas glanchaiteachais i gcomparáid leis an mbuiséad bunaidh, gach vóta, 2006 go dtí 2018**




Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Tá foráil reachtúil ann chun cead a thabhairt leithdháiltí caipitil neamhchaite a thabhairt anonn go dtí an bhliain dar gcionn le húsáid chun na críche céanna, le comhaontú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Sa tuarascáil seo, caitear le suimeanna tugtha anonn dá leithéid mar chuid de na leithdháiltí rannacha bliantúla (don bhliain dar gcionn).

### *Athraitheas buiséid bunaithe ar an vóta*

**3.14** In 2018, ba iad na trí vóta leis an nglan-athraitheas airgeadais is mó Sláinte (€651 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh), Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil (€117 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh) agus Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach (€99 milliún níos mó ná an meastachán bunaidh).

**3.15** Léirítear i Fíor 3.4, le haghaidh gach vóta, an t-athraitheas comhréireach idir an caiteachas iarbhír agus an meastachán bunaidh in 2018.

- Le haghaidh 12 vóta, bhí an toradh glanchaiteachais níos mó ná an meastachán bunaidh. Ag 5%, bhí an céatadán is airde róchaithimh ag Oifig na nOibreacha Poiblí, i gcomparáid leis an meastachán bunaidh.
- Thabhaigh an 30 vóta eile glanchaiteachas níos lú ná mar a bhí súil leis sna meastacháin athbhreithnithe. Ag 31%, bhí an céatadán is airde tearc-chaitimh ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas i gcomparáid lena mheastachán bunaidh.
- Mínítear i ngach cuntas leithreasa athraithis ábhartha ón tsuim bhunaidh vótáilte ag Dáil Éireann. Soláthraítear mínithe le haghaidh gach fotheideal caithimh sa chás go bhfuil an toradh, ar a laghad, ± 5% difriúil ón tsuim curtha ar fáil, agus ar a laghad ± €100,000.

**Fíor 3.4 Athraitheas glanchaiteachais bunaithe ar an vóta, mar chion den bhuiséad bunaidh, 2018**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Maoiniú athraitheas*

3.16 Nuair a fhaomhann an Dáil meastachán vóta, déantar é ag leibhéal comhiomlán. Tá roinnt scóipe ag Ranna chun buiséid a bhainistiú trí leithdháiltí a bhogadh idir cláir agus fotheidil, má chomhaontaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leis agus ar an gcoinníoll sin amháin. Vírmint a thugtar ar an bpróiseas leithdháilte maoinithe seo.

3.17 Más gá athruithe móra a dhéanamh ar na buiséid le haghaidh clár nó fotheideal i rith na bliana, ní mór faomhadh foirmiúil a lorg ón Dáil. Déantar é seo trí phróiseas an 'mheastacháin fhorlíontaigh'. Is féidir an próiseas seo a úsáid chomh maith, más gá, chun an teorainn airgid tirim a mhéadú le haghaidh vóta don bhliain nó chun na leithreasaí-i-gcabhair ionchais a athrú. Pléitear sonraí na meastachán forlíontach iarrtha ag na coistí ábhartha Dála (sa ráithe deiridh den bhliain de ghnáth) roimh fhaomhadh a lorg ón Dáil féin.

3.18 In 2018, d'éiligh 12 vóta meastacháin fhorlíontacha shubstainteacha chun an tsuim iomlán a bhí ar fáil a mhéadú (féach ar Fíor 3.5). Áiríodh sé vóta ina measc seo — An Garda Síochána, Arm-Phinsin, Sláinte, Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach, agus Iompar, Turasóireacht agus Spórt, agus Oideachas agus Scileanna — a d'éiligh meastacháin fhorlíontacha shubstainteacha beagnach gach bliain ó 2012.

## Fáltais bhreise Státchiste

3.19 Treoraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe suimeanna áirithe atá á mbailiú ag ranna agus oifigí ar aghaidh lena gcreidiúnú don Státchiste, agus ní chaitear leis na suimeanna seo mar leithreasaí-i-gcabhair. Áiríonn sé seo fáltais fíneála cúirte, agus fáltais táillí an Údaráis Chlárúcháin Maoine. Déantar cuntasaíocht ar fháltais amhantair ar an tslí seo go hiondúil freisin, lena n-áirítear fáltais ó dhíolacháin shuntasacha maoine, fáltais maidir le hioncam farasbairr nó brabúis chomhlachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil, íocaíochtaí cúitimh agus géilleadh deonach tuarastail.

3.20 Sa chás gur tháinig fáltais bhreise Státchiste chun cinn in 2018, taispeántar na suimeanna i nótaí leis na cuntais leithreasa ábhartha. Bhí na fáltais bhreise iomlána an Státchiste taifeadta ag ranna agus oifigí in 2018 cothrom le €286 milliún (2017: €170 milliún). Tá eolas maidir le suim chomhiomlán na bhfáltas tuairiscithe i ngach cuntas le fáil in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.3).

**Fíor 3.5 Vótaí le meastacháin fhorlíontacha, 2012 go dtí 2018[a]**

| Vóta | | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 | An Garda Síochána | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| 35 | Arm-Phinsin | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| 38 | Sláinte[b] | ● | ● | ● | ● | | ● | ● |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | ● | | | ● | ● | ● | ● |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | ● | ● | ● | ● | ● | ○ | ● |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | | | ● | ● | ● | ● | ● |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | ○ | | ● | | | ● | ● |
| 21 | Príosúin | | | ● | ● | | | ● |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | | | ○ | ● | | | ● |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | | | | | | | ● |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | | | | | | | ● |
| 24 | Dlí agus Cirt agus Comhionannas | | ○ | | | | | ● |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | | | ● | ● | ○ | ○ | ○ |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | ● | | ○ | | ● | | ○ |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scortha | ● | | ● | ● | | ● | ○ |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | ○ | | ○ | ● | ● | ○ | ○ |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | | | ● | ● | | ● | |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | | | | | | ● | |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | | | | | ○ | | |
| 36 | Cosaint | | | ○ | | ○ | | |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | | | | ● | | | |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | | | | ○ | | | |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | | ○ | | ○ | | | |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol | | | | ○ | | | |
| 2 | Roinn an Taoisigh | | | ● | | | | |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | | | ○ | | | | |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

● Léiríonn sé méadú ar an meastachán glanchaiteachais i.e. meastachán forlíontach substainteach.

○ Léiríonn sé go raibh an méadú ar ghlanchaiteachas cothrom le hairgead comharthach de €1,000 i.e. meastachán forlíontach teicniúil.

a Tá teidil agus líon vótaí ag teacht le Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2018. I gcás vótaí áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh teidil dhifriúla in úsáid i mblianta roimhe seo inar faomhadh meastachán forlíontach.

b Idir 2012 agus 2014, baineann na sonraí le vóta FSS. Ó 2015 ar aghaidh, níl vóta ag FSS a thuilleadh. Ó shin i leith, tá maoiniú Státchiste á chur ar fáil do FSS ón Vóta Sláinte.

## Iarscríbhinn 3A Toradh an vóta airgeadais

Soláthraíonn Dáil Éireann airgead le haghaidh ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí an rialtais trí mheastacháin de na suimeanna a theastaíonn ó na seirbhísí sin i rith gach bliain a fhaomhadh, agus éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin seo san Acht Leithreasa bliantúil. Foráiltear don chaiteachas faoi shraith 'vótaí'. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a chur i dtoll a chéile le haghaidh gach vóta. Ní mór go soláthrófaí sa chuntas sonraí maidir leis an toradh don bhliain i gcomparáid leis an tsuim curtha ar fáil ag Dáil Éireann.

Soláthraítear i bhFíor 3A.1 achoimre ar an toradh ar chaiteachas agus fáltais i gcoibhneas leis na suimeanna leithreasaithe le haghaidh seirbhísí poiblí in 2018.

Taispeántar i bhFíor 3A.2 conas a cuireadh leithreasaí farasbairr i bhfeidhm in 2018 — trí chaiteachas a iarchur go dtí 2019, nó a ghéilleadh don Státchiste.

Taispeántar i bhFíor 3A.3 fáltais bhreise an Státchiste taifeadta i gcomparáid le gach vóta in 2018.

Tá míniú le fáil ar chuid de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí le fáil anseo thíos.

| | |
|---|---|
| **Deontas soláthair** | An t-airgead arna dheonú (nó arna vótáil) ag Dáil Éireann le haghaidh gach ceann de na seirbhísí poiblí. |
| **Iarchurtha ó 2017** | Suim an mhaoinithe chaipitil nár caitheadh in 2017 agus tugtha anonn le haghaidh caiteachais ar sheirbhísí caipitil in 2018. Bhí tabhairt anonn na suimeanna seo faofa ag Dáil Éireann. |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | Fáltais rannacha a d'fhéadfaí a choimeád, le comhaontú ó Dháil Éireann, chun íoc as speansais an vóta lena mbaineann siad. |
| **Leithreasaí iomlána** | Suim an deontais soláthair, airgid chaipitil iarchurtha 2017 (más ann dó) agus leithreasaí-i-gcabhair. |
| **Farasbarr don bhliain** | Barrachas leithdháiltí iomlána Dháil Éireann i gcomparáid leis an ollchaiteachas in éineacht le haon fharasbarr ar leithreasaí-i-gcabhair. Tá an farasbarr don bhliain faoi dhliteanas le géilleadh ar ais don Státchiste. |
| **Géilleadh iarchurtha** | Suim an mhaoinithe chaipitil nár caitheadh in 2018 agus tugtha anonn le haghaidh caiteachais in 2019. Bhí gach tabhairt anonn faofa ag Dáil Éireann. |
| **Farasbarr le géilleadh** | Suim an airgid leithreasaithe in 2018 ach nár caitheadh sa bhliain nó iarchurtha go dtí 2019, agus a bhí le géilleadh don Státchiste. |
| **Fáltais bhreise Státchiste** | Fáltais rannacha nach bhfuil leithreasaithe-i-gcabhair den vóta, ach a íoctar go díreach don Státchiste. |

**Fíor 3A.1  Achoimre ar leithdháiltí le haghaidh seirbhísí poiblí in 2018, bunaithe ar an vóta**

| Vóta | Seirbhís | Suim leithdháilte | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontais soláthair | Iarchurtha ó 2017 | Leithreasaí -i-gcabhair | Iomlán | Oll-chaiteachas | Leithreasaí -i-gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-fharas-barr (easnamh) | Farasbar/ (easnamh) i bhfáltais | Glan-fharas-barr don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 4,321 | — | 97 | 4,418 | 3,589 | 90 | 3,499 | 829 | (7) | 822 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 33,391 | — | 872 | 34,263 | 27,314 | 801 | 26,513 | 6,949 | (71) | 6,878 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 15,322 | — | 799 | 16,121 | 14,835 | 649 | 14,186 | 1,286 | (150) | 1,136 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 48,746 | — | 1,601 | 50,347 | 48,486 | 1,427 | 47,059 | 1,861 | (174) | 1,687 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 43,502 | — | 964 | 44,466 | 43,389 | 830 | 42,559 | 1,077 | (134) | 943 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 33,695 | — | 1,084 | 34,779 | 33,982 | 1,374 | 32,608 | 797 | 290 | 1,087 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 40,647 | — | 1,401 | 42,048 | 36,137 | 1,854 | 34,283 | 5,911 | 453 | 6,364 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 7,927 | — | 6,050 | 13,977 | 13,059 | 6,728 | 6,331 | 918 | 678 | 1,596 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 356,879 | — | 68,621 | 425,500 | 424,789 | 71,611 | 353,178 | 711 | 2,990 | 3,701 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 1,626 | — | 81 | 1,707 | 1,426 | 60 | 1,366 | 281 | (21) | 260 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 56,230 | 685 | 3,301 | 60,216 | 57,613 | 4,036 | 53,577 | 2,603 | 735 | 3,338 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scortha | 366,151 | — | 218,750 | 584,901 | 573,180 | 252,128 | 321,052 | 11,721 | 33,378 | 45,099 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 424,214 | — | 25,749 | 449,963 | 449,883 | 26,240 | 423,643 | 80 | 491 | 571 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 9,343 | — | 935 | 10,278 | 9,742 | 972 | 8,770 | 536 | 37 | 573 |
| 15 | Seirbhís Shicréideach | 1,000 | — | — | 1,000 | 883 | — | 883 | 117 | — | 117 |
| 16 | An Oifig Luachála | 10,440 | — | 1,147 | 11,587 | 9,917 | 1,788 | 8,129 | 1,670 | 641 | 2,311 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 13,359 | 60 | 239 | 13,658 | 12,558 | 314 | 12,244 | 1,100 | 75 | 1,175 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 43,267 | 1,429 | 5,492 | 50,188 | 46,802 | 5,275 | 41,527 | 3,386 | (217) | 3,169 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 11,177 | — | 420 | 11,597 | 9,729 | 426 | 9,303 | 1,868 | 6 | 1,874 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,601,522 | 8,907 | 124,898 | 1,735,327 | 1,729,262 | 125,787 | 1,603,475 | 6,065 | 889 | 6,954 |

| Vóta | Seirbhís | Suim leithdháilte | | | | Toradh | | | Farasbarr/easnamh | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Deontas soláthair | Iarchurtha ó 2017 | Leithreasaí -i-gcabhair | Iomlán | Oll-chaiteachas | Leithreasaí -i-gcabhair | Glan-chaiteachas | Oll-fharas-barr (easnamh) | Farasbar/ (easnamh) i bhfáltais | Glan-fharas-barr don bhliain[a] |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 21 | Príosúin | 338,195 | 2,233 | 14,497 | 354,925 | 353,923 | 14,610 | 339,313 | 1,002 | 113 | 1,115 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 83,607 | 6,000 | 48,569 | 138,176 | 135,003 | 49,508 | 85,495 | 3,173 | 939 | 4,112 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 28,734 | — | 569 | 29,303 | 28,266 | 759 | 27,507 | 1,037 | 190 | 1,227 |
| 24 | Dlí agus Cirt agus Comhionannas | 377,779 | 741 | 81,478 | 459,998 | 455,731 | 85,027 | 370,704 | 4,267 | 3,549 | 7,816 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 6,588 | — | 115 | 6,703 | 4,664 | 92 | 4,572 | 2,039 | (23) | 2,016 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 9,338,247 | — | 481,795 | 9,820,042 | 9,810,643 | 586,860 | 9,223,783 | 9,399 | 105,065 | 114,464 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 514,306 | — | 1,170 | 515,476 | 514,459 | 1,240 | 513,219 | 1,017 | 70 | 1,087 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 192,898 | — | 45,243 | 238,141 | 228,066 | 65,685 | 162,381 | 10,075 | 20,442 | 30,517 |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol | 343,083 | 6,000 | 237,855 | 586,938 | 552,365 | 237,297 | 315,068 | 34,573 | (558) | 34,014 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 1,250,842 | 23,800 | 312,069 | 1,586,711 | 1,546,253 | 471,783 | 1,074,470 | 40,458 | 159,714 | 200,172 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 2,048,808 | 10,950 | 24,477 | 2,084,235 | 2,062,925 | 26,347 | 2,036,578 | 21,310 | 1,870 | 23,180 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 818,961 | — | 52,000 | 870,961 | 836,970 | 57,725 | 779,245 | 33,991 | 5,725 | 39,716 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 298,759 | 700 | 4,200 | 303,659 | 302,311 | 5,654 | 296,657 | 1,348 | 1,454 | 2,802 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 3,330,618 | — | 63,266 | 3,393,884 | 3,387,179 | 69,726 | 3,317,453 | 6,705 | 6,460 | 13,165 |
| 35 | Arm-Phinsin | 237,634 | — | 5,000 | 242,634 | 242,320 | 5,167 | 237,153 | 314 | 167 | 481 |
| 36 | Cosaint | 686,813 | — | 20,535 | 707,348 | 701,421 | 31,658 | 669,763 | 5,927 | 11,123 | 17,050 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 10,766,125 | 1,000 | 203,305 | 10,970,430 | 10,934,247 | 207,009 | 10,727,238 | 36,183 | 3,704 | 39,887 |
| 38 | Sláinte | 15,526,909 | — | 450,221 | 15,977,130 | 15,974,789 | 452,348 | 15,522,441 | 2,341 | 2,127 | 4,468 |
| 39 | Oifig um Sholáthar Rialtais | 20,470 | 100 | 550 | 21,120 | 15,546 | 500 | 15,046 | 5,574 | (50) | 5,524 |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | 1,379,010 | — | 24,515 | 1,403,525 | 1,386,854 | 23,946 | 1,362,908 | 16,671 | (569) | 16,102 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 3,286 | — | 61 | 3,347 | 2,440 | 66 | 2,374 | 907 | 5 | 912 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 208,301 | 7,700 | 23,231 | 239,232 | 237,483 | 26,893 | 210,590 | 1,749 | 3,662 | 5,411 |
| | **Iomlán** | **50,922,732** | **70,305** | **2,557,222** | **53,550,259** | **53,260,433** | **2,922,290** | **50,338,143** | **289,826** | **365,068** | **654,893** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2018. Baineann aon difríochtaí dealraitheacha ar na hiomláin le slánú.

Nóta: a Cuimsítear sa ghlan-farasbarr barrachas leithdháiltí iomlána Dháil Éireann i gcomparáid leis an ollchaiteachas i dteannta leis an mbarrachas/easnamh ar leithreasaí-i-gcabhair.

**Fíor 3A.2 Feidhmiú leithdháiltí farasbairr 2018, de réir an vóta**

| Vóta | Seirbhís | Farasbarr don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go dtí 2019) | Farasbarr le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | 822 | — | 822 |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 6,878 | — | 6,878 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | 1,136 | — | 1,136 |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | 1,687 | — | 1,687 |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 943 | — | 943 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 1,087 | — | 1,087 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 6,364 | — | 6,364 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 1,596 | — | 1,596 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 3,701 | — | 3,701 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | 260 | — | 260 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 3,338 | — | 3,338 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scortha | 45,099 | — | 45,099 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 571 | — | 571 |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | 573 | — | 573 |
| 15 | Seirbhís Shicréideach | 117 | — | 117 |
| 16 | An Oifig Luachála | 2,311 | — | 2,311 |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 1,175 | — | 1,175 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 3,169 | 1,168 | 2,001 |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 1,874 | — | 1,874 |
| 20 | An Garda Síochána | 6,954 | 3,581 | 3,373 |

**Fíor 3A.3 Fáltais bhreise Státchiste 2018, de réir an vóta**

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 1 | Teaghlachas an Uachtaráin | — |
| 2 | Roinn an Taoisigh | 27 |
| 3 | Oifig an Ard-Aighne | — |
| 4 | An Phríomh-Oifig Staidrimh | — |
| 5 | Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí | 19,273 |
| 6 | Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 2,540 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 1 |
| 8 | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | — |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 1,836 |
| 10 | An Coimisiún um Achomhairc Chánach | — |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 12 |
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scortha | — |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | — |
| 14 | An tSaotharlann Stáit | — |
| 15 | Seirbhís Shicréideach | — |
| 16 | An Oifig Luachála | — |
| 17 | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | — |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | — |
| 19 | Oifig an Ombudsman | 3 |
| 20 | An Garda Síochána | 2,400 |

| Vóta | Seirbhís | Farasbarr don bhliain | Géilleadh iarchurtha (go dtí 2019) | Farasbarr le géilleadh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| 21 | Príosúin | 1,115 | — | 1,115 |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 4,112 | 2,500 | 1,612 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 1,227 | 56 | 1,171 |
| 24 | Dlí agus Cirt agus Comhionannas | 7,816 | 942 | 6,874 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 2,016 | — | 2,016 |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 114,464 | — | 114,464 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 1,087 | — | 1,087 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 30,517 | — | 30,517 |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol | 34,015 | 15,000 | 19,015 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 200,172 | 22,000 | 178,172 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 23,180 | 18,366 | 4,814 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 39,716 | 27,600 | 12,116 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 2,802 | 700 | 2,102 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 13,165 | — | 13,165 |
| 35 | Arm-Phinsin | 481 | — | 481 |
| 36 | Cosaint | 17,050 | — | 17,050 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 39,887 | 1,000 | 38,887 |
| 38 | Sláinte | 4,468 | — | 4,468 |
| 39 | Oifig um Sholáthar Rialtais | 5,524 | 96 | 5,428 |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | 16,102 | — | 16,102 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | 912 | — | 912 |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | 5,411 | — | 5,411 |
| | **Iomlán** | **654,893** | **93,009** | **561,884** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2018

| Vóta | Seirbhís | Fáltais bhreise réadaithe |
|---|---|---|
| | | €000 |
| 21 | Príosúin | — |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 6,985 |
| 23 | An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 66,916 |
| 24 | Dlí agus Cirt agus Comhionannas | 18 |
| 25 | Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | — |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 875 |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | — |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | — |
| 29 | Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaol | 141,023 |
| 30 | Talmhaíocht, Bia agus Mara | 978 |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 38,634 |
| 32 | Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht | 279 |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 4 |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 2,781 |
| 35 | Arm-Phinsin | — |
| 36 | Cosaint | 8 |
| 37 | Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach | 12 |
| 38 | Sláinte | 33 |
| 39 | Oifig um Sholáthar Rialtais | 89 |
| 40 | Leanaí agus Gnóthaí Óige | 1,662 |
| 41 | An tÚdarás Póilíneachta | — |
| 42 | Forbairt Tuaithe agus Pobail | — |
| | **Iomlán** | **286,389** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2018

# 4 Cuntasaíocht maidir le sócmhainní caipitil

**4.1** Tá punann shuntasach sócmhainní caipitil ag an Stát.[1] I measc na n-aicmí móra de shócmhainní caipitil tá talamh, foirgnimh, bogearraí agus crua-earraí TFC, trealamh oifige agus troscán. Coinníonn comhlachtaí na hearnála poiblí na sócmhainní caipitiúla sin chun cuspóirí beartais a bhaint amach seachas brabús a chruthú mar is gnách san earnáil phríobháideach. Spreagtar comhlachtaí chun cuimhneamh ar shócmhainní caipitil atá mar chuid de phunann sócmhainní iomlána an Stáit, seachas iad breathnú orthu óna bpeirspictíocht féin amháin.

**4.2** Cé nach mbíonn sócmhainní caipitiúla ag an Stát go ginearálta chun críocha infheistíochta nó athdhíola, tá faisnéis chruinn maidir le luach na sócmhainní caipitil tábhachtach chun cinntí a threorú maidir le fáil, cothabháil agus diúscairt. Ina theannta sin, tá gá le nósanna imeachta láidre rialaithe chun a chinntiú go gcosnaítear sócmhainní agus go gcosnaítear a luach.

**4.3** Sa chaibidil seo

- déantar athbhreithniú ar ghnéithe den chreat cuntasaíochta atá i bhfeidhm le haghaidh sócmhainní caipitil i ranna rialtais agus déantar breithniú ar na beartais chuntasaíochta atá in úsáid i ranna aonair [2]
- leagtar amach saincheisteanna áirithe maidir le sócmhainní caipitil a aithníodh le linn iniúchtaí ar chuntais leithreasa na ranna rialtais.

**4.4** Aithnítear i gcuntais leithreasa 2018 na sócmhainní caipitil a bhfuil glanluach de €6 billiún acu maidir le ranna rialtais. Baineann os cionn 80% (€ 4.9 billiún) den luach seo le sócmhainní réadmhaoine (ie talamh agus foirgnimh) atá in úsáid (féach Fíor 4.1). Baineann €938 milliún le sócmhainní caipitil neamh-réadmhaoine atá in úsáid (féach ar Fíor 4.2). Baineann an €186 milliún eile le sócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Ní thuairiscíonn roinnt ranna eile ina gcuntais leithreasa luach (cuid nó iomlán) na talún agus na bhfoirgneamh a choinníonn agus a úsáideann siad, ach soláthraíonn siad sonraí fisiciúla na sócmhainní sin in aguisín dá gcuntais.

**Fíor 4.1 Talamh agus foirgnimh in úsáid a tuairiscíodh i gcuntais leithreasa, 2018**




Foinse: 2018 Cuntais Leithreasa

1 Is sócmhainní inláimhsithe nó doláimhsithe iad sócmhainní caipitil a fhaigheann ranna agus oifigí rialtais láir lena n-úsáid ar bhonn leanúnach agus a bhfuil saol úsáideach ionchasach nó féideartha de níos mó ná bliain airgeadais amháin acu.

2 Sa tuarascáil seo, úsáidtear an téarma roinn chun tagairt a dhéanamh do gach roinn agus oifig rialtais láir a mhaoinítear le meastacháin bhliantúla vóta.

**Fíor 4.2 Sócmhainní caipitil neamh-réadmhaoine atá in úsáid i gcuntais leithreasa, 2018**




Foinse: 2018 Cuntais Leithreasa

Nótaí:
a Is ionann trealamh míleata agus 98% de luach na sócmhainní caipitil atá aitheanta ag an Roinn Cosanta.
b Is mar gheall ar shlánú é aon difríocht san iomlán.

## Creat cuntasaíochta

**4.5** Ullmhaíonn formhór na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí ráitis airgeadais de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta (GAAP).[1] I gcás fhormhór na n-eintiteas san earnáil phoiblí in Éirinn, is é seo an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102.[2]

**4.6** Ceanglaítear faoin dlí ar ranna Rialtais ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú dá dtagraítear mar chuntais leithreasa. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a leagann síos an creat cuntasaíochta do na cuntais sin.[3]

**4.7** Leis an gcreat, ceanglaítear ar ranna na cuntais leithreasa a ullmhú ar bhonn airgid thirim,[4] ach le faisnéis fabhraithe áirithe (lena n-áirítear faisnéis faoi shócmhainní caipitil) a chur san áireamh sna nótaí leis na cuntais.

**4.8** Tugadh faisnéis faoi shócmhainní caipitil isteach i gcuntais leithreasa den chéad uair i 1995[5] agus leathnaíodh é thar na blianta. San fhormáid reatha, áirítear luachanna a iompar le haghaidh sócmhainní caipitil i ráiteas ar staid airgeadais (SOFP) i Nóta 2 leis na cuntais leithreasa, agus i Nóta 2.2 soláthraítear tuilleadh faisnéise ar shócmhainní caipitil (lena n-áirítear aicmiú sócmhainní agus dímheas a ghearrtar).

**4.9** In Iarscríbhinn 4A, leagtar amach sleachta ábhartha a bhaineann le sócmhainní caipitil ón treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar na ranna, maidir le cuntais leithreasa 2018.

1 Is iad na heisceachtaí ná ranna rialtais láir, boird oideachais agus oiliúna agus roinnt cistí.

2 Is caighdeán tuairiscithe airgeadais cuimsitheach é FRS 102 arna eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe.

3 Tá na rialacha is déanaí leagtha amach i gCiorclán 24/2018: *Ceanglais maidir le Cuntais Leithreasa 2018*, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Nollaig 2018.

4 Ní bhaineann bonn airgid tirim na cuntasaíochta le hidirbhearta a thaifeadadh ach amháin nuair a fhaightear an t-airgead tirim comhfhreagrach nó nuair a dhéantar íocaíochtaí.

5 Ciorclán 1/95 na Roinne Airgeadais, ag déileáil le cuntais leithreasa 1994.

**4.10** Leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn, éilítear an méid seo a leanas;

- Sócmhainní caipitiúla le luacháil sa SOFP ag costas stairiúil lúide dímheas carntha ó dháta na fála; nó luach reatha, a shainmhínítear mar an méid is ísle idir costas athsholáthair nó an méid in-aisghabhála.
- Bunús na luachála ar aon talamh agus foirgnimh a áirítear i sócmhainní caipitil le míniú i réamhrá an oifigigh chuntasaíochta ábhartha ar an gcuntas leithreasa.
- Mura féidir luachálacha ar thalamh agus ar fhoirgnimh a sholáthar ar chúiseanna teicniúla, ba cheart do ranna sonraí fisiciúla na sócmhainní seo a sholáthar san aguisín a ghabhann lena gcuntas leithreasa.
- Ba cheart do ranna aonair faomhadh a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as aon imeacht, athrú nó breisithe ar na beartais chuntasaíochta caighdeánacha sna cuntais leithreasa. In 2018, ba é an príomhréimse nár lean ranna na beartais chaighdeánacha cuntasaíochta maidir le sócmhainní caipitil ná rátaí dímheasa.

### *Teorainneacha an chreata cuntasaíochta reatha*

**4.11** Tá na rialacha maidir leis an bhfaisnéis fhabhraithe atá le cur san áireamh sna nótaí a ghabhann le cuntais leithreasa débhríoch agus, i réimsí áirithe, tá siad oscailte do léirmhíniú. In éagmais treorach soiléire nó cinntithí, tá saoirse shuntasach ag oifigigh chuntasaíochta i roinnt réimsí maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar shócmhainní caipitil, lena n-áirítear

- cibé acu atá nó nach bhfuil sócmhainní áirithe le cur san áireamh i sa SOFP
- conas luacháil a dhéanamh ar shócmhainní atá san áireamh, chomh fada agus a nochtann siad an bonn luachála
- nuair is cuí athrú ó bhonn luachála costais stairiúil go samhail athluachála
- cé chomh minic agus a dhéantar athluachálacha
- cén ráta dímheasa a bheidh le cur i bhfeidhm
- cibé acu an ceart laigí a léiriú ar luach na sócmhainní nó conas a léirítear iad.

**4.12** Leis an treoir a d'eisigh an Roinn, ceadaítear modhanna éagsúla luachála ach níl treoir bhreise forbartha go fóill maidir leis an tslí ar chóir é seo a chur i bhfeidhm. I gcodarsnacht leis sin, eisíonn Státchiste na Ríochta Aontaithe lámhleabhar treorach gach bliain ina leagtar amach an bonn luachála cuí do chatagóirí áirithe sócmhainní agus lena soláthraítear treoir freisin maidir le gach modheolaíocht luachála a chur i bhfeidhm.

**4.13** Tá an deis le haghaidh comparáide bríomhar idir sealúchais sócmhainní seasta ranna teoranta mar gheall ar na modheolaíochtaí luachála éagsúla atá in úsáid. Ina theannta sin, sa chás go n-úsáidtear luach reatha (nó roinnt comhfhogasaithe), tá bearnaí suntasacha ama ann maidir leis na luachálacha a nuashonrú.

**4.14** Rinne an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI)[1] moltaí maidir le bainistíocht fhioscach agus tuairisciú i gcomhlachtaí poiblí na hÉireann in 2013. Faoi 2017, níor cuireadh ach ceithre cinn de thrí cinn déag de mholtaí CAI i bhfeidhm maidir le tuairisciú airgeadais.[2] I measc na moltaí nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán bhí

- bunú aonaid bhuain tuairiscithe airgeadais de chuid an rialtais le príomhoifigeach airgeadais gairmiúil i gceannas air
- glacadh le caighdeáin aonfhoirmeacha tuairiscithe airgeadais le haghaidh gach eintiteas earnála poiblí bunaithe ar chaighdeáin chuntasaíochta agus staidrimh na hEorpa
- caighdeáin ghairmiúla a bhunú agus a chothabháil do ghairm chuntasaíochta an rialtais.

**4.15** I mí na Samhna 2017, scríobh m'Oifig chuig an Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ag cur síos ar bhearnaí sa chreat cuntasaíochta a aithníodh le linn iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2016. Rinne an litir tagairt shonrach do bhearnaí sna rialacha cuntasaíochta do shócmhainní caipitil.

**4.16** Ina fhreagra go luath in 2018, d'aithin an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe teorainneacha sa chreat cuntasaíochta reatha, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le cuntasaíocht do shócmhainní caipitil, agus mhol sí go mbunófaí meitheal chun athbhreithniú agus feabhas a dhéanamh ar an gcreat tuairiscithe airgeadais do ranna agus oifigí rialtais láir. Bhunaigh an Roinn meitheal le déanaí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais chuntasaíochta maidir le sócmhainní caipitil.

**4.17** In 2018, choimisiúnaigh an Roinn an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) chun measúnú a dhéanamh ar chreat tuairiscithe airgeadais an rialtais láir faoi Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (SRSP) de chuid Coimisiúin an AE. Foilsíodh an tuarascáil i mí Iúil 2019. Tá sé ráite ag an Roinn go nglacann sí le torthaí agus moltaí an ECFE maidir le hathchóirithe mar ionchur an-luachmhar maidir le feabhas a chur ar thuairisciú airgeadais don Rialtas.

**4.18** Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil sí ag cuimhneamh faoi láthair ar struchtúir nua a bhunú, lena n-áirítear an grúpa oibre dá dtagraítear thuas, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí ó thuarascáil ECFE. Tá sé i gceist ag an Roinn leas a bhaint as tacaíocht airgeadais bhreise ón SRSP in 2019 chun na chéad chéimeanna eile de na leasuithe tuairiscithe airgeadais atá molta ag an ECFE a chur i bhfeidhm.

1 Thug foireann an IMF cuairt ar Éirinn i mí an Mhárta 2013, ar iarratas ón Roinn Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun meastóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht fhioscach agus tuairisciú na hÉireann i gcoinne na gcaighdeán i gCód Trédhearcachta Fioscach nua-athbhreithnithe an IMF.

2 Féach ar chaibidil 5, *Trédhearcacht Fioscach* , Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2016.

## Saincheisteanna ó iniúchtaí ar chuntais leithreasa

**4.19** Nuair a áiríonn ranna rialtais sócmhainní caipitil ina ráitis airgeadais, déanann siad go hintuigthe roinnt dearbhuithe tábhachtacha, mar atá leagtha amach i Fíor 4.3 .

**Fíor 4.3 Dearbhuithe intuigthe maidir le sócmhainní caipitil**

| Dearbhú | Breithnithe |
|---|---|
| **Iomláine** | Ba cheart gach sócmhainn chuí atá ann a aithint agus a rangú i gceart. |
| **Luacháil** | Ba cheart sócmhainní a aithint ag luachanna cuí.<br>Ba chóir go léireodh dímheas a ghearrtar an chuid de luach foriomlán na sócmhainní a caitheadh go héifeachtach le linn tréimhse chuntasaíochta. Áirítear leis sin aitheantas a thabhairt d'aon bhearnú a d'fhéadfadh a bheith ann m.sh. de bharr damáiste, dífheidhmeachta nó athruithe sa mhargadh. |
| **Eiseadh agus cearta/úinéireacht** | Ní mór sócmhainní a aithnítear a bheith ann.<br>Tá úinéireacht nó úinéireacht thairbhiúil ag an roinn ar na sócmhainní atá aitheanta. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Iomláine*

**4.20** Is é an dearbhú maidir le hiomláine a thugann le fios go bhfuil na sócmhainní caipitil uile aitheanta, rangaithe agus taifeadta go cuí sna nótaí leis na cuntais leithreasa.

*Sócmhainní maoine eisiata*

**4.21** Faoin gcreat cuntasaíochta atá sonraithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, más rud é nach féidir luachálacha ar thalamh agus ar fhoirgnimh a sholáthar ar chúiseanna teicniúla, ba cheart do ranna sonraí fisiciúla na sócmhainní seo a sholáthar in aguisín dá gcuntas leithreasa.

**4.22** I Fíor 4.4 aithnítear na ranna a chuir sceidil sócmhainní faoi úinéireacht (gan luachálacha) lena gcuntais leithreasa in 2018. Ní léir i go leor cásanna cén fáth nach bhféadfaí luachálacha a sholáthar do na cineálacha sócmhainní a áirítear.

**Fíor 4.4 Cuntais leithreasa le sceidil sócmhainní réadmhaoine atá ina gceangal, 2018**

| Vóta | Maoine |
|---|---|
| **13 Oifig na nOibreacha Poiblí** | 727 séadchomhartha náisiúnta.[a] |
| **22 An tSeirbhís Chúirteanna** | Ocht dteach cúirte faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú na Seirbhíse Cúirteanna. Tá tithe cúirte eile san áireamh sa SOFP. |
| **29 Cumarsáid, Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol** | Dhá iascach faoi úinéireacht an Aire agus á mbainistiú ag Iascaigh Intíre Éireann. |
| **30 Talmhaíocht, Bia agus Mara** | 82 dáileacht talún nó foirgneamh arna rialú nó arna mbainistiú ag an Roinn, lena n-áirítear 44 ceap foraoise.<br>Sé ionad cuanta iascaigh dílsithe don Aire.[b] |
| **33 Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht** | Sé pháirc náisiúnta arna mbainistiú ag an Roinn. |
| **36 Cosaint** | 66 dáileachtaí talún agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a riarann an Roinn. |

Foinse: 2018 Cuntais Leithreasa

Nótaí:
a Is sócmhainní oidhreachta iad na 727 séadchomhartha. Ní chuirtear liosta i gceangal leis an gcuntas leithreasa, ach nochtar sonraí achoimre i Nóta 2.2 a ghabhann leis an gcuntas.
b Tá roinnt faisnéise ar luach na talún agus na bhfoirgneamh ag na cuanta iascaigh san áireamh i gcuntais Chiste na nIonad Cuanta Iascaigh.

**4.23** Sna beartais chuntasaíochta sa chuntas leithghabhála Cosanta tugtar faoi deara nach ndéantar talamh agus foirgnimh a luacháil agus nach bhfuil siad san áireamh i sócmhainní caipitil. Léirítear íocaíochtaí maidir le forbairt foirgneamh a riarann an Roinn sa SOFP mar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt. Nuair a bhíonn tionscadail dá leithéid críochnaithe, baintear an costas ó shócmhainní caipitil atá á bhforbairt gan aon aistriú chuig sócmhainní caipitil.

**4.24** I gcás an chuntais leithghabhála Oideachais agus Scileanna, áirítear foirgnimh agus láithreáin scoile i sócmhainní caipitiúla agus iad ag staid 'ag obair idir lámha'. Cé nach n-aistrítear úinéireacht, déileálann an Roinn le haistriú rialaithe ar scoil chomhlánaithe chuig údarás scoile mar dhiúscairt ina cuntas leithghabhála.

### *Cláir shócmhainní*

**4.25** Tá gá le nósanna imeachta láidre chun sócmhainní a chosaint go héifeachtach, lena n-áirítear clár iomlán cruinn a choimeád chun tuairisc ar gach sócmhainn, an dáta fála, a shuíomh fisiciúil (reatha), a chostas agus luacháil reatha a thaifeadadh.

**4.26** Is doiciméad rialaithe lárnach é clár sócmhainní seasta cuimsitheacha a thacaíonn leis an bhfaisnéis ar shócmhainní caipitil atá sa SOFP. Tá sé i gceist le clár sócmhainní seasta ligean do ranna sócmhainní a rianú agus a fhíorú. D'fhéadfadh sé a bheith ina uirlis chun sócmhainní a chosaint ar féidir leo maolú a dhéanamh ar ghoid, ar chaillteanas agus ar chalaois, nó ar a laghad a chinntiú go mbraithfear go luath é.

**4.27** Bhain na saincheisteanna comhchoiteanna a tugadh faoi deara maidir le hiniúchtaí ar chuntais leithreasa 2018 (agus blianta roimhe seo) le hiomláine nó le cruinneas na faisnéise ar chláir sócmhainní m.sh. tuairisc mhíchruinn, taifeadadh suímh mhícheart agus 'clibeanna' aitheantais sócmhainne nár úsáideadh. I measc na saincheisteanna eile a tháinig chun cinn tá cláir shócmhainní ina leantar le sócmhainní a liostáil nach bhfuil in úsáid a thuilleadh nó nach féidir a aimsiú, agus roinnt sócmhainní a aithnítear go fisiciúil ar an suíomh atá ar iarraidh ón gclár.

**4.28** Is minic a bhíonn de thoradh ar earráidí agus easnaimh a aimsíodh i gcláir shócmhainní seasta go bhfuil riachtanas iarmhartach ann chun luachanna tuairiscithe a choigeartú sa SOFP agus sa nóta comhfhreagrach sócmhainní caipitil. Tugann coigeartuithe den sórt sin le fios nach leor na rialuithe maidir le sócmhainní a bhainistiú.

**4.29** Tá roinnt rannóg ag tabhairt faoi mhórthionscadail faoi láthair chun a gcuid sócmhainní caipitil a nuashonrú agus a réiteach lena gcláir shócmhainní.

### *Luacháil*

**4.30** Ceadaíonn an creat tuairiscithe airgeadais reatha do chuntais leithreasa luacháil a dhéanamh ar shócmhainní caipitil bunaithe ar chostas stairiúil nó ar luach reatha. Go praiticiúil, is féidir roinnt modhanna éagsúla a úsáid chun luach reatha a bhunú.

**4.31** In iniúchtaí ar chuntais leithreasa, aithníodh saincheisteanna maidir le leordhóthanacht na ndoiciméad cúltaca maidir leis na méideanna luachála a aithníodh le haghaidh sócmhainní caipitil. Go háirithe, bhí cásanna ann nach raibh ranna in ann doiciméid luachála stairiúla a sholáthar a rabhthas fós ag brath orthu chun críocha cuntasaíochta.

#### *Luacháil sócmhainní réadmhaoine*

**4.32** I Fíor 4.5 leagtar amach na príomh-mhodhanna a úsáideann ranna chun sócmhainní réadmhaoine a luacháil i gcuntais leithreasa 2018. D'úsáid roinnt ranna modhanna luachála difriúla le haghaidh aicmí éagsúla sócmhainní.

**4.33** I Fíor 4.6 leagtar amach sonraí na modhanna luachála do shócmhainní réadmhaoine arna gcur i bhfeidhm ag ranna i gcuntais leithreasa 2018.

**Fíor 4.5 Modhanna luachála le haghaidh sócmhainní maoine, 2018**

| Modh | Cur síos |
|---|---|
| **Costas stairiúil** | Is é seo costas na sócmhainne nuair a fhaightear é lúide an dímheas carntha ó dháta na fála. |
| **Luach margaidh** | Is é seo an praghas a d'fhéadfaí a fháil dá ndíolfaí an tsócmhainn sa mhargadh reatha. |
| **Costas athsholáthair** | Is é seo an costas a thabhófaí, ag praghsanna margaidh reatha, chun an tsócmhainn chéanna a athsholáthar. Sna costais athsholáthair dhímheasta cuirtear san áireamh meath fisiciúil na sócmhainne. |
| **Noirm chostais na tógála** | Tá an modh seo bunaithe ar chostas foirgníochta an aonaid chaighdeánaigh do chineálacha éagsúla foirgneamh. Cuirtear costas measta in aghaidh an troigh chearnaigh i bhfeidhm ar chatagóirí éagsúla sócmhainní. |

Foinse: Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Fíor 4.6 Bonn luachála le haghaidh sócmhainní maoine i gcuntais leithreasa 2018**

| Vóta | Ainm | Glanluach sócmhainní maoine € milliún | Costas stairiúil | Luach / luacháil margaidh | Costas athsholáthair | Noirm chostais na tógála |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,317 | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| 21 | Príosúin | 959 | ✓ | ✓ | ✓ | |
| 22 | An tSeirbhís Chúirteanna | 203 | ✓ | ✓ | ✓ | |
| 24 | Ceartas agus Comhionannas | 5 | ✓ | | | |
| 26 | Oideachas agus Scileanna | 138 | ✓ | | | |
| 27 | Comhar Idirnáisiúnta | 10 | ✓ | ✓ | | |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádála | 159 | ✓ | ✓ | | |
| 31 | Iompar, Turasóireacht agus Spórt | 1 | ✓ | | | |
| 33 | Cultúr, Oidhreacht agus an Ghaeltacht | 56 | ✓ | | | |
| 34 | Tithíocht, Pleanáil agus Rialtas Áitiúil | 1 | ✓ | | | |
| 40 | Gnóthaí Leanaí agus Óige | 56 | ✓ | | | |

Foinse: 2018 Cuntais Leithreasa

**4.34** Sa chás go n-úsáidtear bonn luachála seachas an costas stairiúil, tá sé tábhachtach go ndéantar luachálacha a nuashonrú go tréimhsiúil (m.sh. gach trí go cúig bliana)[1] lena chinntiú go léiríonn an méid a aithnítear meastachán cruinn ar luach sócmhainne.

**4.35** Baineann Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) úsáid as modhanna luachála éagsúla le haghaidh talaimh agus foirgnimh (féach Fíor 4.7). Tá sé ráite ag Oifig na nOibreacha Poiblí maidir leis seo go bhfuiltear ag fanacht le toradh an athbhreithnithe atá le déanamh ag an meitheal a bhunaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe le déanaí.

**Fíor 4.7 Sócmhainní maoine OOP trí mhodhanna luachála, 2018**

| Modh luachála | Líon sócmhainní maoine | Luach an 31 Nollaig 2018 € milliún |
|---|---|---|
| Costas stairiúil[a] | 135 | 839 |
| Luach margaidh / luacháil[b] | 287 | 831 |
| Costas athsholáthair[c] | 11 | 928 |
| Noirm chostais na tógála[d] | 544 | 719 |
| **Iomlán** | **977** | **3,317** |

Foinse: Vóta 13 Cuntas Leithreasa 2018

Nótaí:
a Cuimsítear roinnt foirgneamh rialtais, tógtha nó athchóirithe go suntasach (m.sh. Músaem Dhún Uí Choileáin, ceanncheathrú OOP, Eastát Farmleigh) agus roinnt stáisiún gardaí.
b Áirítear oifigí áirithe rialtais, stáisiúin áirithe gardaí agus suíomhanna díláraithe.
c Maoine tábhachtacha, amhail Caisleán Bhaile Átha Cliath, Teach Laighean, an Gailearaí Náisiúnta agus an Músaem Náisiúnta.
d Áirítear foirgnimh áirithe rialtais, stáisiúin áirithe gardaí agus suíomhanna díláraithe chomh maith leis na Ceithre Chúirt, an Leabharlann Náisiúnta, Páirc an Fhionnuisce agus Áras an Uachtaráin.

1 Ní shonraítear in FRS 102 eatramh ama le haghaidh athluachálacha. Go praiticiúil, is gnáth timthriallta idir trí bliana agus cúig bliana, rud a léiríonn an tréimhse inar féidir athruithe suntasacha tarlú ar luach an mhargaidh.

**4.36** Sa réamhrá ar chuntas leithghabhála Oifig na nOibreacha Poiblí, tugann an tOifigeach Cuntasaíochta dá aire nár cheart a mheas gur meastachán reatha ar luach inréadaithe na luachálacha a úsáidtear le haghaidh sócmhainní caipitil. Sa scrúdú seo tugadh faoi deara

- go ndearnadh athluacháil ar shócmhainní a luacháladh ar bhonn 'luach margaidh' agus 'costas athsholáthair' in 2013 agus 2014 go deireanach, in ainneoin luasghéarú suntasach sa mhargadh maoine ón am sin
- go ndearnadh nuashonrú deireanach in 2012 ar noirm na gcostas tógála a cuireadh i bhfeidhm ar fhoirgnimh, in ainneoin beagnach 40%[1] de bhoilsciú maidir le costais tógálaó shin.

**4.37** Mar fhreagra ar thorthaí na scrúduithe, thug an OOP faoi deara nach mbreathnófar ar líon mór de na sócmhainní réadmhaoine ina phunann le haghaidh a ndiúscartha, agus go bhfuil gach maoin a mheastar a bheith diúscartha faoi réir próisis luachála.

**4.38** Úsáidtear modhanna éagsúla freisin chun luachanna a shannadh do phríosúin, do réadmhaoin agus do shuíomhanna eile atá aitheanta i Seirbhís Phríosúin Vóta 21 (féach Fíor 4.8).

**Fíor 4.8 Modhanna luachála shócmhainní maoine Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, 2018[a]**

| Modh luachála | Líon sócmhainní maoine | Luach an 31 Nollaig 2018 € milliún |
|---|---|---|
| Costas stairiúil | 3 | 163 |
| Luach margaidh | 1 | 1 |
| Úsáid reatha | 9 | 28 |
| Costas athsholáthair | 9 | 767 |
| **Iomlán** | **22** | **959** |

Foinse: Vóta 21 Cuntas Leithreasa 2018

Nóta: a Tá sócmhainní ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag 13 shuíomh. Tá líon na sócmhainní atá san áireamh i bhFíor 4.8 níos airde, mar gheall ar mhodhanna luachála difriúla atá á n-úsáid do na sócmhainní a shealbhaítear sna suíomhanna seo. Mar shampla, déantar talamh a luacháil ag úsáid reatha, déantar foirgnimh phríosúin a luacháil ag costas athsholáthair (2014) agus déantar obair a rinneadh ar fhoirgnimh ó 2014 a luacháil ar chostas stairiúil.

**4.39** Maidir le Vóta 21

- Déantar talamh agus foirgnimh phríosúin a athluacháil gach cúig bliana. Rinneadh an t-athluacháil dheireanach in 2014. Nuashonrófar an luacháil seo le linn 2019.
- Déantar talamh a luacháil ar bhonn úsáide reatha agus déantar foirgnimh phríosúin a luacháil ar bhonn mheánchostas athsholáthair in aghaidh na cille.
- Leantar de luacháil a dhéanamh ar ghabháltas talún amháin — Halla Bhaile na Sceach, i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath — ag costas stairiúil, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí, ar an mbonn gur sócmhainn straitéiseach de chuid an Stáit í lena mbaineann luach úsáide féideartha sa todhchaí.

**4.40** I bhFíor 4.9 soláthraítear an miondealú de réir modh luachála agus na luachanna a shanntar do thalamh agus d'fhoirgnimh atá faoi úinéireacht na Seirbhíse Cúirteanna.

1 Bunaithe ar chomparáid idir an t-innéacs don dara leath de 2018 leis an dara leath de 2012 sa Innéacs Praghsanna Tairisceana a d'fhoilsigh Cumann na Suirbhéirí Cairte in Éirinn i mí Iúil 2019.

**Fíor 4.9 Modhanna luachála sócmhainní maoine na Seirbhíse Cúirteanna, 2018**

| Modh luachála | Líon sócmhainní maoine | Luach an 31 Nollaig 2018 € milliún |
|---|---|---|
| Costas stairiúil[a] | 8 | 58 |
| Luach margaidh | 15 | 4 |
| Costas athsholáthair dímheasta | 29 | 141 |
| **Iomlán** | **52** | **203** |

Foinse: Vóta 22 Cuntas Leithreasa 2018

Nóta: a Tá sé ráite ag an tSeirbhís Chúirteanna go mbaineann €41 milliún a áirítear ar chostas stairiúil le costais athchóirithe d'fhoirgnimh a úsáideann an tSeirbhís Chúirteanna ach nach bhfuil faoi úinéireacht na Seirbhíse Cúirteanna.

**4.41** Maidir leis an tSeirbhís Chúirteanna

- Glacadh le beartas chun foirgnimh a luacháil ag costas athsholáthair dímheasta in 2016 — luacháladh 29 foirgneamh go dtí seo ar an mbonn sin. Luaitear ocht bhfoirgneamh atá in úsáid, nach bhfuil athluacháilte fós, ag costas stairiúil.
- Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh nach bhfuil in úsáid ach a fhaightear d'fhorbairt fhéideartha sa todhchaí ag luach an mhargaidh/luach cóir.

**4.42** I bhFíor 4.10 tugtar miondealú de réir modh luachála agus na luachanna atá sannta do thalamh agus d'fhoirgnimh atá aitheanta i gcuntais na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

**Fíor 4.10 Modhanna luachála sócmhainní maoine Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, 2018**

| Modh luachála | Líon sócmhainní maoine | Luach an 31 Nollaig 2018 € milliún |
|---|---|---|
| Costas (tar éis-2005) | 9 | 31 |
| Luacháil (2005)[a] | 17 | 59 |
| Luacháil (2011) | 3 | 69 |
| **Iomlán** | **29** | **159** |

Foinse: Vóta 28 Cuntas Leithreasa 2018

Nóta: a Déantar breiseanna ó 2005 a luacháil ar a gcostas.

**4.43** Maidir leis an vótáil Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

- Léirítear talamh agus foirgnimh a fuarthas ó 2005 ar a gcostas.
- Tá luachanna iompair de 17 sealúchas talún agus foirgneamh bunaithe ar luachálacha a rinneadh i 2005, ach méadaithe (nuair is cuí) trí bhreiseanna ina dhiaidh sin a léirítear ar a gcostas. Ní féidir leis an Roinn an chuid is mó de luachálacha 2005 a aimsiú anois. Mar sin féin, creideann sé gur cuireadh i gcrích iad ar bhonn luach margaidh.

- Áirítear trí mhaoine misin (i bPáras, sa Róimh agus i Nua-Eabhrac) ag luachálacha a rinneadh in 2011. Is cosúil gur glacadh le cur chuige luachála difriúil i ngach cás, agus go rabhthas i gcomhairle leis na saineolaithe lena n-áirítear teach ceant, ailtire agus gnólacht gníomhairí eastáit.

*Luacháil sócmhainní caipitil neamh-réadmhaoine*

**4.44** De ghnáth, déantar sócmhainní caipitil neamh-réadmhaoine a luacháil ag an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

**4.45** I gcás tionscadal forbartha bogearraí, tugadh faoi deara san iniúchadh nach n-áirítear i gcuid de na ranna ach an costas díreach a bhaineann le soláthar na mbogearraí ach go bhfuil costais indíreacha san áireamh i gcostais eile mar chostais foirne d'fhoireann an tionscadail.

*Dímheas*

**4.46** Tá teorainn ar threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le dímheas a chur i bhfeidhm agus níl treoir ar bith ann maidir le lagú.

**4.47** Sonraítear i dtreoir na Roinne nár cheart talamh a dhímheas.

**4.48** Cé nach bhforordaítear sa chreat cuntasaíochta ráta sonrach le haghaidh dímheas foirgneamh,[1] de ghnáth úsáideann na ranna a dhéanann dímheas ráta 2% in aghaidh na bliana (ie saol úsáideach intuigthe de 50 bliain). Ní chuireann ranna áirithe aon dímheas i bhfeidhm ar an mbonn go bhfuil cothabháil bhliantúil leordhóthanach chun riocht na bhfoirgneamh a chothabháil. Tá roinnt foirgneamh saincheaptha ar luach íseal ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a dhímheasann siad ag 5% in aghaidh na bliana.

**4.49** I dtreoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, soláthraítear rátaí dímheasa sonracha do chatagóirí áirithe sócmhainní neamh-réadmhaoine — 20% do threalamh TF, bogearraí, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra eile oifige; agus 10% do throscán agus feistis, trealamh teileachumarsáide agus mórchórais bogearraí oibriúcháin.

**4.50** Níl aon ráta dímheasa comhsheasmhach sonraithe do shócmhainní caipitil coitianta eile m.sh. mótarfheithiclí.

***Eiseadh agus cearta/úinéireacht***

**4.51** Is é an dearbhú go bhfuil na sócmhainní caipitil go léir atá aitheanta ann i ndáiríre agus go bhfuil na cearta ag roinn ar na sócmhainní atá faoina húinéireacht.

**4.52** Ba chóir go mbeadh gach roinn in ann cruthúnas a thabhairt ar úinéireacht na sócmhainní a áirítear ina SOFP agus i nóta comhfhreagrach sócmhainní caipitil, go háirithe sócmhainní ardluacha amhail talamh, foirgnimh, feithiclí agus innealra. I gcás nach bhfuil cruthúnas úinéireachta/teidil shoiléir ar fáil, d'fhéadfadh fadhbanna teacht chun cinn nuair a bheidh sócmhainn le díol nó le haistriú.

1 Ciorclán 1/1995: I *gCuntais Leithreasa agus Cláir Shócmhainní* luadh gur chóir go léireodh an dímheas d'fhoirgnimh, más ann dóibh, a leibhéal cothabhála — má tá foirgnimh á gcoinneáil de réir a reachta bunaidh, níor cheart aon dímheas a bheith ann.

**4.53** Mar thoradh ar neamhchinnteacht maidir le húinéireacht sócmhainní ardluacha tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn maidir le hiniúchadh, lena n-áirítear

- na sócmhainní céanna atá á n-áireamh i gcuntais leithreasa de dhá vóta
- aistriú sócmhainní (go roinn eile) nach bhfuil le sonrú i gclár sócmhainní na roinne aistrithe
- níl gníomhais teidil nó cruthúnas úinéireachta/teidil eile ar fáil le hiniúchadh chun úinéireacht na sócmhainne a dheimhniú.

**4.54** Tagann roinnt comhlachtaí faoi choimirce na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá a vótaí leithleacha féin ag cuid de na comhlachtaí sin (m.sh., Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus an Garda Síochána), ach maoinítear comhlachtaí eile tríd an vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais (m.sh. Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí). Go ginearálta, áirítear sócmhainní caipitil atá faoi úinéireacht an ghrúpa deiridh comhlachtaí sin i SOFP an chuntais leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus iad san áireamh freisin i gcuntais aonair na gcomhlachtaí atá i gceist.

## Conclúidí agus moltaí

**4.55** Leis an gcreat reatha maidir le cuntais leithreasa a ullmhú éilítear go n-ullmhófaí cuntas (ar bhonn airgid tirim) ina ndéantar comparáid idir caiteachas roinne agus an méid vótáilte. Is é an tuairim iniúchóireachta a éilítear go héifeachtach le dlí ná go dtugtar sa chuntas leithreasa na hidirbhearta i láthair i gceart sa bhliain.

**4.56** Cuirtear faisnéis fhairsing bhreise i láthair leis an gcuntas leithreasa trí nótaí leis an gcuntas.

**4.57** Tá cóireáil chruinn agus chomhsheasmhach ríthábhachtach nuair atá cuntasaíocht á déanamh ar shócmhainní caipitil chun trédhearcacht, inchomparáideacht agus iontaofacht fhoriomlán na faisnéise a chuirtear i láthair sna nótaí a ghabhann leis na cuntais leithreasa a chinntiú. Mar thoradh ar chleachtas reatha tá bearnaí i sócmhainní a taifeadadh sna nótaí leis na cuntais, agus neamhréireachtaí móra i luachálacha sócmhainní agus rátaí dímheasa.

**4.58** Tá fadhbanna maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar shócmhainní caipitil le feiceáil le blianta fada. Déileáiltear le saincheisteanna a bhaineann le ranna aonair le linn iniúchtaí na gcuntas leithreasa atá i gceist. Mar sin féin, tá gá le gníomhaíocht ag leibhéal lárnach chun aghaidh a thabhairt ar an easpa comhleanúnachais agus comhsheasmhachta de bharr easnaimh sa chreat cuntasaíochta. Ba cheart go mbeadh Tuarascáil na bliana an IMF 2013 agus Tuarascáil ECFE le déanaí ina chabhair maidir leis sin.

**4.59** I dtuarascáil an ECFE moltar amscála sé bliana chun raon leasuithe molta a chur i bhfeidhm agus é mar aidhm ag an gcéad chéim an fhaisnéis a nochtadh cheana féin i gcuntais leithreasa a thabhairt suas go dtí caighdeáin tuairiscithe airgeadais idirnáisiúnta.

**4.60** Má tá faisnéis fhabhraithe le cur san áireamh sna cuntais leithreasa atá bunaithe ar airgead tirim, ba cheart é a dhéanamh de réir na gcaighdeán cuntasaíochta bunaithe.

**Moladh 4.1**

> Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na rialacha a leagan síos maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar shócmhainní caipitil i gcuntais leithreasa, bunaithe ar na forálacha ábhartha laistigh de shraith caighdeán tuairiscithe airgeadais a aithnítear go hidirnáisiúnta.

**4.61** Beag beann ar an gcreat cuntasaíochta atá i bhfeidhm, mar thoradh ar threoir níos sainiúla maidir le cuntasaíocht a dhéanamh ar shócmhainní caipitil bheadh comhsheasmhacht agus inchomparáideacht níos fearr i ndáil le figiúr an-suntasach i SOFPanna na ranna.

**Moladh 4.2**

> Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir chuí a eisiúint ar bhonn bliantúil ina sonraítear an bhonn luachála chuí do chatagóirí difriúla sócmhainní agus ag leagan amach conas ba chóir do ranna na modheolaíochtaí éagsúla a chur i bhfeidhm.

**4.62** Ceadaíonn an creat tuairiscithe airgeadais reatha do chuntais leithreasa luacháil a dhéanamh ar shócmhainní caipitil bunaithe ar chostas stairiúil nó ar luach reatha. Go praiticiúil, is féidir roinnt modhanna éagsúla a úsáid chun luach reatha a bhunú. Sa chás go n-úsáidtear bonn luachála seachas an costas stairiúil, tá sé tábhachtach go ndéantar luachálacha a nuashonrú go tréimhsiúil (m.sh. gach trí go cúig bliana) lena chinntiú go léiríonn an méid a aithnítear meastachán cruinn ar luach reatha sócmhainne.

**Moladh 4.3**

> Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an t-eatramh uasta a shonrú ag ar chóir luachálacha a dhéanamh ar shócmhainní caipitil chun a chinntiú gur léiriú ceart ar luach reatha na sócmhainne an méid atá san áireamh sa chuntas leithreasa.

**Moladh 4.4**

> Ba chóir don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shonrú, i gcás go mbaineann ranna úsáid as roinnt modhanna luachála, gur chóir go dtabharfadh an nóta a ghabhann leis na cuntais miondealú ar na luachanna a thuairiscítear trí mhodh luachála; agus sa chás go n-úsáidtear luacháil seachas an costas stairiúil, ba chóir go léireodh an nóta cathain a rinneadh na luachálacha ábhartha a nuashonrú go deireanach agus cathain a bheartaítear an chéad luacháil eile.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Aontaím le moltaí 4.1 go 4.4. Cuirfear na moltaí seo i bhfeidhm i gcomhthéacs chur i bhfeidhm céimnithe na leasuithe tuairiscithe airgeadais atá molta ag an ECFE.

## Iarscríbhinn 4A Treoir maidir le cuntais leithreasa arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Leagann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe síos na rialacha maidir le ranna a ullmhú de chuntais bhliantúla leithreasa. D'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dhá dhoiciméad thábhachtacha a chuir treoir ar fáil chun cuntais leithreasa a ullmhú do 2018

- Ciorclán 24/2018 — ina leagtar amach na gceanglas do 2018 agus ag dul in ionad treoracha i gciorcláin roimhe seo — eisithe i mí na Nollag 2018.
- Lámhleabhar treorach — ag soláthar tuilleadh soiléirithe ar shaincheisteanna praiticiúla áirithe agus ag cur béime ar earráidí coitianta ó bhlianta roimhe seo — eisithe i mí Feabhra 2019

Tá sleachta ábhartha a bhaineann le sócmhainní caipitil ó Chiorclán 24/2018 agus an lámhleabhar treorach leagtha amach i bhFíor 4A.1 agus 4A.2 faoi seach. Tagraíonn an giorrúchán SOFP don ráiteas ar an staid airgeadais.

## Figiúr 4A.1 Sleachta ar shócmhainní caipitil ó Chiorclán 24/2018

### Ráiteas faoi Pholasaithe agus Prionsabail Chuntasaíochta

Ba cheart do Ranna, Oifigí agus Sealbhóirí Vóta faomhadh a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as aon imeacht, athrú nó breisithe ar na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha maidir le faisnéis fhabhraithe sna nótaí leis na cuntais leithreasa.

Meabhraítear do Ranna, i gcásanna ábhartha, go mínítear bunús luachála na talún agus na bhfoirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa agus nóta a sholáthar lena léirítear aon imeacht ó na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha.

### Sócmhainní caipitil agus sócmhainní caipitil atá á bhforbairt

Taispeántar luachanna oscailte agus dúnta sócmhainní caipitil ar chlár sócmhainní Roinne agus sonraí dímheasa trí nóta a ghabhann leis an SOFP (Nóta 2).

Ní áirítear na nithe seo a leanas sa ráiteas ar shócmhainní caipitil:

- sócmhainní a chosnaíonn níos lú ná € 1,000 agus/nó
- sócmhainní oidhreachta, nach féidir a luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais. (Tá na sócmhainní oidhreachta ar féidir a luacháil san áireamh sa ráiteas).

Ba cheart sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a áireamh laistigh de shócmhainní caipitil sa SOFP, lena dtaispeánfar chaiteachas ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den Roinn, m.sh. forbairt bogearraí nó tionscadail tógála.

### Luacháil sócmhainní

***Talamh agus Foirgnimh***

Tá na tailte agus na foirgnimh go léir atá faoi úinéireacht an Stáit agus a rialaíonn nó a bhainistíonn Roinn san áireamh sa SOFP (agus sa nóta sócmhainní caipitil). I gcásanna ábhartha, mínítear bunús luachála na talún agus na bhfoirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

Sa chás go bhfuil talamh agus foirgnimh (a) dílsithe in Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe in Aire ach i ndáiríre á rialú/á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, tá siad san áireamh sa chuntas don Oifig sin.

Sa chás go bhfuil tailte nó foirgnimh dílsithe in Aire ach go bhfuil siad faoi rialú/faoi bhainistíocht comhlachta sheachtraigh, níl siad san áireamh mar shócmhainní de chuid na Roinne, ach tá úinéireacht na sócmhainne léirithe i gcuntas na Roinne. Seachas sin, tá siad le fáil sa chuntas don Roinn ábhartha.

Ba cheart do Ranna/Oifigí Rialtais nach féidir, ar chúiseanna teicniúla, luachálacha a sholáthar do thailte agus d'fhoirgnimh faoi úinéireacht an Stáit a rialaíonn nó a bhainistíonn siad sceideal na sócmhainní seo a chur leis an gcuntas leithreasa.

***Trealamh, troscán agus feistis***

Déantar trealamh, troscán agus feistis a luacháil ar a gcostas.

***Sócmhainní eile***

Nuair is gá, leagtar amach beartais chuntasaíochta maidir le luacháil sócmhainní eile (m.sh. feithiclí speisialaithe) i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta don chuntas leithreasa.

***Beartas dímheasa***

Ní dhéantar talamh a dhímheas.

I gcásanna ábhartha, déantar foirgnimh a dhímheas mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta don chuntas leithreasa.

Déantar trealamh, troscán agus feistis a dhímheas ar bhonn líne dírí ag na rátaí bliantúla seo a leanas:

- troscán agus feistis, agus trealamh teileachumarsáide — 10%;
- Trealamh agus bogearraí TF, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra oifige eile — 20%; agus
- mórchórais bogearraí oibriúcháin — 10%.

Sa chás gur gá, déantar dímheas ar mhíreanna caipitil eile mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta don chuntas leithreasa.

Foinse: *Ciorclán 24/2018: Ceanglais maidir le Cuntais Leithreasa 2018* , An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Nollaig 2018.

## Figiúr 4A.2 Sleachta ar shócmhainní caipitil ó lámhleabhar treorach Feabhra 2019

### Imeachtaí ó pholasaithe caighdeánacha cuntasaíochta

Ba cheart do Ranna, Oifigí agus Sealbhóirí Vóta faomhadh a fháil roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as aon imeacht, athrú nó breisithe ar na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha maidir le faisnéis fhabhraithe sna nótaí leis na cuntais leithreasa.

Meabhraítear do Ranna, i gcásanna ábhartha, go mínítear bunús luachála na talún agus na bhfoirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa agus nóta a sholáthar lena léirítear aon imeacht ó na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha.

Ní mór do Ranna a mbeartais a lua freisin chun sócmhainní a luacháil i gcás nach bhfuil modh luachála aicme áirithe na sócmhainne caighdeánach.

### Cuntasaíocht maidir le sócmhainní seasta

Is sócmhainní inláimhsithe iad Sócmhainní Seasta Caipitil atá buan ó thaobh nádúir de agus a bhfuil saol úsáideach eacnamaíoch níos mó ná bliain amháin acu, ar luach €1,000 ar a laghad agus a choinnítear chun críocha seachas infheistíocht nó athdhíol. Ní chuirtear sócmhainní oidhreachta, nach féidir a luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais, san áireamh. Ba cheart sócmhainní oidhreachta ar féidir iad a luacháil a chur san áireamh sa ráiteas sócmhainní caipitil.

Féadfaidh eagraíochtaí a roghnú sócmhainní a luacháil faoi €1,000 (mar shampla más sócmhainníinaistrithe agus mealltach iad mar fhóin phóca), nó le míreanna, a luacháiltear ina n-aonar ag níos lú ná €1,000, a chomhbhailiú, agus na critéir a chur i bhfeidhm ar an luach comhiomlán (mar shampla, ríomhairí pearsanta nó ríomhairí glúine).

Ba chóir sócmhainní a chur san áireamh sa Chlár Sócmhainní amhail ar dháta na fála, agus ba chóir iad a lua ar a gcostas lúide dímheas carntha. Sa chostas, cuimsítear na costais go léir a thabhaítear chun an tsócmhainn a thabhairt go dtí a suíomh agus a riocht reatha. Tugtar caiteachas caipitil ar airgead a chaitear ar shócmhainní seasta.

### Riachtanais mhionsonraithe

Ní mór do Ranna Clár Sócmhainní a thiomsú a thaifeadann an tuairisc, an costas stairiúil, an luach reatha (i.e. an costas stairiúil dímheasta), an dáta fála agus suíomh fisiciúil gach sócmhainne caipitil ábhartha. Ba chóir faisnéis faoi dhiúscairtí agus athluachálacha a iontráil sa chlár mar is cuí. Ba cheart don chlár an ráta dímheasa atá á chur i bhfeidhm a thaifeadadh chomh maith leis an modh atá á leanúint.

B'fhéidir go gcaithfeadh Ranna breithiúnas a thabhairt ar ábharthacht earra m.sh. cibé acu an bhfuil uirlisí láimhe ina n-ábhar ábhartha i dtéarmaí an Chláir Shócmhainní nó nach bhfuil agus mar sin ba chóir iad a chaipitliú nó cibé an gcaitear leo mar thomhaltáin agus nach ndéantar iad a chaipitliú.

Léirítear luachanna oscailte agus dúnta na sócmhainní caipitil ar Chlár Sócmhainní na Roinne agus sonraí dímheasa trí Nóta don 'Ráiteas ar an Staid Airgeadais'.

## Luacháil

Tagraíonn an luacháil don mhéid ar a léirítear sócmhainní seasta sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais. Luacháiltear an tsócmhainn sheasta ag:

- a chostas stairiúil lúide an dímheas carntha ó dháta na fála, nó
- a luach reatha a shainmhínítear mar an costas athsholáthair is ísle nó an méid in-aisghabhála.

***Talamh agus Foirgnimh***

Tá na tailte agus na foirgnimh go léir atá faoi úinéireacht an Stáit agus a rialaíonn nó a bhainistíonn Roinn san áireamh sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (agus sa nóta sócmhainní caipitil). I gcásanna ábhartha, mínítear bunús luachála na talún agus na bhfoirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta leis an gcuntas leithreasa.

Sa chás go bhfuil talamh agus foirgnimh (a) dílsithe in Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe in Aire ach i ndáiríre á rialú/á mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí, tá siad san áireamh sa chuntas don Oifig sin. Seachas sin, tá siad le fáil sa chuntas don Roinn ábhartha.

Sa chás go bhfuil tailte nó foirgnimh dílsithe in Aire ach go bhfuil siad faoi rialú/faoi bhainistíocht comhlachta sheachtraigh, níl siad san áireamh mar shócmhainní de chuid na Roinne, ach tá úinéireacht na sócmhainne léirithe i gcuntas na Roinne.

***Troscán agus feistis***

Luacháiltear troscán agus feistis ar a gcostas.

***Trealamh TF***

Go ginearálta, ba cheart sócmhainní TF, lena n-áirítear sócmhainní forimeallacha agus bogearraí, a dhímheas thar 5 bliana. Eisceacht is ea Mórchórais Bogearraí Oibriúcháin ar chóir go mbeadh saol 10 mbliana acu de ghnáth mar gheall ar a chastacht.

- Ba cheart bogearraí oibriúcháin a chaipitliú ar leithligh.
- Ba cheart aon mhír imeallach a bhfuil ról scoite aici atá neamhspleách ar chóras foriomlán a nótáil mar shócmhainn ar leith sa Chlár Sócmhainní**.**

***Sócmhainní eile***

Nuair is gá, leagtar amach beartais chuntasaíochta maidir le luacháil sócmhainní eile (m.sh. feithiclí speisialaithe) i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta don chuntas leithreasa.

***Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt***

Tá sócmhainní caipitil atá á bhforbairt san áireamh anois i nóta 2.2 Sócmhainní Caipitil. Níor chóir go mbeadh sócmhainní chaipitil atá á bhforbairt faoi réir muirir dhímheasa. Tosaíonn dímheas sócmhainne caipitil nuair a bhíonn sé ar fáil le húsáid i.e. nuair atá sé sa suíomh agus sa riocht is gá chun go mbeidh sé in ann feidhmiú ar an mbealach atá beartaithe ag an mbainistíocht.

Ba cheart sócmhainní caipitiúla atá á bhforbairt a chur san áireamh i Sócmhainní Caipitiúla sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais a thaispeánann caiteachas ar shócmhainní atá á bhforbairt laistigh den Roinn, m.sh. forbairt bogearraí nó tionscadail tógála. Ba chóir íocaíochtaí airgid i leith sócmhainní caipitil i mbun forbartha i Nóta 1 'Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin' a chur san áireamh sa líne 'ceannacháin airgid tirim' sa chuid 'Athruithe ar Shócmhainní Caipitil'.

## Caiteachas ina dhiaidh sin ar shócmhainní

Ba cheart caiteachas ina dhiaidh sin a rinneadh chun a chinntiú go gcothaíonn an tsócmhainn a caighdeán feidhmíochta a ndearnadh measúnú uirthi roimhe, mar shampla gnáthchaiteachas deisiúcháin agus cothabhála, a aithint sa chuntas leithreasa (faoi réir na rialach dliteanais aibithe) agus sa Ráiteas Costas Oibriúcháin de réir mar a thabhaítear é.

Níl ach caiteachas a mhéadaíonn na sochair sa todhchaí ón tsócmhainn atá ann níos faide ná an caighdeán feidhmíochta a ndearnadh measúnú air roimhe seo san áireamh i luach comhlán an leabhair, eg méadú ar chumas.

Is iondúil go gcuirtear costas breisiúcháin nó sínte ar shócmhainn atá ann cheana agus atá de chineál caipitil agus a thagann chun bheith ina cuid dhílis den tsócmhainn atá ann faoi láthair lena luach comhlán leabhar. Tugtar cuntas ar leithligh ar aon bhreisiú nó síneadh, a bhfuil féiniúlacht ar leith aige agus ar féidir é a úsáid tar éis an tsócmhainn reatha a dhiúscairt.

### Dímheas

Ní dhéantar talamh a dhímheas.

I gcásanna ábhartha, déantar foirgnimh a dhímheas mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta don chuntas leithreasa.

Déantar trealamh, troscán agus feistis a dhímheas de réir méid chothroim de ghnáth ag na rátaí bliantúla seo a leanas thar a saolta úsáideacha measta:

- troscán agus feistis, agus trealamh teileachumarsáide — 10%;
- trealamh agus bogearraí TF, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra oifige eile — 20%; agus
- mórchórais bogearraí oibriúcháin — 10%.

I gcásanna ábhartha, déantar dímheas ar mhíreanna caipitil eile mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta don chuntas leithreasa.

### Ceannacháin agus breiseanna

Chomh maith le cuimsiú sa Chlár Sócmhainní, ba cheart an costas a bhaineann le ceannach na sócmhainne a léiriú sa chuntas leithreasa don tréimhse a thabhaítear (faoi réir na rialach dliteanais aibithe).

Ba cheart an dímheas a ghearrtar a léiriú sa Ráiteas Costas Oibriúcháin agus sa Nóta Sócmhainní.

Maidir le ceannacháin, ba cheart an luach a bheith i gcomhréir leis na prionsabail thuas.

### Scoir agus diúscairtí

Ba cheart an caillteanas nó an gnóthachan ón diúscairt a léiriú sa Ráiteas Costas Oibriúcháin. Tá an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne atá á diúscairt (i.e. an luach a thaispeántar sa Chlár Sócmhainní) agus na fáltais airgid a fuarthas mar leithreasaí i gcabhair san áireamh sa Ráiteas Airgid Oibriúcháin.

Caitear le fáltais 'amhantair' mar Fháltais Bhreise Státchiste agus tugtar sonraí i Nóta 4 don chuntas leithreasa.

### Aistrithe

Ba chóir go ndéileálfaidh an Roinn tionscnaimh le sócmhainní a aistriú ó Roinn amháin go Roinn eile agus go gcuirfeadh an Roinn fála leis an dáta ar aistríodh é.

Ba chóir an mhír a fháil ag a glanluach leabhar (costas lúide dímheas de réir na Roinne tionscnaimh) agus ón bpointe sin ar aghaidh, déantar é a dhímheas de réir bheartas dímheasa na Roinne fála. Ba chóir an praghas costais agus an dímheas a ghearrtar de réir na Roinne tionscnaimh a thaispeáint i Nóta Caipitil na Roinne fála (Nóta 2.2).

Foinse: *Lámhleabhar Treorach maidir le Cuntais Leithreasa a Ullmhú 2018* , An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Feabhra 2019

# 5 Cuntasaíocht le haghaidh seirbhísí gaolmhara

**5.1** Soláthraíonn roinnt ranna agus oifigí rialtais seirbhísí gan muirearú do dhaoine eile ar an mbonn, mar speisialtóirí, go mbíonn an soláthraí in ann na seirbhísí a fheidhmiú ar an mbealach is éifeachtúla. Seirbhísí gaolmhara a thugtar orthu seo go ginearálta. Áirítear i measc na samplaí seirbhísí bainistíochta maoine a bhíonn á soláthar ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP), agus seirbhísí bainistíochta párolla agus pinsin a bhíonn á soláthar ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC).[1]

**5.2** Is taifead bunaithe ar airgead tirim d'fháltais agus d'íocaíochtaí sa bhliain iad cuntais leithreasa. Cuirtear faisnéis bhreise, bunaithe ar an gcur chuige cuntasaíochta fabhraithe ar fáil, áit ar cuí, sna nótaí leis na cuntais.

**5.3** Is é an aidhm atá leis an ráiteas faoin gcostas oibriúcháin (RCO) atá san áireamh i ngach cuntas leithreasa léargas a thabhairt ar an gcostas iomlán ar an Státchiste chun seirbhísí ábhartha vóta-mhaoinithe a chur ar fáil i rith na bliana. San áireamh sna speansais tá na costais mheasta a bhaineann le seirbhísí gaolmhara ábhartha faighte. Léirítear in RCO de chuid soláthraí seirbhísí costais na seirbhísí soláthartha do dhaoine eile mar asbhaint.

**5.4** In 2018, bhí 11 soláthraí (deich vóta agus neamhvóta amháin) seirbhísí gaolmhara ann a chosain thart ar €813 milliún ar vótaí eile (féach ar Fíor 5.1). Bhain €566 milliún (70%) den mhéid iomlán le haoisliúntas agus liúntais scortha. Sholáthair OOP seirbhísí gaolmhara a chosain thart ar €179 milliún (22%) den mhéid iomlán.

**5.5** Déantar athbhreithniú sa chaibidil seo ar na cuir chuige a glacadh chun costas na seirbhísí gaolmhara a leithdháileadh idir vótaí agus ar thuairisciú na gcostas seo i gcuntais leithreasa.

1 Soláthraítear roinnt seirbhísí eile ar bhonn gníomhaireachta, agus déantar iad a mhuirearú. Ní seirbhísí gaolmhara iad seirbhísí a mhuirearaítear.

**Fíor 5.1 Costais seirbhíse gaolmhaire nochta ag vótaí soláthair in 2018**

| Uimhir an vóta | Ainm an vóta/an chomhlachta | Luach na seirbhísí soláthartha €000 |
|---|---|---|
| 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scortha[a] | 565,522 |
| 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 178,700 |
| | An Príomh-Chiste[b] | 43,582 |
| 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 11,676 |
| 24 | Dlí agus Cirt agus Comhionannas | 4,206 |
| 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 4,107 |
| 11 | Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 1,287 |
| 36 | Cosaint | 1,909 |
| 20 | An Garda Síochána | 1,201 |
| 7 | Oifig an Aire Airgeadais | 1,027 |
| 28 | Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | 253 |
| | **Iomlán** | **813,470** |

Foinse: Cuntais Leithreasa 2018

Nótaí:
a Áirítear costas iomlán na seirbhísí gaolmhara i Vóta 12 ach ní sholáthraítear ráiteas faoin gcostas oibriúcháin i Vóta 12.
b Ní vóta é Príomh-Chiste an Státchiste. Áirítear i measc na seirbhísí a íocadh astu ón bPríomh-Chiste tuarastail agus pinsin breithiúna, airí, etc.

## Polasaithe cuntasaíochta do chostais seirbhíse gaolmhaire

**5.6** Ullmhaítear cuntais leithreasa de réir na reachtaíochta agus na rialacha agus nósanna imeachta cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.[1] Eisíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (an Roinn) ciorclán bliantúil (ag deireadh mhí na Nollag de ghnáth) ina leagtar amach na ceanglais le haghaidh na gcuntas leithreasa don bhliain sin.

**5.7** Sonraítear sa treoir is déanaí go mbíonn gach oifigeach cuntasaíochta a ghlacann le seirbhísí gaolmhara freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn ar a bhfuil muirir ríofa agus a chinntiú go bhfuil sé/sí sásta leis an ríomh atá déanta ar an muirear ar a vóta féin. Ceanglaítear i gciorclán bliantúil na Roinne go nochtann vótaí costais seirbhíse gaolmhaire, ach ní shonraítear na boinn leithdháilte costais, mar gheall ar nádúr athraitheach na seirbhísí a sholáthraítear. Sonraítear sa treoir reatha gur cheart figiúirí iarbhír a úsáid áit ar féidir, seachas sa chás gur mó dochar ná sochar a bheadh mar thoradh ar an iarracht agus ar an gcostas a bheadh i gceist le córas casta costais.

1 Is í an reachtaíocht ábhartha *Exchequer and Audit Departments Act 1866* (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993).

**5.8** Déanann Vótaí costais seirbhíse gaolmhaire a leithdháileadh ag brath ar an tseirbhís atá á soláthar (féach ar Fíor 5.2). Mar shampla

- Taifeadann na Coimisinéirí Ioncaim (Vóta 9) costais le haghaidh seirbhísí a chuirtear ar fáil do dhaoine eile bunaithe ar an méid seo a leanas
  - costais iarbhír do phriontáil an ionaid sonraí
  - costais iarbhír móide sciar de chostais tuarastail a bhaineann le hionad priontála na gCoimisinéirí Ioncaim
  - measchostas (in aghaidh an raca) le haghaidh óstáil an ionaid sonraí, bunaithe ar phraghasanna an mhargidh le haghaidh seirbhísí cosúla atá á soláthar san earnáil phríobháideach.
- Úsáideann OOP (Vóta 13) costas iarbhír tabhaithe d’fhormhór na seirbhísí gaolmhara soláthartha ach úsáideann OOP an costas iarbhír tabhaithe móide na costais chionroinnte i ndáil le cothabháil maoine, oibreacha nua, agus athruithe agus breiseanna.[1]
- Cionroinneann an ONSC (Vóta 18) costais seirbhíse gaolmhaire ar vótaí eile bunaithe ar líon na n-íocaithe — áirítear i gcostais ONSC tuarastail agus pánna; taisteal agus cothabháil; costais oiliúna, forbartha agus theagmhasacha; agus costais oifige agus seirbhísí TF.[2]

**5.9** Cuirtear seirbhísí áirithe ar fáil saor in aisce do ranna agus d’oifigí, ach gan leithdháileadh de chostas seirbhíse gaolmhaire. Áirítear ann seirbhísí dlí curtha ar fáil ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, seirbhísí earcaíochta curtha ar fáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, agus iniúchtaí ar vótaí agus ar chistí rannacha déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**5.10** Ní vóta é an Príomh-Chiste ach cuirtear íocaíochtaí áirithe a dhéantar ón bPríomh-Chiste i láthair mar sheirbhísí gaolmhara faighte ag vótaí áirithe — mar shampla, nochtann RCO na Seirbhíse Cúirteanna €34 milliún le haghaidh tuarastail agus pinsin bhreithiúnacha (íocaíochtaí déanta i rith na bliana) mar sheirbhís ghaolmhar faighte. Muirearaítear luach iomlán íocaíochtaí seirbhíse gaolmhaire ón bPríomh-Chiste — €43 milliún — do na Cuntais Airgeadais.

1 Tá costas sheirbhís ghaolmhar cothabhála maoine OOP bunaithe ar chostas díreach seirbhísí cothabhála foirgnimh le haghaidh gach vóta móide leithdháileadh an chostais a bhaineann le pá agus taisteal do sheirbhísí fhoireann cothabhála foirgnimh OOP. Tá an leithdháileadh bunaithe ar chion costais soláthraithe agus seirbhísí le haghaidh gach vóta. Áirítear i gcostas gaolmhar oibreacha nua, athruithe agus breiseanna OOP, costais iarbhír agus costais chionroinnte don chlár caomhnaithe fuinnimh. I gcás na rann rannpháirteach, déantar an muirear a chionroinnt bunaithe ar neas-achar urláir an spáis oifige atá ag an roinn i bhfoirgneamh.

2 Is í an tseirbhís ghaolmhar a sholáthair an ONSC, seirbhís phróiseála phárolla na dtuarastal, párolla na bpinsean agus íocaíochtaí taistil agus cothabhála thar ceann 54 cliantchomhlacht. Chomh maith leis sin, soláthraíonn ONSC seirbhísí AD agus pinsean do 40 cliantchomhlacht ach muirearaíonn sé tobhach (ar a dtugtar Tobhach PeoplePoint) — in 2018, bhí fáltais tobhaigh cothrom le €4.5 milliún (taifeadta mar leithreas-i-gcabhair i Vóta 18).

**Fíor 5.2 Boinn leithdháilte an chostais seirbhíse gaolmhaire**

| Soláthraí seirbhíse | Cineál seirbhíse | Costais dhíreacha | Costais chionroinnte[a] | Measchostais | Forchostais[b] |
|---|---|---|---|---|---|
| Oifig na nOibreacha Poiblí | Foireann tí agus costais an Uachtaráin | ✓ | | | |
| | Ceannach suíomhanna agus foirgneamh | ✓ | | | |
| | Oibreacha, athruithe agus breiseanna nua | ✓ | ✓ | | |
| | Cothabháil maoine le haghaidh vótaí | ✓ | ✓ | | |
| | Cíosanna íoctha le haghaidh ranna | ✓ | | | |
| | Muirir seirbhísí agus fóntais íoctha le haghaidh ranna | ✓ | | | |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | Priontáil ionad sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim | ✓ | | | |
| | Ionad priontála na gCoimisinéirí Ioncaim | ✓ | ✓ | | |
| | Seirbhísí a bhaineann le hóstáil TF | | | ✓ | |
| Aoisliúntas agus Liúntais Scortha | Íocaíocht pinsean | ✓ | | | |
| An Príomh-Chiste | Íocaíocht tuarastal agus pinsean breithiúna, airí, srl. | ✓ | | | |
| Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | Oifig an Aire Airgeadais | ✓ | | | |
| | An tÚdarás Póilíneachta | ✓ | | | |
| | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | ✓ | | | |
| Oifig an Aire Airgeadais | Tacaíocht chuntasaíochta agus saoráide | ✓ | | | |
| | Bainistíocht saoráidí | ✓ | | | |
| | Cuntasaíocht | ✓ | | | |
| An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | Muirear párolla | | ✓ | | ✓ |
| Cosaint | Baill foirne lonnaithe i dTeaghlachas an Uachtaráin agus i Roinn an Taoisigh | ✓ | | | |
| | Arm-Phinsin | ✓ | ✓ | | ✓ |
| Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil | Speansais a bhaineann le taisteal an uachtaráin thar lear | | ✓ | | ✓ |
| Dlí agus Cirt agus Comhionannas | Costas an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais[c] | | ✓ | | |
| An Garda Síochána | Costas iompair an Gharda Síochána curtha ar fáil do vótaí eile | | ✓ | | |

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Is speansais iarbhír iad speansais chionroinnte nach furasta a shannadh do vóta sonrach ach atá cionroinnte ar bhonn tomhais a léiríonn úsáid na hacmhainne i gceist.
b Baineann forspeansais le vótaí soláthartha ag cur gné chionnroinnte dá bhforchostas san áireamh.
c Cionroinntear costas na seirbhísí comhroinnte airgeadais bunaithe ar líon na ranna a fhaigheann an tseirbhís. Tá an costas do rannóg na n-íocaíochtaí soláthróra bunaithe ar líon na sonrasc próiseáilte, coigeartaithe chun léargas a thabhairt ar an gcastacht bhreise a bhaineann le seirbhísí áirithe.

## Costas measta na sochar pinsin

**5.11** Caiteachas chistí an Vóta Aoisliúntais agus Liúntas Scortha (Vóta 12) ar

- phinsin, aoisliúntas, díobhálacha ceirde, agus liúntais agus aiscí breise eile do státseirbhísigh[1,2]
- pinsin, liúntais agus aiscí seachreachtúla dáfa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- táillí do lia-réiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí le haghaidh measúnachtaí a bhaineann le pinsean
- cúiteamh agus íocaíochtaí eile a bhaineann le díobhálacha pearsanta
- táillí an Údaráis Pinsean agus íocaíochtaí ilghnéitheacha.

**5.12** In 2018, bhí caiteachas an vóta aoisliúntais cothrom le €573 milliún. Tá modh ríofa an fhigiúir seo de réir na Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí trí úsáid a bhaint as cur chuige bunaithe ar airgead tirim. Bhí iomlán shuimeanna na seirbhísí gaolmhara a bhain le Vóta 12 taifeadta in 34 vóta eile in 2018 cothrom le €566, arb ionann é sin agus 99% den chaiteachas vóta.[3]

**5.13** Cé go bhfuil formhór íocaíochtaí aoisliúntais na seirbhíse gaolmhaire á dtaifeadadh sna vótaí ábhartha, tá eisceachtaí ann a bhaineann le

- fostaithe sibhialtacha ar scor de chuid an Gharda Síochána, a bhfuil na costais a bhaineann leo muirearaithe don Vóta Dlí agus Cirt agus Comhionannais, seachas do Vóta an Gharda Síochána
- ball foirne ar scor ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, áit a bhfuil an muirear do gach vóta mar an gcéanna mar go bhfuil na pinsin a bhaineann leis an dá oifig muirearaithe don ionad costais chéanna i Vóta 12.

**5.14** Tá na suimeanna airgid thirim atá muirearaithe do Vóta 12 maidir le pinsin, cnapshuimeanna, etc. sa bhliain, cionroinnte idir vótaí bunaithe ar shuíomh deiridh taifeadta seirbhíse gach pinsinéara. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh go mbeadh an caiteachas sannta do ranna agus d'oifigí 'nua' an-íseal. Chomh maith leis sin, ní gá go léireodh an cur chuige cionroinnte reatha tionchar athruithe suntasacha ar mhéid fhoireann oibre roinne. Mar thoradh air seo, bíonn dibhéirseacht shuntasach le tabhairt faoi deara in íocaíochtaí airgid thirim cionroinnte sa bhliain mar chéatadán den phárolla roinne/oifige (féach ar Fíor 5.3).

1 Déantar íocaíochtaí aoisliúntais do Ghardaí, múinteoirí, pearsanra an airm agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus pearsanra iar-Bhoird Sláinte ar bhonn reatha ó na vótaí ábhartha.

2 Tá cuntas leithreasa Thithe Choimisiún an Oireachtais san áireamh. Baineann íocaíochtaí le státseirbhísigh agus baill foirne lónadóireachta agus beáir atá ar scor. Nochtar costas na seirbhísí gaolmhara faighte i gcuntas Thithe Choimisiún an Oireachtais.

3 Baineann an difríocht €7 milliún le híocaíochtaí forchúitithe le vótaí le haghaidh caiteachas tabhaithe — mar shampla, íocann an vóta fostaithe cnapshuim ball foirne neamhbhunaithe agus déantar an chnapshuim a fháil ar ais ón Vóta Aoisliúntais agus Liúntas Scortha. Déantar suimeanna den sórt sin a chuntas mar leithreasaí-i-gcabhair.

**Fíor 5.3 Glanmhuirear seirbhísí gaolmhaora aoisliúntais mar chion den phárolla vóta — vótaí roghnaithe, 2018**




Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**5.15** Ní léirítear i gcionroinnt costas pinsin tabhaithe don bhliain cuntasaíocht chaighdeánach fabhraithe-bhunaithe do phinsin. Déantar iarracht i gcuntasaíocht chaighdeánach fabhraithe-bhunaithe do phinsin, léargas a thabhairt ar ghlanchostas reatha sochar scoir todhchaí tuillte ag baill foirne reatha sa bhliain chuntasaíochta. Go minic léirítear é seo mar chéatadán den tuarastal reatha inphinsin. Measann an Roinn i láthair na huaire go bhfuil costas pinsin na todhchaí cothrom le 27% do státseirbhísigh roimh 2013 agus 8% le haghaigh státseirbhísigh i ndiaidh 2013.[1] Trí arduithe caighdeánacha céatadáin a chur i bhfeidhm ar phá (nó pá inphinsin) chun críocha RCO, d'fhéadfaí meastachán níos úsáidí de chostas na seirbhísí poiblí reatha a chur ar fáil.

### *Caiteachas caipitil seirbhíse gaolmhaire*

**5.16** Tá an RCO deartha chun na hacmhainní iomlána úsáidte a thaispeáint trí na seirbhísí vóta a sholáthar sa bhliain chuntais — déantar leithreasaí-i-gcabhair faighte, athruithe ar chaipiteal oibre, costais chaipitil agus costais a bhaineann le tréimhsí a asbhaint chun glanchostas cláir a sholáthar.

**5.17** In 2018, sholáthair OOP luach €179 milliún de sheirbhísí gaolmhara agus

- bhain €127 milliún le caiteachas reatha
- bhain €52 milliún le caiteachas caipitil.

Ina RCO, asbhaineann OOP gach costas seirbhíse gaolmhaire reatha agus caipitil nuair a bhíonn a glanchostas cláir á ríomh.

**5.18** Soláthraíonn an Roinn miondealú ar chaiteachas seirbhíse gaolmhaire reatha agus caipitil OOP do gach oifigeach cuntasaíochta vóta (lena n-áirítear Tithe Choimisiún an Oireachtais).

**5.19** Nochtar i gcuntais leithreasa 2018 ar fad costas reatha OOP seirbhísí gaolmhara atá fógartha. É sin ráite, rinneadh cuntas go neamhleanúnach i gcuntais leithreasa 2018 ar chaiteachas caipitil OOP seirbhísí gaolmhara (féach ar Fíor 5.4)

- Áirítear in 12 chuntas costais chaipitil de €28 milliún ina nochtadh maidir le glanseirbhísí gaolmhara
- Ní áirítear in 12 cuntas costais chaipitil de €24 milliún ina nochtadh maidir le glanseirbhísí gaolmhara.

1 Tá na rátaí seo bunaithe ar rátaí lascaine agu méaduithe tuarastail toimhdithe. Léiríonn siad costas réamh-mheasta pinsean i ndiaidh ranníocaíochtaí fostaithe a asbhaint ach níl an asbhaint a bhaineann le pinsean (ABP) asbhainte. Tá toimhde ann chomh maith go bhfanann méaduithe pinsin nasctha le tuarastal an phoist a bhí ag an duine nuair a chuaigh sé/sí ar scor. Ceadaíonn Acht Scéim Pinsean Aonair, 2013 don Aire méaduithe pinsin a nascadh le boilsciú seachas sin.

**Fíor 5.4 Léiriú chostais seirbhíse gaolmhaire OOP in RCO 2018**




Foinse: Cuntais Leithreasa 2018

### *Seirbhísí gaolmhara soláthartha do chomhlachtaí neamhvóta*

**5.20** D'fhéadfadh go mbeadh roinnt comhlachtaí faoi choimirce roinne — comhlachtaí neamhvóta a thugtar orthu seo.[1] Ní shonraítear sa pholasaí cuntasaíochta atá curtha ar fáil ag an Roinn cibé ar cheart nó nár cheart an costas a bhaineann le seirbhísí gaolmhara soláthartha do chomhlacht faoi choimirce an vóta a áireamh in RCO an vóta sin — dá thoradh sin, tá cur i láthair na faisnéise seo neamhsheasmhach idir vótaí.

**5.21** Mar shampla, in 2018, sholáthair na Coimisinéirí Ioncaim €1.2 milliún i seirbhísí gaolmhara do chomhlachtaí neamhvótáilte san earnáil phoiblí lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, Tithe an Oireachtais, agus an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha. Níor asbhaineadh costas na seirbhísí gaolmhara soláthartha do na comhlachtaí seo san RCO — dá bharr sin, tá na costais seo fós san áireamh ina ghlanchostas cláir.[2] Áirítear ann, áfach, nóta tábla ina nochtar luach na seirbhísí gaolmhara a cuireadh ar fáil do chomhlachtaí neamhvótáilte.

**5.22** Cuireann roinnt rann costas fógartha na seirbhísí gaolmhara a chuirtear ar fáil do chomhlachtaí faoina gcoimirce san áireamh faoina gcostas vóta féin. Mar shampla, áiríonn an Roinn Oideachais agus Scileanna costas na seirbhísí gaolmhara a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil do chomhlachtaí faoin coimirce mar chostas de na seirbhísí gaolmhara a cuireadh ar fáil don Roinn.

## Costmheastacháin seirbhísí gaolmhara a chur in iúl

**5.23** Tiomsaíonn agus dáileann an Roinn achoimre ar na glanchostais seirbhíse gaolmhaire do gach vóta gach bliain.

**5.24** I láthair na huaire, áfach, níl aon cheanglas foirmiúil ann go mbeadh ráiteas ar an mbonn leithdháilte costais nó miondealú ar na costais iarbhír á chur ar fáil ag soláthraí seirbhísí d'oifigeach cuntasaíochta de chuid faighteora seirbhíse (e.g. gach muirear nó achoimre ar mhuirir).

1 Nochtann ranna na comhlachtaí faoina gcoimirce i nótaí leis na cuntais leithreasa. Mar shampla, nochtann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais naoi gcomhlacht faoina coimirce in aguisín leis an gcuntas.

2 Shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil an cur chuige thuas ag teacht leis an treoir faighte ón Roinn i Márta 2014.

## Conlúidí agus moltaí

**5.25** Is é an aidhm atá leis an ráiteas faoin gcostas oibriúcháin i gcuntais leithreasa an glanchostas cláir a nochtadh don vóta sa bhliain chuntasaíochta. Déantar cuntas ar chostas na seirbhísí soláthartha nó faighte ó vótaí eile saor in aisce i nglanfhigiúr na seirbhísí gaolmhara, a chuirtear san áireamh i nglanchostas tuairiscithe an chláir.

**5.26** Ní sholáthraítear sainmhíniú soiléir ar ghlanseirbhís ghaolmhar sa pholasaí cuntasaíochta le haghaidh seirbhísí gaolmhara agus sa treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe rud is cúis le cur chuige neamhsheasmhach maidir leis na costais seo. Dá thoradh sin,

- níl costas na seirbhísí gaolmhara soláthartha agus faighte iomlán
- tá an cur chuige maidir le seirbhísí gaolmhara soláthartha do, agus faighte, ó chomhlachtaí neamhvóta neamhsheasmhach
- tá an cur chuige maidir le seirbhísí gaolmhara caipitil faighte neamhsheasmhach
- níl cur chuige ceart an mháthairvóta maidir le costas na seirbhísí gaolmhara atá le soláthar do chomhlachtaí neamhvóta faoina choimirce soiléir.

### Moladh 5.1

Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí agus treoir chuntasaíochta eisithe do vótaí i ndáil le seirbhísí gaolmhara a athbhreithniú chun treoracha soiléire a sholáthar maidir leis an gcur chuige le haghaidh costais seirbhíse gaolmhaire, lena n-áirítear conas ba cheart do ranna déileáil le soláthar seirbhíse gaolmhaire do chomhlachtaí neamhvóta, comhlachtaí faoi choimirce máthairvóta agus caiteachas caipitil.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Déanfaidh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar an bpolasaí cuntasaíochta agus treoir eisithe do vótaí maidir le seirbhísí gaolmhara. Cuirfear tús leis an bpróiseas seo in 2019, agus tabharfar isteach é mar chuid d'fheidhmiúchán céimnithe na n-athchóirithe tuairiscithe airgeadais atá molta ag an OECD thar na tréimhsí tuairiscithe airgeadais idir 2019 agus 2021.

**5.27** I láthair na huaire, is teoranta an anailís atá déanta ar thomhas costais agus boinn leithdháilte atá in úsáid ag vótaí chun an costas seirbhíse gaolmhaire a ríomh.

### Moladh 5.2

Ba cheart don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe treoir a thabhairt maidir le boinn oiriúnacha tomhais chun costais seirbhíse gaolmhaire a leithdháileadh, agus tús a chur le próiseas athbhreithnithe ar an modheolaíocht agus ar an gcaiteachas atá leithdháilte ar chomhlachtaí eile mar sheirbhís ghaolmhar.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Scrúdófar an moladh seo mar chuid d'fheidhmiúchán céimnithe na n-athchóirithe tuairiscithe airgeadais atá molta ag an OECD. Cuirfear tús leis an bpróiseas seo in 2020 agus tabharfar isteach é mar chuid d'fheidhmiúchán céimnithe na n-athchóirithe tuairiscithe airgeadais atá molta ag an OECD thar na tréimhsí tuairiscithe airgeadais idir 2019 agus 2021.

# 6 Caiteachas faoi chonradh cothabhála

**6.1** Tá punann náisiúnta ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) ina bhfuil breis agus 2,300 foirgneamh a bhfuil thart ar 600 díobh i réigiún Bhaile Átha Cliath. Bíonn ranna agus oifigí eile rialtais in go leor de na foirgnimh, agus cuireann OOP seirbhísí cothabhála foirgneamh ar fáil dóibh, chomh maith. Cuirtear an tseirbhís chothabhála ar fáil trí

- lucht saothair díreach intí OOP (an tSeirbhís Chothabhála Foirgneamh), ar fhoirgnimh oidhreachta agus
- conradh le conraitheoir príobháideach ar a dtugtar an conradh cothabhála téarma thomhaiste, ar fhoirgnimh eile.

**6.2** Measann OOP gurbh ionann cothabháil agus caiteachas caipitiúil ar réadmhaoin i gcaitheamh na tréimhse ceithre bliana ó 2015 go 2018 agus thart ar €760 milliún.

**6.3** Le haghaidh clár oibreacha a bhí an conradh cothabhála téarma thomhaiste a bronnadh ar an gconraitheoir, ina raibh cothabháil,[1] agus mionoibreacha tógála[2] nach mó ná €500,000 ar luach (gan CBL a áireamh). Déantar measúnú ar chostais ar orduithe oibre aonair ar bhunús sceideal rátaí a cuireadh amach ar tairiscint. Cuimsítear sa chonradh oibreacha cothabhála práinneacha agus pleanáilte araon a shainaithnítear ó ghnáthchigireachtaí agus gnáthshuirbhéanna ar fhoirgnimh, agus gnáthéilimh laethúla.

**6.4** Ceapadh sealbhóir reatha an chonartha cothabhála an chéad uair in 2010. I ndiaidh atairisceana i nDeireadh Fómhair 2014, bronnadh conradh íosta trí bliana ar an gconraitheoir ina ndéantar soláthar do shíneadh bliana a chur leis, a rinneadh a chleachtadh. Luaitear sa chonradh[3] go raibh coinne ag OOP leis gurbh ionann a bheadh neasluach an chonartha agus €9 milliún gan CBL a áireamh i gcaitheamh trí bliana — arbh ionann sin agus meán bliantúil €3 milliún. Faoi mar a léirítear i bhFíor 6.1, sháraigh luach iomlán na hoibre a rinneadh i gcaitheamh thréimhse ceithre bliana an chonartha go mór an meastachán, arb ionann é agus €39.4 milliún, ar an iomlán — is ionann sin agus meán beagán faoi bhun €10 milliún sa bhliain.

**Fíor 6.1 Caiteachas bliantúil i gcomparáid le luach conartha ó 2015 go 2018**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Nóta: Tabhaíodh caiteachas €48,000 sna 11 sheachtain ó D.F. go Nol 2014.

1 Áirítear le cothabháil creatlach foirgnimh nó a thimpeallacht oibre a chaomhnú agus meastar gurb ionann é agus an obair a theastaíonn chun earra a choimeád ann, nó chun é a athchóiriú chun go mbíonn bail inghlactha oibre air agus a chuimsíonn earra reatha a dheisiú nó a athsholáthar ar bhonn iontamhla.

2 Is éard is mionoibreacha ann saoráidí reatha a fheabhsú, a athrú agus a nuachóiriú.

3 Clásal 3.1

**6.5** Sainaithníodh sa scrúdú seo sé thionscadal ar tugadh fúthu faoin gconradh ag a raibh comhchaiteachas €7.4 milliún agus ina raibh luach na hoibre a rinneadh idir €600,000 agus €2.5 milliún. Sháraigh iad seo an teorainn €500,000 go mór i dtaobh mionoibreacha tógála aonair.

**6.6** Luaigh OOP gur eisigh sé breis agus 13,000 ordú faoin gconradh.

## Monatóireacht ar chonarthaí

**6.7** Luaitear i dtreoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais (an OSR) gur cheart don údarás conraitheoireachta bainistíocht agus monatóireacht ghníomhach agus éifeachtach a dhéanamh ar chonradh soláthair. Baineann bunriachtanas le baint ghníomhach a bheith ag bainistíocht an chonartha chun luach ar airgead a uasmhéadú.

**6.8** D'fhostaigh OOP gnóthas suirbhéirí cainníochta mar riarthóir conartha a bhfuil sainchúram acu chun athbhreithniú a dhéanamh ar éilimh a rinneadh faoin gconradh cothabhála. Luadh go ndearna an riarthóir conartha an méid seo a leanas

- cuairteanna suímh tugtha le cruinneas tomhas agus luach oibreacha a chinntiú — chuir an riarthóir na cuairteanna seo i dtaifead i dtuarascálacha míosúla faoi phríomhtháscairí feidhmíochta (PTF)
- rinne sé/sí monatóireacht ar amanna freagartha an chonraitheora lena chinntiú gur soláthraíodh an tseirbhís laistigh d'amfhrámaí comhaontaithe, agus go ndearna sé/sí tuairisciú air go ráithiúil
- rinne sé/sí athbhreithniú ar na hoibreacha cothabhála réadmhaoine a rinne an conraitheoir cothabhála gach mí agus rinne sé/sí comhaontú ar an liosta earraí agus ar luach na n-oibreacha atá le híoc leis an gconraitheoir.

**6.9** Luaigh OOP go ndearna sé athbhreithniú ar thuarascálacha PTF ag cruinnithe míosúla leis an gconraitheoir cothabhála agus an riarthóir. Rinneadh monatóireacht ar chaiteachas do thionscadail níos mó a soláthraíodh tríd an gconradh ar bhonn tionscadal ar thionscadal.

**6.10** Níor cuireadh aon tuarascálacha tréimhsiúla le chéile inar cuireadh caiteachas iarbhír ar an gconradh cothabhála i gcomparáid leis an gcaiteachas ionchasach €9 milliún. Luaigh OOP go ndearnadh monatóireacht ar an gcaiteachas ag na cruinnithe míosúla agus cé go raibh sé feasach ar an leibhéal méadaithe d'úsáid seirbhíse agus de chaitheamh ar sheirbhís faoin gconradh cothabhála, ceapadh gur sholáthair an úsáid a baineadh as an gconradh, faoi na cúinsí ar leith, an luach is fearr ar airgead. Aithníonn OOP go bhféadfaí próisis a fheabhsú i dtaobh an méid oibre a mheas i gcaitheamh an fhadtéarma, seachas ar bhonn bliantúil.

**6.11** Luaigh OOP, chomh maith, nach raibh aon deighilt leithdháilte idir saghas na ngníomhaíochtaí oibre faoinar tugadh ar an gconradh e.g. cothabháil réamhphleanáilte choisctheach, oibreacha caipitil nua, tionscadail chaomhnaithe agus gnáthchothabháil laethúil. Luaigh sé go ndearnadh an obair a rinneadh tríd an gconradh go príomha le haghaidh gnáthchothabháil fhrithghníomhach agus cistíodh é ó bhuiséad chothabhála réadmhaoine. Cistíodh mionoibreacha caipitil ó bhuiséid chaipitil faoina chláir éagsúla chaipitil.

**6.12** Luaigh OOP go ndéanann sealbhóirí buiséid monatóireacht dhlúth ar chaiteachas conartha i gcomhairle lena gcomhghleacaithe sna réigiúin eile agus in aonaid soláthair trí úsáid a bhaint as tuarascálacha míosúla luachála. Freastalaíonn sealbhóirí buiséid ar chruinnithe míosúla buiséadacha ar a ndéanann Coimisinéir OOP cathaoirleacht. Déantar monatóireacht, chomh maith, ar chaiteachas ar chonradh cothabhála ag cruinnithe míosúla agus cruinnithe réigiúnacha Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Bhaile Átha Cliath Theas a thionóltar gach coicís.

## Conradh nua cothabhála

**6.13** Ceanglaítear faoin reachtaíocht[1] ar OOP, agus conradh á fhógairt,chun luach measta an chonartha a fhoilsiú. Luaitear i dtreoirlínte an OSR a eisítear do chomhlachtaí poiblí gur cheart go mbeadh meastachán réalaíoch ar an luach iomlán atá á sholáthar i gceist leis an meastachán ar luach an chonartha, aon síntí a chuirtear leis an gconradh ina measc a cheadaítear agus aon roghanna eile.

**6.14** Cuireadh tús leis an gconradh cothabhála a chur amach ar tairiscint arís i Nollaig 2017 trí úsáid a bhaint as próiseas tairisceana srianta dhá chéim. Ag an tráth sin, b’ionann an leibhéal caithimh agus thart ar €9 milliún sa bhliain.

**6.15** De réir an mheastacháin a rinneadh san fhógra a foilsíodh a eisíodh i Nollaig 2017, b’ionann luach iomlán an chonartha nua agus €15 milliún (gan CBL a áireamh) d’fhad trí bliana, i.e. €5 milliún sa bliain, ar an meán. Ní raibh ach gnóthais a raibh láimhdeachas acu ó ghníomhaíochtaí tógála, cothabhála agus mionoibreacha arb ionann iad agus cothrom le nó níos mó ná €7.5 milliún i ngach ceann de na trí bliana roimhe sin, incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

**6.16** Nuair a bhí meastachán á dhéanamh ar luach an chonartha nua, luaigh OOP gur theastaigh méadú substainteach ar luach ionchasach bunaithe ar an úsáid a bhain sé as an gconradh cothabhála i rith na gceithre bliana roimhe sin. Luaigh sé gur glacadh le straitéis nua a chuir san áireamh gur aithin an Rialtas go bhfuil an earnáil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) an-tábhachtach maidir leis an ngeilleagar agus gur féidir le soláthar poiblí a bheith ina fhoinse thábhachtach ghnó do FBManna. Anuas ar an luach conartha a bhfuil súil leis a mhéadú, rinne OOP an cinneadh chun na féidearthachtaí a fhiosrú a bhaineann le próisis soláthair eile a chur i bhfeidhm chun mionobair agus obair chaipitil a sholáthar i réigiún Bhaile Átha Cliath. Beartaíodh go laghdódh an straitéis seo na héilimh ar an gconraitheoir cothabhála agus chun deis a sholáthar don earnáil FBM chun tairiscint a chur amach do chonarthaí níos lú. Tá an cur chuige seo ar aon dul le beartas AE chun rannpháirtíocht FBM a mhéadú i soláthar poiblí.

**6.17** Ní bhfuarthas ach dhá léiriú spéise faoin dáta deiridh an 26 Márta 2018. I ndiaidh meastóireacht mhionsonraithe a dhéanamh ar na haighneachtaí, dheimhnigh OOP gur theip ar dhuine de na hiarratasóirí maidir le dhá cheann de na hocht gcritéar meastóireachta — níor baineadh tairseach láimhdeachais amach agus níor cuireadh deimhniú árachais slánaíochta gairmiúil ar fáil.

**6.18** I ndiaidh na meastóireachta deiridh, bhronn OOP conradh nua trí bliana ar an gconraitheoir reatha ag tosú i nDeireadh Fómhair 2018. Foráiltear sa chonradh nua gurbh ionann a bheadh luach uasta aon ordaithe amháin faoin gconradh agus €750,000, nó €1 milliún d’oibreacha caomhnaithe.

1 Bhí feidhm ag IR 329/2006 *Conarthaí Údaráis Phoiblí a Bhronnadh* go dtí Aibreán 2016 nuair a rinne IR 284/2016 é a nuashonrú.

## Tuairim an Oifigigh Chuntasaíochta

**6.19** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur bhain eagraíochtaí ar nós OOP leas as saothar díreach chun tabhairt faoi chothabháil agus mionobair chaipitil go traidisiúnta. Bhain buntáiste leis seo mar gheall go raibh smacht díreach aige agus go raibh solúbthacht i gcur i bhfeidhm acmhainní chun na dúshláin i dtosaíochtaí a bhaint. Ba dheacair, áfach, chun lucht saothair ina raibh os cionn 250 duine a choimeád in OOP, áfach, agus chruthaigh sé rioscaí agus neamhéifeachtúlacht, a bhí deacair a dhíbirt go hiomlán. Ba é an dúshlán a bhí roimh OOP chun tabhairt faoin obair seo le conradh a bhí solúbtha agus oiriúnaitheach.

**6.20** Luaigh sé go gcuireann OOP seirbhís chomhroinnte ar fáil do ranna agus oifigí rialtais eile trí a úsáid a bhaint as roinnt roghanna soláthair, an conradh cothabhála a úsáid ina measc siúd. Measadh gur chleachtas cost-éifeachtúil a bhí sa chonradh seo, a chuir luach ar airgead ar fáil.

**6.21** Luaigh sé go gcoimeádtar trédhearcacht agus rialú costais ar fáil trí 'sceideal rátaí' atá i gcroílár an chonartha cothabhála. Cuimsítear sa sceideal seo 3,000 earra tógála i gcáipéis 250 leathanach agus úsáidtear é mar an bpointe tagartha do OOP, a riarthóir conartha, agus an conraitheoir cothabhála nuair a bhíonn tascanna aonair á bpraghsáil ina gcuimsítear thart ar 300 foirgneamh rialtais atá faoi úinéireacht/á léasú.

**6.22** Luaigh sé nach ionann an conradh cothabhála, go ginearálta, agus conarthaí eile sa mhéid gur meastachán táscach ar na seirbhísí atá le cur ar fáil atá i luach foriomlán an chonartha a luaitear. Luaitear ina théarmaí gur neasluach é luach na hoibre atá le déanamh faoin gconradh, agus nár cuireadh san áireamh é ach ar mhaithe le cuspóirí eolais amháin. Luaitear ann, chomh maith, nach nglacann OOP le haon dliteanas murab ionann luach iarbhír na hoibre a ordaítear agus an luach íosta nó uasta a luaitear. Chuir conradh 2014 neasluach conartha ar fáil bunaithe ar eolas stairiúil.

**6.23** Luaigh an tOifigeach Cuntasaíochta gur bheartaigh OOP i gcónaí chun luach ar airgead a fháil don Stát agus freagairt i gcomhthráth go tapa do chásanna práinneacha. D'aithin OOP an t-éileamh méadaitheach ar thionscadail atá le soláthar trí úsáid a bhaint as an gconradh cothabhála agus lorgaíonn sé chun samhlacha soláthair eile a fhorbairt do thionscadail tógála phráinneacha agus níos mó. Ní raibh an rath ar roinnt de na smaointe luatha ar baineadh triail astu ag oibriú leis an OSR, ar an drochuair. Tá OOP sásta, áfach, go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh aige agus go bhfuil grúpa foirne taithíoch fostaithe ag oibriú maidir leis an gceist seo. Ta roinnt tionscadal beo ar bun anois, an méid seo a leanas ina measc

- an creatchonradh a fheistiú agus a athchóiriú — tá an tairiscint le cur amach go luath agus ba cheart go mbeadh creatchonradh i bhfeidhm faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019
- creatchonradh a dhearadh/a thógáil — tá acmhainní breise seachtracha á soláthar chun an tairiscint a ullmhú agus ba cheart go mbeadh an creatchonradh i bhfeidhm faoi lár na bliana 2020
- athbhreithniú ar an gconradh cothabhála reatha, ag glacadh go príomha leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó phróiseas soláthair 2018 a chur i bhfeidhm, scála agus castacht mhéadaitheach an phróisis d'fhortháirgeoirí ionchasacha, agus súil a chaitheamh ar mheicníochtaí malartacha — tá sé bunriachtanach go n-éascóidh na samhlacha a roghnaítear próiseas iomaíoch d'aon chonradh nua.

## Conclúidí agus moltaí

**6.24** Fostaíonn OOP conraitheoir san earnáil phríobháideach chun seirbhísí cothabhála a sholáthar agus chun tabhairt faoi mhionoibreacha caipitil ar chuid dá phunann i mBaile Átha Cliath.

**6.25** Thart ar €3 milliún sa bhliain a bheadh i gceist le caiteachas ionchasach an chonartha. B'ionann na caiteachas iomlán a tabhaíodh faoin gconradh agus €39.4 milliún don tréimhse 2015 – 2018, arb ionann sin agus €10 milliún sa bliain, ar an meán.

**6.26** Tá próisis i bhfeidhm in OOP chun monatóireacht a dhéanamh ar oibreacha a rinneadh faoin gconradh ach ní raibh léargas mionsonraithe aige ar leibhéal agus saghsanna éagsúla na gníomhaíochta faoinar tugadh faoin gconradh, lenar áiríodh cothabháil choisctheach réamhphleanáilte, oibreacha caipitil nua, tionscadail chaomhnaithe agus gnáthchothabháil choisctheach, oibreacha caipitil nua, tionscadail chaomhnaithe agus gnáthchothabháil laethúil fhrithghníomhach. Gné thábhachtach é seo de mhonatóireacht conartha, a chuireann ar chumas OOP chun measúnú a dhéanamh ar bhrúnna costais na ngníomhaíochtaí agus na n-oibreacha éagsúla atá á gcoimisiúnú faoin gconradh.

**6.27** Leagadh amach i gconradh cothabhála 2014, chomh maith, luach uasta €500,000 d'aon ordú amháin a coimisiúnaíodh faoi. Sainaithníodh sa scrúdú roinnt cásanna inar sáraíodh an tairseach seo.

**Moladh 6.1**

Lena chinntiú go ndéantar monatóireacht thráthúil ar na costais a thagann chun cinn faoin gconradh, ba cheart do OOP comparáidí tréimhsiúla a ullmhú faoi chaiteachas an chonartha agus an luach measta, a dhéantar a dheighilt idir na gníomhaíochtaí éagsúla faoinar tugadh.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tugann OOP faoina nósanna imeachta inmheánacha a chuíchóiriú lena chinntiú go bhfuil comparáid á déanamh idir na meastacháin chonartha agus caiteachas conartha, a dhéantar a dheighilt idir na gníomhaíochtaí éagsúla faoinar tugadh.

**6.28** Iarrtar le treoirlínte soláthair phoiblí ar an údarás conraitheoireachta chun meastachán réalaíoch a dhéanamh ar luach na gconarthaí a fhógraítear agus a bhronntar. D'fhéadfadh eolas ar luach conartha cruinn a fhoilsiú roimh ré cabhrú le gnóthais chun breithniú a dhéanamh ar cé acu chun nó gan tairiscint a dhéanamh do chonarthaí poiblí.

**6.29** Cuireadh tús leis an gconradh cothabhála a chur amach ar tairiscint arís i Nollaig 2017. Fógraíodh gurbh ionann luach iomlán an chonartha agus €15 milliún (gan CBL a áireamh) do thréimhse trí bliana, i.e. €5 milliún sa bhliain, fiú cé gurbh ionann an leibhéal caithimh ag an tráth sin agus thart ar €9 milliún sa bliain.

**6.30** Ní dhearna ach dhá ghnóthas iarratas faoin bpróiseas soláthair. Measann OOP nár chuir an luach an chonartha a sonraíodh maidir leis an gconradh téarma thomhaiste leis an leibhéal íseal spéise i measc tairgeoirí.

**Moladh 6.2**

Ba cheart do OOP athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis atá i bhfeidhm aige chun luachanna conartha a mheas agus an riachtanas soláthair phoiblí á chur san áireamh atá le meastachán cruinn a dhéanamh ar luach an chonartha.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

Tugann OOP faoina chinntiú go bhfoilsítear na meastacháin is cruinne i dtaobh luachanna conartha ag céim na tairisceana. Sholáthair OOP an meastachán ab fhearr a bhí ar fáil ar an tairiscint ag an tráth sin bunaithe ar thoimhdí áirithe. Aithníonn sé, nuair a dhéantar meastachán i dtaobh úsáid agus caithimh amach anseo ar an gconradh téarma thomhaiste, gur cheart próisis fheabhsaithe a chur i bhfeidhm agus chuir sé tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar a straitéis soláthair.

# 7 Suíomhanna a cheannach le scoileanna a sholáthar

**7.1** Luaitear i Ráiteas Straitéise 2019 – 2021 na Roinne Oideachais agus Scileanna (an Roinn) go dteastóidh clár suntasach caiteachais chaipitil thar thréimhse na straitéise mar gheall ar líon méadaithe na scoláirí sa chóras oideachais. I bhformhór na gcásanna, caithfear mar gheall air sin talamh atá oiriúnach le haghaidh foirgneamh scoile a shainaithint agus a cheannach freisin. Le linn di suíomhanna a aimsiú, measann an Roinn raon paraiméadar mar atá leagtha amach i Fíor 7.1.

**Fíor 7.1 Paraiméadair na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le suíomhanna a cheannach**

| | |
|---|---|
| **Treoirlínte maidir le méid na suíomhanna** | Le haghaidh bunscoil nua – idir 1.75 acra (0.71 heicteár) agus 5.47 acra (2.2 heicteár).<br>Le haghaidh iarbhunscoileanna – idir 7.74 acra (3.13 heicteár) agus 11.3 acra (4.57 heicteár).<br>(Leagtar amach in Iarscríbhinn 7A na Treoirlínte a úsáideann an Roinn). |
| **Measúnú teicniúil ar an suíomh** | Measúnú ar chriosú suíomhanna *inter alia* agus saincheisteanna pleanála a d'fhéadfadh a bheith ann, rochtain d'fheithiclí agus do choisithe, agus an suíomh agus leorgacht na bhfóntas agus na seirbhísí. |
| **Inseachadtacht an tsuímh (agus na scoile)** | Breithnítear an dóchúlacht go gceannófaí suíomh laistigh de sprioc dhá bhliain mar aon le seachadadh na scoile féin de réir na dtréimhsí ama is gá laistigh den chlár tógála scoileanna. |
| **Costas** | Measúnú ar cibé an bhfuil costas ceannaigh an tsuímh ar aon dul le luachanna reatha an mhargaidh, ag teacht le costais mhaolaitheacha a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí, agus cibé an gcosnaítear leas an Stáit. |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

**7.2** Tá Aonad Pleanála agus Tógála na Roinne freagrach as, i measc rudaí eile, an gá atá le cóiríocht scoile a aithint agus tosaíocht a thabhairt do leithdháileadh acmhainní. Déanann na rannáin seo a leanas laistigh den Aonad bainistiú ar an bpróiseas sin.

- Tá an Rannán um Phleanáil Chun Cinn freagrach as an éileamh foriomlán ar an soláthar nua scoile a réamh-mheas.
- A luaithe is a bhíonn an t-éileamh foriomlán réamh-mheasta, déanann Rannán um Bhreithmheas Caipitil na Scoileanna anailís ar scoileanna reatha, le deimhniú cibé an féidir freastal ar an éileamh le hacmhainn reatha na scoileanna reatha, nó trí shíneadh a chur leo.
- I gcás ina dteastaíonn scoileanna nua, beidh sé de chúram ar an Rannán um Cheannach Suíomhanna agus Bainistiú Réadmhaoine na suíomhanna atá oiriúnach le haghaidh na cóiríochta scoile atá ag teastáil a aithint agus a cheannach.

**7.3** Aithníonn an Roinn suíomhanna oiriúnacha le haghaidh cóiríochta scoile ar roinnt bealaí, lena n-áirítear athbhreithniú ar shuíomhanna atá ag an Roinn nó ag an Stát cheana féin, trí údaráis áitiúla, nó trí sheirbhís ghairmiúil um cheannach agus bainistiú suíomhanna ón earnáil phríobháideach a úsáid (úsáidte ó dheireadh 2016).

**7.4** Ceannaíonn an Roinn suíomhanna trí chaibidlíochtaí díreacha leis an díoltóir, trí chaibidlíocht tríd an tseirbhís ghairmiúil um cheannach agus bainistiú suíomhanna, nó trí údaráis áitiúla lenar aontaigh an Roinn meabhrán tuisceana in 2012.[1]

**7.5** Tá roinnt dúshlán ag baint le talamh oiriúnach a cheannach i mBaile Átha Cliath, ina measc

- na limistéir i mBaile Átha Cliath atá ag fás go tapa áit a bhfuil talamh an-daor cheana féin, agus
- an méadú ar an éileamh i mbruachbhailte comaitéireachta i mórcheantar Bhaile Átha Cliath a meastar go mbeidh fás fadtéarmach ar an daonra iontu, rud a chiallóidh go dteastóidh scoileanna nua sna ceantair sin.

**7.6** Déantar imscrúdú sa tuarascáil seo ar thrí shuíomh mhóra a ceannaíodh i mBaile Átha Cliath idir 2016 agus 2018 chun fáil amach cibé an raibh cás gnó dea-shainithe i bhfeidhm agus conas a chinntigh an Roinn gur baineadh luach ar airgead amach maidir leis an bpraghas ceannaigh a íocadh. Is iad na suíomhanna

- Roslyn Park i nDumhach Thrá – a ceannaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2016 ar €20.5 milliún
- an suíomh ina raibh an staidiam cú roimhe seo ag Crois Araild – a ceannaíodh i mí na Bealtaine 2018 ar chostas €23 milliún, agus
- Foirgnimh Shráid Chathail Bhrugha agus Shráid Mhaoilbhríde – a ceannaíodh i mí na Nollag 2018 ar chostas €24.06 milliún.

## Suíomhanna a ceannaíodh 2014 go dtí 2018

**7.7** Cheannaigh an Roinn 65 suíomh chun cóiríocht scoile a sholáthar i rith na tréimhse ó 2014 go dtí 2018. Fíor 7.2 ar na suíomhanna sin agus na costais ghaolmhara.

**7.8** I mí an Mhárta 2019, tá an tógáil tosaithe nó curtha i gcrích maidir le 35 suíomh. (54%). Ina theannta sin, tá 14 shuíomh (22%) eile ag an gcéim deartha agus fágadh cúig shuíomh (8%) ag Bord Oideachais agus Oiliúna nó ag an nGníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta le forbairt.[2]

**Fíor 7.2 Suíomhanna a ceannaíodh 2014 go dtí 2018**

| Modh | Líon | Acraí | Costas €m |
|---|---|---|---|
| Tabhartais/aistrithe[a] | 7 | 32 | — |
| Ceannacháin – táille ainmniúil | 5 | 11 | — |
| Ceannacháin an mhargaidh | 53 | 294 | 134.7 |
| **Iomlán** | **65** | **337** | **134.7** |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna
Nóta: a Tríd an mBord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe.

1 Tá na príomhghnéithe den mheamram a comhaontaíodh le húdaráis áitiúla leagtha amach in Iarscríbhinn 7B.

2 Seachadann na comhlachtaí lena mbaineann na tionscadail don Roinn faoi chomhaontuithe seirbhíse.

**7.9** As an 65 suíomh a ceannaíodh i rith na tréimhse, ceannaíodh 24 suíomh i gceantar Bhaile Átha Cliath. Bhí costas iomlán na gceannachán díreach seo os cionn €120 milliún (89% de chostas iomlán na gceannachán go léir).

## Cás gnó chun suíomhanna a cheannach i ndeisceart chathair Bhaile Átha Cliath

**7.10** D'fhonn pleanáil le haghaidh áiteanna scoile, miondealaítear an Stát ina 314 limistéar pleanála scoile. I ngach limistéar, réamh-mheastar an t-éileamh ar áiteanna scoile ar leibhéal bunscoile agus iarbhunscoile.

**7.11** Tugtar an méid seo a leanas faoi deara maidir le héileamh atá ag teacht chun cinn

- D'aithin an Roinn limistéar pleanála scoile 2/4 Bhaile Átha Cliath mar limistéar ina raibh fás daonra suntasach ag teacht chun cinn agus bhí éileamh ar bhunscoil ag teacht chun cinn ina dhiaidh sin. D'fhéadfaí freastal ar roinnt den éileamh réamh-mheasta trí shíneadh a chur ar scoileanna sainchreidmheacha reatha. Measadh go raibh bunscoil nua ag teastáil chun freastal ar an éileamh a bhí fágtha. Tar éis próisis roghnúcháin phátrúnachta,[1] osclaíodh Bunscoil Foghlaim le Chéile Phort na Sliogán i mí Mheán Fómhair 2014 i gcóiríocht shealadach ar Bhóthar Chúirt Shíomoin, Baile Átha Cliath 4.
- I lár na bliana 2017, rinne Rannán um Phleanáil Chun Cinn na Roinne réamh-mheastachán go dteastódh 5,000 áit bhreise faoin mbliain 2028 ar leibhéal iarbhunscoile trasna cheantar Bhaile Átha Cliath 6 agus na gceantar pleanála scoile in aice láimhe (Baile Átha Cliath 2/4, Baile Átha Cliath 6W, Baile Átha Cliath 8 agus Baile Átha Cliath 12).

**7.12** Thug an Roinn ar aird go dteastódh roinnt suíomhanna don chóiríocht le haghaidh scoileanna nua i ndeisceart chathair Bhaile Átha Cliath i limistéar inarbh eol go raibh teorainn leis an méid talún a bhí ar fáil.

**7.13** Thosaigh an Roinn a cuid iarrachtaí ar shuíomhanna oiriúnacha a aimsiú le haghaidh bunscoileanna agus iarbhunscoileanna i limistéar dheisceart chathair Bhaile Átha Cliath in 2012. Ní raibh an Clár Réadmhaoine Ion-Stáit[2] ann ag an am. Chuaigh an Roinn i gcomhairle le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar aon dul leis na socruithe a bhí i bhfeidhm maidir le ceannach suíomhanna scoile, le deimhniú cibé an raibh aon réadmhaoin oiriúnach ann a shásódh riachtanais na Roinne.

**7.14** Ag deireadh 2015, tar éis athbhreithniú ar an éileamh ar áiteanna sa cheantar, rinne an tAire fógra maidir le hiarbhunscoil nua a d'fhreastalódh ar Bhaile Átha Cliath 2/4/6/8 agus bunscoil nua a d'fhreastalódh ar Bhaile Átha Cliath 2/4/6, agus an dá cheann le hoscailt i mí Mheán Fómhair 2018. Bhí siad sin anuas ar an riachtanas a bhí ann roimhe sin le haghaidh suíomhanna do ETNS Phort na Sliogán. Bhí trí scoil dá bhrí sin a raibh suíomhanna á lorg dóibh i limistéar chathair dheisceart Bhaile Átha Cliath.

**7.15** Sainaithníodh roinnt suíomhanna ó 2012 mar roghanna féideartha. Mar aon le comhairliúchán le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bhí an Roinn i mbun cainteanna leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA). Sainaithníodh 16 shuíomh ar an iomlán thar an tréimhse 2012 go dtí 2016. Áiríodh leis an measúnú sin na suíomhanna a ceannaíodh ina dhiaidh sin ag Roslyn Park agus suíomh an staidiam cú ag Crois Araild.

**7.16** Measadh nach raibh roinnt de na suíomhanna a aimsíodh feiliúnach i gcomhair forbartha ar bhonn teicniúil. Ní raibh na cinn eile ar fáil nó ní raibh an díoltóir/t-úinéir talún toilteanach oibriú leis an Roinn nó lena gníomhairí.

1 Sainíonn comhlacht pátrúin éiteas na scoile agus ceapann sé an bord bainistíochta chun an scoil a reáchtáil ó lá go lá.

2 Cuireadh an Clár Réadmhaoine Ion-Stáit i bhfeidhm mar shásra chun faisnéis maidir le réadmhaoin a roinnt ar fud na seirbhíse poiblí chun éascú le comhlíonadh Chiorclán 11/15 *Prótacail maidir le Sócmhainní Réadmhaoine an Stáit a Aistriú agus a Chomhroinnt*.

## Ceannach shuíomh Roslyn Park, Dumhach Thrá

**7.17** Chuir an Roinn ceannach shuíomh seo na gcúig acra agus foirgneamh i gcrích ón Rehab Group i mí Dheireadh Fómhair 2016 ar chostas €20.5 milliún (€4.1 milliún in aghaidh an acra), agus rinneadh an íocaíocht dheiridh i mí Eanáir 2017.

**7.18** Tá an suíomh i mBaile Átha Cliath 4, thart ar 400 méadar ó shráidbhaile Dhumhach Thrá agus ceithre chiliméadar soir ó theas de lár chathair Bhaile Átha Cliath. Tá an mhaoin suite laistigh de limistéar criosaithe Z15 — 'chun úsáidí institiúideacha agus pobail a chosaint agus socruithe a dhéanamh lena n-aghaidh. Ar an suíomh (féach Fíor 7.3) tá

- Ceanncheathrú Rehab Group (cóiríocht oifige)
- Coláiste Pháirc Roslyn (Roslyn Park College) – An Lárionad Foghlama Náisiúnta
- Teach agus faiche Gandon – is limistéir chosanta é an foirgneamh agus an fhaiche (thart ar 30% den suíomh)
- réadmhaoin chónaithe,[1] agus
- carrchlós agus fearann páirce.

**Fíor 7.3 Suíomh Roslyn Park, Dumhach Thrá (2016)**




Foinse: Bróisiúr díolachán Roslyn Park

1 Tá an réadmhaoin seo suite i limistéar criosaithe Z1 — comharsanachtaí cónaithe inbhuanaithe.

### *An próiseas ceannacháin*

**7.19** Go luath in 2013, chuir an Roinn tograí faoi bhráid an Rehab Group d'fhonn cuid dá shuíomh a cheannach/a léasú i nDumhach Thrá. Níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú leis an Rehab Group.

**7.20** I mí Aibreáin 2016, d'fhógair an Rehab Group an réadmhaoin le díol faoi réir socruithe aisléasaithe. Tugtar achoimre i Fíor 7.4 ar na roghanna a iarradh ar thairgeoirí ionchais tairiscint a dhéanamh orthu.

**Fíor 7.4 Na roghanna ceannacháin a tairgeadh le haghaidh Roslyn Park, 2016**

| Rogha 1 | Rogha 2 |
|---|---|
| Go bhfanfadh Rehab Group sa chóiríocht oifige reatha agus sa struchtúr atá faoi chosaint (Gandon House) mar aon le foirgnimh reatha Choláiste Roslyn Park faoi théarmaí chomhaontú ceadúnais dhá bhliain ar chíos bliantúil €1.<br><br>Seilbh ghlan ar an suíomh iomlán le cur ar fáil taobh istigh de dhá bhliain. | Cosúil le Rogha 1, ach lorgóidh an Rehab Group cead pleanála, deimhnithe um shábháilteacht ar dhóiteán agus rochtain do dhaoine faoi mhíchumas chun foirgnimh Choláiste Roslyn Park a scaradh amach ó na struchtúir eile.<br><br>Má éiríonn leis, ag deireadh thréimhse an cheadúnais dhá bhliain, go bhfanfadh Rehab Group ag áitiú fhoirgnimh an choláiste faoi léas deich mbliana ar chíos €330,000 in aghaidh na bliana, rud a thabharfadh seilbh ghlan ar an gcuid eile den suíomh.<br><br>Mura n-éiríonn leis, cuirfidh an Rehab Group seilbh ghlan ar fáil ar an suíomh iomlán nuair a rachaidh an ceadúnas dhá bhliain in éag de réir Rogha 1. |

Foinse: Bróisiúr díolacháin Roslyn Park

**7.21** I mí na Bealtaine 2016, rinne comhairleoir neamhspleách a bhí fostaithe ag an Roinn luacháil ar an ruíleas úis sa réadmhaoin ag €16.5 milliún. Tagraítear i dtuarascáil na luachála d'áitiú leanúnach ionchais an tsuímh ag an Rehab Group ar feadh tréimhse dhá bhliain ar a laghad mar laige agus léiríodh an tionchar a bheadh ag an gcoinníoll seo sa luacháil. Tagraíodh ann freisin do struchtúr faoi chosaint Gandon House agus dúirt go síneann sé a fhad chuig a cúirtealáiste coimhdeach agus cúnta.

**7.22** Rinne an Roinn tairiscint tosaigh €12 milliún an 24 Bealtaine 2016 maidir leis an suíomh bunaithe ar Rogha 1 agus mhol díolachán agus socrú aisléasaithe dhá bhliain le haghaidh Choláiste Roslyn Park amháin.

**7.23** Tar éis cainteanna leis an Rehab Group, moladh seilbhíocht cúig bliana ar Choláiste Roslyn Park ar an mbunús seo a leanas.

- Go n-áiteodh Rehab Group 95% den suíomh ar feadh dhá bhliain. Tagraíonn an 5% eile don réadmhaoin chónaithe agus áirítear leis rochtain taobhgheata ar an bpríomhshuíomh.
- Go mbeadh an rogha ag an Rehab Group síneadh a chur ar áitiú Choláiste Roslyn Park agus an carrchlós (thart ar 40% den suíomh) ar feadh trí bliana eile faoi chomhaontú ceadúnais (féach ar Fíor 7.5). Is é táille an cheadúnais a bheidh iníoctha don chéad, dara agus tríú bliain bhreise ná €150,000, €240,000 agus €330,000 faoi seach.

**7.24** Chuir an Roinn an dara tairiscint isteach an 30 Bealtaine 2016 ar €20.5 milliún ar an mbonn a moladh. Bhí an tairiscint sin 24% níos mó ná an luacháil a fuair an Roinn. Cé gur tugadh ar aird i dtuairisc na luachála go bhféadfadh an Rehab Group leanúint ag áitiú an tsuímh ar feadh dhá bhliain, sa socrú deiridh a rinneadh tugadh deis don Rehab Group fanacht in thart ar 40% den suíomh ar feadh trí bliana eile.

**Fíor 7.5 Léarscáil ceantair de shuíomh Roslyn Park, Dumhach Thrá**




Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

### *Forbairt ina dhiaidh sin*

**7.25** Bhain an Rehab Group leas as a rogha maidir le fanacht ar an suíomh. Mar gheall air sin, d'áitigh sé an suíomh iomlán go dtí mí Mheán Fómhair 2018 agus tá sé fós ag áitiú Choláiste Roslyn Park faoi chomhaontú ceadúnais. Cé nach bhfuil sé áirithe sa chomhaontú ceannaigh, d'iarr an Rehab Group go leanfaí ar aghaidh le Gandon House a áitiú faoin gcomhaontú ceadúnais. Deonaíodh é sin ionas go mbeifí in ann leanúint ag cur seirbhísí lónadóireachta ar fáil ag Coláiste Roslyn Park. Luaigh an Roinn gur comhaontaíodh an deonú sin ar mhaithe le dea-thoil a chothú agus nach dtéann sé i bhfeidhm ar an Roinn ó thaobh costais. Faoin gcomhaontú ceadúnaithe atá i bhfeidhm, bainfidh an Roinn seilbh ghlan amach ar an suíomh iomlán i mí Dheireadh Fómhair 2021.

**7.26** Amhail mhí Iúil 2019, tá an Roinn ag cur bailchríoch ar iarratais phleanála le haghaidh bunscoil bhuan ina mbeidh sé cinn déag de sheomraí ranga chun freastal ar ETNS Phort na Sliogán (thart ar 500 dalta) agus foirgneamh iarbhunscoile mar chóiríocht do Foghlaim le Chéile Pháirc Dhumhach Thrá (acmhainn do 1,000 dalta). Idir an dá linn

- Tá cóiríocht curtha ar fáil d'iarbhunscoil Foghlaim le Chéile Pháirc Dhumhach Thrá ar an suíomh ó mhí Mheán Fómhair 2018 i gcóiríocht réamhdhéanta reatha ar an suíomh ar leis an Rehab Group iad. Ba é costas na n-oibreacha a rinneadh ar an gcóiríocht réamhdhéanta reatha sular áitíodh í ná €203,000.
- Bhog ETNS Phort na Sliogán chuig bunscoil nua shealadach 12 sheomra ranga ar shuíomh Roslyn Park i mí Mheán Fómhair 2019 óna cóiríocht shealadach ar Bhóthar Chúirt Shíomoin, Baile Átha Cliath 4. Ba ionann costas conraithe na scoile sealadaí dhá stór (féach Fíor 7.6) agus €4.2 milliún (€2.7 milliún íoctha amhail mhí Lúnasa 2019). Luaigh an Roinn gur féidir an scoil shealadach seo a athlonnú chuig suíomh eile, mar gheall ar dhearadh na scoile, rud lenar féidir an úsáid is mó a bhaint aisti.
- Ó mhí Mheán Fómhair 2019, tá Foghlaim le Chéile Pháirc Dhumhach Thrá athlonnaithe chuig an suíomh ina raibh ETNS Phort na Sliogán ar Bhóthar Chúirt Shíomoin go dtí go mbeidh cóiríocht bhuan ar fáil ar shuíomh Roslyn Park.

**Fíor 7.6 Foirgneamh scoile sealadach suite in Roslyn Park (Iúil 2019)**



Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**7.27** Luaigh an Roinn go léiríonn an úsáid a bhaintear as suíomh Roslyn Park chun freastal ar bhunscoil agus ar iarbhunscoil freagairt na Roinne ar na dúshláin a bhaineann le háiteanna scoile a sholáthar i limistéir uirbeacha.

- Tá sé i gceist ceanncheathrú Rehab Group a leagan go talamh chun spás a dhéanamh don bhunscoil.
- D'fhonn an spás atá ar fáil a uasmhéadú, tá sé i gceist ag an Roinn iarbhunscoil trí stór a thógáil ar láthair Choláiste Roslyn Park.
- Is struchtúr faoi chosaint é Gandon House agus ní féidir é a leagan.
- Is spás cosanta é an limistéar glas ar aghaidh Gandon House a úsáidfidh na scoileanna chun críocha áineasa.
- Beidh áiseanna páirceála teoranta ar an láthair.

## Ceannach shuíomh Chrois Araild

**7.28** Chuir an Roinn ceannachán an raoin rásaíochta con mar a bhí ann ó Bhord na gCon i gcrích i mí na Bealtaine 2018 ar chostas €23 milliún (€3.8 milliún in aghaidh an acra). Taispeántar amharc ón aer den suíomh i Fíor 7.7. Tá staidiam cú, foirgnimh bhreise, agus páirceáil ar an dromchla sa suíomh.

**7.29** Tá an suíomh sé acra lonnaithe amach ó shuíomh Chrois Araild, Baile Átha Cliath 6, thart ar trí chiliméadar ó dheas ó lár chathair Bhaile Átha Cliath. Sular cuireadh an díolachán i gcrích, rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath athchriosú ar an suíomh go gceadófaí áitreabh oideachais a thógáil air.

**Fíor 7.7 Amharc ón aer ar shuíomh Chrois Araild**



Foinse: An Oifig Luachála

### *An próiseas ceannacháin*

**7.30** Ag deireadh na bliana 2015, ag teacht leis an gcomhaontú idir rialtais áitiúla agus an Roinn, chuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath in iúl don Roinn go bhféadfadh staidiam Chrois Araild a bheith ina rogha le haghaidh suíomh scoile, ach é a bheith ar fáil. D'éascaigh an IGB cuairt ar an suíomh i mí an Mheithimh 2016 ionas go bhféadfadh an Roinn measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an tsuímh i gcomhair forbairt scoile. Luaigh an IGB nach raibh siad ag iarraidh an suíomh a dhíol ag an bpointe seo.

**7.31** Ar chúiseanna gnó dá chuid féin, d'fhostaigh an IGB comhairleoirí ina dhiaidh sin chun comhairle straitéiseach a thabhairt maidir le díol suíomh Chrois Araild. Chuir tuarascáil an chomhairleora — dar dáta Márta 2017 — luach idir €5 mhilliún agus €12 milliún ar an suíomh, ag brath ar cibé ar díoladh an suíomh 'mar atá' (i.e. leis an gcriosú reatha), nó ar ghlac an IGB straitéis 'coinnigh agus athchriosú roimh dhiúscairt'. Luadh sa tuarascáil freisin gur beag díolacháin inchomparáide a rinneadh ar shuíomhanna níos mó. Luadh sa tuarascáil '*nach bhfuil tuairimí maidir le praghas agus luach beartaithe mar luachálacha foirmiúla agus nár chóir brath orthu mar sin. Tugtar iad i bhfoirm róil chomhairligh agus níl siad laistigh de raon feidhme an lámhleabhair luachála agus bhreithmheasa arna eisiúint ag an gCumann Suirbhéirí Cairte'.*

**7.32** Sular cuireadh an réadmhaoin ar an margadh oscailte, d'aontaigh an IGB cur chuige a bhreithniú ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

### *Tuarascáil Luachála na hOifige Luachála*

**7.33** Tá an t-aistriú ar shócmhainní réadmhaoine ó Stát amháin go dtí Stát eile faoi réir Chiorclán 11/15[1] na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is iad príomhcheanglais an chiorcláin ná go dtabharfaidh an Oifig Luachála luacháil ar aon sócmhainn atá beartaithe le haistriú, agus go bhfuil an luacháil ceangailteach ar an dá pháirtí.

**7.34** Chuir an Oifig Luachála luacháil €23 milliún ar shuíomh Chrois Araild i mí Aibreáin 2017.

**7.35** Chun críocha comparáideacha an mhargaidh, déantar tagairt sa tuarascáil luachála do '*thalamh forbraíochta lonnaithe in áit mhaith i limistéar dheisceart na cathrach le criosú oiriúnach (ag baint amach) níos mó ná €5 mhilliún in aghaidh an acra le dhá bhliain anuas*'. Déantar tagairt ansin don phraghas a iarradh ar shuíomh 3.43 acra thart ar ciliméadar ó shuíomh Chrois Araild. Bhí cead pleanála cheana féin ag an suíomh sin le haghaidh aonad cónaithe agus bhíothas ag iarraidh €4.4 milliún in aghaidh an acra air. Luaitear sa tuarascáil luachála mar gheall ar chriosú sriantach reatha shuíomh Chrois Araild, an gá le hathrú a fháil ar chriosú agus na foirgnimh reatha a ghlanadh den suíomh, measadh go raibh luach €3.8 milliún in aghaidh an acra cuí.

**7.36** Mar fhreagra ar an tuarascáil sin, dúirt an Oifig Luachála cé nár tagraíodh sa tuarascáil luachála ach do réadmhaoin áirithe amháin gar don réadmhaoin a bhí i gceist, go raibh sé ag brath ar chúpla idirbheart chun luach margaidh na réadmhaoine a bhí i gceist a mheas. I gcomhfhreagras leis an gCoiste um Chuntais Phoiblí i mí Eanáir 2019, dúirt an Oifig Luachála gur thug ceithre idirbheart bonn eolais don luacháil. I measc na dtrí idirbheart breise bhí díolachán shuíomh Roslyn Park agus an dá idirbheart seo a leanas

- díoladh suíomh Marianella i Ráth Garbh (8.11 acra) i mí an Mheithimh 2015 agus tuairiscítear gur tugadh níos mó ná €40 milliún air — díreach os cionn €4.9 milliún in aghaidh an acra
- talamh ag RTÉ Monadh Rois (8.64 acra) a bhí ar díol ag an am le treoirphraghas €8.7 milliún in aghaidh an acra.

1 Ciorclán 11/15: *Prótacail chun Sócmhainní Réadmhaoine an Stáit a Aistriú agus a Chomhroinnt,* An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Meán Fómhair 2015.

**7.37** Tuigeann an Oifig Luachála go bhfuil gach réadmhaoin sainiúil agus go bhfuil saintréithe aonair agus ar leith ag gabháil leo a mbíonn tionchar acu ar a luach margaidh. Dúirt sí nuair a bhí idirbhearta den sórt sin á n-anailísiú aici, gurb annamh a bhíonn an chomparáid líneach ach, in ionad sin, go gcaitheann an luachálaí géire intinne a úsáid, eolas an mhargaidh, scileanna luachála agus taithí maidir leis an bhfianaise ábhartha.

**7.38** Dúirt an Oifig Luachála go dtiomsaíonn sí sonraí maidir le hidirbhearta tráchtála ar bhonn leanúnach agus go bhfaigheann sí sonraí tréimhsiúla maidir le hidirbhearta ó na Coimisinéirí Ioncaim. Dúirt an Oifig Luachála freisin mar chuid dá forbhreathnú ginearálta ar an margadh, gurb eol di faoi roinnt idirbheart eile i ndeisceart Bhaile Átha Cliath in 2015 agus 2016 a bhí idir €2 mhilliún agus €7 milliún in aghaidh an acra.

### *Tairiscint na Roinne*

**7.39** I mí na Bealtaine 2017, d'eisigh an Roinn litir fhoirmiúil thairisceana maidir leis an réadmhaoin ag teacht leis an luacháil €23 milliún, de réir mar a éilítear faoi Chiorclán 11/15. Dúirt an Roinn cé nárbh fhéidir scoil a fhorbairt ar an suíomh mar gheall ar an gcriosú a bhí déanta ar an suíomh ag an am, go bhféadfaí é sin a éascú trí bhíthin éagsúlaithe ar an bPlean Forbartha Cathrach agus gur pléadh é sin le hoifigigh Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**7.40** I mí Mheán Fómhair 2017, d'aontaigh baill Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go ndéanfaí athrú ar Phlean Forbartha Cathrach Bhaile Átha Cliath 2016 – 2022 agus rinneadh athchriosú ar an suíomh go dtí catagóir Z15 atá beartaithe 'chun úsáidí institiúideacha agus pobail a chosaint agus socruithe a dhéanamh lena n-aghaidh'.

**7.41** Cuireadh aistriú an tsuímh i gcrích i mí na Bealtaine 2018.

### *Forbairt ina dhiaidh sin*

**7.42** Dúirt an Roinn go mbeidh

- bunscoil (ETNS Chrois Araild) ar an suíomh agus
- iarbhunscoil le haghaidh cheantar Bhaile Átha Cliath 6/Bhaile Átha Cliath 6W, a gcaithfear pátrúnacht a bhronnadh orthu go fóill.

Tá an Roinn ag cur bailchríoch i láthair na huaire ar iarratais phleanála le haghaidh cóiríocht bhuan don dá scoil seo.

**7.43** Idir an dá linn, suiteáladh cóiríocht shealadach ar an suíomh (féach Fíor 7.8) chun freastal

- ar ETNS Chrois Araild le haghaidh mhí Mheán Fómhair 2019, agus
- ETNS Ardán Fhearchair le haghaidh mhí Mheán Fómhair 2019 ar feitheamh ar thógáil foirgneamh scoile buan ag Ardán Fhearchair (ar shuíomh iar-stáisiún Gardaí).

**7.44** Is é costas na cóiríochta sealadaí a cuireadh ar an suíomh suas go dtí mí Lúnasa 2019 ná €533,000.

**Fíor 7.8 Cóiríocht shealadach ag Crois Araild (Iúil 2019)**



Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Cás gnó chun suíomhanna a cheannach i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath

**7.45** In 2018, d'aithin an Roinn go raibh gá le hiarbhunscoil do 1,000 scoláire i limistéar pleanála scoile Dhroim Conrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1.

**7.46** Bhreithnigh an Roinn roinnt suíomhanna chun freastal ar an scoil nua sin. Ina measc sin bhí réadmhaoin i seilbh an Aire, suíomhanna ar liosta de shuíomhanna neamhshealbhaithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus réadmhaoin a mhol gníomhaireacht sheachtrach a bhí fostaithe ag an Roinn chun suíomhanna a lonnú i dtuaisceart chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireadh as an gcomhaireamh na suíomhanna go léir a moladh toisc gur measadh nach raibh siad oiriúnach, nó ní raibh fáil orthu.

## Ceannach foirgneamh ar Shráid Chathail Bhrugha agus Shráid Mhaoilbhríde

**7.47** Chuir an Roinn ceannach na réadmhaoine seo i gcrích i mí na Nollag 2018 ar chostas €24.06 milliún ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT).[1] Níor theastaigh an réadmhaoin seo ó DIT níos faide toisc go bhfuil siad ag forbairt campas mór nua ag Gráinseach Ghormáin.[2]

**7.48** Tá an réadmhaoin lonnaithe i mBaile Átha Cliath 1, thart ar 100 méadar soir ó Shráid Uí Chonaill i limistéar criosaithe 'Z5' — chun forbairt an limistéir láir a chomhdhlúthú agus a éascú, agus a dhearadh sibhialta, a thréithe agus a dhínit a aithint, a atreisiú, agus a neartú agus a chosaint' (féach ar Fíor 7.9). Tá dhá áitreabh nasctha sa réadmhaoin mar seo a leanas

- Sráid Chathail Bhrugha; struchtúr ceithre stór os cionn íoslaigh le go leor saoráidí lena n-áirítear hallaí léachtaí, seomraí ranga agus saotharlanna lónadóireachta (oll-limistéar urláir taobh istigh de 7,867 méadar cearnach).
- Sráid Mhaoilbhríde; síneadh ocht stór i bpáirt os cionn íoslaigh ar champas Chathail Bhrugha le go leor saoráidí lena n-áirítear hallaí léachtaí agus seomraí ranga (oll-limistéar urláir taobh istigh de 3,887 méadar cearnach).

1 De réir Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta, 2018, bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an 1 Eanáir 2019 agus tá na trí ollscoil bhunaithe – DIT agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta i dTamhlacht agus i mBaile Bhlainséir – díscaoilte amhail ar an dáta sin.

2 Ó bunaíodh é, sholáthair DIT oideachas i roinnt foirgneamh a bhí scaipthe ar fud lár chathair Bhaile Átha Cliath. In 2002, rinne an Rialtas an cinneadh go bhforbrófaí campas nua comhdhlúite le haghaidh DIT ag Gráinseach Ghormáin.

**Fíor 7.9 Foirgnimh ar Shráid Chathail Bhrugha agus Shráid Mhaoilbhríde**




Foinse: Bróisiúr díolacháin na bhfoirgneamh ar Shráid Chathail Bhrugha agus Sráid Mhaoilbhríde

**7.49** Is struchtúr faoi chosaint é an foirgneamh ar Shráid Chathail Bhrugha (féach ar Fíor 7.10) rud a chuireann srian ar fhorbairt an fhoirgnimh sa todhchaí. Tá na foirgnimh lonnaithe i Limistéar Caomhantais Ailtireachta mar sin teastóidh cead rannóg pleanála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath má bhítear ag iarraidh aon athruithe a dhéanamh ar an bhfoirgneamh taobh amuigh.

### *An próiseas ceannacháin*

**7.50** I mí an Mhárta 2016, chuir DIT an réadmhaoin ar an margadh oscailte le treoirphraghas idir €15 milliún agus €20 milliún. Ní raibh aon tairiscintí faighte roimh an spriocdháta tairisceana.

**7.51** I mí na Bealtaine 2018, tar éis comhaontú comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) a shíniú agus é mar aidhm a dhaonra mac léinn ar an gcampas nua ag Gráinseach Ghormáin a chomhdhlúthú, rinne DIT athliostú ar an réadmhaoin a bhí le díol ar an margadh oscailte.

**7.52** B'éigean do DIT cead a fháil ón Roinn sula ndearnadh an talamh agus na foirgnimh a dhiúscairt.[1] Ina theannta sin, faoin *gCód Rialachais maidir le hInstitiúidí Teicneolaíochta,* caithfidh Cathaoirleach an Chomhlachta Rialaithe cead a lorg ón Aire Oideachais agus Scileanna agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú sula ndéanfar aon éadáil ábhartha nó diúscairt ar thalamh, foirgnimh nó ar aon sócmhainní ábhartha eile atá beartaithe ag an Institiúid.

**7.53** Thug DIT le fios don Roinn i mí na Bealtaine 2018 go raibh sí chun an réadmhaoin a chur ar an margadh oscailte.

**7.54** Bhí an réadmhaoin liostaithe freisin ar an gClár Réadmhaoine Ion-Stáit an 11 Bealtaine 2018. Faoi Chiorclán 11/15, tá ceanglas ann nach ndéanfaí aon diúscairt ar réadmhaoin le páirtí neamh-Stáit ach amháin sa chás nár cuireadh aon léirithe spéise maidir leis an réadmhaoin in iúl d'úinéir na réadmhaoine laistigh de thréimhse ama mí amháin ó liostáladh an réadmhaoin ábhartha ar an gclár mar bharrachas.

1 An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1992 arna leasú le hAcht na nInstitiúidí Teicneolaíochta, 2006.

**7.55** Sa tréimhse idir Bealtaine/Meitheamh 2018 a raibh an réadmhaoin ar an margadh oscailte, bhí an Roinn i mbun machnaimh ar shuíomh oiriúnach chun freastal ar an scoil a theastaigh le haghaidh limistéar Dhroim Conrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1.

**Fíor 7.10 Foirgneamh Shráid Chathail Bhrugha (Lúnasa 2019)**



Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**7.56** Ba é an 20 Meitheamh 2018 an spriocdháta chun tairiscintí a fháil. Rinneadh aon tairiscint déag ar an réadmhaoin. Níor chuir an Roinn tairiscint isteach. Ag an bpointe sin, ghlac DIT leis an tairiscint ab airde ag €24.06 milliún.

**7.57** Scríobh an Roinn chuig DIT ina dhiaidh sin ag deireadh mhí Iúil 2018 ag deimhniú go raibh an Roinn ag iarraidh an réadmhaoin a choimeád chun críocha oideachasúla agus d’iarr go dtarraingeodh DIT siar ón bpróiseas díolacháin.

**7.58** Go luath i mí Lúnasa 2018, ag teacht le Ciorclán 11/15, iarradh ar an Oifig Luachála luacháil a dhéanamh ar an réadmhaoin. Thug an Oifig Luachála ar aird gurbh é cuspóir a luachála luach margaidh na réadmhaoine ar an margadh oscailte a chinneadh. Tháinig an t-iarratas ar luacháil tar éis don réadmhaoin a bheith ar an margadh agus an próiseas tairisceana a bheith tugtha chun críche. Mar gheall air sin, rinneadh a luacháil an 19 Meán Fómhair 2018 ag an am céanna le toradh an chleachtaidh ar an margadh oscailte — €24.06 milliún nó €2,047 in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

**7.59** I dteannta thairiscint an tairgeora, tá tagairt sa tuarascáil luachála do roinnt réadmhaoine inchomparáide mar thaca leis an luacháil, lena n-áirítear

- Díol an Gresham Hotel i mí Mheán Fómhair 2015 ar thart ar €92 milliún. Tá an tÓstán suite ar shuíomh 1.32 acra agus síneann chuig limistéar iomlán 20,775 méadar cearnach (€4,428 in aghaidh an mhéadair chearnaigh).
- Díolachan Marlborough House ar Shráid Mhaoilbhríde i mí Iúil 2016 ar thart ar €17 milliún ar 7,504 méadar cearnach (€2,265 in aghaidh an mhéadair chearnaigh).
- Punann réadmhaoine i limistéar Shráid Uí Chonaill a díoladh i mí Márta 2016 ar thart ar €8.6 milliún ar limistéar 3,643 méadar cearnach (€2,361 in aghaidh an mhéadair chearnaigh).
- Díoladh 2 − 4 Sráid Uí Chonaill i mí Mheán Fómhair 2017 ar €13 milliún ar limistéar 1,130 méadar cearnach (€11,504 in aghaidh an mhéadair chearnaigh).
- Suíomh forbartha ar Shráid na Mainistreach a díoladh i mí na Samhna 2017 ar €22 milliún ar limistéar 0.87 acra.

**7.60** Cuireadh aistriú na réadmhaoine chuig an Roinn i gcrích i mí na Nollag 2018 ar suim airgid €24.06 milliún.

### *Forbairt ina dhiaidh sin*

**7.61** Tá léas ag an Roinn le DIT ó mhí na Nollag 2018. Tabharfaidh sé sin deis d’Ollscoileanna Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath an réadmhaoin a úsáid go dtí mí Dheireadh Fómhair 2020. Níor chuir an Roinn bailchríoch ar a cuid pleananna maidir le húsáid na réadmhaoine sa todhchaí.

**7.62** I gclár tógála scoile a fógraíodh i mí Aibreáin 2018, dúirt an Roinn go dteastaíonn iarbhunscoil i limistéar thuaisceart Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 2022. Tá an Roinn i mbun machnaimh ar a cuid roghanna maidir leis an scoil a sheachadadh. Ina measc sin tá:

- iarbhunscoil a dhéanamh den áitreabh, agus
- an t-áitreabh a úsáid le haghaidh soláthar oideachais eile rud lena mbeifí in ann suíomhanna a ghlanadh amach in áiteanna in aice láimhe agus a d’úsáidfí ansin chun síneadh a chur le scoileanna reatha nó chun scoileanna nua a bhunú.

## Breathnuithe na Roinne

**7.63** Dúirt an Roinn gurb é an dúshlán ollmhór nuair atáthar ag aimsiú/measúnú suíomhanna i ndeisceart chathair Bhaile Átha Cliath ná nach bhfuil ach líon an-teoranta suíomhanna ar fáil atá oiriúnach i gcomhair scoileanna. Ina theannta sin, nuair a bhíonn fáil ar shuíomhanna gar do lár na cathrach, bíonn an Roinn in iomaíocht le forbróirí réadmhaoine le haghaidh suíomhanna lena mbaineann cumas i gcomhair forbairt chónaithe agus/nó tráchtála.

**7.64** Maidir le suíomh Roslyn Park a cheannach, dúirt an Roinn gur comhaontaíodh na socruithe bunaithe ar sholáthar oideachais leanúnaigh a éascú do chliaint reatha Rehab Group agus ráthú a thabhairt ag an am céanna do cheannach na sócmhainne ón Roinn.

**7.65** Dúirt an Roinn nach raibh tionchar ag na socruithe a comhaontaíodh leis an Rehab Group ar phleananna na Roinne don suíomh mar gheall ar an tréimhse ama a theastódh i gcomhair dearaidh, pleanála agus soláthair. Thug sí ar aird freisin go laghdaítear costais shlándála, a bheadh ar réadmhaoin mar seo murach go bhfuil an Rehab Group fós ag áitiú na réadmhaoine.

**7.66** Dúirt an Roinn i ndiaidh an chéad tairiscint €12 milliún (a diúltaíodh) agus sular bhuail sí leis an Rehab Group maidir le tairiscint níos fearr, gur bhuail an Roinn le hionadaithe sinsearacha de na luachálaithe gairmiúla a bhí fostaithe aici chun a luacháil a phlé agus ullmhú i gcomhair caibidlíochtaí leis an Rehab Group.

**7.67** Thuairiscigh an Roinn na cúiseanna seo a leanas gur aontaigh sí a tairiscint a mhéadú ó €12 milliún go dtí €20.5 milliún.

- Bhí sé ráite ag an Rehab Group léi go raibh cúpla tairgeoir eile ag féachaint leis an réadmhaoin a cheannach agus go raibh an tairiscint ba mhó ag thart ar €20 milliún. Dá bhrí sin, chaithfeadh aon tairiscint a dhéanfaí a bheith suas is anuas le €20.5 milliún d'fhonn an réadmhaoin a fháil.
- Bhí go leor cuardach déanta ag an Roinn le fáil amach an raibh roghanna i gcomhair suíomhanna ar fáil agus níorbh fhéidir aon suíomhanna malartacha oiriúnacha a aimsiú.
- Bhí gá práinneach ann cóiríocht scoile a sheachadadh sa cheantar.

**7.68** Maidir le suíomh Chrois Araild a cheannach, dúirt an Roinn go bhfuil an suíomh in áit mhaith chun freastal ar riachtanais dheisceart chathair Bhaile Átha Cliath agus go dtugann sé cinnteacht maidir le hoiriúnacht agus infhaighteacht. Dúirt an Roinn go raibh sé faighte amach go bhfuil bainc thalún a bheadh sách mór gann agus i gcás ina bhfuil an cumas ag suíomhanna mar sin le forbairt chónaitheach nó tráchtála a dhéanamh orthu, go ndéanfaí iad a luacháil dá réir sin. Dúirt sí go ndearnadh breithmheas sa chomhthéacs sin ar na costais a bhain le suíomh Chrois Araild a cheannach.

**7.69** Dúirt an Roinn gur ghlac an tAire an cinneadh scoileanna nua a oscailt i limistéar Dhroim Conrach/Marino/Bhaile Átha Cliath 1 i mí Aibreáin 2018 de bhun aighneachtaí a rinneadh, tar éis anailís a rinneadh ar dhéimeagrafaic agus ar acmhainn scoileanna sa cheantar. Bhí an cinneadh chun foirgnimh Shráid Chathail Bhrugha agus Shráid Mhaoilbhríde a cheannach bunaithe ar dheacracht a chonacthas le suíomhanna atá criosaithe go cuí agus atá sách mór a fháil chun iarbhunscoil a sholáthar orthu. Nuair a tháinig deis chun cinn chun an réadmhaoin sin a fháil, thapaigh an Roinn an deis sin.

**7.70** Dúirt an Roinn nach féidir breithmheas mionsonraithe a dhéanamh ar chumas forbartha tionscadail (e.g. líon na scoileanna ar a bhfreastalófar, costas mionsonraithe an dearaidh atá beartaithe) ach amháin nuair atá suíomh faighte.

**7.71** Ag teacht leis na dúshláin a bhain le háiteanna scoile a chur ar fáil i limistéir uirbeacha, tá sé i gceist ag an Roinn bunscoil agus iarbhunscoil a lonnú ar gach ceann de shuíomhanna staidiam Roslyn Park agus Chrois Araild, ach cead pleanála a fháil ar dtús. Tá cúig acra agus sé acra faoi seach sna suíomhanna sin. Tá neart samplaí eile ag an Roinn de shuíomhanna scoile i socruithe uirbeacha a uasmhéadaítear chun fás déimeagrafach a éascú.

**7.72** Bíonn na nithe seo a leanas i gceist de ghnáth leis an ngá a bhíonn le húsáid níos géire a bhaint as suíomhanna scoile i socruithe uirbeacha

- suíomhanna campais scoile a fhorbairt
- foirgnimh scoile a dhéanamh níos airde – go háirithe ar leibhéal na hiarbhunscoile
- scoileanna níos mó chun líon na suíomhanna a theastaíonn a íoslaghdú e.g. iarbhunscoileanna le 1,000 dalta mar líon caighdeánach
- úsáid choimhdeach as saoráidí in aice láimhe nach bhfuil ar an láthair chun an gá le bainistíocht tráchta, páirceáil, páirceanna imeartha srl. a íoslaghdú ar shuíomh na scoile
- úsáid as saoráidí comhroinnte idir scoileanna sa chomharsanacht, conláistí comhroinnte an údaráis áitiúil srl.

**7.73** Tá úsáid níos dlúithe as suíomhanna scoile i gceantair uirbeacha ag teacht le cuspóirí Thionscadal Éireann 2040 ina samhlaítear comhdhlúthú agus diansaothrú i lonnaíochtaí uirbeacha bunaithe agus é mar chuspóir foriomlán cóiríocht a chur ar fáil do suas le 50% den mhéadú atá réamh-mheasta ar an daonra sa Stát laistigh de mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus 50% den mhéadú daonra atá fágtha i gcathracha réigiúnacha reatha agus i mbailte móra bunaithe. Anois níos mó ná riamh, caithfear forbairtí scoile a lonnú laistigh de limistéir uirbeacha reatha. Cruthófar dúshláin a bhainfidh le suíomhanna a aithint agus suíomhanna scoile reatha a athfhorbairt, nó le forbairt suíomhanna athfhorbraíochta, mar gheall nach bhfuil suíomhanna úrnua ar fáil i gceantair atá tógtha cheana féin. Níl aon amhras ach go gcruthóidh patrún lonnaíochta níos dlúithe iomaíocht níos mó sa mhargadh don réadmhaoin atá ar fáil. Leis sin caithfear béim níos mó a chur ar úsáid na suíomhanna scoile reatha a uasmhéadú.

## Conclúidí agus moltaí

**7.74** Tá treoirlínte ag an Roinn maidir le méid na suíomhanna ag brath ar mhéid na scoile atá beartaithe. Gabhann na treoirlínte ó 1.75 acra go dtí 5.47 acra le haghaidh bunscoileanna agus ó 7.74 acra go dtí 11.3 acra le haghaidh iarbhunscoileanna.

**7.75** Beidh idir bhunscoil agus iarbhunscoil ar gach ceann na suíomhanna ag Roslyn Park agus i gCrois Araild — ag 5 agus 6 acra faoi seach — ach a mbeidh siad forbartha. Tugann sé sin le fios go bhfuil an Roinn ag iarraidh acmhainn na suíomhanna a uasmhéadú ionas go mbeidh siad in ann freastal ar an éileamh ar áiteanna scoile sna limistéir phleanála scoile sin. Léiríonn sé sin úsáid i bhfad níos déine as na suíomhanna i gcomparáid le treoirlínte inmheánacha na Roinne.

**7.76** Aithníodh i ndlínsí eile go gcruthaítear dúshlán mór maidir le soláthar bonneagar scoileanna i gceantair ina bhfuil praghsanna talún fíorard cheana féin, agus i gcathracha nach bhfuil ach suíomhanna beaga ar fáil iontu i gcomhair scoileanna. Sna háiteanna sin, aithnítear i bpleanáil scoileanna go bhfuil gá samhlacha difriúla a fhorbairt maidir leis an mbealach a ndéantar scoileanna a phleanáil, a dhearadh, a thógáil, a bhainistiú agus a mhaoiniú. Ina measc sin tá uaslíon na scoláirí i scoileanna nua agus i scoileanna athfhorbartha a mhéadú, béim níos mó a chur ar bhonneagar scoile atá ann cheana a athfhorbairt, suíomhanna beaga atá forbartha ar bhealach níos déine agus comhúsáid mhéadaithe as áiseanna, go háirithe áiseanna spóirt.

**Moladh 7.1**

> Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a paraiméadair maidir le méid na suíomhanna a theastaíonn i gcomhair bunscoileanna agus iarbhunscoileanna, go háirithe, i gceantar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear aon tionscnaimh a theastaíonn chun go mbeifí in ann forbairt níos déine a dhéanamh ar shuíomhanna.
>
> **Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**
>
> Comhaontaithe.
>
> Tuigeann an Roinn na dúshláin a bhaineann le scoileanna a fhorbairt in áituirbeach cosúil le cathair Bhaile Átha Cliath agus tá a cuid dearthaí scoile curtha in oiriúint aici cheana féin do shocruithe uirbeacha lena chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as an spás atá ar fáil agus go bhfreastalófar ag an am céanna ar riachtanais úsáideoirí na scoileanna lena n-áirítear múinteoirí agus daltaí.
>
> I dtreoirdhoiciméid teicniúla reatha na Roinne chun measúnú a dhéanamh ar shuíomhanna i gcomhair scoileanna, tugtar cead go sonrach chunsuíomhanna scoile dianphleanáilte uirbigh níos lú a aithint agus a mheas áit inar féidir roinnt de na gnéithe bunriachtanacha a sholáthar lasmuigh den scoil e.g. bainistíocht tráchta, páirceáil, páirceanna imeartha etc. Leagfar síos é sin ar bhealach níos follasaí sa chéad nuashonrú eile ar na treoirdhoiciméid theicniúla seo a gcuirfear bailchríoch orthu níos déanaí in 2019.

**7.77** Ba ar thrí shuíomh a ceannaíodh i gceantar Bhaile Átha Cliath a caitheadh díreach os cionn leath de chaiteachas na Roinne ar shuíomhanna idir 2014 agus 2018.

**7.78** Cé gur limistéar é deisceart chathair Bhaile Átha Cliath ina bhfuil costas ard ar thalamh, tugtar faoi deara gur íoc an Roinn €4 mhilliún (24%) os cionn na luachála neamhspleáiche a fuair sé ar shuíomh Roslyn Park, agus aontaíodh coinníollacha breise díolacháin freisin inar soláthraíodh cóiríocht luachmhar mheántéarma don díoltóir. Roghnaigh an Roinn gan an saineolas caibidlíochta seachtraí a úsáid nuair a bhí siad ag ceannach an tsuímh.

**7.79** Tagraíodh sa tuarascáil luachála a d’ullmhaigh an Oifig Luachála maidir le suíomh Chrois Araild do luachanna ginearálta an mhargaidh ach tagraíodh don phraghas iarrata de réadmhaoin aonair in aice láimhe. Mar sin féin, luaigh an Oifig Luachála ó shin go raibh siad ag brath ar roinnt idirbheart chun meastachán a thabhairt ar luach margaidh shuíomh Chrois Araild. Níor taifeadadh príomhbhreithiúnais luachála sa tuarascáil luachála.

**Moladh 7.2**

Moltar go dtabharfadh an Oifig Luachála cuntas cuimsitheach ar bhunús a luachála ina tuarascálacha luachála, lena n-áirítear gach faisnéis ábhartha atá ar fáil maidir leis an margadh agus na príomhbhreithiúnais a rinneadh.

**Freagra an Choimisinéara**

Comhaontaithe.

Tá an próiseas sin curtha i bhfeidhm cheana féin.

## Iarscríbhinn 7A

### Fíor 7A.1 Treoirlíne maidir le limistéar suíomhanna do scoileanna

| | Méid na bunscoile | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **4 go 8 seomra ranga** | **8 go 16 sheomra ranga** | **16 go 24 seomra ranga** | **24 go 32 seomra ranga** |
| Treoirlíne maidir le limistéar suíomhanna d'fhoirgnimh scoile aon stóir | 1.9 acra (0.77 ha[a]) | 2.8 acra (1.14 ha) | 4 acra (1.6 ha) | 5.47 acra (2.2 ha) |
| Treoirlíne maidir le limistéar suíomhanna d'fhoirgnimh scoile dhá stóir | 1.75 acra (0.71 ha) | 2.56 acra (1.04 ha) | 3.7 acra (1.5 ha) | 5 acra (2.025 ha) |

| | Méid na hiarbhunscoile | | |
|---|---|---|---|
| | **500 dalta** | **750 dalta** | **1000 dalta** |
| Treoirlíne maidir le limistéar suíomhanna d'fhoirgnimh scoile dhá stóir | 7.74 acra (3.13 ha) | 9.44 acra (3.82 ha) | 11.3 acra (4.57 ha) |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna

Nóta: a ha = heicteáir.

## Iarscríbhinn 7B Príomhghnéithe den Mheabhrán Tuisceana idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus údaráis áitiúla

Ar an 30 Bealtaine 2012, d'aontaigh an Roinn Meabhrán Tuisceana (MoU) le Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach maidir le suíomhanna a cheannach chun críche pleanála scoile. Is iad seo a leanas na príomhghnéithe den Mheabhrán Tuisceana

- I gcás ina bhfuil údaráis áitiúla ag cuimhneamh ar shuíomhanna a ainmniú le haghaidh scoileanna i bplean forbartha nó i bplean limistéir áitiúil, ba cheart dóibh dul i gcomhairle leis an Roinn agus a n-ainm a chur leis go luath maidir le hoiriúnacht agus leorgacht an tsuímh.
- I gcás ina bhfuil an Roinn ag ceannach suímh faoi théarmaí an Mheabhráin Tuisceana, is iad seo a leanas na príomhghníomhartha
  - Tionscnaíonn an Roinn an ceannach i scríbhinn chuig an údarás áitiúil.
  - I gcás nár ainmníodh nó nár cuireadh suíomh in áirithe, rachaidh an t-údarás áitiúil ar ais chuig an Roinn le liosta de shuíomhanna sainroghnaithe. I ndiaidh cainteanna, comhaontaíonn an dá pháirtí liosta sainroghnaithe de shuíomh(anna) ansin.
  - Ceapfaidh an t-údarás áitiúil luachálaí cuí-cháilithe chun luacháil a dhéanamh thar ceann an údaráis áitiúil agus na Roinne.
  - Má tá an suíomh faoi úinéireacht tríú páirtí, téann an t-údarás áitiúil i mbun caibidlíochta leis an úinéir talún. Má tá an suíomh faoi úinéireacht an údaráis áitiúil, ceannóidh an tAire é ón údarás áitiúil ar phraghas a chomhaontófar.
  - I gcás go ndiúltóidh an t-úinéir talún an suíomh a dhíol nó go dteipfidh air praghas inghlactha a chomhaontú, rachaidh an t-údarás áitiúil i gcomhairle leis an Roinn le cinneadh cibé an bhfuil gá don údarás áitiúil suíomh oiriúnach a cheannach trí ordú éigeantach.

# 8 Rialuithe ar mhaoiniú um chúnamh daonnúil

**8.1** Is éard atá i gceist le cúnamh oifigiúil um fhorbairt (ODA) cúnamh rialtais a chuireann forbairt eacnamaíoch agus leas tíortha i mbéal forbartha chun cinn agus a dhíríonn go sonrach ar an bhforbairt agus leas sin.[1]

**8.2** Is é Cúnamh Éireann — atá á mhaoiniú faoi Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta — príomhchlár an Rialtais le haghaidh ODA, clár a sholáthraíonn thart ar dhá thrian den mhaoiniú atá á chur ar fáil ag Éire. Tá an clár seo á bhainistiú ag Rannán um Chomhar Forbartha agus na hAfraice (DCAD) na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (an Roinn).

## Spriocanna foriomlána ODA

**8.3** Sa bhliain 1970, shonraigh na Náisiúin Aontaithe (NA) sprioc le haghaidh tíortha forbartha, is é sin go mbeadh ODA coibhéiseach le 0.7% dá nOllioncam Náisiúnta (OIN) á chur ar fáil acu gach bliain.[2] In 2005, leag Comhairle an AE síos cuspóir sonrach síos go mbeadh sprioc na NA á chomhlíonadh ag ballstáit faoi 2015.[3] Tá gealltanas tugtha ag Éire ó shin i leith an sprioc de 0.7% de OIN a chomhlíonadh faoi 2030.[4]

**8.4** Taispeántar i bhFíor 8.1. caiteachas bliantúil na hÉireann ar ODA le deich mbliana anuas. In 2008, bhí ODA cothrom le €921 milliún agus bhí sé cothrom le beagnach 0.6% de OIN. Idir 2009 agus 2014, tugadh laghduithe comhsheasmhacha faoi deara sa chaiteachas iomlán ODA, agus ar ODA mar chéatadán de OIN. Cé gur mhéadaigh an caiteachas iomlán ODA go seasta ó 2015, d'fhan an caiteachas mar chion de OIN mórán mar an gcéanna. Tharla sé seo mar gheall ar fhás láidir i ngeilleagar na hÉireann a raibh OIN níos airde mar thoradh air. In 2018, bhí Éire rangaithe ag 12 (i dteannta leis an Íoslainn) i measc 29 deontóir DAC OECD, i dtéarmaí an sciar dá OIN a cuireadh ar fáil mar ODA.[5]

**Fíor 8.1 Cúnamh oifigiúil um fhorbairt na hÉireann, 2008 go dtí 2018**




Foinse: Caiteachas — tuarascálacha bliantúla *Cúnamh Éireann*. % OIN — an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Sainmhínithe ag Coiste Cúnaimh Forbartha (DAC) na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Tá Éire faoi réir piarmheasúnaithe rialta á dhéanamh ag DAC. Tá an chéad phiarmheasúnú eile le déanamh i Meán Fómhair 2019.

2 Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2626 (XXV), an 24 Deireadh Fómhair 1970.

3 Cruinniú Chomhairle an Aontais Eorpaigh Uimh. 2660, an Chomhairle um Chaidreamh Eachtrach, an Bhruiséil, an 24 Bealtaine 2005.

4 Clár Oibre 2030 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe arna nglacadh ag ceannairí domhanda ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe i Nua-Eabhrac i Meán Fómhair 2015.

5 Tuarascáil Bhliantúil (dréacht) Chúnamh Éireann 2018, iarscríbhinn a ceathair. Tá an tuarascáil deiridh le foilsiú i nDeireadh Fómhair 2019.

**8.5** Tá leithdháileadh bhuiséad bliantúil ODA na hÉireann faofa ag an Rialtas mar chuid den phróiseas náisiúnta bliantúil socraithe buiséid. Déanann rannáin ábhartha laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Ard-Stiúrthóir DCAD, grúpa bainistíochta sinsearaí na Roinne, an tArd-Rúnaí agus an tAire, plé agus athbhreithniú ar leithdháileadh bliantúil na Roinne.

**8.6** Shonraigh an Roinn go gcuimsítear sa phróiseas leithdháilte buiséid na cuspóirí beartais foriomlána, gealltanais idirnáisiúnta agus géarchéimeanna leanúnacha. Chomh fada is a bhaineann le cúnamh daonnúil, breithnítear achainíocha achomhairc idirnáisiúnta shonracha freisin. Buaileann coiste idir-rannach le chéile chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar ODA iomlán na hÉireann, a chumhdaíonn gach roinn rialtais. I measc bhaill an choiste tá ionadaithe ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Roinn Airgeadais agus roinnt ranna ábhartha eile.

## Cúnamh daonnúil

**8.7** Tá cúnamh daonnúil éagsúil ó chúnamh daonnúil eile um fhorbairt sa mhéid is go bhfuil sé frithghníomhach e.g. i gcásanna éigeandála, cosúil le creathanna talún, triomach, cogaí nó éiginnteacht pholaitiúil, rudaí is cúis le heasáitiú dídeanaithe. D'fhéadfadh go mairfeadh géarchéimeanna dá leithéid ar feadh i bhfad agus go bhféadfadh gá leanúnach a bheith le cúnamh daonnúil thar thréimhse fhada ama.

**8.8** Baineann deacrachtaí le freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla. Ceann de na dúshláin is mó a bhíonn le sárú ag eagraíochtaí daonnúla go minic ná dul chomh fada le daonraí i limistéir choinbhleachta a dteastaíonn cabhair uathu.[1] Baineann dúshlán le dáileadh éifeachtach cúraim in imthosca dá leithéid mar nach mór soláthar tráthúil cistí a chothromú agus ag an am céanna a chinntiú go bhfuil rialú oiriúnach chomh fada is a bhaineann leis na cistí atá curtha ar fáil.

**8.9** Tá beagnach an ceathrú cuid de ODA na hÉireann á chur ar fáil do chúnamh daonnúil faoi láthair (féach ar Fhíor 8.2).[2] Cuirtear an cúnamh daonnúil ar fáil chun freastal ar riachtanais dhaonnúla in go leor réimsí, lena n-áirítear freagairt do na géarchéimeanna sa tSiria agus in Éimin faoi láthair, mar aon le freagairt do riachtanais leanúnacha sa tSúdáin Theas, sa tSomáil, sa tSaiheil agus i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

**Fíor 8.2 Cúnamh daonnúil mar chéatadán de ODA foriomlán na hÉireann, 2014 go dtí 2018**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Baineann deacracht ar leith leis seo i limistéir atá rialaithe ag grúpaí sceimhlitheoireachta nó ag grúpaí neamhrialtais. In 2017, bhí breis is 1,500 diúltú d'iarratais ar rochtain dhaonnúil i gcriosanna coinbhleachta éagsúla.

2 Roimh 2015, níor áiríodh san fhigiúr toraidh maidir le cúnamh daonnúil a thuairiscigh Cúnamh Éireann ach cúnamh díreach (i.e. déthaobhach) a cuireadh ar fáil. Tá sé sonraithe ag an Roinn, i ndiaidh glacadh lena straitéis maidir le cúnamh daonnúil in 2015, gur cuireadh tús le gabháil agus tuairisciú níos córasaí ar chaiteamh daonnúil ón gclár iltaobhach ODA trí chéile.

## Príomhábhar na tuarascála

**8.10** Sa tuarascáil seo

- tugtar achoimre ar chaiteachas na hÉireann ar ODA agus leagtar béim faoi leith ar chúnamh daonnúil
- tugtar eolas faoi mhaoiniú ODA na hÉireann ó 2012 a bhaineann leis an staid dhaonnúil sa tSiria
- déantar cur síos ar an gcreat rialaithe atá bunaithe ag an Roinn a bhfuil sé mar aidhm leis a chinntiú go sroicheann maoiniú daonnúil na faighteoirí beartaithe agus go gcaitear an maoiniú ar na críocha beartaithe.

**8.11** San áireamh sa scrúdú bhí cuairt a thabhairt ar an Iordáin, chun cigireacht a dhéanamh ar roinnt idirghabhálacha atá á maoiniú ag *Cúnamh Éireann* mar fhreagairt ar an ngéarchéim dhaonnúil leanúnach sa tSiria. Tástáladh na rialuithe atá á gcur i bhfeidhm ag an Roinn maidir leis na tionscadail ar tugadh cuairt orthu ansin.

## Achoimre ar chúnamh oifigiúil um fhorbairt

**8.12** Tá cuntas tugtha ar thart ar dhá thrian de ODA na hÉireann in 2018 i Vóta 27. Is éard atá i gceist leis an trian atá fágtha

- sciar na hÉireann de bhuiséad um chomhar forbartha an AE
- ranníocaíocht na hÉireann don Chlár Domhanda Bia, an Banc Domhanda agus eagraíochtaí iltaobhacha eile
- íocaíochtaí á ndéanamh ag ranna rialtais eile le comhlachtaí idirnáisiúnta.[1]

**8.13** Áirítear dhá chineál cúnaimh i maoiniú ODA na hÉireann.

- **Cúnamh déthaobhach** — áirítear anseo cúnamh díreach a chur ar fáil do thír i mbéal forbartha trí chainéil éagsúla, lena n-áirítear rialtais tíortha i mbéal forbartha, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), gníomhaireachtaí idirnáisiúnta, agus comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí príobháideacha agus cumainn mhisinéireachta.
- **Cúnamh iltaobhach** — áirítear anseo ranníocaíochtaí do ghníomhaireachtaí, institiúidí nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a dhéanann ranníocaíochtaí óna mballstáit a chomhthiomsú, agus iad a chur i bhfeidhm chun críocha forbartha.

**8.14** Soláthraítear i bhFíor 8.3 achoimre ar conas a cuireadh ODA na hÉireann i bhfeidhm in 2018 — tá miondealú níos mionsonraithe ar thoradh ODA 2018 le fáil in Iarscríbhinn 8A.

**Fíor 8.3 ODA na hÉireann de réir an chineáil cúnaimh, 2014 go dtí 2018**

| | 2014 €m | 2015 €m | 2016 €m | 2017 €m | 2018 €m |
|---|---|---|---|---|---|
| Cúnamh déthaobhach | 393 | 388 | 358 | 409 | 421 |
| Cúnamh iltaobhach | 197 | 230 | 337 | 306 | 342 |
| Bainistíocht cláir agus costais riaracháin[a] | 25 | 29 | 28 | 28 | 29 |
| **Iomlán** | **615** | **648** | **724** | **743** | **792** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí: a Áirítear ann tuarastail ball foirne ag ceanncheathrú *Cúnamh Éireann* agus i bpríomhthíortha comhpháirtíochta, táillí comhairleoireachta chun saineolas teicniúil agus meastóireacht neamhspleách agus iniúchtaí a sholáthar, costais taistil agus costais seansaireachta/chónaithe.

b Baineann aon difríochtaí dealraitheacha ar na hiomláin le slánú.

1 Déanann an Roinn Airgeadais; an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; agus ranna eile (a bhfuil tuairisc fúthu ina vótaí faoi seach) ranníocaíochtaí le haghaidh ODA; agus déanann na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíochtaí faoi Scéim na dTabhartas Carthanúil maidir le deonacháin cháilitheacha do charthanais cháilithe agus comhlachtaí faofa.

### *Straitéis maidir le cúnamh daonnúil*

**8.15** Is é an cuspóir atá le cúnamh daonnúil beatha daoine a shábháil, fulaingt a laghdú agus dínit an duine a chosaint i ndiaidh coinbhleachtaí, suaitheadh agus tubaistí nádúrtha.

**8.16** Tá an straitéis uileghabhálach le haghaidh cúnamh daonnúil na hÉireann sonraithe i mbeartas eachtrach 2015 an Rialtais[1] agus ina bheartas 2019 le haghaidh na forbartha idirnáisiúnta.[2] Lena chois sin, tá seachadadh éifeachtach maoiniú daonnúil ag teacht le haidhmeanna straitéis 'Éire Dhomhanda 2025' an Rialtais.[3]

**8.17** Sonraítear i mbeartas um chúnamh daonnúil na Roinne, a foilsíodh in 2015, cuspóirí sonracha agus na gníomhartha atá le déanamh chun iad a chomhlíonadh.[4] Áirítear i measc na gcuspóirí

- cúnamh intuartha agus solúbtha a sholáthar, ar bhonn riachtanas, mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna daonnúla a tharlaíonn go tobann, a mhaireann ar feadh i bhfad agus a ligtear i ndearmad
- béim a leagan ar ghníomhartha atá dírithe ar shaincheisteanna inscne, ar chosaint agus ar dhíriú ar ghéarchéimeanna daonnúla tearcmhaoinithe
- nasc a chruthú idir gníomhartha daonnúla agus forbartha chun géarchéimeanna de dhéanamh an duine agus tubaistí nádúrtha a chosc, ullmhú lena n-aghaidh, agus tacú le déileáil leo, agus a bheith athléimneach nuair a tharlaíonn a leithéid
- cur leis an obair a bhaineann le bonn fianaise a fhorbairt agus torthaí a fheabhsú trí thaighde, nuálaíocht, dea-chleachtas agus béim ar éifeachtacht agus ar thorthaí.

**8.18** Chomh maith leis sin, is páirtí é Éire i roinnt comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le cúnamh forbartha. In 2017, bhí Éire i measc ceann de bhreis is scór príomhdheontóir a shínigh comhaontú idirnáisiúnta. Éilíonn an comhaontú seo, ar a dtugtar an 'Grand Bargain', sraith athruithe ar chleachtais oibre deontóirí agus eagraíochtaí cúnaimh agus é mar aidhm feabhas a chur ar intuarthacht, éifeachtacht agus caighdeán an mhaoinithe dhaonnúil.[5] Áirítear sa 'Grand Bargain' gealltanais le haghaidh deontóirí agus eagraíochtaí cúnaimh i ndáil le

- níos lú cistí deontóra a bheith á gcur in áirithe agus breis pleanála agus maoinithe ilbhliantúla
- breis tacaíochta le haghaidh freagróirí áitiúla agus náisiúnta, tuilleadh scéimeanna bunaithe ar airgead tirim, agus ar an tslí sin, daoine ábhartha a chumhachtú agus breis rannpháirtíochta a spreagadh, agus faighteoirí cúnaimh a áireamh i gcinntí a bhaineann lena saol féin
- breis trédhearcachta maidir leis an úsáid atá á baint as maoiniú deontóra, níos lú dúbailte agus costais bhainistíochta níos ísle, agus comhchuibhiú agus simpliú ceanglas tuairiscithe.

**8.19** Ina theannta sin, soláthraítear i gcreat gníomhaíochta Cúnamh Éireann bonn chun feidhmíocht a thomhas agus cuntasacht chlár Cúnamh Éireann a léiriú. Úsáidtear é lena chinntiú go bhfuil na struchtúir agus córais bunaithe lena chinntiú gur féidir na torthaí pleanáilte a sheachadadh go héifeachtach.

**8.20** Déantar cur síos ar na torthaí a bhfuil súil leo le haghaidh gach tionscadal um chúnamh daonnúil atá beartaithe i rith an mheasúnaithe atá déanta mar chuid de chur chuige caighdeánach na Roinne maidir le bainistíocht deontas, a dhéanann idirdhealú i gcás gur féidir idir na haschuir agus na torthaí a bhfuil súil leo.

1 An tOileán Domhanda: Beartas Eachtrach na hÉireann do Dhomhan atá ag Athrú, Rialtas na hÉireann, 2015.

2 Domhan Níos Fearr: Beartas na hÉireann um Fhorbairt Idirnáisiúnta, Rialtas na hÉireann, 2019.

3 Éire Dhomhanda: Lorg Domhanda na hÉireann go dtí 2025 (Rialtas na hÉireann, 2018) - is straitéis é seo a bhfuil sé mar aidhm léi scóip agus tionchar lorg domhanda na hÉireann a dhúbailt sa tréimhse go dtí 2025.

4 Beartas na hÉireann um Chúnamh Daonnúil, 2015. Tá mionsonraí maidir leis na cuspóirí beartais agus na gníomhartha atá beartaithe ag an Roinn le fáil in Iarscríbhinn 8B.

5 Is comhaontú idirnáisiúnta é an Grand Bargain idir deontóirí móra agus eagraíochtaí um chúnamh daonnúil. D'eascair an comhaontú as coincheap a luadh i dtuarascáil painéal ardleibhéil a bhunaigh Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, dar teideal Ró-thábhachtach chun teip - aghaidh a thabhairt ar an mbearna maoinithe dhaonnúil, in Eanáir 2016.

**8.21** Mar chuid de chur chuige caighdeánach na Roinne maidir le bainistíocht deontas, déantar tograí le haghaidh maoiniú daonnúil a mheas bunaithe ar raon critéir, lena n-áirítear conas a chuireann siad leis an mbeartas um chúnamh daonnúil agus le creat gníomhaíochta Cúnamh Éireann. Mar shampla, rinneadh clár oibre 2017/2018 ENR amháin a mheas mar chlár oibre a chur le cúig thoradh as deich dtoradh ardleibhéil na hÉireann.

### *Maoiniú um chúnamh daonnúil*

**8.22** Is féidir leis an Roinn cúnamh daonnúil a chur ar fáil i gceann ar bith de thrí fhoirm.

- Ní mór don fhaighteoir **cistí comharthaithe** a úsáid chun clár oibre sonraithe atá comhaontaithe leis an Roinn a chur ar fáil.
- Tá **cistí atá leathchomharthaithe** teoranta ach ní ag an leibhéal céanna e.g. is féidir cistí a chur ar fáil do ENR chun iad a úsáid i ndáil le géarchéim shonrach nó iad a chur ar fáil do ghníomhaireacht NA chun iad a úsáid in earnáil shonrach.
- Níl aon teorainneacha ar úsáid ***maoinithe neamhchomharthaithe.*** Cosúil le deontóirí eile agus de réir phrionsabail an 'Grand Bargain', tá gealltanas tugtha ag Éire an cion de chúnamh daonnúil a chuireann sí ar fáil i bhfoirm maoinithe neamhchomharthaithe a mhéadú.

**8.23** Chuir Éire beagnach €186 milliún ar fáil i gcúnamh daonnúil in 2018, agus is féidir €109 milliún (59%) de sin a chatagóiriú mar chúnamh déthaobhach (féach ar Fíor 8.4). Is éard a bhí i gceist leis an €77 milliún a bhí fanta tacaíocht lárnach a cuireadh ar fáil do roinnt eagraíochtaí iltaobhacha.

**Fíor 8.4 Toradh chúnamh daonnúil na hÉireann, 2018**

| | €m |
|---|---|
| **Cúnamh déthaobhach** | |
| Achainíocha do ghéarchéimeanna sonracha | 42.2 |
| Freagairt éigeandála ENRanna | 18.1 |
| Cúnamh daonnúil curtha chun feidhme trí mhisin dhéthaobhacha | 17.5 |
| Bunmhaoiniú do Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge | 11.1 |
| Saoráid an AE do dhídeanaithe sa Tuirc | 6.9 |
| Tionscnamh Mearfhreagartha | 3.5 |
| An comhrac daonnúil i gcoinne mianach | 2.0 |
| Inscne agus cosaint | 1.5 |
| Réimsí eile | 6.1 |
| **Fo-iomlán** | **108.7** |
| **Tacaíocht lárnach d'eagraíochtaí iltaobhacha** | |
| Gníomhaireachtaí NA | 47.9 |
| An tAontas Eorpach | 28.3 |
| Eile | 0.7 |
| **Fo-iomlán** | **76.9** |
| **Cúnamh daonnúil iomlán** | **185.6** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha *rs* agus Trádála

Nóta: a Baineann aon difríochtaí dealraitheacha ar na hiomláin le slánú.

**Fíor 8.5 Príomh-chomhpháirtithe daonnúla na hÉireann, 2018**

- Bainistíonn Oifig na NA um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla cistí comhthiomsaithe tírbhunaithe a cheadaíonn do dheontóirí a ranníocaíochtaí a chomhthiomsú (€39.2m).
- Tá an cúnamh daonnúil atá á mhaoiniú ag an AE á chur ar fáil i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí na NA, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ENRanna (€35.2m).
- Sholáthair an Clár Domhanda Bia cúnamh éigeandála bia, i rith coinbhleachta, i ndiaidh coinbleachta, nó le linn tubaistí go minic (€18.6m).
- Cuirtear maoiniú ar fáil do ENRanna mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna a mhaireann ar feadh i bhfad agus a tharlaíonn go tobann (€18m).
- Díríonn Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge ar obair a dhéanamh i limistéir faoi choinbhleacht agus uaireanta is é an Chrois Dhearg an t-aon gníomhaí daonnúil a bhíonn i láthair i gcomhthéacsanna dúshlánacha (€13.5m).
- Soláthraíonn Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe seirbhísí bunúsacha daonnúla agus cosanta do dhaoine a easáitíodh le fórsa (€13.2m).
- Freagraíonn Lárchiste Freagartha Éigeandála na NA d'éigeandálaí a tharlaíonn go tobann nó atá ag dul in olcas go tapa agus tacaíonn sé le gníomhaíochtaí freagartha daonnúla laistigh d'éigeandáil tearcmhaoinithe (€12m).

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

**8.24** D'fhonn déileáil leis na riachtanais dhaonnúla is tábhachtaí, agus an leibhéal inmhianaithe de chumhdach geografach agus téamach a chinntiú, leithdháileann an Roinn maoiniú deontais do raon éagsúil eagraíochtaí comhpháirtíochta, lena n-áirítear rialtais chomhpháirtíochta, ENRanna, gníomhaireachtaí NA agus eagraíochtaí iltaobhacha cosúil leis an mBanc Domhanda. Tá na príomh-chomhpháirtithe feidhmiúcháin le haghaidh maoiniú daonnúil leagtha amach I bhFíor 8.5.

**8.25** Ina theannta sin, earcaíonn, oileann agus coimeádann an Roinn uainchlár de shaineolaithe daonnúla, ar féidir iad a imlonnú le haghaidh tascanna gearrthéarmacha ar feadh suas le sé mhí. Chomh maith leis sin, tá soláthairtí éigeandála ag Éire i sé iosta freagartha dhaonnúla de chuid na NA. Is féidir na soláthairtí seo a leithdháileadh go tapa ar eagraíochtaí comhpháirtíochta sa chás go dtarlaíonn géarchéim go tobann.

## Freagairt na hÉireann don ghéarchéim sa tSiria

**8.26** Tá sé sonraithe ag an Roinn, roimh thosach na coinbhleachta sa tSiria,[1] go raibh cúnamh daonnúil déthaobhach na hÉireann dírithe den chuid is mó ar ghéarchéimeanna san Afraic. Le blianta beaga anuas, chiallaigh an cogadh cathartha sa tSiria, mar aon le coinbhleachtaí san Iaráic agus in Éimin, gur tháinig méadú suntasach ar an riachtanas daonnúil sa Mheánoirthear.

**8.27** Ó 2012 i leith, tá breis is €118 milliún[2] de chúnamh daonnúil curtha ar fáil ag Éire chun déileáil leis an ngéarchéim sa tSiria, lena n-áirítear €25.5 milliún in 2018 (féach ar Fhíor 8.6). Is ionann é seo agus an fhreagairt is mó ó Éire d'aon ghéarchéim amháin riamh. Tá céatadán mór de mhaoiniú na hÉireann do chomhpháirtithe na NA agus Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge sa réigiún atá neamhchomharthaithe, agus dá réir sin, atá ar fáil le húsáid ag na heagraíochtaí sin de réir a bpleananna tíre agus réigiúnacha.

1 Tá cúnamh daonnúil ag teastáil ó thart ar 13.5 milliún duine mar gheall ar an gcoinbhleacht sa tSiria. Tá breis is 11.5 milliún duine easáitithe ag an gcoinbhleacht: 6 mhilliún laistigh den tSiria agus 5.5 milliún easáitithe chuig tíortha comharsanacha. Tá sé aicmithe ag na NA mar éigeandáil leibhéal 3, an chatagóir is déine de ghéarchéim dhaonnúil mhórscála.

2 Le cois maoiniú atá leithdháilte go díreach do ghéarchéim na Siria, soláthraíonn Éire bunmhaoiniú do go leor eagraíochtaí iltaobhacha atá ag freagairt don ghéarchéim.

**Fíor 8.6 Cúnamh daonnúil do ghéarchéim na Siria, 2012 go dtí 2018**

| Comhpháirtí | 2012 €m | 2013 €m | 2014 €m | 2015 €m | 2016 €m | 2017 €m | 2018 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí NA | 1.4 | 8.0 | 6.5 | 8.3 | 7.9 | 5.5 | 8.8 |
| Gluaiseacht na Croise Deirge | 0.4 | 1.5 | 2.0 | 1.8 | 3.5 | 1.5 | 2.0 |
| ENRanna | 0.1 | 1.7 | 3.0 | 3.3 | 2.8 | 2.3 | 2.6 |
| An Clár Domhanda Bia | — | — | 1.1 | 0.7 | 6.4 | 6.0 | 6.0 |
| Eile[a] | — | — | 2.5 | — | 4.9 | 10.2 | 6.2 |
| **Iomláin bhliantúla** | **1.9** | **11.2** | **15.1** | **14.1** | **25.4** | **25.5** | **25.5** |
| | | | | | | **Iomlán** | **118.6** |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí: a Áirítear i gcúnamh daonnúil eile ranníocaíochtaí na hÉireann le clár ildheontóra réigiúnach Eorpach forbartha agus cosanta agus áis de chuid an AE do dhídeanaithe sa Tuirc.

b Baineann aon difríochtaí dealraitheacha ar na hiomláin le slánú.

**8.28** Tá formhórchúnamh daonnúil na hÉireann don tSiria á bhainistiú ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Ar leithligh, mar chuid dá bhun-ranníocaíocht bhliantúil don Chlár Domhanda Bia (CDB), tá íosmhéid de €6 mhilliún sa bhliain, ó 2016, leithdháilte ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do fhreagairt CDB do Ghéarchéim na Siria. D'úsáid an CDB maoiniú 2018 ar fad sa Liobáin. I mí na Nollag 2018, shínigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara comhaontú comhpháirtíochta straitéisí nua leis an CDB don tréimhse 2019 – 2021.

**8.29** Chomh maith leis sin, cuireann Éire leis na hiarrachtaí deileáil leis an ngéarchéim sa tSiria trí ranníocaíochtaí a chur ar fáil do Lárchiste Freagartha Éigeandála na NA agus do bhuiséad ginearálta an AE. Ó thosaigh an ghéarchéim sa tSiria, tá thart ar €1.2 billiún curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach don Iordáin trí chúnamh daonnúil, forbartha agus macra-airgeadais.

**8.30** Mar gheall ar bhreis maoinithe a bheith á chur ar fáil don réigiún, agus an seans go mairfidh an ghéarchéim go ceann i bhfad, in 2016 chruthaigh an Roinn post nua - comhairleoir daonnúil réigiúnach - atá lonnaithe sa Tuirc. Shonraigh an Roinn gurb é an ról nua seo an príomhrialú a bhfuil infheistíocht déanta ann chun a caitheamh daonnúil sa réigiún a chosaint. Shonraigh an Roinn go dtugann an comhairleoir réigiúnach cuairt go minic ar shuíomhanna ar fud an reigiúin, go ndéantar plé le comhpháirtithe maoinithe, go ndéileáiltear le ceisteanna a thagann chun cinn, go ndéantar obair le páirtithe leasmhara cúnaimh agus polaitiúla eile, agus go bhfeabhsaítear príomhchaidreamh oibre. Maidir leis an gcúnamh daonnúil atá á chur ar fáil don Iordáin, shonraigh an Roinn gur bhuail an comhairleoir le comhpháirtithe uile na hÉireann roimhe seo ansin agus go ndéantar plé leanúnach leo ar mhaithe le monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh clár. Is é ról an chomhairleora a chinntiú go bhfuil cuspóirí comhaontaithe á gcomhlíonadh ag comhpháirtithe. Chomh maith leis sin, tá an comhairleoir réigiúnach páirteach i mboird chomhairleacha trí chiste chomhthiomsaithe NA a ndéanann Éire infheistíocht iontu.[1]

1 Cistí daonnúla na Liobáine, na hIordáine agus na Tuirce.

**8.31** In 2019, d'oscail an Roinn ambasáid nua in Amman, san Iordáin, de bhun cinnidh a rinneadh in 2017. Shonraigh an Roinn gur gné lárnach de mhisean na hambasáide é maoirseacht agus monatóireacht bhreise a dhéanamh ar chúnamh daonnúil san Iordáin agus sa réigiún trí chéile, i gcomhthéacs ina bhfuil a gceanncheathrúna réigiúnacha daonnúla ag go leor comhlachtaí NA agus idirnáisiúnta eile in Amman. Thug an Roinn faoi deara go gcuireann taithí shuntasach forbartha an ambasadóra ar a chumas tacú lena feidhm rialaithe. Glacann an Roinn leis gurb ionann ceapadh an chomhairleora agus bunú na hambasáide agus infheistíocht shuntasach i dtimpeallacht rialaithe feabhsaithe.

**8.32** Baineann castacht le cúnamh daonnúil a chur ar fáil do dhaoine sa tSiria mar gheall ar an gcoinbhleacht leanúnach, túslínte athraitheacha, constaicí riaracháin agus maorlathacha agus foréigean feadh bealaí rochtana. Dhírigh maoiniú na Roinne ar thacú le comhpháirtíochtaí agus cláir atá bunaithe sa tSiria agus i dtíortha comharsanachta cosúil leis an Iordáin agus an Liobáin, ag tacú le dídeanaithe agus le pobail óstacha sa tSiria.

**8.33** Mar a léirítear i Fhíor 8.7, in 2018 caitheadh formhór de thacaíocht dhaonnúil na Roinne i dtíortha comharsanachta, seachas sa tSiria féin.

**Fíor 8.7 Miondealú de réir tíre ar thacaíocht *Cúnamh Éireann* do ghéarchéim na Siria, 2018**




Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Baineann aon difríochtaí dealraitheacha ar na hiomláin le slánú.

## Bainistíocht agus rialú deontas

**8.34** In 2018, rollaigh an Roinn amach cur chuige nua caighdeánach maidir le bainistíocht deontas (féach ar na príomhchéimeanna i Fhíor 8.8) mar fhreagairt ar thorthaí athbhreithniú iniúchta inmheánaigh ar rialú inmheánach agus ar chórais bainistíochta riosca.[1] Tugadh athrúcháin faoi deara san athbhreithniú sna próisis a bhaineann le heisíocaíocht cistí agus le monatóireacht agus bainistíocht clár a bhain le misin na Roinne.

**8.35** Sonraíonn an Roinn go bhfuil gach maoiniú ODA leithdháilte anois, agus go bhfuil monatóireacht agus luacháil déanta air trí úsáid a bhaint as an gcur chuige caighdeánach, atá curtha i bhfeidhm chun maoiniú um chúnamh daonnúil a bhainistiú ó 2018.

**8.36** Sonraítear in ábhar treorach na Roinne don nós imeachta coitianta bainistíochta deontas gníomhartha sonracha atá le cur i gcrích agus na doiciméid atá le cur ar fáil le haghaidh gach céim den timthriall bainistíochta deontas. Áirítear ann teimpléid tacaíochta agus spreagann sé bainisteoirí agus cinnteoirí chun gach tionscadal, comhpháirtí agus cinneadh maoinithe poitéinsiúil a bhreithniú bunaithe ar pheirspictíocht an riosca, na dtorthaí agus na cuntasachta airgeadais.

**Fíor 8.8 Príomhghnéithe nós imeachta bainistíochta deontas na Roinne**

| Céim | Príomhghnéithe |
|---|---|
| **Sainaithint tionscadal agus comhpháirtithe** | ▪ Breithniú a dhéanamh ar ábharthacht na dtorthaí ionchais, oiriúnacht an chomhpháirtí ionchasaigh agus acmhainn na Roinne (i dtéarmaí acmhainní airgeadais agus daonna atá ar fáil) chun an deontas a bhainistiú. |
| **Dearadh agus forbairt** | ▪ Tacaíonn an Roinn le comhpháirtí chun tionscadal/clár fónta a ullmhú.<br>▪ Forbraíonn bainisteoir deontas tuiscint ar an tionscadal/clár, an buiséad agus an eagraíocht chomhpháirtíochta agus a chúlra feidhmíochta. |
| **Breithmheas agus moladh** | ▪ Coimeádann an bainisteoir taifead ar an measúnú ar an gclár/tionscadal, an comhpháirtí agus an riosca gaolmhar.<br>▪ Eisíonn an bainisteoir deontas moladh maidir le cibé ar cheart nó nár cheart deontas a bhronnadh agus, áit ar cuí, leagtar amach aon choinníollacha ba cheart a áireamh sa chomhaontú deontais agus/nó monatóireacht ar an deontas. |
| **Faomhadh** | ▪ An moladh deontais breithnithe ag sealbhóir buiséid agus faofa ag leibhéal cuí. |
| **Feidhmiúchán** | ▪ Páirt a ghlacadh i gcomhaontú i scríbhinn leis an eagraíocht an chomhpháirtí ábhartha, íocaíochtaí deontais a phróiseáil agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. |
| **Críochnú agus foghlaim** | ▪ Cuntas a dhéanamh ar agus comhad deontais a dhúnadh, na torthaí agus na ceachtanna úsáideacha a foghlaimíodh a nótáil. |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

1 *Tuarascáil Sintéise ar an Measúnú ar Chórais Rialaithe Inmheánacha agus Bainistíochta Riosca i bPríomhthíortha Comhpháirtíochta,* Feabhra 2014.

### *Rialuithe agus struchtúir dearbhaithe*

**8.37** Soláthraítear i Fhíor 8.9 achoimre ar chóras rialaithe agus dearbhaithe na Roinne maidir le cúnamh daonnúil, ag déanamh idirdhealú idir maoiniú atá comharthaithe agus maoiniú a chuirtear ar fáil ar bhonn leathchomharthaithe agus neamhchomharthaithe. Baineann cuid de na rialuithe agus tástálacha seo le gach bonn maoinithe, agus tá cuid eile fós saincheaptha chun léargas a thabhairt ar nádúr an mhaoinithe.

**Fíor 8.9 Achoimhre ar rialuithe um chúnamh daonnúil ar chistí comharthaithe agus cistí leathchomharthaithe/neamhchomharthaithe**

<table>
<tr><th>Céim</th><th>Cistí comharthaithe</th><th>Cistí leath/neamhchomharthaithe</th></tr>
<tr><td rowspan="3">Sainaithint tionscadal agus comhpháirtithe</td><td>▪ Measúnú a dhéanamh ar an méid a d’fhéadfadh tionscadal cur le cuspóirí an bheartais um chúnamh daonnúil agus creat gníomhaíochta Cúnamh Éireann.</td><td>▪ Measúnú a dhéanamh ar a oiriúnaí is atá gníomhaíocht eagraíocht an chomhpháirtí agus cuspóirí an bheartais um chúnamh daonnúil agus creat gníomhaíochta Cúnamh Éireann.</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Ní mór do chomhpháirtithe aon choinbhleachtaí leasa a fhógairt agus aon oibleagáidí ábhartha reachtaíochta agus airgeadais a chomhlíonadh, lena n-áirítear seachaint calaoise agus éillithe.<br>▪ Measúnú a dhéanamh ar chumas comhpháirtí riosca a bhainistiú.</td></tr>
<tr><td>▪ Comhpháirtithe, ag a bhfuil cuntas teiste cruthaithe ag déileáil le géarchéimeanna cosúla, a roghnú.</td><td>▪ Measúnú a dhéanamh ar chuntas teiste eagraíocht an chomhpháirtí chomh fada is a bhaineann le cúnamh a chur ar fáil go héifeachtach, scrúdú a dhéanamh ar iniúchadh inmheánach agus tuarascálacha foilsithe ábhartha eile.<br>▪ Anailís agus breathnóireachtaí ó ambasáid na hÉireann (más ann dá leithéid) sa spriocthír.</td></tr>
<tr><td>Dearadh agus forbairt</td><td>▪ Tuiscint ar an tionscadal a fhorbairt.</td><td>▪ Tuiscint ar réimse an chláir a fhorbairt.</td></tr>
<tr><td>Breithmheas, moladh agus faomhadh</td><td colspan="2">▪ Measúnú agus moladh an bhainisteora a thaifeadadh.<br>▪ An cinneadh deontais a thaifeadadh agus, i gcás gurb ábhartha, aon choinníollacha ba cheart a áireamh sa chomhaontú deontais agus/nó sa mhonatóireacht ar an deontas a leagan síos.</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Feidhmiúchán</td><td colspan="2">▪ Comhaontú i scríbhinn bunaithe, lena n-áirítear aon choinníollacha ábhartha.<br>▪ Fáltais a fháil le haghaidh cistí aistrithe.<br>▪ Déanann bainisteoirí deontais athbhreithniú ar thuarascálacha/iniúchtaí tréimhsiúla ar dhul chun cinn ó eagraíochtaí comhpháirtíochta agus d’fhéadfaí cuairteanna monatóireachta tréimhsiúla a dhéanamh chomh maith.</td></tr>
<tr><td>▪ Tá aschuir agus torthaí a bhfuil súil leo sonraithe sa chomhaontú i scríbhinn.<br>▪ Tá an Roinn i dteideal iniúchadh a dhéanamh ar dhoiciméid bhunaidh in oifigí na heagraíochta comhpháirtíochta.</td><td>▪ Maidir le gníomhaireachtaí de chuid na NA, is féidir le hÉirinn páirt a ghlacadh i gcuairteanna suímh atá eagraithe le haghaidh deontóirí.<br>▪ Coimeádann an Roinn an ceart meastóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí atá á maoiniú ag na rannícaíochtaí.</td></tr>
<tr><td>Críochnú agus foghlaim</td><td colspan="2">▪ Soláthraíonn comhpháirtí tuarascáil/ráiteas deiridh ina léirítear conas a cuireadh maoiniú i bhfeidhm agus an toradh.<br>▪ Nóta clabhsúir (ina sonraítear torthaí, foghlaim agus riosca) comhlánaithe ag an mbainisteoir deontais agus sínithe ag sealbhóir an bhuiséid.</td></tr>
</table>

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

### *Cuairt ar an Iordáin*

**8.38** I láthair na huaire, tá breis is 1.3 milliún náisiúnach Siriach san Iordáin, lena n-áirítear breis is 670,000 dídeanaí cláraithe, atá ag éirí níos leochailí de réir a chéile mar nach bhfuil aon airgead, sócmhainní ná acmhainní fágtha acu. Tá daoine aonair agus teaghlaigh a easáitíodh ón tSiria anois cothrom le 10% de dhaonra iomlán na hIordáine. I láthair na huaire, tá breis is 90,000 dídeanaí ó thíortha eile mar aon le breis is 2.1 milliún dídeanaí fadtéarmach cláraithe ón bPalaistín san Iordáin. Measann an Banc Domhanda go gcosnaíonn sé an Iordáin thart ar €2.25 billiún sa bhliain dídeanaithe cláraithe a óstáil.

**8.39** Thaistil an fhoireann scrúdaithe chomh fada leis an Iordáin in Aibreán 2019 chun cigireacht a dhéanamh ar roinnt idirghabhálacha atá á maoiniú ag Cúnamh Éireann mar fhreagairt ar an ngéarchéim sa tSiria. Cuimsítear san athbhreithniú samplaí de gach ceann den trí chineál idirghabhála maoinithe a d'úsáid Cúnamh Éireann in 2018. Bhain siad seo le

- Neamhchomharthaithe — €750,000 i maoiniú daonnúil do ghníomhaireacht NA atá ag tacú le dídeanaithe Siriacha san Iordáin
- Leathchomharthaithe — €500,000 curtha ar fáil do ghníomhaireacht eile na NA do thionscadail oideachais do dhídeanaithe Siriacha san Iordáin
- Comharthaithe — €233,000 do ENR atá ag cabhrú le leanaí a bhfuil tionchar ag an gcoinbhleacht orthu in áis oideachais pobail in Amman.

*Maoiniú neamhchomharthaithe*

**8.40** Is é Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) atá i gceannas ar an bhfreagairt dídeanaithe san Iordáin, ag comhordú agus ag soláthar cúnaimh de réir Phlean Freagartha na hIordáine.[1] Chuir Cúnamh Éireann maoiniú iomlán de €13.2 milliún ar fáil do UNHCR in 2018, agus chuir an ghníomhaireacht €750,000 de sin i bhfeidhm mar mhaoiniú daonnúil do dhídeanaithe Siriacha.

**8.41** Oibríonn an UNHCR roinnt seirbhísí i gcampa dídeanaithe Zaatari i dtuaisceart na hIordáine, ina bhfuil beagnach 80,000 dídeanaí. I measc na dtacaíochtaí i gCampa Zaatari, tá áiseanna oideachais agus scoileanna, áis uisce agus sláintíochta agus ionad grianchumhachta 12.9 meigeavatuair, an ceann ba mhó a tógadh riamh do lonnaíocht dídeanaithe. Chomh maith leis sin, oibríonn an campa ionad cláraithe dídeanaithe in Amman agus is é an áis is mó den saghas sin sa Mheánoirthear. Braitheann sé ar chóras aitheanta bithmhéadraí a úsáidtear chun íocaíochtaí airgid tirim a dháileadh ar dhídeanaithe ó Uathmheaisíní Bainc (UMBanna) cumasaithe.

*Maoiniú leathchomharthaithe*

**8.42** Is é Ciste Éigeandála Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe do Leanaí (UNICEF) ceann de na faighteoirí is mó de mhaoiniú ODA na hÉireann. Le cois bunmhaoiniú bliantúil de bhreis ar €7 milliún, maoiníonn *Cúnamh Éireann* oibríochtaí sonracha UNICEF de réir an cháis. In 2018, chuir *Cúnamh Éireann* deontas de €500,000 ar fáil do UNICEF, a bhí leathchomharthaithe do thionscadail oideachais do dhídeanaithe Siriacha san Iordáin. Soláthraíonn ceann de na cláir ar tacaíodh leo dreasachtaí airgeadais chun leanaí dídeanaithe a choinneáil sa chóras scolaíochta.

1 Is clár trí bliana é *Plean Freagartha Jordan don Ghéarchéim sa tSiria (2016–2018)* d'idirghabhálacha ardtosaíochta chun cur ar chumas Ríocht na hIordáine freagairt d'éifeachtaí ghéarchéim na Siria gan a conair forbartha féin a chur i mbaol.

*Maoiniú comharthaithe*

**8.43** Tá sé mar aidhm ag ENR 1 cabhrú le leanaí a bhfuil tionchar ag coinbhleacht orthu agus tacú le rochtain ar oideachas do mhná agus do chailíní. Tacaíonn sé le háis oideachais pobail in Amman, a sholáthraítear inti cúram agus forbairt luath-óige do leanaí idir 3–5 bliana d'aois agus oideachas neamhfhoirmiúil d'ógánaigh. Tá an áis seo á cómhaoiniú ag ENR 1 agus ag ENR atá bunaithe san Iordáin. Ó 2016, tá maoiniú deontais de €576,000 curtha ar fáil ag Cúnamh Éireann do ENR 1, atá comharthaithe do thionscadail san áis oideachais pobail in Amman.

*Breathnóireachtaí rialaithe ó chuairt ar an suíomh san Iordáin*

**8.44** Rinne an fhoireann meastóireachta measúnú ar a mhéid is atá príomhrialuithe á gcur chun feidhme ag an Roinn maidir leis na hidirghabhálacha maoinithe a ndearnadh cigireacht orthu san Iordáin. Déantar (ró-) achoimre i Fíor 8.10 ar thorthaí an mheasúnaithe sin.

**8.45** Aimsíodh go raibh formhór na rialaithe curtha i bhfeidhm go cuí ag an Roinn maidir leis na trí idirghabháil mhaoinithe a ndearnadh scrúdú orthu.

**8.46** Maidir leis an deontas leathchomharthaithe, áiríodh sna doiciméid a bhí á gcoimeád ag an Roinn maidir leis an gcomhpháirtí feidhmiúcháin (gníomhaireacht NA) tuarascáil maidir le hoifig tíre na hIordáine a rinne Oifig um Iniúchadh Inmheánach agus Imscrúduithe na NA i Nollaig 2017. Sainaithníodh sa tuarascáil dhá chás ina raibh rialacha an mhargaidh saothair san Iordáin sáraithe ag fochonraitheoirí an chomhpháirtithe feidhmiúcháin. Mar fhreagairt, gheall an comhpháirtí a chinntiú gur thuig a fhochonraitheoirí na rialacha, agus monatóireacht ar chomhlíontacht an chonartha a neartú. I ndiaidh na tuarascála, sholáthair an comhpháirtí cóip dá bheartas nuashonraithe don Roinn mar aon le sonraí faoi cheardlanna gaolmhara a bhí curtha i bhfeidhm. Níor aimsigh an fhoireann scrúdaithe, áfach, fianaise gur dheimhnigh an Roinn go raibh na gníomhartha comhaontaithe a d'eascair as tuarascáil Nollaig 2017, curtha i bhfeidhm go hiomlán ag an gcomhpháirtí, roimh an deontas a bhronnadh i Meán Fómhair 2018. Bhí Éire, a raibh Cúnamh Éireann ag déanamh ionadaíochta uirthi, ina ball de bhord feidhmiúcháin an chomhpháirtí feidhmiúcháin in 2017.

**8.47** Maidir leis an maoiniú comharthaithe, aimsíodh i rith an scrúdaithe go raibh nóta déanta i ndoiciméid bhreithmheasa na Roinne, in 2016, maidir le fadhbanna oibríochtúla a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na hoibríochtaí pleanáilte ag an gcomhpháirtí ionchais, mar thoradh ar easpa taithí an chomhpháirtí déileáil le dídeanaithe san Iordáin. Cé go bhfuil fianaise ann gur tharraing an Roinn aird ar cheisteanna foirne ag cruinniú déthaobhach leis an gcomhpháirtí ionchais i Meitheamh 2016, níl aon fhianaise dhoicméadach ann faoi aon dearbhú sonrach a bheith faighte ag an Roinn maidir leis na fadhbanna oibríochtúla a tugadh faoi deara.

**8.48** I gcásanna ina bhfuil maoiniú comharthaithe á chur ar fáil, coimeádann an Roinn an ceart iniúchtaí a dhéanamh ar dhoiciméid bhunaidh ag oifigí eagraíochta an chomhpháirtí. Tugadh faoi deara nach raibh aon iniúchtaí dá leithéid déanta san Iordáin. Chuir an Roinn in iúl don fhoireann scrúdaithe nach raibh aon iniúchadh dá leithéid déanta ag an Aonad Daonnúil i rith 2018 maidir le haon cheann de na tionscadail. Shonraigh an Roinn go ndéantar iniúchtaí dá leithéid ar bhonn riosca, i gcásanna ina bhfuil comharthaí ann go b hféadfadh fadhbanna a bheith i gceist.

**Fíor 8.10 Príomhrialuithe a bheith á gcur i bhfeidhm ag an Roinn do thionscadail shamplacha, 2018**

| | Eagraíochtaí comhpháirtíochta | | |
|---|---|---|---|
| | **UNHCR** | **UNICEF** | **ENR 1** |
| **Maoiniú *Cúnamh Éireann* in 2018** | **€750,000** | **€500,000** | **€233,067** |
| **Bonn maoinithe** | **Neamhchomh-arthaithe** | **Leathchomhar-thaithe** | **Comharthaithe** |
| **Sainaithint tionscadal agus comhpháirtithe** | | | |
| Nasc soiléir idir tionscadal agus cuspóirí straitéiseacha na Roinne | n/b | n/b | 🟢 |
| Próiseas roghnúcháin comhpháirtithe | 🟢 | 🟢 | 🟡 |
| Fianaise ar bhreithniú a bheith déanta ag an Roinn ar thorthaí ábhartha ó thuarascálacha iniúchta inmheánaigh NA | 🟢 | 🟡 | n/b |
| Fianaise ar mheasúnú riosca a bheith déanta | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| **Breithmheas, moladh agus faomhadh** | | | |
| Taifead an chinneadh deontais a bheith déanta | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| Deontas faofa ag leibhéal cuí | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| **Feidhmiúchán** | | | |
| Comhaontú deontais i scríbhinn bunaithe | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| Torthaí tionscadail a bhfuil súil leo sonraithe | n/b | n/b | 🟢 |
| Fáltais íocaíochta ar comhad | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| Tuarascálacha ar dhul chun cinn faighte ó eagraíocht chomhpháirtíochta de réir an chomhaontaithe | n/b | n/b | 🟢 |
| **Críochnú agus foghlaim** | | | |
| Tuarascáil deiridh faighte ó eagraíocht an chomhpháirtí de réir an chomhaontaithe | n/b[a] | n/b[a] | 🟢 |

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a De réir na gcomhaontuithe deontais, níl ráitis airgeadais deiridh dlite ó na heagraíochtaí comhpháirtíochta fós.
b 🟢 Rialú curtha i bhfeidhm
🟡 Aird tarraingthe ar mhionfhadhb rialaithe
🔴 Aird tarraingthe ar fhadhb shuntasach rialaithe

## Conclúidí agus moltaí

**8.49** Bunaithe ar leibhéal an chaiteachais ar chúnamh daonnúil, mar aon le géar-riachtanais na dtairbhithe beartaithe, baineann fíorthábhacht le nósanna imeachta rialaithe agus dearbhaithe láidre, lena chinntiú go bhfuil na cistí in úsáid do na cúiseanna beartaithe agus go mbíonn torthaí dearfacha le tabhairt faoi deara. In 2018, chríochnaigh an Roinn rolladh amach nós imeachta caighdeánach nua do bhainistíocht deontas chun cur chuige coiteann sna cláir agus sna suíomhanna difriúla a chinntiú.

**8.50** Is iad na rialuithe criticiúla a bhaineann le maoiniú neamhchomharthaithe agus leathchomharthaithe na rialuithe sin a chuirtear i bhfeidhm ag céim sainaitheanta an chomhpháirtí. Nuair atá na deontais bronnta, ní rialaíonn an Roinn conas a úsáideann an faighteoir an maoiniú. Gheobhaidh an Roinn ráiteas airgeadais cúlghabhálach ar a dtaispeánfar conas a cuireadh an maoiniú i bhfeidhm, ach d'fhéadfadh sé seo tarlú roinnt mhaith ama i ndiaidh chríochnú thréimhse ghníomhaíocht an chláir. De bhrí go ginearálta, go gcuireann eagraíochtaí comhpháirtíochta maoiniú neamhchomharthaithe agus leathchomharthaithe i bhfeidhm ar chláir mhóra atá i mbun oibre cheana féin, go minic ní féidir torthaí a lua go sonrach (e.g. líon tairbhithe nó torthaí sonracha) le ranníocaíocht Cúnamh Éireann.

**8.51** Maidir le maoiniú comharthaithe, tá an Roinn in ann breis rialaithe a fheidhmiú ag céim feidhmiúcháin an tionscadail, agus tá sé níos éasca measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil torthaí tionscadail ionchais á gcomhlíonadh.

**8.52** Thug an fhoireann scrúdaithe faoi deara go raibh formhór na rialuithe curtha i bhfeidhm go cuí ag an Roinn i ndáil leis na trí idirghabháil mhaoinithe a ndearnadh iniúchadh orthu san Iordáin.

**8.53** Sa chás go bhfuil cistí comharthaithe á gcur ar fáil, coimeádann an Roinn an ceart iniúchadh a dhéanamh ar dhoiciméid bhunaidh a úsáidtear chun tacú le hiarratais ar dheontas, atá á gcoimeád in oifigí an chomhpháirtí feidhmiúcháin. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais a chuireann eagraíochtaí comhpháirtíochta ar fáil. Ní dhéantar iniúchtaí i ngníomhaireachtaí maoinithe ach in imthosca ina dtarraingítear aird san anailís seo ar fhadhbanna nó sa chás go bhfuil táscairí eile ann a léiríonn ábhar imní.

### Moladh 8.1

Ba cheart don Roinn tabhairt faoi líon teoranta iniúchtaí pleanáilte gach bliain, chun faisnéis atá tuairiscithe ag comhpháirtithe roghnaithe um chúnamh daonnúil a bhfuil maoiniú comharthaithe á bhfáil acu a fhíorú, agus chun doiciméid bhunaidh atá ag tacú le tuairisceáin airgeadais a sheiceáil.

#### Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta

Glactar le páirt den mholadh.

Ar an iomlán, breithneoidh an Roinn ar roinnt iniúchtaí a dhéanamh ar chomhpháirtithe a bhfuil maoiniú comharthaithe á fháil acu. Beidh an measúnú riosca leanúnach in úsáid mar bhonn le breithniú na Roinne. Beidh an measúnú riosca sin bunaithe den chuid is mó ar na socruithe monatóireachta leanúnacha atá bunaithe ag an Roinn, lena n-áirítear imlonnú comhairleoir daonnúil réigiúnach lánaimseartha.

Leanfaidh an Roinn le bainistiú gníomhach an phróisis trí mheasúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht chórais mhaoirseachta agus dearbhaithe na gcomhpháirtithe, iniúchadh inmheánach agus seachtrach san áireamh. Áirítear anseo nósanna imeachta a leasú de réir mar is gá lena chinntiú go bhfaightear dearbhú riachtanach maidir le bainistíocht agus feidhmiú mhaoiniú Cúnamh Éireann, lena n-áirítear sreabhadh soiléir cistí maidir le deontais chomharthaithe.

## Iarscríbhinn 8A

### Fíor 8A.1 Achoimre ar ODA na hÉireann in 2018




Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Nótaí:
a Áirítear i gcostais riaracháin Vóta 27 tuarastail foirne ag Ceanncheathrú *Cúnamh Éireann* agus i bpríomhthíortha comhpháirtíochta, táillí comhairleoireachta chun saineolas teicniúil agus meastóireacht neamhspleách a sholáthar, costais taistil agus costais seansaireachta/chónaithe.

b Baineann aon difríochtaí dealraitheacha ar na hiomláin le slánú.

## Iarscríbhinn 8B

**Fíor 8B.1 Cuspóirí bheartas um chúnamh daonnúil na hÉireann, 2015**

| Cuspóirí beartais | Céard a dhéanfaidh an Roinn |
|---|---|
| Cúnamh daonnúil bunaithe ar riachtanais a sholáthar ar bhealach atá intuartha agus solúbtha chun freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla a tharlaíonn go tapa, a mhaireann ar feadh i bhfad agus a ligtear i ndearmad | ▪ Maoiniú a chur ar fáil trí chomhpháirtithe iontaofa<br>▪ Riachtanais a chatagóiriú chun cabhrú le cinntí a dhéanamh<br>▪ Aird a dhíriú ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad/a bhfuil faillí déanta orthu<br>▪ Tacú leis an gcumas áitiúil<br>▪ Cuntasacht a chinntiú do phobail i gceist<br>▪ Díriú ar ghrúpaí leochaileacha<br>▪ Cistí atá dírithe ar chosc foréigin ghnéasaigh a mhéadú<br>▪ Tacú le cóir mhearfhreagartha<br>▪ Leanúint le hábhar faoisimh a stoc-charnadh<br>▪ Maoiniú réamhshuite a chur ar fáil |
| Ceannaireacht agus comhpháirtíocht na hÉireann a léiriú le hagaidh gníomhaíocht éifeachtach idirnáisiúnta dhaonnúil agus béim ar leith a leagan ar inscne, cosaint agus ar dhíriú ar ghéarchéimeanna daonnúla atá ligthe i ndearmad agus tearcmhaoinithe | ▪ Dea-phrionsabail deontóra daonnúla a leanúint<br>▪ Gníomh daonnúil prionsabálta a chur chun cinn<br>▪ Tacú leis an gComhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil<br>▪ Gealltanas maidir le hinscne agus cosaint a bhrú chun cinn<br>▪ Tacú le clár oibre le haghaidh bunathrú<br>▪ Obair a dhéanamh chun meicníochtaí comhordaithe agus maoinithe deontóra a fheabhsú<br>▪ Gealltanais a chomhlíonadh faoin bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil<br>▪ Cuir leis an bhfreagairt éigeandála domhanda<br>▪ Athbhreithniú ar ábhair stoc-charntha |
| Cuir chuige daonnúla agus forbartha na hÉireann a nascadh chun géarchéimeanna de dhéanamh an duine agus tubaistí nádúrtha a chosc, ullmhú lena n-aghaidh, tacú leis an athshlánú ina ndiaidh, agus cur lenár gcumas déileáil leo | ▪ Cinntigh comhlántacht idir iarrachtaí daonnúla agus forbartha<br>▪ Téigh i ngleic le bunchúiseanna na leochaileachta<br>▪ Glac le cur chuige laghdaithe riosca tubaistí, luath-athshlánaithe agus athléimneach áit ar cuí<br>▪ Tacú le feidhmiúchán Phlean Gníomhaíochta an AE le haghaidh Athléimneacht i dTíortha ina dtarlaíonn Géarchéimeanna<br>▪ Cuspóirí an Tionscnaimh Mearfhreagartha a chomhlíonadh<br>▪ Tacú le córais luathrabhaidh atá nasctha le luathfhreagairt<br>▪ Tacú le forbairt dhaonnúil chomhpháirteach d'anailís ar chomhthéacs sonrach<br>▪ Maoiniú solúbtha a chur ar fáil<br>▪ Cinntigh gur gné lárnach den chlár forbartha é laghdú riosca tubaistí |

| Cuspóirí beartais | Céard a dhéanfaidh an Roinn |
|---|---|
| Cabhróidh an Roinn le bonn fianaise daonnúil a fhorbairt agus le freagairt dhaonnúil a fheabhsú trí thaighde, nuálaíocht, dea-chleachtas agus béim ar éifeachtacht agus ar thorthaí | ▪ Bunófar cinntí maoinithe ar phróisis riachtanais anailíseacha fianaise-bhunaithe<br>▪ Bunófar cinntí maoinithe ar mheicníocht breithmheasa láidir<br>▪ Tacófar le taighde agus nuálaíocht<br>▪ Cuirfear caighdeáin dhaonnúla chun cinn agus déanfar infheistíocht iontu<br>▪ Tacófar le taighde agus le dea-chleachtas i gcosaint ban agus cailíní<br>▪ Déanfar torthaí a rianú agus a roinnt<br>▪ Beidh fianaise mar bhonn le plé idirnáisiúnta ar bheartas<br>▪ Oibreofar le parlaiminteoirí chun beartas idirnáisiúnta daonnúil a chruthú<br>▪ Úsáidfear an Cruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla chun freagairt chomhordaithe na hÉireann a fhorbairt |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, an Beartas um Chúnamh Daonnúil, 2015

# 9 Idirbhearta airgeadais a bhaineann le gás ceaptha teasa

**9.1** D'fhéadfaí a rá gurb é an dúshlán comhshaoil is práinní atá roimh gach uile náisiún ná conas an astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GCT) a laghdú. Tá an ghné chriticiúil den dúshlán atá roimh Éirinn leagtha amach i *bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019* a d'fhoilsigh an Rialtas le déanaí.

**9.2** Rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe athbhreithniú ar an *gCód Caiteachais Phoiblí*[1] i mí Iúil 2019 chun, i measc nithe eile, samhail chostais laghdaithe a thabhairt isteach a bheidh le húsáid ag ranna agus gníomhaireachtaí stáit chun luach na n-astaíochtaí dóchúla GCT a fhabhraítear mar gheall ar chinntí infheistíochta poiblí a luacháil.[2]

**9.3** Tá ról tábhachtach ag GCTanna amhail an dé-ocsaíd charbóin, an ocsaíd nítriúil agus an meatán chun teocht bhuan inmharthana a chothú don domhan. Mar gheall ar 'an iarmhairt cheaptha teasa', bíonn na gáis seo ag ionsú agus ag astú radaíocht theirmeach, rud lena gcruthaítear timpeallacht inar féidir leis an duine maireachtáil.

**9.4** Mar thoradh ar mhéaduithe atá tagtha ar an ngníomhaíocht thionsclaíoch áfach, tá méadú suntasach tagtha ar thomhaltas fadtéarmach breoslaí iontaise. Mar thoradh air sin, tá an méid GCTanna atá san atmaisféar ag an leibhéal is airde riamh a taifeadadh go dtí seo. Tá tionchar ag an tiúchan seo de GCT ar an gcóras aeráide agus ar an téamh domhanda freisin.

**9.5** Leagadh an bonn leis an ngníomhú idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus maidir le Prótacal Kyoto a tháinig as chomh maith.[3] Leagadh spriocanna ceangailteacha amach le Prótacal Kyoto do 37 náisiún tionsclaithe (Éire san áireamh) agus san AE chun astaíochtaí GCT a laghdú thar dhá thréimhse tiomantais, 2008 – 2012 agus 2013 – 2020. In 2015, shínigh Éire Comhaontú Pháras freisin, ina leagtar síos spriocanna eile do laghduithe astaíochtaí don tréimhse idir 2021 agus 2030.

**9.6** Ag teacht sna sála ar na tiomantais sin, tá Éire agus an AE ag iarraidh spriocanna aeráide a bhaint amach trí mheascán de bhearta lena n-áirítear praghsáil charbóin agus cáin, an caiteachas poiblí, an rialáil agus beartais feasachta poiblí, agus eascraíonn idirbhearta áirithe airgeadais as cuid de na bearta sin. Tá líon suntasach d'idirbhearta a bhaineann le GCT ag tarlú in Éirinn ach toisc go bhfuil siad sin scaipthe thar raon leathan eagraíochtaí Stáit, níl an tionchar glan ar airgeadas an Státchiste le feiceáil go héasca. Tá an fhéidearthacht ann go dtabharfar isteach níos mó trédhearcachta don tionchar a bhíonn ag na beartais um athrú aeráide ar an airgeadas poiblí mar gheall ar chreat buiséadaithe glas, a fógraíodh i mBuiséad 2019, agus a bhfuil sé i gceist a thabhairt isteach.[4]

**9.7** Is é cuspóir na tuarascála seo ná forléargas a chur i láthair ar fhaisnéis faoi idirbhearta airgeadais reatha a bhaineann leo seo a leanas is an fhaisnéis sin a chomhdhlúthú

- Astaíochtaí GCT de chuid na hÉireann
- córas trádála astaíochtaí an AE (ETS)[5]
- spriocanna gníomhaíochta aeráide, agus
- cánacha carbóin.

1 Is é *an Cód Caiteachais Phoiblí* sraith na rialacha agus nósanna imeachta chun caiteachas poiblí a bhreithmheas, a bhainistiú agus a mheasúnú, a cheanglaítear ar aonáin san earnáil phoiblí in Éirinn a chur i bhfeidhm.

2 Is éard atá i gceist le cur i bhfeidhm na samhla costais laghdaithe ná leibhéal agus uainiú astaíochtaí sa todhchaí a mheas agus scáthphraghas carbóin a chur i bhfeidhm ansin bunaithe ar an gcostas dóchúil a bheadh i gceist d'Éirinn chun na hastaíochtaí sin a bhaint ón atmaisféar. Bhí an modh a bhí ann roimhe seo chun astaíochtaí GCT a luacháil bunaithe ar luach margaidh na liúntas i gCóras Trádála Astaíochtaí an AE.

3 Glacadh Prótacal Kyoto i mí na Nollag 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm i mí Feabhra 2005.

4 Tá páipéar foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina leagtar amach a cur chuige maidir le buiséadú glas a chur i bhfeidhm. (https://igees.gov.ie/wp-content/uploads/2019/01/The-Implementation-of-Green-Budgeting-in-Ireland.pdf)

5 An scéim trádála astaíochtaí a tugadh ar an gcóras roimhe seo. Rinneadh an téarmaíocht a athrú go córas trádála astaíochtaí an AE faoi Threoir an AE 2018/410 ó mhí an Mhárta 2018.

## Astaíochtaí GCT de chuid na hÉireann

**9.8** Déanann an Roinn Cumarsáide Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil monatóireacht ar astaíochtaí GCT na hÉireann tríd an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tá an GCC freagrach as na hastaíochtaí in Éirinn a thiomsú agus a thuairisciú, chun iad a chur faoi bhráid an AE agus na NA, agus as iad a fhoilsiú le haghaidh na bpáirtithe leasmhara intíre chomh maith. Foilsítear tuarascáil fhardail náisiúnta uair sa bhliain chun na páirtithe leasmhara ábhartha uile a chur ar an eolas faoi leibhéil na n-astaíochtaí. Cé go n-éilítear tuairisciú débhliantúil ar astaíochtaí reatha agus réamh-mheasta de réir Rialachán Mheicníocht Monatóireachta an AE (525/2013/AE), táirgeann an GCC tuarascálacha bliantúla chun freastal ar riachtanais na ngeallsealbhóirí náisiúnta.[1]

**9.9** Fíor 9.1 Soláthraítear leis seo forléargas ar fhoinse astaíochtaí GCT na hÉireann in 2017, an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí fíoraithe ar fáil ina leith. In 2017, d'eisigh Éire beagnach 61 milliún tonna coibhéiseach dé-ocsaíde carbóin (Mt $CO_2$e), suas ó 55 Mt $CO_2$e in 1990.

**9.10** I gcomhthéacs bheartais aeráide an AE, roinntear astaíochtaí i ngach ballstát ina dhá chatagóir; earnálacha gníomhaíochta atá faoi réir Chóras Trádála Astaíochtaí an AE (ETS) agus earnálacha nach bhfuil laistigh den ETS (neamh-ETS). Clúdaíonn an ETS, a seoladh den chéad uair in 2005, thart ar 11,000 stáisiún cumhachta agus monarchana déantúsaíochta ar fud an AE, na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua, chomh maith le gníomhaíochtaí eitlíochta sna tíortha sin. Déantar gach astaíocht eile (m.sh. iompair, talmhaíochta, timpeallachta tógtha) a ghabháil leis an earnáil neamh-ETS.

**9.11** Le haghaidh na chéad tréimhse tiomantais de Phrótacal Kyoto (2008 – 2012), chlúdaigh spriocanna astaíochtaí náisiúnta na hÉireann astaíochtaí ETS agus neamh-ETS araon. Mar sin féin, ó bhí 2013 ann, ní chuirtear astaíochtaí ón earnáil ETS san áireamh chun spriocanna astaíochtaí náisiúnta a dhéanamh amach.

**Fíor 9.1 Astaíochtaí gáis cheaptha teasa in Éirinn de réir earnála, 2017**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil

Nóta: a I measc na foinsí eile d'astaíochtaí neamh-ETS, áirítear roinnt astaíochtaí ó dhóchán déantúsaíochta, seirbhísí tráchtála, dramhaíl, tionscail fuinnimh, ón earnáil phoiblí agus gáis-F chomh maith. Is iad an perfluracarbóin, an sulfar heicseafluairíd agus an nítrigin trí-fhluairíd na F-gháis hidreafluaracarbóin.

1 Próiseas comhoibríoch atá i gceist le hullmhúchán fhardail agus réamh-mheastacháin an GCC a mbíonn páirt á glacadh ag ranna rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agusTeagasc.

**9.12** Tagann thart ar 28% de na hastaíochtaí in Éirinn faoi chúram an ETS. I mballstáit eile de chuid an AE, is é meánchéatadán na n-astaíochtaí a chlúdaítear leis an ETS ná thart ar 40% díobh. Tá an sciar níos ísle in Éirinn mar gheall ar an leibhéal measartha íseal de thionscal trom atá ann go príomha, agus mar gheall ar chomh mór is atá an earnáil talmhaíochta chomh maith - ní chlúdaíonn an ETS astaíochtaí ó thalmhaíocht. Tá sonraí faoin gcaoi a bhfeidhmíonn an ETS le fáil sa chéad roinn eile.

**9.13** Ionchorpraíonn an earnáil neamh-ETS gach cineál eile astaíochtaí agus is í astaíocht na talmhaíochta agus an iompair is mó a bhíonn i gceist in Éirinn. Is ionann táirgeoirí neamh-ETS agus 72% d'astaíochtaí iomlána GCT na hÉireann.

## Córas Trádála Astaíochtaí an AE

**9.14** Leagann an ETS teorainn, a bhfuil feidhm aige ar fud na hEorpa, ar leibhéal na n-astaíochtaí sna hearnálacha atá clúdaithe agus bunaíonn sé margadh inar féidir le hoibreoirí rannphháirteacha na liúntais GCT a thrádáil sna hearnálacha sin. Laghdaítear an caidhp astaíochtaí foriomlán gach bliain. Sa tréimhse trádála reatha (2013 – 2020), laghdófar an caidhp faoi 1.74% gach bliain, agus é mar aidhm leis a chinntiú go laghdófar comhiomlán astaíochtaí 2005 faoi 21% faoin mbliain 2020. Le linn na chéad tréimhse trádála eile (2021 – 2030), laghdófar an caidhp faoi 2.2% gach bliain, agus é mar aidhm laghdú comhiomlán de 43% a bhaint amach ar leibhéil 2005 faoi 2030.

**9.15** Cuireann an córas trádála praghas ar astaíochtaí carbóin go héifeachtach, rud a ligeann do na hoibreoirí a n-astaíochtaí a laghdú faoi theorainn áirithe, nó leanúint ar aghaidh le gnó mar is gnách agus méid cothrom de chreidmheasanna cúitimh a cheannach ón margadh.

**9.16** Dearadh an córas ar thréimhsí trádála, agus na rialacha á modhnú ó thréimhse amháin go ceann eile chun sláine fhoriomlán an chórais a fheabhsú. Tá rannphháirtíocht in ETS an AE éigeantach do chuideachtaí a oibríonn i ngníomhaíocht atá leagtha amach in Iarscríbhinn 9A de Threoir ETS. Ní áirítear institiúidí a dtiteann an méid astaíochtaí acu faoi bhun tairseacha áirithe. Is é an ghníomhaíocht faoina gcáilíonn formhór na n-oibreoirí in Éirinn don ETS breoslaí a bhfuil toilleadh suiteáilte iomlán os cionn 20 MW acu.

**9.17** In Éirinn, tá 104 láithreán socruithe agus 13 oibreoir aerárthaigh ag glacadh páirte in ETS an AE, lena n-áirítear eintitis a bhfuil baint acu le giniúint cumhachta agus sna hearnálacha stroighne, aoil agus scagtha ola. Cuimsíonn an liosta cuideachtaí móra sna hearnálacha bia agus dí, cógaisíochta, leictreonacha agus eitlíochta.[1]

1 Féach ar Iarscríbhinn 9A le haghaidh liosta de na suiteálacha in Éirinn a bhfuil ceadúnas GCT acu amhail an 1 Iúil 2019.

### *Praghas na liúntas trádála astaíochtaí*

**9.18** Tugtar 'liúntas' ar an aonad a úsáidtear chun trádáil astaíochtaí a dhéanamh. Is ionann é sin agus tona méadrach amháin de dhé-ocsaíd charbóin. Tarlaíonn ceantanna liúntas ar bhonn laethúil laistigh de na ballstáit rannpháirteacha, ach tá siad oscailte do cheannaitheoirí ó gach stát eile laistigh den chóras. Athraíonn an praghas ar liúntais le himeacht ama (féach Fíor 9.2). Le linn 2018, bhí praghas an mhargaidh ar ardán ceant comónta a d'úsáid Éire agus 24 stát eile sa raon ó faoi bhun €10 i rith an chéad ráithe den bhliain go hard de bheagnach €25 le linn mhí Lúnasa.

**9.19** Ó 2009 i leith, tá farasbarr liúntas astaíochtaí ar an margadh mar thoradh ar an gcor chun donais san eacnamaíocht ag leibhéal an AE tar éis na géarchéime airgeadais in 2008. Bhí na laghduithe ar astaíochtaí i bhfad níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a d'fhág go raibh barrachas liúntas agus praghsanna liúntais níos ísle ann. Chun é seo a mhaolú, tar éis leasuithe ar reachtaíocht ETS an AE, chuir Coimisiún an AE ceannt 900 milliún liúntas ar atráth ar dtús go dtí 2020 agus rinne sé 'cúlchiste cobhsaíochta margaidh' a thabhairt isteach ina dhiaidh sin. Ó 2019, aistreofar liúntais ó cheantanna a chuirtear ar atráth agus liúntais iomarcacha atá i gcúrsaíocht chuig cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh in ionad an mhargaidh ETS. Mar thoradh ar na polasaithe nua seo tá géarú tagtha ar an margadh agus tá praghas na liúntas dulta in airde.

**Fíor 9.2 Praghas margaidh do liúntais ETS, 2008 go 2019**




Foinse: Mála gainimh - Breathnóir Praghsála Carbóin

### *Ioncam ón trádáil*

**9.20** Roinntear na hioncaim a ghintear ó cheant na liúntas idir na Ballstáit, bunaithe go príomha ar a n-astaíochtaí ETS foriomlána mar chéatadán d'astaíochtaí iomlána ETS an AE. B'ionann agus €367.3 milliún san iomlán fáltais na hÉireann idir 2013 agus 2018 (féach Fíor 9.3). Léiríonn an méadú ar ioncam do 2018 an praghas níos airde ar liúntais.

**9.21** Faoi Threoir 2003/87/CE, ba cheart do bhallstáit 50% ar a laghad den ioncam a ghintear ó cheantanna a úsáid chun cláir shonracha aeráide agus fuinnimh a mhaoiniú. Ceanglaíonn Rialachán Mheicníocht Monatóireachta an AE ar gach ballstát tuairisc a thabhairt ar an úsáid a bhaineann siad as na hioncaim sin. Tá sé ráite ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil gur chuir méideanna atá comhionann le 100% den ioncam sin (lúide costais riaracháin) i ngach bliain le gníomhaíochtaí laghdaithe astaíochtaí, cé nach gcuirtear ioncam ceant ETS a chur ar leataobh go foirmiúil in Éirinn. Is mar atá léirithe i Fíor 9.3 atá comhdhéanamh na ngníomhaíochtaí fógartha athraithe ó bhliain go bliain, agus bíonn éagsúlacht ag baint leis an gcaiteachas foriomlán ar ghníomhaíochtaí fógartha chomh maith, ar aon dul leis an ioncam luaineach ó cheantanna ETS.

**Fíor 9.3 Mar a feidhmíodh fáltais ó cheantanna ETS, 2013 go 2018[a]**




Foinse: An Roinn Cumarsáide Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Nóta: a Baineadh costais riaracháin an GCC as na fáltais sular feidhmíodh fáltaismar atá léirithe thuas.

**9.22** Thug an Coimisiún Eorpach faoi deara in 2017 go bhfuil Éire ar cheann de dheich mballstát nach bhfuil an t-ioncam a bhailítear trí cheantáil liúntas curtha in áirithe ná imfhálaithe ina buiséad.[1] Mar aon le naoi mballstát eile, measadh go raibh leibhéal íseal sonraí ag Éirinn maidir le hioncam a chur i bhfeidhm ar thionscadail atá dírithe ar astaíochtaí a laghdú.

### *Feidhmíocht oibreoirí aonair in Éirinn*

**9.23** Ní mór d'oibreoirí aonair atá clúdaithe ag ETS an AE a n-astaíochtaí a thuairisciú do gach uile bhliain féilire faoin 31 Márta den bhliain ina dhiaidh agus caithfidh siad liúntais leordhóthanacha a thabhairt suas chun astaíochtaí iomarcacha a chlúdach faoin 30 Aibreán.[2] Más rud é nach dtugtar suas na liúntais riachtanacha, gearrtar pionós €100 in aghaidh an tonna d'astaíochtaí iomarcacha. Ní scaoiltear saor an t-oibreoir óna dhualgais líon liúntas a ghéilleadh a bheidh comhionann leis an fharasbarr ón mbliain a thagann ina diaidh mar gheall ar an pionós a bheith íoctha aige.

**9.24** Roimh 2018, bhí gach oibreoir Éireannach ag cloí go hiomlán lena gcuid oibleagáidí faoin ETS. Níor éirigh le beirt oibreoirí liúntais leordhóthanacha a thabhairt suas i leith 2017 faoin spriocdháta an 30 Aibreán 2018. De réir IR 490 de 2012 (arna leasú), ghearr an GCC fíneálacha de €201,100 ar Bhord Ospidéal Naomh Séamas agus €51,171 ar Vodafone Group Services Ireland Limited. Ghéill gach oibreoir na liúntais riachtanacha i leith 2018 faoin 30 Aibreán 2019.

1 Tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach: *Analysis of the use of auction revenues* by the member states, Márta 2017. (https://ec.europa.eu/clima/sites/clima/files/ets/auctioning/docs/auction_revenues_report_2017_en.pdf).

2 Is iad oibreoirí a choinníonn na liúntais, agus a ghéilleann iad, trína gcuntais ar chlár an aontais arna rialú ag an gCoimisiún Eorpach. Riarann gach aon bhallstát cuid den chlárlann dá chuid oibreoirí féin.

## Spriocanna don ghníomhú ar son na haeráide

**9.25** Mar atá leagtha amach cheana, chlúdaigh spriocanna náisiúnta astaíochtaí na hÉireann astaíochtaí ETS agus neamh-ETS i gcomhthéacs chéad tréimhse ghealltanais Phrótacal Kyoto (2008 – 2012). Ó shin i leith, tá spriocanna ar leith curtha i bhfeidhm maidir le hearnálacha ETS agus neamh-ETS araon.

**9.26** Cé go bhfuil spriocanna bliantúla leagtha síos chun astaíochtaí ar fud na hEorpa a laghdú don earnáil ETS, socraítear spriocanna náisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí ar leibhéal an AE do na tíortha rannpháirteacha chun a n-astaíochtaí neamh-ETS a laghdú. Tá leagtha amach i Fíor 9.4 na spriocanna ábhartha d'Éirinn agus don AE ina iomláine thar an tréimhse ó 2008 go 2030.

**Fíor 9.4 Spriocanna gníomhaíochta aeráide d'Éirinn agus don AE**

| | Spriocanna le bheith bainte amach faoi dheireadh na tréimhse tagartha | |
|---|---|---|
| **Tréimhsí tagartha** | **Spriocanna d'Éire** | **Spriocanna an AE** |
| **2008 – 2012**[a] | Teorainn a chur le hastaíochtaí foriomlána na hÉireann go 13% os cionn leibhéil 1990 | Laghdaigh astaíochtaí foriomlána an AE go 8% faoi leibhéil 1990 |
| **2013 – 2020** | Astaíochtaí neamh-ETS a laghdú go 20% faoi bhun leibhéil 2005[b] | Astaíochtaí neamh-ETS a laghdú go 10% faoi bhun leibhéil 2005 |
| | 16% den fhuinneamh iomlán le teacht ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite | 20% den fhuinneamh iomlán le teacht ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite |
| | Feabhas 20% ar éifeachtúlacht fuinnimh, i gcomparáid leis an tréimhse 2001 – 2005 | Feabhas 20% ar an éifeachtúlacht fuinnimh |
| **2021 – 2030**[c] | Astaíochtaí neamh-ETS a laghdú go 30% faoi bhun leibhéil 2005[b] | Astaíochtaí neamh-ETS a laghdú go 30% faoi bhun leibhéil 2005 |
| | | 32% den fhuinneamh iomlán le teacht ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite |
| | | Feabhas de 32.5%, ar a laghad, ar an éifeachtúlacht fuinnimh |

Foinse: Prótacal Kyoto 1997, Comhaontú Pháras 2015

Nótaí:

a Mar gheall ar Phrótacal Kyoto, bhí ghrúpaí de thíortha ceadaithe na spriocanna a bhí acu a bhaint amach i gcomhpháirt, agus briseadh síos laghdú foriomlán 8% an AE ina spriocanna náisiúnta atá ceangailteach faoin dlí. Sprioc 'teorannaithe astaíochtaí' ar tugadh d'Éirinn, seachas sprioc 'laghduithe astaíochtaí'.

b Tá teorainneacha bliantúla ceangailteacha leagtha síos do gach bliain laistigh den tréimhse tiomantais.

c Tá sé luaite ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil go dtabharfar spriocanna náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus an fuinneamh in-athnuaite chun críche sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, faoi dheireadh 2019.

### *Tréimhse ghealltanais 2008 go 2012*

**9.27** I 2005, faoi Phrótacal Kyoto, leag an AE sprioc laghdaithe foriomlán síos de 8% faoi leibhéil 1990 a bhí miondealaithe ina spriocanna náisiúnta. Cuireadh na spriocanna seo in oiriúint don shaibhreas coibhneasta a bhaineann leis na tíortha éagsúla de réir chomhaontú 'comhroinnt ualaigh', atá curtha san áireamh i gCinneadh 2002/358/CE mar chuid de Phrótacal Kyoto a bheith faofa. Cé gurbh é an sprioc don AE ina iomláine astaíochtaí a laghdú go 8% ar a laghad faoi leibhéil 1990, ba é sprioc na hÉireann teorainn a chur lena meán-astaíochtaí GCT don tréimhse 2008 – 2012 go sprioc nach mó ná 13% os cionn bhunlíne 1990.[1] B'ionann sin agus sprioc bhliantúil de 62.8 Mt $CO_2e$.

**9.28** Sa tréimhse tiomantais seo, níor sonraíodh spriocanna ar leithligh faoin bPrótacal d'earnálacha ETS agus neamh-ETS - ba faoi gach tír rannpháirteach a bhí sé cinneadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun an sprioc náisiúnta a bhaint amach. In Éirinn, roinneadh an fhreagracht as an sprioc a bhaint amach idir an Stát i.e. san earnáil neamh-ETS (40.5 Mt $CO_2e$ nó 64%) agus an earnáil ETS (22.3 Mt $CO_2e$ nó 36%) deréir plean leithdháilte náisiúnta arna fhaomhadh ag an Rialtas.

**9.29** Tá léirithe i Fíor 9.5 an dul chun cinn atá déanta in Éirinn maidir leis an sprioc náisiúnta astaíochtaí GCT a socraíodh don chéad tréimhse tiomantais Kyoto. Réamh-mheasadh sa*Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide* (2007 – 2012), a foilsíodh i 2007, go rachadh astaíochtaí in Éirinn thar an teorainn a leagadh síos i ngach bliain den tréimhse tiomantais, i gcás dhá chás: 'le bearta reatha' (WEM) nó 'le bearta breise' (WAM).[2]

**9.30** De réir na sonraí fardail is déanaí don tréimhse, a tuairiscíodh do Chreat-Choinbhinsiún na NA ar an Athrú Aeráide i mí Aibreáin 2019, bhí na hastaíochtaí GCT iarbhír in Éirinn sa tréimhse tagartha 2008 – 2012 díreach faoi bhun 305 Mt $CO_2e$, a bhí thart ar 10 milliún aonad faoi bhun an sprioc-leibhéil.[3] Mar sin féin, bhí an laghdú ar astaíochtaí a baineadh amach go príomhúil mar thoradh ar an gcrapadh san ghníomhaíocht eacnamaíoch thar an tréimhse tiomantais, seachas ar thionchar na mbeart laghdaithe a cuireadh i bhfeidhm.

**Fíor 9.5 Astaíochtaí iomlána gáis cheaptha teasa na hÉireann, 2005 go 2012**




Foinsí: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil; Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide, 2007 – 2012

1 Ba é an leibhéal astaíochtaí GCT in Éirinn i 1990 ná 55.607 Mt $CO_2e$. Ba é an chéad sprioc faoi Kyoto d'Éirinn ná astaíochtaí a choinneáil faoi 314.18 Mt $CO_2e$ don tréimhse cúig bliana ó 2008 go 2012 gis an dá bhliain sin san áireamh.

2 Táirgeadh réamh-mheastacháin ar leith do na cásanna WEM agus WAM chun tionchar measta na dtionscnamh laghdaithe astaíochtaí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le linn na tréimhse a léiriú.

3 Ba é an figiúr astaíochtaí don tréimhse 2008 – 2012 a tuairiscíodh don UNFCCC in Aibreán 2014 ná 308.5 Mt $CO_2e$. Tá an difríocht mar gheall ar athruithe le himeacht ama sa mhodheolaíocht a úsáideadh chun astaíochtaí GCT a ríomh.

### *Creidmheasanna carbóin nár úsáideadh*

**9.31** Mar a léirítear i Fíor 9.5, réamh-mheasadh ar dtús go sáródh astaíochtaí GCT na hÉireann an teorainn náisiúnta a socraíodh don tréimhse 2008 – 2012, d'ainneoin thionchar na mbeart laghdaithe pleanáilte. Rinneadh cinneadh Rialtais i Márta 2006 lenar ceadaíodh bunadh cláir cheannacháin charbóin, lena mbeadh an Stát in ann suas le 18 milliún creidmheasanna carbóin a cheannach thar an tréimhse.[1] Bunaíodh ciste carbóin chun na hidirbhearta a thaifeadadh. Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a bhainistíonn an ciste. Mar an gníomhaire ceannaigh ainmnithe thar ceann an Stáit, riarann agus bainistíonn an GBCN ceannacháin chreidmheasanna carbóin.

**9.32** Féadfaidh an Stát, tríd an GBCN de réir mar is cuí, na meicníochtaí seo a leanas a úsáid chun creidmheasanna carbóin a fháil

- iad a cheannach go díreach ó pháirtithe eile Phrótacal Kyoto
- infheistíocht dhíreach a dhéanamh i mbearta feidhmithe comhpháirteacha agus i meicníochtaí um forbairt ghlan[2]
- infheistíocht i gcistí bainistithe[3]
- creidmheasanna carbóin a cheannach go díreach sa mhargadh.

**9.33** Faoi dheireadh 2012, chaith an Stát €89.5 milliún ar chreidmheasanna carbóin a cheannach. Ar leithligh, d'infheistigh an Stát €31.8 milliún go dtí seo i gcistí bainistithe. Tá sonraí na n-idirbheart seo leagtha amach í Fíor 9.6.

**9.34** Ag deireadh na chéad tréimhse tiomantais Kyoto, ghéill an Stát 3 mhilliún creidmheas carbóin chun oibleagáidí na hÉireann don tréimhse sin a chomhlíonadh (ceanglaíodh ar gach ballstát aonaid a aistriú chuig cuntas scoir chun comhlíonadh lena thiomantas astaíochtaí faoi Airteagal 3, mír 1 de Phrótacal Kyoto a thaispeáint). Bhí Éire in ann 5.27 milliún creidmheas neamhúsáidte a thabhairt ar aghaidh chun cur le hoibleagáidí an Stáit faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Iarrachtaí an AE (ag an am céanna leis an dara tréimhse ghealltanais Kyoto a chríochnaíonn in 2020).

**Fíor 9.6 Idirbhearta chun creidmheasanna carbóin a fháil**

| **Idirbhearta margaidh an GBCN** | **Creid-mheasanna** | **Meánphraghas € / creidmheas[a]** | **Costas €m** |
|---|---|---|---|
| Socraíochtaí 2008 | 3,455,000 | 15.09 | 52.1 |
| Socraíochtaí 2009 | 1,800,000 | 12.00 | 21.6 |
| CBL | - | - | 15.8 |
| **Fo-iomlán** | **5,255,000** | **14.03** | **89.5** |
| **Idirbhearta Ciste** | **Aonaid chiste** | | **Tiomantas € m** |
| An Ciste Creidmheasa Carbóin Iltaobhach | 1,661,130 | | 20.0 |
| Ciste Carbóin na hEorpa | 244,169 | | 4.1 |
| Ciste Bithcharbóin | 1,536,872 | | 7.7 |
| **Fo-iomlán** | **3,442,171** | | **31.8** |
| **Iomlán** | **8,697,171** | | **121.3** |

Foinse: An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Nóta: a Meánphraghas (€/creidmheas) glan ó CBL.

1 Is ionann creidmheas carbóin agus tona méadrach amháin den dé-ocsaíd charbóin.

2 Is éard atá i gceist le comhbhearta cur chun feidhme ná tionscadail chosanta aeráide atá maoinithe go páirteach ag tír amháin ach atá lonnaithe i dtír eile. Baineann an mheicníocht um forbairt ghlan le tíortha forbartha a bheith ag dul i mbun tionscadal um athrú aeráide atá deartha chun astaíochtaí i dtíortha i mbéal forbartha a laghdú, mar mhalairt ar bhearta níos costasaí maidir le laghdú astaíochtaí ina dtíortha féin.

3 Ní fios líon iomlán na gcreidmheasanna carbóin, más ann dóibh, a bheidh le fáil ag Éirinn mar gheall ar a hinfheistíocht, ach amháin nuair a bheidh na tionscadail laghdaithe carbóin críochnaithe.

### *Tréimhse ghealltanais 2013 go 2020*

**9.35** Is éard atá i gcreat aeráide agus fuinnimh 2020 an AE pacáiste reachtaíochta chun a chinntiú go gcomhlíonann an AE a spriocanna aeráide agus fuinnimh don bhliain 2020. Bunaithe ar an gcreat, tá trí phríomhshraith tiomantais ag Éirinn le comhlíonadh don tréimhse 2013 go 2020.[1]

- Déanfar na gealltanais atá tugtha ag Éirinn faoin dara tréimhse de Phrótacal Kyoto a bhaint amach den chuid is mó trína ballraíocht san AE trí Chinneadh 2009 maidir le Comhroinnt Iarrachtaí an AE (ESD).[2] Tá spriocanna ceangailteacha bliantúla leagtha síos ag an ESD maidir leis na laghduithe astaíochtaí neamh-ETS le haghaidh gach ballstáit.
- Tá sé mar aidhm ag Treoir Fuinnimh In-athnuaite an AE borradh a chur faoin fhás san fhuinneamh in-athnuaite in Éirinn agus san AE araon.[3] Tá dhá sprioc éigeantacha leagtha amach sa Treoir chun an sciar den fhuinneamh in-athnuaite in Éirinn atá le comhlíonadh faoi 2020 a mhéadú.
- Mar fhreagra ar Threoir an AE maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ghlac Éire sprioc neamhcheangailteach náisiúnta go méadófar an éifeachtúlacht fuinnimh faoi 20% faoi 2020 i gcomparáid le bonnlíne 2001 – 2005.[4]

*Spriocanna maidir le hastaíochtaí*

**9.36** Is é sprioc cheangailteach na hÉireann don bhliain 2020 ná go mbeidh astaíochtaí neamh-ETS 20% faoi bhun a leibhéil i 2005. Socraítear spriocanna bliantúla freisin do gach bliain laistigh den tréimhse tiomantais. Léirítear feidhmíocht na hÉireann i gcoinne spriocanna astaíochtaí suas go dtí 2017 agus réamh-mheastacháin don tréimhse 2018 go 2020 i bhFíor 9.7.

**9.37** Theip ar Éirinn a sprioc astaíochtaí a bhaint amach do 2017 agus táthar ag súil go ndéanfaidh sí amhlaidh arís gach bliain go 2020. Léirítear sna réamh-mheastacháin is déanaí ón GCC nach mbeidh na hastaíochtaí in Éirinn in 2020 ach idir 5% agus 6% faoi bhun leibhéil 2005, faoi na cásanna 'le bearta reatha' agus 'le bearta breise', faoi seach.

**Fíor 9.7 Astaíochtaí gáis cheaptha teasa in Éireann (neamh-ETS), 2013 go 2020**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2019

Nóta: a Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar chás 'le bearta reatha'. Níl mórán difríochta leréamh-mheastacháin go 2020 agus an cás 'le bearta breise' á n-úsáid.

1 Féach ar https://ec.europa.eu/clima/policies/strategies/2020

2 Cinneadh Uimh. 406/2009/CE, an 23 Aibreán 2009. Ní thagann comhlíonadh ESD go hiomlán le comhlíonadh Phrótacal Kyoto. Tabharfar mionsonraí i rialacha cuntasaíochta Phrótacal Kyoto nuair a bheidh leasú Doha daingnithe ag líon leordhóthanach páirtithe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

3 Treoir 2009/28/CE maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn.

4 Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

**9.38** Sa chás go dtáirgtear astaíochtaí iomarcacha in aon bhliain ar leith, ceadaíonn an ESD do na Ballstáit a gcuid spriocanna a bhaint amach trí chreidmheasanna nár úsáideadh a chur i bhfeidhm ó bhlianta roimhe sin, nó trí chreidmheasanna a cheannach ó bhallstáit eile nó ar mhargaí idirnáisiúnta. Tá na creidmheasanna seo difriúil leis na creidmheasanna sin a dhíoltar ar mhargadh ETS. Is féidir roinnt de na creidmheasanna seo m.sh. laghduithe deimhnithe ar astaíochtaí (CRFanna) a cheannach i margadh thar an gcuntar. Rianaíonn Fíor 9.8 praghas na CER atá faoi láthair ag €0.20 in aghaidh an chreidmheasa. Gintear creidmheasanna eile, amhail aonaid laghdaithe astaíochtaí (ERUanna) trí infheistiú i dtionscadail laghdaithe astaíochtaí i dtíortha eile.

**Fíor 9.8 Treocht i bpraghsanna laghduithe deimhnithe astaíochtaí, 2008 go 2019**




Foinse: An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

**9.39** Tar éis an creidmheas 5.27 milliún de chistí carbóin neamhúsáidte a chur i bhfeidhm atá incháilithe lena n-úsáid i gcomhlíonadh ESD ón tréimhse gealltanais 2008 – 2012, táthar ag súil go mbeidh ar Éirinn creidmheasanna breise a cheannach fós. Measann an Roinn go gcosnóidh sé idir €2 agus €14 milliún chun na gcreidmheasanna riachtanacha a cheannach, ag brath ar an méid deiridh a theastaíonn agus ar an bpraghas margaidh atá i réim.[1] Tá an raon seo bunaithe ar anailís íogaireachta a rinne an Roinn (féach Fíor 9.9). D'úsáid an Roinn an t-easnamh measta de 15.8 Mt $CO_2$e ón GCC (bunaithe ar chás praghsanna íseal breosla)[2] agus an spotphraghas reatha (€0.20) chun an meastachán níos ísle de €2.10 milliún a chinneadh. Socraíodh teorainn níos airde an raoin trí ghlacadh leis go méadaíonn an t-easnamh 20% (go 18.96 Mt $CO_2$e) agus go n-ardaíonn an spotphraghas go €1.

**Fíor 9.9 Costas measta chun creidmheasanna a cheannach chun sprioc 2020 a bhaint amach**

| | Teilgean (2019) | Anailís íogaireachta (+10%) | Anailís íogaireachta (+20%) |
|---|---|---|---|
| 5 | Leathanduilleach | 3,960 | 1,320 | 605 | 620 |
| 6 | Dair | 4,215 | 1,405 | 645 | 660 |
| 7 | Feá | 4,215 | 1,405 | 645 | 660 |
| 8 | Fearnóg agus beith | 2,695 | 900 | 605 | 620 |
| 9 | Bunú coillearnaí dúchasacha (dair-beith-cuileann-coll) | 4,215 | 1,405 | 665 | 680 |
| 10 | Bunú coillearnaí dúchasacha (coillearnach fearnóg dair) | 3,960 | 1,320 | 665 | 680 |
| 11 | Agrafhoraoiseacht | 4,215 | 1,405 | 645 | 660 |
| 12 | Foraoiseacht le haghaidh snáithíní | 2,410 | 805 | 510 | 520 |
| **2015** | | | | | |
| 1 | Neamhiata | 1,575 | 525 | 185 | |
| 2 | Sprús sitceach/péine contórtach | 2,310 | 735 | 440 | |
| 3 | 10 % buaircín ilghnéitheach | 2,360 | 790 | 510 | |
| 4 | Buaircín ilghnéitheach | 2,625 | 840 | 560 | |
| 5 | Leathanduilleach | 3,780 | 1,155 | 575 | |
| 6 | Dair / feá | 3,990 | 1,260 | 615 | |
| 7 | Feá | 3,990 | 1,260 | 615 | |
| 8 | Fearnóg | 2,520 | 840 | 575 | |
| 9 | Bunú coillearnaí dúchasacha (Cás 1-3) | 3,990 | 1,260 | 635 | |
| 10 | Bunú coillearnaí dúchasacha (Cás 4) | 3,780 | 1,155 | 635 | |
| 11 | Agrafhoraoiseacht | 2,960 | 990 | 260 | |
| 12a | Foraoiseacht le haghaidh snáithíní | 1,460 | 490 | 180 | |
| 12b | Foraoiseacht le haghaidh snáithíní — crann creathach | 1,245 | 420 | 180 | |

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Nóta: a Ní áirítear íocaíocht idir €50 agus €600 le haghaidh fálú.

## Iarscríbhinn 10B

### Fíor 10B.1 Talamh foraoisithe in 2018, de réir contae i heicteáir

| Contae | Heicteáir |
|---|---|
| Ceatharlach | 26 |
| An Cabhán | 321 |
| An Clár | 262 |
| Corcaigh | 297 |
| Dún na nGall | 64 |
| Baile Átha Cliath | 4 |
| Gaillimh | 287 |
| Ciarraí | 332 |
| Cill Dara | 79 |
| Cill Chainnigh | 136 |
| Laois | 71 |
| Liatroim | 299 |
| Luimneach | 81 |
| Longfort | 171 |
| Lú | 10 |
| Maigh Eo | 256 |
| An Mhí | 106 |
| Muineachán | 87 |
| Uíbh Fhailí | 72 |
| Ros Comáin | 399 |
| Sligeach | 139 |
| Tiobráid Árann | 128 |
| Port Láirge | 43 |
| An Iarmhí | 175 |
| Loch Garman | 60 |
| Cill Mhantáin | 121 |

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

# 11 Maoiniú rialtais láir na n-údarás áitiúil

**11.1** Faigheann údaráis áitiúla cuid shuntasach dá maoiniú bliantúil ó raon ranna agus gníomhaireachtaí rialtais láir (féach ar Fíor 11.1). Is é príomhchuspóir na tuarascála seo achoimre a sholáthar ar na cistí atá ag sreabhadh ó agus trí fhoinsí rialtais láir go dtí údaráis áitiúla, agus ar chuspóirí na gcistí a soláthraíodh.

**Fíor 11.1 Sreabhadh maoiniú rialtais láir go dtí údaráis áitiúla in 2018**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Aistrithe rialtais láir

**11.2** In 2018, bhí maoiniú chuig údaráis áitiúla ó fhoinsí rialtais láir cothrom le €3.69 billiún (féach ar Fíor 11.2) — méadú 39% ar an €2.66 billiún in 2017.[1] Tionscnaíodh thart ar 83% den iomlán seo mar mhaoiniú Státchiste, i gcomparáid le 64% in 2017. Soláthraíodh iarmhéid an mhaoinithe tríd an gCiste Rialtais Áitiúil agus tríd an gCiste Comhshaoil.

**11.3** Bíonn an Ciste Rialtais Áitiúil (CRÁ) á riaradh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an Roinn). In 2018, bhí CRÁ á mhaoiniú go príomha trí fháltais (€482 milliún) chánach maoine áitiúil (CMÁ) agus ranníocaíocht de €125 milliún ón Státchiste, tríd an Vóta do Thithíocht, Pleanáil, agus Rialtas Áitiúil.[2]

**11.4** Rinneadh athrú ábhartha ar shreabhadh cistí chuig agus ón CRÁ ón 1 Eanáir 2018.[3]

- Tá fáltais chánach maoine áitiúil anois á n-íoc go díreach chuig CRÁ ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim — roimhe seo, bhí na fáltais seo á gcur tríd an Státchiste.
- Níl fáltais mhótarchánach á n-íoc isteach sa CRÁ níos mó — tá siad á n-íoc isteach sa Phríomh-Chiste anois.
- Níl íocaíochtaí le Uisce Éireann le haghaidh fóirdheontais, íocaíochtaí le húdaráis áitiúla le haghaidh Grúpscéimeanna Uisce agus aisghabháil iasachtaí caipitil seirbhísí uisce údaráis áitiúil á ndéanamh ó CRÁ níos mó — tá siad seo á n-íoc ag an Roinn anois.
- Níl íocaíochtaí á ndéanamh ó CRÁ chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt níos mó chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla agus iompar poiblí eile a mhaoiniú — tá an maoiniú seo á sholáthar go díreach ag an Roinn sin anois.

**Fíor 11.2 Foinsí maoinithe rialtais láir d'údaráis áitiúla, 2018**




Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Áirítear ann gach aistriú sainaitheanta níos mó ná €1 mhilliún. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt aistrithe beaga breise ann nach mbeadh curtha san áireamh.

2 Bíonn cáin mhaoine áitiúil á riaradh ag na Coimisinéirí Ioncaim. Íocann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais isteach i gCiste Rialtais Áitiúil.

3 Rinneadh foráil le haghaidh na leasuithe le Cuid 8 d'Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017.

**11.5** Bíonn an Ciste Comhshaoil á riaradh ag an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Bunaíodh an ciste go príomha chun tacú le tionscnaimh, feachtais agus cláir chomhshaoil, a n-eagraítear go leor díobh ag leibhéal áitiúil nó réigiúnach faoi choimirce na n-údarás áitiúil. Áirítear sa Chiste fáltais an tobhaigh ar mhálaí plaisteacha, a íocann tomhaltóirí agus a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ó mhiondíoltóirí, agus fáltais ón tobhach líonadh talún. Tá eisíocaíochtaí ón gCiste imfhálaithe chun cabhrú le tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an comhshaol a chosaint nó a fheabhsú.

### *Leithdháiltí cánach maoine áitiúla d'údaráis áitiúla*

**11.6** Suas go dtí 2014, sholáthair Ciste an Rialtais Áitiúil maoiniú d'údaráis áitiúla dá ngníomhaíochtaí 'laethúla' trí 'dheontais ilchuspóireacha'. Ó 2015 ar aghaidh, níl deontais ilchuspóireacha á n-íoc níos mó agus tá leithdháiltí CMÁ tagtha ina n-áit.

**11.7** Ríomhtar toradh measta CMÁ do gach údarás áitiúil ag úsáid shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le glandliteanais fógartha (réamhathruithe) sa bhliain roimhe. De réir chinntí Rialtais, ríomhtar leithdháiltí bliantúla CMÁ ar an mbonn seo a leanas

- **Coimeádtar go háitiúil** san údarás ina ngintear an cháin 80% den toradh CMÁ.
- Leithdháiltear an 20% fanta ar **mhaoiniú comhionannaithe**, le dáileadh i measc údarás áitiúil nach bhfuil bonn leordhóthanach CMÁ acu chun a riachtanais mhaoinithe 'bonnlíne' a chomhlíonadh.
- Tá **bonnlíne** €355 milliún 2018 nasctha, den chuid is mó, leis an leibhéal maoinithe leithdháilte roimhe seo ón gCiste Rialtais Áitiúil mar dheontais ilchuspóireacha (€282 milliún in 2014) agus leis an leibhéal d'asbhaintí a bhaineann le pinsean atá á gcoimeád ag údaráis áitiúla (€74 milliún in 2014).[1] Go bunúsach, tá an leithdháileadh CMÁ ag teacht in ionad na n-iarfhoinsí maoinithe seo anois.
- Sa chás nach leor maoiniú comhionannaithe ó gach údarás áitiúil chun a chinntiú go bhfuil an riachtanas maoinithe bonnlíne á chomhlíonadh ag gach údarás áitiúil, cuireann an Státchiste an maoiniú atá ag teastáil ar fáil.
- Áirítear sa leithdháileadh deiridh CMÁ cinntí déanta ag baill tofa údarás áitiúil a chuireann **athraitheas** i bhfeidhm ar rátaí CMÁ i limistéar an údaráis áitiúil de réir Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (Acht 2012).

**11.8** Soláthraítear i Fíor 11.3 achoimre ar leithdháileadh CMÁ ar údaráis áitiúla.

1 Tá asbhaintí a bhaineann le pinsean á n-íoc leis an Roinn anois. In 2018, fuair an Roinn €50.9 milliún ó údaráis áitiúla maidir le hasbhaintí a bhain le pinsean — déantar cuntas ar fháltais mar leithreasaí-i-gcabhair.

**Fíor 11.3 Leithdháileadh CMÁ ar údaráis áitiúla le haghaidh 2018**

| | 2018 | | | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **Staid farasbairr** | **Comhionannú ag teastáil** | **Gach rud** | **Gach rud** |
| Líon na n-údarás áitiúil | 10 | 21 | 31 | 31 |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Coinneáil áitiúil (80%) | 253 | 135 | 388 | 386 |
| Maoiniú comhionannaithe | | | | |
| - Athdháileadh CMÁ (20%) | — | 97 | 97 | 97 |
| - Ranníocaíocht Státchiste | — | 42 | 42 | 44 |
| Leithdháiltí CMÁ réamhathraithe | 253 | 274 | 527 | 527 |
| Athruithe CMÁ | (28) | 5 | (23) | (26) |
| **Leithdháiltí CMÁ iar-athraithe** | **225** | **279** | **504** | **501** |
| A áirítear ann | | | | |
| - féinmhaoiniú seirbhísí tithíochta/bóithre | 109 | — | 109 | 108 |
| - d'úsáid ghinearalta an údaráis féin | 116 | 279 | 395 | 393 |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

**11.9** Tá rogha ag údaráis áitiúla rátaí CMÁ ina réimsí oibríochta a athrú (athrú áitiúil) suas go dtí 15% de réir Acht 2012. Léirítear in Iarscríbhinn 11A tionchar na n-athruithe curtha i bhfeidhm ag údaráis áitiúla in 2018.

**11.10** Maidir leis an 21 údarás áitiúil a raibh comhionannú ag teastáil uathu, bhí €279 milliún ar fáil le húsáid ag na húdaráis áitiúla, lena n-áirítear €5 mhilliún breise bailithe mar gheall ar athrú áitiúil curtha i bhfeidhm ag seacht n-údarás áitiúla.

**11.11** Maidir leis na deich n-údarás a bhfuil staid farasbairr maoinithe luaite leo (i gcoibhneas leis an mbonnlíne), chinn an Rialtas gur cheart go mbeadh sciar den fharasbarr (nach mó ná 20% den toradh measta CMÁ) ar fáil do chuspóirí de rogha an údaráis, agus go mbeadh an fuílleach (más ann dó) ar fáil chun roinnt seirbhísí áitiúla a mhaoiniú sa réimse tithíochta agus bóithre. In 2018

- bhí €116 milliún ar fáil d'úsáid na n-údarás áitiúil féin, i ndiaidh laghdú de €28 milliún mar gheall ar athrú áitiúil curtha i bhfeidhm ag ceithre údarás áitiúla
- bhí €109 milliún ar fáil le do thithíocht féinmhaoinithe agus do sheirbhísí bóithre.

## Maoiniú rialtais láir a chur i bhfeidhm

**11.12** Ní mór formhór den mhaoiniú a fhaightear ón rialtas láir agus a sholáthraítear d'údaráis áitiúla a úsáid le haghaidh seirbhísí sonraithe údaráis áitiúil. Is féidir iad seo a ghrúpáil i gcúig chatagóir ghinearálta cláir. Léirítear i Fíor 11.4 miondealú ar na haistrithe d'údaráis áitiúla le haghaidh idir 2013 agus 2018 agus taispeántar na cláir a bhfuiltear ag tacú leo (tá miondealú mionsonraithe le fáil in Iarscríbhinn 11B).

**11.13** In 2018, rinneadh cuntas ar thart ar 77% den soláthar iomlán ó rialtas láir chuig údaráis áitiúla in dhá chatagóir — cláir thithíochta agus athnuachana (55%), agus iompar (22%).

**Fíor 11.4 Aistrithe rialtais láir chuig údaráis áitiúla, bunaithe ar an gclár caiteachais, 2013 go dtí 2018**




Foinse: Iarscríbhinn 11B

### *Tithíocht*

**11.14** Soláthraíonn an Roinn formhór an mhaoinithe do thithíocht agus d’athnuachan go díreach d’údaráis áitiúla. Lena chois sin, bhí sé de cheangal ar naoi n-údarás áitiúla seirbhísí tithíochta a mhaoiniú óna bhfáltais CMÁ, de réir luacha a d’fhógair an t-údarás don Roinn. Leirítear i Fíor 11.5 an treocht i leibhéal mhaoiniú an rialtais láir do sholáthar tithíochta sóisialta agus d’athnuachan eile.

**11.15** Úsáideann na húdaráis áitiúla an maoiniú seo chun tacú le soláthar stoc tithíochta sóisialta agus le raon tacaíochtaí tithíochta sóisialta agus tithíochta eile, lena n-áirítear

- trí chlár tógála agus éadálacha an údaráis áitiúil
- trí thithíocht dheonach agus chomhoibritheach
- tríd an íocaíocht cúnaimh tithíochta
- tríd an gclár caiteachais reatha tithíochta sóisialta
- tríd an scéim cóiríochta cíosa
- trí obair athnuachana agus cheartaitheach
- trí stoc tithíochta folamh údaráis áitiúil a chur ar fáil le húsáid arís
- trí cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine gan dídean
- trí chóiríocht shonrach don lucht siúil a chur ar fáil
- trí dheontais oiriúnaithe do dhaoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas
- trí oibreacha tíosach ar fhuinneamh ar stoc údaráis áitiúil.

**11.16** In 2018, sholáthair an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais €0.5 milliún d’údaráis áitiúla do ghníomhaíochtaí tacaíochta tithíochta atá incháilithe do mhaoiniú an AE faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) — d’fhéadfadh an Roinn sin suas le 75% den mhaoiniú curtha ar fáil a aisghabháil.

**Fíor 11.5 Maoiniú d’údaráis áitiúla chun infheistíocht a dhéanamh i dtithíocht agus athnuachan, 2013 go dtí 2018**




Foinse: Iarscríbhinn 11B

### *Infheistíocht iompair*

**11.17** Is é Bonneagar Iompair Éireann, atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá freagrach as feabhsú agus cothabháil bóithre náisiúnta. Go hiondúil, úsáideann Bonneagar Iompair Éireann údaráis áitiúla mar ghníomhaire chun tionscadail bóithre a chur i gcrích, agus is iad a bhíonn freagrach as an gcaiteachas.

**11.18** Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú ar fáil go díreach d'údaráis áitiúla chun bóithre réigiúnacha agus áitiúla a chothabháil. Is é an Roinn a dhéanann cinneadh maidir leis an méid a leithdháiltear ar gach údarás áitiúil, agus úsáidtear córas íocaíochta Bhonneagar Iompair Éireann chun na haistrithe a dhéanamh.

**11.19** Maoiníonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair, atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chomh maith, údaráis áitiúla chun feabhsuithe áirithe a dhéanamh sa chóras iompair phoiblí. I measc na gcuspóirí maoinithe tá inrochtaineacht mhéadaithe ar iompar poiblí do dhaoine scothaosta, sruthanna tráchta feabhsaithe, níos mó bealaí do rothaithe agus do choisithe, agus rochtain níos fearr do bhusanna agus tacsaithe.

**11.20** Sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú de €16 milliún d'údaráis áitiúla (á thaispeáint i Fíor 11.6 faoi bhóithre réigiúnacha agus áitiúla) chun oibreacha feabhais a dhéanamh ar bhóithre príobháideacha agus á gcothabháil go neamhphoiblí, bóithre atá ag dul chomh fada le, mar shampla, roinnt tithe, talamh feirme, nó taitneamhachtaí cosúil le lochanna agus tránna.

**11.21** Taispeántar i Fíor 11.6 an treocht sa leibhéal maoinithe ó fhoinsí rialtais láir curtha ar fáil d'údaráis áitiúla maidir leis na príomhcheantair iompair.

**Fíor 11.6 Maoiniú d'údaráis áitiúla don bhonneagar iompair, 2013 go dtí 2018**




Foinse: Iarscríbhinn 11B

### *Tionscnaimh chomhshaoil*

**11.22** Taispeántar i Fíor 11.7 an treocht sa leibhéal maoinithe ó fhoinsí rialtais láir curtha ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le tionscnaimh chomhshaoil. Tháinig laghdú suntasach ar mhaoiniú rialtais láir chuig údaráis áitiúla do thionscadail infheistíochta le haghaidh seirbhísí uisce agus sláintíochta ó 2013 mar gheall ar aistriú na bhfeidhmeanna seo ó údaráis áitiúla go dtí Uisce Éireann.

**11.23** Áirítear i measc an mhaoinithe le haghaidh tionscnamh comhshaoil in 2018 cistí le haghaidh oibreacha faoisimh ar thuilte á soláthar ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

**11.24** Sholáthair an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, €9.5 milliún in 2018 d'údaráis áitiúla i ndáil le costais feabhsúcháin líonadh talún.

**Fíor 11.7 Maoiniú d'údaráis áitiúla do thionscnaimh chomhshaoil, 2013 go dtí 2018**




Foinse: Iarscríbhinn 11B

### *Seirbhísí eile*

**11.25** Chomh maith leis sin, maoiníonn comhlachtaí rialtais láir údaráis áitiúla chun cabhrú leo raon seirbhísí a sholáthar cosúil le hoideachas, fostaíocht, tionscadail spóirt agus chultúrtha, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála, seirbhísí oidhreachta, agus seirbhísí leabharlainne agus cartlainne. Taispeántar i Fíor 11.8 an treocht sa leibhéal maoinithe maidir lena leithéid sin de sheirbhísí.

#### *Fostaíocht*

**11.26** In 2015, thosaigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (RGFN) ag soláthar maoinithe d'údaráis áitiúla trí Fhiontraíocht Éireann (FÉ), chun na costais a chlúdach a bhaineann le tacaíochtaí forbartha fiontair áitiúil a sholáthar don earnáil mhicrithionscadail trína nOifigí Fiontair Áitiúil (OFÁanna). Cuireadh maoiniú de €33.4 milliún ar fáil in 2018.

**11.27** Sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú de €40.2 milliún d'údaráis áitiúla faoin gClár um Ionchuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhachtú Pobail (2018 – 2022).

**11.28** Aisíocann an Roinn Coimirce Sóisialaí údaráis áitiúla le haghaidh caiteachas tabhaithe ar thionscadail áirithe fostaíochta pobail agus post (€8.1 milliún in 2018).

**11.29** Soláthraíonn an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maoiniú do OFÁanna trí FÉ i ndáil le Scéime Dearbhán Trádála Ar Líne na Roinne a thacaíonn le gnóthaí beaga trádáil a dhéanamh ar líne (€1.9 milliún in 2018).

**Fíor 11.8 Maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí eile, 2013 go dtí 2018**




Foinse: Iarscríbhinn 11B

Nóta: a Áirítear sa chatagóir eile seirbhísí dóiteáin agus éigeandála agus seirbhísí leabharlainne.

*Seirbhísí ilghnéitheacha*

**11.30** Sholáthair an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €52.2 milliún do sheirbhísí caipitil ilghnéitheacha.

**11.31** D'íoc an Roinn Cosanta €3.2 milliún le húdaráis áitiúla le haghaidh gníomhaíochtaí Cosanta Sibhialta.

*Tionscadail spóirt agus chultúrtha*

**11.32** Leithdháileadh maoiniú ar dheontais spóirt, áiteanna súgartha agus tionscadail chultúrtha — go príomha ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (€10.7 milliún) agus ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (€6.5 milliún).

*Eile*

**11.33** Sholáthair an Roinn Sláinte maoiniú de €7.3 milliún d'údaráis áitiúla, agus cuireadh breis agus 85% de sin ar fáil do Sheirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil.

## Treochtaí i gcaiteachas údaráis áitiúil, 2013 go dtí 2018

**11.34** In 2017 bhí caiteachas comhiomlán na n-údarás áitiúil (an bhliain dheireanach a bhfuil faisnéis lán-iniúchta ar fáil lena haghaidh) cothrom le €5.96 billiún.[1] Áiríodh san fhigiúr seo thart ar €4.22 billiún i gcaiteachas reatha agus thart ar €1.74 billiún i gcaiteachas caipitil (féach ar Fíor 11.9).

**11.35** Táthar ag súil go mbeidh an caiteachas le haghaidh 2018 cothrom le €7.4 billiún — €4.7 billiún de chaiteachas reatha agus €2.7 billiún de chaiteachas caipitil.[2] Ar an mbonn sin, bhí aistrithe ón rialtas láir cothrom le 49.8% den tsuim iomlán caite ag údaráis áitiúla in 2018 (2017: 44.7%).

**Fíor 11.9 Caiteachas údaráis áitiúil bunaithe ar chineál, 2013 go dtí 2018**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Nóta: a Is meastacháin iad na figiúirí le haghaidh 2018. Le haghaidh na mblianta roimhe sin ar fad, úsáidtear figiúirí iniúchta.

1 Áirítear ann caiteachas déanta ag na 26 comhairle contae, trí chomhairle cathrach, agus dhá chomhairle cathrach agus contae.

2 Níl críoch curtha le comhthiomsú torthaí caiteachais údaráis áitiúil ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, agus Rialtais Áitiúil, tráth foilsithe na tuarascála seo.

## Maoirseacht láir ar údaráis áitiúla

**11.36** Tá dhá phríomh-mheicníocht ann le haghaidh maoirseachta rialtais láir ghinearálta ar chaiteachas údaráis áitiúil — Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil agus an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.

### *Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil*

**11.37** Bíonn ráitis airgeadais gach údarás áitiúil á n-iniúchadh ag Seirbhís Iniúchtóireachta an Rialtais Áitiúil (SIRÁ).[1] Tuairiscítear an tuairim iniúchta agus aon nithe a eascraíonn ón iniúchadh tuairiscithe don údarás áitiúil ábhartha. Seoltar cóip de gach tuarascáil iniúchta chuig an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus foilsítear an tuarascáil ar shuíomh gréasáin na Roinne freisin. Sainaithníonn an Roinn saincheisteanna ar fud na hearnála le déileáil leo ina dhiaidh sin ina tuarascálacha iniúchta, agus oibríonn an Roinn leis na húdaráis áitiúla ábhartha sa chás go dteastaíonn faisnéis faoi shaincheist ar leith.

**11.38** Chomh maith leis sin, déanann SIRÁ iniúchtaí airgid thirim ar oibríochtaí údaráis áitiúil. Tuairiscítear torthaí na n-iniúchtaí seo don Aire.

**11.39** Foilsítear tuarascáil gníomhaíochta SIRÁ gach bliain. Déantar achoimre ann ar na torthaí iniúchta maidir le ráitis airgeadais bliantúla gach údarás áitiúil. Foilsíodh an tuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta is déanaí i Márta 2019 agus áirítear inti torthaí na n-iniúchtaí a rinneadh ar ráitis airgeadais 2017.[2] Tarraingítear aird sa tuarascáil ar shaincheisteanna sonracha earnálacha agus údaráis cosúil le hioncam agus caiteachas don earnáil, staid ioncaim charnaigh gach údarás áitiúil, agus feidhmíocht bailithe ioncaim.

### *An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta*

**11.40** Bunaíodh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireacht in Iúil 2014.[3] Tá raon leathan feidhmeanna ag an gCoimisiún atá dírithe ar mhionscrúdú ar fheidhmíocht rialtais áitiúil, lena n-áirítear feidhmíocht airgeadais.

**11.41** Déantar an mionscrúdú seo trí thuarascálacha téamacha agus, áit ar gá, éisteachtaí ó bhéal faoi nithe a bhaineann lena théarmaí tagartha. [4] Chomh maith leis sin, déanann sé monatóireacht ar a mholtaí a bheith á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúla.

## Conclúidí

**11.42** Tá an maoiniú rialtais láir a chuirtear ar fáil d'údaráis áitiúla iontach casta, agus bíonn aistrithe i gceist ó roinnt ranna le haghaidh éagsúlacht mhór críoch sonraithe. Cuirtear roinnt sruthanna maoinithe ar fáil go díreach ó ranna maoinithe chuig údaráis áitiúla, agus cuirtear sruthanna eile ar fáil trí ghníomhaireachtaí rannacha.

**11.43** In 2018 bhí aistrithe maoinithe ó fhoinsí rialtais láir chuig údaráis áitiúla cothrom le beagnach €3.7 billiún. Is ionann é seo agus méadú carnach de 116% ón leibhéal is ísle aistrithe in 2014, ag teacht le haistrithe maoinithe CMÁ-bhunaithe a bheith á n-athsholáthar le deontais ilchuspóireacha. Comhthreomhar leis an maoiniú méadaithe, tá méadú tagtha ar mhaoirseacht ar chaiteachas údaráis áitiúil ó 2014, trí oibriú an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.

1 Íocadh táillí iniúchta Rialtais Áitiúil de €2.1 milliún leis an Roinn agus rinneadh cuntas orthu mar leithreasaí-i-gcabhair.

2 Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil, *Overview of the Work of the Local Government Audit Service*, Márta 2019.

3 Rinneadh foráil in Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 le haghaidh an Choimisiúin a bunaíodh go foirmiúil le hIonstraim Reachtúil 297 de 2014.

4 Leagtar síos i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin le haghaidh 2018 a straitéis agus tuairiscítear ar a ghníomhaíochtaí. Féach ar *National Oversight and Audit Commission Annual Report 2018* (Aibreán 2019).

## Iarscríbhinn 11A

D'fhéadfadh údaráis áitiúla ráta a gCánach Maoine Áitiúla (CMÁ) a athrú ina limistéar riaracháin don bhliain dar gcionn go dtí suas le 15% den bhunráta Cánach.

Chinn ceithre údarás áitiúla a rátaí CMÁ le haghaidh 2018 a laghdú agus chinn seacht n-údarás a rátaí CMÁ le haghaidh 2018 a ardú os cionn an bhunráta.

Sa chás go gcinneann údarás an bunráta CMÁ a ardú, coimeádann sé 100% den ioncam breise iarmhartach bailithe i limistéar an údaráis áitiúil sin. Ar an gcuma chéanna, sa chás go laghdaítear an ráta, glacann an t-údarás sin le tionchar iomlán an laghdaithe CMÁ nach mbailítear.

**Fíor 11A.1 Tionchar an athraithe de réir an údaráis áitiúil**

| Údarás áitiúil | Fachtóir athraithe áitiúil 2018 (céatadán) | (Caillteanas)/gnóthachan an ÚÁ i ndiaidh athraithe, i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh | Leithdháileadh iomlán CMÁ iar-athraithe |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Údaráis áitiúla ag éileamh comhionannaithe** | | | |
| Comhairle Contae Chiarraí | +5% | 704,097 | 14,480,857 |
| Comhairle Contae Laoise | +10% | 492,822 | 9,051,699 |
| Comhairle Contae & Cathrach Luimnigh | +7.5% | 1,176,448 | 18,730,912 |
| Comhairle Contae an Longfoirt | +5% | 105,588 | 9,012,236 |
| Comhairle Contae Thiobraid Árann | +10% | 1,182,910 | 27,134,513 |
| Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge | +2.5% | 232,545 | 18,911,516 |
| Comhairle Contae Loch Garman | +10% | 1,218,517 | 14,766,033 |
| **Iomlán** | | **5,112,927** | |
| **Údaráis áitiúla i bhfarasbarr** | | | |
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | -15% | -7,773,682 | 33,685,955 |
| Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | -15% | -11,968,437 | 51,863,225 |
| Comhairle Contae Fhine Gall | -10% | -3,822,079 | 26,754,556 |
| Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | -15% | -4,726,401 | 20,481,072 |
| **Iomlán** | | **-28,290,599** | |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

# Iarscríbhinn 11B

## Fíor 11B.1 Aistrithe rialtais láir chuig údaráis áitiúla, de reir cláir chaiteachais, 2013 go dtí 2018[a]

| Catagóir Caiteachais | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Tithíocht agus athnuachan[b]** | | | | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta | 529 | 536 | 614 | 759 | 1,133 | 1,704 |
| Tithíocht inacmhainne, etc.[c] | 43 | 39 | 3 | 2 | 3 | — |
| Maoiniú bonneagair[c] | — | — | — | — | — | 7 |
| Tacaíochtaí tithíochta eile | 1 | 5 | 114 | 92 | 79 | 215 |
| Athnuachan | — | — | 50 | 60 | 78 | 86 |
| | **573** | **580** | **781** | **913** | **1,293** | **2,012** |
| **Infheistíocht iompair** | | | | | | |
| Feabhas ar bhóithre náisiúnta | 232 | 228 | 236 | 200 | 239 | 315 |
| Feabhas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla[b] | 399 | 357 | 337 | 394 | 368 | 461 |
| Iompar poiblí (íocaíochtaí caipitil) | 57 | 51 | 54 | 45 | 30 | 36 |
| | **688** | **636** | **627** | **639** | **637** | **812** |
| **Tionscnaimh chomhshaoil** | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 293 | 42 | 102 | 98 | 98 | 102 |
| Oibreacha faoisimh ar thuilte | 10 | 21 | 44 | 34 | 28 | 31 |
| Bainistíocht dramhaíola | 9 | 5 | 3 | 18 | 17 | 25 |
| Athchúrsáil | 8 | 2 | — | — | — | — |
| Bearta comhshaoil eile | 12 | 13 | 18 | 3 | 7 | 13 |
| | **332** | **83** | **167** | **153** | **150** | **171** |
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| Deontais ardoideachais | 70 | 39 | 11 | 2 | — | — |
| Scéimeanna fostaíochta | 8 | 8 | 37 | 38 | 81 | 84 |
| Linnte snámha | 6 | — | 1 | 4 | 6 | 1 |
| Seirbhísí dóiteáin agus éigeandála | 5 | 7 | 6 | 9 | 12 | 13 |
| Seirbhís leabharlainne | 4 | 2 | 2 | 2 | 7 | 7 |
| Deontais spóirt, áiteanna súgartha agus tionscadail chultúrtha | 2 | 10 | 9 | 28 | 13 | 22 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht ailtireachta) | 1 | 5 | 1 | 1 | 2 | 1 |
| Maoiniú ilghnéitheach | 34 | 53 | 45 | 99 | 48 | 108 |
| | **130** | **124** | **112** | **183** | **169** | **236** |
| Deontais ilchuspóireacha | 642 | 282 | — | — | — | — |
| Leithdháiltí CMÁ — ilchuspóireach/lánroghnach[b] | — | — | 306 | 310 | 393 | 395 |
| Íocaíochtaí luacha saothair (CRÁ) — ilchuspóireach/lánroghnach | — | — | — | 25 | 20 | 60 |
| **Maoiniú iomlán curtha ar fáil d'údaráis áitiúla** | **2,365** | **1,705** | **1,993** | **2,223** | **2,662** | **3,686** |

Foinse: Na ráitis airgeadais seo a leanas - Oifig na nOibreacha Poiblí; An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; An Roinn Oideachais agus Scileanna; An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt; An Roinn Cultúir, Oidhreachta, agus Gaeltachta; An Roinn Sláinte; An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais; An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí; An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; An Roinn Cosanta; An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta; An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail; an Ciste Rialtais Áitiúil agus an Ciste Comhshaoil (2018 neamh-iniúchta).

Nótaí:

a Tá athruithe déanta ar roinnt suimeanna a tuairiscíodh roimhe seo chun léargas a thabhairt ar shuimeanna nár cuireadh san áireamh roimhe seo agus ar athaicmithe.

b In 2018 bhí an leithdháileadh iomlán CMÁ ón gCiste Rialtais Áitiúil cothrom le €504.1 milliún, leithdháilte mar seo a leanas: tithíocht €92.3 milliún; bóithre €16.5 milliún; ilchuspóireach/lánroghnach €395.3 milliún.

c Ó 2018 anonn, áirítear caiteachas tabhaithe faoin bhFóirdheontas Tithíochta Inacmhainne/Úinéireachta Roinnte faoi 'Tacaíochtaí Tithíochta Eile'. In 2017, áiríodh caiteachas cothrom le €1.6 milliún a bhaineann le Maoiniú Bonneagair i 'dTacaíochtaí Tithíochta Eile'.

# 12 Rialtacht íocaíochtaí leasa shóisialaigh

**12.1** Ceanglaítear ar an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) a chinntiú gur cuireadh an caiteachas a thaibhíonn sí chun feidhme ar na cuspóirí dár chuir Dáil Éireann an t-airgead ar fáil, agus go gcloíonn a hidirbhearta airgeadais leis na húdaráis faoina n-airbheartaítear iad a bheith déanta. Meastar gurb idirbhearta airgeadais ‘rialta’ iad nuair a shásaítear an dá cheann de na coinníollacha seo.

**12.2** Bíonn aon íocaíochtaí a sháraíonn teidlíochtaí faoi théarmaí scéimeanna leasa neamhrialta, dá réir sin. Is féidir leis na híocaíochtaí iomarcacha seo teacht chun cinn ar roinnt bealaí, lena n-áirítear

- ***Calaois éilitheora*** — i gcás go gcuireann éilitheoir ar íocaíochtaí leasa eolas neamhiomlán nó míchruinn ar fáil d’aon turas maidir le héileamh, nó má theipeann air/uirthi d’aon turas an Roinn a chur ar an eolas faoi athruithe ábhartha ar chúinsí (ar nós méadú ar mhaoin nó athrú ar riocht sláinte) a dhéanann difear d’éileamh atá á íoc.
- ***Earráid éilitheora*** — a thagann chun cinn nuair a chuir an t-éilitheoir eolas míchruinn nó neamhiomlán ar fáil, nó nuair a theip air/uirthi athrú ábhartha ar chúinsí a thabhairt le fios, ach nach bhfuil aon intinn chalaoiseach ann i dtaobh an éilitheora.
- ***Earráid oifigiúil*** — i gcás go n-íoctar sochair go mícheart mar gheall ar neamhghníomhaíocht, moill nó botúin a rinne foireann na Roinne.[1,2]

**12.3** Tá clár fadbhunaithe ag an Roinn chun tabhairt faoi shuirbhéanna coimheastóra ar scéimeanna leasa shóisialaigh.[3] Is éard a bhíonn i gceist leis na suirbhéanna athbhreithnithe ‘thar am ar leith’ ar shamplaí randamacha idir 500 agus 1,000 éileamh atá á n-íoc lena dheimhniú an bhfuil na faighteoirí i dteideal na n-íocaíochtaí atá á bhfáil faoi láthair acu agus má tá, cibé an bhfuil nó nach bhfuil na suimeanna cearta á n-íoc leo. Cabhraíonn na suirbhéanna leis an Roinn rioscaí a bhaineann le scéim ar leith agus an gá atá le haon athruithe a dhéanamh ar bhearta rialaithe na scéime atá i bhfeidhm a shainaithint. Déantar suirbhé ar scéimeanna ar luach níos airde níos minice ná mar a dhéantar ar scéimeanna lena mbaineann luach íseal.

**12.4** Luaigh an Roinn, i ndiaidh athbhreithniú, go bhfuil sé i gceist aistriú ó shuirbhéanna thar am ar leith go dtí sampláil leanúnach le haghaidh scéimeanna níos mó — ar nós scéimeanna an liúntais chuardaitheora poist, an liúntas míchumais agus scéimeanna pinsin Stáit (ranníocach agus neamh-ranníocach). Leanfar le scéimeanna eile a athbhreithniú ar bhonn thar am ar leith. Tugtar cuntas in Iarscríbhinn 12A ar shuirbhéanna a rinneadh roimhe seo, ar shuirbhéanna atá ar bun faoi láthair agus orthu siúd atá pleanáilte don bhliain 2020.

1 I gcásanna áirithe, mar gheall ar earráid éilitheora agus earráid oifigiúil, tarlaíonn go bhfaigheann éilitheoirí níos lú ná mar a bhíonn siad i dteideal a fháil (ganníocaíocht).

2 I gcás gur tugadh faoin athbhreithniú deireanach ar éileamh breis agus cúig bliana roimhe, déantar an cás a chatagóiriú mar earráid oifigiúil.

3 Bíonn sé d’aidhm ag na suirbhéanna, a bhíonn bunaithe ar shamplaí, meastachán a sholáthar — ar leibhéal muiníne 95% — den leibhéal d’íocaíocht mhícheart.

## Cáilitheacht d'íocaíocht

**12.5** Is éagsúil a bhíonn cáilitheacht d'íocaíocht leasa ó scéim go scéim agus d'fhéadfadh go mbeidh ort critéir a shásamh a bhaineann le haois, cúinsí teaghlaigh agus/nó stádas geilleagrach. Braitheann formhór na n-íocaíochtaí scéime ar thaifead ar ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh nó ioncam éilitheora ó fhoinsí eile a dheimhnítear trí thástáil mhaoine.

**12.6** Príomhchritéar cáilitheachta é an cháilitheacht ó thaobh cúrsaí leighis d'íocaíocht faoi roinnt scéimeanna leasa. Mar shampla

- Caithfidh go bhfuil gortú nó galar ar fhaighteoirí liúntas míchumais nó caithfidh go bhfuil siad faoi mhíchumas fisiciúil nó meabhrach a lean nó a bhféadfaí súil a bheith leis go leanfaidh sé ar feadh bliain amháin ar a laghad agus de thoradh an mhíchumais sin, go gcuirtear srian substainteach orthu obair a dhéanamh a bheadh oiriúnach, murach sin, do dhuine atá ar comhaois leo agus a bhfuil an taithí agus na cáilíochtaí céanna acu.
- Caithfidh nach bhfuil faighteoirí sochar breoiteachta in ann oibriú mar gheall ar bhreoiteacht nó gortú — caithfidh a ndochtúir ginearálta (DG) deimhniúchán seachtainiúil nó míosúil i leith a neamhábaltachta leanúnaí chun oibriú a sholáthar don Roinn.
- Caithfear a mheas go bhfuil faighteoirí pinsean easláine neamhábalta chun oibriú go buan, nó go raibh siad neamhábalta chun oibriú ar feadh ar a laghad 12 mhí agus gur dócha go mbeidh siad neamhábalta chun oibriú ar feadh 12 mhí eile, ar a laghad.

**12.7** Nuair a thugann an Roinn faoi shuirbhé cóimheastóra ar scéim lena mbaineann critéir íocaíochta bunaithe ar cháilitheacht ó thaobh cúrsaí leighis, tugtar faoi athbhreithnithe leighis ar fhothacar cásanna. Is éard a d'fhéadfadh teacht dá thoradh seo ná go sainaithnítear cásanna a mheastar nach sásaíonn a riocht sláinte na critéir shonraithe a thuilleadh. I gcás godtarlaíonn é seo, féadfar íocaíochtaí leasa a stopadh, nó an méid is iníoctha a laghdú (íocaíocht iomarcach), agus cuirtear san áireamh é seo sa mheastachán a dhéantar ar leibhéil na n-íocaíochtaí neamhrialta.

**12.8** Nuair a éiríonn le duine achomharc a dhéanamh ar chinneadh maidir le neamh-incháilitheacht ó thaobh cúrsaí leighis ina dhiaidh sin, ní chuirtear an cás san áireamh sa mheastachán a dhéantar ar leibhéil na n-íocaíochtaíneamhrialta.

## Torthaí suirbhé

**12.9** Léirítear i Fíor 12.1 an caiteachas in 2018 ar scéimeanna Vóta agus an Chiste Árachais Shóisialaigh ar tugadh faoi shuirbhéanna cóimheastóra ina leith (ar a laghad uair amháin) ó 2012.[1] Léiríonn sé, chomh maith, an leibhéal measta céatadáin d'íocaíocht iomarcach do gach scéim a aimsíodh i rith na suirbhéanna is déanaí mar gheall ar chalaois, earráid nó neamh-incháilitheacht ó thaobh cúrsaí leighis. B'ionann na scéimeanna a chuimsítear i bhFíor 12.1 in 2018, ar an gcomhiomlán, agus 80% (€8.7 billiún) den chaiteachas vótáilte, agus 83% (€8.4 billiún) de chaiteachas an Chiste Árachais Shóisialaigh.

1 Níor cuireadh torthaí shuirbhé 2016 ar shochair theaghlaigh san áireamh mar gheall gur bhain sé le 7% de na tairbhithe (i.e. iad siúd nach raibh ach an pacáiste sochair theaghlaigh á fháil acu). Ó 2016 ar aghaidh, scrúdaíodh teidlíocht do shochair theaghlaigh (anuas ar thacaíocht ioncaim) i roinnt suirbhéanna eile. Measann an Roinn gurb é 1.3% de réir luacha (69% d'fhaighteoirí pacáiste sochair i dteannta a chéile) an ráta earráide maidir le teidlíocht do na pacáistí sochair do na scéimeanna sa suirbhé.

**12.10** Léirítear i bhFíor 12.1 freisin

- an tionchar a imríonn aistrithe chuig scéimeanna eile — i gcás gur deimhníodh gur íocadh íocaíocht iomarcach le héilitheoir (agus/nó duine cleithiúnach) thar na teidlíochtaí ar an scéim a rinneadh a athbhreithniú, ach go raibh teideal acu ar íocaíocht dhifriúil leasa sochair.
- glaníocaíocht iomarcach — luach oll-íocaíochtaí iomarcacha lúide aistrithe chuig scéimeanna eile.

**12.11** Anuas air sin, léirítear i Fíor 12.1 an céatadán (de réir luacha) de ghanníocaíochtaí — cásanna iad seo ina bhfuarthas leis an suirbhé go raibh íocaíocht ba lú á fáil ag an éilitheoir ná mar a bhí siad i dteideal a fháil.

**Fíor 12.1 Leibhéal measta d'íocaíochtaí neamhrialta i scéimeanna ar a ndearnadhsuirbhé**

| Cuntas agus scéim | Costas na scéime in 2018 €milliún | Íocaíochtaí iomarcacha | | | Ganníocaíochtaí |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Ollmhéid | Incháilithe chun aistriú chuig scéimeanna eile | Glanmhéid | |
| **Scéimeanna cistithe faoin vóta** | | | | | |
| Sochar linbh | 2,097 | 0.5% | 0% | 0.5% | 0% |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,841 | 5.0% | (1.5%) | 3.5% | 0.4% |
| Liúntas míchumais | 1,586 | 5.6% | (1.0%) | 4.6% | 0.5% |
| Pinsean stáit (neamh-ranníocach) | 1,020 | 6.5% | 0% | 6.5% | 1.1% |
| Liúntas cúramóra | 795 | 10.2% | (1.1%) | 9.1% | 0.4% |
| Íocaíocht teaghlach aontuismitheora | 511 | 3.0% | (0.3%) | 2.7% | 0% |
| Íocaíocht don teaghlaigh i bhfostaíocht [a] | 411 | 2.0% | (1.4%) | 0.6% | 0.1% |
| Forlíonadh cíosa | 175 | 7.0% | (1.0%) | 6.0% | 1.0% |
| Liúntas leasa forlíontach (BASI) | 112 | 2.8% | (0.2%) | 2.6% | 0.2% |
| Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair | 90 | 3.3% | 0% | 3.3% | 0% |
| Cúnamh feirme | 74 | 12.7% | 0% | 12.7% | 2.5% |
| **Scéimeanna iomlána cistithe faoin vóta** | **8,712** | | | | |
| **Scéimeanna cistithe árachais shóisialaigh** | | | | | |
| Pinsin stáit State (ranníocach) (ranníocach)(ranníocach/idirthréimhseach) | 5,217 | 2.1% | 0% | 2.1% | 0% |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintrí fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh | 1,510 | 7.4% | 0% | 7.4% | 0.2% |
| Pinsean easláine | 694 | 1.5% | 0% | 1.5% | 0% |
| Sochar breoiteachta | 623 | 6.1% | (0.1%) | 6.0% | 0.1% |
| Sochar cuardaitheora poist | 339 | 2.5% | (0.9%) | 1.6% | 0% |
| **Scéimeanna iomlána an chiste árachais shóisialaigh** | **8,383** | | | | |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tugadh an forlíonadh ioncaim teaghlaigh air seo roimhe seo.

**12.12** Tá éagsúlacht leathan sa leibhéal íocaíochtaí iomarcacha a aimsíonn suirbhéanna ar scéimeanna atá cistithe faoin Vóta. Seachas sochar linbh, arb íocaíocht uilíoch í (i.e. nach ndéantar tástáil mhaoine air), bíonn rátaí measta na n-íocaíochtaí iomarcacha idir 2% de chaiteachas scéime (íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht) agus 12.7% de chaiteachas scéime (cúnamh feirme).

**12.13** Tá éagsúlacht, chomh maith, sa leibhéal íocaíochta iomarcaí sna scéimeanna atá cistithe ag árachas sóisialach a ndearnadh suirbhé orthu. Idir 1.5% (pinsean easláine) agus 7.4% (pinsean ranníocach baintrí/baintrí fir/páirtnéra shibhialta mharthanaigh) is ea rátaí measta na n-íocaíochtaí iomarcacha do scéimeanna atá cistithe ag árachas sóisialach.

## Méadracht nua maidir le comhlíontadh

**12.14** Luaigh an Roinn gur príomhchuid dá straitéis chomhlíonta agus frithchalaoise iad ró-íocaíochtaí a mheasúnú agus a aisghabháil. Ó 2018 ar aghaidh, tá úsáid á baint ag an Roinn as méadracht ar a dtugtar 'Glanchaillteanas don Rialtas' chun leibhéal comhlíonta scéimeanna a thomhas. Cuirtear i gcuntas sa mhéadracht seo ró-íocaíochtaí a rinneadh a aisghabháil, anuas ar aistrithe, nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar an tionchar a imríonn neamhchomhlíonadh scéime ar an Státchiste. Ar an ábhar sin, is difriúil atá na figiúirí a d'fhoilsigh an Roinn maidir le neamhchomhlíonadh don dá scéim is déanaí a ndearnadh suirbhé orthu (Pinsean stáit neamh-ranníocach agus liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair) ó na figiúirí a léirítear i bhFíor 12.1. Breithneofar an beart seo i gcomhthéacs an iniúchta a dhéanfar ar chuntais leithreasa 2019.

### *Suirbhé cóimheastóra ar an bpinsean stáit (neamh-ranníocach), 2019*

**12.15** In Eanáir 2019, d'fhoilsigh an Roinn toradh a bhí ar shuirbhé cóimheastóra ar an scéim pinsean Stáit neamh-ranníocach atá cistithe faoin vóta. Déantar tástáil mhaoine don sochar seo agus caitheadh caiteachas €1.02 billiún air in 2018. Leis an suirbhé, rinneadh scrúdú ar 1,000 íocaíocht a roghnaíodh go randamach a rinneadh in aon seachtain amháin i nDeireadh Fómhair 2017, lenar bhain 99,000 tairbhí ag an tráth sin.

**12.16** Fuarthas leis an suirbhé gur bhain íocaíochtaí a sháraigh an teidlíocht le héileamh amháin as gach cúig cinn a ndearnadh athbhreithniú orthu. B'íocaíochtaí neamhrialta iad, dá bharr — b'ionann na híocaíochtaí iomarcacha a sainaithníodh agus 6.5% de luach na n-íocaíochtaí d'éilimh a scrúdaíodh. B'ionann an laghdú riachtanach ar íocaíocht, ar an meán, agus thart ar €50 sa tseachtain i gcás éileamh a sháraíonn teidlíochtaí.

**12.17** Fuarthas leis an suirbhé, chomh maith, go raibh ganníocaíocht á déanamh do 8.2% de na héilimh a athbhreithníodh — b'ionann na ganníocaíochtaí a sainaithníodh agus 1.1% de luach na n-íocaíochtaí d'éilimh a scrúdaíodh. Mar thoradh air sin, fuair éilitheoirí a sainaithníodh go ndearnadh iad a ghanníoc, meánmhéadú thart ar €30 sa tseachtain (móide riaráistí).

**12.18** Fuarthas leis an suirbhé go ndearnadh 94% d'íocaíochtaí míchearta mar gheall nár cuireadh maoin an éilitheora i gcuntas i gceart.[1] Ba í an phríomhchúis a bhí le híocaíochtaí míchearta ná athrú ar chúinsí an éilitheora nár thuairiscigh an t-éilitheoir agus nach ndearna an Roinn aon athbhreithniú idir an dá linn chun an t-athrú sin a shainaithint. Fuarthas leis an suirbhé go raibh ráta íseal earráide sa bhunchinneadh a rinneadh, bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil ag an tráth sin.

1 Ní dhealaítear íocaíochtaí iomarcacha agus ganníocaíochtaí i gcás íocaíochtaí míchearta i dtuarascáil an tsuirbhé.

**12.19** Áirítear le rioscaí a fuarthas leis an suirbhé

- Bhí ráta íocaíochta mícheart á fháil ag 38% d'éilitheoirí a bhí os cionn 80 bliain d'aois, i gcomparáid le 24% d'éilitheoirí idir aois 66 agus 79.
- Bhí ráta níos ísle d'íocaíocht mhícheart ann i measc éilitheoirí i mBaile Átha Cliath ná an chuid eile de Laighin agus na cúigí eile.
- Ní raibh aon mhaoin a rabhthas eolach uirthi ag triúr as ceathrar éilitheoirí. As an ngrúpa sin, fuarthas go raibh sochar mícheart á fháil ag 34%. I gcomparáid leis sin, ní raibh íocaíocht mhícheart á fáil ach ag 6% d'éilitheoirí a raibh maoin dhearbhaithe acu.
- Sainaithníodh gur imir maoin luaineach tionchar ar éilitheoirí a bhfuil maoin acu (go háirithe pinsean príobháideach nó neamh-Éireannach) mar gheall ar choigeartuithe a rinneadh ar an ráta íocaíochta pinsin nó rátaí malartaithe.

**12.20** Thionscain an Roinn athruithe ar an gcreat rialaithe ar bhonn thorthaí an tsuirbhé seo, lena n-áirítear

- athbhreithniú ar an gcreat rialaithe chun na rioscaí a léiriú a sainaithníodh sa tuarascáil
- in 2019, fógra a thabhairt do 10,000 éilitheoir (a roghnaíodh ar bhonn riosca) faoina n-oibleagáid chun an Roinn a chur ar an eolas faoi athrú ar a gcúinsí
- athbhreithniú a dhéanamh ar rialacha don scéim
- feabhas a chur ar mar a fhógraíonn Oifig an Ard-Chláraitheora básanna.

## Conclúid

**12.21** Ní ábhartha is ea leibhéal na n-íocaíochtaí neamhrialta a fuarthas le suirbhéanna cóimheastóra na Roinne. Dá réir, rinne mé tagairt i mo thuarascálacha iniúchta ar Chuntas Leithreasa 2018 do Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach agus do Chuntas 2018 den Chiste Árachais Shóisialaigh don leibhéal ábhartha neamhrialtachta d'íocaíochtaí scéime.

## Iarscríbhinn 12A

**Fíor 12A.1 Sceideal de shuirbhéanna cóimheastóra a foilsíodh agus atá ar bun ó 2010 go 2019, agus atá ar na bacáin, 2020**

| Cuntas agus scéim | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Scéimeanna cistithe faoin vóta** | | | | | | | | | | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | Foilsithe | | | | Foilsithe | | | | | Ar bun | Pleanáilte |
| Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar obair[a] | | | | | | | | | | Foilsithe | |
| Liúntas cúramóra | | | | | | | | | Foilsithe | | |
| Sochar linbh | | | | Foilsithe | | | | | | | |
| Liúntas míchumais | | | Foilsithe | | | | | | | | Pleanáilte |
| Pinsean stáit (neamh-ranníocach) | | | | | | | | | | Foilsithe | |
| Íocaíocht teaghlach aontuismitheora | | | Foilsithe | | | | | | | Ar bun | |
| Forlíonadh ioncaim teaghlaigh | | | | | | | Foilsithe | | | | |
| Forlíonadh cíosa | | | | | Foilsithe | | | | | | |
| Liúntas leasa forlíontach | | | | | | | | Foilsithe | | | |
| Pacáiste sochair theaghlaigh | | | | | | | Foilsithe | | | | |
| Cúnamh feirme | | | | | | | Foilsithe | | | | |
| **Scéimeanna atá cistithe faoin gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | | | | | | |
| Pinsin Stáit (ranníocach/idirthréimhseach) | Foilsithe | | | | | | | Foilsithe | | | Pleanáilte |
| Pinsean ranníocach baintrí/baintrí fir/páirtnéara shibhialta mharthanaigh | | | | | Foilsithe | | | | | | |
| Pinsean easláine | | | | | | Foilsithe | | | | | |
| Sochar breoiteachta | | | | | | Foilsithe | | | | | |
| Sochar cuardaitheora poist | | | Foilsithe | | | | | | | | Pleanáilte |
| Pacáiste sochair theaghlaigh | | | | | | | Foilsithe | | | | |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Eochair:
- Pleanáilte, faoi réir deimhniú ar chríochnú straitéis nua rialaithe (2019 go 2023)
- Ar bun
- Foilsithe

Nóta: a Tá súil leis go bhfoilseofar an tuarascáil i bhFómhar 2019.

# 13 Tráthúlacht phróiseáil na n-éileamh ar thacaíocht ioncaim

**13.1** Tá daoine a éilíonn tacaíocht ioncaim i dteideal go mbeidh a n-éilimh á bpróiseáil chomh tapa agus is féidir, agus tús a bheith á chur go pras le híocaíochtaí a bhfuil siad i dteideal iad a fháil. Maidir le go leor díobhsiúd atá i dteideal tacaíocht a fháil, d'fhéadfadh go mbeadh na híocaíochtaí riachtanach chun cur ar a gcumas na bunriachtanais a fháil. Dá réir sin, is príomhchuspóir feidhmíochta de chuid na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) é éilimh a phróiseáil go tráthúil.

**13.2** Scrúdaítear sa chaibidil seo an úsáid a bhaineann an Roinn as eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun tráthúlacht phróiseáil na n-éileamh a thomhas.[1]

## Tuairisciú feidhmíochta ó thaobh na próiseála éileamh

**13.3** Chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ó thaobh na próiseála éileamh, cuireann an Roinn roinnt príomhthuarascálacha inmheánacha agus seachtracha i dtoll a chéile

- tuarascáil 'soilse tráchta' ina dtugann oifig áitiúil uasdátú seachtainiúil maidir le rátaí agus spriocanna ó thaobh na próiseála éileamh — agus tarraingítear aird ar an bhfeidhmíocht dhiúltach trí úsáid a bhaint as dath ómra nó dearg
- feasachán staitistiúil agus tuarascáil faisnéise bainistíochta a chuirtear i dtoll a chéile don bhord bainistíochta gach mí — sonraítear iontu seo faisnéis ó thaobh na próiseála éileamh, mar aon le caiteachas agus treochtaí sa bheochlár
- foilsítear i dtuarascáil bhliantúil staitistice na Roinne faisnéis ó thaobh na próiseála éileamh, cosúil le líon na n-éileamh bronnta agus an meánmhéid ama a thóg sé éilimh a bhronnadh[2,3]
- sonraítear sa tuarascáil bhliantúil faisnéise bainistíochta faisnéis ó thaobh na próiseála éileamh le haghaidh gach scéime, le comparáidí stairiúla.

**13.4** Tá Aonad Staitistice agus Faisnéise Gnó (An tAonad Staitistice) na Roinne freagrach as sonraí maidir le próiseáil na n-éileamh a thiomsú.

## Spriocanna ó thaobh na próiseála éileamh a cuireadh san áireamh sna meastacháin

**13.5** Tá sprioc-am próiseála sainmhínithe ag an Roinn le haghaidh gach scéime — is é seo an céatadán éileamh a bhfuiltear ag súil a bhronnadh laistigh de thréimhse shainithe ama. Tá sprioc-amanna próiseála éileamh le haghaidh roinnt scéimeanna curtha san áireamh i meastachán bliantúil an vóta le blianta fada anuas.[4]

**13.6** Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa sprioc-am próiseála idir scéimeanna — mar shampla, tá sé mar aidhm ag an Roinn críoch a chur le próiseáil 90% d'éilimh a bhronntar don liúntas cuardaitheora poist faoi cheann sé seachtaine agus 70% d'éilimh a bhronntar don liúntas do chúramóirí faoi cheann 12 sheachtain.

1 Soláthraítear in Iarscríbhinn 13A faisnéis chúlra maidir le saintréithe a bhaineann le tomhais mhaithe feidhmíochta.

2 Foilsítear sa *Tuarascáil Bhliantúil um Faisnéis Staitistiúil Leasa Shóisialaigh* mionsonraí maidir le hathruithe ar líon na bhfaighteoirí (agus tairbhithe) de réir na scéime agus de réir luach na n-íocaíochtaí — áirítear sa tuarascáil sonraí maidir le deich mbliana anuas.

3 Tá difríocht le tabhairt faoi deara idir scéimeanna sa sainmhíniú ar an 'méid ama a thógann sé éileamh a bhronnadh'. Tá tuilleadh mionsonraí maidir leis seo le fáil in ailt 13.22 — 13.24.

4.Foilsíonn an Roinn staitisticí freisin maidir leis an meánlíon seachtainí a thógann sé chun éileamh a bhronnadh — d'fhéadfadh go mbeadh sprioc á socrú bunaithe ar chéatadán éileamh atá le bronnadh laistigh de mhéid ama ar leith níos dúshlánaí ná meán-am próiseála caighdeánach.

**13.7** Shonraigh an Roinn go mbaineann na spriocanna difriúla atá socraithe lecineál na scéimeanna — braitheann roinnt scéimeanna ar phríomhchinneadh amháin, critéir fhíricbhunaithe go minic (e.g. taifid ranníocaíochta a bhaineann le duine atá ag éileamh sochair bhreoiteachta) ach tá scéimeanna eile níos casta agus bíonn measúnú riachtanach ar chliaint agus ar chritéir éagsúla. Mar shampla, ceanglaítear le héileamh ar liúntas do chúramóirí measúnú a dhéanamh ar acmhainní an chúramóra agus ar a socruithe cónaitheachta, mar aon le measúnú ar riachtanais chúraim an duine a dteastaíonn cúram uaidh/uaithi, lena n-áirítear measúnú ar shaincheisteanna leighis agus cúraim a bhíonn sách casta go minic.

**13.8** Taispeántar i Fíor 13.1 spriocráta reatha na n-éileamh atá le próiseáil laistigh den am próiseála caighdeánach.

**Fíor 13.1 Sprioclíon na n-éileamh le próiseáil faoin am próiseála caighdéanach**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

**13.9** Breithnítear an t-am próiseála caighdeánach cuí le haghaidh gach scéim nua agus i gcás go ndéantar athbhreithniú ar chuspóirí straitéiseacha na scéimeanna. Níor athraigh spriocanna caighdeánacha an ama próiseála d'fhormhór na bpríomhscéimeanna (14) sa tréimhse idir 2009 agus 2018. Chuir athruithe a rinneadh i rith na tréimhse sin le fad an sprioc-am próiseála den chuid is mó, mar a léirítear i Fíor 13.2.

**13.10** Shonraigh an Roinn go n-áirítear in athbhreithnithe ar spriocanna an taithí iarbhír bunaithe ar líon na n-éileamh, castacht na gcritéar incháilitheachta, agus líon na foirne atá ar fáil sna i réimsí próiseála.

**Fíor 13.2 Athruithe ar chaighdeáin an ama próiseála, 2009 go dtí 2018**

| Scéim | Bliain an athraithe | Sprioc bhunaidh | Sprioc athbhreithnithe | Tionchar ar an sprioc-am próiseála |
|---|---|---|---|---|
| Pinsean Stáit neamhranníocach | 2017 | 90% in 10 seachtaine | 75% in 12 sheachtain | ⬇ ⬇ |
| Sochar linbh | 2015 | 90% in 2 sheachtain | 90% in 4 seachtaine | ⬇ |
| Liúntas do chúramóirí | 2017 | 90% in 12 sheachtain | 70% in 12 sheachtain | ⬇ |
| Liúntas míchumais | 2017 | 90% in 12 sheachtain | 75% in 12 sheachtain | ⬇ |
| Pinsean easláine | 2017 | 90% in 6 seachtaine | 90% in 10 seachtaine | ⬇ |
| Liúntas cúraim baile | 2017 | 70% in 15 sheachtain | 90% in 10 seachtaine | ⬆ ⬆ |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Eochair: ⬆ Tréimhse ama níos giorra chun próiseáil a dhéanamh nó líon níos mó le próiseáil sa tréimhse chéanna.

⬇ Tréimhse ama níos faide chun próiseáil a dhéanamh nó líon níos lú le próiseáil sa tréimhse chéanna.

### *Feidhmíocht ó thaobh na próiseála éileamh*

**13.11** Ar na leathanaigh ina dhiaidh seo, taispeántar i Fíor 13.3 agus i Fíor 13.4 príomhshonraí ionchuir (acmhainní foirne), aschuir (éilimh ghlanta) agus sonraí próiseála éileamh le haghaidh scéimeanna atá á maoiniú ag vóta agus le haghaidh scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh.

*Acmhainní foirne leithdháilte ar scéimeanna agus líon na n-éileamh glanta*

**13.12** Feidhmíonn an Roinn oifigí láraithe próiseála le haghaidh roinnt scéimeanna, cosúil le pinsin. Déantar scéimeanna eile, cosúil le híocaíochtaí cuardaitheora poist agus an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora, a phróiseáil i ngréasán d'ionaid agus oifigí brainse Intreo na Roinne.

**13.13** Shonraigh an Roinn, mar aon le próiseáil na n-éileamh i ngach réimse scéime, go mbíonn raon leathan oibre eile ar bun ag baill foirne freisin cosúil le cothabháil na n-éileamh agus athbhreithnithe ar éilimh, fáiltiú custaiméirí agus déileáil le glaonna teileafóin. Tá éagsúlacht le tabhairt faoi deara i leibhéal na hoibre seo ag brath ar an réimse scéime — is cion níos mó den ualach oibre é obair a bhaineann le rialú in Intreo/ionaid cuardaitheora poist ná i réimsí scéimeanna eile, agus bíonn leibhéal níos airde cothabhála i gceist de ghnáth le bonn na gcliant i scéimeanna míchumais mar shampla, ná mar a bhíonn i gceist le scéimeanna pinsin.

**13.14** Tá cumas na Roinne le monatóireacht a dhéanamh ar an gcostas, bunaithe ar an gcineál gníomhaíochta, a bhaineann le hacmhainní a úsáidtear i bpróiseál éileamh, teoranta ag an tslí ina bhfuil na scéimeanna á riar. Cé gur féidir leis an Roinn na hacmhainní foirne a úsáideadh i scéimeanna láraithe a sholáthar a shainaithint, ní féidir é sin a dhéanamh le haghaidh acmhainní ionaid agus oifige brainse Intreo mar go bhféadfadh freagrachtaí ar bhaill foirne aonair a bhaineann le roinnt scéimeanna agus cineálacha gníomhaíochta (e.g. dualgais fáilithe, dualgais rialaithe, etc.) i rith aon tréimhse ina bhfuil costais á measúnú.

*Am chun éileamh a bhronnadh*

**13.15** Taispeántar i Fíor 13.3 agus i Fíor 13.4 an treocht sa mheánlíon seachtainí a thógann sé éilimh a bhronnadh sa tréimhse idir 2012 agus 2018, le haghaidh roghanna de scéimeanna na Roinne.[1]

**13.16** Le haghaidh fhormhór na scéimeanna, tá an meánlíon seachtainí a thógann sé éileamh a bhronnadh laghdaithe i rith na tréimhse, agus tá feabhas an-suntasach le tabhairt faoi deara i roinnt de na scéimeanna

- iaghdaigh an pinsean easláine ó 52 seachtain in 2013 go dtí 7 seachtaine in 2018
- iaghdaigh an liúntas do chúramóirí ó 30 seachtain in 2013 go dtí 17 sheachtain in 2018
- laghdaigh an pinsean Stáit (neamhranníocach) ó 16 sheachtain in 2013 go dtí 11 sheachtain in 2018.

1 Ní áirítear sa mhéid ama a thógann sé éileamh a bhronnadh éilimh a ndiúltaítear dóibh ar dtús ach a cheadaítear i ndiaidh achomharc a dhéanamh.

**Fíor 13.3 Tomhas feidhmíochta na scéimeanna maoinithe ag Vóta, treocht agus sonraí 2018**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ní féidir acmhainní foirne ionad agus oifige brainse Intreo a imdhealú de réir na scéime — tá 1,672 ball foirne sannta do na hoifigí seo, a phróiseálann an liúntas cuardaitheora poist agus éilimh ar shochair, an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora agus an liúntas leasa forlíontach.

**Fíor 13.4 Tomhas feidhmíochta scéimeanna an Chiste Árachais Shóisialaigh maoinithe ag Vóta, treocht agus sonraí 2018**

| Meánmhéid ama feithimh roimh éileamh a bhronnadh | Am próiseála in 2018 | Baill foirne sannta agus éilimh ghlanta in 2018[a] |
|---|---|---|

### Pinsean stáit (ranníocach)







Sprioc: 90% d'éilimh próiseáilte faoi dháta na teidlíochta

Iarbhír: 94%

112 ball foirne

43,404 éileamh glanta

### Pinsean easláine







Sprioc: 90% d'éilimh próiseáilte in 10 seachtaine

Iarbhír: 81%

47 ball foirne

13,092 éileamh glanta

### Sochar cuardaitheora poist







Sprioc: 90% d'éilimh próiseáilte in 3 seachtaine

Iarbhír: 95%

1,672 ball foirne[a]

133,804 éileamh glanta

### Sochar breoiteachta







Sprioc: 90% d'éilimh próiseáilte in 1 sheachtain

Iarbhír: 80% i mí Iúil 2019

176 ball foirne

144,882 éileamh glanta

### Sochar máithreachais agus atharthachta







Sprioc: 90% d'éilimh próiseáilte faoin dáta dlite

Iarbhír: 80%

40 ball foirne

68,475 éileamh glanta

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ní féidir acmhainní foirne ionad agus oifige brainse Intreo a imdhealú de réir na scéime — tá 1,672 ball foirne sannta do na hoifigí seo, a phróiseálann an liúntas cuardaitheora poist agus éilimh ar shochair, an íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora agus an liúntas leasa forlíontach.

*Dáileadh na n-éileamh bunaithe ar am feithimh*

**13.17** D'fhéadfadh an meánlíon seachtainí a thógann sé chun éileamh a bhronnadh agus an méid ama a thógann sé chun céatadán sonraithe éileamh a bhronnadh athraitheas suntasach san am próiseála a cheilt. Mar shampla, léirítear i Fíor 13.5 go raibh bronntaí an phinsin Stáit (neamhranníocach) i bhfad níos sciobtha ná bronntaí an liúntais do chúramóirí, fiú amháin agus céatadáin dhifriúla sprice á gcur san áireamh (75% agus 70% faoi seach). Bhí spriocthréimhse próiseála de 12 sheachtain luaite leis an dá scéim, ach is beag liúntas do chúramóirí a bronnadh roimh 11/12 sheachtain.

**Fíor 13.5 Am próiseála le haghaidh éileamh an phinsin Stáit (neamhranníocach) agus an liúntais do chúramóirí bronnta in Bealtaine 2019**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

*Tionchar na gcoinníollacha cáilitheacha ar am próiseála scéime*

**13.18** Taispeántar i Fíor 13.6 na coinníollacha cáilitheacha agus an meánlíon seachtainí a thóg sé in 2018 éileamh a bhronnadh le haghaidh na bpríomhscéimeanna.

**13.19** Go ginearálta, tógann sé níos faide scéimeanna ina bhfuil gá le tástáil acmhainne agus/nó athbhreithniú leighis a phróiseáil — mar shampla, thóg sé idir 10 agus 17 seachtaine ar an meán éileamh a bhronnadh in 2018 ar liúntas do chúramóirí, liúntas míchumais, liúntas cúraim baile agus pinsean stáit (neamhranníocach). D'fhéadfadh go mbeadh an t-athbhreithniú leighis bunaithe ar fhaisnéis atá curtha ar fáil ag dochtúir an iarratasóra agus/nó measúnú déanta ag measúnóirí leighis na Roinne.

**Fíor 13.6 An meánlíon seachtainí a thógann sé éileamh a bhronnadh, bunaithe ar na critéir cháilíochta[a]**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a D'fhéadfaí go n-áireofaí i scéimeanna chomh maith critéir bhreise atá le scrúdú chun incháilitheacht a chinneadh — gnáthchónaí, mar shampla.

b An forlíonadh ioncam teaghlaigh a tugadh ar an scéim seo roimhe seo.

## Iontaofacht EDT áirithe

*Tomhas am próiseála na n-éileamh*

**13.20** Taispeántar i Fíor 13.7 na céimeanna a bhaineann le héileamh a phróiseáil.

**13.21** Tá formhór de scéimeanna na Roinne á n-oibriú agus á mbainistiú go lárnach — an liúntas do chúramóirí, an liúntas míchumais agus an pinsean Stáit, mar shampla. Le haghaidh na scéimeanna seo, cuirtear in iúl don Roinn go bhfuil iarratas á dhéanamh ag éilitheoir faoin scéim sin nuair a fhaightear an fhoirm iarratais — rud a chiallaíonn go bhfuil an dáta a dhéanann an t-éilitheoir iarratas ar thacaíocht agus an dáta a fhaightear na doiciméid cothrom leis an lá céanna (nó an lá ina dhiaidh sin má sheoltar an t-iarratas tríd an bpost). D'fhéadfadh go mbeadh an dáta cláraithe mar an gcéanna má phróiseáiltear na foirmeacha go pras — faoin scéim sochair bhreoiteachta agus le haghaidh gach iarratas ar líne, mar shampla.

**Fíor 13.7 Timthriall próiseála éilimh**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

**13.22** I gcás scéimeanna atá á mbainistiú in Intreo agus in oifigí brainse — liúntas cuardaitheora poist, sochar cuardaitheora poist, íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora agus liúntas leasa forlíontach bunúsach — is é dáta cláraithe an éilimh an dáta a dtugtar foirm iarratais an éilitheora do bhall foirne Intreo nó oifige brainse ar dtús.[1] De bhrí go n-oibríonn go leor oifigí Intreo ar bhonn coinne, má théann duine chomh fada le hOifig Intreo ar an Luan agus má eagraítear coinne don Déardaoin ina dhiaidh sin, cuirtear tús leis an am próiseála ar an Déardaoin sin. Dá réir sin, tá an t-am próiseála atá á thomhas ag an Roinn níos giorra ná an tréimhse d'am feithimh a bhíonn i gceist don éilitheoir le haghaidh na scéimeanna seo atá á mbainistiú go háitiúil.

1 Tá dáta cláraithe an iarratais ginte ag an gcóras agus ní féidir é a athrú.

**13.23** Tá an méid seo a leanas sonraithe ag an Roinn

- I ngach oifig, go ginearálta, déileáiltear le agus cláraítear éilimh ar an liúntas leasa forlíontach bunúsach láithreach gan aon choinne.
- Ní bhainfidh an tsaincheist seo le córas próiseála nua 'oifige tosaigh/cúloifige', ina bhfaightear agus ina gcláraítear éilimh láithreach san 'oifig thosaigh' agus ina bpróiseáiltear iad ina dhiaidh sin sa 'chúloifig' — tá an córas i bhfeidhm in ocht n-ionad (as 62) Intreo agus in 55 (as 58) oifig bhrainse faoi láthair, agus tá sé beartaithe ag an Roinn an próiseas a chur i bhfeidhm i ngach oifig laistigh de 15 mhí.

**13.24** Déantar íocaíochtaí éilimh a shiardhátú go dtí an chéad lá teidlíochta — dáta tosaithe na híocaíochta. Le haghaidh scéimeanna Intreo agus oifige brainse, déanann an Roinn monatóireacht ar an méid ama idir dáta cláraithe na n-éileamh agus an dáta tosaithe i dtuarascáil sheachtaintiúil. Mar shampla, i Lúnasa 2019, bhí an mheánbhearna cothrom le 1.2 seachtain don liúntas cuardaitheora poist agus 1.7 seachtain don sochar cuardaitheora poist — is é an chúis atá leis an mbearna seo aon mhoill a bhaineann le coinne a bheith á lorg ag an éilitheoir i ndiaidh a bheith i dteideal tacaíocht a fháil agus an t-am feithimh le haghaidh coinne.

### *Sonraí maidir le héilimh ar feitheamh*

**13.25** Baineann sonraí maidir le héilimh ar feitheamh a thuairiscíonn an Roinn le héilimh atá cláraithe ach nach bhfuil cinneadh déanta maidir leo go fóill. Ní áirítear i sonraí maidir le héilimh ar feitheamh le haghaidh scéimeanna atá á mbainistiú go háitiúil éilimh a bhfuil coinne eagraithe ina leith ach nár reáchtáladh go fóill.[1]

### *Ráta diúltaithe éilimh*

**13.26** Tuairiscíonn an Roinn maidir le tráthúlacht bunaithe ar mhéanlíon na seachtainí a thógann sé chun éilimh a bhronnadh. Shonraigh an Roinn dá mbeifí le héilimh dhiúltaithe a áireamh sa tomhas go mbeadh an t-am feithimh tuairiscithe laghdaithe mar go bpróiseáiltear go leor éileamh diúltaithe níos tapúla, sa chás go bhfuil fianaise ann nach bhfuil critéir cháilitheacha na scéime sin comhlíonta.

**13.27** In 2018, diúltaíodh do 17% de na héilimh a phróiseáil an Roinn. Chuir an Roinn tús le foilsiú na staitisticí maidir le héilimh dhiúltaithe ina tuarascáil bhliantúil staitistice le haghaidh 2018. Taispeántar i Fíor 13.8 scéimeanna ina sáraíonn an ráta diúltaithe 20%.

**Fíor 13.8 Ráta diúltaithe na n-éileamh bunaithe ar an scéim, in 2018**

| Scéim | Éilimh glanta[a] | Éilimh diúltaithe[b] | Ráta diúltaithe éilimh |
|---|---:|---:|---:|
| **Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht (éilimh nua)** | 25,500 | 8,274 | 32% |
| **Sochar breoiteachta** | 144,882 | 29,109 | 20% |
| **Liúntas do chúramóirí** | 27,240 | 9,291 | 34% |
| **Pinsean stáit (ranníocach)** | 43,404 | 10,304 | 24% |
| **Pinsean stáit (neamhranníocach)** | 11,505 | 2,253 | 20% |
| **Pinsean easláine** | 13,092 | 4,601 | 35% |
| **Liúntas míchumais** | 31,017 | 12,682 | 41% |

Foinse: Tuarascáil faisnéise bainistíochta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Nótaí: a I measc na n-éileamh glanta bhí éilimh bhronnta, éilimh dhiúltaithe agus éilimh aistarraingthe. Bhí éagsúlacht le tabhairt faoi deara sa raon rátaí aistarraingthe idir 0% (íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht) agus 11% (pinsean Stáit, ranníocach agus neamh-ranníocach).

b Baineann líon na n-éileamh diúltaithe leis an gcinneadh tosaigh amháin.

1 Níl an t-éileamh ar feitheamh go dtí go gcuirtear foirm iarratais isteach.

## Conclúidí agus moltaí

**13.28** Tá táscairí próiseála éilimh curtha san áireamh ag an Roinn sna meastacháin bhliantúla vóta agus i dtuarascálacha foilsithe eile le haghaidh roinnt blianta. Is léargas maith iad na táscairí seo ar thráthúlacht na Roinne chomh fada is a bhaineann le próiseáil éileamh (féach ar Fíor 13.9).

**Fíor 13.9 Rátáil na dtomhas feidhmíochta le haghaidh próiseáil éileamh a úsáidtear i meastacháin**

| Saintréith | Rátáil | Cúis |
|---|---|---|
| **Ábhartha** | 🟢 | Déileálann an tomhas seo le bunchuspóir feidhmíochta a áirítear sa Straitéis rud a chiallaíonn go bhfuil sé an-ábhartha. |
| **Inchurtha i leith** | 🟢 | Cé nach féidir leis an Roinn an t-éileamh a rialú, is féidir léi acmhainní leithdháilte a laghdú nó a mhéadú chun sprioc a chomhlíonadh — is féidir glacadh leis go bhfuil feidhmíocht inchurtha i leith na Roinne. |
| **Ní chruthaítear dreasachtaí claonta** | 🟢 | Ní dócha go mbeidh claonadh i gceist, mura bhfuil acmhainní á n-atreorú chun na spriocanna seo a chomhlíonadh, ó réimse ina bhfuil riachtanas cosúil nó níos mó le haghaidh acmhainní áit nach bhfuil aon sprioc. |
| **Dea-shainithe** | 🟢 | Tá an tomhas soiléir agus éasca le tuiscint (cé go gcuirtear tús le ham próiseála tomhaiste scéimeanna atá á mbainistiú go háitiúil nuair a chuirtear an fhoirm isteach, seachas ó thaobh pheirspictíocht an éilitheora de nuair a fhaigheann an Roinn fógra). |
| **Inchomparáide** | 🟢 | Inchomparáide le tréimhsí roimhe seo — níos lú inchomparáide idir scéimeanna mar go n-úsáidtear spriocanna difriúla. |
| **Iontaofa** | 🟡 | D'fhéadfadh go mbeadh próisis bailithe sonraí níos comhsheasmhaí chomh fada is a bhaineann le tomhas an méid ama feithimh le haghaidh scéimeanna atá á mbainistiú go háitiúil. |
| **Tráthúil** | 🟢 | Cuirtear torthaí ar fáil gach seachtain, rud a chinntíonn go bhfuil aiseolas tráthúil maidir le feidhmíocht á fháil ag lucht bainistíochta na scéime. |
| **Infhíoraithe** | 🟢 | Is féidir an fhianaise bhunúsach a athbhreithniú agus a bhailíochtú, rud a chiallaíonn go bhfuil an fhianaise infhíoraithe. |

Foinse: Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Eochair: 🟢 Taispeántar sa tomhas a úsáideadh an tsaintréith riachtanach.

🟡 Deis feabhais.

**13.29** I láthair na huaire, níl monatóireacht á déanamh ag an Roinn ar chostas na próiseála éilimh bunaithe ar an gcineál gníomhaíochta. D'fhéadfadh an fhaisnéis seo aird a tharraingt ar athraitheas idir scéimeanna/oifigí agus d'fhéadfadh sé cabhrú chun deis a aithint le haghaidh feabhais éifeachtúlachta.

**Moladh 13.1**

Ba cheart don Roinn córais a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar chostas gach céim próiseála éilimh, chun deiseanna a aithint le haghaidh feabhais éifeachtúlachta.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Glacann an Roinn leis go gcuirfeadh faisnéis faoi chostas aonaid feabhas ar a cumas a hoibríochtaí gnó a bhainistiú agus, bunaithe ar an gcúis sin, shonraigh an Roinn an méid atá beartaithe aici chun córas cuntasaíochta bainistíochta/costais a fhorbairt ina *Ráiteas Straitéise (SoS).* Beidh forbairt an chumais seo nasctha le haistriú a chórais bhainistíochta airgeadais chuig an gcóras bainistíochta comhroinnte airgeadais atá á fhorbairt ar fud na Státseirbhíse.

D'fhonn cumas cuntasaíochta bainistíochta a phleanáil agus a dhearadh, reáchtáil an Roinn tairiscint le haghaidh tacaíocht chomhairleach sheachtrach agus tá an tairgeoir rathúil roghnaithe le déanaí. Tá conradh le tabhairt i gcrích gan mhoill agus táthar ag súil go mbeidh dearadh agus plean feidhmiúcháin curtha i gcrích faoi Ráithe 4 2019/Ráithe 1 2020.

**13.30** Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn suntasach tuairiscithe ag an Roinn maidir leis an méid ama a thógann sé iarratais a bhronadh do scéimeanna leis an am feithimh is faide le haghaidh cinneadh a laghdú. In 2018, sháraigh, nó bhí an Roinn gar don sprioclíon éileamh atá le próiseáil laistigh de na hamanna próiseála caighdeánacha le haghaidh fhormhór na scéimeanna. D'fhéadfadh an meán-am feithimh chun éileamh a bhronnadh, áfach, amanna feithimh i bhfad níos faide le haghaidh mionlach éileamh a cheilt, i gcásanna ina bhfuil sé níos deacra cinneadh a dhéanamh maidir le hincháilitheacht.

**Moladh 13.2**

Ba cheart don Roinn próiseas a fhorbairt chun na cúiseanna a bhíonn le moilleanna maidir le cinneadh a dhéanamh a shainaithint sa chás gur sháraigh an t-am an meán-am don scéim sin go hábhartha.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Tá athbhreithniú á dhéanamh cheana féin ar fheidhmíocht phróiseála ar bhonn rialta ag gach leibhéal sa slabhra bainistíochta agus déantar nóta maidir le agus ceistítear athraitheas laistigh de agus idir scéimeanna. Ina theannta sin, déanann réimsí scéime laistigh den Roinn tuilleadh monatóireachta ar fheidhmíocht céimeanna aonair sa phróiseas cinnteoireachta.

D'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar infheictheacht na próiseála éilimh go tráthúil sna scéimeanna ar fad, tá forbairt a déanamh faoi láthair ar chóras tuairiscithe gréasánbhunaithe agus beidh an córas á rolladh amach i ngach réimse scéime faoi dheireadh Ráithe 2 2020.

**13.31** Níor athraigh formhór na gcaighdeán don am próiseála éilimh ó 2009.

**Moladh 13.3**

Ba cheart don Roinn próiseas foirmiúil a bhunú d'athbhreithniú tréimhsiúil na gcaighdeán reatha ama próiseála le haghaidh gach scéim.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Ar an gcéad dul síos, déanann úinéirí scéime, agus ar an dara dul síos, déanann an Bord Bainistíochta sa Roinn ina bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar fheidhmíocht gach mí, athbhreithniú leanúnach ar amanna próiseála na scéimeanna.

Cé go ndéantar athbhreithniú go rialta ar chaighdeáin feidhmíochta i gcomparáid le feidhmíocht iarbhír, glactar leis go mbeadh tairbhe le baint as athbhreithniú foirmiúil a thionscnamh ar spriocanna mar chuid den phróiseas bliantúil Pleanála Gnó agus Bainistíochta Riosca agus déanfar é seo a thionscnamh in 2020.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chomhthéacs seo, go ndéantar athbhreithniú leanúnach ar raon athraitheas a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le méaduithe nó le laghduithe ar spriocanna. Cuirtear san áireamh anseo athraitheas ar líon na n-éileamh scéime, acmhainní atá ar fáil agus castacht na coinníollachta.

**13.32** Sháraigh an ráta diúltaithe éilimh 20% ar roinnt scéimeanna in 2018, agus bhí sé os cionn 40% chomh fada is a bhain le héilimh an liúntais míchumais. D'fhéadfadh gur fianaise é seo go bhfuil sé riachtanach faisnéis níos fearr a chur ar fáil d'éilitheoirí maidir le critéir cháilitheachta na scéime.

**Moladh 13.4**

Ba cheart don Roinn próiseas a bhunú chun scéimeanna a athbhreithniú sa chás go bhfuil an ráta diúltaithe ard ar mhaithe le cúiseanna coiteanna diúltaithe a shainaithint.

**Freagra ón Oifigeach Cuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Tá an Roinn tiomanta, a mhéid is indéanta, an caighdeán is airde agus is féidir a chinntiú nuair a bhíonn cinntí á ndéanamh agus an leibhéal diúltuithe neamhriachtanacha/míchearta d'éilimh ó chliaint a laghdú. Chuige sin, tá Oifig Chomhairleach Cinntí bunaithe, atá faoi cheannaireacht Príomhoifigigh. Tacaíonn an Oifig Chomhairleach Cinntí le rannóga líne a bhfuil iarracht á déanamh acu a chinntiú go bhfuil cinntí a dhéantar maidir le héilimh leasa shóisialaigh comhsheasmhach agus ar ardchaighdeán, agus go gcuirtear cinntí in iúl do chustaiméirí ar bhealach soiléir agus intuigthe. Chomh maith leis sin, comhlíonann an Rannán seo feidhm idirchaidrimh le hOifig an Ombudsman agus tá ról idirchaidrimh aige leis an bPríomh-Oifig Achomharc.

Déantar cúiseanna a bhaineann le diúltú d'éilimh a thaifeadadh agus baineann siad, den chuid is mó, le teip an éilitheora incháilitheacht a chruthú bunaithe ar acmhainní, ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh, cónaitheacht etc. Áirítear i measc na gcúiseanna eile earráid Roinne nó faisnéis neamhiomlán/neamhleor a bheith á cur ar fáil ag an éilitheoir.

Déantar méid agus cúiseanna earráide Roinne a mheas sna suirbhéanna ar rialú a dhéantar gach bliain agus a fhoilsíonn an Roinn.[1] Chomh maith leis sin, tá cinntí míchearta faoi réir athbhreithnithe ag an bPríomh-Oifigeach Achomharc agus áirítear ina tuarascáil bhliantúil cás-staidéir a léiríonn cásanna coitianta agus neamhghnácha a bhíonn mar bhonn le hachomhairc.

1 Soláthraítear i gCaibidil 12 den tuarascáil seo faisnéis faoi thorthaí suirbhéanna ar rialú a rinneadh le déanaí.

## Iarscríbhinn 13A Saintréithe táscairí dea-fheidhmíochta

Éilíonn bainistíocht feidhmíochta éifeachtach trí phríomhghné

- creat de thomhais na feidhmíochta (táscairí) a nascann ionchuir, aschuir agus torthaí
- faisnéis bheacht, bhailí[1] agus iomlán feidhmíochta a thuairisciú a sholáthraíonn comhthéacs, anailís agus léargas fónta
- faisnéis feidhmíochta a úsáid chun cinntí a bhunú ar an bhfianaise is fearr atá ar fáil.

I gcóras barrfheabhsaithe, táirgeann an creat bainistíochta feidhmíochta táscairí treoracha (seachas chun deiridh), tugann tuarascálacha léargas ar na nithe a raibh tionchar acu ar fheidhmíocht mar aon le cur síos a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid le spriocanna, agus tá meicníocht aiseolais ann chun an creat a athrú chun léargas a thabhairt ar riachtanais athraitheacha ghnó. Ba cheart an costas a bhaineann le tomhas feidhmíochta a fhorbairt agus a chothabháil a dhlisteanú bunaithe ar na sochair a bhaineann leis an mbeart a thuairisciú. Taispeántar saintréithe táscairí dea-fheidhmíochta i bhFíor 13A.1.

**Fíor 13A.1 Saintréithe táscairí dea-fheidhmíochta**

| Saintréith | Tuairisc |
|---|---|
| **Ábhartha** | Déileálann an tomhas le bunchuspóir feidhmíochta a chomhlíonadh |
| **Inchurtha i leith** | Tá an cumas ag an Roinn tionchar a imirt ar thorthaí gníomhaíochta |
| **Seachnaítear dreasachtaí claonta** | Ní dócha go mbeidh toradh claonta mar thoradh ar úsáid an tomhais |
| **Dea-shainithe** | Is furasta an tomhas a thuiscint agus tá sé comhsheasmhach, agus tomhaiseann sé an méid atá beartaithe |
| **Inchomparáide** | Ba cheart go mbeadh sé indéanta an tomhas a chur i gcomparáid le rudaí áirithe e.g. le tréimhsí roimhe seo nó idir ranna cosúla |
| **Iontaofa** | Tá próisis chobhsaí agus chomhsheasmhacha bailithe sonraithe i bhfeidhm ag pointí bailithe agus thar am |
| **Tráthúil** | Cuirtear an tomhas i dtoll a chéile sách minic agus sách tapa chun súil a choinneáil ar dhul chun cinn agus ionas go mbeadh sé úsáideach |
| **Infhíoraithe** | An próiseas trínar féidir gníomhaíocht taifeadta a bhailíochtú |

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Tagraíonn bailíocht faisnéise don fhaisnéis atá á taifeadadh agus á húsáid chun rialacha agus sainmhínithe a chomhlíonadh.

# 14 Seirbhís do chustaiméirí — forbairt foirmeacha iarratais tacaíochta ioncaim

**14.1** Is é bunús seirbhís mhaith do chustaiméirí a sholáthar d'iarratasóirí ar thacaíocht ioncaim castacht an phróisis iarratais a laghdú, agus an toradh ceart do gach iarratas a chinntiú. Ba cheart go lorgófaí ar fhoirm iarratais an fhaisnéis atá riachtanach chun an t-éileamh a phróiseáil gan gá a bheith le teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir arís — ba cheart go laghdódh sé seo an t-am agus an costas a theastaíonn, don phróiseálaí agus don iarratasóir araon.

**14.2** Tá an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an Roinn) freagrach as scéimeanna tacaíochta ioncaim agus as an bpróiseas iarratais le haghaidh gach scéim a bhainistiú. Scrúdaítear sa chaibidil seo conas a fhorbraíonn an Roinn foirmeacha iarratais le haghaidh scéimeanna, foirmeacha ar pháipéar agus ar líne.

## Achoimre ar sholáthar seirbhíse do chustaiméirí

**14.3** Is é an ról atá ag Aonad Cumarsáide agus Seirbhíse do Chustaiméirí (ACSC) na Roinne an tseirbhís a fheabhsú d'éilitheoirí agus do bhaill foirne, lena n-áirítear faisnéis ghinearálta a sholáthar d'éilitheoirí agus do lucht bainistíochta shuíomh gréasáin na Roinne, cairt chustaiméirí agus plean gníomhaíochta na Roinne a chomhordú, polasaí seirbhíse do chustaiméirí a fhorbairt agus córas tuairimí agus gearán na Roinne a bhainistiú.[1] Tá forbairt agus athbhreithniú foirmeacha iarratais ar pháipéar i gceist freisin.

### *Forbairt foirmeacha iarratais scéime*

**14.4** Baineann go leor deiseanna agus dúshlán le foirmeacha iarratais a fhorbairt le haghaidh scéimeanna lena n-áirítear

- a bheith ar an eolas go leanúnach faoi athruithe ar an reachtaíocht (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), mar shampla) agus coinníollacha scéime
- deiseanna agus éilimh ar iarratais ar líne le haghaidh scéimeanna cosanta sóisialta a mhéadú, mar atá á dhéanamh i ndlínsí eile
- éagsúlacht i gcéad teanga iarratasóirí a mhéadú
- tacú le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, lena n-áirítear daoine atá bodhar, faoi lagamharc nó ag a bhfuil deacrachtaí litearthachta agus uimhearthachta.

**14.5** Seo a leanas na grúpaí atá freagrach as forbairt foirmeacha

- tá ACSC freagrach as forbairt foirmeacha iarratais pháipéar-bhunaithe — tá triúr ball foirne freagrach as forbairt foirmeacha
- tá an Rannán Seirbhísí Digiteacha freagrach as forbairt seirbhísí agus foirmeacha iarratais ar líne, agus as an suíomh gréasáin MyWelfare.ie agus róil eile freisin — tá dáréag ball foirne ag obair sa Rannán seo.

1 Glacadh le cairt chustaiméirí agus plean gníomhaíochta 2016 – 2018 i nDeireadh Fómhair 2016. Tá plean eatramhach bunaithe le haghaidh 2019, ar feitheamh glacadh le straitéis athbhreithnithe teagmhála custaiméirí.

**14.6** I láthair na huaire, is i nGaeilge agus i mBéarla amháin atá na foirmeacha ar fáil. Tá soláthar seirbhísí ateangaireachta á bhainistiú ag Aonad Seirbhísí Aistriúcháin agus Ateangaireachta na Roinne, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar i bhformáidí malartacha cosúil le braille.[1] Tá obair á déanamh ag an Roinn chun cur le líon na dteangacha ina bhfuil faisnéis do chustaiméirí á soláthar, agus tá tús curtha cheana féin leis an obair a bhaineann le trí leabhrán do chustaiméirí a aistriú, atá ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla cheana féin,[2] (Leanaí agus Teaghlaigh; Breoiteacht, Míchumas agus Cúram; agus Seanóirí) go sé theanga eile (Polainnis, Liotuáinis, Rómáinis, Laitvis, Portaingéilis agus Spáinnis) roghnaithe bunaithe ar thorthaí daonra dhaonáireamh 2016.

### *An próiseas iarratais*

**14.7** Soláthraíonn an Roinn 86 foirm iarratais príomhscéime agus príomhsheirbhíse i nGaeilge agus i mBéarla. Féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar scéim tacaíochta ioncaim mar seo a leanas

- foirm pháipéar-bhunaithe a chomhlánú atá ar fáil in nó ó aon oifig de chuid na Roinne
- foirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne a phriontáil agus an fhoirm chomhlánaithe a chur isteach, nó
- (sa chás go bhfuil an rogha ann) iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin na Roinne.

**14.8** Sa chéad dá chás, seoltar an fhoirm tríd an bpost nó fágann duine éigin an fhoirm in oifig de chuid na Roinne, ansin cuirtear an fhoirm ar aghaidh chuig aonad riaracháin ábhartha na scéime lena próiseáil — uaslódáiltear (trí úsáid a bhaint as bogearraí aitheanta optúla carachtar (OCR)) nó tras-scríobhtar sonraí na foirme.[3]

**14.9** Taispeántar i Fíor 14.1 samhail de na leibhéil chastachta a bhaineann le seirbhís ar líne a sholáthar. Díríonn Céim 1 agus 2 ar fhaisnéis a sholáthar agus ar fhoirmeacha a chur ar fáil — ceadaíonn céim 3, 4 agus 5 idirghníomhaíocht nó idirbhearta ar líne.

**Fíor 14.1 Na leibhéil sofaisticiúlachta a bhaineann le seirbhís ar líne a sholáthar**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

1 Soláthraíonn an Roinn seirbhís aistriúcháin ilteangach (lena n-áirítear teanga chomharthaíochta, ateangairí agus formáidí malartacha) do chustaiméirí a dteastaíonn cúnamh uathu chun faisnéis thábhachtach a rochtain agus chun iarratais a chur faoi bhráid na Roinne.

2 Na leabhráin Bhéarla atá scríofa i ngnáth-Bhéarla agus faofa ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA).

3 Nuair a fhaightear iarratas páipéir, d'fhéadfadh go mbeadh ábhar na foirme á phróiseáil trí úsáid a bhaint as bogearraí OCR chun na sonraí sin a aistriú go dtí córas na Roinne. Is féidir le scéimeanna atá á mbainistiú ar chóras BOMI na Roinne glacadh le foirmeacha OCR-chumasaithe — teastaíonn idirghabháil de láimh (oibritheoir atá i mbun athbhreithnithe ar an bhfoirm) nuair nach bhfuil na sonraí soiléir. Ní féidir le scéimeanna atá á mbainistiú ar an gcóras ISTS glacadh le foirmeacha OCR, dá bharr sin, léitear na foirmeacha, agus déanann oibritheoir na sonraí a thras-scríobh ar an gcóras.

**14.10** Soláthraíonn suíomh gréasáin MyWelfare.ie na Roinne áis d'éilitheoir chun iarratas ar líne a dhéanamh, agus iontráiltear na sonraí go leictreonach. Aistrítear na sonraí a iontráiltear go huathoibríoch chuig aonad riaracháin ábhartha na scéime. I láthair na huaire, áfach, ní féidir iarratas ar líne a dhéanamh ach le haghaidh líon teoranta scéimeanna (féach ar Fíor 14.2).

**Fíor 14.2 Modhanna iarratais na bpríomhscéimeanna**

| Scéim | Iarratas ir | Foirmeacha ag úsáid bogearraí OCR | Iarratas ar líne |
|---|---|---|---|
| **Scéimeanna maoinithe ag vóta** | | | |
| Liúntas cuardaitheora poist | ● | | ● |
| Liúntas fiontraíochta um fhilleadh ar an obair | ● | | |
| Liúntas do chúramóirí | ● | ● | |
| Sochar linbh | ● | | ● |
| Liúntas míchumais | ● | ● | |
| Pinsean stáit (neamhranníocach) | ● | ● | |
| Íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora | ● | | |
| Íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht | ● | ● | |
| Forlíonadh cíosa | ● | | |
| Liúntas leasa forlíontach | ● | | |
| Cúnamh feirme | ● | | |
| Scéim liúntais éadaí agus coisbhirt don scoilbhliain nua | ● | | ● |
| **Scéimeanna maoinithe Árachais Shóisialta** | | | |
| Pinsean stáit (ranníocach) | ● | ● | |
| Pinsean ranníocach marthanóra | ● | ● | |
| Pinsean easláine | ● | ● | |
| Sochar breoiteachta | ● | ● | |
| Sochar cuardaitheora poist (an fhoirm chéanna don liúntas) | ● | | ● |
| Pacáiste sochair teaghlaigh | ● | ● | |
| Sochar máithreachais/atharthachta | ● | | ● |

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Eochair: ● Tugann an modh iarratais a bhíonn ar fáil le fios.

### *Dea-chleachtas maidir le dearadh foirmeacha*

**14.11** Léirítear i Fíor 14.3 na prionsabail dea-chleachtais maidir le dearadh foirmeacha iarratais in eintitis san earnáil phoiblí, tiomsaithe bunaithe ar athbhreithniú a rinneadh ar an mbealach a idirghníomhaíonn gníomhaireachtaí rialtais sa Ríocht Aontaithe le saoránaigh.

**14.12** Tá treoir foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don tseirbhís phoiblí maidir le húsáid gnáth-theanga, chun cumarsáid a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí.[1] I rith an scrúdaithe seo rinneadh athbhreithniú ar chúig phríomhfhoirm iarratais pháipéir chun measúnú a dhéanamh ar a gcomhlíontacht leis an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe — tá na torthaí á léiriú i Fíor 14.4 (féach thall).

**Fíor 14.3 Prionsabail dea-chleachtais maidir le dearadh foirmeacha iarratais**

**Cur chuige foriomlán**

- ba cheart do ghníomhaireachtaí an t-ualach comhlíontachta a chruthaíonn a gcuid foirmeacha do shaoránaigh a laghdú
- ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar inrochtaineacht agus ar éascaíocht úsáide na bpríomhfhoirmeacha uair gach trí nó cúig bliana, ar a laghad
- ba cheart foirmeacha a leasú áit a bhfuil fianaise leanúnach ann go bhfuil deacrachtaí ag saoránaigh á gcomhlánú, nó sa chás go bhfuil gearáin á ndéanamh go bhfuil siad rófhada, casta nó dochraideach
- ba cheart go laghdódh gníomhaireachtaí an méid ama a thógann sé feabhas suntasach a dhéanamh — d’fhéadfadh go mbeadh fócasghrúpaí níos éifeachtaí ná tástáil phíolótach fhadálach le haghaidh foirmeacha
- níor cheart go mbeadh ar shaoránaigh faisnéis fúthu féin a chur in iúl i gcás gur soláthraíodh roimhe í
- ba cheart cleachtais riaracháin a shimpliú i gcás gur féidir

**Dearadh mionsonraithe ó thaobh foirmeacha**

- déan measúnú ar an leibhéal castachta a bhaineann le gach foirm a chomhlánú
- bíodh na foirmeacha chomh gearr agus is féidir, i dtéarmaí líon na leathanach agus líon na gceisteanna
- saincheap foirmeacha do ghrúpaí móra úsáideoirí — nuair a bhíonn ceisteanna á leagan amach ba cheart na hábhair a bhaineann leis an líon is mó daoine a chur ar dtús, seachas iad a scaipeadh ar fud na foirme i measc na gceisteanna nach mbaineann ach le líon beag úsáideoirí
- níor cheart go mbeadh amhras riamh ar ghrúpaí difriúla úsáideoirí foirmeacha faoi na rannóga atá le comhlánú acu, agus ba cheart go mbeadh rannóga a bhaineann le grúpaí difriúla marcáilte go soiléir
- tá sé fritorthúil tús a chur le foirmeacha le téacsanna fada brollaigh nó ceisteanna a chur san áireamh nach féidir a thuiscint gan leabhrán treorach a léamh
- ba cheart foclóir teicniúil nó neamhghnách a sheachaint
- ba cheart go mbeadh rannóga soiléire 'Céard atá le déanamh anois' ag deireadh foirmeacha i gcónaí, lena n-áirítear seicliostaí maidir le gnéithe eile, cosúil le grianghraif, doiciméid nó táillí, nach mór a sheoladh isteach

Foinse: *Foirmeacha Deacair*, Oifig Iniúchóireachta Náisiúnta na Ríochta Aontaithe, 2003

1 Ba le cúnamh na hÁisíneachta Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA) a forbraíodh an t-ábhar treorach.

## Fíor 14.4 Dea-chleachtas dearaidh á chomhlíonadh ag foirmeacha iarratais pháipéir don chosaint sóisialta

| | **Critéir dea-dhearaidh** | **Liúntas nó sochar cuardaitheora poist** | **Liúntas míchumais** | **Sochar linbh** | **Liúntas do chúramóirí** | **Pinsean stáit (neamhrann-íocach)** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Nuashonrú deiridh | Samhain 2018 | Bealtaine 2018 | Bealtaine 2018 | Meitheamh 2018 | Márta 2019 |
| **Méid** | Líon na leathanach | 8 | 36 | 16 | 36 | 20 |
| **Teanga, poncaíocht agus gramadach** | An bhfuil 'tusa' agus 'muide' in úsáid san fhoirm, i gcás gur féidir? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil formhór na gceisteanna san fhaí ghníomhach? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil ceisteanna scríofa go soiléir gan débhrí? | 🟢 | 🔴 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An sainmhínítear aon téarmaí speisialta nó giorrúcháin go soiléir ar an bhfoirm? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An seachnaítear frásaí Laidine agus Fraincise agus giorrúcháin Laidine ar an bhfoirm? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil úsáid cheart á baint as poncaíocht? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil focail agus poncaíocht chosúil in úsáid i gceisteanna cosúla? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil an aimsir is simplí agus is féidir den bhriathar in úsáid i gceisteanna? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An seachnaítear ainmfhocail theibí i gceisteanna? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| **Struchtúr** | An bhfuil treoracha soiléire ag tús na foirme, go hidéalach? | 🟢 | 🔴 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil rannóga 'úsáid oifigiúil amháin', más ann dóibh, gar do dheireadh na foirme? | 🔴 | 🟢 | Níl a leithéid de rannóg ann | Níl a leithéid de rannóg ann | Níl a leithéid de rannóg ann |
| | An bhfuil na ceisteanna ar an bhfoirm in ord loighciúil? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil ceisteanna neamhriachtanacha nó athluaite á seachaint? | 🟢 | 🔴 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil ceisteanna cosúla grúpáilte le chéile faoi cheannteidil úsáideacha? | 🔴 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil an córas uimhrithe chomh simplí agus is féidir? | 🟢 | 🔴 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| **Dearadh an leathanaigh** | An bhfuil folíneáil, grúpaí de chló iodálach agus ceannlitreacha neamhriachtanacha á seachaint? | 🟢 | 🔴 | 🟢 | 🔴 | 🟢 |
| | An bhfuil cló-aghaidh (clófhoireann) atá éasca le léamh in úsáid? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil sé soiléir cár cheart freagraí a chur? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil dóthain spáis do fhreagraí? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |
| | An bhfuil ceisteanna le ticbhosca in úsáid áit ar féidir? | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 | 🟢 |

Foinse: Critéir dea-dhearaidh: An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Eochair:
🟢 Critéir comhlíonta.
🔴 Critéir neamhchomhlíonta.

**14.13** Go ginearálta, bhí treoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe á comhlíonadh ag na foirmeacha. Eascraíonn roinnt pointí as an athbhreithniú seo ar na foirmeacha.

- Tríd is tríd, tá na foirmeacha sách fada, tá 36 leathanach sna foirmeacha don liúntas míchumais agus don liúntas do chúramóirí. Bhí an fhaisnéis a bhí á lorg riachtanach, áfach, chun measúnú ar an éileamh a chur i gcrích. B'fhéidir go mbeidh éilitheoirí áirithe in ann rannóga de na foirmeacha iarratais a fhágáil folamh — mar shampla, mura bhfuil céile, páirtí sibhialta nó comháitritheoir ag an iarratasóir, is féidir breis is sé leathanach (rannóg 7 agus 8) den fhoirm don liúntas míchumais a fhágáil folamh. D'fhéadfadh go mbeadh sé níos éasca neamhaird a thabhairt ar rannóga neamhriachtanacha ar fhoirmeacha idirghníomhacha ar líne.
- Bhí an teanga, poncaíocht agus gramadach a úsáideadh sna foirmeacha ar fad ag teacht leis an treoir. Ba ar an bhfoirm don liúntas míchumais a tugadh an t-aon eisceacht faoi deara, áit nach raibh sé soiléir cén 'suim sheachtaintiúil' a bhí le sonrú (féach ar Thaispeántán A i Fíor 14.5).
- Ciallaíonn dea-dhearadh leathanaigh go mbíonn sé níos éasca foirmeacha a léamh agus a thuiscint — tríd is tríd, bhí an treoir á comhlíonadh ag na foirmeacha a ndearnadh athbhreithniú orthu. I measc na mbacainní a d'fhéadfadh a bheith ar léamh gan stró, tá an chuid is mó den téacs ar rannóga na bhfoirmeacha don liúntas don chúramóir agus don liúntas míchumais (Taispeántán B i Fíor 14.5) a bheith i gcló trom.
- Foinse deacrachta ar fhoirmeacha áirithe é struchtúr na foirme, agus i measc na ndeacrachtaí a tugadh faoi deara bhí
  - ar an bhfoirm don Liúntas Míchumais, ciallaíonn uimhriú/seicheamhú rannóg go mbíonn ar éilitheoirí dul ó thús go deireadh na foirme agus ar ais chun an fhoirm á comhlánú (féach ar Thaispeántán C Fíor 14.5).
  - ar fhoirm an Chuardaitheora Poist, áit a bhfuil sonraí a bhaineann le comhlimistéar taistil na hÉireann/na Ríochta Aontaithe ag teastáil chun an coinníoll a bhaineann le gnáthchónaí a chomhlíonadh — i gceist 1 ní mór sonraí maidir le seoladh reatha agus fad ama caite ansin a thabhairt, i gceist 7 ní mór sonraí maidir le suíomhanna cónaithe le dhá bhliain anuas, atá lasmuigh den chomhlimistéar taistil a thabhairt, agus i gceist 11 ní mór sonraí (ticbhocsa) maidir le tíortha cónaithe atá lasmuigh den chomhlimistéar taistil a thabhairt.

## Fíor 14.5 Sleachta as foirmeacha iarratais

**Taispeántán A — ní léir cén tsuim sheachtainiúil atá i gceist**

Fuel Allowance

**This allowance is subject to your household composition. Only one person in a household can get this allowance.**

**35. Do you wish to apply for a Fuel Allowance?**

☐ Yes ☐ No

**If 'No', please go to Part 7.**

**If 'Yes', please complete fully the remainder of this section. Do not leave any question blank. If no income, please enter 0 in each box.**

**36. The following people live with me:**

Person 1

Surname:

First name(s):

PPS No.:

Are they: ☐ Employed ☐ Self-employed (including farming)

If so, state weekly amount: € ☐,☐☐☐.☐☐ a week

Are they: ☐ In receipt of a social welfare payment ☐ Other

If in receipt of a **social welfare payment** or **other**, please give details in the space provided:

Weekly amount: € ☐,☐☐☐.☐☐ a week

Page 11

**Taispeántán B — dearadh an leathanaigh – deacair é a léamh mar gheall ar an gcló trom**

**Part 9 Checklist**

**Have you enclosed the following?**

| Tick (√) | Checklist |
|---|---|
| | **Have you signed the Declaration in Part 1?** |
| | **If you were born, married or entered a civil partnership or union outside the Republic of Ireland, have you enclosed your birth certificate, your marriage certificate or civil partnership or union registration certificate, the birth certificate of a spouse, civil partner or cohabitant (if any) and your children's (if any) birth certificate(s) if you are not getting Child Benefit for them?** |
| | **If the cared for person stays overnight in a Care Facility/Centre, have you enclosed a letter of confirmation from the Care Facility/Centre?** |
| | **If you or a spouse, civil partner or cohabitant are working, have you enclosed your latest payslip(s)?** |
| | **If you intend to be working outside your home while getting the allowance, have you enclosed a letter from your employer showing the number of hours you will be working and the date the hours were or will be reduced to 15 or less a week?** |
| | **If you are engaged on an Education or Training course, have you enclosed a letter from the Training Provider showing that the number of hours you will be engaged on the course outside your home is or will be 15 hours a week of less?** |

**Taispeántán C — d'fhéadfaí struchtúr na foirme a fheabhsú**

**If you have a spouse, civil partner or cohabitant:**

Fill in **Part 1 to 8** and **10**. You should sign **Part 11** confirming that you allow your doctor to give us the medical information needed to decide if you qualify for Disability Allowance. When form is completed, read **Part 9** and sign declaration in **Part 1**.

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

## Nósanna imeachta ACSC d'fhorbairt agus athbhreithniú foirmeacha

*Comhairliúchán le páirtithe leasmhara*

**14.14** Bainistíonn ACSC grúpa ionadaíoch custaiméirí a bunaíodh chun plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara, comhairle a thabhairt maidir le deacrachtaí, agus eolas a chur ar fáil maidir le forbairtí.[1]

**14.15** Tá cuireadh tugtha do 53 comhlacht ionadaíoch, agus tá 80 duine ar fad páirteach (tá cuireadh tugtha do níos mó ná duine amháin ó roinnt comhlachtaí). Buaileann an grúpa le chéile gach ráithe.[2] In 2018, rinneadh ionadaíocht ar idir 5 agus 12 chomhlacht ag gach cruinniú.

**14.16** I measc na saincheisteanna a pléadh ag cruinnithe de chuid an ghrúpa ionadaíoch in 2018 bhí

- Suíomh gréasáin MyWelfare.ie (Márta 2018)
- Pinsin — Cur Chuige na Ranníocaíochta Iomláine (Meitheamh 2018)
- Seirbhís Athbhreithnithe agus Measúnaithe Leighis (Meitheamh 2018)
- Sochar Breoiteachta — teastais agus nósanna imeachta nua (Meán Fómhair agus Nollaig 2018) i ndiaidh sheoladh na scéime i Lúnasa 2018
- Tionchar Bhuiséad 2019 (Nollaig 2018).

*Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse*

**14.17** Chun monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhíse do chustaiméirí, cuirtear tuarascáil mhíosúil i dtoll a chéile don lucht bainistíochta, ina sonraítear

- fiosrúcháin teileafóin agus staitisticí freagartha
- gníomhaíocht ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta
- aiseolas ó chustaiméirí (féach ar Fíor 14.6).

**Fíor 14.6 Aiseolas ó chustaiméirí idir Eanáir agus Iúil 2019**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

1 Chomh maith leis sin, bíonn plé idir an Roinn agus grúpaí páirtithe leasmhara eile, lena n-áirítear an colún pobail agus deonach (dhá chruinniú gach bliain), Fóram bliantúil um Ionchuimsiú Sóisialta, agus Fóram bliantúil Réamhbhuiséid, agus maidir le saincheisteanna eile atá ag déanamh imní do ghrúpaí páirtithe leasmhara eile ar bhonn ad-hoc.

2 Bhí socruithe nach raibh chomh foirmiúil céanna ann roimh 2018.

**14.18** Shonraigh an Roinn go n-úsáideann sí raon treorach dea-chleachtais le haghaidh cumarsáide le custaiméirí agus dearadh foirmeacha, lena n-áirítear Sraith Straitéisí Uilíocha Dearaidh na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus treoirlínte NALA, agus go n-oibríonn sí le NALA ar bhonn leanúnach lena chinntiú go bhforbraítear cumarsáid do chustaiméirí de réir chaighdeáin ghnáth-Bhéarla NALA, agus go mbronntar comhartha gnáth-Bhéarla NALA orthu más féidir.

**14.19** Tá caighdeáin forbartha ag ACSC le haghaidh dearadh foirmeacha, agus tá prionsabail bunaithe do dhearadh foirmeacha iarratais pháipéir

- leagan amach soiléir agus teanga shimplí
- ní bheidh faisnéis atá i seilbh na Roinne cheana féin á lorg sna foirmeacha
- níor cheart foirmeacha a dhearadh chun freastal ar gach cás a d’fhéadfadh a bheith i gceist
- éascóidh foirmeacha le próiseáil uathoibrithe.

**14.20** Tá gnéithe caighdeánacha leathanaigh á moladh sa treoir chomh maith chun cuma agus éirim chomhsheasmhach a chruthú do chustaiméirí. Shonraigh an Roinn go bhfuil sí ag leanúint lena cuid oibre chun breis comhsheasmhachta a chinntiú sna foirmeacha ar fad — tá ceisteanna agus rannóga á gcaighdeánú, agus tá seicliostaí agus faisnéis chaighdeánach á gcur ar fáil ar na foirmeacha ar fad.

**14.21** Tá comhfhreagras áirithe le héilitheoirí curtha ar fáil roimh ré (cosúil le teidlíocht leanúnach ar shochar linbh agus sochair pinsin).

**14.22** Chomh maith leis sin, foilsíonn ACSC treoirleabhar d’aonaid ghnó inmheánacha faoin teanga atá le húsáid ar fhoirmeacha — ionas go mbeidh an leagan amach agus an úsáid teanga (agus téarmaí) chomh comhsheasmhach agus is féidir, de réir mholtaí NALA. Lena chois sin, tá cúig threoirleabhar d’éilitheoirí curtha i dtoll a chéile ag ACSC atá faofa ag NALA.[1]

**14.23** Chomh maith leis sin, bhí plé idir ACSC agus na comhlachtaí ionadaíocha nuair a bhí cuid de na foirmeacha iarrratais á bhforbairt. Mar shampla, in Iúil 2018, d’fhoilsigh an Roinn foirm athdheartha don Liúntas do Chúramóirí, a forbraíodh i gcomhairle le grúpa ionadaíoch (*Family Carers Ireland*). Shonraigh an Roinn go raibh an fhoirm deartha ar bhealach a bhí níos éasca do chúramóirí a úsáid agus chomh maith leis sin gur chabhraigh an dearadh nua leis an méid ama a thóg sé éileamh a phróiseáil a laghdú.

## Iarratas scéime ar líne

**14.24** Leagtar amach i Stráitéis Chainéal Seirbhísí Digiteacha na Roinne a foilsíodh in 2018, na cuspóirí agus na prionsabail le haghaidh forbairt seirbhísí ar líne sa Roinn — bunphrionsabal den straitéis é úsáid seirbhísí ar líne i measc custaiméirí a spreagadh ar bhonn ‘digiteach de rogha’. Tá iarratais ar líne le haghaidh líon beag scéimeanna i measc ceann de na seirbhísí atá ar fáil ar MyWelfare.ie faoi láthair. Cé nach n-oireann sé do gach éilitheoir, tá go leor buntáistí ag baint le háis ar líne d’iarratas scéime d’iarratasóirí agus don Roinn lena n-áirítear

- poitéinseal le haghaidh seirbhíse feabhsaithe do chustaiméirí, 24 uair sa lá, 7 lá na seachtaine
- d’fhéadfaí freastal ar éileamh custaiméirí ar sheirbhísí iomasacha ar líne
- cumas chun freastal ar níos mó custaiméirí
- d’fhéadfaí éifeachtúlacht a fheabhsú.

1 Is iad na treoirleabhair atá á gcur ar fáil againn *A Plain English Guide to Our Schemes and Services for Families and Children* (Aibreán 2018), *A Plain English Guide to Our Schemes and Services for Illness and Disability* (Meán Fómhair 2018*)*, *A Plain English Guide to Our Schemes and Services for Older and Retired Persons* (Deireadh Fómhair 2018), *A Plain English Mark Employers Guide* (Lúnasa 2019) agus *A Plain English Mark Jobseekers Guide* (Meán Fómhair 2019).

**14.25** Déantar comparáid i Fíor 14.7, bunaithe ar pheirspictíocht na Roinne, ar phróiseáil iarratas páipéir (sochar breoiteachta, mar shampla[1]) agus ar líne. Seo a leanas na príomhphointí

- Chomh maith leis sin, próiseálann rannóg an tsochair bhreoiteachta iarratais ar shochar díobhála, scéimeanna páirtchumais agus um fhilleadh ar an oideachas[2] — faightear cúpla míle foirm gach lá.
- Bíonn sonraí ar iarraidh ó fhoirmeacha páipéir áirithe (lena n-áirítear samplaí d'ainmneacha agus de sheoltaí ar iarraidh) — treoraíonn an próiseas ar líne iarratasóir chun an fhaisnéis riachtanach ar fad a chur ar fáil, sular féidir iarratas a chur isteach.
- Sa chás nach féidir lámhscríbhneoireacht ar fhoirmeacha páipéir a léamh, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir chun sonraí a dheimhniú.

**Fíor 14.7 Comparáid idir próisis iarratais ar líne agus iarratais pháipéir**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

1 Is iarratas páipéir amháin atá ar fáil do shochar breoiteachta faoi láthair.

2 Déantar iarratais ar an scéim um fhilleadh ar an oideachas a phróiseáil d'éilitheoirí atá ag fáil sochar breoiteachta nó páirteach i scéim ghaolmhar cheana féin.

**14.26** Is féidir iarratas ar líne a chur isteach tríd an suíomh gréasáin MyWelfare.ie, ach teastaíonn cuntas fíoraithe MyGovID ón iarratasóir mar aon le Cárta Seirbhísí Poiblí. Is féidir iarratais ar na nithe seo a leanas a dhéanamh ar an suíomh gréasáin MyWelfare.ie

- coinní a chruthú agus a leasú le haghaidh Cárta Seirbhísí Poiblí nó Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (rinneadh beagnach 300,000 iarratas in 2018)
- athbhreithniú ar theidlíochtaí don phinsean Stáit ranníocach (féach ar an gcás-staidéar thíos)
- ráiteas íocaíochtaí nó ranníocaíochtaí (rinneadh breis is 52,000 iarratas in 2018)
- sochar cuardaitheora poist a dhúnadh nó iarratas leanúint le híocaíocht i rith tréimhse saoire (suas le coicís gach bliain)
- atháireamh pinsin le haghaidh pinsean faighte i ndiaidh Mheán Fómhair 2012 (seolta in Eanáir 2019).

**Fíor 14.8 Cás-staidéar — Athbhreithniú ar phinsin Stáit ranníocacha**

D’éiligh cinneadh Rialtais in 2018 go ndéanfaí athbhreithniú ar phinsin Stáit ranníocacha faighte ar nó i ndiaidh Mheán Fómhair 2012. D’fhorbair an Roinn áis ar líne chun deis a thabhairt d’éilitheoirí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú trí MyWelfare.ie agus faisnéis a chur ar fáil don Roinn. Seoladh an tseirbhís in Eanáir 2019. Bhí iarratas ar líne déanta ag beagnach 8,500 custaiméir faoi dheireadh Lúnasa 2019. Níor úsáid 10,400 iarratas eile an áis ar líne.

Nuair a bhí an áis ar líne á forbairt, bhuail an Roinn le sampla custaiméirí agus caitheadh ceithre lá i mbun na seirbhíse ar líne a fhorbairt. Áirítear i measc na n-athruithe a cuireadh i bhfeidhm

- deis a thabhairt d’éilitheoirí mílte nó ciliméadair a shonrú nuair a bhí faisnéis faoi fhad slí á soláthar
- cóip leictreonach den fhaisnéis atá curtha ar fáil a sholáthar d’éilitheoirí.

Shonraigh an Roinn, trí labhairt le agus oibriú i gcomhpháirt le custaiméirí chun seirbhísí a fhorbairt, go bhfuiltear á cur sa riocht is fearr is féidir chun seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar a rachaidh chun tairbhe an chustaiméara agus na heagraíochta.

Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

### *Áiseanna ar líne in úsáid ag iarratasóirí*

**14.27** Tá líon teoranta scéimeanna ag an Roinn faoi láthair a bhfuil an rogha ann iarratas a dhéanamh orthu ar líne. Taispeántar i Fíor 14.9 sonraí rátaí na bhfoirmeacha ar líne agus páipéir a fuarthas le haghaidh na gceithre scéim arbh fhéidir iarratas a dhéanamh orthu tríd an áis iarratais ar líne in 2018.

**Fíor 14.9 Líon na n-iarratas ar líne in 2018**




Foinse: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

**14.28** Léiríonn comparáidí idirnáisiúnta rátaí cuid mhaith níos airde maidir le líon nan-iarratas a dhéantar ar líne. I gcásanna áirithe, tá iarratas ar líne éigeantach. Mar shampla, caithfear gach iarratas scéime ar chreidmheas uilíoch sa Ríocht Aontaithe a dhéanamh ar líne.[1]

## Conclúid

**14.29** Tá gá le faisnéis ábhartha a bhailiú go beacht agus go tráthúil chun cinntiú go ndéantar cinneadh go tapa ar éilimh le haghaidh tacaíochta ioncaim agus chun na costais riaracháin ghaolmhara a laghdú.

**14.30** Tá prionsabail dea-chleachtais ann chun comhlachtaí poiblí a threorú maidir le foirmeacha a dhearadh. Baineann na prionsabail seo le foirmeacha páipéir nó cruachóipe chomh maith le dearadh foirmeacha idirghníomhacha ar líne. Tá seicliosta praiticiúil forbartha ag an Roinn Caiteachais Phoiblí chun cabhrú le comhlachtaí poiblí féin-iniúchadh a dhéanamh ar na foirmeacha ar a mbraitheann siad.

**14.31** Braitheann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ar thacar ollmhór foirmeacha cruachóipe chun faisnéis a bhailiú. Bunaithe ar scrúdú ar shampla, bíonn na foirmeacha a mbíonn an Roinn ag brath orthu ag teacht go maith le riachtanais dearaidh seicliosta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Baineann an Roinn neart úsáide as teicneolaíocht scanta chun foirmeacha páipéir áirithe ‘a léamh’ ach bíonn gá i gcónaí le roinnt mhaith idirghabhála de láimh.

1 Tháinig an creidmheas uilíoch in ionad raon sochar — liúntas cuardaitheora poist ioncam-bhunaithe, liúntas fostaíochta agus tacaíochta ioncam-ghaolmhar, tacaíocht ioncaim, creidmheas cánach oibre, creidmheas cánach linbh agus sochar tithíochta.

**14.32** D'fhéadfadh faisnéis ábhartha a bheith á cur ar fáil agus á bailiú ar líne beachtas a mhéadú agus éifeachtúlacht riaracháin a fheabhsú. Ní féidir iarratas ar líne agus/nó seiceáil agus próiseáil uathoibrithe a dhéanamh ach le haghaidh líon beag de scéimeanna na Roinne, áfach. Sa chás go bhfuil an rogha ar fáil, tá úsáid á baint ag an Roinn as cur chuige 'digiteach de rogha' i.e. déanann éilitheoirí rogha iarratas ar líne a dhéanamh, agus níl sé éigeantach mar atá i ndlínsí eile. Tá éagsúlacht mhór le tabhairt faoi deara sa líon daoine a dhéanann iarratas ar líne.

**14.33** Go ginearálta, is cosúil go bhfuil neart scóipe ann tuilleadh forbartha a dhéanamh agus roghanna iarratais ar líne a rolladh amach.

# 15 Forbairt na n-ionad cúram príomhúil

**15.1** Is éard atá i gceist le cúram príomhúil ná cur chun cinn nósanna maireachtála sláintiúla agus daoine a choinneáil ar fónamh, cúram sláinte a sheachadadh ag an leibhéal is ísle castachta agus chomh cóngarach agus is féidir le háit chónaithe daoine, agus cúram atá dírithe ar an duine a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais ar a bhfuil measúnú déanta agus trí obair ildisciplíneach a dhéanamh. Meastar go bhfuil suíomh an chúraim phríomhúil ina shuíomh iomchuí chun freastal ar fhormhór na riachtanas sláinte agus seirbhísí sóisialta agus go bhfuil sé mar acmhainn aige cosc a chur ar fhorbairt riochtaí agus mar sin, ospidéalú níos déanaí a sheachaint; agus scaoileadh amach luath ón ospidéal a éascú.

**15.2** Ó 2001 ar aghaidh, tá sé ina príomhthosaíocht straitéiseach de chuid na Roinne Sláinte (an Roinn) an córas cúram príomhúil a neartú in Éirinn ionas go gcuirtear ar fáil

- córas atá ina chéad phointe teagmhála agus ina phointe teagmhála leanúnach do dhaoine laistigh den chóras cúram sláinte
- seirbhísí comhtháite idirdhisciplíneacha atá ar ard chaighdeán, foireannbhunaithe agus éasca lena n-úsáid
- Acmhainn fheabhsaithe maidir le galair a chosc, athshlánú agus seirbhísí sóisialta pearsanta.[1]

**15.3** Sa tsamhail chúraim phríomhúil a shamhlaítear sa straitéis, beartaítear gréasán náisiúnta d'ionaid chúraim príomhúil (ICPanna) a sholáthar agus foireann lárnach chúraim phríomhúil (FCP) amháin nó níos mó lonnaithe i ngach ceann díobh, agus na foirne sin á dtacú ag gréasán leathan gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta a oibríonn le chéile chun seirbhísí a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na ndaoine áitiúla (féach ar Fíor 15.1). I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil tá cothú na sláinte, scagthástáil le haghaidh galair, measúnú, diagnóis, cóir leighis agus athshlánú, agus seirbhísí pearsanta agus sóisialta. Na seirbhísí cúraim phríomhúil atá ar fáil laistigh de ICPanna, cuirtear ar fáil go príomha iad ag soláthraithe ar conradh, amhail Dochtúirí Ginearálta (DGanna), agus ag fostaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS).

**Fíor 15.1 Samhail an chúraim phríomhúil**




Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

1 *Cúram Príomhúil:* Treo Nua, An Roinn Sláinte, 2001.

**15.4** Sonraíodh i straitéis 2001 go mbeadh áitribh nua-aimseartha, dea-feistithe, inrochtana lárnach d'fheidhmiú éifeachtúil an FCP agus ghréasán leathan an chúraim phríomhúil. Cé gur glacadh leis ar chúiseanna praiticiúla go bhfeidhmeodh FCPanna as níos mó ná áitreach amháin go gearrthéarmach, ba é an príomhchuspóir fadtéarmach ná ICPanna inrochtana áitiúla a fhorbairt a ligfeadh do sheirbhísí a sholáthar ó shuíomh amháin sa phobal, rud a sholáthródh pointe inrochtana amháin d'úsáideoirí agus a éascódh comhordú níos fearr idir gairmithe cúraim sláinte. Measadh nach raibh an gréasán reatha d'ionaid sláinte pobail leordhóthanach chun an fheidhm sin a bhaint amach.

**15.5** In 2010 (tuarascáil 2010), tuairiscíodh maidir le ICPanna agus FCPanna a fhorbairt.[1] Is ar mhaithe le measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an Roinn agus FSS ó 2010 a rinneadh an scrúdú seo.

## Bailiú sonraí

**15.6** Is éard a bhí á lorg ag foireann an scrúdaithe ná eolas maidir le líon na ICPanna oibríochtúla, chomh maith le costas, méid, líon foirne agus seirbhísí atá á gcur ar fáil i gcás gach ceann díobh. Ní raibh an t-eolas seo ar fáil go réidh agus bhí ar an Roinn agus roinnt réimsí laistigh de FSS — eastáit FSS, foireann oibríochtaí cúraim phríomhúil FSS agus gach ceann de na 9 n-eagraíocht pobail um chúram sláinte (EPCSanna) é a thiomsú.[2]

**15.7** Is iad na heastáit FSS a chuir an t-eolas ar fáil ar dtús i mí na Bealtaine 2019 maidir leis na ICPanna oibríochtúla amhail deireadh mhí an Mhárta 2019. Thar chúrsa thréimhse an scrúdaithe, chuir FSS sonraí athbhreithnithe ar fáil ar thrí ócáid ar leith. Maidir leis na hathbhreithnithe a soláthraíodh, thug foireann an scrúdaithe faoi deara go raibh leasú déanta i roinnt cásanna ar shonraí áirithe amhail méid na saoráide, an sásra soláthair, an táille cíosa bliantúil, téarmaí an socrúcháin léasa, agus ainm na saoráide.

**15.8** De réir an liostaithe arna chur ar fáil ag eastáit FSS, bhí 127 ICP oibríochtúla ann amhail mí an Mhárta 2019. Áirítear mar chuid den liostú seo 43 ICP a measadh oibríochtúil ag deireadh mhí na Nollag 2010. Ní raibh sé sin ag teacht leis an eolas arna chur ar fáil roimhe ag FSS i dTuarascáil 2010, ina bhfuil sé luaite nach bhfuil ach 24 ICP oibríochtúil ag deireadh mhí na Nollag 2010 (féach Fíor 15.2).

**Fíor 15.2 ICPanna Oibríochtúla, Mí na Nollag 2010 agus an Mhárta 2019**




Foinse: Eastáit FSS

1 Caibidil 43 Foirne Cúraim Phríomhúil agus Caibidil 44 An Forbairt na nIonaid Cúram Príomhúil, *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2010*.

2 Cumhdaíonn gach eagraíocht phobail um chúram sláinte réigiún geografach mar a leagtar amach é in Iarscríbhinn 15A.

**15.9** Tá sé ráite ag FSS go raibh sé tar éis roinnt láithreacha a shainaithint i ndiaidh Tuarascáil 2010, ina raibh ICPanna ar oscailt agus ag obair a bheag nó a mhór, nó i gcás gur measadh go raibh soláthar leordhóthanach á dhéanamh ar sheirbhísí cúraim phríomhúil agus nach raibh gá ann iad athrú.[1] Is mar thoradh air sin a rinneadh athrangú ar roinnt saoráidí FSS a bhí ar an bhfód cheana féin mar sheirbhísí ICP 'curtha ar fáil' agus dátaí tosaithe oibríochta leo a d'imigh ó 1998 go dtí 2010.

**15.10** Ba dhíol suntais don fhoireann scrúdaithe é go n-áirítear i measc na 127 ICP oibríochtúla arna dtaifeadadh ag FSS in 2019

- saoráidí neamhspleácha saintógtha
- iar-ionaid sláinte as a soláthraítear seirbhísí cúraim phríomhúil
- ICPanna comhshuite ar champais comhtháite cúraim sláinte amhail ospidéil phobail, agus
- cóiríocht léasaithe i bhfoirgnimh éagsúla amhail ceapa oifige nó spásanna miondíola.

**15.11** Níl ann fós de shainmhíniú ar Ionad Cúram Príomhúil. De réir FSS, is éard atá i gceist le ICP anois dar leo ná '*áitreabh ar bith as a gcuireann soláthraithe seirbhíse cúraim phríomhúil ildisciplíneacha seirbhísí comhtháite ar fáil ó láthair amháin agus a sholáthraíonn pointe rochtana aonair do dhaoine ar sheirbhísí cúraim phríomhúil atá ar fáil go háitiúil.'*

**15.12** Tá sé ráite ag an Roinn gur faoi FSS atá sé saoráid aonair a rangú mar ICP agus glacann an Roinn le sainmhíniú FSS. Tá an Roinn den tuairim áfach nach gá saoráid mar sin a úsáid go heisiach chun na gríoch sin agus gur féidir ICP a bheith ar láthair neamhspleách nó comhshuite le saoráidí eile seirbhísí sláinte nó seirbhísí poiblí. Mar thoradh air sin, féadfaidh éagsúlacht a bheith ann ó thaobh ICPanna agus an réimse seirbhísí is féidir a sholáthar ó láthair áirithe.

**15.13** Tá sé ráite ag an Roinn freisin go bhfuil ICPanna tar éis teacht chun cinn le himeacht ama agus go bhfuil siad fós ag teacht chun cinn. Go speisialta, tá níos mó fócas anois á chur ar an bhféidearthacht a bhaineann le ICPanna chun níos mó ná croí-sheirbhísí cúraim phríomhúil a chur ar fáil chun tacú le raon seirbhísí pobail níos leithne amhail seirbhísí meabhairshláinte, seirbhísí do dhaoine breacaosta nó seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

**15.14** Chomh maith leis sin, is díol suntais don Roinn go bhfuil athbhreithniú ar ICPanna ar siúl faoi láthair faoin bplean gníomhaíochta Sláintecare.[2] Leis sin, gheofar tuiscint níos fearr ar úsáid reatha ICPanna ag leibhéal seirbhíse, ach ba cheart go dtabharfadh sé deis freisin athbhreithniú a dhéanamh ar thréithe na saoráidí seo chun na samhlacha seirbhísí agus na tréithe saoráidí gaolmhara is éifeachtaí a shainaithint.

1 Sainaithníodh na láithreacha sin le linn measúnachta ar riachtanais chóiríochta ICPanna arna déanamh ag FSS in 2011. Déantar tuilleadh iniúchta ar an bpróiseas seo níos faide ar aghaidh sa chaibidil.

2 Plean Gníomhaíochta *Sláintecare 2019*, An Roinn Sláinte.

## ICPanna á gcur in ord tosaíochta lena bhforbairt

**15.15** Go déanach in 2011, thug FSS faoi mheasúnú a dhéanamh ar na riachtanais chóiríochta reatha agus amach anseo maidir le cúram príomhúil. Luaitear sa tuarascáil a rinneadh ar an measúnú sin go raibh an phunann chóiríochta um chúram príomhúil sean agus nár dearadh é chun freastal ar chur chuige an ionaid ilfhreastail ildisciplínigh i leith cúraim phríomhúil, agus go mbeadh infheistíocht ag teastáil ar fud na tíre chun an bonneagar a fhorbairt chun tacú le ICPanna. Luaitear freisin go raibh easpa na cóiríochta iomchuí ina bhac suntasach ar ICPanna a thabhairt chun cinn in go leor láithreacha agus go raibh ICPanna á gcur ar fáil i roinnt láithreacha éagsúla i bpobail áirithe, i gcóiríocht fhochaighdeáin go minic.

**15.16** Mar chuid den mheasúnú, chuir gach oifig sláinte limistéir/áitiúil um sheirbhís chomhtháite de chuid FSS sceideal náisiúnta um chóiríocht i gcrích i gcomhar le hoifigí eastáit áitiúla FSS. Bhí sé de chúram ar gach oifig áitiúil breithniú a dhéanamh ar

- oiriúnacht na cóiríochta atá ann cheana féin agus ar na cúiseanna nach raibh sí oiriúnach má mheasaadh nach raibh
- infhaighteacht talamh FSS le haghaidh ICPanna a fhorbairt
- pleananna reatha chun ICPanna a sholáthar i gcás go bhfuil siad ag céim an-déanach sa phróiseas forbartha
- riachtanais todhchaí amhail fás daonra réamh-mheasta agus líon DGanna chun a chinntiú go mbeadh ICPanna oiriúnach don fheidhm sa todhchaí is intuartha.

**15.17** Sainaithnítear sa mheasúnú 499 FCT lárnacha agus 336 limistéar ICT agus tugtar na tátail seo a leanas inti:

- cóiríocht de dhíth ar 415 FCP laistigh de 297 ICP
- 55 FCP lonnaithe cheana féin i 39 ICP nua
- fuarthas nach raibh cóiríocht de dhíth ar 29 ICP toisc go ndearnadh cinneadh nach raibh sé inchosanta ionad ar leith a sholáthar. Mar shampla, láithreacha a measadh ró-fhada amach faoin tuath nó ró-chóngarach do phríomhionad eile chun údar a thabhairt d'ionad nua a thógáil.

**15.18** Is é thart ar €1.3 billiún (praghsanna 2011) an meastachán a tugadh sa tuarascáil maidir leis an gcostas a bhaineann leis na 297 ionad a thabhairt chun críche. In 2012, de bhun an mheasúnaithe, rinne FSS i gcomhar leis an Roinn láithreacha ICPanna a chur in ord tosaíochta ar bhonn náisiunta, bunaithe ar

- ***riachtanas seirbhíse*** — iarradh ar gach bainisteoir limistéir an riachtanas ó thaobh ICP a fhorbairt a rátáil i gcoinne tosaíochtaí iomaíocha ina limistéar
- ***riachtanas bonneagar*** — chuir eastáit FSS rátáil ar fáil bunaithe ar an spás leagtha amach don ICP ina láthair reatha, comhshuíomh seirbhísí agus aois agus cáilíocht an fhoirgnimh atá ann cheana féin
- **díothacht** — bunaithe ar innéacsanna díothachta réigiúnaí trí shamhail Haase agus Pratschke a úsáid.[1]

**15.19** Leagtar amach in Iarscríbhinn15B an mhodheolaíocht arna húsáid ag FSS chun láithreacha ICPanna a scóráil. Téann na scóir a tugadh do na láithreacha ó 20 go 18 faoi bhun nialais. Ón eolas sin, chuir FSS liostú rangaithe le chéile de 340 láthair ICP in ord tosaíochta agus áirítear ann láithreacha a bhí oibríochtúil ag am an rangaithe agus láithreacha a bhí beartaithe don todhchaí. Tá an liostú rangaithe iomlán faoi cheangal in Iarscríbhinn 15C.

1 *Irish Deprivation Measures, (HP Index),* arna fhorbairt ag Trutz Haase agus Jonathan Pratschke, arna mhaoiniú ag Pobal agus arna fhoilsiú ar https://maps.pobal.ie.

**15.20** Mar thoradh ar an mbealach a d'oibrigh scóir na measúnachta, tá an scór céanna bainte amach ag roinnt láithreacha (féach Fíor 15.3). De réir FSS, i gcás go raibh láithreacha ar chomhscór, bhí a rangaithe bunaithe ansin ar scór an innéacs díothachta. Tharla sé áfach go raibh an scór foriomlán agus scór an innéacs díothachta céanna bainte amach ag roinnt láithreacha. Níl sé soiléir mar a rinne FSS cinneadh deireanach maidir le rangú deireanach a dhéanamh orthu siúd.

**15.21** Ní dhearnadh athbhreithniú straitéiseach eile ar riachtanais chóiríochta ICP ó bhí 2012 ann. I gcás athchumraíochtaí, cónascthaí agus láithreán nua arna n-aithint ó táirgeadh na ranguithe, tá sé ráite ag FSS go ndearnadh ar bhonn áitiúil iad agus go ndéantar breithniú agus go gcuirtear san áireamh riachtanais na bpobal áitiúil i ndáil le gach forbairt ICP a tugadh chun críche.

**Fíor 15.3 Líon na suímh ICPanna de réir scóir**




| Rangú tosaíochta | Líon suíomhanna | Scór an innéacs díothachta |
|---|---|---|
| Idir 70 agus 91 | 22 | 5 |
| Idir 92 agus 105 | 14 | 4 |
| 106 | 1 | 3 |

Foinse: Anailís Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar rangú náisiúnta 2012 de chuid FSS

## Stádas sholáthair na ICPanna

**15.22** Cuireann FSS eolas ar fáil don Roinn ar bhonn ráithiúil maidir le soláthar na ICPanna. Tugadh faoi deara sa scrúdú nach n-áirítear na costais a bhaineann le gach ICP féideartha, caipiteal ná ioncam, sna tuarascálacha seo.

**15.23** Ag baint úsáide as nuashonrú Mhárta 2019 a cuireadh faoi bhráid na Roinne (tuarascáil Mhárta 2019), theastaigh ón bhfoireann scrúdaithe fáil amach faoin dul chun cinn a bhí déanta go dtí sin maidir leis na ICPanna rangaithe a thabhairt chun críche. Leagtar amach i dtuarascáil Mhárta 2012 eolas maidir le 351 ICP — 340 ó liostú rangaithe 2012, chomh maith le 11 ICP eile nár áiríodh sa chéad liostú. Leagtar amach tuilleadh eolais maidir leis na ICPanna seo in Iarscríbhinn 15C.

**15.24** Agus tuarascáil Mhárta 2019 á cur i gcomparáid leis an eolas a fuarthas ó eastáit FSS, thug an fhoireann scrúdaithe na neamhréitigh seo a leanas faoi deara:

- áiríodh i dtuarascáil Mhárta ICP Ráth Fearnáin mar ICP oibríochtúil cé gur diúscraíodh é i mí Lúnasa 2018
- áiríodh i dtuarascáil Mhárta ICP oibríochtúil amháin ag déanamh freastail ar limistéar Bhéal Átha Seanaidh/Bhun Dobhráin, cé go raibh sé luaite san eolas a tháinig ó eastáit FSS go raibh dhá ICP oibríochtúil ar leith i gceist sa cheantar sin – ceann amháin i mBéal Átha Seanaidh agus ceann eile i mBun Dobhráin
- tá athrú tar éis teacht ar an rangú tosaíochta i leith na ICPanna sin a rangaíodh ag 172 agus faoina bhun ó chleachtadh rangaithe 2012, ach ní raibh sé soiléir cad ba chúis leis an athrú sin san ord tosaíochta.

**15.25** Níl thart ar 64% nó 223 de na ICPanna atá liostaithe i dtuarascáil Mhárta oibríochtúil fós.[1] Tá tuilleadh eolais maidir leis na rangaithe a tugadh ar na ICPanna neamhoibríochtúla leagtha amach in Fíor 15.4.

**Fíor 15.4 Stádas rangaithe na Roinne Sláinte ar ICPanna neamhoibríochtúla amhail Márta 2019**

| Rangú stádais | Tuairisc | Líon na ICPanna |
|---|---|---|
| Gan rangú | Gan rangú sannta don ICP | 142 |
| Luathphleanáil | Láithreacha dá bhfuil FSS tar éis litir intinne a shíniú/eisiúint don tionscadal. Is éard is ciall leis seo ná go bhfuil forbróir roghnaithe ag FSS bunaithe ar aighneachtaí arna bhfáil mar fhreagairt ar ghairmeacha ar léirithe spéise i ndáil le láithreacha áirithe. | 45 |
| Réamhphleanáil | Láithreacha a bhfuil FSS tar éis aontú léasa a shíniú leis an bhforbróir ábhartha ina leith. | 8 |
| Á thógáil | Aontú léasa faoi cheannas an fhorbróra curtha i bhfeidhm agus tógáil tosaithe ag an bhforbróir. | 16 |
| Faoi lán seoil | Láithreacha ar thionscadail féintógála FSS iad tríd an gclár forbartha caipitil. | 9 |
| Trealmhú | An chéim dheireanach roimh don ICP roimh dó a bheith oibríochtúil. Caithfear gur eisigh an t-ailtire deimhniú déantachta praiticiúil i ndáil leis an bhforbairt nua. | 3 |

Foinse: Tuarascáil na Roinne Sláinte, Márta 2019

1 224 ICP nach bhfuil rangaithe mar ICPanna oibríochtúla i dtuarascáil Mhárta 2019. Tá an fhoireann scrúdaithe tar éis an láthair sa Chúlóg Thuaidh a eisiamh ón anailís seo toisc go bhfuiltear tar éis é a chumasc leis an gCúlóg Theas agus á a fhorbairt mar shaoráid aonair a tháinig chun a bheith oibríochtúil in 2018.

**15.26** Ba dhíol suntais é don fhoireann scrúdaithe gur thug eolas eile sa tuarascáil le fios go mb'fhéidir nach raibh tuairisc chruinn á tabhairt i ngach cás leis an rangú maidir le stádas reatha ICPanna áirithe.

- Luathphleanáil — rinneadh cur síos ar 3 ICP mar ICPanna atá 'le hathfhógairt'; 4 ICP inar tugadh faoi deara go raibh FSS ag breithniú roghanna eile; agus bhí ICP amháin tar éis dul ar aghaidh chuig an gcéim tógála.
- Réamhphleanáil — ICP amháin ina dtugann an t-eolas eile le fios go bhfuil an forbróir ag féachaint leis an tionscadal a dhíol le forbróir eile mar 'ghnóthas leantach'.
- Faoi lán seoil — tá an chuma ar an scéal go gcumhdaítear raon leathan céimeanna ó chainteanna tosaigh maidir le hinbhuanaitheacht agus/nó suíomh a shainaithint chuig na suíomhanna sin a bhí tar éis dul ar aghaidh tríd chéim na pleanála go cur i gcrích an dearaidh agus tairiscint a chur isteach le haghaidh oibreacha tógála.

### *Na 50 ICP ab airde a rangaíodh*

**15.27** As na 50 láthair ICP ab airde a rangaíodh ó thaobh forbartha de, ní raibh ICP oibríochtúil ag 32 láthair (64%) amhail Márta 2019 agus ní raibh stádas rangaithe ag 11 díobh seo (féach Fíor 15.5).

**15.28** Ní bhfuair an fhoireann scrúdaithe fianaise go raibh na ICPanna sin ag dul ar aghaidh, agus bhí bratach curtha le cuid díobh mar ICPanna 'nach raibh ina tosaíocht seirbhíse a thuilleadh'. De réir FSS, oibríonn eastáit FSS agus Eagraíochtaí Pobail um Chúram Sláinte go dlúth lena chéile chun tacú le soláthar ICPanna agus bonneagar eile um chúram sláinte, agus go mbíonn fachtóirí áitiúla ina mbac nó ina dtacaíocht maidir le príomhthionscadail a thabhairt chun críche i láithreacha áirithe.

**Fíor 15.5 Stádas na 50 ICP ab airde a rangaíodh amhail Márta 2019[a]**




Foinse: An Roinn Sláinte agus eastáit FSS

Nótaí:
a Bunaithe ar rangú náisiúnta 2012 agus rianaire stádais arna chur ar fáil don Roinn dar dáta Márta 2019.
b Táthar tar éis dhá cheann de na láithreacha rangaithe seo, an Chúlóg Thuaidh agus an Chúlóg Theas, a chumasc agus a chur ar aghaidh mar shaoráid amháin. Soláthraíodh é trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) agus tháinig an ICP sin chun bheith oibríochtúil in 2018.

### *ICPanna seachadta ó críochnaíodh an measúnú ar riachtanais*

**15.29** Ó dearadh an liosta rangaithe náisiúnta, tá 57 ICP curtha i gcrích thar an tréimhse 2013 go Márta 2019. Níor lean na ICPanna a forbraíodh sa tréimhse sin ordú an rangaithe náisiúnta le dhá thrian de na ICPanna nua á bhforbairt i láithreacha sa chuid uachtarach den liosta rangaithe (féach ar Fíor 15.6).

**15.30** Forbraíodh trí aontú léasa in 2013 ICP ar an láthair lena mbaineann an scór is ísle ar an liosta rangaithe náisiúnta. De réir FSS, bheadh rangú i bhfad ní b'airde ag an láthair seo ach amháin nach raibh an tsaoráid ar tí a soláthartha nuair a bhí an measúnú ar riachtanais á chur i gcrích in 2011. Mhol FSS ag an am go raibh roinnt láithreacha eile ICP laistigh de leath íochtarach an rangaithe curtha i gcrích cheana féin, nó ar tí a gcur i gcrích, agus mar sin tugadh rangú tosaíochta íseal dóibh.

**Fíor 15.6 57 ICP seachadta curtha in ord tosaíochta, 2013 go dtí Márta 2019[a]**

| Rangú: | Líon na ICPanna seachadta |
|---|---:|
| 1 - 50 | 17[b] |
| 51 - 100 | 13 |
| 101 - 150 | 8 |
| 151 - 200 | 10 |
| 201 - 250 | 3 |
| 251 - 300 | 4 |
| 301 - 340 | 2 |
| **Iomlán** | **57** |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Bunaithe ar chomparáid idir an liostú rangaithe náisiúnta agus an t-eolas arna chur ar fáil ag eastáit FSS maidir le ICPanna oibríochtúla amhail Márta 2019.

b Forbraíodh 17 de na 50 láthair ab airde a rangaíodh trí 16 ionad cúraim sláinte a thabhairt chun críche de bharr chumasc na Cúlóige Thuaidh agus na Cúlóige Theas.

## Modhanna seachadta

**15.31** Tá FSS tar éis leas a bhaint as raon leathan modhanna chun ionaid chúraim phríomhúil a sheachadadh.

- ***Aontú léasa*** — déanann FSS léasanna ar théarma socruithe le forbróirí i ndail le láithreacha arna roghnú chun ICPanna a chur ar fáil orthu. Is é an forbróir a sholáthraíonn an tsaoráid chríochnaithe agus is air a bhíonn an fhreagracht maidir lena chothabháil. Is é FSS a íocann an cíos agus na muirir sheirbhíse bhliantúla agus a dhéanann an tsaoráid a fheidhmiú.
- ***Comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí*** — is aontú é seo idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach i ndáil le bonneagar agus/nó seirbhísí a sholáthar. Is é cuideachta san earnáil phríobháideach a íocann as tógáil, feistiú agus trealmhú an ICP, gan roinnt trealaimh a áireamh. Aisíocann FSS an t-airgead don chuideachta CPP i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha tréimhsiúla.
- ***Tógáil dhíreach FSS*** — ICPanna tógtha ag FSS, faoi úinéireacht FSS agus arna maoiniú ag leithdháileadh caipitil bliantúil de chuid FSS.

**Fíor 15.7 Líon na n-ionad cúraim phríomhúil a osclaíodh, 2013 go Márta 2019**




Foinse: An Roinn Sláinte
Nóta a Suas go deireadh Mhárta 2019.

**15.32** De réir FSS, bíonn roinnt tionchair ag leas na margaí i ndáil leis an modh seachadta a chuirtear i bhfeidhm i limistéar áirithe. Úsáidtear rogha an aontaithe léasa den chuid is mó agus nuair nach mbíonn leas margaí ann leis an modh seo a úsáid, déantar breithniú ar mhodhanna eile — tógáil FSS nó CPP. Is trí aontuithe léasa a cuireadh thart ar 58% de ICPanna a forbraíodh sa tréimhse 2013 go Márta 2019 (féach Fíor 15.7).

### *Aontuithe Léasa*

**15.33** Amhail Márta 2019, bhí 64 ICP ag oibriú faoi aontuithe léasa agus tá beagán le cois leath díobh seo seachadta ó bhí 2013 ann. I measc na ICPanna léasaithe, is ann do shaoráidí saintógtha ar láithreacha faoi úinéireacht forbróra go haonaid i bpáirceanna miondíola nó i bpáirceanna gnó nó spás oifige laistigh d'fhoirgnimh atá an ann cheana féin. Leagtar amach i bhFíor 15.8 sonraí na ICPanna arna soláthar trí léas in 2017 agus 2018. Tá eastáit FSS tar éis a shonrú go dtagann ICPanna a sholáthraítear trí aontuithe léasa faoi réir leas na margaí, agus mar sin, go bhféadfaidh an freastal a dhéantar ar na limistéir áirithe a bheith ag brath ar an leas sin seachas ar phleanáil ná bearta tosaíochta.

**Fíor 15.8 ICPanna arna seachadadh trí léas in 2017 agus 2018**

| EPCS | Rangú tosaíochta | Ainm an ionaid cúraim phríomhúil | Méid m² | Bliain na chéad oibríochta |
|---|---|---|---|---|
| EPCS 4 | 109 | Carraig Uí Leighin, Co. Chorcaí | 2,289 | 2017 |
| EPCS 7 | 7 | Cill na Manach/Tigh Motháin, Baile Átha Cliath 24 | 5,079 | 2018 |
| | 69 | Cromghlinn, Baile Átha Cliath 12 | 1,842 | 2018 |
| | 132 | Baile Coimín, Co. Chill Mhantáin | 1,188 | 2017 |
| | 257 | Cill Droichid, Co Chill Dara | 2,283 | 2017 |
| EPCS 8 | 86 | An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí | 3,348 | 2017 |
| | 94 | Droichead Átha Thuaidh, Droichead Átha | 2,031 | 2018 |
| | 194 | Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí. | 3,326 | 2018 |
| EPCS 9 | 43 | Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath | 2,521 | 2017 |
| | 159 | Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath | 831 | 2017 |

Foinse: Eastáit FSS

**15.34** Is é €211 in aghaidh an m² an meánchostas cíosa a bhaineann le 64 ICP atá ar léas. Is díol suntais don fhoireann scrúdaithe gurbh é an cíos ab airde ná cíos €254 in aghaidh an m² á íoc le haghaidh ICP i mBaile Átha Cliath agus gurbh é €136 in aghaidh an m² an cíos ab ísle le haghaidh ICP lonnaithe i gContae na hIarmhí (féach Fíor 15.9). Is é 25 bliain an téarma i gcás fhormhór na ICPanna seachas 24 bliain a bhí i gceist i gcás amháin agus 30 bliain a bhí i gceist i gcás dhá léas.

**Fíor 15.9 Meánchíos in aghaidh an mhéadair cearnaigh ag EPCS[a]**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Áirítear CBL sna figiúirí luaite.

### *Comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí*

**15.35** I mí Iúil 2012, d'fhógair an Rialtas go mbeadh roinnt saoráidí cúraim phríomhúil á bhforbairt trí chomhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) a úsáid. Roghnaigh FSS 14 láthair a bheadh oiriúnach do CPP ar bhonn infhaighteachta an tsuímh, riachtanais seirbhíse, suim ó DGanna agus cibé an suíomh glan a bhí i gceist ó thaobh teidil agus a bheith scartha ó sheirbhísí eile (féach Fíor 15.10).

**15.36** I ndiaidh próisis soláthair iomaíoch, roghnaíodh cuibhreannas mar fhorthairgeoir roghnaithe agus comhaontaíodh conradh deireanach ar an 25 Bealtaine 2016. An conradh CPP a úsáidtear sa chás seo, is samhail é ina dhéanann an chuideachta CPP na ICPanna a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil thar théarma an chonartha — 25 bliain.[1] Chuir FSS na suíomhanna riachtanacha ar fáil agus is é a oibríonn na saoráidí.

**15.37** Is é an chuideachta CPP a chuireann an t-airgead láithreach ar fáil don tionscadal. Ar a shon sin, íocann FSS as na ICPanna a chur ar fáil agus as na hionaid a chothabháil thar théarma an chonartha. Bíonn an íocaíocht sin i bhfoirm íocaíochtaí aonadacha rialta thar shaolré an chonartha. Faoi dheireadh théarma an chonartha, aistreofar úinéireacht na ICPanna chuig FSS.[2]

**15.38** Faoi dheireadh 2018, is é beagán le cois €28 milliún an caiteachas iomlán a thabhaigh FSS, le ceangaltais todhchaí thart ar €433 milliún (féach Fíor 15.11). Is é €15.3 milliún an táille aonadach measta a bhaineann leis na14 suíomh go léir in 2019.[3]

**Fíor 15.10 ICPanna arna seachadadh trí CPP**

| EPCS | Rangú tosaíochta | Ainm an ionaid cúraim phríomhúil | Méid m$^2$ | Bliain na chéad oibríochta |
|---|---|---|---|---|
| **EPCS 1** | 17 | Baile an Mhóta, Co. Shligigh | 2,506 | 2018 |
| **EPCS 2** | 29 | Baile an Róba, Co Mhaigh Eo | 2,059 | 2018 |
| | 39 | Cathair na Mart, Co Mhaigh Eo | 2,434 | 2018 |
| | 77 | Clár Chlainne Mhuiris, Co Mhaigh Eo | 2,166 | 2018 |
| | 97 | Tuaim, Co. na Gaillimhe | 2,590 | 2017 |
| | 243 | Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin | 1,590 | 2018 |
| **EPCS 3** | 47 | Cathair Luimnigh, Co. Luimnigh | 1,760 | 2018 |
| **EPCS 5** | 25 | Baile Loch Garman | 3,625 | 2018 |
| | 52 | Carraig na Siúire, Co. Thiobraid Árann | 2,558 | 2018 |
| | 72 | Dún Garbhán, Co. Port Láirge | 3,803 | 2018 |
| | 93 | Cathair Phort Láirge | 4,645 | 2018 |
| **EPCS 7** | 112 | Cill Choca, Co Chill Dara | 2,344 | 2018 |
| **EPCS 9** | 16 | An Chúlóg, Baile Átha Cliath 5 | 4,461 | 2018 |
| | 31 | Cnoc an Línsigh, Baile Átha Cliath 1 | 4,259 | 2019 |

Foinse: Eastáit FSS

1 Téann téarma an chonartha ó dháta tosaithe seirbhíse na chéad ICP i mí na Samhna 2017, le haghaidh 25 bliain, go dtí mí na Samhna 2042.

2 In Iarscríbhinn 15D, tugtar achoimre ar phríomhthréithe chonradh CPP an ionaid chúraim phríomhúil.

3 Is féidir asbhaintí a dhéanamh ar an táille aonadach faoi shásra an chonartha má theipeann ar an gcuideachta CPP an fheidhmíocht riachtanach agus/nó na caighdeáin infhaighteachta a leagtar amach sa chonradh a bhaint amach.

**Fíor 15.11 Caiteachas faoi chonradh CPP amhail an 31 Nollaig 2018**

| | €000 |
|---|---:|
| **Íocaíochtaí** | |
| CBL tógála láithreach (íocaíocht aonuaire) | 18,801 |
| Táille aonadach CPP | 9,597 |
| | **28,398** |
| **Ceangaltais amach anseo**[a] | |
| Seirbhísí bainistíochta saoráidí, costais shaolré na hoibríochta | 201,551 |
| Tógáil agus maoiniú[b] | 231,368 |
| | **432,919** |

Foinse: Ráitis airgeadais bliantúla FSS don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018

Nótaí: a Léirítear ceangaltais amach anseo ag praghas an chonartha reatha agus ní dhearnadh iad a lascainiú.

b Ríofa agus ag glacadh leis gur ráta boilscithe bliantúil 2% sa bhliain atá i gceist.

### *Tógáil dhíreach ag FSS*

**15.39** Ó bhí 2013 ann, soláthraíodh 10 ICP trí mhodh na tógála dírí (Féach Fíor 15.12).

**Fíor 15.12 Tógáil dhíreach FSS, 2013 go Márta 2019**

| EPCS | Rangú tosaíochta | Ainm an ionaid chúram phríomhúil | Méid m² | Bliain na chéad oibríochta | Costas €m |
|---|---:|---|---:|---:|---:|
| CHO1 | 56 | ICP Bhéal Átha Seanaidh, Co. Dhún na nGall[a] | 1,540 | 2015 | 4.92 |
| | 92 | ICP Bhéal an Átha Móir, Co. Liatroma[b] | 600 | 2014 | 1.30 |
| | 168 | Ionad Cúraim Sláinte Phríomhúil agus Meabhairshláinte Chluainín, Co. Liatroma | 1,800 | 2014 | 0.78 |
| EPCS 2 | 186 | Baile Locha Riabhach, Co. na Gaillimhe | 1,062 | 2014 | 1.50 |
| EPCS 3 | 285 | ICP Bhuiríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann | 1,408 | 2017 | 0.75 |
| EPCS 4 | 1 | ICP Naomh Mhuire, Co. Chorcaí | 6,218 | 2018 | 19.50 |
| | 276 | Ionad Sláinte Bhaile Uí Thaidhg, Co. Chiarraí | 144 | 2017 | 0.25 |
| EPCS 8 | 187 | Ionad Sláinte na Maighne, Co. na Mí | 250 | 2013 | 0.40 |
| EPCS 9 | 12 | ICP Ghráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath 7[c] | 3,704 | 2018 | 14.04 |
| | 14 | ICP na Coirre Duibhe, Baile Átha Cliath 15 | 2,321 | 2016 | 6.80 |

Foinse: Eastáit FSS

Nótaí: a Tá an ICP seo comhlonnaithe le háiseanna cúram sláinte eile. Ba é costas iomlán an choimpléisc seo €7.8 milliún. Measann FSS gurb é an costas atá inchurtha i leith an ICP €4.9 milliún. (Fógra ceartúcháin: Nuair a foilsíodh an tuarascáil seo I dtosach, ba é an costas tógála sa tábla €7.8 milliún. D'iarr FSS ar an gceartúchán i ndiaidh gur foilsíodh é.

b Tá an ICP seo comhlonnaithe laistigh de shaoráid sláinte ina bhfuil aonad cúram cónaithe 20 leaba. Ba é costas iomlán na saoráide agus €6 milliún. Tá meastachán €1.3 milliún tugtha ag FSS i ndáil le costas an ICP.

c Tá an ACP seo comhshuite le saoráidí cúram sláinte eile, lena n-áirítear aonad géarchúraim chónaithe mheabhairshláinte. Is é €34 milliún costas iomlán saoráidí FSS i nGráinseach Ghormáin ag deireadh mhí na Nollag 2018. Tá meastachán €14.04 milliún tugtha ag FSS i ndáil le costas an ICP.

**15.40** Rinne FSS an ICP i nGráinseach Ghormáin a mhaoiniú agus rinne Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG) é a fhorbairt faoi cheadúnas. Bunaíodh GFGG ag an reachtaíocht chun forbairt suíomh 73 acra i nGráinseach Ghormáin a chur chun cinn mar láthair don oideachas, don tsláinte agus do shaoráidí eile.[1] Fanann an ICP agus saoráidí eile sláinte i nGráinseach Ghormáin faoi úinéireacht FSS.

## Lonnú ICPanna

**15.41** Tá sé molta ag FSS gur thug sé faoi phróiseas mapála chun dobharcheantair iomchuí a shainaithint lena bhfreastal ag ICPanna. Cuireadh san áireamh sa bhreithniú seo an daonra agus gnéithe eile, lena n-áirítear iompar agus bealaí rochtana, cleamhnuithe DGanna, eolas ón daoináireamh, díothacht agus dobharcheantair nádúrtha pobail.

**15.42** Mar thoradh ar an próiseas seo, tá FSS tar éis cinneadh a dhéanamh go bhfuil gá le 480 ICP chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar ar fud na naoi ECPS (Féach Fíor 15.13). Mhol FSS freisin go mbunófar 96 'gréasán cúraim sláinte pobail' freisin, le hidir ceithre agus sé ICP i ngach ceann díobh. Tá sé beartaithe go mbeidh gach gréasán freagrach as seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar ar fud meándaonra 50,000 duine.

**15.43** Is léir ó eolas curtha ar fáil ag oibríochtaí cúraim phríomhúil FSS go bhfuil 421 ICP i bhfeidhm amhail mí Iúil 2019 agus go bhfuil DGanna páirteach in 234 díobh sin agus go bhfuil sé beartaithe go dtiocfaidh 21 ICP eile chun bheith oibríochtúil in 2019. I gcás ICPanna atá ag obair gan rannpháirtíocht dhíreach DG, tá sé molta ag FSS go n-oibreoidh an fhoireann i ngach ICP go dlúth le DGanna chun soláthar seirbhísí comhordaithe um chúram sláinte príomhúil a chinntiú do dhaoine sa limistéar áitiúil sin.

**Fíor 15.13 ICPanna lárnacha curtha i bhfeidhm agus pleanáilte de réir EPCS, Meán Fómhair 2019**




Foinse: Oibríochtaí Cúraim Phríomhúil FSS

1 An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005.

**15.44** Chuaigh an fhoireann scrúdaithe ag lorg eolais ó FSS maidir le acmhainní a chur ar fáil do ICPanna, amhail

- líon na FCPanna bunaithe i ngach ICP
- líon na bpost líonta agus líon na bhfolúntas foirne a bhaineann le gach ICP
- líon na mball foirne cliniciúil, tacaíochta agus ar conradh atá sannta do gach ICP
- cineál na seirbhísí arna soláthar ag gach ICP.

**15.45** Mhol FSS go raibh seirbhísí cúraim phríomhúil á gcur ar fáil ó gach ceann de na 127 ICP oibríochtúla. I gcás ICPanna beaga áfach, is féidir le FCPanna atá lonnaithe in ICPanna móra na seirbhísí a chur ar fáil.

**15.46** Chuir FSS in iúl nach gcuireann sé eolas ar fáil maidir le láthair an fhoirgneamh cé go mbailítear eolas maidir le leibhéil soláthair foirne i gcúram príomhúil i ndaonáireamh FSS de réir grúpa, disciplíne agus limistéir gheografaigh. Ní féidir eolas mar sin a thiomsú faoi láthair ach trí líon na mball foirne ag gach ICP a chomhaireamh de láimh. Aithníonn FSS áfach an riachtanas córais chomhtháite tuairiscithe a fhorbairt, rud a ligfeadh do thuairisciú tráthúil ar sholáthar foirne de réir limistéir sheirbhíse agus láithreach.

## Tátail agus Moltaí

**15.47** Is é cuspóir straitéiseach sonraithe na Roinne gréasán náisiúnta de ICPanna a fhorbairt in thart ar 350 láthair ina gcuirfí beagán faoi bhun 500 ICPanna agus gréasáin chúraim phríomhúil leathan. Tá 57 ICP tar éis teacht chun bheith oibríochtúil ó 2013, rud a thugann líon iomlán na ICPanna go 127 amhail Márta 2019 — thart ar 36% den spriocghréasán.

**15.48** Cé go meastar go bhfuil áitribh nua-aimseartha, dea-feistithe, inrochtana riachtanach do bhunú agus feidhmiú éifeachtach ICPanna agus an ghréasáin chúraim phríomhúil leathain, níl ann faoi láthair do shainmhíniú cainníochtaithe maidir le céard is ceart a bheadh i gceist le ICP. Faoi láthair, glaoitear ICP oibríochtúil ar raon leathan foirgneamh a théann ó ICPanna neamhspleácha saintógtha go hionaid sláinte agus ionaid chomhshuite laistigh d’ospidéil phobail. Anuas air sin, tá roinnt ICPanna reatha ag oibriú gan rannpháirtíocht dhíreach ó DG.

### Moladh 15.1

Ar mhaithe le monatóireacht agus tuairisciú éifeachtach ar an dul chun cinn maidir le FCPanna agus ICPanna a fhorbairt, ba cheart don Roinn sainmhíniú a thabhairt maidir le híosraon na seirbhísí agus cóiríochta is gá chun ICP a ghlaoch ar fhorbairt.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta, an Roinn Sláinte**

Comhaontaithe.

Beidh gá le comhairliúchán le FSS áfach chun é sin a bhaint amach agus beidh gá freisin le haithint go mbraitheann éagsúlacht ó thaobh dearaidh nó úsáide ICPanna ar imthosca áitiúla, riachtanas ó thaobh daonra agus na hacmhainní atá ar fáil.

**15.49** Níl an Roinn tar éis amscála a chur i bhfeidhm maidir le sprioclíon na ICPanna a bhaint amach. Ag ráta an dul chun cinn a rinneadh ó 2013 ar aghaidh, tógfaidh sé 20 bliain eile nó nóis faide gréasán iomlán ICPanna a fhorbairt.

**Moladh 15.2**

Ba cheart don Roinn sprioc a leagan amach don am a cheaptar go mbeidh an gréasán iomlán i bhfeidhm, chomh maith le spriocanna idirmheánacha (e.g. spriocanna 5 bliana).

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta, an Roinn Sláinte**

Comhaontaithe.

Is díol suntais dom é nach bhfuil luaite i Ráiteas Straitéise na Roinne 2016 – 2019 ach go gcuirfidh sé, i gcomhar le FSS, ICPanna nua ar fáil mar chuid den chuspóir maidir le saoráidí cúraim sláinte a nua-aoisiú.

NÍ bheadh aon agóid ag an Roinn seo i bprionsabal i gcoinne an mholta amlíne táscach a leagan ama maidir le gréasán ICPanna a thabhairt chun críche. Ní féidir a leithéid de sprioc a leagan amach áfach gan comhairliúchán a dhéanamh le FSS agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus trí aitheantas iomlán a thabhairt gurb ann do fachtóirí margaidh nach bhfuil smacht ag an Roinn orthu agus a bhfeadfaidh tionchar a imirt ar sceidil seachadta ionchais.

Anuas air sin, tá sé tábhachtach go léiríonn ceangaltas ar bith chuige sin an bogadh leathan chuig cur chuige pleanála atá bunaithe ar chúrsaí daonra agus ar comhlachtaí sláinte réigiúnacha agus gréasáin cúraim sláinte pobail a fhorbairt mar atá sé beartaithe faoi Sláintecare, seachas iad a bheith bunaithe ar rangú reatha na suíomhanna ionchais a fuarthas in 2012. Rinne an Rialtas cinneadh le déanaí maidir le limistéir réigiúnacha sláinte agus tá sé á thabhairt ar aghaidh, *inter alia*, trí phróiseas ina dhéanfar seirbhísí sláinte agus sóisialta comhtháite a chomhdhearadh i gcomhar le saoránaigh agus foireann sna sé réigiún agus tabharfaidh sé sin deis athbhreithniú a dhéanamh ar thosaíochtaí ICP mar chuid de chur i bhfeidhm foriomlán Sláintecare.

**15.50** In 2012, sainaithníodh agus rangaíodh na sprioc-láithreacha le haghaidh ICPanna a fhorbairt trí leas a bhaint as na sonraí a bhí ag fáil ag an am. Níl nuashonrú ar bith déanta ag an gcleachtadh rangaithe seo, d’ainneoin an fháis shuntasaigh a tháinig ar an daonra, agus forbairtí ábhartha eile.

**Moladh 15.3**

Ba cheart do FSS nuashonrú a dhéanamh ar rangú na sprioc-láithreacha agus cinneadh a dhéanamh maidir le bearta tosaíochta a chur i bhfeidhm i ndáil lena soláthar amach anseo.

**Feidhmeanna an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, FSS**

Comhaontaithe.

Cuirfidh FSS athbhreithniú uileghabhálach i gcrích maidir le ICPanna ina dhéanfar nuashonrú ar rangú na sprioc-láithreacha, chomh maith le cinneadh maidir le conas a dhéanfar bearta tosaíochta a chur i bhfeidhm i ndáil le soláthar breise.

Tá comhaontú ann gur cheart córas comhtháite a bheith i bhfeidhm i measc príomhpháirtithe leasmhara FSS agus gur cheart modh a chinneadh chun soláthar amach anseo a chur in ord tosaíochta. Tá athdhearadh seirbhíse agus bonneagar a thacú ina bpríomhghníomh de chuid Sláintecare. Is ann do ghealltanas chun tacú le próiseas comhtháite pleanála i ndáil le ICPanna amach anseo mar chuid den clár forfheidhmithe um pleanáil caipitil de chuid plean gníomhaíochta Sláintecare, 2019. Áirítear leis sin an gá atá le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar úsáid ICPanna, chun ICPanna eile a bhunú agus scóipeáil a dhéanamh ar dhiagnóisic phobalbhunaithe.

Aithnítear gur straitéis níos fadtéarmaí is ea seo agus cé go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, beidh gá le tuilleadh pleanála agus rannpháirtíochta sula gcuirfear an soláthar i gcrích. Chomh maith leis sin, tá tuarascálacha ráithiúla ullmhaithe ina dtugtar nuashonrú maidir le stádas an tsoláthair, agus is ann do theagmháil idir páirtithe leasmhara éagsúla FSS ag an leibhéal áitiúil maidir le FCPanna agus ICPanna a sholáthar. Is gá leibhéal suntasach pleanála a dhéanamh chun é sin a sholáthar.

**15.51** Cuireann FSS tuarascálacha ráithiúla faoi bhráid na Roinne maidir leis an dul chun cinn ó thaobh fhorbairt na ICPanna ina dtaispeántar eolas maidir le ICPanna oibríochtúla agus neamhoibríochtúla. Fuair an t-imscrúdú nach léirítear go cruinn sa tuarascáil seo stádas reatha na ICPanna i ngach cás, go háirithe na 223 ICP neamhoibríochtúla.

**15.52** Ní léiriú cruinn ar an ord rangaithe na ICPanna a forbraíodh le 5 bliana anuas. Cuireann FSS cuid de sin i leith na suime a léirigh forbróirí nó léasóirí i láithreacha áirithe seachas a chéile. Tá FSS tar éis brath go mór ar na samhlacha léasa agus CPP chun ICPanna a sholáthar, agus ar bhonn ní ba lú ar fhorbairt dhíreach FSS ar shaoráidí. Toisc go bhfuil struchtúir chostais éagsúla i gceist leis na samhlacha, tá sé deacair na costais agus na leasa a bhaineann leo a chur i gcomparáid lena chéile.

**15.53** Toisc go bhfuil an taithí aige anois 57 ICP a sholáthar le cúig bliana anuas, bheadh sé fóirsteanach agus tráthúil do FSS anois comparáid a dhéanamh ó thaobh éifeachtúlachta costais na samhlacha seachadta éagsúla ICP.

**Moladh 15.4**

Ba cheart do FSS athbhreithniú a dhéanamh ar na modhanna éagsúla seachadta chun ICPanna a fhorbairt go dtí seo, d’fhonn bonn eolais a chur le cinntí amach anseo maidir le modhanna seachadta.

**Feidhmeanna an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, FSS**

Comhaontaithe.

Tá sé comhaontaithe go bhfuil sé tráthúil anois tabhairt faoi athbhreithniú faoi éifeachtúlacht costais na modhanna seachadta a úsáidtear go dtí seo. Déantar próiseas measúnachta foirmiúil anois sula gcuirtear ICP ar aghaidh. Déanann FSS athbhreithniú ar éifeachtúlacht costais i ndáil le gach tionscadal agus ansin déanann an coiste stiúrtha caipitil meastóireacht air.

De bharr na modhanna éagsúla soláthair, mar a leagtar amach sa tuarascáil, beidh ar FSS breithniú a dheanamh maidir le conas is fearr athbhreithniú agus comparáidiú iomchuí a dhéanamh ar an tsamhail is fearr chun ICPanna a sholáthar.

Déanfar an moladh seo a chur ar aghaidh laistigh de phlean gníomhaíochta Sláintecare agus faoi rialachas an phlean sin freisin, chun a chinntiú go n-úsáidfear an fhoghlaim ó athbhreithniú ar éifeachtúlacht costais chun bonn eolais a chur le pleanáil amach anseo.

## Iarscríbhinn 15A Limistéir eagraíochtaí pobail um chúram sláinte (EPCS)

### Fíor 15A.1 Cumhdach geografach eagraíochtaí pobail um chúram sláinte

| Eagraíocht Phobail um Chúram Sláinte | | Limistéar |
|---|---|---|
| EPCS 1 | **Cúram sláinte phobail Dhún na nGall, Shligigh, Liatroma, An Chabháin, Mhuineacháin** | An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach |
| EPCS 2 | **Eagraíocht Pobail um Chúram Sláinte** | Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin |
| EPCS 3 | **Cúram sláinte phobail an Mheán-Iarthair** | An Clár, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh |
| EPCS 4 | **Cúram sláinte phobail Chorcaí-Chiarraí** | Corcaigh agus Ciarraí |
| EPCS 5 | **Cúram sláinte phobail an Oirdheiscirt** | Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, Loch Garman |
| EPCS 6 | **Cúram sláinte phobail an Oirthir** | Baile Átha Cliath Thoir Theas, Dún Laoghaire, Cill Mhantáin |
| EPCS 7 | **Cúram sláinte phobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara & Chill Mhantáin Thiar** | Cathair Bhaile Átha Cliath Theas, Baile Átha Cliath Thiar Theas, Cill Dara, Cill Mhantáin Thiar |
| EPCS 8 | **Cúram sláinte phobail Lár Tíre, an Lú, an Mhí** | Laois, Uíbh Fhailí, Longfort, An Iarmhí, Lú, An Mhí |
| EPCS 9 | **Eagraíocht cúram sláinte phobail chathair & contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh** | Baile Átha Cliath Thuaidh, Baile Átha Cliath Láir-Thuaidh, Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

## Iarscríbhinn 15B Modheolaíocht maidir le láithreacha do ICPanna a chur in ord tosaíochta

In 2012, chuir FSS cleachtadh i gcrích maidir le láithreacha do ionaid chúraim phríomhúil a chur in ord tosaíochta bunaithe ar anailís ar riachtanais. Rinneadh measúnú ar na riachtanais bhonneagair i gcás gach limistéir ICP faoi trí cheannteideal: riachtanais chóiríochta, tosaíocht seirbhíse agus leibhéal díothachta (Féach ar Fhíor 15B.1). Tugadh scór do gach limistéar ICP tríd an bhfoirmle thíos.

***Scór = [scór um riachtanais chóiríochta + scór tosaíochta seirbhíse] – [scór díothachta***

**Fíor 15B.1 Critéir scórála láithreacha ICP**

| | Critéir | Scór |
|---|---|---|
| **Riachtanais chóiríochta** | ▪ Spás ar fáil i ngach láthair.<br>• Spás leordhóthanach/neamhleordhóthanach le haghaidh ICP a oibriú.<br>• Níl aon bhonneagar oiriúnach i ndobharcheantar ICP.<br>▪ Líon na bhfoirgneamh as a soláthraíonn an ICP seirbhísí faoi láthair.<br>• Dá mhéad líon na bhfoirgneamh as a bhfuil cúram á sholáthar ag ICP, is ea is mó an seans go mbaineann neamhéifeachtúlacht leis an soláthar.<br>• Tugtar an scór is airde sa chás a bhíonn ar dhaoine an dobharcheantar a fhágáil chun teacht ar sheirbhísí ICP.<br>▪ Cáilíocht na bhfoirgneamh as a gcuirtear seirbhísí ICP ar fáil — aois agus caighdeán an fhoirgneamh amháin. | **Uaslíon 15** — léirítear leis sin nach bhfuil foirgneamh ar fáil sa dobharcheantar chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar agus go gcaithfidh daoine seirbhísí ICP a rochtain lasmuigh den dobharcheantar.<br>**Íoslíon 0** — léirítear leis sin go bhfuil ICP ag oibriú chun seirbhísí a chur ar fáil sa limistéar. |
| **Tosaíocht Seirbhíse** | ▪ Leibhéal tarchuir — cé chomh gnóthach is atá an ICP.<br>▪ Riachtanais ar sheirbhísí.<br>▪ ICPanna i bhfeidhm agus ag oibriú.<br>▪ Rannpháirtíocht DG leis an ICP agus an riachtanas ar sheirbhís. | **Uaslíon10** — léirítear leis sin an riachtanas is mó ar sheirbhísí.<br>**Íoslíon 0** — léirítear leis sin go bhfuil an ICP curtha i bhfeidhm cheana féin. |
| **Díothacht** | ▪ Úsáideadh Innéacsanna Díothachta Haase & Pratschke (H&P) chun gach limistéar ICP a scóráil. Forbraíodh na hinnéacsanna sin go sonrach le haghaidh Éirinn (le maoiniú ó Pobal). Tá an t-innéacs bunaithe ar dhaonáireamh 2006.<br>▪ Cuirtear na rudaí seo a leanas san áireamh:<br>• Céatadán an daonra faoi bhun 15 bliana d'aois agus os cionn 64<br>• Céatadán athraithe sa phróifíl daonra le cúig bliana anuas.<br>• Oideachas, céatadán ar a bhfuil oideachas bunscoile amháin, céatadán ar a bhfuil oideachas 3ú leibhéal srl.<br>• Aicme sóisialta (gairmiúil, bainistiúil, neamhoillte, oibrithe láimhe).<br>• Tuismitheoirí singil.<br>• Líon daoine in aghaidh an teaghlaigh, in aghaidh an tseomra.<br>• Dífhostaíocht fhireann agus bhaineann. | Tugtar scór do gach toghcheantar maidir leis an innéacs H&P agus cuireadh an scór sin le chéile maidir le gach ICP bunaithe ar scóir na dtoghcheantar laistigh dá dteorainn.<br>**Uaslíon 7** — léirítear leis sin na ceantair is lú díothachta.<br>**Íoslíon 1** — léirítear leis sin na ceantair is mó díothachta.<br>Ualaithe x 3 san fhoirmle |

Foinse: Eastáit FSS — tuarascáil ar mheasúnú ar riachtanais chóiríochta

**Fíor 15B.2 Samplaí de scóir láithreacha ICP**

| Rangú tosaíochta | ICP | Stádas amhail Márta 2019 | Scóir Mheasúnachta | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Riachtanais chóiríochta (A) | Tosaíocht seirbhíse (B) | Díothacht (C) | Scór iomlán (A+B)-(Cx3) |
| **1** | Cnoc na hAoine Cnocán an Aonaigh Garrán na mBráthar Lár na Cathrach Corcaigh | Oibríochtúil | 13 | 10 | 1 | **20** |
| **80** | Cill Airne, Co. Chiarraí | Neamhoibríochtúil | 11 | 10 | 5 | **6** |
| **170** | Coill Mhic Thomáisín/Port Lách, Port Láirge | Neamhoibríochtúil | 8 | 6 | 4 | **2** |
| **245** | Baile Átha an Rí, Gaillimh | Oibríochtúil | 11 | 0 | 5 | **-4** |
| **340** | Cill Dhéagláin, an Mhí | Oibríochtúil | 0 | 0 | 6 | **-18** |

Foinse: Eastáit FSS — rangú náisiúnta 2012

# Iarscríbhinn 15C Liostú rangaithe d’ionaid chúraim phríomhúil

## Fíor 15C.1 Liosta 2012 d’ionaid chúraim phríomhúil in ord tosaíochta, le stádas reatha amhail Márta 2019

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | EPCS 4 | Corcaigh | Cnoc na hAoine Cnocán an Aonaigh Garrán na mBráthar Lár na Cathrach | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 2 | EPCS 9 | BÁC | Fionnghlas Theas & Thiar | Faoi úinéireacht FSS | | Faoi lán seoil |
| 3 | EPCS 7 | BÁC | Rualach | Faoi úinéireacht FSS | | Faoi lán seoil |
| 4 | EPCS 7 | BÁC | Cluain Dolcáin/Páirc an Mhóinteáin/An Mhainistir | Léas | | Réamhphleanáil |
| 5 | EPCS 7 | BÁC | Rialto/An Com | Léas | | Á thógáil |
| 6 | EPCS 1 | Dún na nGall | An Clochán Liath | Léas | | Luathphleanáil |
| 7 | EPCS 7 | BÁC | Cill na Manach/Tigh Motháin | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 8 | EPCS 7 | BÁC | Iarthar na Cathrach/Rath Cúil/Teach Sagard | Léas | | |
| 9 | EPCS 7 | BÁC | Springfield (Tamhlacht) | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 10 | EPCS 1 | An Cabhán | Baile Shéamais Dhuibh | | | |
| 11 | EPCS 6 | Cill Mhantáin | Ráth Droma | Léas | | Réamhphleanáil |
| 12 | EPCS 9 | BÁC | Gráinseach Ghormáin | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 13 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | Éadan Doire | Léas | | Luathphleanáil |
| 14 | EPCS 9 | BÁC | An Chorr Dhubh | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 15 | EPCS 7 | BÁC | Bóthar Chaisil/Baile Bhailcín | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 16 | EPCS 9 | BÁC | An Chúlóg Theas Ard Aidhin | CPP | ● | Oibríochtúil[a] |
| 17 | EPCS 1 | Sligeach | Sligeach Theas (Baile an Mhóta) | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 18 | EPCS 1 | Dún na nGall | Leifear | Léas | | |
| 19 | EPCS 7 | BÁC | Bóthar an Chorrshléibhe | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 20 | EPCS 1 | Dún na nGall | An Baile Nua | Faoi úinéireacht FSS | | Faoi lán seoil |
| 21 | EPCS 1 | Dún na nGall | Doire Beag/An Bun Beag | Léas | | Luathphleanáil |
| 22 | EPCS 2 | Maigh Eo | Iorras | | | |
| 23 | EPCS 9 | BÁC | An Chúlóg Thuaidh Darndál | CPP | ● | Oibríochtúil[a] |
| 24 | EPCS 5 | Tiobraid Árann | Tiobraid Árann | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 25 | EPCS 5 | Loch Garman | Loch Garman | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 26 | EPCS 8 | Longfort | Baile Uí Mhatháin | Léas | | Luathphleanáil |
| 27 | EPCS 1 | Dún na nGall | Bun Cranncha | Léas | | Luathphleanáil |
| 28 | EPCS 1 | Muineachán | Muineachán | Faoi úinéireacht FSS | | Faoi lán seoil |
| 29 | EPCS 2 | Maigh Eo | Baile an Róba | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 30 | EPCS 8 | Lú | Dún Dealgan Uimh. 2 | Léas | | Luathphleanáil |
| 31 | EPCS 9 | BÁC | Cnoc an Línsigh | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 32 | EPCS 1 | An Cabhán | Cill na Seanrátha | Léas | | Luathphleanáil |
| 33 | EPCS 4 | Corcaigh | Baile Féitheán/An Tócharr/An Cnochán Glas/An Loch | Léas | | Luathphleanáil |
| 34 | EPCS 6 | Cill Mhantáin | Cill Mhantáin Theas/Carn an Bhua | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 35 | EPCS 7 | Cill Dara. | Mainistir Eimhín/Ráth Iomgháin | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 36 | EPCS 8 | An Longfort | Meathas Troim | Léas | | |
| 37 | EPCS 3 | Luimneach | Garraí Eoin | | | |
| 38 | EPCS 4 | Ciarraí | Ciarraí Thuaidh/Lios Tuathail | Léas | | Á thógáil |
| 39 | EPCS 2 | Maigh Eo | Cathair na Mart | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 40 | EPCS 6 | BÁC | Glas Tuathail/An Naigín | Léas | | Luathphleanáil |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| 41 | EPCS 8 | An Mhí | Glas Tuathail/Baile an Bhiataigh | Léas | Luathphleanáil |
| 42 | EPCS 2 | Gaillimh | An Gort | Léas | |
| 43 | EPCS 9 | BÁC | Baile Brigín | Léas | Oibríochtúil |
| 44 | EPCS 8 | Lú | Droichead Átha Theas | Léas | |
| 45 | EPCS 1 | Muineachán | Carraig Mhachaire Rois | Léas | Luathphleanáil |
| 46 | EPCS 6 | Cill Mhantáin | An tInbhear Mór | Léas | Luathphleanáil |
| 47 | EPCS 3 | Luimneach | Béal Átha na Cora (Weston) | CPP | Oibríochtúil |
| 48 | EPCS 1 | Dún na nGall | Carn Domhnach | Faoi úinéireacht FSS | |
| 49 | EPCS 2 | Gaillimh | Conamara Theas | Faoi úinéireacht FSS | |
| 50 | EPCS 1 | Dún na nGall | Dún Fionnachaidh/An Fál Carrach | Léas | Luathphleanáil |
| 51 | EPCS 5 | Loch Garman | Inis Córthaidh | Léas | Luathphleanáil |
| 52 | EPCS 5 | T. Árann | Carraig na Siúire | CPP | Oibríochtúil |
| 53 | EPCS 9 | BÁC | Éadan Mór (Oirthear na Cúlóige) | Léas | Á thógáil |
| 54 | EPCS 2 | Gaillimh | Port Omna | Léas | Luathphleanáil |
| 55 | EPCS 3 | An Clár | Cill Chaoi | | |
| 56 | EPCS 1 | Dún na nGall | Béal Átha Seanaidh / Bun Dobhráin | Faoi úinéireacht FSS | Oibríochtúil |
| 57 | EPCS 8 | An Iarmhí | Dealbhna | | |
| 58 | EPCS 2 | Maigh Eo | Béal Átha hAmhnais | Léas | Réamhphleanáil |
| 59 | EPCS 2 | Maigh Eo | Crois Mhaoilíona | Faoi úinéireacht FSS | |
| 60 | EPCS 8 | Laois | An Bhuiríos/Ráth Domhnaigh | Léas | |
| 61 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | Biorra | Léas | Luathphleanáil |
| 62 | EPCS 4 | Ciarraí | Uíbh Ráthach (Cathair Saidhbhín) | Léas | Luathphleanáil |
| 63 | EPCS 5 | T. Árann | Sliabh Ardach | Faoi úinéireacht FSS | |
| 64 | EPCS 5 | Cill Chainnigh | Gabhrán/Gráig na Manach/An Bhuiríos/Cuar Uí Nialláin | Léas | |
| 65 | EPCS 4 | Corcaigh | Béara | Léas | Á thógáil |
| 66 | EPCS 8 | Laois | Maighean Rátha | | |
| 67 | EPCS 2 | Maigh Eo | Coillte Mach | Léas | |
| 68 | EPCS 5 | Loch Garman | Ros Mhic Thriúin | Léas | Luathphleanáil |
| 69 | EPCS 7 | BÁC | Seanbhóthar an Chontae/Bóthar Parnell Cromghlinn | Faoi úinéireacht FSS | |
| 70 | EPCS 5 | T. Árann | Cluain Meala | Léas | |
| 71 | EPCS 5 | Ceatharlach | An Tulach Ráth Bhile Baile Haicéid | Faoi únéireacht FSS | Faoi lán seoil |
| 72 | EPCS 5 | Port Láirge | Dún Garbhán | CPP | Oibríochtúil |
| 73 | EPCS 3 | An Clár | Droichead Abhann Ó gCearnaigh, Co. an Chláir | Léas | Luathphleanáil |
| 74 | EPCS 3 | An Clár | Baile an Átha/Cill Dalua/An Port Nua, Co. an Chláir | Léas | Réamhphleanáil |
| 75 | EPCS 1 | Sligeach | Droim Chliabh | Faoi únéireacht FSS | Faoi lán seoil |
| 76 | EPCS 2 | Maigh Eo | Caisleán an Bharraigh | Léas | Oibríochtúil |
| 77 | EPCS 2 | Maigh Eo | Clár Chlainne Mhuiris | CPP | Oibríochtúil |
| 78 | EPCS 3 | An Clár | Inis | Léas | Luathphleanáil |
| 79 | EPCS 6 | Cill Mhantáin | Cill Mhantáin | Léas | Oibríochtúil |
| 80 | EPCS 4 | Ciarraí | Cill Airne | Léas | |
| 81 | EPCS 5 | Loch Garman | Guaire | Léas | Luathphleanáil |
| 82 | EPCS 5 | Cill Chainnigh | Baile Mhic Andáin/Baile Héil | Léas | Á thógáil |
| 83 | EPCS 4 | Corcaigh | Cloich na Coillte | Léas | Á thógáil |
| 84 | EPCS 4 | Corcaigh | Mainistir Fhear Maí | Léas | Luathphleanáil |
| 85 | EPCS 4 | Corcaigh | An Cóbh | Léas | Réamhphleanáil |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 86 | EPCS 8 | An Iarmhí | An Muileann gCearr | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 87 | EPCS 6 | BÁC | Gleann na gCaorach/Dún Laoghaire | Léas | | |
| 88 | EPCS 9 | BÁC | An Halla Bán/Seantrabh | Léas | | |
| 89 | EPCS 7 | Cill Dara | Cill Chuillinn | | | |
| 90 | EPCS 7 | Cill Dara | Cill Dara | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 91 | EPCS 4 | Corcaigh | Béal Átha Fhínín | Cumasc | | |
| 92 | EPCS 1 | Liatroim | Béal an Átha Móir | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 93 | EPCS 5 | Port Láirge | Cathair Phort Láirge (Thoir) | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 94 | EPCS 8 | Lú | Droichead Átha Thuaidh | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 95 | EPCS 4 | Corcaigh | Áth Treasna | Léas | | Á thógáil |
| 96 | EPCS 1 | Sligeach | Tobar an Choire | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 97 | EPCS 2 | Gaillimh | Tuaim | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 98 | EPCS 9 | BÁC | Baile Bhlainséir - Baile an Bhlácaigh / Radharc an Chnocáin | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 99 | EPCS 1 | An Cabhán | Béal Átha Conaill | Faoi úinéireacht FSS | | Faoi lán seoil |
| 100 | EPCS 7 | Cill Dara | Baile Átha Í/Díseart Diarmada | Léas | | Á thógáil |
| 101 | EPCS 5 | Port Láirge | Lios Mór | Léas | | |
| 102 | EPCS 5 | Port Láirge | Cathair Phort Láirge/Cill Chainnigh Theas | Léas | | Réamhphleanáil |
| 103 | EPCS 7 | BÁC | Sráid Shéamais (Pimlico, Na Saoirsí) | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 104 | EPCS 1 | Dún na nGall | Bun an Phobail | | | |
| 105 | EPCS 5 | Ceatharlach | An Ghráig | Léas | | |
| 106 | EPCS 9 | BÁC | An Port Thoir | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 107 | EPCS 6 | BÁC | Sráid Bhagóid/Dumhach Thrá | Léas | | Luathphleanáil |
| 108 | EPCS 6 | BÁC | Seanchill | Léas | | Á thógáil |
| 109 | EPCS 4 | Corcaigh | Carraig Uí Leighin/An Pasáiste | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 110 | EPCS 2 | Gaillimh | Órán Mór | Léas | | Luathphleanáil |
| 111 | EPCS 4 | Corcaigh | Baile an Easpaigh | Léas | | |
| 112 | EPCS 7 | Cill Dara | Cill Choca | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 113 | EPCS 8 | An Iarmhí | An Móta | Léas | | Luathphleanáil |
| 114 | EPCS 1 | Liatroim | Cora Droma Rúisc/Droim Seanbhó | Léas | | Á thógáil |
| 115 | EPCS 7 | BÁC | Baile an Teampaill | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 116 | EPCS 9 | BÁC | Baile an Ásaigh / Bóthar na hUaimhe & An Chabrach Thiar | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 117 | EPCS 5 | Loch Garman | Teach Munna/Baile Uí Choileáin | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 118 | EPCS 4 | Ciarraí | Cill Orglan | | | |
| 119 | EPCS 4 | Ciarraí | Oileán Ciarraí | Léas | | Á thógáil |
| 120 | EPCS 5 | Loch Garman | Ros Láir | Léas | | |
| 121 | EPCS 5 | Cill Chainnigh | Caisleán an Chomair | | | |
| 122 | EPCS 9 | BÁC | Tuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath — Cé na nÓstaí (Margadh na Feirme) | Cumasc | | |
| 123 | EPCS 7 | BÁC | Cnoc Lín/Ráth Fearnáin | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 124 | EPCS 4 | Corcaigh | Baile na mBocht/Montenotte/Cros an Díolúnaigh | Léas | | |
| 125 | EPCS 4 | Ciarraí | Trá Lí | Léas | | Trealmhú |
| 126 | EPCS 1 | Sligeach | Baile Shligigh 2 | Faoi úinéireacht FSS | | Faoi lán seoil |
| 127 | EPCS 8 | An Mhí | An Uaimh, Baile Sheáin | Cumasc | | |
| 128 | EPCS 8 | An Mhí | An Uaimh | Léas | | |
| 129 | EPCS 8 | An Mhí | Ceanannas | Léas | ● | Oibríochtúil |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| 130 | EPCS 3 | Tiobraid Árann | Durlas | Léas | Réamhphleanáil |
| 131 | EPCS 7 | Cill Mhantáin | Bealach Conglais/Dún Luáin | Léas | Á thógáil |
| 132 | EPCS 7 | Cill Mhantáin | Baile Coimín | Léas | Oibríochtúil |
| 133 | EPCS 9 | BÁC Cliath | Cill Easra (Bóthar Bhinn Éadair) | Léas | |
| 134 | EPCS 8 | Laois | Mainistir Laoise/Darú | Léas | |
| 135 | EPCS 9 | BÁC | Sord Theas | Léas | |
| 136 | EPCS 1 | Muineachán | Baile na Lorgan | Léas | |
| 137 | EPCS 5 | Loch Garman | Bun Clóidí | Faoi úinéireacht FSS | |
| 138 | EPCS 1 | Dún na nGall | Baile Dhún na nGall | Léas | Luathphleanáil |
| 139 | EPCS 9 | BÁC | An Chabrach Thoir | Cumasc | |
| 140 | EPCS 9 | BÁC | Millmount/Glas Naíon | Léas | |
| 141 | EPCS 7 | BÁC | Gort an tSrutháin/Fothair Chardain, Tamhlacht | Faoi úinéireacht FSS | |
| 142 | EPCS 3 | Luimneach | Caladh an Treoigh | Léas | Trealmhú |
| 143 | EPCS 4 | Corcaigh | Baile an Chollaigh | Léas | Luathphleanáil |
| 144 | EPCS 7 | BÁC | Ráth Maonais/Ráth Garbh | Léas | |
| 145 | EPCS 7 | Cill Dara | Léim an Bhradáin | Léas | |
| 146 | EPCS 6 | Cill Mhantáin | Na Clocha Liath | Léas | |
| 147 | EPCS 8 | An Iarmhí | Baile Átha Luain | Léas | Oibríochtúil |
| 148 | EPCS 4 | Corcaigh | An Ráth | Léas | Oibríochtúil |
| 149 | EPCS 3 | Luimneach | Caisleán Nua Thiar | Léas | Luathphleanáil |
| 150 | EPCS 7 | Cill Dara | Droichead Nua | Léas | Oibríochtúil |
| 151 | EPCS 4 | Corcaigh | Droichead na Bandan | Léas | Luathphleanáil |
| 152 | EPCS 9 | BÁC | Ongar, Baile Bhlainséir | | |
| 153 | EPCS 5 | Cill Chainnigh | Cathair Chill Chainnigh (newpark merritt) | Léas | Á thógáil |
| 154 | EPCS 4 | Corcaigh | An Linn Dubh/The Glen/Carraig na bhFear | | |
| 155 | EPCS 4 | Corcaigh | Eochaill | Léas | |
| 156 | EPCS 2 | Gaillimh | Gleann na Madadh | Faoi úinéireacht FSS | |
| 157 | EPCS 9 | BÁC | Tuaisceart Chathair Bhaile Átha Cliath – An Trá Thuaidh/An Port Thoir | Faoi úinéireacht FSS | |
| 158 | EPCS 7 | BÁC | Cill an Ardáin/An Seanbhábhún, Tamhlacht | Faoi úinéireacht FSS | |
| 159 | EPCS 9 | BÁC | Port Mearnóg | Léas | Oibríochtúil |
| 160 | EPCS 5 | T. Árann | An Chathair | Léas | Luathphleanáil |
| 161 | EPCS 4 | Corcaigh | Mainistir na Corann | Léas | |
| 162 | EPCS 8 | Lú | Dún Léire, Ceann Chlochair | Faoi úinéireacht FSS | |
| 163 | EPCS 8 | Laois | Baile Mhic Mhaoilir | | |
| 164 | EPCS 9 | BÁC | Fionnghlas Thuaidh & Baile Gall | Faoi úinéireacht FSS | |
| 165 | EPCS 2 | Gaillimh | Áth Cinn | Léas | |
| 166 | EPCS 8 | Laois | Port Laoise | | |
| 167 | EPCS 4 | Corcaigh | Cionn tSáile | Léas | Oibríochtúil |
| 168 | EPCS 1 | Liatroim | Cluainín | Faoi úinéireacht FSS | Oibríochtúil |
| 169 | EPCS 5 | Cill Chainnigh | Achadh Úr/Baile Sheáin | Faoi úinéireacht FSS | |
| 170 | EPCS 5 | Port Láirge | Coill Mhic Thomáisín/Port Lách | Faoi úinéireacht FSS | |
| 171 | EPCS 3 | An Clár | Inis Díomáin | Léas | Réamhphleanáil |
| 172 | EPCS 1 | Dún na nGall | Na Cealla Beaga | | |
| 173 | EPCS 7 | BÁC | Ráth Miontáin, Tamhlacht | Faoi úinéireacht FSS | |
| 174 | EPCS 4 | Corcaigh | Dúglas/Gort Phroinsias/An Ghráinseach | Cónascadh | |
| 175 | EPCS 7 | BÁC | Baile Thír an Iúir/Cros Araild | Léas | |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| 176 | EPCS 4 | Corcaigh | Gleann Maghair/Baile Roisín | Léas | |
| 177 | EPCS 7 | BÁC | Leamhcán-Teach San Eiléan | Léas | |
| 178 | EPCS 7 | BÁC | Arda Leamhcán/Leamhcán na hEascrach | Cónascadh | |
| 179 | EPCS 4 | Corcaigh | Beanntraí | Léas | Á thógáil |
| 180 | EPCS 7 | Cill Dara | Claonadh/Cill Maodhóg | Léas | ● Oibríochtúil |
| 181 | EPCS 7 | BÁC | Sráid Bhríde/Na Saoirsí (Ospidéal na Mí) | Léas | ● Oibríochtúil |
| 182 | EPCS 4 | Corcaigh | Ceann Toirc | Léas | Luathphleanáil |
| 183 | EPCS 3 | Luimneach | Cromadh | Léas | Luathphleanáil |
| 184 | EPCS 3 | Luimneach | An Cheapach Mhór | Léas | Luathphleanáil |
| 185 | EPCS 3 | An Clár | Oirthear an Chláir | | |
| 186 | EPCS 2 | Gaillimh | Baile Locha Riach | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 187 | EPCS 8 | An Mhí | An Bóthar Buí | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 188 | EPCS 9 | BÁC | Domhnach Míde | Cumasc | |
| 189 | EPCS 1 | Muineachán | Béal Átha Beithe | Léas | |
| 190 | EPCS 2 | Gaillimh | An Creagán | Léas | ● Oibríochtúil |
| 191 | EPCS 1 | Dún na nGall | Finn Valley | | |
| 192 | EPCS 3 | Luimneach | An Ghallmhóin (Cnoc Theas) | Faoi úinéireacht FSS | |
| 193 | EPCS 6 | BÁC | Domhnach Broc/Raghnallach | Léas | Luathphleanáil |
| 194 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | Tulach Mhór | Léas | ● Oibríochtúil |
| 195 | EPCS 9 | BÁC | Marino (Fionnradharc) | Léas | |
| 196 | EPCS 8 | An Mhí | Cnoc an Línsigh | Léas | ● Oibríochtúil |
| 197 | EPCS 7 | BÁC | Dún Amhlaoibh/Ráth an Déagánaigh | | |
| 198 | EPCS 3 | Luimneach | An Gleann | | |
| 199 | EPCS 7 | Cill Dara | Máigh Nuad | Léas | |
| 200 | EPCS 8 | An Mhí | Ráth Tó | | |
| 201 | EPCS 2 | Gaillimh | Cnoc na Cathrach/Bóthar na Trá | | Luathphleanáil |
| 202 | EPCS 8 | Laois | An Sráidbhaile | | |
| 203 | EPCS 4 | Corcaigh | Sráid an Mhuilinn | Léas | |
| 204 | EPCS 3 | An Clár | Sionainn | | |
| 205 | EPCS 8 | An Mhí | Baile Átha Buí | Léas | |
| 206 | EPCS 2 | Gaillimh | Uachtar Ard | | |
| 207 | EPCS 2 | Gaillimh | An Caisleán Gearr/Baile an Phoill | | |
| 208 | EPCS 2 | Gaillimh | Seantalamh/Lár na Cathrach | Faoi úinéireacht FSS | |
| 209 | EPCS 7 | BÁC | Sruth an Mhuilinn, Tamhlacht | Faoi úinéireacht FSS | |
| 210 | EPCS 2 | Ros Comáin | An Caisleán Riabhach | Léas | ● Oibríochtúil |
| 211 | EPCS 8 | An Longfort | An Longfort | Léas | ● Oibríochtúil |
| 212 | EPCS 2 | Maigh Eo | Acaill | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 213 | EPCS 2 | Gaillimh | Oileáin Árann | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 214 | EPCS 7 | BÁC | Naomh Éanna/Ráth Fearnáin | Cumasc | |
| 215 | EPCS 4 | Corcaigh | Carraig Thuathail | Léas | Trealmhú |
| 216 | EPCS 9 | BÁC | Cill Fhionntain | Léas | |
| 217 | EPCS 9 | BÁC | Cionn Sáile | | |
| 218 | EPCS 9 | BÁC | Caisleán Cnucha | Faoi úinéireacht FSS | |
| 219 | EPCS 6 | BÁC | An Baile Breac/Baile Uí Lachnáin | | Luathphleanáil |
| 220 | EPCS 1 | Sligeach | Lár Shligigh | | |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 221 | EPCS 4 | Corcaigh | Cill na Mallach | Cumasc | | |
| 222 | EPCS 9 | BÁC | Baile Dúill/Cluain Ghrífín | Léas | | |
| 223 | EPCS 8 | An Iarmhí | Cill Bheagáin | Léas | | Luathphleanáil |
| 224 | EPCS 7 | BÁC | An Tílíneach, Teach Mealóg/Tír an Iúir Thiar | Cumasc | | |
| 225 | EPCS 7 | BÁC | Teach na Giúise, Tamhlacht | | | |
| 226 | EPCS 1 | Muineachán | Cluain Eois | Léas | | Luathphleanáil |
| 227 | EPCS 3 | Luimneach | Cill Mocheallóg | Léas | | Á thógáil |
| 228 | EPCS 3 | Luimneach | Ráth Caola | | | |
| 229 | EPCS 2 | Ros Comáin | Bealach an Doirín | Léas | | Luathphleanáil |
| 230 | EPCS 2 | Gaillimh | An Spidéal | | | |
| 231 | EPCS 2 | Gaillimh | Dún an Uchta | | | |
| 232 | EPCS 3 | Luimneach | Baile Uí Neachtain | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 233 | EPCS 9 | BÁC | An Barda | | | |
| 234 | EPCS 6 | Cill Mhantáin | Bré | Léas | | Á thógáil |
| 235 | EPCS 8 | Lú | Baile an Ghearlánaigh | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 236 | EPCS 1 | An Cabhán | Coill an Chollaigh | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 237 | EPCS 9 | BÁC | Cill Bharróg | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 238 | EPCS 3 | Luimneach | Baile Choimín (An Ráithín) | Léas | | Luathphleanáil |
| 239 | EPCS 9 | BÁC | Na Sceirí | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 240 | EPCS 5 | Corcaigh | An Cloichín | | | |
| 241 | EPCS 9 | BÁC | Sord Thuaidh | Cumasc | | |
| 242 | EPCS 2 | Ros Comáin | Mainistir na Búille | CPP | ● | Oibríochtúil |
| 243 | EPCS 3 | T. Árann | An Teampall Mór | | | |
| 244 | EPCS 2 | Gaillimh | Baile Chláir | | | |
| 245 | EPCS 2 | Gaillimh | Baile Átha an Rí | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 246 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | Beannchar/Cill Chormaic | Léas | | Luathphleanáil |
| 247 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | Muine Gall/Suí an Róin | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 248 | EPCS 1 | Dún na nGall | Fánaid/Ros Goill | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 249 | EPCS 8 | Lú | Dún Dealgan Uimh. 1 | Cumasc | | |
| 250 | EPCS 3 | Luimneach | Mainistir na Féile | Léas | | |
| 251 | EPCS 2 | Maigh Eo | Béal Átha na Muice | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 252 | EPCS 1 | An Cabhán | Baile an Chabháin Uimh. 2 | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 253 | EPCS 2 | Gaillimh | An Clochán | | | |
| 254 | EPCS 9 | BÁC | Mullach Íde | Cumasc | | |
| 255 | EPCS 6 | BÁC | Stigh Lorgan/Carraig an tSionnaigh | Léas | | |
| 256 | EPCS 3 | Luimneach | Cathair Luimnigh (Caisleán — Tuamhain, Bóthar Inse) | Léas | | Luathphleanáil |
| 257 | EPCS 7 | Cill Dara | Cill Droichid | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 258 | EPCS 6 | BÁC | Baile an tSaoir | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 259 | EPCS 4 | Corcaigh | An Bhlarna | Léas | | Luathphleanáil |
| 260 | EPCS 4 | Corcaigh | Caisleán Ó Liatháin | Cumasc | | |
| 261 | EPCS 8 | An Mhí | Damhliag | Faoi úinéireacht FSS | | |
| 262 | EPCS 9 | BÁC | An Seanbhaile | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 263 | EPCS 2 | Gaillimh | Mainistir Chnoc Muaidhe | | | |
| 264 | EPCS 3 | T. Árann | Ros Cré | Léas | | Luathphleanáil |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| 265 | EPCS 3 | An Clár | Cill Rois | | |
| 266 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | An Féar Bán | | |
| 267 | EPCS 3 | Luimneach | Drom Collachair | | |
| 268 | EPCS 7 | BÁC | Baile Formaid/Gort na Sílíní | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 269 | EPCS 9 | BÁC | Cluain Trabh | | |
| 270 | EPCS 9 | BÁC | Plásóg na Rós, Baile Bhlainséir | Faoi úinéireacht FSS | |
| 271 | EPCS 9 | BÁC | Mullach Eadrad | Cumasc | |
| 272 | EPCS 9 | BÁC | Baile Munna | Léasanna Airgeadais | ● Oibríochtúil |
| 273 | EPCS 6 | BÁC | An Charraig Dhubh/Baile na Manach/Frascati/Dún Carúin | | |
| 274 | EPCS 3 | Luimneach | Baile an Londraigh | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 275 | EPCS 2 | Maigh Eo | Baile Chathail | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 276 | EPCS 4 | Ciarraí | Baile Uí Thaidhg | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 277 | EPCS 8 | Lú | Baile Átha Fhirdhia | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 278 | EPCS 1 | Dún na nGall | Na Gleannta | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 279 | EPCS 1 | An Cabhán | Achadh an Iúir | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 280 | EPCS 6 | BÁC | Cill Iníon Léinín | Cumasc | |
| 281 | EPCS 6 | BÁC | Cabán tSíle/Gráinseach an Déin/Cúirt Choirnéil | Léas | |
| 282 | EPCS 9 | BÁC | Lusca | Faoi úinéireacht FSS | |
| 283 | EPCS 9 | BÁC | Domhnach Bat | | |
| 284 | EPCS 9 | BÁC | An Ros | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 285 | EPCS 3 | T. Árann | Buiríos Uí Chéin | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 286 | EPCS 3 | An Clár | Baile Uí Bheacháin | | |
| 287 | EPCS 9 | BÁC | Baile an Hartaigh/Baile an Huntaigh | | |
| 288 | EPCS 2 | Maigh Eo | Béal an Átha | Léas | ● Oibríochtúil |
| 289 | EPCS 1 | Sligeach | Sligeach Thiar | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 290 | EPCS 2 | Ros Comáin | Béal na mBuillí | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 291 | EPCS 7 | BÁC | Lána Mharc/Sráid an Phiarsaigh | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| 292 | EPCS 3 | T. Árann | An tAonach | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 293 | EPCS 3 | Luimneach | An tOspidéal | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 294 | EPCS 3 | Luimneach | Cathair Luimnigh (Abbey St Mary's — Oileán an Rí) | Léas | ● Oibríochtúil |
| 295 | EPCS 5 | Port Láirge | Cathair Phort Láirge (Thoir) | Léas | ● Oibríochtúil |
| 296 | EPCS 7 | Cill Dara | Doire an tSoirn | Cumasc | |
| 297 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | Clóirtheach | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 298 | EPCS 2 | Gaillimh | Béal Átha na Sluaighe | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 299 | EPCS 4 | Corcaigh | Ros Ó gCairbre | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |
| 300 | EPCS 5 | Loch Garman | Guaire (Ascaill) | Léas | ● Oibríochtúil |
| 301 | EPCS 5 | Loch Garman | Guaire (Teach Chonail) | Léas | ● Oibríochtúil |
| 302 | EPCS 1 | Sligeach | Baile Shligigh | Seirbhís seachadta cheana féin | ● Oibríochtúil |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 303 | EPCS 4 | Corcaigh | Baile Mhistéalaigh | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 304 | EPCS 4 | Ciarraí | Ciarraí Thiar | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 305 | EPCS 4 | Corcaigh | Dún Mánmhaí Drom Dhá Liag | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 306 | EPCS 5 | Ceatharlach | Muine Bheag/Leithghlinn an Droichid/Míseal | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 307 | EPCS 1 | An Cabhán | Muinchille | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 308 | EPCS 1 | Dún na nGall | Leitir Ceanainn | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 309 | EPCS 8 | Laois | Móinteach Mílic/Cluain na Slí | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 310 | EPCS 7 | BÁC | Inse Chór | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 311 | EPCS 1 | An Cabhán | Dún an Rí | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 312 | EPCS 1 | An Cabhán | Baile an Cabháin | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 313 | EPCS 8 | An Iarmhí | Cionn Átha Gad | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 314 | EPCS 5 | T. Árann | Caiseal | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 315 | EPCS 8 | Uíbh Fhailí | An Daingean | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 316 | EPCS 3 | Luimneach | Cathair Luimnigh (Westbury, Co. an Chláir) | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 317 | EPCS 8 | An Mhí | Dún Búinne | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 318 | EPCS 2 | Gaillimh | Maigh Cuilinn | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúill[b] |
| 319 | EPCS 4 | Corcaigh | An Sciobairín | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 320 | EPCS 4 | Corcaigh | Carn Uí Néid/An Scoil | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 321 | EPCS 4 | Corcaigh | Maigh Chromtha | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 322 | EPCS 4 | Ciarraí | Neidín/An tSnaidhm | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 323 | EPCS 2 | Ros Comáin | Fearann na Manach/Ros Comáin Theas | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 324 | EPCS 4 | Corcaigh | An Dúcharraig/Machain | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 325 | EPCS 2 | Gaillimh | Cathair na Gaillimhe Thoir/An Baile Bán | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 326 | EPCS 7 | BÁC | An Baile Gaelach | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 327 | EPCS 5 | Cill Chainnigh | Bán an Aeir | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 328 | EPCS 4 | Corcaigh | Mala | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 329 | EPCS 5 | Cill Chainnigh | Callainn | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 330 | EPCS 5 | Port Láirge | An Trá Mhór | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 331 | EPCS 8 | Lú | Cairlinn | Faoi úinéireacht FSS | ● | Oibríochtúil |
| 332 | EPCS 6 | Cill Mhantáin | Baile an Chinnéidigh | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 333 | EPCS 8 | Laois | Cúil an tSúdaire | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 334 | EPCS 2 | Ros Comáin | Ros Comáin | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 335 | EPCS 8 | An Mhí | Baile Átha Troim | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 336 | EPCS 6 | BÁC | Baile Amhlaoibh/Baile an Mhuilinn | Seirbhís seachadta cheana féin | ● | Oibríochtúil |
| 337 | EPCS 6 | BÁC | Baile Uí Ógáin/Baile na Lobhar | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 338 | EPCS 7 | Cill Dara | An Nás | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 339 | EPCS 8 | An Mhí | Dún Seachlainn | Léas | ● | Oibríochtúil |
| 340 | EPCS 8 | An Mhí | Cill Dhealgáin | Léas | ● | Oibríochtúil |
| | EPCS 1 | Liatroim | Maothail | | | |
| | EPCS 3 | Luimneach | Luimneach – Ospidéal | | | |
| | EPCS 8 | An Longfort | Gránard | Léas | | |

| Rangú tosaíochta | EPCS | Contae | Láthair nó ainm(neacha) ICP | Modhanna seachadta | Stádas amhail Márta 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | EPCS 1 | Sligeach | Cúil Mhuine | | |
| | EPCS 3 | T. Árann | An tAonach | | |
| | EPCS 2 | Gaillimh | Inis Bó Finne | Faoi úinéireacht FSS | Faoi lán seoil |
| | EPCS 2 | Gaillimh | Inis Oirr | Faoi úinéireacht FSS | ● Oibríochtúil |
| | EPCS 5 | Loch Garman | Fearna | Léas | |
| | EPCS 6 | BÁC | Coill na Sílíní | Léas | |
| | EPCS 2 | Gaillimh | Maigh Cuilinn | Léas | Luathphleanáil[b] |
| | EPCS 7 | BÁC | Ráth Fearnáin | Léasa ghearrthéarma | Diúscartha[c] |

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:
a Rinneadh forbairtí beartaithe sa Chúlóg Thuaidh agus sa Chúlóg Theas a chumasc agus cuireadh ar aghaidh iad mar shaoráid aonair.
b Bhí Maigh Cuilinn rangaithe faoi dhó i dtuarascáil stádais R1 2019 — tá ionad idirthréimhseach oibríochtúil, agus tá ionad nua á bhforbairt faoi láthair faoi aontú léasa agus tá sé ag céim na luathphleanála anois.
c Áirítear Ráth Fearnáin mar ionad oibríochtúil i dtuarascáil stádais R1 2019 ach rinneadh é a dhiúscairt i mí Lúnasa 2018.

## Iarscríbhinn 15D Conradh na nIonad Cúram Príomhúil CPP

### Fíor 15D.1 Conradh na nIonad Cúram Príomhúil CPP — Príomhthréithe

| |
|---|
| Páirtithe atá páirteach sa Chomhaontú — Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Gníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais agus an chuideachta ón earnáil phríobháideach (an chuideachta CPP). |
| Beartán de 14 ionad cúram príomhúil nua le soláthar ar 14 suíomh. |
| An chuideachta CPP leis na hionaid chúraim phríomhúil a dhearadh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil. |
| Raon na seirbhísí bainistíochta saoráidí — bainistiú conartha, deasc chabhrach, bainistiú agus cothabháil an fhoirgnimh, srianadh lotnaidí, glantachán, bainistiú agus cothabháil tailte, slándáil, agus obair póirtéireachta (bainteach leis an bhfoirgneamh). |
| Téarma an aontaithe — 25 bliain ó dháta tosaithe seirbhíse an chéad ionaid chúraim phríomhúil - Samhain 2017 go Samhain 2042. |
| Táille aonadach míosúil a íoc leis an gcuideachta CPP thar tréimhse an aontaithe. |
| Ioncam uile a fhaightear go díreach nó go hindíreach maidir leis an ICP a chur ar fáil lena úsáid ag tríú páirtí, ní mór é a chomhroinnt 50:50 idir FSS agus an chuideachta CPP. |
| Tugtar ceadúnas don chuideachta CPP i ndáil le gach suíomh ICP le linn thréimhse an aontaithe. |
| Nuair a rachaidh an t-aontú in éag, is ceart na sócmhainní a thabhairt ar ais don FSS agus an bhail chéanna orthu a bhí orthu nuair a cuireadh tús leis an tseirbhís. |
| Déanfaidh an chuideachta CPP tástáil/thagarmharcáil margaidh ag céimeanna comhaontaithe le linn an aontaithe chun cáilíocht, costas agus iomaíochas 'seirbhísí intástála' a chinneadh i gcoinne costais mhargaidh inchomparáide.[a] Féadfaidh go ndéanfaí coigeartuithe ar an táille aonadach mar thoradh air sin. |

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Nóta: a Sa chonradh, sainmhínítear seirbhísí intástála mar chothabháil tailte, obair póirtéireachta, glantachán agus dí-éiliú comhshaoil, soláthar slándála agus srianadh lotnaidí.

# 16 Cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí a sholáthar

**16.1** Bainistíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn) roinnt cláir chistithe atá dírithe ar, i measc rudaí eile, tacaíocht airgeadais a sholáthar i dtreo costais luathfhoghlama agus chúraim leanaí; a chinntiú nach gcuireann teacht ar sheirbhísí inacmhainne luathfhoghlama agus cúraim leanaí srian ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair; torthaí dearfacha a chur chun cinn do leanaí; an bhearna ghnóthachtála a dhúnadh idir leanaí a bhfuil buntáiste níos mó agus buntáiste níos lú acu; cáilíocht a bhrú chun chun tosaigh trasna na hearnála luathfhoghlama agus cúraim leanaí; agus cur le laghdú na bochtaineachta.

**16.2** Is iad príomhchláir chistithe[1] luathfhoghlama agus cúraim leanaí[2] na Roinne

- ***Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLÓ)*** — clár uilíoch, a tugadh isteach in 2010, a bhfuil de chuspóir aige a gcéad eispéireas foirmiúil ar an luathfhoghlaim a thabhairt do leanaí sula gcuireann siad tús leis an mbunscoil.
- ***An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal (an FCLP),*** agus ***an Fóirdheontas Cúraim Leanaí uilíoch sa Phobal (an FUCLP)*** — tacaíonn an FCLP agus an FUCLP uilíoch le tuismitheoirí tríd an gcostas éifeachtach atá ar sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí a laghdú. Tugadh an FCLP agus an FUCLP isteach in 2010 agus 2017, faoi seach.
- ***Cúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht (CLOF)*** — tacaíonn seo le tuismitheoirí atá ag tabhairt faoi chúrsaí incháilithe oiliúna agus oideachais nó atá i bhfostaíocht incháilithe trí fhóirdheontas a dhéanann táillí a ghearrann seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí a sheach-chur. Áirítear leis an gclár trí shnáithe a tugadh isteach ag céimeanna éagsúla ó 2010 go 2014.

**16.3** Tháinig méadú ar an gcaiteachas a d'íoc an Roinn amach ar na cláir seo aníos ó €228 milliún in 2014 go dtí €410 milliún in 2018 (féach ar Fhíor 16.1).

**Fíor 16.1 Caiteachas ar chláir luathbhlianta, ó 2014 go 2018**




Foinse: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Nóta: a I gcás COLÓ, ní áirítear leis na figiúirí costais riaracháin, íocaíochtaí agus caiteachas ar thacaíocht cláir faoin tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (costais tairbhí agus riaracháin). Áirítear leis na figiúirí caiteachais don FCLP agus CLOF gach snáithe de na cláir siúd, ach ní áirítear leo costais riaracháin, costais forbartha tionscadail agus costais chaiteachais ar cháilíocht.

1 Déantar cur síos níos iomláine ar na scéimeanna éagsúla a chur ar fáil i bhFíor 16.2 (lastall).

2 Sa tuarascáil seo, tagraíonn an téarma luathfhoghlaim agus cúram leanaí do COLÓ, an FCLP agus CLOF.

## Fíor 16.2 Príomhchláir luathfhoghlama agus chúralm leanaí a bhainistíonn an Roinn

**Cúram agus Oideachas Luath-Óige (COLÓ)**

- Is é COLÓ an clár is mó de na cláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí. Tá de chuspóir aige a gcéad eispéireas foirmiúil ar an luathfhoghlaim a thabhairt do leanaí sula gcuireann siad tús leis an mbunscoil. Clár uilíoch is ea é, atá ar fáil saor in aisce do gach leanbh ó aois dhá bhliain agus ocht mí. Soláthraítear an clár ar feadh trí huaire an chloig sa lá, cúig lá sa tseachtain, agus bíonn sé ar siúl thar 38 seachtain ó Mheán Fómhair go Meitheamh. Ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh, bíonn leanaí incháilithe chun bheith rannpháirteach sa chlár ar feadh dhá bhliain.
- Conraitheoirí príobháideacha iad thart ar thrí cheathrú de na soláthraithe seirbhíse ar tugadh conradh dóibh chun clár COLÓ a sholáthar, agus soláthraithe pobalbhunaithe neamhbhrabúsacha iad is ea an fuílleach. Caithfidh soláthraithe atá ar conradh chun clár COLÓ a sholáthar clár cuí oideachais réamhscoile a sholáthar a chloíonn leis na creataí cleachtais náisiúnta (Síolta agus Aistear). Riachtanas conarthach i ngach clár luathfhoghlama agus cúraom leanaí is ea cloí leis na creataí cleachtais náisiúnta.
- Samhail leanbhlárnach de thacaíochtaí céimnitheacha atá sa tSamhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM) atá deartha chun a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas teacht a bheith acu ar chlár COLÓ. Is é príomhsprioc AIM chun soláthraithe a chumasú chun eispéireas cuimsitheach réamhscoile a sholáthar, a chinntíonn gur féidir le gach leanbh incháilithe páirt a ghlacadh i gclár COLÓ.

**An Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal (an FCLP)**

- Cuireann clár spriocdhírithe an FCLP agus a leagan uilíoch (an FUCLP) fóirdheontais sheachtainiúla ar fáil chun táillí a sheach-chur a ghearrann seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí.
- Tá an FUCLP ar fáil do leanaí ó 6 mhí d'aois ar aghaidh go dtí an chéad phointe incháilithe iontrála ar chlár COLÓ. Faoin FUCLP, is é an fóirdheontas uasta a sholáthraítear in aghaidh an linbh €20 sa tseachtain.
- Tá an FCLP ar oscailt do leanaí faoi 15 bliana d'aois agus tá sé ar fáil do theaghlaigh a bhfuil cárta leighis acu nó a bhfuil sochair leasa shóisialaigh á bhfáil acu. Faoin FCLP, cuirtear fóirdheontas uasta €145 sa tseachtain ar fáil. Cruthaíodh síneadh leis an bpríomhchlár — an Fóirdheontas Cúraim Leanaí sa Phobal Plus (an FCLP Plus) — i bhFeabhra 2016 a chuireann soláthraithe cúraim leanaí príobháideacha san áireamh.[a]
- Chun fáil a bheith agat ar scéimeanna an FUCLP nó an FCLP, ní féidir leanaí a chlárú i gcomhthráth ar aon cheann de chláir chistithe agus scéimeanna luathfhoghlama agus cúram leanaí eile na Roinne.
- Tá leaganacha éagsúla ann de scéim an FCLP atá dírithe ar leanaí i gcatagóirí ar leith e.g. dídeanaithe (an FCLPA) agus leanaí gan dídean (an FCLPA(I)).[b]

**Cúram Leanaí um Oiliúint agus Fostaíocht (CLOF)**

- Cuireann an clár CLOF cistiú ar fáil do luathfhoghlaim agus cúram leanaí chun tacú le tuismitheoirí atá rannpháirteach i gcúrsaí oiliúna incháilithe agus i gcatagóirí áirithe tuismitheoirí a fhilleann ar an obair. Tá roinnt snáitheanna ann sa chlár CLOF.
- Faoin scéim Cúraim Leanaí um Thacaíocht Oideachais agus Oiliúna (CLTOO), déantar seirbhísí a chonrú chun áiteanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí a sholáthar d'oiliúnaithe nó mic léinn cáilitheacha de chuid Solas nó bhord oideachais agus oiliúna, d'fhad a gcúrsa.
- Tá an scéim Cúraim Leanaí Iarscoile (CLIS) in ainm is tacú le daoine a bhfuil ísealioncam acu agus atá dífhostaithe chun glacadh le post, a laethanta fostaíochta a mhéadú nó glacadh le háit ar chlár fostaíochta na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (gan fostaíocht pobail a áireamh). Déanann an scéim Cúraim Leanaí um Fhostaíocht Phobail (CLFP) an costas a bhíonn ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí a fhóirdheonú do leanaí a bhfuil a dtuismitheoirí ag glacadh páirte i scéim fostaíochta pobail.[c]

Foinse: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Nótaí:
a Roimh Fheabhra 2016, ní raibh fáil ar an FCLP ach trí sheirbhísí cúram leanaí pobail.
b Is féidir le dídeanaithe fóirdheontas a éileamh lena chur ar a gcumas cúram leanaí a fháil fad a fhreastalaíonn siad ar chúrsa teanga nó treoshuímh. Is féidir le teaghlaigh gan dídean teacht ar chúram leanaí saor in aisce do leanaí cúig bliana d'aois agus níos óige agus do leanaí idir sé agus dhá bhliain déag d'aois, i rith saoirí scoile amháin.
c Tagraíonn an CLFP(RS) do chúram réamhscoile agus tagraíonn an CLFP(IS) do chúram iarscoile.

**16.4** Tá an Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta, a dtagraítear go foirmiúil di mar an Scéim Cúraim Leanaí Inacmhainne, le seoladh i nDeireadh Fómhair 2019. Seachas clár COLÓ, cuirfear an scéim nua in ionad na gclár cistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí eile go léir.[1]

**16.5** Bainistíonn an Roinn clár bliantúil caipitil do luathfhoghlaim agus cúram leanaí, a riarann Pobal. Luaigh an Roinn go n-úsáideann sí próiseas fianaisebhunaithe chun eolas a chur ar fáil do thosaíochtaí bliantúla cistithe faoin gclár. Le blianta beaga anuas, díríodh ar an líon áiteanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí a mhéadú, ar chothabháil agus uasghrádú bunriachtanach, agus feabhas a chur ar limistéir shúgartha lasmuigh.

**16.6** Sholáthair an Roinn cistiú caipitil idir €3.3 milliún agus €11.2 milliún sa bhliain idir 2014 agus 2018 do sholáthraithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí.

**16.7** Tharmlig an Roinn freagracht as cláir a riar, comhlíonadh ina measc, chuig Pobal. In 2018, d’íoc an Roinn €7.9 milliún le Pobal don tseirbhís sin.

**16.8** Thug Pobal an tArdán um Chur i bhFeidhm Clár isteach[2] in 2014. Is córas ar líne TFC é seo a éascaíonn bainistíocht agus riar na gclár. Áirítear lena fheidhmiúlacht a chur ar chumas soláthraithe seirbhíse chun eolas a nuashonrú maidir le leanaí ina seirbhísí, i measc na gclár éagsúil cistithe.

**16.9** Cheap an Roinn Pobal mar riarthóir scéime don Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta, atá le tosú i nDeireadh Fómhair 2019, faoi mar a fhoráiltear faoin Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018.

## Cuspóirí an scrúdaithe

**16.10** Déanann an scrúdú seo athbhreithniú ar an méid seo a leanas

- an mhaoirseacht a dhéanann an Roinn ar chláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí a riar Pobal ó 2015 go 2018
- na rialuithe atá i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil íocaíochtaí cuí agus go mbaineann cáilíocht na foghlama agus an chúraim agus na foirne agus na saoráidí cúraim leanaí caighdeán inghlactha amach
- an mheastóireacht a dhéanann an Roinn ar éifeachtacht cláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí.

## An mhaoirseacht a dhéanann an Roinn ar Pobal

**16.11** Cuideachta neamhbhrabúsach faoi theorainn ráthaíochta agus nach bhfuil aon scairchaipiteal aici atá i gceist le Pobal. Bunaíodh é sa bhliain 1992 mar Area Development Management Ltd., cuideachta idirghabhálaí a d’oibrigh thar ceann rialtas na hÉireann agus an AE chun tacú le forbairt shóisialta agus gheilleagrach laistigh d’Éirinn. In 2005, tháinig athrú ar ainm na cuideachta go dtí Pobal.

**16.12** Oibríonn Pobal faoi choimirce na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, agus tá príomhról maoirseachta ag an Roinn sin maidir leis an eagraíocht. Ceapann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail baill den bhord. Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar ráitis airgeadais Pobal.

1 Cuirfear deireadh le roinnt gnéithe den FCLP ar feadh bhliain chláir 2019/2020. Leanfar ar aghaidh le gnéithe eile den FCLP (e.g. an FUCLP, an FCLPA(I)) agus CLOF go dtí ar a laghad deireadh bhliain chláir 2019/2020.

2 Áirítear le feidhmeanna an Ardáin um Chur i bhFeidhm Clár clárúcháin, íocaíochtaí agus cumarsáid idir Pobal agus soláthraithe seirbhíse. Táthar le tús a chur le córas nua a chur in ionad an ardáin níos déanaí i mbliana. Úsáidfear an córas nua i dtosach don Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta agus cuirfear deireadh le gach clár agus scéim eile nó déanfar iad a aistriú níos déanaí.

**16.13** Tá ról Pobal tagtha chun cinn le himeacht na mblianta agus cuireann sé seirbhísí bainistíochta agus tacaíochta ar fáil anois maidir le 25 clár. Riarann sé cláir thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, na Roinne Sláinte/FSS agus roinnt comhlachtaí de chuid an AE. In 2018, thaibhigh Pobal caiteachas iomlán €730 milliún, íocaíochtaí €700 milliún, ar an iomlán, ina measc siúd le tríú páirtithe.

**16.14** Déanann an Roinn Pobal a threorú agus a mhaoirsiú agus riarann Pobal cláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí na Roinne. Tá an leibhéal freagrachta a rinneadh a tharmligean chuig Pobal dulta i méid le himeacht na mblianta.

- Rinne an Roinn freagracht a tharmligean don fheidhm chomhlíonta maidir lena gcláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí do Pobal in 2010.
- In 2014, i ndiaidh gur tugadh an tArdán um Chur i bhFeidhm Clár isteach, rinne an Roinn freagracht a tharmligean as clárúcháin COLÓ, an FCLP agus CLOF chuig Pobal.
- In 2016, rinne an Roinn freagracht a tharmligean as feidhmeanna riaracháin chuig gach ceann de na cláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí do Pobal.
- In 2018, rinne an Roinn iarratais ar chaipitíocht níos airde[1] a bhainistiú faoi chlár COLÓ a tharmligean chuig Pobal.

**16.15** Déantar na feidhmeanna riaracháin agus comhlíonta a scaradh óna chéile laistigh de Pobal agus oibrítear go neamhspleách ar a chéile iad. Mar thoradh ar mholadh ó aonad iniúchóireachta inmheánaí na Roinne gur cheart do sholáthar foirne na feidhme comhlíonta a bheith neamhspleách, bunaíodh rannóg nua Iniúchóireachta Comhlíonta agus Riosca laistigh de Pobal in 2015 chun ceannas a ghlacadh ar an bhfeidhm chomhlíonta. Luaigh Pobal go roinntear faisnéis ábhartha faoi de réir mar is gá idir a rannóg Iniúchóireachta Comhlíonta agus Riosca agus a rannóg Oibríochtaí Luathbhlianta maidir le saincheisteanna ábhartha neamhchomhlíonta a dhéanann difear do sheirbhísí.

**16.16** Tá réimse freagrachtaí ar Pobal faoi láthair, conraitheoireacht soláthraithe seirbhíse faofa a riar thar ceann na Roinne, clárúcháin linbh a riar, íocaíochtaí caipitíochta a phróiseáil agus tabhairt faoi sheiceálacha comhlíonta ar an láthair ina measc.

**16.17** Luaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige go ndearnadh creataí maoirseachta, rialachais agus tuairiscithe a neartú go leanúnach idir an Roinn agus Pobal, ar aon dul le tarmligean méadaithe freagrachta do Pobal agus an leibhéal méadaitheach d'infheistíocht Stáit san earnáil. Luaigh an Roinn go bhfuil an méid seo a leanas, go príomha, sa chreat reatha rialachais faoi láthair

- comhaontú seirbhíse le téarmaí an chaidrimh fhoriomláin a leagan síos idir an dá eagraíocht
- cláir oibre, ina sonraítear na haschuir agus na garspriocanna bliantúla atá le soláthar ag Pobal
- tairiscintí seirbhíse agus comhaontuithe soláthair feidhmíochta maidir le cláir aonair
- cruinnithe oibríochtúla idir an dá eagraíocht
- creat tuairiscithe comhaontaithe, agus sraith príomhtháscairí feidhmíochta, atá le forbairt i gcaitheamh 2019
- tuarascálacha feidhmíochta ráithiúla.

1 Tá rátaí caipitíochta níos airde ar fáil do sholáthraithe faoi chlár COLÓ, áit ar bhain ceannaire seomra leibhéal forordaithe de cháilíocht ábhartha amach.

### *Comhaontú seirbhíse*

**16.18** Tá an caidreamh idir an Roinn agus Pobal á rialáil ag comhaontú seirbhíse (CS) uileghabhálach a nuashonraítear go tréimhsiúil. Áirítear leis an CS roinnt aguisíní, a ndéantar comhaontú ar thrí cinn díobh gach bliain (clár oibre, tairiscint costais seirbhíse, tairiscint na seirbhíse comhlíonta). Leagtar amach príomhghnéithe an CS reatha agus na comhaontuithe bliantúla don bhliain 2018 in Iarscríbhinn 16A.

**16.19** Is féidir an achoimre seo a leanas a thabhairt ar na socruithe maoirseachta le blianta beaga anuas

- Bhí CS bunúsach i bhfeidhm idir 2011 agus 2013.
- Ní raibh aon CS sínithe i bhfeidhm ó 2013 go 2015. Chuir an Roinn an fhoireann scrúdaithe ar an eolas, áfach, gur lean Pobal le seirbhísí a sholáthar i rith na tréimhse sin, de réir riachtanais agus shonraíochtaí na Roinne.
- Bhí CS bliana i bhfeidhm i gcaitheamh 2016.
- Forbraíodh an CS reatha i dtosach chun an tréimhse a chumhdach ó 2017 go 2020 ach cuireadh síneadh leis le déanaí go dtí 2022. Luaigh an Roinn go raibh síneadh an CS ar aon dul leis an gcinneadh chun Pobal a cheapadh mar riarthóir na scéime don Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta agus an comhaontú soláthair feidhmíochta gaolmhar, a bheidh i bhfeidhm go dtí deireadh 2022.

**16.20** Baineann bunriachtanas le socruithe leordhóthanacha maoirseachta agus cuntasachta faoi chúinsí ina ndéanann roinn freagracht a tharmligean as clár a sholáthar chuig aonán seachtrach. Leagtar amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* 2016 príomhghnéithe comhaontú éifeachtach soláthair feidhmíochta.[1]

**16.21** Déantar measúnú i bhFíor 16.3 ar an CS idir an Roinn agus Pobal in aghaidh na riachtanas dea-chleachtais do chomhaontuithe soláthair feidhmíochta a leagtar amach sa Chód.

**Fíor 16.3 Measúnú ar chomhaontú seirbhíse agus aguisíní tacaíochta**

| Príomhghnéithe | Measúnú |
|---|---|
| Spriocanna agus cuspóirí ardleibhéil | ● (Páirt de i bhfeidhm) |
| Na príomhchláir ghníomhaíochta do gach clár caiteachais ar leith | ● (I bhfeidhm) |
| Príomh-aschuir a shonraítear i dtéarmaí cainníochtúla intomhaiste | ● (Páirt de i bhfeidhm) |
| Spriocanna bliantúla agus ilbhliantúla a chuimsiú do na haschuir siúd a bhfuil garspriocanna soiléire acu le soláthar | ● (Páirt de i bhfeidhm) |
| Costas soláthair gach cláir — acmhainní airgeadais agus daonna | ● (I bhfeidhm) |
| An próiseas chun athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar an gcomhaontú feidhmíochta | ● (Páirt de i bhfeidhm) |

Foinse: An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Eochair:
- ● I bhfeidhm
- ● Páirt de i bhfeidhm
- ● Níl sé i bhfeidhm faoi láthair

1 Forordaítear sna gnéithe a leagtar amach sa Chód socruithe idir ranna agus comhlachtaí Stáit faoina gcoimirce. Feidhmíonn na príomhphrionsabail mar thagarmharc áisiúil i leith dea-chleachtais nuair a bhíonn na socruithe siúd á bhforbairt agus á n-oibriú.

**16.22** Tá easnaimh i roinnt réimsí den CS reatha idir an Roinn agus Pobal.

- Ní shonraítear sa CS cuspóirí cainníochtaithe ná inchainníochtaithe ná bearta leordhóthanacha a d'éascódh le measúnú a dhéanamh ar a mhéid a baineadh an cuspóir ardleibhéil amach.[1]
- Sonraítear sa chlár oibre próisis agus tascanna ardleibhéil atá le soláthar ag Pobal ach, i bhformhór na gcásanna, níl spriocanna cainníochtaithe aschuir leagtha amach. Luaigh an Roinn go bhfuil sí ag oibriú faoi láthair le Pobal chun sraith príomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt chun tacaíocht bhreise a thabhairt don mhonatóireacht leanúnach atá á déanamh ar phríomhaschur Pobal.
- Luaitear sa *Chód Cleachtais* gur cheart go ndéanfaí athbhreithnithe criticiúla tréimhsiúla ar chomhaontuithe soláthair feidhmíochta. Cé gur tugadh le fios i gclár oibre 2018 go dtitfeadh athbhreithniú ar an CS amach i rith ráithe dheiridh na bliana, níor thit aon athbhreithniú amach in 2018. Luaigh an Roinn go bhfuil socruithe déanta chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh in 2019/2020.

**16.23** Anuas air sin, ní dhéantar cáipéisí áirithe a bhaineann leis an CS a chríochnú ar bhonn tráthúil. Mar shampla, síníodh clár oibre 2018 an 14 Meitheamh 2018 agus níor cuireadh ainm leis na costais seirbhíse ghaolmhara ach go dtí Deireadh Fómhair 2018. Cuireadh ainm le clár oibre 2019 i Meitheamh 2019. Luaigh an Roinn go mbeartaíonn sí go mbeidh ainm curtha le clár oibre don bhliain 2020 roimh dheireadh 2019.

### *Cruinnithe monatóireachta*

**16.24** Tá súil ag an CS go gcuirfear cruinnithe ar siúl idir na leibhéil éagsúla foirne mar seo a leanas

- Cruinnithe ráithiúla maoirseachta idir an Roinn agus Pobal, ar a ndéanann Ard-Rúnaí na Roinne cathaoirleacht agus ar a bhfreastalaíonn oifigigh shinsearacha ón dá eagraíocht. Díríonn na cruinnithe ar shaincheisteanna rialachais agus feidhmíochta ardleibhéil. In 2018, tionóladhna ceithre chruinniú fhorordaithe.
- Tá cruinnithe straitéiseacha bainistíochta le tionól idir an Roinn agus Pobal gach sé seachtaine. Cuireadh miontuairiscí do chruinnithe bainistíochta straitéiseacha ó Mheitheamh 2018 go Feabhra 2019 ar fáil don fhoireann scrúdaithe. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na miontuairiscí, níor thit na cruinnithe amach a mhinice agus a raibh súil leis sa CS — mar shampla, tháinig bearna 16 seachtaine aníos idir dhá cheann de na cruinnithe. Mar fhreagairt dó sin, luaigh an Roinn, cé go ndéantar soláthar sa CS do chruinnithe a thionól gach sé seachtaine, chomhaontaigh sí le Pobal ina dhiaidh sin chun teacht le chéile ar bhonn ráithiúil. Luaigh sí go bhfuil na cruinnithe ag titim amach anois ar aon dul leis an amlíne sin.

**16.25** Anuas ar na cruinnithe rialachais a dtugtar cuntas orthu thuas, luaigh an Roinn go dtugann sí faoi chruinnithe agus glaonna comhdhála breise le Pobal. I measc na saincheisteanna a phléitear ag na cruinnithe siúd eile, tá airgeadas, comhlíonadh straitéiseach, torthaí comhlíonta, caiteachas caipitil, bainistíocht tionscadal, soláthar oibríochtúil agus ceisteanna a bhaineann le clár na Samhla Rochtana agus Cuimsithe.

**16.26** I Márta 2019, luaigh an Roinn gur mír chaighdeánach ar an gclár cruinnithe a bheidh i bhfeidhmíocht Pobal do na cruinnithe ráithiúla agus straitéiseacha bainistíochta, a éascóidh le hathbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar aschuir agus riachtanais chriticiúla i gcaitheamh na bliana.

1 Tagraítear sa CS do ról na Roinne i dtaobh ceannas a ghlacadh ar an iarracht chun feabhas a chur ar thorthaí do leanaí agus daoine óga in Éirinn agus sainaithnítear ann freagrachtaí gaolmhara na Roinne. Luaitear ann "Díríonn Pobal ar thacú leis an Roinn chun a cuspóir ardleibhéil a bhaint amach chun saincheisteanna beartais a chomhchuibhiú a imríonn tionchar ar leanaí i limistéir ar nós chúram agus oideachas na luath-óige, rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, tionscnaimh oibre don ógra agus tionscnaimh thrasghearrthacha do leanaí trí réimse fairsing seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar agus a bhainistiú."

### *Tuairisciú*

**16.27** Leagtar amach i bhFíor 16.4 an méid a comhlíonadh na príomhriachtanais tuairiscithe in 2018 a shonraítear sa CS.

**16.28** Luaigh an Roinn gur oibrigh sí le Pobal i rith na tréimhse atá faoi athbhreithniú chun sraith tuarascálacha feidhmíochta a fhorbairt. Luaigh sé go gcuireann Pobal tuarascálacha ar dhul chun cinn ar aghaidh anois a bhaineann amach an leibhéal sonraí a shonraítear sa CS.

**Fíor 16.4 Comhlíonadh na riachtanas sonraithe tuairiscithe, 2018**

| Riachtanas | Comhlíonadh in 2018 |
|---|---|
| Tuarascáil mhionsonraithe bhliantúil a dhéanann próifíliú ar an earnáil luathbhlianta (a chomhfhoilsíonn an Roinn agus Pobal). | D'fhoilsigh an Roinn agus Pobal an tuarascáil phróifíle don earnáil luathbhlianta do bhliain chláir 2017/2018[a] i Samhain 2018. |
| Tuarascáil dhébhliantúil ar dhul chun cinn, ar nuashonrú agus anailís ardleibhéil í ar aschuir chláir, treochtaí agus saincheisteanna oibríochtúla a thagann chun cinn. | Cuireadh an tuarascáil ar dhul chun cinn don chéad leath den bhliain faoi bhráid na Roinne i Meán Fómhair 2018. Níor cuimsíodh i dtuarascáil ar dhul chun cinn Mheán Fómhair 2018 an leibhéal sonraí a shonraítear sa CS. Rinneadh an tuarascáil ar dhul chun cinn don tréimhse ó Iúil go Nollaig 2018 a tháirgeadh i Márta 2019, áiríodh leis an tuarascáil seo faisnéis don bhliain féilire iomlán ó Eanáir go Nollaig 2018. |
| Cuireadh tuarascálacha comhlíonta ina sonraítear torthaí, treochtaí agus laigí ar fáil ar bhonn míosúil agus ráithiúil. | Cuireadh na tuarascálacha riachtanacha ráithiúla don bhliain 2018 ar fáil don Roinn. Fuarthas dhá cheann de na tuarascála, áfach, i gcaitheamh dhá mhí i ndiaidh dheireadh na ráithe atá i gceist. |

Foinse: An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Nóta: a Ritheann bliain an chláir ón 1 Meán Fómhair go dtí an 31 Lúnasa.

## Rialáil agus Comhlíonadh

**16.29** Féachann córas comhlíonta agus cigireachta ilghníomhaireachta chun dul i ngleic le catagóirí éagsúla riosca a bhaineann le hoibriú na gclár luathfhoghlama agus cúraim leanaí (féach ar Fhíor 16.5).

**Fíor 16.5 Córas comhlíonta agus cigireachta do chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí**

| Príomhrioscaí | Gníomhaíocht mhaolaithe |
|---|---|
| **Airgeadas agus oibríochtúil** — is féidir le soláthraí seirbhíse éileamh a dhéanamh maidir le leanaí nach bhfreastalaíonn nó d'uaireanta an chloig nach gcuirtear ar fáil; nó d'fhéadfadh go dteipfeadh orthu chun rialacha na gclár a chomhlíonadh. | Tugann rannóg Iniúchóireachta Comhlíonta agus Riosca Pobal faoi chuairteanna comhlíonta gan fhógra lena sheiceáil go bhfuil soláthraithe seirbhíse ag cloí le rialacha cláir. |
| **Sláinte, sábháilteacht, leas agus forbairt leanaí** — D'fhéadfadh go dteipfeadh ar sholáthraí seirbhíse chun seirbhís a sholáthar a dhéanann sláinte, sábháilteacht, leas nó forbairt na leanaí atá rannpháirteach sa chlár luathfhoghlama agus cúram leanaí a chinntiú go leordhóthanach. | Tá ról ag Cigireacht Luathbhlianta Tusla chun seirbhísí cúraim leanaí a chlárú agus a chigireacht in aghaidh rialachán a bhaineann le sláinte, sábháilteacht, leas agus forbairt leanaí. Tugann sé faoi chigireachtaí ('cigireachtaí ar bheith 'oiriúnach don fheidhm') sula gcomhaontaítear chun seirbhís a chlárú, agus cigireachtaí gan fhógra ar sheirbhísí cláraithe. Is féidir leis coinníollacha a chur i bhfeidhm le haghaidh clárú nó seirbhísí a dhíchlárú de bharr torthaí cigireachta. Déanann sé seirbhísí a ionchúiseamh, chomh maith, mar shampla, iad siúd a oibríonn gan chlárú. |
| **Cáilíocht an oideachais** — D'fhéadfadh go dteipfeadh ar sholáthraí seirbhíse chun seirbhís luathfhoghlama agus cúraim leanaí a sholáthar a thacaíonn go leordhóthanach le hoideachas leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís. | Tá freagracht ar Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna as gné oideachais an tsoláthair sheirbhíse i gclár COLÓ a mheasúnú. Cuireann ról Chigireacht Tusla i gcigireacht a dhéanamh in aghaidh rialacháin áirithe a bhaineann le forbairt an linbh leis seo. |

Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Gníomhaíocht Pobal maidir le comhlíonadh*

**16.30** Ó 2010, tá freagracht ar Pobal as an bhfeidhm chomhlíonta maidir leis na cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí a riarann sé. Is éard a bhaineann le tromlach chlár comhlíonta Pobal ná cuairteanna comhlíonta a thabhairt ar agus iniúchtaí a dhéanamh ar sholáthraithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí.[1] Leagtar amach in iarscríbhinn 16B na príomhghnéithe de chuairteanna agus iniúchtaí comhlíonta.

- Ní thugtar aon fhógra faoi ***chuairteanna comhlíonta*** a dhíríonn ar phríomhchoinníollacha conarthacha na gclár. Is gnách go ndéanfaidh foireann Pobal scrúdú ar na cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí go léir a chuireann an soláthraí seirbhíse ar fáil.[2] Cé nach ndíríonn na cuairteanna go sonrach ar thaifid airgeadais, déantar athbhreithniú ar shampla de na taifid ar ioncam ó tháillí. Cuirtear freastal leanaí i gcomparáid le leibhéil chláraithe ar an Ardán um Chur i bhFeidhm Clár, arb é sin an príomhrud a chuireann íocaíochtaí atá cistithe ag an Státchiste ar fáil do sholáthraithe seirbhíse. Is gnách go maireann cuairteanna idir 1.5 uair an chloig agus lá amháin, agus maireann líon beag díobh níos faide ná an tréimhse sin.
- Áirítear le ***iniúchadh*** leibhéal sonraí níos mó agus seiceálacha breise de réir an leibhéil riosca a sainaithníodh, m.sh. riosca i leith míleithreasú, nó easnaimh thromchúiseacha i mbainistíocht airgeadais nó rialachas corparáideach. Is gnách go dtugann Pobal faoi iniúchtaí mar thoradh ar easnaimh a aimsíodh i rith cuairteanna comhlíonta nó mar thoradh ar eolas a fuarthas ó nochtadh nó gearáin a rinne tríú páirtithe. Luaigh Pobal, áfach, mar gheall nach gá cistiú a imfhálú ná caiteachas a thuairisciú i gcás na gconarthaí idir an Roinn agus soláthraithe seirbhíse, cuirtear srian ar a cumas chun tabhairt faoi ghnáth-thascanna iniúchta (e.g. caiteachas a dhearbhú).

**16.31** Anuas ar chuairteanna agus iniúchtaí comhlíonta, tugann Pobal faoi sheiceálacha fíoraithe ar dheontais chaipitil, agus deontais d'eagraíochtaí náisiúnta deonacha cúraim leanaí agus coistí cúraim leanaí cathrach/contae. Buntacaíonn comhaontuithe deontais leis na deontais seo idir Pobal (ar leith ón Roinn) agus na deontaithe ábhartha. Tá de chuspóir ag seiceálacha fíoraithe a dhearbhú go gcaitear an t-airgead deontais ar na cuspóirí dá mbeartaíodh agus a dhearbhú go gcloítear le riachtanais chuntasachta poiblí.

### *Spriocanna chuairteanna comhlíonta Pobal*

**16.32** Comhaontaíonn Pobal agus an Roinn ar bhuiséad agus tairiscint fhoriomlán seirbhíse bhliantúil do ghníomhaíocht chomhlíonta Pobal do chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí. Áirítear leis an gcomhaontú sprioc bhliantúil maidir leis an líon conarthaí atá le hathbhreithniú trí chuairteanna comhlíonta do chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí. Ó 2015/2016 ar aghaidh, ba é an sprioc chun athbhreithniú a dhéanamh ar 2,750 conradh gach bliain. Is éagsúil a bhíonn an líon féin cuairteanna a thugtar gach bliain i gcomhthéacs rioscaí agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn, athchuairteanna, mar shampla. Níl aon spriocanna leagtha amach maidir leis an líon iniúchtaí atá le tabhairt chun críche mar gheall go mbíonn iad seo faoi stiúir eolais.

1 Luaigh Pobal go dtugtar faoi chuairteanna comhlíonta de réir a shainchúraim, faoi mar a comhaontaíodh leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

2 Féadfaidh roinnt cuairteanna díriú ar chláir ar leith amháin.

**16.33** Is gnách go mbíonn breis agus conradh amháin ag soláthraithe seirbhíse aonair leis an Roinn mar gheall gur minic go mbíonn íocaíochtaí á bhfáil faoi bhreis agus clár cistithe amháin acu. Nuair a thugann Pobal faoi chuairteanna comhlíonta, is gnách go scrúdaíonn sé gach conradh. Leagtar amach líon na gcuairteanna agus na n-iniúchtaí comhlíonta le trí bliana anuas i bhFíor 16.6. Nuair a chuirtear an líon beag iniúchtaí san áireamh, cuireadh an costas comhlíonta iomlán i bhfeidhm ar chuairteanna comhlíonta chun an treocht i gcostais a dheimhniú. Luaigh Pobal go mbaineann an meánchostas méadaithe in aghaidh na cuairte le castacht mhéadaithe chuairteanna COLÓ, ach go háirithe, agus an líon méadaithe d'athchuairteanna a theastaíonn.

**Fíor 16.6 Gníomhaíocht chomhlíonta Pobal ó 2016 go 2018**

| **Gníomhaíocht chomhlíonta**[a] | **2015/2016** | **2016/2017** | **2017/2018** |
|---|---|---|---|
| Cuairteanna comhlíonta[b] | 2,164 | 1,745 | 1,711 |
| Iniúchtaí | 6 | 8 | 7 |
| Conarthaí a athbhreithníodh[c] | 3,009 | 2,862 | 3,733 |
| **Costais ghníomhaíochta comhlíonta** | **2016** | **2017** | **2018** |
| Costas iomlán (€ milliún) | 1.2 | 1.4 | 2.3 |
| Costas in aghaidh na cuairte (€) | 570 | 827 | 1,316 |
| Costas in aghaidh an chonartha (€) | 410 | 504 | 603 |

Foinse: Rannóg Iniúchóireachta agus Riosca Comhlíonta Pobal

Nótaí:
a Déantar gníomhaíocht chomhlíonta a thuairisciú de réir bliain chláir (ó Mheán Fómhair go Lúnasa) agus déantar tuairisciú ar chostais de réir bliain féilire.
b Ní áirítear leis an líon cuairteanna comhlíonta aon athchuairteanna a tugadh i gcaitheamh na tréimhse.
c Ní áirítear leis deontais a athbhreithníodh trí chuairteanna fíoraithe a rialaíonn conarthaí a eisíonn Pobal go díreach, e.g. cláir chaipitil.

**16.34** Le trí bliana anuas, chuir Pobal tús le 21 iniúchadh. Tá céimeanna éagsúla de dhul chun cinn bainte amach acu seo faoi láthair

- Tá trí chás déag faoi réir comhairle dlí ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá siad á bhfiosrú agus/nó á ndúnadh dá réir.
- Déantar na cásanna eile a thabhairt chun críche ó pheirspictíocht iniúchta nó tá siad á bhfiosrú ag Pobal nó an Roinn.

### *Gníomhaíocht chomhlíonta rioscabhunaithe*

**16.35** Léirítear i bhFíor 16.7 (lastall) cion na gconarthaí seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí a athbhreithníodh i gcuairteanna comhlíonta le trí bliana anuas.

**16.36** Cé go ndéantar breithniú ar riosca i gcomhthéacs seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí a roghnú do ghníomhaíocht chomhlíonta, níl córas struchtúrach ag Pobal chun rátáil riosca a dhéanamh ar na cláir ná ar na soláthraithe seirbhíse. Luaigh Pobal gur chuir sé na cláir in iúl go leanúnach don Roinn a ngabhann an riosca is suntasaí leo agus go sceidealaítear cuairteanna comhlíonta go rialta do na seirbhísí a mbíonn saincheisteanna comhlíonta stairiúla acu.

### *Catagóiriú torthaí comhlíonta*

**16.37** Cuireann Pobal na torthaí a bhíonn ar chuairt chomhlíonta in iúl mar chuid de na tuarascálacha míosúla agus ráithiúla don Roinn. Thug an Roinn faoi deara go ndéanann sí athbhreithniú rialta ar na tuarascála comhlíonta a chuireann Pobal ar fáil agus go ndéantar breithniú ar thorthaí na dtuarascálacha nuair a bhíonn athruithe amach anseo ar na rialacha, an chumarsáid agus an cur chuige i leith comhlíonta á ndeimhniú.

**16.38** Ar iarraidh na Roinne, leasaigh Pobal na catagóirí a úsáidtear chun na torthaí a bhíonn ar chuairteanna comhlíonta a bhailiú i ngach ceann de na ceithre thimthriall cláir dheireanacha. Luaigh an Roinn go raibh seo mar fhreagairt d'easnaimh a sainaithníodh sa chatagóiriú agus chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar na réimsí siúd is airde riosca do chistiú an Státchiste. Laghdaíonn na hathruithe ar an sainmhíniú a thugtar ar chatagóirí a úsáidtear do thorthaí comhlíonta trédhearcacht an chórais mar gheall gur deacair torthaí a chur i gcomparáid le himeacht ama.

**Fíor 16.7 Cion na gconarthaí iomlána a athbhreithníodh, idir 2015/2016 agus 2017/2018**




Foinse: Rannóg Iniúchóireachta agus Riosca Comhlíonta Pobal

**16.39** Ar mhaithe le cuspóir an scrúdaithe seo, rinneadh na torthaí do na trí bhliain chláir dheireanacha a chatagóiriú faoi thrí theideal (féach ar Fhíor 16.8 (lastall))

- ***comhlíontach***
- ***beagán neamhchomhlíontach*** — áirítear leis seo torthaí a rinneadh a chatagóiriú mar beagán neamhchomhlíontach, atá comhlíontach i dtaobh gnéithe speisialta comhairleacha agus measartha neamhchomhlíontach
- ***an-neamhchomhlíontach*** — measúnú a rinneadh roimhe seo ar neamhchomhlíonadh mór a d'eascair ó aon riosca a sainaithníodh i leith airgeadas an Státchiste. Ó 2017/2018 ar aghaidh, ní bhíonn an catagóir seo i gceist ach nuair is ann do riosca suntasach i leith airgeadas an Státchiste.[1]

1 Luaigh an Roinn go ndearnadh an t-athrú seo go páirteach lena ligean don chreat comhlíonta dul i ngleic le rioscaí suntasacha go bríoch. Sampla de riosca suntasach atá roimh airgeadas an Státchiste is ea nuair a bhíonn taifid freastail neamhleor nó ar lár, agus eascraíonn neamhábaltacht as chun tromlach mór chlárúcháin an Ardáin um Chur i bhFeidhm a dhearbhú a roghnaíodh lena n-athbhreithniú.

**16.40** I rith thimthriall 2017/2018, measadh go raibh roinnt soláthraithe seirbhíse an-neamhchomhlíontach ar na cúiseanna seo a leanas (cúis amháin nó níos mó)

- níor ligeadh an t-ionadaí isteach i rith cuairteanna comhlíonta ná ní raibh taifid ar fáil lena n-athbhreithniú
- ní raibh taifid ar an láthair nó bhí taifid freastail neamhleora ar an láthair
- níl dóthain uaireanta/laethanta/seachtainí á soláthar ag soláthraí seirbhíse
- Teastaíonn nuashonrú ó chóras an Ardáin um Chur i bhFeidhm Clár
- i gcás chlár COLÓ, measadh go raibh roinnt soláthraithe seirbhíse a raibh cistiú caipitíochta ní b'airde á fháil acu (d'fhoireann a bhfuil leibhéil cháilíochta níos airde acu) an-neamhchomhlíontach nuair a deimhníodh nár shásaigh an fhoireann na riachtanais íosta cháilíochta nó nach raibh na leanaí ábhartha á múineadh ag comhaltaí foirne a raibh na cáilíochtaí siúd acu.

**Fíor 16.8 Torthaí gníomhaíochta comhlíonta, idir 2015/2016 agus 2017/2018[a, b]**




Foinse: Rannóg Iniúchóireachta Comhlíonta agus Riosca Pobal

Nótaí: a Déantar gach snáithe den FCLP a ghrúpáil le chéile.

b I gcás thimthriall 2015/2016, níor úsáideadh ach dhá chatagóir. Rinneadh an toradh comhlíonta a chatagóiriú amhail glas (go hiomlán comhlíontach nó beagán neamhchomhlíontach) nó dearg (an-neamhchomhlíontach).

*Gníomh leantach*

**16.41** Luaigh Pobal go ndearna an easpa smachtbhannaí éifeachtacha i dtaobh soláthraithe seirbhíse neamhchomhlíontacha maolú in aghaidh forfheidhmiú éifeachtach a fhad le 2017/2018. Luadh nach raibh sé neamhghnách go mbeadh soláthraithe seirbhíse fós neamhchomhlíontach ar an dara cuairt chomhlíonta agus cuairteanna ina dhiaidh sin. Ina thaobh sin, luaigh an Roinn gur cheart go gcabhródh creat nua comhlíonta, a tugadh isteach in 2017/2018, le dul i ngleic le le neamhchomhlíonadh seasmhach. Díríonn an creat nua ar riachtanais an taifid freastail.

**16.42** Déanann an creat comhlíonta nua soláthar do smachtbhannaí céimnitheacha i gcás athchiontóirí, a dhéine le soláthraithe seirbhíse a eisiamh ó chláir atá cistithe ag an Roinn agus é sin san áireamh, mar seo a leanas

- Cuirtear tacaíocht ar fáil ann ón gcoiste ábhartha cúraim leanaí cathrach/contae i ndiaidh gur tugadh an chéad chás de neamhchomhlíonadh mór faoi deara.
- I ndiaidh go dtugtar an dara neamhchomhlíonadh mór faoi deara i dtimthriall ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh soláthraí seirbhíse cáilitheacht a chailleadh d'íocaíochtaí tacaíochta cláir. Tugadh íocaíochtaí tacaíochta cláir isteach in 2017/2018 chun soláthraithe seirbhíse a chúiteamh don am a theastaíonn chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí riaracháin lasmuigh den am a bhíonn teagmháil á déanamh acu le leanaí. In 2018, íocadh €18 milliún le 4,500 soláthraí seirbhíse i.e. meáníocaíocht €4,000.
- I gcás an tríú cion i dtimthriallta ina dhiaidh sin, déanfaidh an Roinn breithniú ar an soláthraí seirbhíse a eisiamh ó chláir atá cistithe ag an Roinn.

**16.43** Tá sé ró-luath ag an gcéim seo chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chreata nua comhlíonta. Luaigh an Roinn gur dearadh an Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta nua le córas comhlíonta níos éifeachtaí ón tús.

### *Ró-éilimh*

**16.44** I gcásanna a dheimhnítear — i rith a cuairt comhlíonta, de ghnáth — go ndearna soláthraí seirbhíse ró-éileamh (m.sh. ní hionann freastal féin linbh agus an clárú gaolmhar ar an Ardán um Chur i bhFeidhm Clár), is minic gur féidir an cás a thabhairt chun rialtachta roimh dheireadh bhliain an chláir, trí íocaíochtaí a dhéantar leis an soláthraí seirbhíse ina dhiaidh a laghdú. Luaigh an Roinn, áfach, go bhféadfadh nach féidir é seo a dhéanamh sna cásanna seo a leanas

- sáraíonn luach an ró-éilimh luach na n-íocaíochtaí eile atá le déanamh sa bhliain chláir reatha
- chruthódh íocaíochtaí a laghdú inbhuanaitheacht agus/nó saincheisteanna sreabhaidh airgid do sheirbhís pobail.

**16.45** Sna cásanna siúd, is féidir ró-éilimh a ghlanluacháil in aghaidh íocaíochtaí i mbliain chláir amach anseo nó is féidir plean aisíocaíochta a chomhaontú chun íocaíochtaí a leathadh thar thréimhse níos faide.

**16.46** Ó 2015/2016, rinneadh ró-éilimh i measc soláthraithe seirbhíse ar chláir COLÓ, an FCLP Plus agus CLOF, a eascraíonn as clárúcháin mhíchearta ar an Ardán um Chur i bhFeidhm Clár, a shainaithint trí chuairteanna comhlíonta agus rinne Pobal iad a aisghabháil go rialta. I dtimthriall 2017/2018, cuireadh tús le seiceálacha faoin FUCLP agus an FCLPA(I), chomh maith, agus bunaíodh clár píolótach chun ró-éilimh an FCLP a shainaithint agus a aisghabháil.

**16.47** In 2018, thug an Roinn faoi athbhreithniú ar thart ar 100 cás de ró-éilimh fhéideartha faoin FCLP a sainaithníodh maidir le timthriallta 2015/2016 agus 2016/2017. Luaigh an Roinn, ar bhunús an athbhreithnithe, gur bhain sí an tátal as go raibh rialacha an FCLP do na tréimhsí ábhartha débhríoch. Dar leis an Roinn, ní raibh na rialacha soiléir ná daingean a dhóthain chun ró-éileamh a aimsíodh a dheimhniú i gcásanna tearcfhreastail agus níl sí ag tabhairt faoi shuimeanna a íocadh a aisghabháil faoi láthair i gcásanna nach raibh an tuiscint idir na páirtithe soiléir.

**16.48** Coimeádann Pobal liosta féichiúnaithe d'iarmhéideanna a bhfuiltear ag dul sa tóir orthu. Is féidir le hiarmhéideanna féichiúnaí teacht aníos ar roinnt cúiseanna, ina measc siúd i gcásanna ina ndéantar tarraingt siar,[1] cuairt comhlíonta nó iniúchadh, leachtú, ró-íocaíocht nó dúnadh conartha. Ag deireadh 2017, b'ionann an tsuim a bhí curtha san áireamh i gcuntais Pobal a bhain le cláir a bhí cistithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus €4.1 milliún. As seo, measadh nach rabhthas in ann €1.2 milliún a aisghabháil. Luaigh an Roinn go mbaineann tromlach mór na n-iarmhéideanna féichiúnaí le scéimeanna caipitil leagáide, a bhí i gceist sular bunaíodh an Roinn, seachas suimeanna a bhaineann leis na cláir chistithe reatha.

**16.49** Tugtar miondealú i bhFíor 16.9 ar na suimeanna atá fós le híoc agus na suimeanna a mheastar nach féidir a aisghabháil. As an €1.2 milliún a mheastar nach féidir a aisghabháil, bhain €104,321 le cláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí agus clár caipitil luathbhlianta.

**Fíor 16.9 Iarmhéideanna féichiúnaí a bhaineann le cláir chaipitil agus luathfhoghlama agus chúraim leanaí, 2017**

| Clár | Fós le híoc ag deireadh na bliana<br>€000 | Measadh nach féidir é a aisghabháil<br>€000 |
|---|---|---|
| Scéimeanna leagáide[a] | 3,041 | 1,083 |
| An FCLP | 650 | 94 |
| Caipiteal luathbhlianta, 2012 – 2017 | 350 | 1 |
| CLOF | 76 | 9 |
| COLÓ | 20 | — |
| **Iomlán** | **4,137** | **1,187** |

Foinse: Pobal

Nóta: a Áirítear leis na scéimeanna leagáide Caipiteal an Chláir Chomhdheiseanna Cúram Leanaí (an CCDCL), Infheistíocht Náisiúnta Chúraim Leanaí, Soláthar Foirne an CCDCL, Clár Aois an Pháiste Cheantarbhunaithe, Ciste na bhFoghlaimeoirí, Coistí Cúram Leanaí Contae agus Cathrach.

**16.50** Is é freastal linbh an rud is mó a chuireann an leibhéal íocaíochta chun cinn i measc soláthraithe seirbhíse luathfhoghlama agus cúraim leanaí. Príomhriosca airgeadais is ea go n-éilíonn soláthraithe seirbhíse breis agus an méid ba cheart dóibh bunaithe ar fhreastal leanaí cláraithe.

**16.51** Tugann na ró-éilimh a shainaithin Pobal i rith cuairteanna comhlíonta in 2017/2018 le fios go mbaineann an riosca is airde le scéimeanna an FCLP/an FCLP Plus. D'eascair ró-éilimh 5% as seo i measc na soláthraithe seirbhíse ar tugadh cuairt orthu. Bhí na rátaí ró-éilimh a sainaithníodh i gcás scéimeanna eile i bhfad ní b'ísle: 1.5% i gcás CLOF; faoi 1% i gcás an FCLPA(I) agus an FUCLP; agus 0.2% i gcás COLÓ (arb ionann sin agus breis agus dhá thrian den chaiteachas iomlán ar chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí). Ní soiléir a chruinne atá seo i dtaobh soláthraithe seirbhíse ina n-iomláine.

1 Is éard atá i gceist le cistiú deontais a tharraingt siar ná laghdú foirmiúil buan ar chuid den airgead deontais nó an t-airgead deontais go léir a gealladh agus ní féidir é seo a dhéanamh ach i ndiaidh go ndearnadh cistiú a ghealladh roimhe seo. Baineann deontais a tharraingt siar le cláir atá cistithe ag deontas, m.sh. Caipiteal Luathbhlianta.

**16.52** Tugann an Roinn faoi deara, nuair a chuirtear méid na gcuairteanna comhlíonta a tugadh agus an céatadán mór seirbhísí ar tugadh cuairt orthu san áireamh, gur féidir leis na rátaí ró-éilimh a sainaithníodh le linn cuairteanna comhlíonta treoir a chur ar fáil maidir leis na réimsí a chruthaíonn an riosca is airde. Leanann Pobal le hobair a dhéanamh ar a mhodheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar rátaí ró-éilimh. Luaigh sé go bhfuil seo teoranta mar gheall ar an bpróiseas de láimh a bhíonn i gceist. Déanfar breithniú ar réiteach teicneolaíochta d'ardán na Scéime Cúraim Leanaí Náisiúnta.

**16.53** Mar thoradh ar na meastacháin a rinneadh ar ró-éilimh de réir scéime, rinneadh an ghníomhaíocht chomhlíonta a rinne Pobal don tréimhse 2018/2019 a roinnt ina dhá chéim, agus dhírigh an chéim thosaigh go hiomlán ar chonarthaí móra an FCLP agus dhírigh an dara céim ar chonarthaí agus seirbhísí móra ar measadh roimhe seo go raibh siad an-neamhchomhlíontach, i measc na scéimeanna go léir.[1]

**16.54** I Nollaig 2018, phléigh Bord Bainistíochta na Roinne saincheisteanna a bhaineann le comhlíonadh ar chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí. Tá creat rialachais á fhorbairt ag an Roinn don Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta (atá le seoladh i nDeireadh Fómhair 2019). Thug an Roinn faoi deara go n-áireofar le riachtanais fheabhsaithe rialachais a fhorbairt don scéim nua próifíl riosca a fhorbairt do sholáthraithe seirbhíse a chabhróidh, ar a uain sin, le díriú ar acmhainní comhlíonta.

### *Cigireachtaí Tusla*

**16.55** A fhad le 2018, ceanglaíodh faoin dlí ar na soláthraithe seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí go léir do leanaí aois sé bliana agus níos óige[2] chun clárú le Tusla. Cuirtear síneadh sna Rialacháin um Chúram Leanaí ar Aois Scoile, 2018 (a cuireadh i bhfeidhm i bhFeabhra 2019) leis an riachtanas chun clárú le Tusla i measc na soláthraithe seirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí go léir do leanaí faoi aois 15 bliana.[3] Níl cistiú an chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar fáil ach do sholáthraithe seirbhíse atá cláraithe le Tusla.

**16.56** Tá Cigireacht Luathbhlianta Tusla freagrach as measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán i measc soláthraithe seirbhíse a bhaineann le sláinte, sábháilteacht, leas agus forbairt leanaí a fhreastalaíonn ar sheirbhísí luathbhlianta, agus as comhlíonadh na rialachán siúd a chur chun cinn.[4] In 2018, d'fhorbair an Chigireacht creat cáilíochta agus rialála chun tacú le soláthraithe seirbhíse cláraithe chun a n-oibleagáidí rialála a chomhlíonadh agus chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a sholáthar sna caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm i rith cigireachtaí. Cuimsítear rialacháin sa chreat faoi na teidil seo a leanas: rialachas, sláinte, leas agus forbairt an linbh, sábháilteacht agus áitreabh agus saoráidí.

**16.57** Tugann an Chigireacht faoi chigireachtaí lena dheimhniú go bhfuil seirbhís 'oiriúnach don fheidhm' sula gcomhaontaíonn siad chun soláthraithe seirbhíse nua a chlárú, anuas ar chigireachtaí gan fhógra a dhéanamh ar sheirbhísí cláraithe, agus is féidir leo coinníollacha le haghaidh clárúcháin a chuir i bhfeidhm, nó soláthraithe seirbhíse a dhíchlárú, mar thoradh ar thorthaí cigireachta. Oibrítear próiseas na Cigireachta chun aghaidh a thabhairt ar thorthaí mar seo a leanas

- Eisítear dréacht-tuarascáil chigireachta don soláthraí seirbhíse — má bhíonn torthaí neamhchomhlíontacha ann, tugtar cuireadh don soláthraí chun gníomhartha ceartaitheacha agus coisctheacha a thabhairt le fios atá dírithe ar dhul i ngleic leis an tsaincheist agus a chinntiú nach dtarlaíonn sé arís.

1 B'éard a bhí mar thoradh ar an gcinneadh chun díriú ar chonarthaí móra ná go ndearnadh líon ní ba lú conarthaí a athbhreithniú, ach gur éirigh leo ní ba mhó cistiú a chlúdach sna hathbhreithnithe.

2 Cuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991, arna leasú ag an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus tAcht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018.

3 I gcomhréir le I.R. Uimh. 575 de 2018, ní cheanglaítear ar sheirbhísí cúraim leanaí sealadacha agus buail isteach chun clárú.

4 Anuas ar an Acht um Chúram Leanaí, 1991, arna leasú ag an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, oibríonn an Chigireacht faoi reachtaíocht thánaisteach (na Rialacháin um Sheirbhísí Luathbhlianta, 2016 agus na Rialacháin um Chúram Leanaí ar Aois Scoile, 2018).

- Má tá siad sásta leis an bhfreagairt, cuireann an Chigireacht é seo i dtaifead ar an tuarascáil chigireachta.
- Mura bhfuil siad sásta, is féidir leis an gCigireacht a bheartú chun coinníoll a ghearradh[1] ar chlárú na seirbhíse — tugtar deis eile don soláthraí seirbhíse ansin chun eolas agus fianaise a sheoladh ar aghaidh faoin tsaincheist.
- Mura bhfaightear aon fhreagairt shásúil ón soláthraí seirbhíse, cuirtear an coinníoll i bhfeidhm ar an gclárú.
- Má dheimhníonn an Chigireacht, ina dhiaidh sin, nár chloígh soláthraí seirbhíse le coinníoll a cuireadh i bhfeidhm ar a chlárú, is féidir dul i mbun gníomhartha forfheidhmiúcháin.
- Áirítear le gníomhartha forfheidhmiúcháin seirbhísí luathbhlianta a bhaint ó chlár Tusla.

**16.58** I gcásanna áirithe, cibé má eascraíonn siad as cigireacht nó mar thoradh ar eolas gan iarraidh a fuarthas, is féidir leis an gCigireacht fógra faoi ghníomh láithreach a eisiúint, a ordaíonn soláthraí seirbhíse chun dul i mbun gníomh ar leith chun dul i ngleic le buairt thromchúiseach láithreach bonn. Níl an t-údarás ag Tusla, áfach, chun soláthraí seirbhíse cláraithe a ordú chun deireadh a chur le hoibríochtaí láithreach bonn.

**16.59** In 2018, thug Cigireacht Luathbhlianta Tusla faoi 2,513 cigireacht. Foilsítear tuarascálacha maidir le gach cigireacht ar láithreán gréasáin Tusla. Rinneadh beirt soláthraithe seirbhíse a dhíchlárú in 2018 mar gheall gur theip orthu riachtanais a shásamh. Luaigh an Roinn go ndearnadh triúr soláthraithe seirbhíse breise a dhíchlárú go dtí seo in 2019.

**16.60** Baineann na sonraí cuimsitheacha is déanaí maidir le gníomhaíocht agus torthaí cigireachta a d'fhoilsigh Tusla le 2017.[2] Tugadh faoi 2,033 cigireacht, ar an iomlán, in 2017. Rinneadh 1,563 cigireacht de na cigireachtaí ar sheirbhísí reatha[3] — rinne tuarascáil Tusla anailís ar thorthaí na gcigireachtaí siúd.

- Deimhníodh go raibh beagnach dhá thrian de sholáthraithe seirbhíse ar a ndearnadh cigireacht go hiomlán comhlíontach (32%) nó neamhchomhlíontach i réimse amháin nó in dhá réimse (32%).
- Deimhníodh go raibh 13% neamhchomhlíontach i gcúig réimse nó ní ba mhó.
- Is i leith Rialachán 23, 'Sláinte, Sábháilteacht agus Leas an Linbh a Chosaint' a bhí an leibhéal ab airde de neamhchomhlíonadh a tugadh faoi deara — deimhníodh nach raibh ach 45% de sholáthraithe seirbhíse go hiomlán comhlíontach sa réimse sin.
- D'fhonn measúnú a dhéanamh ar mhéid an ghnímh cheartaithigh faoinar thug soláthraithe seirbhíse, d'fhiosraigh an Chigireacht sampla fánach de 500 toradh neamhchomhlíontach agus deimhníodh nach ndeachthas i ngleic ina dhiaidh sin ach le 7% de na torthaí.

1 Luaigh Tusla go gcuirtear coinníoll i bhfeidhm ar chlárúchán le cabhrú leis an soláthraí seirbhíse chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh a thugtar faoi deara. Is gnách go mbíonn coinníollacha sonrach agus teoranta i dtaobh ama agus go dtugann an Chigireacht Luathbhlianta aghaidh orthu ag an tráth cuí.

2 *Tuarascáil Bhliantúil Chigireacht Luathbhlianta 2017 Tusla — an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.*

3 Cigireachtaí ar bheith 'oiriúnach don fheidhm' a bhí sna 470 cigireacht eile a bhain le hiarratais nua nó cásanna inár thug soláthraithe seirbhíse fógra faoi athrú ar chúinsí.

**16.61** Is é beartas Tusla chun tabhairt faoi ionchúisimh, sa chás gur cuí, nuair a rinne duine nó gníomhaireacht

- seirbhís luathbhlianta neamhchláraithe a oibriú
- nuair a theip ar dhuine nó gníomhaireacht téarmaí clárúcháin a chomhlíonadh le haghaidh seirbhís luathbhlianta
- nuair a theip ar dhuine nó gníomhaireacht comhoibriú le nó nuair a chuir duine nó gníomhaireacht srian ar oifigeach cigireachta i gcaitheamh dó/di tabhairt faoina d(h)ualgais
- nuair a theip ar dhuine nó gníomhaireacht cead isteach a thabhairt d'oifigeach údaraithe chuig seirbhís luathbhlianta
- nuair a lean duine nó gníomhaireacht ar aghaidh le seirbhís luathbhlianta a oibriú i ndiaidh gur tugadh fógra dóibh faoi dhúnadh deonach nó i ndiaidh gur baineadh iad ó chlár seirbhísí Tusla
- nuair a chuir duine nó gníomhaireacht bac ar an gCigireacht trí dhallamullóg d'aon turas nó trí eolas bréagach a sholáthar.

**16.62** De bhun a bheartais i ndáil le hionchúisimh, chuir Tusla tús le himeachtaí dlíthiúla in dhá chás ón 30 Meitheamh 2016 ar aghaidh.

**16.63** I gcomhréir le Cuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna leasú ag an Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013), is féidir le breitheamh na Cúirte Dúiche barántas a eisiúint a údaraíonn cigireacht a dhéanamh ar áitreabh más ann d'fhorais réasúnta lena chreidiúint go bhfuil seirbhís luathbhlianta fhorordaithe á soláthar ag soláthraí seirbhíse neamhchláraithe. Nuair a chiontaítear duine i gcion faoi Chuid VIIA, is féidir leis an gcúirt ordú a eisiúint a chuireann cosc ar an duine sin ó thabhairt faoi sheirbhís luathbhlianta a fheidhmiú ar feadh tréimhse shonraithe.

**16.64** Maidir le córas cigireachta Tusla, luaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige gur thug sí rialacháin isteach in 2016 a bhronn cumhachtaí ar Tusla chun clár a bhunú, seirbhísí a dhíchlárú faoi chúinsí áirithe agus coinníollacha a chur i bhfeidhm ar chlárúchán, ina measc siúd. Luaigh sé gurbh fhéidir ní ba mhó cigireachtaí a dhéanamh agus gur tugadh struchtúr bainistíochta náisiúnta isteach sa Chigireacht a bhuíochas le méadú mór a tháinig ar an gcistiú a chuir sé ar fáil do Chigireacht Tusla ó 2016 ar aghaidh. Tháinig méadú 90% idir 2014 agus 2018 ar an líon cigireachtaí bliantúla a rinneadh.

### *Cigireachtaí na Roinne Oideachais agus Scileanna*

**16.65** Rannóg atá sa Chigireacht den Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS) agus tá sí freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus ionaid oideachais.[1] In 2016, d'fhorbair an chigireacht samhail chigireachta ar a dtugtar cigireachtaí atá dírithe ar oideachas luathbhlianta chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair oideachais i suíomhanna luathbhlianta a ghlacann páirt i gclár COLÓ. Cuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige cistiú ar fáil don chlár cigireachtaí atá dírithe ar oideachas luathbhlianta. Tá meabhrán tuisceana idir an dá roinn.

**16.66** Scrúdaíonn cigireachtaí cáilíocht na seirbhísí maidir leis an méid seo a leanas

- an comhthéacs agus na próisis chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí
- eispéiris agus gnóthachtálacha foghlama leanaí
- bainistíocht agus ceannaireacht don fhoghlaim.

**16.67** Foilsítear torthaí cigireachtaí ar láithreán gréasáin an ROS. Faoi dheireadh 2018, bhí 1,889 cigireacht déanta — rinneadh 491 in 2016, 707 in 2017 agus 691 in 2018.

**16.68** D'fhoilsigh an ROS tuarascáil, *Léargais agus Forbairtí sa Todhchaí: Athbhreithniú ar Chigireacht atá dírithe ar Oideachas sna Luathbhlianta, Aibreán 2016 — Meitheamh 2017*, a thugann achoimre ar na torthaí a bhí ar chigireachtaí a rinneadh i gcaitheamh na tréimhse. Ba é an tátal foriomlán a baineadh as ná gur sholáthair an t-athbhreithniú dearbhú go bhfuil iarrachtaí maithe á ndéanamh chun eispéiris ardchaighdeáin foghlama a sholáthar ar chlár COLÓ. Tugadh faoi deara sa tuarascáil, chomh maith, go bhfuil roinnt réimsí atá le feabhsú, áfach.

**16.69** Leagtar amach i bhFíor 16.10 achoimre ar thorthaí na tuarascála, i dtaobh na láidreachtaí agus na ndúshlán a sainaithníodh.

1 Luaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige gur tugadh cigireachtaí atá dírithe ar an oideachas isteach ar iarraidh an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Faoin straitéis *Na Chéad 5*, táthar tiomanta chun triail phíolótach a bhaint as agus tús a chur le cigireachtaí atá dírithe ar an oideachas a dhéanamh ar sholáthar luathfhoghlama agus cúraim do gach leanbh idir 0 agus 6 bliana d'aois in 2020.

**Fíor 16.10 Torthaí ar chigireachtaí atá dírithe ar oideachas luathbhlianta, ó Aibreán 2016 go Meitheamh 2017**

| Réimse | Láidreachtaí | Dúshláin |
|---|---|---|
| **An comhthéacs chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí** | Timpeallachtaí sábháilte, teo agus fáilteacha a sholáthar ina gcuirtear réimse fairsing d'eispéireas mealltach foghlama ar fáil do leanaí.<br>Caidreamh dearfach idir an fhoireann i seirbhísí agus na leanaí agus a dteaghlaigh. | Deiseanna foghlama saibhre i dtimpeallachtaí seirbhísí taobh amuigh.<br>D'fhéadfaí an tacaíocht le tuiscint féiniúlachta agus braistint chómhuintearais leanaí a fhorbairt, a fheabhsú trí raon straitéisí lena chinntiú go ndéantar ionadaíocht iomlán do gach leanbh agus teaghlach. |
| **Próisis chun tacú le foghlaim agus forbairt leanaí** | Comhtháthú láidir idir forbairt agus breathnóireacht curaclaim agus tuiscint ar riachtanais agus nithe is díol spéise do leanaí.<br>Straitéisí le hidirchaidreamh rialta a dhéanamh le tuismitheoirí agus teaghlaigh le hábharthacht na pleanála d'fhoghlaim leanaí a chinntiú.<br>Eispéiris shaibhre teanga a sholáthar a léiríonn meas ar theanga dhúchais an linbh agus ar an dara teanga atá ag teacht chun cinn atá ag an leanbh.<br>Eispéiris spraíúla thaiscéalaíocha foghlama a chuireann na húsáidí a bhaineann leanaí as scileanna matamaiticiúla agus eolaíochta chun cinn. | Dúshláin a shainaithnítear i measc na bhfearann cleachtais oideachais go léir, ar nós an mhéid seo a leanas<br>▪ a mhéid a chuireann Aistear (Creat an Churaclaim Luath-Óige) eolas ar fáil do churaclaim agus cláir foghlama;<br>▪ an bealach a úsáidtear measúnú ar straitéisí agus próisis foghlama;<br>▪ conas a úsáidtear measúnú le haghaidh foghlama chun eolas a chur ar fáil do na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim leanaí; agus<br>▪ na straitéisí oideolaíocha a úsáideann cleachtóirí luathbhlianta chun tacú le agus síneadh a chur le foghlaim leanaí. |
| **Eispéiris agus gnóthachtálacha foghlama leanaí** | Fianaise go bhfuil taitneamh á bhaint ag leanaí as eispéiris luathfhoghlama, i ndiaidh dóibh cairdeas a chruthú, agus go bhfuil an deis á cur ar fáil dóibh chun an domhan mórthimpeall orthu a fhiosrú agus 'ciall a bhaint' as. | Is minic go mbaineann dúshláin a thagann chun solais maidir le cáilíocht ghnóthachtálacha agus eispéiris leanaí le teorainneacha sa raon eispéireas foghlama a chuirtear ar fáil agus leis na straitéisí múinteoireachta agus foghlama a úsáideann cleachtóirí. |
| **Bainistíocht agus ceannaireacht don fhoghlaim** | Leantar le soláthar láidir eagraíochta a dhéanamh chun tacú leis an bhfoireann agus maoirseacht a dhéanamh orthu, agus leantar ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí gairmiúla, ar nós féinmheasúnú agus athbhreithniú.<br>Tugtar faoi ardleibhéil d'athbhreithniú leanúnach eagraíochta, de mhachnamh gairmiúil, d'fhor-rochtain a thabhairt don phobal i gcoitinne agus do ghairmithe eile, agus faoi chomhpháirtíocht dhaingean tháirgiúil a chur chun cinn le tuismitheoirí. | Ní raibh dóthain forbartha déanta ar na próisis chun tacú le hathbhreithniú ar chleachtas i bhformhór na seirbhísí agus ní raibh an fhoireann go léir bainteach iontu.<br>Ba mhinic nár bhain comhpháirtíocht le tuismitheoirí ach íseal-leibhéal amach agus ba bheag fianaise a bhí ann i dtaobh rannpháirtíochta, seachas ag imeachtaí ceiliúrtha.<br>Níor bunaíodh caidrimh le bunscoileanna nó ní raibh siad ag oibriú go héifeachtach chun tacú le haistrithe leanaí.<br>I seirbhísí a rinneadh a chatagóiriú amhail bheith cuibheasach sa réimse seo, bhí roinnt foirne ag streachailt le dálaí oibre a chuir cosc orthu ó thabhairt faoi ghníomhaíochtaí gairmiúla, ar nós pleanála agus meastóireachta. |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Léargais agus Forbairtí sa Todhchaí: *Athbhreithniú ar Chigireacht atá dírithe ar Oideachas sna Luathbhlianta, Aibreán 2016-Meitheamh 2017.*

### *Sonraí a roinnt idir comhlachtaí comhlíonta agus cigireachta*

**16.70** Faoi mar a dtugtar cuntas air thuas, tá freagracht ar thrí aonán ar leith — Pobal, Cigireacht Luathbhlianta Tusla agus an ROS — as cigireacht a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla de na cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí.

**16.71** Anuas ar a caidreamh maoirseachta agus monatóireachta le Pobal, tá ról maoirseachta agus monatóireachta ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (an RLGÓ) maidir le Cigireacht Luathbhlianta Tusla agus an ROS, ina bhfuil na gnéithe seo a leanas

- Luann an RLGÓ go mbeartaíonn sé anois chun tabhairt faoi chruinnithe foirmiúla idirchaidrimh le Tusla idir gach sé agus ocht seachtaine. I gcleachtas, thit trí chruinniú fhoirmiúla idirchaidrimh amach i rith 2018.
- Cuireann Tusla eolas ar fáil don RLGÓ maidir le cásanna ábhartha dlí a bhfuil aghaidh á tabhairt aige orthu nuair a bhain sé soláthraithe seirbhíse óna chlár.
- Roinneadh an fhaisnéis idir an RLGÓ agus Tusla ar bhonn ad hoc, go ginearálta. Luaigh an RLGÓ go bhfuil prótacal cumarsáide foirmiúil á chríochnú aige faoi láthair le Tusla chun faisnéis a roinnt a rialú, maidir le seirbhísí a bhfuil céimeanna éagsúla den phróiseas díchláraithe bainte amach acu ina measc. Tá fiosrú á dhéanamh ag an RLGÓ faoi láthair, i dteannta Tusla agus Coistí Cúraim Leanaí Éireann, ar mheicníocht chuí chun faisnéis a roinnt agus atreoruithe a dhéanamh chun tacú le comhlíonadh rialála.
- Tugtar faoi shonraí a roinnt idir Cigireacht an ROS agus an RLGÓ de réir meabhráin tuisceana a shíníonn an dá roinn.[1] Roinntear sonraí ar shaincheisteanna a thagann chun solais agus ar an dul chun cinn atá déanta ag cigireachtaí ar tugadh fúthu faoi shamhail chigireachta an ROS atá dírithe ar oideachas luathbhlianta. Is éard a bhí mar thoradh ar na cigireachtaí siúd go léir ná go bhfoilsítear tuarascáil ar láithreán gréasáin an ROS. Faoi théarmaí an mheabhráin leis an RLGÓ agus Tusla, is féidir leis an ROS faisnéis a roinnt a eascraíonn as an gclár cigireachta le heagraíochtaí eile sa chás gurb iomchuí e.g. sáraítear rialachán reachtúil nó má bhíonn buairt i gceist faoi chosaint leanaí.
- Luaigh an RLGÓ go ndéanann sé cathaoirleacht ar ghrúpa ailínithe oibríochtaí agus córas, a bunaíodh in 2015, a bhfuil baill ann ó Tusla, cigireacht an ROS, Pobal agus Tús Níos Fearr. Luaigh sé go gcasann an grúpa ar a chéile go rialta lena chinntiú soláthar éifeachtúil agus éifeachtach na bhfeidhmeanna cigireachta, iniúchóireachta agus meantóireachta agus go dtéitear i ngleic le saincheisteanna comhordaithe agus roinnte sonraí ag cruinnithe.

**16.72** Nuair is ann d'fhianaise i leith idirghníomhú agus sonraí á roinnt idir na trí chomhlacht, bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaidís cumarsáid ní ba rialta agus ní ba struchtúraí agus, sa chás gur féidir, go roinnfidís faisnéis ábhartha faoi sholáthraithe seirbhíse. Is tábhachtach, ach go háirithe, go roinntear faisnéis ar ghníomhartha forfheidhmiúcháin (e.g. díchlárú) ar bhonn tráthúil.

**16.73** Dhéanfadh sonraí a roinnt ar bhonn ní b'fhoirmiúla idir an RLGÓ, Cigireacht Tusla agus an ROS éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais chomhlíonta fhoriomláin a uasmhéadú. D'éascódh sé, ach go háirithe, le soláthraithe seirbhíse a shainaithint atá neamhchomhlíontach go seasta i measc na dtrí chóras cigireachta — ba cheart go mbeadh na soláthraithe siúd faoi réir cur chuige cigireachta níos déine agus níos saincheaptha.

1 Tá meabhrán tuisceana i bhfeidhm, chomh maith, idir Tús Níos Fearr agus Tusla. Tionscnamh de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige is ea Tús Níos Fearr, i gcomhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

## Meastóireacht ar éifeachtacht

**16.74** Bunaithe arlíon na leanaí ar cuireadh gach clár ar fáil dóibh in 2017/2018, b'ionann an meánchostas measta in aghaidh an linbh agus thart ar €2,300 i gcás chlár COLÓ, agus thart ar €1,600 i gcás na gclár eile.[1]

**16.75** Tugtar tuilleadh sonraí faoi chuspóirí foriomlána na Roinne maidir le cláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí sa straitéis *Na Chéad 5*[2] (a seoladh i Samhain 2018) agus ina measc siúd, tá an méid seo a leanas

- luathfhoghlaim agus cúraim leanaí ardchaighdeáin do naíonáin agus leanaí óga a dhéanamh níos inacmhainne
- an soláthar luathfhoghlama agus cúraim leanaí a fhóirdheonaítear go poiblí agus atá ar ardchaighdeán a choimeád agus a shíneadh chun an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais forbartha naíonán agus leanaí óga, a chinntíonn go gcuirtear san áireamh ann, chomh maith, riachtanais agus roghanna tuismitheoirí agus teaghlach
- a chinntiú go gcuireann soláthar luathfhoghlama agus cúraim leanaí rannpháirtíocht chun cinn, go neartaíonn sé cuimsiú sóisialta agus go bhfáiltíonn sé roimh éagsúlacht trí thacaíochtaí agus seirbhísí breise do leanaí agus teaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu a chuimsiú ann.

**16.76** Tá de chuspóir ag clár COLÓ forbairt optamach a chur chun cinn do gach leanbh, an bhearna a laghdú i ngnóthachtáil idir leanaí a bhfuil buntáiste níos mó agus buntáiste níos lú acu agus chun luathfhoghlaim i suíomh foirmiúil a chur ar fáil gan chostas ar bith do gach leanbh sula gcuireann siad tús leis an mbunscoil. Ba cheart do chlár CLOF tacú le tuismitheoirí ar chúrsaí incháilithe de chuid boird oideachais agus oiliúna anuas ar chatagóirí áirithe de thuismitheoirí atá ag filleadh ar an obair, trí áiteanna fóirdheonaithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí a sholáthar. Cuireann clár an FCLP tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil ioncaim ísle acu lena chur ar a gcumas fáil a bheith acu ar chostais laghdaithe luathfhoghlama agus chúraim leanaí.

**16.77** Luaigh an Roinn go gcuimseofar i gcuspóirí na Scéime Cúraim Leanaí Náisiúnta nua tacaíocht a sholáthar i dtreo an chostais a bhíonn ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí, lena chinntiú nach gcuireann teacht ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí inacmhainne cosc ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, chun torthaí dearfacha linbh a chur chun cinn agus chun cáilíocht a chur chun cinn ar fud na hearnála.

**16.78** Cé gur leagadh amach cuspóirí áirithe do chláir aonair luathfhoghlama agus chúraim leanaí i straitéisí agus beartais éagsúla le himeacht ama, níl an chosúlacht air gurb ann do chreat soiléir agus cuimsitheach tomhaiste feidhmíochta, príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna ina measc, a d'éascódh le measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na torthaí a bheartaítear á mbaint amach. Luaigh an Roinn go bhfuil raon spriocanna ann a bhaineann le cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí, spriocanna ina measc maidir le croíchuspóirí scéime, ar nós infhaighteachta, inrochtaineachta agus cáilíochta.

1 Gan caiteachas caipitil a chur san áireamh. Is iad figiúirí caiteachais an chláir a úsáideadh chun na meastacháin a tháirgeadh ná iad siúd do bhliain féilire 2018. Baineann líonna leanaí a sholáthair an Roinn le timthriall cláir 2017/2018. Ní dhearnadh leanaí a raibh breis agus clárúchán faofa amháin acu sa chlár céanna a chomhaireamh ach uair amháin. Cuirtear leanaí a raibh clárúcháin fhaofa acu i mbreis agus clár amháin i rith na bliana acadúla céanna san áireamh breis agus uair amháin.

2 *Na Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh* (2019 – 2028), Rialtas na hÉireann, 2018.

### *Infhaighteacht agus rochtain*

**16.79** Síneadh clár COLÓ in 2016 (leathnaíodh na haoisbhandaí) agus in 2018 (tá gach leanbh i dteideal go gcuirtear an clár ar fáil dóibh ar feadh dhá bhliain iomlána). Is é an cuspóir atá ag an dara bliain réamhscoile saor in aisce a thabhairt isteach ná chun cabhrú le leanaí óga ullmhú níos mó don scoil a thosú agus an aois tosaithe scoile a ardú aníos go dtí cúig bliana. In 2016, bhí 61% de leanaí a thosaigh an scoil faoi chúig bliana d'aois agus tháinig laghdú air seo anuas go dtí 54% in 2018.

**16.80** Chuir an Roinn sprioc ghlactha (i.e. 95% den chohórt incháilithe) in iúl do chlár COLÓ nó do chlár luathfhoghlama agus cúraim leanaí eile, anuas ar sprioc ar leith (i.e. 33%) do leanaí faoi thrí bliana d'aois. Luaigh an Roinn go bhfuil na spriocanna seo ar aon dul leis na tagarmharcanna do rannpháirtíocht leanaí i luathfhoghlaim agus cúram leanaí a leag an AE amach agus iad siúd a deimhníodh i mballstáit eile an AE.

**16.81** Tugann sonraí a chuir an Roinn le chéile le fios gurbh ionann an ráta glactha do chlár COLÓ agus thart ar 90% i ngach ceann de na trí chlárbhliana dheireanacha. Luaigh an Roinn go dtugann comhshonraí le fios go bhfuil 95% de leanaí i gcohórt incháilithe COLÓ rollaithe i gclár COLÓ nó luathfhoghlama agus cúraim leanaí eile a chistíonn an Roinn.

**16.82** Luaigh Luath-Óige Éireann, a dhéanann ionadaíocht do go leor soláthraithe clár luathfhoghlama agus cúraim leanaí, go bhfuil ganntanas áiteanna COLÓ ar fáil i gceantair áirithe, go háirithe in áiteanna i mBaile Átha Cliath. Tugtar éileamh nár freastalaíodh air chun solais in *Tuarascáil Phróifíle na hEarnála Luathbhlianta 2017/2018* ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí lánaimseartha agus páirtaimseartha, chomh maith le neamhréir thíreolaíoch idir soláthar agus éileamh ar shaghsanna eile de luathfhoghlaim agus cúram leanaí.

**16.83** Luaigh an Roinn go ndeachaigh sí i mbun beart agus go bhfuil sí ag dul i mbun beart le soláthar leordhóthanach áiteanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí a chinntiú. Luaigh sí gur thug sí faoi infheistíocht chaipitil shuntasach chun áiteanna breise a sholáthar agus, ó 2016 ar aghaidh, gur thug sí tús áite do leithdháiltí cistithe lena chinntiú gur féidir dul i ngleic le haon dúshláin acmhainneachta atá ag teacht chun cinn. Luaigh sí, anuas air sin, gur sainaithníodh luathfhoghlaim agus cúram leanaí mar chuspóir beartais náisiúnta in *Tionscadal Éireann 2040*, a shamhlaíonn infheistíocht chaipitil níos fearr sna deich mbliana amach romhainn, agus €250 milliún a bheith comharthaithe chun an bonneagar luathfhoghlama agus cúraim leanaí a fhorbairt.

**16.84** Cé go mbaineann tábhacht leis an bhfaisnéis ar an ráta foriomlán glactha, cuireann sonraí faoi na rátaí rannpháirtíochta i measc grúpaí ar leith faisnéis áisiúil ar fáil, chomh maith, faoi inrochtaineacht.

**16.85** Samhail leanbhlárnach de thacaíochtaí céimnitheacha atá ceaptha a chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas teacht a bheith acu ar chlár COLÓ atá sa tSamhail Rochtana agus Chuimsithe a tugadh isteach in 2016. In 2017/2018, bhain beagnach 3,200 leanbh tairbhe as clár na Samhla Rochtana agus Cuimsithe.

**16.86** Aithníonn an Roinn go bhfuil rátaí rannpháirtíochta níos ísle ná na meanrátaí i dtaobh chlár COLÓ ina measc siúd a chónaíonn i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus arb as cúlraí mionlaigh eitnigh iad.

**16.87** Luaigh an Roinn go bhfuil sí tiomanta do dhul i mbun roinnt gníomhartha agus é mar chuspóir feabhas a chur ar rochtain ar chláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí, mar chuid den straitéis *Na Chéad 5* a chur i bhfeidhm, anuas ar an méid seo a leanas a dhéanamh

- tabhairt faoi mheastóireacht ar chlár na Samhla Rochtana agus Cuimsithe agus breithniú a dhéanamh ar an ngá atá le haon fheabhsúcháin/síneadh
- tabhairt faoi mheasúnú mionsonraithe ar chlár COLÓ chun cohóirt leanaí a shainaithint a bhfuil rátaí rollaithe agus rannpháirtíochta níos ísle ná na meánrátaí acu agus dul i mbun an ghnímh riachtanaigh chun dul i ngleic leis an tsaincheist
- meicníochtaí a fhorbairt chun tacaíochtaí breise a sholáthar do shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí nuair a bhíonn comhréireanna arda leanaí i mbaol bochtaineachta.

**16.88** Anuas air sin, thug an Roinn faoi deara go bhfuil na comhaontuithe urraíochta a chuirfear i bhfeidhm faoin Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta dírithe ar rochtain ar chúram leanaí a chinntiú do leanaí agus teaghlaigh leochaileacha a bhfuil gá ar leith acu le cúram leanaí; maidir le forbairt an linbh, cosaint leanaí nó forais tacaíochta teaghlaigh.

### *Cáilíocht*

**16.89** Sular tugadh clár COLÓ isteach, ní raibh aon cháilíocht íosta riachtanach le baint amach ag an bhfoireann a oibríonn san earnáil. Ó 2016 ar aghaidh, caithfidh an fhoireann go léir cáilíocht leibhéal 5 (an Ardteistiméireacht), ar a laghad, a bheith bainte amach acu agus tá ar cheannairí seomra leibhéal 6 (sainteastas/ardteastas) atá ar an gcreat cáilíochtaí náisiúnta a bheith bainte amach acu.[1] Bíonn rátaí caipitíochta níos airde ar fáil do sheirbhísí nuair a bhíonn cáilíocht íosta leibhéal 7 bainte amach ag an gceannaire seomra (gnáthchéim bhaitsiléara).

**16.90** Tháinig athruithe suntasacha ar phróifíl cháilíochta foirne COLÓ ó tugadh an clár isteach ar dtús.

- In 2010, níor shásaigh ach 11% de sheirbhísí COLÓ faoi chonradh na critéir i dtaobh méid caipitíochta níos airde (i.e. ceannaire seomra a bhfuil cáilíocht íosta leibhéal 7 bainte amach aige/aici).
- In 2018, tugann na sonraí atá ar fáil le fios gur shásaigh leath na soláthraithe seirbhíse faoi chonradh chun clár COLÓ a sholáthar an riachtanas caipitíochta níos airde.

**16.91** I ndiaidh an straitéis *Na Chéad 5* a chur i bhfeidhm, aistreofar i dtreo lucht saothair luathfhoghlama agus cúraim leanaí atá faoi stiúir céimithe, agus leagadh an sprioc amach chun go mbeidh ar a laghad 50% den fhoireann (i.e. na ceannairí seomra, na bainisteoirí cúnta agus na bainisteoirí go léir) ag oibriú go díreach le leanaí i suíomhanna ionadbhunaithe cáilíocht chuí ar leibhéal céime bainte amach acu faoin mbliain 2028. Leagtar sprioc thosaigh amach sa phlean um chur i bhfeidhm chun 30% a bheith bainte amach faoin mbliain 2021.[2]

**16.92** Luaigh an Roinn go bhfuil raon meantóireachta, oiliúna agus tacaíochtaí eile i bhfeidhm i dtaobh cáilíocht chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí. Áirítear leis na tacaíochtaí meantóireacht agus oiliúint ar an láthair a sholáthar do sholáthraithe cúraim leanaí a sholáthraíonn seirbhís Forbartha Cáilíochta Tús Níos Fearr, cúnamh le Síolta agus Aistear a thabhairt isteach agus tacaíocht chun an tSamhail Rochtana agus Chuimsithe a chur i bhfeidhm.

1 Déanann Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann *an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí* a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chothabháil.

2 Foilsíodh *an Plean um Chur i bhFeidhm Na Chéad 5 (2019 – 2021)* i mBealtaine 2019.

**16.93** Seachas na seiceálacha ar cháilíocht oideachais a dtugann Cigireacht Luathbhlianta an ROS fúthu, tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tiomanta d'uirlis a chur i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht luathfhoghlama agus chúraim leanaí, ach ní dhearnadh seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go fóill.

- Moladh iniúchtaí tuarascála cáilíochta a dhéanamh ar sholáthar luathfhoghlama agus cúraim leanaí in dhá thuarascáil.[1]
- Bunaithe ar mholtaí na tuarascála, leithdháileadh cistiú chun iniúchadh cáilíochta a dhéanamh ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí. Bhí sé i gceist tabhairt faoin gcleachtadh seo arís ag eatraimh chomhaontaithe (e.g. trí huaire sa bhliain). Foilsíodh tairiscint chun an uirlis iniúchta cáilíochta a fhorbairt agus a riar in 2017. Níor bhronn an Roinn conradh don obair seo mar gheall nár shásaigh aon chinn de na tairiscintí a seoladh ar aghaidh na riachtanais a shonraítear.

**16.94** Ar cheann de na gníomhartha a chuimsítear sa phlean um chur i bhfeidhm don straitéis *Na Chéad 5* ná chun uirlisí tomhais a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht seirbhísí luath-óige ag tosú le huirlis chun tomhas agus monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an chleachtais i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí. Táthar le tabhairt faoi staidéar náisiúnta bonnlíne, trí úsáid a bhaint as an uirlis, faoi dheireadh 2021.

### *Monatóireacht agus meastóireacht*

**16.95** Luaigh an Roinn gur cuid d'fheidhm Pobal chun monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar an eolas a bailíodh trí chlárúcháin agus tuarascáil sheachtainiúil a chur le chéile a chuirtear faoi bhráid na Roinne. Cuirtear nuashonruithe ar fáil sa tuarascáil ar phríomhfhigiúirí a bhaineann le clárúcháin, an líon leanaí, conarthaí, seirbhísí agus íocaíochtaí anuas ar liostaí táillí, féilirí seirbhíse agus iarratais ar chaipitíocht níos airde a seoladh ar aghaidh faoi gach ceann de chláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí na Roinne.

**16.96** Cuireann Pobal tuarascáil phróifíle bhliantúil earnáil na luathbhlianta le chéile i ndiaidh ag deireadh gach bliain chláir. Léirítear sa tuarascáil seo léargas ginearálta ar an earnáil. Tugtar cuntas ann ar thorthaí agus anailís na sonraí a bailíodh ó dhá fhoinse; an suirbhé próifíle ar an tseirbhís luathbhlianta agus córas TFC an Ardáin um Chur i bhFeidhm Clár. Úsáidtear na sonraí agus na torthaí ón tuarascáil bhliantúil chun dul chun cinn laistigh den earnáil a rianú agus chun riachtanais atá ag teacht chun cinn a shainaithint.

**16.97** Luaigh an Roinn go bhfuil pleananna ann chun an córas a threisiú chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh. Áireofar leis seo creat náisiúnta monatóireachta agus meastóireachta a fhorbairt do luathfhoghlaim agus cúram leanaí, sraith táscairí comhaontaithe a shainaithint maidir le méid agus cáilíocht an tsoláthair agus díriú ar sholáthar, agus tuarascáil mhonatóireachta náisiúnta a fhoilsiú go rialta ina measc sin. Chuir an Roinn creat monatóireachta agus meastóireachta le chéile don Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta (atá le seoladh i nDeireadh Fómhair 2019) a úsáidfear chun monatóireacht agus meastóireacht leanúnach agus thréimhsiúil chórasach a dhéanamh.

1 *Tuarascáil an Ghrúpa Idir-Roinne um Infheistíocht Amach Anseo (2015)* agus *Tuarascáil an tSainghrúpa ar an Straitéis Luathbhlianta: Right from the Start (2013).*

## Conclúidí agus moltaí

**16.98** Tá méadú mór tagtha ar chaiteachas ar chláir chistithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí le blianta beaga anuas. In 2018, cuireadh €410 milliún, ar an iomlán, ar fáil do sholáthraithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí.[1] Baineann breis agus dhá thrian den chaiteachas le COLÓ, clár uilíoch don luathfhoghlaim. Ba é an meánchotas measta a tháinig aníos arís agus arís eile i mbliain chláir 2017/2018 thart ar €2,300 in aghaidh an linbh a bhí rannpháirteach i gclár COLÓ, agus €1,600 in aghaidh an linbh i gcás na gclár eile.

### *Maoirseacht*

**16.99** Tá comhaontú seirbhíse ag an Roinn le Pobal, a riarann cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí thar a ceann. Leagtar amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016* príomhshocruithe ba cheart a bheith i bhfeidhm nuair a dhéanann roinn freagracht a tharmligean as clár a sholáthar chuig aonán eile. Ní shásaíonn an comhaontú reatha, a n-áirítear leis roinnt aguisíní, roinnt riachtanais dea-chleachtais, e.g. ní shonraítear cuspóirí mionsonraithe, aschuir phleanáilte ná príomhtháscairí feidhmíochta ann d'aon chinn de na cláir luathbhlianta.

**16.100** Luaigh an Roinn go bhfuil raon struchtúir mhaoirseachta agus uirlisí rialachais aici faoi láthair le Pobal, agus níl sa chomhaontú seirbhíse uileghabhálach ach ceann amháin díobh siúd. Luaigh sí go gcuireann clár oibre bliantúil le comhaontú, anuas ar chreataí tuairiscithe agus comhéadain rialta agus mhonatóireachta oibríochtúla agus feidhmíochta le Pobal. Thug an Roinn faoi deara, chomh maith, gur cuireadh comhaontú substainteach soláthair feidhmíochta i bhfeidhm i mbliana, don Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta a bheidh ag teacht aníos, a oibreofar i gcomhthráth le creat monatóireachta agus meastóireachta na Scéime. Leagtar amach sa chreat seo táscairí toraidh, aschuir agus próisis atá ar aon dul le cuspóirí beartais luaite na Scéime. Tá an Roinn tiomanta do chomhaontú a dhéanamh ar chlár oibre agus cistiú gaolmhar riaracháin 2020 Pobal roimh dheireadh 2019.

#### Moladh 16.1

Ba cheart don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a chinntiú go ndéantar an comhaontú seirbhíse le Pobal a leasú le cuspóirí, aschuir phleanáilte agus príomhtháscairí feidhmíochta ar leith a chur san áireamh ann do gach clár cistithe luathbhlianta.

#### Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta an RLGÓ

Glacann an Roinn leis an toradh agus aithníonn sí gur gá neartú leanúnach a dhéanamh ar an maoirseacht a dhéanann sí ar Pobal ar bhronn sí conradh air chun raon seirbhísí riaracháin agus oibríochtúla a sholáthar maidir leis na cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí.

Thug an Roinn agus a cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí faoi fhairsingiú mear le blianta beaga anuas, agus tháinig feabhsúcháin de réir a chéile ar rialachas agus maoirseacht lena linn sin.

Cinnteoidh an Roinn pleananna reatha chun sraith comhaontuithe soláthair feidhmíochta a chur i bhfeidhm i gcaitheamh 2019 agus 2020, agus go sásaíonn na comhaontuithe seo na riachtanais a leagtar amach sa *Chód Cleachtais*. Déanfaidh sí athbhreithniú, chomh maith, ar an gcomhaontú seirbhíse reatha, chomh maith, i gcaitheamh na tréimhse ama seo.

1 Ní áirítear leis an bhfigiúr seo caiteachas faoin tSamhail Rochtana agus Chuimsithe anuas ar chostais riaracháin agus tacaíochta cláir do gach ceann de na cláir chistithe luathfhoghlama agus chúraim leanaí.

### *Rialáil agus comhlíonadh*

**16.101** Níor baineadh an leibhéal de ghníomhaíocht chomhlíonta as anailís chórasach a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le scéimeanna aonair, ach tá sé bunaithe ar iarthorthaí comhlíonta agus ar mheastachán ar ró-éilimh do gach clár.

**16.102** Níl samhail rátála riosca fhoirmiúil ag Pobal. D'fhéadfadh a leithéid de shamhail rátáil riosca a dhéanamh ar na cláir chistithe luathfhoghlama agus chúraim leanaí agus na soláthraithe aonair a chuireann riosca agus fianaise dhúchasach i gcuntas maidir le dearadh agus oibriú rialuithe ar íocaíochtaí. D'fhéadfadh Pobal an tsamhail mheastóireachta seo a úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar leordhóthanacht na n-acmhainní a cuireadh i bhfeidhm ar ghníomhaíocht chomhlíonta agus cinneadh a dhéanamh faoi mhinicíocht agus déine na seiceálacha ar sholáthraithe seirbhíse. D'fhéadfaí é a úsáid, chomh maith, chun acmhainní comhlíonta atá ar fáil a shannadh ar bhunús riosca.

**16.103** Cé go dtugann Pobal faoi líon mór cuairteanna comhlíonta i rith gach timthriall cláir, is an-íseal don leibhéal gníomhaíochta iniúchóireachta faoina dtugtar (níos lú ná deich n-iniúchadh sa bhliain le trí bliana anuas), nuair a chuirtear san áireamh íocaíochtaí bliantúla €410 milliún a rinneadh le soláthraithe seirbhíse. Cé go n-aithníonn an Roinn go bhfuil iniúchadh ar fáil mar uirlis ar leith, luaigh sí gurb iad cuairteanna comhlíonta an rud is mó go fóill a dtugtar tús áite dó nuair a bhíonn infheistíocht phoiblí á cosaint i gcláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí agus nuair a bhíonn an riosca i leith ró-éileamh á mhaolú. Luaigh an Roinn go bhfuil sé ar intinn aici comhaontú a dhéanamh ar shocruithe breise le Pobal, atá dírithe ar dhea-rialachas san earnáil a sheiceáil, a fheabhsú agus tacú leis.

#### Moladh 16.2

I gcomhar leis an Roinn, ba cheart do Pobal samhail rátála riosca fhoirmiúil a chur i bhfeidhm agus í a úsáid chun an leibhéal riachtanach de ghníomhaíocht chomhlíonta (iniúchtaí, cuairteanna comhlíonta agus seiceálacha fíoraithe ina measc) agus a chinntiú go ndéantar acmhainní comhlíonta a imlonnú ar bhunús riosca.

**Freagairt Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pobal**

Comhaontaíonn Pobal leis an moladh seo agus oibreoidh sé i dtreo an saghas seo samhla a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn. Tá plé ar bun anois maidir le rátáil riosca i gcomhthéacs na Scéime Cúraim Leanaí Náisiúnta agus cuirfear tús le hanailís rátála riosca fhoirmiúil i rith thimthriall 2019/2020, a luaithe a chuirtear tús le cuairteanna comhlíonta faoin Scéim. Próiseas leanúnach a bheidh ann seo, áfach, bunaithe ar eolas atá ar fáil ar sheirbhísí a gcuirtear na scéimeanna Cúraim Leanaí Náisiúnta agus scéim COLÓ ar fáil dóibh. B'fhéidir nach mbeidh sé cuí rátáil a chur i bhfeidhm bunaithe ar shaincheisteanna a tháinig chun solais ar scéimeanna leagáide, a bhféadfadh rialacha/riachtanais éagsúla a bheith acu.

**Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta an RLGÓ**

Glacann an Roinn leis an moladh seo agus oibreoidh sí le Pobal chun samhail rátála riosca fhoirmiúil a thabhairt isteach. Bhí coinne leis seo agus rinneadh ullmhú dó laistigh den timpeallacht rialaithe nua agus riachtanais rialachais airgeadais agus chuntasachta na Scéime Cúraim Leanaí Náisiúnta, atá tugtha chun críche nach mór. Táthar tiomanta faoi láthair do mheicníocht rátála riosca fhoirmiúil a fhorbairt don Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta.

Tabharfaidh tairiscintí seirbhíse 2019/2020 aird iomlán ar riosca, a chuireann i gcuntas cineál na scéimeanna. Fóirdheontais atá iontu, go héifeachtach, d'áiteanna sonraithe do leanaí aonair; agus tabharfar tús áite go fóill do rialacha freastail a chomhlíonadh, ar an ábhar sin. Beartaíonn an Roinn, chomh maith, chun comhaontú a dhéanamh le Pobal ar an bhfeidhm chuí iniúchóireachta do na cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí.

**16.104** Is deacair measúnú a dhéanamh ar éifeacht an chórais chomhlíonta ar bhunleibhéal comhlíonta na rialacha scéime luathfhoghlama agus cúraim leanaí, nuair a chuirtear san áireamh gur minic a tháinig athrú ar líon, teideal agus sainmhíniú na gcatagóirí a úsáidtear do thorthaí comhlíonta ó bhliain go bliain.

**16.105** A fhad le 2017/2018, mar thoradh ar easpa smachtbhannaí éifeachtacha, measadh go raibh soláthraithe seirbhíse an-neamhchomhlíontach, i ndiaidh gur tugadh cuairteanna comhlíonta gan fhógra orthu, i dtaobh théarmaí na ndeontas a cuireadh ar fáil agus lean siad le cistiú a fháil. Chuir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige creat nua i bhfeidhm, ó 2017/2018, ach is ró-luath go fóill é chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht.

**Moladh 16.3**

Ba cheart don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige athbhreithniú a sceidealú chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an chreata nua comhlíonta.

**Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta an RLGÓ**

Glacann an Roinn leis an moladh seo.

Tá an creat comhlíonta reatha á oibriú ó 2017/2018 agus díriú ar leith ar neamhchomhlíonadh mór a bhaineann le rialacha an taifid freastail. Cuirfidh an Roinn feabhsúcháin bhreise ar an gcreat comhlíonta mar chuid de neartú incriminteach na tairisceana comhlíonta do na cláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí. Déanfaidh an t-athbhreithniú agus an nuashonrú a dhéanfar ar an gcreat comhlíonta breithniú ar conas a d'oibrigh an creat ó 2017/2018 ar aghaidh, anuas ar réimsí atá le feabhsú, agus aon athruithe a theastaíonn. Áirítear leis na hathruithe seo, ach go háirithe, an Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta a thabhairt isteach ar bhonn reachtúil. Cuirfear tús leis an obair seo ar aon dul le tairiscint na seirbhís comhlíonta don tréimhse 2019/2020 agus an Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta a fhorbairt.

Faoin Acht um Thacaíocht Cúraim Leanaí, 2018, cuirtear seiceálacha agus iarmhéideanna láidre rialachais san áireamh sa Scéim nua ón tosach.

Mar shampla, is éard a bhainfidh leis an Scéim ná tuairisceán nua seachtainiúil tuairiscithe freastail a dhéanfaidh soláthraithe seirbhíse cúraim leanaí agus foráiltear sa reachtaíocht gur féidir le riarthóir na scéime íocaíocht fóirdheontas a chur ar fionraí i gcás nach seolann soláthraithe an tuairisceán seachtainiúil ar aghaidh. Ar an gcuma chéanna, foráiltear ann don bhunús dlí chun fóirdheontais a chur ar fionraí nó a aistarraingt nuair a dheimhnítear go bhfuil taifid freastail neamhleor. Ag gach céim nuair a bhíonn an Scéim nua á forbairt, tugann oifigigh aird ar an bhfoghlaim atá déanta ó na laigí sna scéimeanna leagáide.

**16.106** Measann Pobal, faoi láthair, gurb í gníomhaíocht chomhlíonta a roghnaítear ar bhonn riosca is cúis le ró-éilimh. Ar an ábhar sin, b'fhéidir nach ndéanfaidh na torthaí meastachán ionadaíoch ar an leibhéal foriomlán de ró-éilimh a thagann chun solais i gcláir aonair luathfhoghlama agus chúraim leanaí.

### Moladh 16.4

Ba cheart do Pobal modheolaíocht iontaofa a fhorbairt lena chur ar a chumas meastachán agus monatóireacht a dhéanamh ar an mbunleibhéal ró-éileamh a thagann chun solais i gcláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí. D'fhéadfaí a áireamh leis seo cuairteanna comhlíonta agus/nó iniúchtaí a roghnaítear ar bhonn randamach.

**Freagairt Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pobal**

Glacann Pobal leis an moladh seo.

I dtaobh cistiú neamhchaipitil do chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí, tá Pobal tiomanta do mhodheolaíocht a chruthú chun an leibhéal ró-éileamh a mheas, a sainaithníodh trí sheiceálacha comhlíonta a dhéanamh, i gcomhairle leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Maidir le seiceálacha iniúchta amach anseo, beidh pleanáil chuí le déanamh ar an modheolaíocht sin agus beidh na hacmhainní cuí le cur ar fáil di. I dtaobh seicheamhú, caithfidh na comhaontuithe daingne conarthacha agus na meicníochtaí tuairiscithe airgeadais a bheith ann chun go mbeidh an rath ar aon chóras iniúchta amach anseo, agus caithfear an buneolas agus tacaíochtaí eile a sholáthar do sholáthraithe cúram leanaí ar bhealach a thugann cuntas soiléir ar ionchais. Caithfidh na céimeanna seo an t-aitheantas cuí a thabhairt don mheascán cistithe do sholáthraithe cúraim leanaí pobail/príobháideacha agus caithfidh siad cineál an chistithe neamhchaipitil a aithint, chomh maith, atá á shainiú mar fhóirdheontais, seachas deontais. Baineann tábhacht leis an idirdhealú mar gheall nach deontais iad a shainítear lena n-íoc amach ar chostais imfhálaithe atáthar in ann a dheimhniú in aghaidh critéir cháilitheachta réamhshainithe. I dtéarmaí praiticiúla, tá súil leis go ndéanfar seiceálacha iniúchta mar thoradh air seo a dhíríonn ar chaighdeáin rialachais a fhíorú agus a fheabhsú.

Faoi réir chomhaontú na Roinne, tá súil ag Pobal leis go mbeidh tairiscint seirbhíse a bhaineann le hiniúchadh i bhfeidhm faoi thráth luath in 2020, i ndiaidh céim phíolótach thosaigh a bheartaítear go déanach in 2019.

**16.107** Tá freagracht ar thrí aonán ar leith (Pobal, Tusla agus an Roinn Oideachais agus Scileanna) as comhlíonadh gnéithe éagsúla de luathfhoghlaim agus cúraim leanaí a sholáthar agus as cigireacht a dhéanamh orthu. Cé go bhfuil fianaise ann i leith idirghníomhú rialta idir na haonáin, d'fhéadfaí glacadh le prótacail ní b'fhoirmiúla le haghaidh cumarsáide agus sonraí a roinnt chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhoriomlán an chórais chomhlíonta.

### Moladh 16.5

Ba cheart don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige comhaontú a dhéanamh ar phrótacail fhoirmiúla chun sonraí a roinnt le comhlachtaí cigireachta eile.

**Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta an RLGÓ**

Glactar leis an moladh seo.

Tá comhordú á dhéanamh agus tá sonraí á roinnt cheana féin agus tá siad á neartú le himeacht ama. Comhaontaítear, áfach, gur cheart socruithe foirmiúla a dhéanamh agus go ndéanfar iad seo a shíniú go gairid amach anseo.

Tá socruithe comhordaithe agus roinnte sonraí i bhfeidhm le roinnt blianta anuas tríd an nGrúpa Ailínithe Oibríochtaí agus Córas, trí chruinnithe rialta idirchaidrimh idir an Roinn seo agus gach ceann de na comhlachtaí cigireachta, agus trí na sonraí ábhartha a roinnt go héifeachtach ar bhonn déthaobhach. Tá meabhrán tuisceana i bhfeidhm idir an Roinn seo agus an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus tá prótacal foirmiúil cumarsáide idir an Roinn seo agus Cigireacht Tusla cóir a bheith tugtha chun críche.

Maidir le sonraí á roinnt idir comhlachtaí cigireachta, is tábhachtach róil agus díriú na dtrí chomhlacht agus a bhfreagrachtaí an-éagsúla um chosaint sonraí a thabhairt faoi deara. Cé gur cuí faisnéis áirithe a roinnt, ba cheart a bheith cúramach maidir leis an méid a roinntear agus conas a úsáidtear an fhaisnéis. Caithfear aird a thabhairt ar neamhspleáchas agus ról ar leith gach comhlachta, agus caithfear a bheith cúramach nuair a bhíonn aon tátail á mbaint as rud atá aimsithe ag comhlacht eile.

### Moladh 16.6

Mar gheall go soláthraíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige cistiú suntasach Stáit don earnáil luathfhoghlama agus cúram leanaí, ba cheart di, faoi réir cheanglais an RGCS a chomhlíonadh[1] agus an aird mar is cuí a thabhairt ar róil neamhspleácha agus freagrachtaí reachtúla aonán éagsúil, foráil a dhéanamh do thiomsú na dtorthaí a bhíonn ar gach saghas cigireachta le soláthraithe seirbhíse a shainaithint atá neamhchomhlíontach go seasta i measc na dtrí chóras cigireachta. D'fhéadfadh roinnt na faisnéise sin tacú le próifíliú riosca níos eolaí i measc na gcomhlachtaí éagsúla.

#### Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta an RLGÓ

Glactar leis an moladh seo.

Tá roinnt deacrachtaí praiticiúla ann maidir leis seo a bhaint amach seo, ach déanfaimid athbhreithniú ar an mbealach is fearr chun an moladh a chur i bhfeidhm.

Tá róil éagsúla ag na trí aonán ábhartha. Mar gheall go dtugann gach ceann díobh faoina ngníomhaíocht ar mhinicíochtaí éagsúla, b'fhéidir go mbeidh fáil ar fhaisnéis a cuireadh ar fáil go rídhéanach ó chomhlacht amháin, ach tuigtear go bhféadfadh faisnéis ó chomhlacht eile atá ar fáil gabháil siar breis agus dhá bhliain ó shin. Ní féidir talamh slán a dhéanamh de, ach chomh beag, go bhfuil comhghaol idir laigí a aimsítear i measc na saghsanna cigireachta, ach b'fhiú na torthaí a chros-seiceáil. Tá freagrachtaí um chosaint sonraí agus dualgas ar gach eagraíocht chun próis chuí a chur ar fáil do sheirbhísí nuair a shainaithnítear lochtanna.

D'fhéadfaí laigí i mbainistíocht i soláthraí seirbhíse a thabhairt faoi deara i dtorthaí i measc gach cinn de na trí chomhlacht cigireachta/iniúchóireachta, agus bheadh sé tairbhiúil roinnt sonraí cuí a neartú níos mó idir na comhlachtaí cigireachta/iniúchóireachta, faoi réir próis chuí agus cheanglais an RGCS.

### *Meastóireacht ar éifeachtacht*

16.108 Caitheadh breis agus dhá thrian den chaiteachas iomlán ar chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí ar chlár COLÓ, a tugadh isteach in 2010. Rinneadh an scéim a fhairsingiú go suntasach in 2016. Cé go bhfuil an ráta rannpháirtíochta, ar an iomlán, sách ard, thug an Roinn rátaí glactha níos ísle le COLÓ faoi deara i measc iad siúd arb as ceantair faoi mhíbhuntáiste nó cúlraí mionlaigh dóibh.

1 Tháinig an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) i bhfeidhm ar fud an Aontais Eorpaigh i mBealtaine 2018. Bunaítear ann creat nua uile-Eorpach le haghaidh cosaint sonraí.

**16.109** Mar chuid den straitéis *Na Chéad 5* a chur i bhfeidhm, tá an Roinn tiomanta do thabhairt faoi mheasúnú mionsonraithe ar chlár COLÓ chun cohóirt leanaí a shainaithint a bhfuil rátaí rollaithe agus rannpháirtíochta níos ísle ná na meánrátaí acu agus dul i mbun an ghnímh riachtanaigh chun dul i ngleic leis an tsaincheist. Tá an Roinn tiomanta, ina theannta sin, do mheicníochtaí a fhorbairt chun tacaíochtaí breise a sholáthar do sheirbhísí luathfhoghlama agus cúraim leanaí nuair a bhíonn comhréireanna arda leanaí i mbaol bochtaineachta chun tionchar an luath-mhíbhuntáiste a mhaolú. Cuirfidh an clár *Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna* i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna eolas ar fáil dó seo.

**16.110** Cé gur leagadh amach cuspóirí áirithe do chláir aonair luathfhoghlama agus chúraim leanaí i straitéisí agus beartais éagsúla le himeacht ama, níl an chosúlacht air gurb ann do chreat soiléir agus cuimsitheach tomhaiste feidhmíochta, príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna ina measc, a d'éascódh le measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na torthaí a bheartaítear á mbaint amach.

### Moladh 16.7

Chun éascú le meastóireacht a dhéanamh ar chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí, ba cheart don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige spriocanna ardleibhéil a fhorbairt lena dtacaíonn cuspóirí intomhaiste i bhfoirm spriocanna agus príomhtháscairí feidhmíochta ar leith.

#### Freagairt Oifigeach Cuntasaíochta an RLGÓ

Glactar leis an moladh seo.

Ar cheann de na cuspóirí móra atá ag an straitéis *Na Chéad 5* ná *'bonneagar náisiúnta láidir le haghaidh taighde agus sonraí a úsáidtear chun beartas agus cleachtas a threorú, anuas ar chlár leanúnach monatóireachta agus meastóireachta'*. Tugann an Roinn faoi láthair faoi bhearta chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chláir luathfhoghlama agus chúraim leanaí, agus tuairisciú a dhéanamh ar tháscairí feidhmíochta agus spriocanna náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Chuir an Scéim Cúraim Leanaí Náisiúnta nua comhaontú substainteach soláthair feidhmíochta i bhfeidhm cheana féin a oibrítear i gcomhthráth le creat monatóireachta agus meastóireachta na Scéime. Ag cur leis seo, agus ag tabhairt faoi ghníomh de chuid *Na Chéad 5*, tá an Roinn tiomanta do chreat daingean náisiúnta monatóireachta agus meastóireachta a fhorbairt do luathfhoghlaim agus cúram leanaí, sraith táscairí comhaontaithe a shainaithint maidir le méid agus cáilíocht an tsoláthair agus díriú ar sholáthar, agus tuarascáil mhonatóireachta náisiúnta a fhoilsiú go rialta ina measc sin. Cuirfidh seo le *Creat Cáilíochta an AE um Oideachas agus Cúram na Luath-Óige.*

**16.111** Tá an Roinn tiomanta do chistiú agus tacaíocht leanúnach a sholáthar ar feadh dhá bhliain iomlána de chlár COLÓ agus beartaíonn sí chun tabhairt faoi athbhreithniú ar an gclár agus, faoi réir torthaí, chun aon athruithe riachtanacha i rith na tréimhse 2019 – 2021 a shainaithint.

**16.112** Faoin straitéis *Na Chéad 5*, tá an Roinn tiomanta do chreat féinmheastóireachta a fhorbairt do luathfhoghlaim agus cúram leanaí chun gur féidir le soláthraithe measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht féin i measc an speictrim cháilíochta, idir chomhlíonadh agus sármhaitheas, agus modhanna cuí a fhorbairt agus a úsáid chun dearcthaí leanaí agus tuismitheoirí a chur san áireamh nuair a bhíonn cigireacht á déanamh ar luathfhoghlaim agus cúram leanaí.

**16.113** Tiomnaíonn an Roinn arís eile in *Na Chéad 5* chun uirlis a fhorbairt chun cáilíocht an chleachtais a thomhas i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim leanaí. Luaigh an Roinn go gcuirfeadh a leithéid d'uirlis taighde le meicníochtaí measúnaithe cáilíochta eile atá i bhfeidhm cheana féin agus go gcuirfidís meicníocht ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht bheartas atá dírithe ar ar cháilíocht a ardú ar leibhéal ar fud an chórais. Táthar le tabhairt faoi staidéar náisiúnta bonnlíne, trí úsáid a bhaint as an uirlis, faoi dheireadh 2021.

## Iarscríbhinn 16A

### Fíor 16A.1 Achoimre ar ghnéithe sna comhaontuithe reatha CS agus bliantúla

**Comhaontú seirbhíse**

- Socruithe ginearálta a bhaineann le seirbhísí á soláthar ag Pobal don Roinn.
- Aidhm agus cuspóirí an CS.
- Comhaontú a dhéanann an Roinn ar chritéir áirithe maidir leis na cláir agus na scéimeanna a riarann Pobal.
- Comhaontú a dhéanann an Roinn chun cloí le gach foráil reachtaíochta, ciorclán, treoirlínte agus nós imeachta airgeadais poiblí a eisíonn an Roinn agus ranna eile, anuas ar chomhaontú ar chritéir áirithe maidir leis na cláir agus na scéimeanna a riartar.
- Socruithe maoirseachta idir an Roinn agus Pobal.
- Rialachas corparáideach, róil agus freagrachtaí, oibleagáidí rialachais, tuairisciú, monatóireacht agus cuntasaíocht, nochtadh cosanta, próiseas gearán agus soláthar faisnéise d'oifigigh na Roinne agus do bhaill an Oireachtais ina measc.
- Cistiú agus táillí.
- Téarmaí agus coinníollacha ginearálta.

**Clár oibre**

- Sonraítear sa chlár oibre tascanna ardleibhéil, dualgais, próisis agus amlínte a chuireann Pobal ar fáil don Roinn in aon bhliain ar leith. Maidir le cláir chistithe luathbhlianta, áirítear leis oibríochtaí ginearálta, tascanna aonair do gach scéim, íocaíochtaí tacaíochta cláir, bainistíocht cáis chomhtháite.
- Ina theannta sin, cuireann sé dualgais ar fáil do chláir eile, e.g. caipiteal luathbhlianta, anuas ar fhaisnéis a chur san áireamh ar thionscadail luathbhlianta, ar nós na Scéime Cúraim Leanaí Inacmhainne agus faisnéise faoi rialachas agus maoiniú luathbhlianta, an creat tuairiscithe ina measc.

**Tairiscint an chostais seirbhíse**

Déanann costas seirbhíse comhaontú ar tháille sheirbhíse chun gach clár a sholáthar. Áirítear leis

- léargas ginearálta ar chostais a iarrtar
- réasúnaíocht chaiteachais
- soláthair foirne Pobal.

**Tairiscint na seirbhíse comhlíonta**

Déanann tairiscint na seirbhíse comhlíonta comhaontú ar chlúdach, modheolaíocht etc. na feidhme comhlíonta. Áirítear le tairiscint na seirbhíse don timthriall 2017/2018 sonraí faoi thascanna, próisis agus amlínte sna limistéir seo a leanas

- clúdach
- próiseas comhlíonta
- roinnt aguisíní, an réasúnaíocht ina measc d'athruithe, toimhdí agus catagóiriú comhlíonta ina measc.

Foinse: An CS idir an Roinn agus Pobal. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Iarscríbhinn 16B

### Fíor 16B.1 Gnáth-thascanna do chuairteanna agus iniúchtaí comhlíonta[a]

| Cuairt chomhlíonta | Iniúchadh |
|---|---|
| **Seiceálacha ginearálta**<br>▪ seirbhís á hoibriú<br>▪ rochtain deonaithe<br>**Taifid**<br>▪ taifid freastail<br>▪ taifid táillí<br>**Taifid táillí**<br>▪ seiceáil gur laghdaíodh na suimeanna a gearradh ar thuismitheoirí agus aird ar na táillí atá faighte ag an soláthraí seirbhíse ó Pobal (e.g. COLÓ)<br>▪ tá na táillí cláraithe cruinn<br>▪ roghanna breise<br>**Cáipéisí a choinneáil**<br>▪ foirmeacha dearbhaithe sínithe an Ardáin um Chur i bhFeidhm Clár<br>▪ litreacha sínithe táillí tuismitheora<br>▪ coibhéis mhíosúil lánaimseartha ar an láthair agus cothrom le dáta (an FCLP)<br>▪ bileoga sínithe isteach tuismitheora ar fáil agus á gcoimeád (CLOF)<br>**Cáilíochtaí foirne**<br>▪ líon na leanaí<br>▪ leibhéil chaipitíochta<br>**Seiceálacha eile**<br>▪ Léirítear san Ardán um Chur i bhFeidhm Clár an freastal iarbhír (COLÓ)<br>▪ tá na huaireanta a fhóirdheonaítear i gceart (COLÓ)<br>▪ rinneadh na seisiúin chaipitíochta níos airde a uasmhéadú (COLÓ)<br>▪ sásaíodh an rollú íosta (8) (COLÓ)<br>▪ cuireadh béilí ar fáil, faoi mar ba ghá (an FCLPA/an FCLPA(I)) | **Rialachas corparáideach**<br>▪ struchtúir eagraíochta<br>▪ comhlíonadh rúnaíochta na cuideachta<br>▪ Maoirseacht agus comhdhéanamh an Bhoird<br>▪ beartais agus nósanna imeachta inmheánacha<br>▪ cuntais agus socruithe baincéireachta iniúchta<br>**Taifid**<br>▪ buntaifid chuntasaíochta<br>▪ tuairisceáin curtha faoi bhráid Pobal<br>▪ taifid ioncaim agus nósanna imeachta bainistíochta airgid thirim<br>▪ taifid ar fhreastal agus ar tháillí<br>**Taifid a bhaineann leis an bhfoireann**<br>▪ párolla agus conarthaí fostaíochta<br>▪ asbhaintí reachtúla<br>▪ éilimh thaistil agus chothabhála<br>**Seiceálacha eile**<br>▪ sampla d'íocaíochtaí ginearálta[b, c]<br>▪ cáipéisíocht árachais |

Foinse: Aonad Iniúchóireachta agus Riosca Comhlíonta Pobal

Nótaí: a Tugtar faoi roinnt seiceálacha deascbhunaithe sula dtugtar cuairteanna ar an láthair, e.g. déantar athbhreithniú ar iarthorthaí sula dtugtar cuairteanna comhlíonta agus déantar athbhreithniú ar thaifid agus ráitis airgeadais iniúchta na hOifige um Chlárú Cuideachtaí sula ndéantar iniúchtaí.

b Faoi théarmaí a gconarthaí leis an Roinn, níl ar sheirbhísí atá cistithe ag COLÓ chun na híocaíochtaí siúd a imfhálú ná tuairisc a dhéanamh orthu agus ní féidir, ar an ábhar sin, íocaíochtaí ar leith atá cistithe ag COLÓ a shainaithint. Tá ar sholáthraithe an FCLP tuairisceáin thréimhsiúla a sheoladh ar aghaidh maidir le cistiú an FCLP a léiríonn caiteachas foriomlán agus go dtugtar faoi sheiceálacha ardleibhéil ar rian iniúchta.

c In 2019, dheimhnigh an Roinn gurb ionann cistiú COLÓ agus fóirdheontas, seachas deontas nach mór a chaitheamh ar chostais incháilithe réamhshainithe.

# Ioncam

# 17 Idirghabhálacha um chomhlíonadh cánach

**17.1** Is cuid ríthábhachtach d'oibriúchán riaracháin chánach agus dleachtanna in Éirinn é féinmheasúnú dliteanas cánach daoine aonair agus cuideachtaí. Ceanglaítear ar cháiníocóirí tuairisceáin iomlána agus chruinne a chomhdú agus íocaíochtaí cánach gaolmhara leo a dhéanamh de réir spriocdhátaí reachtúla. Is féidir le cáiníocóirí aisíocaíochtaí cánach a éileamh ar bhonn féinmheasúnaithe.

**17.2** I scrúdú a rinneadh roimhe seo ar shocraíochtaí cánach i ndiaidh idirghabhálacha comhlíonta tugadh faoi deara roinnt laigí i nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim maidir leis an tslí a dtaifeadtar torthaí idirghabhála agus feidhmiú comhsheasmhach an úis agus na bpionós.[1] Rinneadh roinnt moltaí ar dearadh iad chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí sin. Tá ráiteas curtha ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcaoi ar fhreagair sé na moltaí a rinneadh i dtuarascáil 2012 (féach ar Iarscríbhinn 17A).

**17.3** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim chun a gcuid rialuithe a dhéanamh níos doichte maidir le hidirghabhálacha comhlíonta agus comhaontú agus bailiúchán socraíochtaí cánach.

## Forbhreathnú ar idirghabhálacha comhlíonta

**17.4** Tá córas éifeachtach comhlíonta riachtanach chun sláine an chórais chánach a chosaint bunaithe ar an bprionsabal 'iontaobhas ach tástáil'. I gcás na gCoimisinéirí Ioncaim, áirítear leis an gcóras comhlíonta féinmheasúnaithe

- ***idirghabhálacha iniúchta*** — iniúchtaí nó imscrúduithe a dhéantar go príomha ar bhonn riosca agus i bhformhór na gcásanna, lena mbaineann scrúdú iomlán ar leabhair agus ar thaifid an eintitis
- ***idirghabhálacha neamh-iniúchta*** — idirghabhálacha nach bhfuil chomh tromchúiseach ar bhonn riosca go príomha nuair a dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim seiceálacha, trí chomhfhreagras, trí ghuthán nó trí chuairt ghearr ar an gcáiníocóir maidir le gné ar leith dá gcomhlíonadh cánach agus dleachta.

Tugtar achoimre ar nádúr gach cineál idirghabhála i Fíor 17.1.

**17.5** Déantar idirghabhálacha de réir riachtanais na reachtaíochta, go príomha an tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997 (TCA) agus *Cód Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hIniúchadh Ioncaim agus Idirghabhálacha Comhlíonta eile* (an cód cleachtais).

**17.6** Go ginearálta, roghnaítear cásanna le haghaidh idirghabhála bunaithe ar tháscairí éagsúla maidir le rioscaí a bheith ann. Roghnaítear líon beag cásanna go randamach le haghaidh iniúchta.

**17.7** Tá cur chuige riosca-bhunaithe na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le roghnú cásanna bunaithe ar chros-seiceáil agus cheistiú na sonraí go léir atá ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim ar cháiníocóirí agus ar ghnóthais aonair. Cuireann sé seo ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim daonra na gcáiníocóirí a rangú ó thaobh riosca de, agus aird a tharraingt go huathoibríoch ar shaincheisteanna áirithe nach mór a scrúdú.

1 Caibidil 27, Socraíochtaí Iniúchóireachta Cánach, *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2012.*

**Fíor 17.1 Cineálacha idirghabhála cánach**

| | | |
|---|---|---|
| **Idirghabháil neamh-iniúchta** | **Seiceáil dearbhaithe** | ▪ Idirghabháil chomhlíonta a bhféadfadh seiceálacha agus dúshláin baint leis le teagmháil dhíreach a dhéanamh le cáiníocóirí chun saincheist agus/nó seiceálacha comhlíonta a thástáil ag lárionaid phoist agus aerfoirt. Bíonn siad bunaithe go minic ar neamhréiteach dealraitheach éigin i sonraí atá á gcoimeád ag na Coimisinéirí Ioncaim i dtaifid cháiníocóirí nó d'fhéadfadh treoirlínte na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le héilimh ar aisíocaíochtaí nó faoiseamh a sheiceáil a bheith mar chúis leo. Áirítear leis seo<br>▪ seiceálacha máil, CBL ina measc<br>▪ éilimh ar aisíocaíocht a bhaineann le dleacht stampála, agus<br>▪ seiceálacha ar phacáistí ar seoladh iad ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn a scrúdaítear ag lárionaid phoist agus earraí a iompórtáiltear ó áiteanna lasmuigh den AE a ndéantar cigireacht orthu ag aerfoirt agus calafoirt. |
| | **Fiosrú maidir le gné** | ▪ Is idirghabháil ghearr spriocdhírithe é seo chun riosca sonrach a sheiceáil, a aithnítear de ghnáth le ceann de na huirlisí anailíse riosca de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim.<br>▪ De ghnáth, cuirfear in iúl don cháiníocóir (agus/nó don ghníomhaire) cén fáth a bhfuil an cheist á déanamh agus d'fhéadfaí iarraidh ar dhoiciméid tacaíochta a bheith san áireamh inti. |
| | **Agallamh próifíle** | ▪ Mar chuid den phróiseas agallaimh phróifíle, eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim litir chuig an gcáiníocóir ag aithint na réimsí riosca a phléifear. Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim gach doiciméad agus taifead a chuireann an cáiníocóir ar fáil a scrúdú chun an riosca a shoiléiriú. |
| **Idirghabháil iniúchóireachta** | **Iniúchóireacht** | ▪ Is scrúdú é seo ar leabhair, ar thaifid agus ar chomhlíonadh oibleagáidí cánach duine aonair nó cuideachta chun an leibhéal dliteanais ceart a fháil amach. |
| | **Imscrúdú na gCoimisinéirí Ioncaim** | ▪ Is éard atá i gceist le himscrúdú ná scrúdú ar ghnóthaí cáiníocóra i gcás go gcreideann na Coimisinéirí Ioncaim, ó scrúdú ar fhaisnéis atá ar fáil, go bhféadfadh imghabháil thromchúiseach chánach nó dleachta a bheith tarlaithe nó go bhféadfadh cion Ioncaim a bheith déanta. |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Idirtheagmháil leis an gcáiníocóir

**17.8** Tá achoimre ar an bpróiseas idirtheagmhála féideartha idir na cáiníocóirí agus na Coimisinéirí Ioncaim i Fíor 17.2.

**17.9** A luaithe agus a roghnaítear cás agus a shanntar do chásoibrí na gCoimisinéirí Ioncaim é, déantar breithmheas air chun a fháil amach ar chóir go dtarlódh aon chineál idirghabhála agus más amhlaidh gur chóir, cén cineál idirghabhála is oiriúnaí. Le linn 2018, chríochnaigh cásoibrithe 220,154 breithmheas, agus measadh go raibh idirghabháil bhreise de dhíth ar 123,450 (56%) díobh.

**17.10** Nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir leis an gcineál idirghabhála do chás ar leith, déanann cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú ar an riosca atá i gceist agus cinneann sé an idirghabháil ab éifeachtaí maidir leis an am agus na hacmhainní atá ar fáil, agus ag an am céanna ag tabhairt aghaidh ar an riosca a bhraitear.

**17.11** In 2015, thug na Coimisinéirí Ioncaim córas Bainistíochta Cásanna Ioncaim (RCM) isteach chun gach idirghabháil chomhlíonta a thaifeadadh a cheadaíonn catagóiriú cuí a dhéanamh i gcineálacha éagsúla idirghabhála (i.e. fiosrú maidir le gné, agallamh próifíle, iniúchtaí agus imscrúduithe) agus tionscadail/rioscaí. Is córas cásoibre é RCM a dhéanann taifead ar ghníomhaíochtaí idirghabhála comhlíonta. Déantar aon mheasúnú a ardaítear le linn na hidirghabhála a thaifeadadh ar chóras ar leithligh, an córas Próiseála Comhtháite Cánach (ITP). Ní chomhcheanglaíonn an RCM leis an ITP agus dá bhrí sin, cuirtear na measúnuithe ar leithligh ar ITP.[1]

### *Nochtadh cáilitheach*

**17.12** Ag céim ar bith roimh thosach iniúchta nó imscrúdaithe, is féidir le cáiníocóir 'nochtadh cáilitheach' a dhéanamh lenar féidir pionóis a d'fhéadfadh a bheith dlite dóibh a mhaolú. I gcásanna den sórt sin, soláthraíonn an cáiníocóir sonraí faoi aon chánacha atá dlite agus ús chomh maith. Ní mór íocaíocht na suimeanna dlite nó plean íocaíochta comhaontaithe a bheith curtha isteach in éineacht leis an nochtadh cáilitheach. Meastar gurb ionann sin agus

- ***nochtadh saorálach neamhspreagtha*** — má dhéantar é tráth ar bith sula dtugann na Coimisinéirí Ioncaim fógra faoi iniúchadh nó faoi tionscnamh imscrúdaithe
- ***nochtadh deonach spreagtha*** — má dhéantar é tar éis fógra a fháil go bhfuil iniúchadh ar tí tosú, ach roimh thús an iniúchta.

**17.13** Ní féidir le cáiníocóirí leas a bhaint as an deis nochtadh cáilitheach a dhéanamh sa chás go bhfuil imscrúdú Ioncaim tionscanta ná sa chás go bhfuil tús curtha le hiniúchadh de chuid na Coimisinéirí Ioncam.

1 Is é an córas Próiseála Comhtháite Cánachais croíchóras comhtháite riaracháin chánach agus chustam na gCoimisinéirí Ioncaim. Cothabhálann sé an bonn cásanna, próiseálann sé tuairisceáin chánach, íocaíochtaí, aisíocaíochtaí, aisíocaíochtaí agus bainistíonn sé an próiseas um chomhlíonadh do na Coimisinéirí Ioncaim.

**Fíor 17.2 Próiseas idirghabhála iniúchta agus comhlíonta na gCoimisinéirí Ioncaim**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Cuimsítear le hidirghabháil neamh-iniúchta seiceáil dearbhaithe, fiosrú maidir le gné nó agallamh próifíle.
b Le hidirghabháil iniúchta, cuimsítear iniúchadh agus imscrúdú.
- - -▶ I gcásanna nach mbaineann mainneachtain d'aon ghnó leo, i gcás go dtosaíonn na Coimisinéirí Ioncaim iniúchadh nó imscrúdú ar thréimhse áirithe nó ar cheannteideal cánach, coinníonn an cáiníocóir an ceart nochtadh neamhspreagtha a dhéanamh maidir le tréimhsí nó ceannteidil chánach nach bhfuil laistigh de raon na hidirghabhála.

### *Idirghabhálacha críochnaithe agus torthaí gaolmhara*

**17.14** Chríochnaigh na Coimisinéirí Ioncaim 461,044 idirghabháil in 2018. Déantar idirghabhálacha a aicmiú mar idirghabhálacha críochnaithe nuair

- atá an tsocraíocht comhaontaithe agus an dliteanas atá ann íoctha nó socrú comhaontaithe déanta i ndáil le híocaíocht chéimnithe
- a chuirtear an cás ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir lena bhailiú nó
- nach féidir na dliteanais bhreise a aithnítear a bhailiú m.sh. tá an ghnólacht imithe as feidhm.

**17.15** Fuarthas €572.1 milliún ó 123,919 (27%) idirghabháil a críochnaíodh in 2018 (Féach Fíor 17.3).

**17.16** Is ionann idirghabhálacha neamh-iniúchta agus toradh €316 milliún, níos mó ná leathchuid den toradh iomlán ó bhearta chomhlíonta. Mar thoradh ar thart ar aon cheann as gach ceithre cinn de na hidirghabhálacha seo bhí cáin bhreise,ús, agus i gcásanna áirithe measadh go raibh pionóis dlite. I gcodarsnacht leis sin, bhí dliteanais bhreise i gceist le beagnach dhá thrian de na hidirghabhálacha iniúchóireachta, arbh ionann iad agus €84,500 ar an meán in aghaidh an cháis iniúchta a bhí mar thoradh air.

**Fíor 17.3 Gníomhaíocht agus toradh comhlíonta, 2018**

| Cineál idirghabhála | Líon na n-idirghabhálacha | | | Toradh €m | Meán/toradh / cáis € |
|---|---|---|---|---|---|
| | Críochnaithe | Cáin bhreise a gineadh | % | | |
| Seiceálacha dearbhaithe | 356,813 | 96,254 | 27% | 7.2 | 75 |
| Fiosrú maidir le gné | 94,393 | 23,464 | 25% | 289.7 | 12,347 |
| Agallamh próifíle | 5,095 | 1,171 | 23% | 19.2 | 16,396 |
| **Idirghabhálacha neamh-iniúchta** | **456,301** | **120,889** | | **316.1** | |
| **Iomlán na n-idirghabhálacha iniúchóireachta** | **4,743** | **3,030** | **64%** | **256** | **84,488** |
| **Idirghabhálacha iomlána** | **461,044** | **123,919** | | **572.1** | |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Ús agus pionóis*

**17.17** San Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 déantar foráil, i measc nithe eile, maidir le hús a chur i bhfeidhm ar íocaíocht dhéanach chánach, agus ar phionóis as gan tuairisceáin chánach a chur isteach nó as tuairisceáin mhíchearta a chur isteach.

**17.18** Athraíonn an ráta úis ar cháin thar téarma idir dhá ghrúpa leathan de cheannteidil chánach.

- Is é 0.0219% in aghaidh an lae nó 8% in aghaidh na bliana an ráta úis faoi láthair maidir le cánacha díreacha amhail cáin ioncaim, cáin chorparáide, cáin ghnóthachan caipitiúil, cáin bhronntanais agus oidhreachta.
- Is é 0.0274% in aghaidh an lae nó 10% in aghaidh na bliana an ráta úis maidir le cánacha muiníneacha, amhail cáin bhreisluacha agus pá mar a thuilleann tú.

Níl aon fhoráil ann chun an t-ús atá dlite a mhaolú.

**17.19** Ní chuirtear pionóis i bhfeidhm in imthosca áirithe.

- Sa chás go bhfuil an cháin chomhiomlán atá dlite níos lú ná €6,000 agus nár tháinig an mhainneachtain chun cinn mar gheall ar iompar d'aon ghnó.
- Sa chás go ndéanann an cáiníocóir tuairisceán a cheartú agus go n-íocann sé an cháin agus an t-ús gaolmhar. De ghnáth bíonn teorainn ama 12 mhí i bhfeidhm ón dáta dlite chun tuairisceáin a chomhdú i ach bíonn eisceachtaí ann maidir leis an teorainn seo le cineálacha áirithe cánacha.
- Sa chás go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim sásta gur tharla an mhainneachtain mar gheall ar earráid neamhchiontach.
- Sa chás go n-eascraíonn an dliteanas breise as coigeartú teicniúil agus má tá na Coimisinéirí sásta gur ghlac an cáiníocóir cúram cuí agus go raibh an chóireáil lena mbaineann bunaithe ar léirmhíniú cearr ar an dlí nó ar an gcleachtas, agus nach raibh iompar d'aon ghnó i gceist.

**17.20** Tá na rátaí pionóis a chuirtear i bhfeidhm ar mhainneachtain chánach idir 3% den cháin agus 100% (féach ar Iarscríbhinn 17B). Chomh maith le sonraí an cháiníocóra, is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim cineál na mainneachtana agus méid na socraíochta a fhoilsiú. Mar thoradh ar nochtadh cáilitheach, cuirtear pionóis níos ísle i bhfeidhm agus ní fhoilsítear sonraí na socraíochta. Meallann nochtadh cáilitheach neamhspreagtha rátaí pionóis níos ísle ná nochtadh spreagtha.

**17.21** Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú ar an oiread lenar cuireadh ús agus pionóis i bhfeidhm maidir le gach aon idirghabháil a tugadh chun críche in 2018. Athraíonn an ráta lena gcuirtear pionóis agus ús i bhfeidhm (i gcoibhneas le cáin atá dlite) mar thoradh ar ghníomhaíocht idirghabhála idir ranna agus réigiúin Ioncaim (Féach ar Fíor 17.4).

**Fíor 17.4 Céatadán de chásanna as a bhfuarthas toradh in 2018 nuair a cuireadh ús agus pionóis i bhfeidhm, de réir aonaid agus réigiúin**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Sainmhíníonn na Coimisinéirí Ioncaim cásanna móra mar chuideachtaí le láimhdeachas Éireannach de €190 milliún nó níos mó ar bhonn grúpa nó íocaíochtaí cánach níos mó ná €18 milliún ar bhonn grúpa gach bliain. Déanann an Rannán Cásanna Móra bainistíocht freisin ar chásanna aonair na gcáiníocóirí a bhfuil glansócmhainní de bhreis is €50 milliún acu (laghdaithe go €20 milliún i mí na Bealtaine 2019), agus neamhchónaitheoirí a bhfuil leasanna suntasacha acu in Éirinn.

**17.22** B'ionann iomlán an úis agus na bpionós agus 16% den toradh gníomhaíochta comhlíonta in 2018.

- Chuir Rannán Imscrúdaithe agus Ionchúisimh na gCoimisinéirí Ioncaim na rátaí is airde i bhfeidhm, agus b'ionann an t-ús agus na pionóis agus 40% den toradh in 2018.
- Bhí an leibhéal úis agus pionós a gearradh ar chásanna i bhfad ní b'ísle sa Rannán Pearsanra ná mar a bhí i measc beagnach gach rannán eile. B'ionann an meántoradh sna cásanna seo agus thart ar €2,000. Nuair is ionann méid comhiomlán dliteanas cáiníocóra agus suim níos lú ná €6,000 agus nuair nach ndearnadh an mhainneachtain d'aon turas, ní ghearrtar aon phionós.
- Bhí leibhéal an úis agus na bpionós a cuireadh i bhfeidhm ar chásanna trasna na gceithre réigiún Ioncaim ar fad faoi 20%.

Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfadh an toradh tuairiscithe an leibhéal úis a chuirtear i bhfeidhm a mhaolú mar, i gcásanna áirithe, níor thaifead cásoibrí na gCoimisinéirí Ioncaim ach measúnú foirmiúil ar an dliteanas cánach agus na pionóis ghaolmhara ar RCM. Tar éis cás a bheith curtha ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir lena bhailiú, is ansin a ríomhfar aon ús (breise) a d'fhéadfadh a bheith inghearrtha.[1]

## Athbhreithniú ar idirghabhálacha sampláilte

**17.23** Rinneadh athbhreithniú sa scrúdú ar shampla de 50 socraíocht in 2018 a tháinig chun cinn de bhun idirghabhálacha comhlíonta. Áirítear leis seo cúig sheiceáil dearbhaithe agus 45 idirghabháil eile, lena n-áirítear fiosruithe maidir le gné, agallaimh phróifíle, iniúchtaí agus imscrúduithe.

### *Seiceálacha dearbhaithe*

**17.24** In 2018, rinne na Coimisinéirí Ioncaim díreach os cionn 356,800 seiceáil dearbhaithe. Gearradh cáin agus dleachtanna breise mar thoradh ar na seiceálacha, i níos mó ná an ceathrú cuid díobh. €7.2 milliún san iomlán an méid a gearradh.

**17.25** I measc na seiceálacha dearbhaithe, áirítear seiceálacha ar

- pacáistí a thagann ó lasmuigh d'Éirinn (áit a bhféadfadh CBL,[2] dleacht mháil nó dleacht chustaim[3] a bheith inghearrtha) a scrúdaítear ag ceithre ionad poist i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i bPort Laoise agus i mBaile Átha Luain
- feithiclí a allmhairítear go hÉirinn ó thar lear atá faoi réir CCF[4]
- earraí a allmhairítear ó lasmuigh den AE agus a ndéantar cigireacht orthu ag aerfoirt agus ag calafoirt
- éilimh ar aisíocaíochtaí a bhaineann le dleacht stampa.

**17.26** I bhformhór na gcásanna, ní bhaineann seiceálacha dearbhaithe le huimhir chánach m.sh. (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) nó uimhir chláraithe fostóra). Mar shampla, ní bheadh uimhir thagartha an cháiníocóra ar na beartáin a scrúdaítear in ionaid phoist. Mar thoradh air sin, i bhformhór na gcásanna, ní thaifeadtar faisnéis ar sheiceálacha dearbhaithe ná ar an toradh gaolmhar ar an RCM.

**17.27** Maidir leis an sampla de chúig chás dearbhaithe a scrúdaíodh, ba léir é an bonn a bhí leis an méid cánach/dleachta a mheas na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil leo.

1 Is as an gcóras RCM amháin a fhaightear na sonraí a chuirtear ar fáil don fhoireann scrúdaithe agus ní fholaíonn sé sonraí an Ard-Bhailitheora. Coinnítear na sonraí seo ar chóras difriúil, neamh-chomhtháite, an córas um Bainistiú Idirghabhála Gníomhaí (AIM). I mí an Mhárta 2019, thug an tArd-Bhailitheoir córas nua bainistíochta fiachais isteach a chomhcheanglaíonn leis an gcóras RCM.

2 Tá luach custaim dearbhaithe de €22 nó níos lú díolmhaithe ó Cháin Bhreisluacha (CBL) a íoc.

3 Tá allmhairiú coinsíneachtaí ar luach €150 nó níos lú díolmhaithe ó dhleacht chustaim a íoc.

4 Tá allmhairiú feithicle go hÉirinn faoi réir ag Cáin Chláraithe Feithiclí (CCF) atá iníoctha laistigh de 30 lá ón dáta a thagann sé isteach sa Stát. Gearrtar pionós má theipeann ar iompórtálaí clárú.

### *Idirghabhálacha comhlíonta eile*

**17.28** Roghnaíodh 45 cás ó na cineálacha idirghabhála eile ón líon iomlán cásanna inar tharla toradh breise mar gheall ar an idirghabháil. Leis an líon sin, áiríodh fiosruithe maidir le gné, agallaimh phróifíle, iniúchtaí agus imscrúduithe.

**17.29** Bhí na cásanna a roghnaíodh comhdhéanta de chúig chás leis an toradh is airde in 2018 agus 40 cás a roghnaíodh go randamach agus ag an am céanna ag cinntiú go raibh ionadaíocht ag gach rannán agus réigiún laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim. Bhí toradh comhcheangailte de €92.7 milliún ag an 45 cás a roghnaíodh, nó 16.2% den toradh iomlán tuairiscithe idirghabhála in 2018.

### *An dliteanas cánach a ríomh*

**17.30** Le linn idirghabhála, déanann an cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim an dliteanas atá dlite a chainníochtú. Sa chás go bhfuil an dliteanas cánach cainníochtaithe ag an gcáiníocóir i nochtadh, scrúdaíonn an cásoibrí an t-áireamh a rinne an cáiníocóir.

- I gcásanna ina bhfuil comhaontú déanta maidir leis an dliteanas, cuireann an cáiníocóir tuairisceán leasaithe isteach i gcoitinne agus íocann sé an cháin, ús agus pionóis bhreise.
- I gcásanna nach nglacann na Coimisinéirí Ioncaim leis an nochtadh a rinneadh agus nach gcomhaontaíonn an cáiníocóir le dliteanas measúnaithe na gCoimisinéirí Ioncaim, ardóidh cásoibrí na gCoimisinéirí Ioncaim measúnú ar an dliteanas cánach trí chóras bailithe cánach na gCoimisinéirí Ioncaim ITP.[1] Déantar sonraí faoin ngníomh seo a thaifeadadh ar an tuarascáil idirghabhála ar RCM.

**17.31** Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim measúnú ar dhliteanas cánach a laghdú de bhun faisnéise breise ón gcáiníocóir nó cinneadh ón gCoimisiún um Achomhairc Chánach. Sna cásanna seo, déantar an measúnú bunaidh a leasú ar ITP agus eisítear measúnú athbhreithnithe.

**17.32** Agus athbhreithniú á dhéanamh ar na cásanna samplacha don scrúdú, fuarthas i gcás amháin (cás-staidéar A) go ndearna na Coimisinéirí Ioncaim meastachán ar an méid cánach breise a d'fhéadfadh a bheith dlite. Ríomhadh an meastachán seo bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim ag an am. Cuireadh an dliteanas measta in iúl don cháiníocóir gan measúnú foirmiúil a ardú ar an gcáin a bhí dlite. Thángthas ar chomhaontú maidir le méid a bhí i bhfad níos ísle ina dhiaidh sin i gcomhaontú socraíochta roimh achomharc. Rinneadh réiteach i dtuarascáil na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le méid na socraíochta deiridh leis an meastachán bunaidh a rinne an Cigire agus taifeadadh na cúiseanna leis an difríocht ar cosúil iad a bheith réasúnach.

**17.33** Ní raibh sé de dhualgas ar na Coimisinéirí Ioncaim sonraí na socraíochta maidir le Cás A (€58.5 milliún) a fhoilsiú mar faoin gcód cleachtais, níl feidhm ag foilsiú nuair nach sáraíonn an pionós 15% de mhéid na cánach.

1 Ní áirítear ús agus pionóis sa mheasúnú seo mar tá ceart achomhairc ag an gcáiníocóir. Ní féidir muirear pionóis a ardú go dtí go gcomhaontaítear an méid pionóis leis an gcáiníocóir nó go gcinnfidh cúirt é, nó go an muirear úis a thabhairt chun críche go dtí go n-íocfar an dliteanas.

**Cás-staidéar A — Réiteach cánach measta agus méid socraithe**

**Feabhra 2009** — Fuair na Coimisinéirí Ioncaim litir ó chuideachta inar cuireadh in iúl dóibh go raibh rún acu nochtadh saorálach neamhspreagtha a dhéanamh a bhaineann le réimse ÍMAT ar leith.

**Aibreán 2009** — D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim fógra faoi iniúchadh ÍMAT/ÁSPC don chuideachta a chlúdaíonn tréimhse shonrach dhá bhliain. Cuireadh tús leis an iniúchadh an 9 Meitheamh 2009.

**18.26** As na 4,282 fostaíocht a bhí beartaithe, bhain 27% díobh le criú, príomhaisteoirí nó aisteoirí tacaíochta a bhfuil cónaí cánach in Éirinn orthu. As na 3,274 fostaíocht a raibh cónaí cánach in Éirinn orthu, bhain 65% díobh le haisteoirí breise, i gcomparáid le 28% do na fostaíochtaí nach bhfuil cónaí cánach in Éirinn orthu. Ós rud é nach n-aicmíonn sceideal laethanta an duine daoine aonair a bhfuil cónaí cánach in Éirinn orthu, ní féidir fostaíochtaí na ndaoine a bhfuil cónaí cánach in Éirinn orthu a dhéanamh amach.

**18.27** Thug an scrúdú ar aird go dtugann an sceideal laethanta duine breac-chuntas ar an ról atá beartaithe agus an líon laethanta atá beartaithe a mbeifear ag súil go n-oibreoidh gach duine ar léiriú. Mar thoradh air sin, bunaithe ar thoimhdí, is féidir meastachán a dhéanamh ar líon beartaithe na bhfostaithe coibhéiseacha lánaimseartha i dtionscadal. Mar shampla, maidir leis na 15 tionscadal samplach a scrúdaíodh, b'ionann iomlán na 4,282 fostaíocht agus 309 post coibhéise lánaimseartha. Ní thuairiscíonn an Roinn an fhostaíocht chomhiomlán (beartaithe nó iarbhír) ar bhonn coibhéiseach lánaimseartha nó ní bhaineann an Roinn é seo le leibhéal foriomlán an fhaoisimh a dheonaítear.

*Deiseanna oiliúna*

**18.28** Tugann Fíor 18.4 achoimre ar na haighneachtaí a bhain leis na 337 tionscadal closamhairc ar tugadh faoiseamh dóibh ó 2015 go dtí 2018, lena n-áirítear moltaí chun 1,390 post faoi oiliúint a sholáthar. Is ionann meánlíon na n-oiliúnaithe in aghaidh an léirithe a bheartaítear a fhostú sa tréimhse agus 4.1.

**Fíor 18.4 Líon na n-oiliúnaithe beartaithe 2015 go 2018**

| Bliain | Tionscadail chlosamhairc a fuair faoiseamh | Oiliúnaithe fostaithe[a] | Meánlíon oiliúnaithe fostaithe |
|---|---|---|---|
| **2015** | 73 | 257 | 3.5 |
| **2016** | 113 | 484 | 4.3 |
| **2017** | 99 | 450 | 4.5 |
| **2018** | 52 | 199 | 3.8 |
| **Iomlán** | **337** | **1,390** | **4.1** |

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Anailís bunaithe ar líon na n-oiliúnaithe atá molta ar fhoirmeacha iarratais a chuirtear faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Roinne.

**18.29** Rinne an scrúdú tástáil ar 32 tionscadal closamhairc a fuair ceadú ón Roinn. I 13 cás, bhí an léiriú fós ar siúl agus dá bhrí sin ní raibh deimhniú na n-oiliúnaithe a bhí ag gabháil don tionscadal ar fáil go fóill. As na 19 gcás eile

- ceadaíodh naoi dtionscadal roimh mhí na Samhna 2017 agus mar sin níor ceanglaíodh ar na cuideachtaí léirithe a dheimhniú gur tharla an oiliúint a moladh san fhoirm iarratais tosaigh
- dheimhnigh deich gcuideachta léirithe a raibh a dtionscadail faofa tar éis mhí na Samhna 2017 gur tharla líon na n-oiliúnaithe agus an luach saothair gaolmhar a bhí beartaithe.

**18.30** Sna deich gcás ina bhfuarthas deimhniú ar líon na n-oiliúnaithe agus ar luach saothair, thug an scrúdú ar aird i ngach cás

- gur aontaigh líon iarbhír na n-oiliúnaithe leis an méid a moladh ag céim an iarratais, agus
- go raibh an luach saothair gaolmhar níos mó ná an luach saothair a moladh ag an gcéim iarratais.

Mar sin féin, níl aon fhianaise tacaíochta riachtanach ná níor iarr an Roinn an fhianaise sin do na deimhnithe seo.

## Riarachán an fhaoisimh ag na Coimisinéirí Ioncaim

**18.31** Don tréimhse faoi athbhreithniú, 2015 go 2018, bhí na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as luach an fhaoisimh a fhaomhadh. Nuair a rinneadh an t-éileamh i dtráthchodanna, bhí sé seo bunaithe ar chaiteachas buiséadaithe ag an am a rinneadh an chéad éileamh agus an t-iarmhéid bunaithe ar thuarascálacha comhlíonta a cuireadh isteach nuair a críochnaíodh an tionscadal. Sa chás go ndearnadh éileamh aonair ar íocaíocht ag an gcéim chríochnaithe bhí sé bunaithe ar chaiteachas iarbhír.

### *Seiceálacha réamhléirithe*

**18.32** Déantar athbhreithniú ar ghnéithe airgeadais an tionscadail maidir le socruithe dlí, tráchtála agus corparáideacha ag na Coimisinéirí Ioncaim roimh an deimhniú. Baineann na rialacha seo a leanas le stádas trádála gnólachtaí.

- Ní mór do chuideachta léirithe a bheith i mbun trádála ar feadh dhá mhí dhéag ar a laghad agus tuairisceán cánach corparáide a chomhdú in Éirinn laistigh de naoi mí i ndiaidh dheireadh na bliana trádála is déanaí sula bhféadfaidh sí rochtain a fháil ar an gcreidmheas cánach.
- Ní mór don chuideachta léirithe na scaireanna go léir a shealbhú i 'gcuideachta cháilitheach' sainchuspóireach nach ann ach chun tionscadal closamhairc cáilitheach amháin a leiriú.
- Caithfidh an chuideachta cháilitheach a bheith corpraithe agus cónaitheach sa Stát nó caithfidh sí a bheith i mbun trádála sa Stát trí bhrainse / gníomhaireacht.
- Tá sé de fhreagracht ar an gcuideachta cháilitheach a chinntiú go bhfuil na méideanna go léir a thaifeadtar mar chaiteachas cáilitheach luaite i gceart.

**18.33** Mar chuid den scrúdú seo, scrúdaíodh cúig chomhad déag Ioncaim a bhain le tionscadail closamhairc ar tugadh faoiseamh dóibh ó 2015 go 2018. Fuair an scrúdú amach i ngach cás

- go raibh 100% de na scaireanna sa chuideachta cháilitheach ábhartha i seilbh ag an gcuideachta léirithe
- go raibh stádas trádála agus stádas comhdaithe tuairisceán cánach na bpáirtithe gaolmhara go léir ar comhad agus dearbhaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.

**18.34** Cuimsíonn an chuideachta léirithe buiséad réamh-mheasta don tionscadal closamhairc leis an bhfoirm iarratais. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar mhíreanna laistigh de bhuiséad réamh-mheasta an tionscadail, bunaithe ar noirm agus meánchostas an tionscail. Mar shampla, nuair a dhéantar athbhreithniú ar tháillí a íoctar le stiúrthóirí, le scríbhneoirí, le táirgeoirí agus le táirgeoirí feidhmiúcháin, meastar go bhfuil táillí comhiomlána os cionn 20% den bhuiséad iomlán iomarcach.

**18.35** Tar éis measúnú a dhéanamh ar an mbuiséad, seoltar an comhad lena cheadú laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim chuig

- Ardoifigeach Feidhmiúcháin má tá an creidmheas iníoctha suas le €500,000
- Príomhoifigeach Cúnta má tá an creidmheas iníoctha níos mó ná €500,000 agus níos lú ná €5,000,000 nó
- Príomhoifigeach má tá an creidmheas iníoctha €5,000,000 nó níos mó.

**18.36** I gcás na cúig chomhad déag de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhaineann le tionscadail closamhairc a ndearnadh athbhreithniú orthu don scrúdú seo, dheonaigh na Coimisinéirí Ioncaim faoiseamh scannán €15.6 milliún. Rinneadh coigeartú beag ar an gcaiteachas incháilithe buiséadaithe (laghdaithe de €1,500) i gcás amháin. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, go bhfuil comhfhreagras fadtréimhseach réamh-dheimhniú ann maidir le caiteachas buiséadaithe, rud a fhágann go gcuirtear buiséid athbhreithnithe faoi bhráid. I ngach cás, rinne oifigeach cuí laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim an faoiseamh a deonaíodh a údarú.

### *Seiceálacha iarléirithe*

**18.37** Laistigh de cheithre mhí ón tionscadal closamhairc a thabhairt chun críche, ní mór don chuideachta cháilitheach tuarascáil chomhlíontachta a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim agus is dearbhú é gur léiríodh an scannán de réir rialacháin agus choinníollacha scannánaíochta 2015 a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim. Éilíonn Sceideal 5 de na rialacháin go mbeidh roinnt doiciméad in éineacht leis an tuarascáil comhlíonta lena n-áirítear cóip den scannán i bhformáid DVD agus tuarascáil ó iniúchóirí na cuideachta léirithe lena n-áirítear, *inter alia*

- sonraí faoin méid a chaitear go díreach sa Stát ar fhostú daoine incháilithe
- deimhniú nach sáraíonn an maoiniú atá ar fáil ó gach foinse an méid is gá chun costas léirithe iomlán an scannáin a mhaoiniú, agus
- deimhniú go raibh nó nár sháraigh an caiteachas incháilithe na méideanna a shonraítear sa deimhniú a eisíodh faoi alt 481.

D'fhéadfaí go n-áireofaí in athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar an tuarascáil um chomhlíonadh agus ar thuarascáil an iniúchóra iarratas ar mhíreanna breise cúltaca ó chuideachtaí léirithe amhail ríomh táille táirgeora, miondealú táillí dlí, forchostais stiúideo agus costais mhargaíochta.

**18.38** Bunaithe ar athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar an tuarascáil um chomhlíonadh, agus má chomhlíon an chuideachta léirithe na coinníollacha go léir, scaoiltear an íocaíocht deiridh.

**18.39** Seiceálann na Coimisinéirí Ioncaim freisin na creidmheasanna atá liostaithe ag deireadh an tionscadail chlosamhairc lena chinntiú go gcuimsíonn siad an ráiteas

*Léirithe le tacaíocht ó dhreasachtaí do thionscal*
*scannán na hÉireann arna gcur ar fáil ag Rialtas na hÉireann*

agus, más infheidhme,

*Á scannánú ar an suíomh in Éirinn.*

Ní mór na creidmheasanna sin a lonnú in áit fheiceálach sna creidmheasanna deiridh díreach tar éis na gcreidmheasanna do na haisteoirí agus don chriú.

**18.40** As na 15 tionscadal closamhairc a athbhreithníodh don scrúdú seo, bhí 12 de na tionscadail críochnaithe.

- I ngach ceann de na 12 thionscadal críochnaithe, léiríonn taifid na gCoimisinéirí Ioncaim go ndearnadh athbhreithniú ar an tionscadal closamhairc mar fhianaise ar na creidmheasanna ar an scáileán a bhí ag teastáil.
- I naoi dtionscadal, bhí athbhreithniú na gCoimisinéirí Ioncaim ar na tuarascálacha comhlíontachta agus na faomhadh chun íoc a íoc i gcomhad. Mar thoradh ar na hathbhreithnithe seo bhí laghdú €24,896, nó 0.35%, i gcreidmheas faoisimh scannán. Rinneadh é seo a aisghabháil trí thráthchuid deiridh an fhaoisimh a laghdú.
    - In ocht gcás, níor íoc na cuideachtaí léirithe aon cháin sa tréimhse roimhe sin, ach toisc gur creidmheas iníoctha é faoiseamh scannán, d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim íocaíochtaí díreach faoi bhun €7 milliún do mhéid iomlán an fhaoisimh.
    - Sa chás eile, d'éiligh an chuideachta léirithe faoiseamh scannán de €77,933 agus d'íoc sí díreach faoi bhun €1,500 i gcáin chorparáide sa tréimhse roimhe sin.
- Sna trí chás eile a críochnaíodh, bhí tuairiscí comhlíonta i gcomhad ach ní raibh athbhreithniú caiteachais críochnaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim ag am an scrúdaithe seo agus níor scaoileadh an íocaíocht deiridh.

**18.41** Thosaigh na Coimisinéirí Ioncaim ag déanamh monatóireachta ar chaiteachas neamh-incháilithe a ndearnadh éileamh air, ach nár íocadh, i mí Eanáir 2018. Faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2019, bhí athbhreithniú déanta ar 75 tuarascáil chomhlíonta le comhchaiteachas incháilithe (comhlán) arbh ionann é agus €218 milliún, agus measadh go raibh €2 milliún neamh-incháilithe. Laghdaigh sé seo an faoiseamh scannán gaolmhar de €0.6 milliún.

**18.42** Féadann na Coimisinéirí Ioncaim an creidmheas cánach a aisghabháil ón gcuideachta léirithe nó ón gcuideachta cháilitheach má tá fianaise ann go dteiptear coinníollacha a shásamh sa bhundeimhniú agus má laghdaíonn an teip seo an faoiseamh foriomlán a deonaíodh go dtí níos lú ná an méid a íocadh ag an gcéim 90%. Dheimhnigh na Coimisinéirí Ioncaim, go dtí seo, nár tharla aon chás go ndéanfaí forchúiteamh.

**18.43** Le linn na tréimhse 2015 go 2018, deonaíodh faoiseamh scannán €273 milliún do 337 tionscadal. Ag deireadh Bealtaine 2019, íocadh €230 milliún leis an gcuid eile gan íoc; baineann €14 milliún le tionscadail ina bhfuil tuairisc comhlíonta curtha ar ais ach níl na Coimisinéirí Ioncaim tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaiteachas sin fós. Don €29 milliún eile, níl an tionscadal closamhairc tugtha chun críche go fóill agus mar sin, níl aon tuarascáil um chomhlíonadh curtha isteach.

**18.44** Mar gheall ar an athrú ar rialacha na scéime an 27 Márta 2019, íocfar na híocaíochtaí deiridh de €29 milliún de bharr na dtionscadal closamhairc seo faoin gcóras féinmheasúnaithe nua. Is iad na híocaíochtaí deiridh seo na híocaíochtaí cothromaíochta den fhaoiseamh agus mar sin ní bheidh siad faoi réir na déine céanna leis an gcéad íocaíocht. Cinnfidh na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, bunaithe ar rátálacha riosca, méid na seiceálacha atá le déanamh.

## Comhlíonadh cúnaimh Stáit

**18.45** Féachtar ar fhaoiseamh scannán alt 481 mar chúnamh Stáit faoi rialacha an Choimisiúin Eorpaigh.[1] Áirítear deontais a íoctar le cuideachta cháilitheach ag Screen Ireland nó Údarás Craolacháin na hÉireann mar chúnamh Stáit agus, in éineacht leis an gcreidmheas alt 481, ní mór iad a theorannú go 50% den bhuiséad léirithe, ach amháin i gcás tionscadal deacair nó le buiséad íseal.[2]

**18.46** Go praiticiúil, tá an Roinn freagrach as tionscadal a ainmniú mar bhuiséad íseal nó deacair, chun an tionscadal a dhíolmhú ó rialacha cúnaimh Stáit. Má tá an chabhair níos mó ná 50% de bhuiséad léirithe an scannáin, déanann an Roinn an tástáil 'deacair nó buiséad íseal' a chur i bhfeidhm. Déanann sé é seo i gcomhairle le Screen Ireland nó Údarás Craolacháin na hÉireann, ag brath ar an ngníomhaireacht a sholáthraíonn an chuid is mó den mhaoiniú cúnaimh Stáit.

- Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise eimpíreach ar léirithe dúchasacha ó 2002, i 2007, shainmhínigh an Roinn ***scannán íseal-bhuiséid*** mar scannán le buiséad €3 milliún nó níos lú.
- Sainmhínítear ***scannán deacair*** mar scannán ar ardchaighdeán a bhfuil ionchais theoranta ann dó maoiniú tráchtála a mhealladh dá léiriú agus/nó dáileadh tráchtála leathan a bhaint amach. Agus Screen Ireland agus Údarás Craolacháin na hÉireann á chinneadh an féidir tréithriú a dhéanamh ar scannán mar cheann deacair, úsáideann sé doiciméad a d'fhorbair an Roinn i 2007 ag leagan amach tréithe scannán dá leithéid.

**18.47** Ó 2015 go 2018, bhí an faoiseamh alt 481 a deonaíodh do 116 tionscadal níos mó ná 50% de na buiséid faoi seach, agus bhí 16 thionscadal ag fáil cúnaimh Stáit os cionn 90%.

**18.48** Rinne an scrúdú tástáil ar an sampla de 32 tionscadal closamhairc a roghnaíodh le hiniúchadh lena n-ainmniú faoi rialacha cúnaimh Stáit. Bhí breis agus 50% de mhaoiniú Stáit faighte ag seacht gcinn de na 32 tionscadal.

- I gcás amháin, chomhlíon an tionscadal closamhairc an critéar buiséid íseal faoi €3 milliún.
- Sna sé chás eile, bhí ainmniúchán ar chomhad ag deimhniú go raibh an tionscadal deacair ó Screen Ireland nó ó Údarás Craolacháin na hÉireann.

**18.49** Faoi shocruithe nua a tugadh isteach i mí an Mhárta 2019, i gcás inar mian le cuideachta léirithe iarratas a dhéanamh ar mhaolú ar an teorainn maoinithe chúnaimh Stáit do thionscadal deacair, ní mór don iarratasóir doiciméid tacaíochta chuige sin a chur isteach go díreach chuig Screen Ireland nó chuig Údarás Craolacháin na hÉireann.

## Socruithe nua

**18.50** Tháinig rialacháin scannán 2019 (IR 119/2019) i bhfeidhm an 27 Márta 2019 agus thug siad isteach roinnt athruithe ar riaradh na scéime um fhaoiseamh scannán. Baineann na príomhathruithe leis an measúnú ar éilimh ar fhaoiseamh agus ar fhaisnéis bhreise atá le soláthar (ag céim an iarratais) maidir le hoiliúint bheartaithe.

1 Is téarma é cúnamh Stáit a thagraíonn d'aon chineál cúnaimh phoiblí, ag baint úsáide as acmhainní a fhaigheann maoiniú ó cháiníocóirí, agus a d'fhéadfadh iomaíocht a shaobhadh agus a théann i bhfeidhm ar thrádáil idir ballstáit an AE.

2 Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh *Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cúnamh Stáit do scannáin agus d'oibreacha closamhairc eile* (2013/C 332/01).

### *Athrú chuig féinmheasúnú*

**18.51** Go dtí an 27 Márta 2019, rinneadh athbhreithniú agus faomhadh ag na Coimisinéirí Ioncaim ar éilimh a chuir cuideachtaí léirithe isteach. Ní raibh aon phionóis as tuairisceán mícheart a chur isteach — ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim ach luach an éilimh a choigeartú d'aon mhéideanna a mheastar a bheith neamh-incháilithe.

**18.52** Thug na Coimisinéirí Ioncaim ar aird go raibh faoiseamh scannán ar cheann de na faoisimh deiridh nach ndearnadh féinmheasúnú air. Thug sé ar aird freisin go raibh dian-acmhainn ag baint le gné chomhlíontachta an fhaoisimh, mar a riaradh roimhe seo é agus go ndéantar foráil leis an aistriú chuig féinmheasúnú chun pionóis agus ús a chur i bhfeidhm i gcás go meastar go bhfuil éileamh déanta ag cuideachtaí táirgeachta ar chostais neamh-incháilithe.

**18.53** Dá réir sin, ó Mhárta 2019, cuireadh próiseas nua féinmheasúnaithe i bhfeidhm. Cuideachta léirithe ar mian leis éileamh a dhéanamh ar chreidmheas cánach corparáide de bhun alt 481 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna leasú) ní mór dó iarratas a dhéanamh ar dheimhniú go díreach ón Roinn ar dtús.

**18.54** Sa chás go n-eisíonn an tAire teastas maidir le tionscadal closamhairc cáilitheach, agus go gcomhlíontar na forálacha eile go léir in alt 481, féadfaidh cuideachta léirithe éileamh a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim maidir le creidmheas cánach corparáide ag leanúint rialacha féinmheasúnaithe.

**18.55** Faoi na rialacháin nua, ceanglaítear fós ar an gcuideachta léirithe tuarascáil ar chomhlíonadh a ullmhú ach ní gá a thuilleadh í a chur faoi bhráid ceachtar acu na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn, ná ní gá tuarascáil iniúchóra a bheith ag gabháil leis an tuarascáil chomhlíonta seo. Tá sé fós faoi shainchúram na gCoimisinéirí Ioncaim faoi alt 481 iarraidh ar an gcuideachta léirithe an tuarascáil um chomhlíonadh a thabhairt ar láimh.

**18.56** Níor fhoilsigh na Coimisinéirí Ioncaim treoirlínte go fóill maidir le hoibriú an chreidmheasa faoi na rialacha nua féinmheasúnaithe. Tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, go ndearnadh comhairliúchán suntasach leis an earnáil maidir leis na dréacht-treoirlínte agus go bhfuil foilsiú beartaithe roimh dheireadh Mheán Fómhair 2019. Cuireadh tús le hoibriú an chórais féinmheasúnaithe in 2019 agus dá bhrí sin ní féidir teacht ar an tionchar a bheidh ag an athrú seo ar an bhfaoiseamh. Ach, tá sé ráite ag na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil pleanáil ar siúl le haghaidh tástála comhlíonta tar éis an aistrithe chuig féinmheasúnú.

### *Measúnú ar dheiseanna fostaíochta agus oiliúna*

**18.57** Le hanailís costais is tairbhe[1] a tugadh chun críche i nDeireadh Fómhair 2018, tugadh le fios go raibh easpa sonraí láidre ann maidir le deiseanna fostaíochta agus oiliúna foriomlána ina mbac suntasach ar mheasúnú a dhéanamh ar thairbhí eacnamaíocha faoisimh scannán agus mhol sé go mbeadh gá le sonraí níos mionsonraithe chun measúnú ardchaighdeáin ar an scéim seo a éascú. Áirítear air sin

- coibhéisí fostaithe lánaimseartha le haghaidh líon na bhfostaithe agus na ndaoine faoi oiliúint go háirithe, ar bhonn léirithe
- sonraí faoi ghníomhaíochtaí fostaíochta na n-oiliúnaithe (m.sh. uaireanta a oibríodh, cineál na fostaíochta).

1 Anailís costais is tairbhe déanta mar chuid de Bhuiséad 2019 — *Tuarascáil ar Chaiteachais Chánach Ag cuimsiú torthaí Caiteachais Chánach agus Athbhreithnithe Cánach áirithe a cuireadh i gcrích ó Dheireadh Fómhair 2017.*

**18.58** Faoi na socruithe atá i bhfeidhm go dtí 2019, b'éigean d'iarratais ar fhaoiseamh scannáin sonraí na modúl oiliúna beartaithe a chur san áireamh. Faoi na socruithe nua, ní mór d'iarratais ar fhaoiseamh plean forbartha scileanna a sholáthar anois agus, i gcás go bhfuil caiteachas incháilithe níos mó ná €2 milliún, ní mór pleananna a aontú le Screen Skills Ireland.[1] Tá an Roinn ag súil go gcabhróidh sé seo le forbairt scileanna a chur in oiriúint do riachtanais an tionscail agus thug sé ar aird go bhfuil sé ar intinn aici tuilleadh athruithe a chur i bhfeidhm maidir leis seo sna blianta amach romhainn.

**18.59** Ní mór do chuideachtaí léirithe tuarascáil forbartha scileanna iar-thionscadail a chur faoi bhráid na Roinne maidir le gach tionscadal.

**18.60** Faoi na socruithe nua, leanann an ceanglas maidir le faisnéis a chur isteach faoi fhostaíocht bheartaithe tionscadail ar sceideal lá an duine. Faoi mar a rinneadh faoi rialacháin 2015, níl aon cheanglas ar chuideachtaí léirithe a dheimhniú tar éis don tionscadal a bheith críochnaithe go raibh na fostaíochtaí atá beartaithe ann.

## Cás gnó maidir le faoiseamh scannán

**18.61** I mí na Nollag 2012, chríochnaigh an Roinn Airgeadais measúnú tionchair eacnamaíoch ar fhaoiseamh scannán.[2] Scrúdaigh an t-athbhreithniú tionchar an fhaoisimh ó thaobh líon agus luach na léiriúchán a dtacaítear leo, líon na bpost a bhaineann leis an bhfaoiseamh agus an costas don Státchiste.

**18.62** Rinneadh meastachán ar fhostaithe coibhéise lánaimseartha (FTE) bunaithe ar anailís na Roinne ar shampla de chomhaid na gCoimisinéirí Ioncaim ar léiriúcháin chlosamhairc agus cuireadh i gcomparáid iad le meastacháin a chuir Indecon Economic Consultants ar fáil ar son IBEC ar mhaithe le comhsheasmhacht.[3] Baineadh úsáid as an meastachán chun an measúnú tionchair eacnamaíoch a threorú.

**18.63** Rinne an t-athbhreithniú anailís ar shonraí do 2011 agus mheas sé gurbh é an fhostaíocht a cruthaíodh ná 1,606 post FTE. Thug sé ar aird go raibh glanchostas eacnamaíoch de €34.7 milliún don bhliain sin mar thoradh ar an scéim mar a oibríodh í.[4]

1 Is rannán de Screen Ireland é Screen Skills Ireland a sholáthraíonn deiseanna leanúnacha oiliúna agus forbartha gairme do dhaoine gairmiúla atá ag obair sna hearnálacha scáileáin.

2 *Measúnacht Tionchair Eacnamaíochta Fhaoiseamh Scannán Alt 481 Nollaig 2012* — An Roinn Airgeadais.

3 *Athbhreithniú Indecon ar Fhaoiseamh Scannán Alt 481* thar ceann Chónaidhm Closamhairc IBEC.

4 Díorthaíodh é seo ag cur san áireamh costais an fhaoisimh (cáin ligthe thar ceal agus costas na gcistí poiblí) de €70.2 milliún le sochair (tionchar eacnamaíoch an phá dírigh agus indírigh) de €35.5 milliún.

**18.64** Ag teacht leis an gcleachtas idirnáisiúnta agus i bhfianaise na hanailíse a cuireadh i láthair, mhol an t-athbhreithniú go n-aistreodh Éire i dtreo samhla creidmheasa cánach faoi stiúir léiritheoirí. Níor chuimsigh an t-athbhreithniú anailís mhionsonraithe costais is tairbhe ar an rogha malartach a moladh ach thug sé ar aird go mbeadh an costas don Státchiste thart ar €14.5 milliún níos ísle i 2011 dá mbeadh an tsamhail creidmheasa cánach faoi stiúir léiritheoirí i bhfeidhm.

**18.65** In 2016, choimisiúnaigh roinnt ranna comhairleoirí, lena n-áirítear an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chun luach eacnamaíoch reatha tionscal closamhairc na hÉireann a thomhas agus chun athruithe beartais a mholadh chun tacú lena fhás sa todhchaí.[1] Fuair an tuarascáil — a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2017 — in 2016, gur thug gach euro d'aschur alt 481 €1.02 ar ais in ioncam cánach agus go raibh cóimheas tairbhe le costas acu de 2.8:1 do gheilleagar na hÉireann. Thug an staidéar ar aird go raibh na sonraí teoranta do 2016 agus, toisc go bhfuil luaineachtaí suntasacha ann ó bhliain go bliain, go mb'fhéidir nach léiríonn na torthaí leibhéil fhoriomlána ioncaim nó fostaíochta an tionscail sna blianta ina dhiaidh sin.

**18.66** D'úsáid anailís costais is tairbhe eile a chuir an Roinn Airgeadais i gcrích in 2018 na paraiméadair/toimhdí céanna is a úsáideadh in anailís 2012.[2] Ba é seo an chéad athbhreithniú ar an scéim ó aistríodh í ó fhaoiseamh bunaithe ar infheisteoirí go córas creidmheasa cánach corparáide in 2015. Ríomh an t-athbhreithniú glanchostas eacnamaíoch na scéime do 2016 ag €72.4 milliún, bunaithe ar chostais €118.3 milliún agus sochair de €45.9 milliún.

**18.67** Aibhsíonn anailísí 2012 agus 2018 go mbíonn sé deacair tairbhí iomlána sóisialta nó eacnamaíocha a bhaineann le faoiseamh scannán a ghabháil de bharr srianta sonraí agus mar gheall ar nádúr neamh-intuartha an fháltais chultúrtha don tsochaí. Go háirithe, níor fhéach an t-athbhreithniú le tionchar cultúrtha na scéime a chainníochtú (nó a luacháil). Ar deireadh, mhol athbhreithniú 2018 roinnt foras ar a bhféadfaí bailiú sonraí níos mionsonraithe a chur i bhfeidhm chun measúnú ardcháilíochta ar an scéim seo a éascú le linn an athbhreithnithe cúig bliana atá beartaithe amach anseo sa bhliain 2020. Thug sé ar aird an gá le sonraí feabhsaithe maidir leis na cineálacha léiriúchán, líon na bhfostaithe agus na n-oiliúnaithe agus gníomhaíochtaí fostaíochta na n-oiliúnaithe (m.sh. uaireanta a oibríodh agus cineál na fostaíochta).

## Conclúidí agus moltaí

**18.68** Leasaíodh an scéim um fhaoiseamh scannáin in 2015, rud a chuir an faoiseamh ar fáil go díreach do chuideachtaí léirithe. Sa tréimhse 2015 go 2018, tugadh faoiseamh €273 milliún do 337 tionscadal, rud a laghdaigh fáltais cánach corparáide de mhéid coibhéiseach.

**18.69** I gcásanna ina bhfuil an faoiseamh a éilítear níos airde ná an cháin chorparáide a íocadh roimhe seo, íocann na Coimisinéirí Ioncaim an farasbarr leis an gcuideachta léirithe. I gcás sampla de thionscadail a ndearnadh athbhreithniú orthu íocadh €7.1 milliún le cuideachtaí léirithe le haghaidh naoi dtionscadal closamhairc. Cáin a aisíocadh ó thréimhse roimhe sin ab ea díreach faoi bhun €1,500 den tsuim sin. D'íoc na Coimisinéirí Ioncaim an t-iarmhéid leis na cuideachtaí léirithe mar gur creidmheas cánach iníoctha é an faoiseamh seo.

1 *Anailís Eacnamaíoch ar an Earnáil Closamhairc i bPoblacht na hÉireann* — Tuarascáil ó Olsberg SPI le Nordicity.

2 *Tuarascáil ar chaiteachais chánach — lena n-ionchorpraítear torthaí athbhreithnithe caiteachais chánach agus athbhreithnithe cánach áirithe a rinneadh ó Dheireadh Fómhair 2017, an Roinn Airgeadais, 2018*. Tugadh ar aird sa tuarascáil go raibh an cleachtadh seo teoranta d'anailís costais is tairbhe agus go ndéanfaí athbhreithniú iomlán ar an scéim in 2020.

**18.70** Thug measúnú eacnamaíoch ar an bhfaoiseamh a rinneadh in 2012 agus in 2018 ar aird gur tharla glanchaillteanas leasa don tsochaí mar thoradh ar an scéim. Mar sin féin, thug measúnuithe 2012 agus 2018 ar aird nár ghabh siad tionchar cultúrtha na scéime. Ina theannta sin, thug measúnú 2018 an gá le faisnéis níos fearr, go háirithe maidir le fostaíocht agus oiliúnaithe, chun measúnú ardcháilíochta ar an bhfaoiseamh a chumasú.

**18.71** Sonraíonn gach iarratas ar fhaoiseamh scannáin an líon iomlán pearsanra a bhfuil sé beartaithe ag an tionscadal iad a úsáid, agus tríd na sonraí sin a úsáid, is féidir leis an Roinn an fhostaíocht ionchais a ríomh ar bhonn FTE. Ní lorgaíonn sé dearbhú gur tharla an fhostaíocht bheartaithe.

**Moladh 18.1**

D'fhonn measúnú éifeachtach ar an scéim um fhaoiseamh scannán a éascú, ba chóir don Roinn a chinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun sonraí ábhartha a bhailiú maidir le fostaíocht a eascraíonn de bhun faoiseamh scannán a dheonú.

**Freagra an oifigigh chuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Bunaithe ar an gceanglas atá ag teacht chun cinn ó mheasúnú 2018, tá sé beartaithe ag an Roinn na socruithe maidir le hoiliúint agus forbairt scileanna a bhreisiú a thuilleadh. Áireofar leis seo méadú ar chion na dtionscadal nach mór dóibh idirghníomhú go foirmiúil le Screen Skills Ireland chun a bplean forbartha scileanna a ullmhú agus bunachar sonraí d'fhorbairt scileanna a soláthraíodh. Ina theannta sin, tá sé beartaithe an riachtanas oiliúna chun alt 481 a fháil a oiriúnú chun cur chuige réamhghníomhach i leith forbairt scileanna a éascú. D'aithneofaí na tacair scileanna a bhfuil éileamh ard nó ag méadú orthu agus threorófaí cuideachtaí léirithe chun na scileanna áirithe sin a fhorbairt chun a riachtanais oiliúna a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, tá an Roinn ag scrúdú bealaí chun bailiú sonraí a fheabhsú, go háirithe sonraí ar fhostaíocht dhíreach sa tionscal.

**18.72** Tá an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta freagrach as deimhniú tionscadal a bheith incháilithe do fhaoiseamh scannán. Déantar tionscadail a mheasúnú ar bhonn

- an méid a chuir siad leis an gcultúr náisiúnta a chur chun cinn, a fhorbairt agus a fheabhsú lena n-áirítear, más infheidhme, an Ghaeilge agus
- deiseanna fostaíochta, oiliúna agus forbartha scileanna ar ardchaighdeán a sholáthar.

**18.73** Tá ocht gcinn de chritéir roghnaithe ag an Roinn chun measúnú a dhéanamh ar an méid a chuireann tionscadal le cur chun cinn, forbairt agus feabhsú an chultúir náisiúnta. Cé go bhfuiltear in ann seacht gcinn de na hocht gcritéar a chainníochtú agus/nó a thástáil, tá critéar amháin

*Is spreagadh éifeachtach é an tionscadal do dhéantús scannán in Éirinn agus baineann tábhacht leis maidir le cur chun cinn, forbairt agus feabhsú na cruthaitheachta agus an chultúir náisiúnta*

atá luaite go han-leathan. Measadh go raibh beagnach gach ceann de na tionscadail a ndearnadh athbhreithniú orthu mar chuid den scrúdú seo tar éis an tástáil chultúrtha a chomhlíonadh ar an gcritéar seo.

**Moladh 18.2**

Ba chóir don Roinn treoir a fhorbairt maidir leis an gcaoi ar chóir tionscadail alt 481 a mheas faoin gcritéar seo. Ba cheart go ndéanfadh an Roinn an bunús ar a measúnaítear gach critéar a bheith comhlíonta a thaifeadadh go soiléir ina doiciméid mheasúnaithe.

**Freagra an oifigigh chuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Ba chóir a thabhairt ar aird, áfach, nach féidir tionscadal a fhaomhadh tríd an gcritéar seo amháin a chomhlíonadh. D’fhonn pas a fháil sa tástáil cultúir, d'aontaigh an Coimisiún Eorpach go gcaithfidh tionscadal trí cinn ar a laghad de ocht gcritéar tástála cultúir a chomhlíonadh. Comhaontaítear na hocht gcritéar seo leis an gCoimisiún Eorpach. Má chomhlíonann tionscadal na critéir atá luaite i Moladh 2, ní féidir leis pas a fháil sa tástáil chultúir mura gcomhlíonann sé dhá cheann eile ar a laghad de na hocht gcritéar. Déanfaidh an Roinn scrúdú, áfach, ar an scóip chun an critéar áirithe seo a leathnú agus a mhíniú tuilleadh.

**18.74** Féadfaidh tionscadail a bheith cáilithe le haghaidh faoisimh scannáin freisin ar bhonn deiseanna fostaíochta, oiliúna agus forbartha scileanna ar ardchaighdeán a sholáthar. Tá íoscheanglais i ndáil le deiseanna oiliúna sonraithe agus nuair a chuireann cuideachtaí léirithe isteach ar fhaoiseamh, caithfidh siad uimhreacha fostaíochta beartaithe a shonrú. Níl critéir forbartha ag an Roinn áfach chun na moltaí sin a mheasúnú. Mar shampla, níl aon sainmhíniú ann ar a bhfuil i gceist le ‘fostaíocht ar ardchaighdeán’ agus níl aon spriocleibhéal nó íosleibhéal fostaíochta (ar ardchaighdeán) a bhíonn riachtanach in aghaidh gach €1 million d’fhaoiseamh a dheonaítear.

**Moladh 18.3**

Chun críocha na tástála fostaíochta ardchaighdeáin, ba cheart don Roinn critéir a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe fostaíochta na moltaí le haghaidh faoisimh scannán.

**Freagra an oifigigh chuntasaíochta**

Comhaontaithe.

Breithneoidh an Roinn forbairt na gcritéar chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe fostaíochta na dtograí maidir le faoiseamh scannán.

# Nithe Eile

# 19 Cuntais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**19.1** Ceanglaítear le hAlt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (Acht 1990) (arna leasú) ar Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) cuntais a choinneáil ar gach airgead a fhaigheann sí nó a chaitheann sí san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais (an tAire), agus iad a chur faoi bhráid an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh. Tar éis an t-iniúchadh a bheith críochnaithe, ní mór do GBCN na cuntais agus na tuarascálacha iniúchta gaolmhara a chur faoi bhráid an Aire, agus caithfidh sé, ina dhiaidh sin, iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**19.2** Ina theannta sin, ceanglaítear le halt 12 d'Acht 1990 ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a luann GBCN ina cuntais gabh bliain. Is í seo an tuarascáil don bhliain 2018 faoin alt sin d'Acht 1990.

## Cuntais GBCN 2018

**19.3** Seo a leanas na cuntais a ndearnadh iniúchadh orthu de bhun alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú)

- Fiachas náisiúnta na hÉireann
- Cuntas riaracháin GBCN
- Ráitis airgeadais an Chiste um Banc Taisce an Phoist
- Ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát
- Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ)
- Ciste eascró Apple na hÉireann.[1]

**19.4** Ar leith air sin, ullmhaíonn an GBCN ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin (faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001) agus an Chiste Carbóin (faoin Acht um an gCiste Carbóin 2007). Foilsíonn an GBCN iad mar aon leis na cuntais eile (alt 12) a fhoilsíonn sé.

**19.5** Táthar tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais don bhliain 2018. Eisíodh mo chuid tuarascálacha ar na hiniúchtaí ar an 16 Bealtaine 2019.

1 Féach Caibidil 20 *Ciste eascró Apple na hÉireann* le haghaidh sonraí maidir le bunú an chiste, agus maidir leis an modh cuntasaíochta a ghlactar chuige.

## Struchtúr, costais agus soláthar foirne na gníomhaireachta

**19.6** Cuireadh GBCN ar bun sa bhliain 1990. Tá sé forbartha ina eagraíocht chasta ó shin i leith, a bhfuil go leor feidhmeanna aige a bhfuil i bhfad níos mó i gceist leo ná an croíról bunaidh a bhí aige le fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú. Tá struchtúr an GBCN leagtha amach i Fíor 19.1.

**19.7** Sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (CBSÉ) agus do Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann, agus cuireann sé seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta ar fáil dóibh uile ar bhonn forchúiteamh costas chomh maith. Tá na costais seo leagtha amach i Fíor 19.2.[1] Tá a mbord féin ag na heintitis uile agus tá siad freagrach go leithleach do Dháil Éireann.

**19.8** Bunaíodh Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann (MTTÉ) faoin Acht um Maoiniú Teaghais-Tógála Éireann, 2018 chun forbraíochtaí cónaithe a mhaoiniú in Éirinn. Is eintiteas tráchtála é an MTTÉ atá faoi úinéireacht iomlán an Aire Airgeadais. In 2019, faoi threoir an Aire Airgeadais, rinne CISÉ comhaontú saoráide iasachta le Maoiniú Teaghais-Tógála (Iasachtaí) Éireann DAC, fochuideachta de chuid MTTÉ, agus chuir sí saoráid iasachta €730 milliún ar fáil faoi théarmaí an chomhaontaithe.

**19.9** Ag deireadh 2018, b'ionann líon foirne an GBCN agus 786, ar bhonn coibhéise lánaimseartha. Tá sannachán na mball foirne do na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí éagsúla ag deireadh na bliana 2015 agus 2018 leagtha amach i Fíor 19.3.

1 Níor ghearradh aon chostais ar MTTÉ in 2018.

**Fíor 19.1 Feidhmeanna Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:

a Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith le haghaidh ghníomhaíochtaí gach aon cheann de na feidhmeanna / eintitis seo.

b I gcás maoinithe Stáit, bainistithe fiachais agus seirbhísí bainistithe cisteáin, ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith do Chiste na gCuntas Díomhaoin, don Chiste um Banc Taisce an Phoist agus don fhiachas náisiúnta.

c Ghlac Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ceannas shócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ar láimh in 2014. Leanfar ar aghaidh le hullmhúchán na ráiteas airgeadais don CNP go dtí go mbeidh gach sócmhainn dá bhfuil fágtha aistrithe go dleathach chuig CISÉ. Amhail an 31 Nollaig 2018, bhí sócmhainní eachtracha arna luacháil ar €50,000 (2017: €95,000) fós sa CNP.

**Fíor 19.2 Costas na n-oibríochtaí, 2015 go 2018[a]**

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| **Aonaid Ghnó GBCN** | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 10.1 | 11.5 | 12.5 | 12.3 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 8.7 | 10.4 | 12.5 | 14.5 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 15.7 | 19.4 | 20.8 | 25.0 |
| RéNUA | 6.2 | 5.3 | 5.4 | 6.1 |
| An tAonad Baincéireachta (Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Maoinithe na Roinne Airgeadais) | 2.4 | 2.8 | 4.3 | 3.8 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 9.1 | 9.5 | 10.1 | 11.3 |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 53.5 | 46.7 | 38.1 | 40.8 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | 3.6 | 4.2 | 5.2 | 5.9 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí** | **109.3** | **109.8** | **108.9** | **119.7** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Note: a Níor cuireadh costais na n-oibríochtaí i leith na n-aonad gnó go léir de chuid an GBCN roimh 2015.

**Fíor 19.3 Dáileadh foirne an GBCN ag deireadh na bliana, 2015 go dtí 2018[a]**

| **Aonaid Ghnó GBCN** | **2015** | **2016** | **2017** | **2018** |
|---|---|---|---|---|
| Maoiniú agus bainistiú fiachais | 21 | 20 | 24 | 24 |
| Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann | 36 | 41 | 44 | 42 |
| An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | 109 | 128 | 138 | 148 |
| RéNUA | 19 | 19 | 21 | 26 |
| An tAonad Baincéireachta (Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Airgeadais, An Roinn Airgeadais) | 12 | 13 | 11 | 11 |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais | 60 | 61 | 67 | 63 |
| **Feidhmeanna corparáideacha GBCN** | | | | |
| Airgeadas, teicneolaíocht agus oibríochtaí | 121 | 125 | 138 | 138 |
| Gnóthaí dlí & um chomhlíonadh, AD agus iniúchadh inmheánach | 33 | 35 | 41 | 46 |
| Riosca | 18 | 20 | 20 | 21 |
| Eile | 2 | 2 | 4 | 9 |
| **Comhlachtaí tacaithe** | | | | |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní | 341 | 302 | 264 | 236 |
| Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann | 9 | 16 | 18 | 17 |
| Mhaoiniú Teaghais-Tógála Éireann | — | — | — | 5 |
| **Iomlán** | **781** | **782** | **790** | **786** |

Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Tá na huimhreacha don bhliain 2018 bunaithe ar choibhéis lánaimseartha. Tá na huimhreacha le haghaidh na mblianta roimhe seo bunaithe ar líon na ndaoine.

### *Aistriú oifig GBCN chuig Cé an Phoirt Thuaidh*

**19.10** I mí na Bealtaine 2018, rinne an Ghníomhaireacht léasanna le haghaidh na cóiríochta oifige ag Duga an Chisteáin, Cé an Phoirt Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, go dtí Bealtaine 2033. Tugadh an t-aistriú foirne go dtí Duga an Chisteáin chun críche i mí Lúnasa 2019.

**19.11** Mairfidh comhaontuithe na léasanna atá ag GBCN lena chuid oifigí ag Foirgneamh an Státchiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, suas go dtí 2025 agus 2026. Tá comhairleoir maoine seachtrach fostaithe ag an nGníomhaireacht maidir le fo-ligean, diúscairt nó sannachán léasanna atá ann cheana maidir leis an gcóiríocht oifige ag Foirgneamh an Chisteáin.

## Oibríochtaí in 2018

### *Maoiniú, fiachas agus bainistiú cisteáin*

**19.12** Faigheann GBCN iasachtaí thar ceann an Státchiste agus déanann fiachas náisiúnta na hÉireann a bhainistiú.[1]

**19.13** Comhlíonann GBCN roinnt feidhmeanna bainistithe fiachais agus cisteáin eile, lena n-áirítear

- oibríochtaí cisteáin do GNBS, CISÉ, CBSÉ agus do Chorparáid na hÉireann um Réiteach Bainc Teoranta (faoi leachtú speisialta) (CÉRB)
- seirbhís chisteáin lárnach a chur ar fáil do chomhlachtaí Stáit agus d'údaráis áitiúla araon
- sócmhainní Chiste na gCuntas Díomhaoin agus an Chiste um Banc Taisce an Phoist a bhainistiú.
- maoirseacht a dheánamh ar infheistíocht agus ar bhainistíocht Chiste eascró Apple na hÉireann thar ceann an Aire Airgeadais.

**19.14** I mí Dheireadh Fómhair 2018, le linn an tríú sindeacáitiú bannaí dó le linn na bliana, d'eisigh GBCN an chéad Bhanna Glas ceannasach ar eisíodh riamh in Éirinn, tar éis beagnach dhá bhliain de a bheith á phleanáil. Bailíodh cistí de €3 billiún ar thoradh de 1.399%. Beart ab ea seo a rinne GBCN chun a bhonn infheisteoirí a éagsúlú tuilleadh, rud a chuir ar a chumas teacht ar chatagóir nua infheisteoirí ar féidir leo iasacht a thabhairt d'Éirinn.

### *Scéimeanna ráthaíochta um fhorais airgeadais*

**19.15** Bhí dliteanais incháilithe áirithe atá in institiúidí airgeadais, lena n-áirítear taiscí agus urrúis fiachais suas le cúig bliana in aibíocht, faoi ráthaíocht ag an Aire Airgeadais (an tAire) faoin Scéim um Fhorais Chreidmheasa (Ráthaíocht Dliteanas Incháilithe), 2009 (an scéim). Rinne an tAire GBCN a shannadh mar oibritheoir na scéime.[2]

**19.16** Ceanglaítear ar gach uile fhoras a bhfuil dliteanais faoi ráthaíocht faoin scéim acu táille a íoc. Is ionann an méid a fuarthas in 2018 agus beagnach €1.06 mhilliún (2017: €12 milliún).[3] Is é Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais atá freagrach as na táillí a fuarthas.

1 Tá sonraí achoimre faoi struchtúr an fhiachais náisiúnta agus faoi threochtaí i bhfiachas an Rialtais san áireamh i gCaibidil 1, *Toradh Airgeadais an Státchiste don 2018.*

2 IR Uimh. 490/2009.

3 Tuairiscítear táillí ar bhonn airgid, faightear go ráithiúil i riaráiste iad, agus íoctar isteach i bPríomhchiste an Státchiste iad. Is ionann na táillí ar bhonn fabhraithe don bhliain 2018 agus €0.4 milliún (2017: €8 milliún).

**19.17** Roimh an dáta deiridh le haghaidh na ndliteanas ar fad a bhí fós amuigh faoin scéim, i.e. an 28 Márta 2018, scríobh GBCN chuig gach institiúid a bhí páirteach inti le hiarraidh orthu a dheimhniú dó nach raibh aon cheisteanna fós gan réiteach agus go raibh gach táille chuí íoctha. Tá sé sin deimhnithe ag gach uile institiúid rannpháirteach.

**19.18** Amhail an 29 Márta 2018, ní raibh aon dliteanais fágtha faoi ráthaíocht faoin scéim, cé is moite de mhiondliteanais iarmharacha a tháinig as leachtú CÉRB (féach ar Fhíor 19.4).

**Fíor 19.4 Dliteanais faoi chumhdach faoin Scéim Ráthaíochta Dliteanais Incháilithe, ag deireadh na bliana 2010 go dtí 2018**




Foinse: An Roinn Airgeadais

**19.19** Tar éis leachtú CÉRB i mí Feabhra 2013, rinneadh roinnt éileamh faoin scéim ráthaíochta agus, i Márta 2013, rinne an tAire na feidhmeanna breise seo a leanas a tharmligean chuig GBCN[1]

- éilimh íocaíochta a dheimhniú i leith gníomhas ráthaíochta a cuireadh i bhfeidhm ar an 29 Samhain 2010 maidir le conarthaí díorthacha áirithe a rinne CÉRB
- suimeanna a íoc atá dlite faoin ngníomhas ráthaíochta.

**19.20** Tá éilimh ar luach iomlán de €1,126 milliún curtha isteach le comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB. Is éard a chuimsítear leosan ná

- €1,088 milliún éilithe ag GBCN i leith íocaíochtaí le sealbhóirí bannaí agus le taisceoirí. Cuimsíonn an figiúr seo costais €7.2 milliún freisin.[2]
- €37.8 milliún arna éileamh ag an Roinn Airgeadais i leith díorthach.[2]

**19.21** In 2016 agus 2017, d'íoc comhleachtaitheoirí speisialta CÉRB dhá dhíbhinn dar luach €560 milliún (50% de na creidiúnaithe neamhurraithe go léir ar ceadaíodh leis an leachtú). D'fhógair na leachtaitheoirí speisialta go raibh an íocaíocht díbhinne 50% a bhí fágtha le dul chuig creidiúnaithe neamhurraithe an leachtaithe ar ligeadh isteach iad i mí na Nollag 2018. Fuarthas é seo in íocaíochtaí ar leithligh i mí na Nollag 2018 agus go luath in 2019. Fuair an Státchiste thart ar €341 milliún in 2018 agus €225 milliún breise i mí Feabhra 2019 i ndáil leis na híocaíochtaí seo.[3]

1 IR Uimh. 85/2013.

2 Bíonn ús iníoctha ar shuimeanna a éilítear ó dháta gach éilimh go dtí an dáta a n-íocann na comhleachtaitheoirí speisialta.

3 Féach ar chaibidil 2 *Costas na mbeart cobhsaíochta baincéireachta amhail deireadh 2018.*

### *An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát*

**19.22** Déanann GBCN éilimh chúitimh díobhála pearsanta, damáiste maoine agus faillí cliniciúla a bhainistiú thar ceann údaráis tharmligthe áirithe de chuid an Stáit. Ina theannta sin, tá ról bainistithe riosca aige sa chaoi a dtugann sé comhairle agus cúnamh do na húdaráis Stáit sin chun a nochtaithe is a bhíonn siad d'éilimh a íoslaghdú. Déanann sé éilimh chostais tríú páirtí a eascraíonn as binsí fiosrúcháin áirithe a mheas agus a bhainistiú freisin, chomh maith le héilimh ar chostais dlí ó páirtithe ar éirigh leo an dlí a chur ar an Stát i leith caingne gortuithe phearsanta agus caingne eile nár bhain le gortú pearsanta. Agus na feidhmeanna seo á gcomhlíonadh aige, tugtar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) ar GBCN. Amhail ar an 31 Nollaig 2018, bhí 146 údarás Stáit faoi chúram an GÉS.

**19.23** B'ionann dámhachtainí agus costais éilimh ghaolmhara an GÉS in 2018 agus €354.6 milliún (2017: €316.8 milliún) ar an iomlán. Is féidir na costais sin a fháil ar ais ó na húdaráis ábhartha Stáit a bhaineann leas as seirbhísí an GÉS. Ina theannta sin, thabhaigh GBCN €25 milliún (2017: €20.8 milliún) i gcostais riaracháin agus é i mbun a gcuid feidhmeanna mar GÉS a chomhlíonadh. Tá na costais riaracháin sin áirithe i speansais riaracháin GBCN agus gearrtar ar an bPríomh-Chiste iad.

**19.24** Tá méadú suntasach tagtha ar líon na n-éileamh atá á mbainistiú ó 2012 i leith. Ag deireadh 2018, bhí beagnach 10,658 éileamh á mbainistiú, lenar áiríodh 2,267 éileamh a bhain le hollchaingne (idir ghinearálta agus chliniciúil). In 2018, réitíodh 2,623 éileamh, méadú 17% ar an mbliain roimhe sin (féach Fíor 19.5).

**Fíor 19.5 Éilimh faighte agus réitithe go bliantúil, agus éilimh á mbainistiú, ag deireadh na bliana, 2012 go 2018**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**19.25** Tá an costas measta le héilimh gan réiteach a shocrú ag méadú go seasta. Tá an dliteanas ag deireadh 2018 measta ag an GÉS le bheith €3.15 billiún - thart ar thrí oiread an dliteanais mheasta ag deireadh 2012 (féach Fíor 19.6). Fachtóir buntábhachtach sa mhéadú ar an dliteanas measta ó 2015 is eationchar an laghdaithe ar an bhfíor-ráta toraidh lena nglactar, síos ó 3% go 1% nó 1.5% de bhun chinneadh na Cúirte Achomhairc.

**19.26** Bhí comhlachtaí san earnáil sláinte (FSS, Tusla agus an Roinn Sláinte ina measc) taobh thiar de 90% den dliteanas measta gan réiteach amhail ag deireadh 2018. Bhain dhá earnáil eile (Ceartas agus Cosaint, agus Oideachas) le 9% eile (féach Fíor 19.7).

**Fíor 19.6 Costas measta chun éilimh gan réiteach a shocrú, ag deireadh bliana, 2012 go dtí 2018**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

**Fíor 19.7 Céatadán na n-éileamh gan réiteach measta do gach earnáil údaráis Stáit, ag deireadh 2018**




Foinse: Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nótaí:
a Cuimsítear leis an earnáil sláinte an FSS, an Roinn Sláinte agus comhlachtaí atá faoina coimirce, agus Tusla chomh maith.

b Tá san áireamh faoin earnáil Cheartais agus Chosanta Seirbhís Phríosúin na hÉireann, na Fórsaí Cosanta agus comhlachtaí eile ina theannta sin.

### *Éilimh ar chostais dlí tríú páirtí*

**19.27** I mí Feabhra 2013, cuireadh aonad costas dlí Stáit ar bun laistigh den GÉS le déileáil le costais tríú páirtí a bhí ag eascairt as Binse Mahon, Binse Moriarty agus Binse Smithwick.[1] In 2015, leag an Rialtas de chúram ar an aonad seo déileáil le gach éileamh tríú páirtí ar chostais dlí i gcoinne údarás tharmligthe Stáit.[2]

**19.28** Déanann an GÉS athbhreithniú ar chostais dlí a éilíonn ionadaithe dlí na ngearánaithe. Sa chás nach dtagtar ar chomhaontú maidir leis na suimeanna arna n-éileamh, cuirtear ar aghaidh chuig Máistir Fómhais na hArd-Chúirte iad. In 2018, shocraigh an GÉS 556 éileamh ar chostais dlí. Socraíodh na héilimh, arbh fhiú €90.6 milliún ar an iomlán iad, ar chostas €53.7 milliún (laghdú 41% ar na méideanna a éilíodh). Bhain cuid mhór den choigilt seo le laghduithe móra ar chostais an Bhinse (58%).

**19.29** Cuireadh tús le Cuid 2 den Acht um Dhliteanas Sibhialta (Leasú) 2017 i mí Dheireadh Fómhair 2018 agus tugadh isteach orduithe íocaíochta tréimhsiúla (PPOanna) mar mhalairt ar chnapshuimeanna a íocadh chun daoine a d'fhulaing díobhálacha tubaisteacha a chúiteamh. Ráthaíonn PPOanna go bhfaighidh íospartaigh dá leithéid íocaíochtaí seasta bliantúla maidir le cóireálacha agus cúram, rud a laghdóidh an imní a bhaineann le híocaíochtaí cnapshuime a d'fhéadfadh rith amach do theaghlaigh a dtéann gortuithe tubaisteacha i bhfeidhm orthu.

### *An Ciste Cúitimh Árachais*

**19.30** Leagtar amach na róil ar leith atá ag an GÉS agus ag Banc Ceannais na hÉireann (CBI) i gcás leachtú nó glacadóireacht cuideachta árachais san Acht Árachais (Leasú), 2018. Sa chás go dtarlaíonn amhlaidh, déanfaidh an GÉS iarratas chuig an Ard-Chúirt, thar ceann an leachtaitheora, chun íocaíochtaí ón gCiste Cúitimh Árachais (ICF) a fhaomhadh, nuair a bheidh scrúdú dícheall chuí déanta ar na héilimh ábhartha. Nuair a bheidh sé faofa ag an Ard-Chúirt, íocfaidh an CBI an méid sonraithe leis an GÉS lena dháileadh ar na héilitheoirí maidir le cuideachta árachais atá údaraithe i mballstát AE seachas Éire. I gcásanna ina bhfuil an cuideachta árachais údaraithe in Éirinn, íocfaidh an CBI an méid sonraithe leis an leachtaitheoir lena dháileadh ar na héilitheoirí. Rinne an GÉS a chéad iarratas leis an Ard-Chúirt i mí na Samhna 2018, iarratas a bhain le leachtú Setanta Insurance Company, cás inar aontaigh an Chúirt le €20.6 milliún a bheith scaoilte le 1,300 éilitheoir.

## An Ciste Carbóin

**19.31** Bunaíodh an Ciste Carbóin leis an Acht um an gCiste Carbóin 2007 chun creidmheasanna carbóin a cheannach ionas go gcomhlíonfar tiomantais na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto - comhaontú idirnáisiúnta um an athrú aeráide. De réir Acht 2007, tá GBCN freagrach as creidmheasanna carbóin a cheannach tríd an gCiste Carbóin, rud a éilítear leis na hoibleagáidí atá ar Éirinn ó thaobh an athraithe aeráide de a chomhlíonadh.

**19.32** Ní choinnítear na sócmhainní a choinnítear sa Chiste Carbóin chun críocha trádála ach ní mór iad a thuairisciú mar chuid de chomhlíonadh na hÉireann faoi Phrótacal Kyoto agus a hoibleagáidí faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.[3]

1 Cuireadh bonn reachtúil faoi fheidhm chostas dlí an GÉS leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 (Acht 2014).

2 I.R. Uimh. 505 de 2015, an tOrdú um GBCN (Tarmligean Éileamh i gcomhair Feidhmeanna Bainistithe Costas), 2015.

3 Féach freisin caibidil 9, *Idirbhearta airgeadais a bhaineann le gás ceaptha teasa.*

**19.33** In 2009, i bhfianaise an mhoillithe i ngeilleagar na hÉireann agus an meastachán athbhreithnithe a rinneadh ina dhiaidh sin ar an ngá atá ann le hÉirinn creidmheasanna carbóin a cheannach, rinneadh an cinneadh deireadh a chur le ceannachán creidmheasanna. Rinneadh na hidirbhearta cuntasaíochta deiridh i ndáil leis an bPrótacal Kiótó den tréimhse 2008 – 2012 in 2015, agus géilleadh sócmhainní arbh fhiú €9.4 milliún iad chun freastal ar oibleagáid na hÉireann.

**19.34** Ón tráth a rinneadh an tsocraíocht deiridh in 2015 maidir leis na hoibleagáidí don tréimhse 2008 – 2012, níor ceannaíodh ná níor géilleadh aon sócmhainní. Tugadh na sócmhainní a bhí fágtha sa Chiste Carbóin ar aghaidh chun gealltanais 2020 na hÉireann faoi Phacáiste Comhtháite um Fhuinneamh agus um an Athrú Aeráide 2020 an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh. Ag deireadh 2018, bhí sócmhainní ag an gCiste Carbóin a raibh costas fála €91.8 milliún acu (féach Fíor 19.8).

**Fíor 19.8 Luach glan sócmhainní an Chiste Carbóin, 2007 go 2018**




Foinse: Ráitis Airgeadais an Chiste Carbóin, 2007 go dtí 2018. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**19.35** I mí na Samhna 2018, chinn an Rialtas go gcuirfear tús le ceannachán lamháltas astaíochtaí gáis cheaptha teasa go gcomhlíonfadh Éire a hoibleagáidí faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Iarrachtaí an AE i leith spriocanna don tréimhse 2013 – 2020. Níor tharla aon cheannacháin go dtí seo.

### *RéNUA*

**19.36** Cuireadh bonn reachtúil faoi na feidhmeanna de GBCN a bhaineann leis an Údarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (RéNUA) i mí na Nollag 2014, tráth ar cuireadh tús leis na hailt ábhartha d'Acht 2014.[1]

**19.37** I measc na bhfeidhmeanna de chuid RéNUA tá seirbhísí comhairleacha airgeadais agus thráchtála ar réimse saincheisteanna a chur ar fáil d'Aire ábhartha den Rialtas i leith comhlacht ainmnithe atá faoina chúram nó faoina cúram.[2] Chomh maith leis sin, nuair atá scaireanna nó sócmhainní ag an Aire i gcomhlacht nach bhfuil ainmnithe chun críocha NewERA, nuair atá freagracht ghinearálta air/uirthi as comhlacht, nó nuair atá aon fheidhm aige/aici i ndáil le comhlacht nó le sócmhainn dá leithéid sin, féadann NewERA seirbhísí cosúla a chur ar fáil don Aire sin.

1 Cuireadh an tÚdarás um Gheilleagar Nua agus um Théarnamh (RéNUA) ar bun ar dtús ar bhonn neamhreachtúil tar éis don Rialtas fógra a dhéanamh i mí Mheán Fómhair 2011.

2 Amhail an 31 Nollaig 2018, ba iad na comhlachtaí ainmnithe ná Bord Soláthair an Leictreachais, Ervia, Bord na Móna cpt, Coillte Teoranta, Eirgrid cpt, Uisce Éireann, An Post, agus aon fhochuideachtaí a bhaineann leo uile nó aon chuideachta ina bhfuil leas ag na comhlachtaí ainmnithe sin.

**19.38** Chaith GBCN thart ar €6.1 milliún ar ghníomhaíochtaí RéNUA in 2018, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN. Baineann formhór an chaiteachais sin leis na costais oibriúcháin a thabhaigh GBCN le comhairle airgeadais agus thráchtála a chur ar fáil do na hAirí cuí, lena n-áirítear 132 aighneacht arna ndéanamh ag comhlachtaí tráchtála Stáit in 2018 le bheith breithnithe ag an Aire. Leis an méid seo, áirítear comhairle a bhain le

- eisiúint bannaí an BSL, saoráidí creidmheasa d'Uisce Éireann, do Ghrúpa EirGrid agus do Ghrúpa na Sionainne, agus saoráid chreidmheasa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (EIB) do Líonraí Gáis Éireann
- buiséid chaiteachais chaipitil, an tromlach díobhsan ag baint le sócmhainní rialaithe leictreachais, gáis agus uisce
- tionscadail chaiteachais chaipitil shonracha lena n-áirítear tionscadail bhonneagair de chuid Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann, tionscadal cúraim sláinte VHI agus tionscadal feirme gaoithe BSL/Bhord na Mona.

### *Soláthar Foirne d'fheidhmeanna Baincéireachta*

**19.39** Tá Aonad Baincéireachta GBCN ar iasacht ag an Roinn Airgeadais ó mhí Lúnasa 2011 i leith, áit a bhfuil sé anois ina chuid d'Aonad Comhairleach Scairshealbhaithe agus Airgeadais na Roinne.[1] Ar ordú an Aire, tá GBCN fós ag íoc chostais an Aonaid Bhaincéireachta, a chuimsíonn costais foirne agus costais áirithe comhairleoirí gairmiúla. Thabhaigh GBCN costais €3.8 milliún in 2018 i ndáil leis an Aonad Baincéireachta, rud atá nochta go leithleach i gcuntas riaracháin GBCN don bhliain 2018.

### *Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann*

**19.40** Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun i mí na Nollag 2014 de bhun Acht 2014. Ag an tráth ar bunaíodh é, rinneadh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ina sócmhainní agus a ndliteanais de chuid CISÉ, seachas méid beag iarmharach de shócmhainní agus de dhliteanais eachtracha atá fós á n-oibriú amach.[2]

**19.41** Coinnítear sócmhainní an chiste in dhá phunann.

- Tá punann na n-infheistíochtaí treoraithe faoi réir na dtreoraithe a thugann an tAire Airgeadais.[3] Tá treoir tugtha ag an Aire go ndéanfar aon ús nó aon ioncam eile a gheofar i leith na dtaiscí agus/nó na n-urrús atá á gcoinneáil sa phunann infheistíochta threoraithe a aistriú chuig an bpunann infheistíochta lánroghnach, áit a ndéanann GBCN iad a choinneáil nó a infheistiú.
- Is éard atá sa phunann infheistíochta lánroghnach ná infheistíochtaí a dhéantar de réir na n-alt ábhartha d'Acht 2014, faoina ndéanann GBCN sócmhainní CISÉ (seachas infheistíochtaí ordaithe) a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála.

**19.42** Amhail an 31 Nollaig 2018, is ionann €16.8 billiún agus luach ghlansócmhainní CISÉ (2017: €20.4 billiún). Bhí €8 billiún (2017: €11.7 billiún) de na glansócmhainní sa phunann threorach agus €8.8 billiún (2017: €8.7 billiún) sa phunann infheistíochta lánroghnach (féach Fíor 19.9).

1 IR Uimh. 395/2011.

2 Ag deireadh 2018, ba ann do líon beag sócmhainní eachtracha, a luacháladh ar €50,000 milliún, nach raibh aistrithe chuig CISÉ go fóill.

3 Foráiltear le hAlt 43 d'Acht 2014 go bhféadfaidh an tAire treoir a thabhairt do GBCN maidir le hinfheistíochtaí treoraithe a choinneáil agus a bhainistiú, aon chearta vótála nó aon chearta eile a ghabhann le hinfheistíocht threoraithe a fheidhmiú, mar aon le hinfheistíochtaí treoraithe a dhiúscairt.

**Fíor 19.9 Luach ghlacshócmhainní CISÉ, 2014 go dtí 2018**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann, 2014 go dtí 2018. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Punann na n-infheistíochtaí treoraithe*

**19.43** In 2018, thit luach na punainne infheistíochta treoraithe faoi bhreis is €3.5 billiún. Is beag nach raibh an laghdú ar phraghas margaidh scaireanna Bhainc-Aontas Éireann i rith na bliana ina cúis iomlán leis an titim seo ar an luach.

**19.44** Amhail an 31 Nollaig 2018, is mar seo a leanas a bhí glansócmhainní phunann na n-infheistíochtaí treoraithe

- Bainc-Aontas Éireann — scairsheilbh 71% atá luacháilte ar €7.05 billiún (€3.65 in aghaidh na scaire)
- Banc na hÉireann – scairsheilbh 13.95% atá luacháilte ar €733 billiún (€4.87 in aghaidh na scaire).
- €215 milliún in airgead tirim atá geallta lena chur ar iasacht do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann.

### *Punann lánroghnach*

**19.45** Is é sainordú reachtúil CISÉ, i leith na punainne lánroghnaí, infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht sa Stát. Ceanglaítear ar Bhord GBCN straitéis infheistíochta do shócmhainní an CISÉ a chinneadh, a mhaoirsiú agus a choinneáil faoi athbhreithniú, i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.[1]

**19.46** D'fhás an luach lánroghnach punainne ó bunaíodh é ó €7.1 billiún suas go dtí €8.8 billiún, déanta suas de ghnóthachain infheistíochta de €600 milliún agus insealltaí airgid tirim de €1.1 billiún, a tharla mar gheall ar dhíbhinní AIB de €761 milliún, díbhinní Bhanc na hÉireann de €17 milliún agus díolachán scairsheilbh an Stáit in Aer Lingus de €335 milliún. Is éard a gcuimsítear sa phunann lánroghnach ná punann Éireannach (€2.6 billiún) agus punann dhomhanda (€6.2 billiún).

1 Alt 39 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2014.

**19.47** Ón tráth ar bunaíodh é, tá toradh bliantúlaithe de 1.9% in aghaidh na bliana ginte ag an CISÉ, lena gcuimsítear toradh 7.1% in aghaidh na bliana ón bpunann Éireannach agus toradh 0.7% in aghaidh na bliana ón bpunann dhomhanda.

**19.48** I mí Iúil 2018, d'fhógair an tAire Airgeadais go ndíreodh an CISÉ ar thosaíochtaí a bheidh de thacú le Tionscadal Éireann 2040. I mí Feabhra 2019, d'fhoilsigh CISÉ straitéis infheistíochta nua a bhfuil sé mar aidhm aici €3 billiún a infheistiú sna cúig bliana atá amach romhainn. Is í an aidhm atá leis sin ná infheistíocht a dhéanamh i gceantair a bhfuil tionchar eacnamaíoch substaintiúil agus marthanach acu in Éirinn, faoi threoir chuspóirí Tionscadal Éireann 2040. Áireofar leis seo infheistíochtaí sna catagóirí ag seo a leanas

- réigiúnach — réigiúin, gnólachtaí réigiúnacha, bia agus béim ar an talmhaíocht a chumasú chun fás eacnamaíoch cothrom a spreagadh
- tithíocht — tithíocht a sheachadadh ar an mórscála trí thalamh a dhíghlasáil, trí aonaid a thógáil le díol agus le ligean ar cíos go fadtéarmach
- an gnó dúchasach - caipiteal fadtéarmach ar scála na leibhéal idirnáisiúnta
- an t-athrú aeráide - infheistíocht sa leictreachas agus sa teas in-athnuaite, sa bhia, san agrai-bhia agus san iompar, faoi réir córais tacaíochta margaidh an Stáit
- Brexit - ag tacú le héagsúlú fadtéarmach agus le hearnálacha a mbeidh tionchar aimhleasach ag Brexit orthu.

**19.49** Tá €3.5 billiún curtha ar leataobh ag CISÉ freisin le haghaidh infheistíochta i réimsí tosaíochta rialtais eile, lena n-áirítear

- €1.5 billiún - An Cúlchiste Barrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla) (ciste éigeandála). I mí an Mheithimh 2019, críochnaíodh an turas tríd an Oireachtais don reachtaíocht chun an ciste éigeandála a bhunú. Tar éis tús a chur leis an reachtaíocht agus eisiúint an ordaithe Aireachta ábhartha, déanfar infheistiú tosaigh de €1.5 billiún ó chiste CISÉ leis an gciste éigeandála agus ina dhiaidh sin beidh ranníocaíochtaí bliantúla ón státchiste de €500 milliún ó 2019 go 2023 chun an iarmhéid ann a thabhairt suas go dtí luach iomlán de €4 billiún i 2023. Tá sé i gceist go n-úsáidfear an ciste éigeandála mar uirlis chun dul i ngleic le himeachtaí tromchúiseacha gan choinne, seachas na gnáthluaineachtaí a tharlaíonn sa timthriall eacnamaíoch.[1]
- €1.25 billiún — molta ag an Aire chun tacú leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun punann tailte a fháil, chun críocha tithíochta agus eile.
- €750 milliún — MTTÉ. Le linn 2018 faoi threoir an Aire Airgeadais, aistríodh €20 milliún ó CISÉ chun caipiteal tosaigh a sholáthar do MTTÉ.[2]

1 An tAcht um Barrachas Náisiúnta (Cúlchiste le haghaidh Teagmhais Eisceachtúla), 2019.

2 Tugadhclár tithíochta cónaithe chun críche le tacaíocht ó CISÉ os cionn 2,000 aonad ag 31 Nollaig 2018 agus tá maoiniú geallta, é sin nó láithreáin ceannaithe, chun 10,000 teach eile a sheachadadh.

### *Cistí spriocdhírithe*

**19.50** IN 2015, aistríodh €335 milliún ón Státchiste chuig CISÉ chun críche Ciste Nascachta nua a le bheith laistigh den phunann lánroghnach. Ní mór d'aon infheistíocht atá sa Chiste Nascachta baint a bheith aici le tionscadail a fheabhsóidh nascacht fhisiciúil, fhíorúil nó fuinnimh na hÉireann. Bhí breis is €90 milliún san iomlán in úsáid ag CISÉ faoin gCiste Nascachta amhail ag deireadh 2018. Cuimsítear, leis na hinfheistíochtaí agus na tiomantais seo,

- Infheistíocht chothromais €26 milliún ($28 milliún) sa chaipiteal gnáthscaireana geallta le Aqua Comms — le tacú leis an líonra fomhuirí snáthoptaice idir Nua-Eabhrac, Baile Átha Cliath agus Londain trí Chill Ala, Contae Mhaigh Eo
- €35 milliún atá geallta le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath
- €18 milliún geallta do Phort Chorcaí chun cuidiú leis bogadh ón áit a bhfuil sé lonnaithe gar do lár na cathrach chuig láithreán athfhorbartha i Rinn an Scidígh
- €14 mhilliún geallta d'Aerfort na Sionainne le tacú leo an rúidbhealach atá ann cheana a uasghrádú.

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais*

**19.51** Agus gníomhaíochtaí áirithe infheistíochta bonneagair á gcomhlíonadh ag GBCN, tugann sé an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (an GNFA) air féin. I measc feidhmeanna an GNFA tá comhairle airgeadais a chur ar fáil d'údaráis Stáit ar gach tionscadal infheistíochta poiblí ar mhó a luach caipitiúil ná €20 milliún.

**19.52** Ina theannta sin tá an GNFA freagrach as

- soláthar agus seachadadh na dtionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) d'údaráis Stáit le heisceachtaí áirithe amhail iompar
- tionscadail áirithe oideachais a sholáthar go díreach
- soláthar seirbhísí bainistíochta conartha agus tacaíocht d'fheidhmiú agus do chothabháil tionscadal oideachais CPP áirithe
- tacaíocht bainistíochta conartha ar CPP do Lárionad Coinbhinsiúin Baile Átha Cliath faoi chomhaontú leibhéal seirbhíse.

**19.53** Is mar seo a leanas an dul chun cinn ar thionscadail CPP a bhí ar bun ag deireadh 2018

- Ionaid chúraim phríomhúil CPP - forbairt 14 ionad cúraim phríomhúil nua, atá deartha chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar i bpobail áitiúla i roinnt áiteanna. Cuireadh ceithre shaoráid chun feidhme in 2017 agus cuirfear na deich gcinn eile chun feidhme in 2018.
- CPP i gcomhair Cúirteanna — tá i gceist leis seo tithe cúirte nua a fhorbairt agus tithe cúirte atá ann cheana a athchóiriú i seacht láthair éagsúla. Cuireadh trí theach cúirte chun feidhme in 2017 agus na ceithre cinn eile in 2018.
- Beartán CPP i gcomhair Scoileanna a cúig — tá cúig scoil agus Institiúid Breisoideachais amháin i gceist leis seo, lena gcuirfear 4,870 áit ar fáil do dhaltaí, scoláirí agus mic léinn. Cuireadh moill air tar éis leachtú Carillion Construction Ltd i mí Eanáir 2018 . Tá trí cinn de na scoileanna críochnaithe agus is é an sprioc atá ann faoi láthair ná go gcríochnófar an dá scoil eile agus an Institiúid Oideachais Breise i R3 2019.

- CPP i gcomhair champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Gráinseach Ghormáin — bronnadh an conradh agus tugadh na ceisteanna airgeadais chun críche i mí an Mhárta 2018. Táthar ag súil leis go mbeidh na foirgnimh réidh le bheith curtha chun feidhme i 2020, tar éis thréimhse dhá bhliain a bheith caite chun iad a thógáil.
- Clár CPP i gcomhair tithíocht shóisialta - baineann sé seo le 1,500 aonad tithíochta sóisialta a fhorbairt agus iad roinnte ina dtrí bheartán. Cuireadh tús le soláthar bheartán a haon in 2017 (534 teach), cuireadh tús le beartán a dó in 2018 (465 teach) agus críochnaíodh meastóireacht tairisceana i mí na Bealtaine 2019. Maidir leis an tríú beartán (timpeall 500 teach), táthar ag críochnú láithreáin faoi láthair agus táthar ag feitheamh ar chinneadh maidir le roghnúchán láithreáin atá á dhéanamh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

**19.54** Is iad na príomhthionscadail inar sholáthair an NDFA comhairle airgeadais le linn 2018

- Tithíocht Tá an NDFA ag soláthar comhairle i ndáil le roinnt tionscadal tithíochta lena n-áirítear léasú tithíochta sóisialta, forbairtí cónaithe tionachta measctha agus scéimeanna morgáiste go cíos. Nuair atá siad uile carntha le chéile is ionann iad agus thart ar 7,000 teach.
- Ionaid seirbhíse mótarbhealaigh; Dearadh, tógáil, oibriú agus cothabháil dhá limistéar seirbhíse atá suite ar mhótarbhealach an M6 soir ó Bhaile Átha Luain agus ar mhótarbhealach an M9 ó dheas ó Chill Chuillinn mar aon le feistiú, oibriú agus cothabháil an tríú limistéar seirbhíse ar mhótarbhealach an M11 lastuaidh de Ghuaire.
- Beart a cheathar (CPP na scoileanna): ag athmhaoiniú an tionscadail.

**19.55** Lena chois sin, tugann an GNFA cúnamh do thionscadail atá maoinithe go traidisiúnta agus do thionscadail CPP atá ag lorg maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI). D'éascaigh an NDFA iasacht €225 milliún a shíniú ó BEI do thionscadail ríomhshláinte i nDeireadh Fómhair 2018.

**19.56** Tugann an NDFA faoi sheirbhísí bainistíochta conartha agus soláthraíonn sé tacaíocht faoi chomhaontuithe leibhéal seirbhíse lena mbaineann monatóireacht ar na cuideachtaí CPP ábhartha i bhfeidhmiú a n-oibleagáidí faoin gconradh CPP agus ag iarraidh a chinntiú go mbainfear amach luach fadtéarmach na gconarthaí seo. Soláthraíonn an NDFA na seirbhísí seo a leanas

- bainistiú conartha do gach scoil CPP oibríochtúil (ag deireadh 2018, bhí an NDFA ag bainistiú na gconarthaí do shé thionscadal a raibh luach caipitil de €500 milliún acu)
- tacaíocht bainistíochta conartha ar an Ionad Coinbhinsiúin i mBaile Átha Cliath
- tacaíocht bainistíochta conartha do na CPPanna ardoideachais (Scoil Cheoil Chorcaí agus Coláiste Muirí Chorcaí).

### *An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní*

**19.57** Mar is amhlaidh a bhí blianta eile, shann GBCN baill foirne de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus chuir seirbhísí ar fáil di le linn 2018. Thabhaigh GBCN costais €40.8 milliún (2017: €38 milliún) ina leith sin, rud a athghearradh ar GBCN.[1]

- Tabhaíodh €30.8 milliún (2017: €34 milliún) maidir le costais foirne. Bhain sé sin le baill foirne atá fostaithe ag GBCN go díreach agus baill foirne atá sannta do GBCN (236 ball foirne amhail ar an 31 Nollaig 2018), agus le costas cionroinnte luach saothair na bhfostaithe de chuid GBCN a fheidhmíonn seirbhísí comhroinnte, amhail seirbhísí TF, acmhainní daonna agus airgeadais.
- Thabhaigh GBCN €10 mhilliún (2017: €4 mhilliún) i leith costais eile thar ceann an GNBS, lena n-áirítear cíos, seirbhísí oifige agus costais chomhairleachta.

**19.58** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an GNBS agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[2]

### *Corparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann*

**19.59** Corpraíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) i Meán Fómhair 2014 mar chuideachta faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cheanglais an Achta um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann 2014, chun soláthar creidmheasa breise a chur chun cinn d'fhiontair agus do dhaoine eile sa Stát, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) trí chistí a fhoinsiú ó iasachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta (agus infheisteoirí).[3]

**19.60** Soláthraíonn an GBCN seirbhísí agus seirbhísí gnó agus tacaíochta, sheirbhísí foirne seirbhísí státchiste agus comhairle maidir le hurrúis fiachais agus iasachtaí don CBSÉ.[4] Thabhaigh GBCN costais de €5.9 milliún chun na seirbhísí sin uile a sholáthar in 2018 (2017: €5.2 milliún) agus athghearradh iad ar an CBSÉ.

**19.61** Coinnítear cuntais ar leith i gcomhair an CBSÉ agus ní bhíonn siad ina gcuid de chuntais GBCN chun críocha alt 12 d'Acht 1990 (arna leasú).[5]

1 B'ionann costais riaracháin an GNBS agus €75 milliún in 2018 (€67 milliún in 2017).

2 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an GNBS ar an 7 Bealtaine 2019.

3 Tugtar sainmhíniú ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide de réir Alt 2 de Mholadh CE 2003/361/CE (an 6 Bealtaine 2003).

4 Alt 10 den Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014.

5 Eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an CBSÉ don bhliain 2018 ar an 18 Aibreán 2019.

# 20 Ciste eascró Apple na hÉireann

**20.1** Ciste ilbhilliún euro é ciste eascró Apple na hÉireann a choimeádtar faoi théarmaí comhaontaithe fhoirmiúil idir an tAire Airgeadais (an tAire) agus Díolacháin Idirnáisiúnta Apple ('Apple Sales International') agus Oibríochtaí Apple na hEorpa ('Apple Operations Europe'), ar feitheamh thoradh na n-agóidí dlíthiúla in aghaidh thorthaí imscrúdaithe ar chúnamh Stáit a rinne an Coimisiún Eorpach (an Coimisiún).

## Bunús an chiste eascró

**20.2** Tá sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Conradh Liospóin) dianchosc ginearálta ar chúnamh Stáit a sholáthar a dhéanann nó ar gnách go ndéanann sé iomaíocht a chur as riocht.[1] Tá roinnt eisceachtaí ann, lena n-áirítear cúnamh a thabhairt chun cur isteach tromchúiseach ar gheilleagar ballstáit a réiteach. Faoi Chonradh Liospóin, is gá don Choimisiún scéim cúnaimh nua de chuid Stáit a fhaomhadh roimh ré.

**20.3** Tugtar cuntas i Fíor 20.1 ar struchtúr corparáideach Apple in Éirinn. Ní raibh cónaí in Éirinn ar mhaithe le cuspóirí cánach ar dhá cheann d'fhochuideachtaí Apple, Díolacháin Idirnáisiúnta Apple (ASI) agus Oibríochtaí Apple na hEorpa (AOE), cé go raibh siad corpraithe in Éirinn, de réir Alt 23A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997.[2] Sula ndearna na hAchtanna Airgeadais, 2013 agus 2014 mionathrú air, foráladh in Alt 23A nach raibh cónaí ar chuideachta a corpraíodh in Éirinn ar mhaithe le cuspóirí cánach

- má measadh gur chuideachta chónaithe i dtír eile a bhí sa chuideachta sin chun críocha conartha um chánachas dúbailte, nó
- má liostaíodh an chuideachta ar stocmhalartán aitheanta nó má bhí sé á rialáil, ar deireadh, ag duine a raibh cónaí air/uirthi i mballstát an AE nó i dtír an chonartha cánach, agus má bhí gníomhaíocht trádála ar siúl ag an gcuideachta ábhartha nó ag a fochuideachtaí in Éirinn.[3]

**Fíor 20.1 Struchtúr corparáideach Apple in Éirinn[a]**




Foinse: Cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 30.08.2016 ar Chúnamh Stáit SA.38373
Nóta: a Bhí an struchtúr corparáideach seo i bhfeidhm go dtí 2015.

1 Déantar cur síos ar chúnamh Stáit in Airteagal 107 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (an CFAE) mar chúnamh ar bith a dheonaíonn ballstát nó a dheonaítear trí acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith a dhéanann nó a bhagraíonn iomaíocht a chur as riocht trí bheith i bhfabhar gnóthais áirithe.

2 Arna leasú ag Alt 43 den Acht Airgeadais, 2014.

3 Áirítear leis seo cuideachta atá corpraithe in Éirinn a thugann faoi thrádáil sa Stát agus a bhainistítear go lárnach agus a rialaítear lasmuigh d'Éirinn.

**20.4** Foráiltear in Alt 25 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 an bunús dlí chun brabúis inmhuirir chuideachta neamhchónaithe a ríomh a dhéanann trádáil sa Stát trí bhrainse nó gníomhaireacht. Ní ghearrtar cáin chorparáide na hÉireann ar bhrabúis ó ghníomhaíochtaí faoina dtugann cuideachta neamhchónaithe nach bhfuil inchurtha i leith brainse Éireannach. D'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim dhá thuairim chánach (i 1991 agus 2007) faoi bhrabúis a chur i leith bhrainsí Éireannacha ASI agus AOE.[1]

**20.5** Dhéileáil tuairimí 1991 agus 2007 na gCoimisinéirí Ioncaim le dlí cánach a chur i bhfeidhm ar idirbhearta nó cásanna áirithe ar leith.[2] Is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim tuairim a chur ar fáil nuair a bhíonn na saincheisteanna casta, nuair nach bhfuil eolas ar fáil go héasca nó nuair a bhíonn éiginnteacht ann i ndáil le dlí cánach a chur i bhfeidhm ar idirbheart nó ar chás ar leith agus nuair is féidir leis an tuairim cabhrú leis an gcáiníocóir chun tuairisceán cánach a chomhdú, faoi mar a cheanglaítear faoin reachtaíocht.

**20.6** I Meitheamh 2014, d'oscail an Coimisiún Eorpach nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil ar thuairimí cánach 1991 agus 2007 a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim do AOE agus ASI. Bhí an t-imscrúdú dírithe ar a dheimhniú cibé ar chruthaigh nó nár chruthaigh na tuairimí seo aon bhuntáiste ar fhochuideachtaí Apple Éireann, sa mhéid gurbh ionann agus cúnamh Stáit iad.

**20.7** I Lúnasa 2016, d'eisigh an Coimisiún cinneadh a bhain an tátal as gur thug Éire cúnamh Stáit neamhdhleathach don dhá fhochuideachta de chuid Apple.[3]

**20.8** Thug an Coimisiún ordú d'Éirinn chun cúnamh Stáit líomhnaithe móide ús a aisghabháil ó Apple, a bhain le tréimhse deich mbliana. Mheas an Coimisiún gurbh ionann an cúnamh Stáit a líomhnaítear a deonaíodh agus thart ar €13 billiún. Is é cás Apple Éireann an cás aisghabhála cúnaimh Stáit is mó a ordaíodh riamh roimhe seo. Rinne Rialtas na hÉireann agus Apple araon achomharc ar leith in aghaidh chinneadh an Choimisiúin agus tá an cás ar siúl go leanúnach. D'fhéadfadh an próiseas iomlán dlíthíochta roinnt blianta a ghlacadh.

**20.9** D'ainneoin achomharc na hÉireann in aghaidh chinneadh an Choimisiúin, rinne Rialtas na hÉireann a oibleagáid a chomhlíonadh chun an cúnamh Stáit líomhnaithe a aisghabháil móide ús ó Apple.[4] Chomhaontaigh an tAire le Apple go gcoimeádfaí na suimeanna a bhaileofaí i gciste eascró go dtí go dtugtar an próiseas dlíthiúil chun críche.

**20.10** Ríomh na Coimisinéirí Ioncaim an cúnamh Stáit a líomhnaítear a bhí le bailiú trí thagairt do chinneadh an Choimisiúin. B'ionann an tsuim a measadh agus €13.1 billiún móide ús ar luach €1.2 billiún.

## Maoirseacht agus bainistíocht an chiste

**20.11** Beartaítear trí na cistí a thaisceadh i gcuntas eascró go mbeifear in ann bainistíocht agus monatóireacht cheart a dhéanamh ar an infheistíocht chun an méid is mó is féidir den luach a chaomhnú i gcomhthéacs choinníollacha an mhargaidh i bhíonn i gceist. Cuireann sé ar chumas na bpáirtithe go léir (an tAire agus ASI agus AOE) freisin rialú a roinnt ar na cistí agus lena dheimhniú conas a dhéantar na cistí seo a infheistiú go dtí go ndéantar an t-achomharc a chur i gcrích.

1 Bhí tuairim 1991 i bhfeidhm go dtí 2007, nuair a cuireadh tuairim 2007 ina hionad. D'fhan tuairim 2007 i bhfeidhm go dtí 2014.

2 Níl córas reachtúil rialuithe ceangailteacha cánach in Éirinn agus ní dhéantar aon fhoráil i ndlí na hÉireann chun rialuithe dá leithéid a eisiúint. Eisíonn Éire, mar sin féin, tuairimí comhairleacha neamhcheangailteacha faoi dhlí cánach a chur i bhfeidhm ar idirbhearta nó ar chásanna sonracha.

3 Cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh ar Chúnamh Stáit SA.38373 an 30.08.2016.

4 Airteagal 9, Caibidil V de Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 794/2004 an 21 Aibreán 2004.

**20.12** In Aibreán 2018, rinne an tAire Airgeadais agus ASI agus AOE creatghníomhas eascró a thugann éifeacht dhlíthiúil do shocruithe chun an cúnamh Stáit líomhnaithe a aisghabháil. Leagtar amach sa ghníomhas an comhaontú mionsonraithe dlíthiúil a rialaíonn bailiú agus íocaíocht na gcistí ó ASI agus AOE, agus aon scaoileadh riachtanach ón gciste eascró. Cuimsítear sna socruithe gníomhaire agus taisceánach eascró agus bainisteoirí infheistíochta a cheapadh, agus socrú chun maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an gciste eascró de réir beartais infheistíochta chomhaontaithe.

**20.13** Chun éifeacht a thabhairt don chiste eascró a bhunú, rinne an tAire na feidhmeanna seo a leanas a tharmligean do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN)[1]

- gníomhaire agus taisceánach eascró a sholáthar agus a cheapadh
- bainisteoirí infheistíochta amháin nó níos mó a sholáthar agus a cheapadh
- idirbheartaíocht a dhéanamh ar bheartas infheistíochta don chiste eascró.

Thug GBCN faoin ngníomhaire agus an taisceánach eascró agus na bainisteoirí infheistíochta a sholáthar agus a cheapadh thar ceann an Aire i gcomhar le ASI agus AOE.

**20.14** Rinne an tAire roinnt dá fheidhmeanna i ndáil leis an gciste eascró a infheistiú a tharmligean chuig GBCN, lena n-áirítear inter alia[2]

- oibleagáidí a shocrú agus a fhorghníomhú, agus a fheidhmiú, faoi chomhaontú an ghníomhaire agus an taisceánaigh eascró
- oibleagáidí a shocrú agus a fhorghníomhú, agus a fheidhmiú, faoi chomhaontú bainistíochta infheistíochta
- baill Éireannacha choiste infheistíochta an chiste a cheapadh agus cearta agus oibleagáidí eile maidir leis an gcoiste sin
- maoirseacht a dhéanamh ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste de réir an ghníomhais eascró.

### *Gníomhaire agus taisceánach eascró*

**20.15** Faoi ordú an Aire, cheap GBCN, i gcomhar le ASI agus AOE, Bank of New York Mellon (BNYM) chun seirbhísí gníomhaireachta agus taisceánaigh eascró a sholáthar, i ndiaidh próisis tairisceana iomaíche. Is é ról BNYM, mar an gníomhaire agus an taisceánach eascró, cuntais bhainc/urrúis eascró a oscailt agus a chothabháil, na cistí eascró a chur chun feidhme agus a scaoileadh de réir théarmaí agus choinníollacha chomhaontú an ghníomhaire/taisceánaigh eascró.

### *Bainisteoirí infheistíochta*

**20.16** Ceapadh triúr bainisteoirí infheistíochta — Amundi Asset Management, Blackrock Investment Management (UK) Limited agus Goldman Sachs Asset Management International — chun seirbhísí bainistíochta infheistíochta a sholáthar i Meitheamh 2018, i ndiaidh próisis tairisceana iomaíche. Tá na bainisteoirí infheistíochta freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar infheistíochtaí de réir sainordaithe ó bhainisteoir infheistíochta chun an méid is mó is féidir de chaipiteal an chiste a chaomhnú i gcomhthéacs choinníollacha an mhargaidh a bhíonn i gceist. .

1 Ionstraim Reachtúil Uimh. 331 de 2017.

2 Ionstraim Reachtúil Uimh. 157 de 2018.

### *Coiste infheistíochta*

**20.17** Forbraíodh beartas infheistíochta trí idirbheartaíocht idir an GBCN, ASI agus AOE, agus chuir GBCN faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh. Faomhadh an beartas i bhFeabhra 2018 agus tá sé ina chuid den chreatghníomhas eascró.

**20.18** Tá an ciste eascró á choimeád ag BNYM, mar ghníomhaire agus taisceánach eascró Déanann an tAire agus ASI agus AOE comh-mhaoirseacht ar infheistíocht agus bainistíocht an chiste eascró trí choiste infheistíochta.[1] Cuirtear na socruithe maoirseachta i leith an chiste eascró i láthair i bhFíor 20.2. Is é an tAire Airgeadais an t-úinéir tairbhiúil d'fhad an chiste eascró de réir an chreatghníomhais eascró chomhaontaithe.

**Fíor 20.2 Maoirseacht, bainistíocht agus monatóireacht an chiste eascró**




Foinse: Ráitis Airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann, 2018 Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

1 Tá sa choiste infheistíochta triúr ionadaithe ó GBCN agus triúr ionadaithe ó Apple. Tá ionadaí ó GBCN ina chathaoirleach ar an gcoiste.

## Straitéis infheistíochta

**20.19** Leagtar amach na prionsabail agus paraiméadair infheistíochta don chiste eascró sa bheartas infheistíochta. Is é cuspóir an bheartais infheistíochta an méid is mó is féidir de luach caipitil an chiste eascró a chaomhnú i gcomhthéacs choinníollacha an mhargaidh a bhíonn i gceist. Tá inghlacthacht chomhaontaithe na rioscaí maidir leis an gciste eascró 'íseal', agus ní cheadaítear infheistíochtaí ach amháin in urrúis lena mbaineann méid íseal de riosca bunúsach, ar nós urrúis ioncaim sheasta ardrátáilte ar fad idir gearrthéarmach agus meántéarmach. Déanann an coiste infheistíochta athbhreithniú ar oiriúnacht leanúnach an bheartais infheistíochta.

**20.20** Nochtar an ciste eascró do rioscaí éagsúla margaidh, leachtachta agus creidmheasa. Féachtar le clár bainistíochta riosca an chiste eascró drochtionchar féideartha na rioscaí ar fheidhmíocht airgeadais an chiste eascró a íoslaghdú (féach Fíor 20.2).

**20.21** Tugann na bainisteoirí infheistíochta faoi bhainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí, agus déanann an gníomhaire agus an taisceánach eascró monatóireacht neamhspleách ar chomhlíonadh shainorduithe an bhainisteora infheistíochta agus tuairiscíonn siad chuig GBCN agus ASI agus AOE ar bhonn laethúil. Tá sainorduithe an bhainisteora infheistíochta ar aon dul leis an mbeartas infheistíochta don chiste eascró. Breithníonn an Coiste Infheistíochta comhlíonadh an bheartais infheistíochta ar bhonn ráithiúil. Cuirtear cruinnithe rialta ar siúl leis an gCoiste Infheistíochta agus na bainisteoirí infheistíochta chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na mbainisteoirí infheistíochta agus ar fheidhmíocht an chiste eascró ar an iomlán.

## Feidhmíocht an chiste eascró

**20.22** De thoradh na bhfeidhmeanna infheistíochta a rinne an tAire a tharmligean, ceanglaítear ar GBCN ráitis airgeadais a ullmhú, ar bhonn bliantúil, a bheidh le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais i ndiaidh a n-iniúchta.[1]

**20.23** Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CITA), faoi mar a d'ordaigh an tAire.[2]

**20.24** Cuireadh tús leis an gcúnamh Stáit líomhnaithe a bhailiú i mBealtaine 2018 nuair a rinneadh an chéad cheann i sraith de dhá íocaíochtaí déag leis an gciste eascró. Fuarthas an íocaíocht deiridh i Meán Fómhair 2018. B'ionann na lóisteálacha agus €14.285 billiún san iomlán.

**20.25** Ar aon dul leis an mbeartas infheistíochta, déantar an ciste eascró a infheistiú in urrúis ardrátáilte ioncaim sheasta a ainmnítear in euro, agus in airgead tirim agus i gcoibhéisí airgid thirim. Áirítear le hurrúis ioncaim sheasta bannaí ceannasacha, bannaí atá nach mór ceannasach agus bannaí corparáideacha. Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim,airgead tirim is infheistíochtaí gearrthéarmacha eile lena mbaineann aibíochtaí trí mhí nó níos lú.

**20.26** Déantar gach sócmhainn airgeadais de chuid an chiste eascró a luacháil ar luach cóir, arb é sin an luach margaidh a luaitear nuair a chuirtear deireadh le trádáil ag dáta deiridh na tréimhse.

**20.27** B'ionann na sócmhainní airgeadais a bhí á gcoimeád sa chiste eascró an 31 Nollaig agus €14.271 billiún. Taispeántar miondealú ar na sócmhainní seo i Fíor 20.3.

1 Eascraíonn seo as téarmaí Alt 12 den Acht um GBCN, 1990.

2 Ullmhaítear ráitis airgeadais an chiste eascró de bhun Alt 28(5) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000.

**Fíor 20.3 Sócmhainní an chiste eascró amhail an 31 December 2018**




Foinse: Ráitis airgeadais Chiste Eascró Apple na hÉireann 2018

**20.28** Tháinig laghdú ar luach shócmhainní an chiste idir Meán Fómhair 2018, nuair a críochnaíodh aistriú na gcistí ó Apple isteach sa chiste eascró, agus deireadh mhí na Nollag 2018. Bhí seo mar thoradh ar athruithe ar luach na sócmhainní airgeadais, anuas ar speansais úis, ónar eascair laghdú foriomlán €14 milliún ar luach an chiste. Rinneadh €2 milliún sa bhreis de speansais oibriúcháin a fhabhrú ag deireadh na bliana.

**20.29** Braithfidh feidhmíocht an chiste eascró ar thimpeallacht na rátaí úis a bhíonn i gceist agus ar cháilíocht chreidmheasa na sócmhainne i rith fhad an chiste eascró, nach fios é faoi láthair. Chun a léiriú go soiléir, measann GBCN go bhféadfadh laghdú 0.5% sa bhliain teacht ar an gciste eascró, i dtimpeallacht reatha na rátaí diúltacha úis.[1,2] I gcás ciste €14 billiún, b'ionann seo agus caillteanas thart ar €70 milliún sa bhliain.

## Costais a bhaineann le bunú an chiste eascró

**20.30** Is ionann costais bhreise a bhaineann leis an bpróiseas aisghabhála agus bunú an chiste eascró agus thart ar €3.9 milliún (Cáin Bhreisluacha san áireamh) san iomlán, go dtí seo.[3] Áirítear leis seo na costais dlí, táillí sainchomhairleoireachta go léir agus aon chostais ghaolmhara eile a thaibhigh gach páirtí Stáit sa phróiseas.[4]

1 Cruinniú an Choiste um Chuntais Phoiblí an 4 Iúil 2019.

2 Is ionann seo agus caillteanas thart ar €5 milliún sa bhliain do gach billiún euro a choimeádtar.

3 Thaibhigh an Roinn Airgeadais, na Coimisinéirí Ioncaim, Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, GBCN agus Banc Ceannais na hÉireann na costais seo.

4 Ní áirítear leis na costais seo costais a bhaineann le himscrúdú an Choimisiúin agus leis an achomharc a rinneadh ar chinneadh an Choimisiúin.

# 21 Comhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann

**21.1** Ceanglaítear ar Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann (an Chomhairle), faoi Acht um Fhreagracht Fhioscach 2012 (an tAcht), measúnuithe neamhspleácha ar phleananna agus ar réamh-mheastacháin bhuiséadacha an Rialtais a sholáthar agus eolas a chur ar fáil don phlé poiblí faoi cheisteanna eacnamaíocha agus fioscacha.

**21.2** Is iad na freagrachtaí reachtúla atá ar an gComhairle

- na réamhaisnéisí oifigiúla atá curtha i dtoll a chéile ag an Roinn Airgeadais (an Roinn) san earrach agus san fhómhar gach bliain a mheas[1]
- a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil seasamh fiosach an Rialtais fabhrach do bhainistíocht stuama eacnamaíoch agus bhuiséadach lena n-áirítear trí thagairt do Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis an AE[2]
- faireachán agus measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil riocht ginearálta buiséadach an rialtais ar cothrom nó ar barrachas, nó ag gluaiseacht ag luas sásúil i dtreo an choinníll sin (an 'riail bhuiséadach' mar atá leagtha amach san Acht), agus a mheas cibé an bhfuil nó nach bhfuil aon neamhchomhlíonadh mar thoradh ar imthosca eisceachtúla[3]
- na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha atá ullmhaithe ag an Roinn a fhormhuiniú, de réir mar is dóigh leis is cuí, ar a bhfuil na nuashonruithe ar an gclár buiséid agus cobhsaíochta bunaithe.[4]

**Fíor 21.1 Feidhmeanna Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann**




Foinse: Comhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann

1 De réir an Achta, is éard atá i gceist le 'réamhaisnéisí oifigiúla' na réamhaisnéisí maicreacnamaíocha agus buiséadacha a fhoilsíonn an Roinn Airgeadais chun críocha na pleanála fioscaí.

2 Is creat bunaithe ar rialacha é an Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis chun beartais fhioscacha náisiúnta san AE a chomhordú.

3 Faoin Acht, áirítear in 'imthosca eisceachtúla' tréimhse ina dtarlaíonn géarchor chun donais eacnamaíoch nó teagmhas neamhghnách (nach bhfuil neart ag an Rialtas air) a bhfuil tionchar ollmhór aige ar riocht buiséadach an Rialtais.

4 Tá comh-mheabhrán tuisceana idir an Chomhairle agus an Roinn ag tacú leis an bpróiseas formhuinithe.

## Cuntais Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann

**21.3** Is é Cathaoirleach na Comhairle an t-oifigeach atá cuntasach in ullmhú agus cur i láthair a ráiteas airgeadais chun críche iniúchta. Faoin Acht, ceanglaítear ar an gComhairle cuntais a choimeád maidir le fáltais agus caiteachas san fhoirm atá faofa ag an Aire Airgeadais (an tAire),[1] agus iad a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste laistigh de thrí mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad. Tar éis an t-iniúchadh a chríochnú, caithfear cóip de na cuntais agus den tuarascáil iniúchta a thabhairt don Aire, a chaithfidh iad a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

**21.4** Go leithleach, ceanglaítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuairisciú do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna curtha i gcuntas ag an gComhairle gach bliain. Is é seo an tuarascáil le haghaidh 2018.

**21.5** Tá iniúchadh déanta ar chuntais na Comhairle le haghaidh 2018, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh ar an 7 Lúnasa 2019.

**21.6** Tá mé sásta go dtugtar léargas fíorcheart sna cuntais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle ag deireadh 2018 agus ar a hioncam agus caiteachas don bhliain.

## Ballraíocht agus soláthar foirne

**21.7** Tá an Chomhairle comhdhéanta de chúigear ball, an Cathaoirleach san áireamh. Is é an tAire a dhéanann na ceapacháin, agus is tréimhse ceithre bliana a bhíonn i gceist leis an téarma oifige de ghnáth. Ní féidir le baill den Chomhairle a bheith ainmnithe ar an gComhairle le haghaidh níos mó ná dhá théarma chomhleanúnacha.

**21.8** Ní raibh aon fholúntas sa Chomhairle in 2018.

**21.9** Ag deireadh 2018, bhí an Chomhairle ag fáil tacaíochta ó sheachtar ball foirne, seisear eacnamaithe agus riarthóir. D'fhág ball amháin a bhí ar iasacht ó eagraíocht eile foireann na Comhairle i mí Lúnasa 2018.

## Maoiniú

**21.10** Tá an Chomhairle á maoiniú ó Lárchiste an Státchiste, faoi réir mhéid na 'teorainne' bliantúla boilsciú-innéacsaithe.[2] Bhí an teorainn maoinithe le haghaidh 2018 cothrom le €822,500 (2017: €820,900).[3]

**21.11** Bhí caiteachas na Comhairle cothrom le thart ar €755,000 in 2018 (2017: €607,000) san iomlán, agus bhain 53% (2017: 55%) de seo le costais tuarastail. Bhain an ghné is mó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle le táille riaracháin atá iníoctha leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) i ndáil le costais chóiríochta agus seirbhísí tacaíochta in 2018 a bhí cothrom le thart ar €113,000 (2017: €106,000) san iomlán.

**21.12** Tá achoimre ar bhuiséad na Comhairle agus an caiteachas gaolmhar don tréimhse idir 2013 agus deireadh 2018 léirithe i bhFíor 21.2.

1 Tá ráitis airgeadais na Comhairle ullmhaithe de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS)102.

2 Forálann mír 9 den sceideal leis an Acht don fhoinse maoinithe mar aon leleibhéal bonnlíne an chaiteachais don Chomhairle ar thosach feidhme (an 31 Nollaig 2012) a shocrú ag €800,000.

3 Chuir an Roinn Airgeadais Innéacs Comhchuibhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí na Príomh-Oifige Staidrimh i bhfeidhm nuair a bhí an teorainn á cinneadh d'aon bhliain.

**Fíor 21.2 Achoimre airgeadais Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann, 2013 go dtí 2018**




Foinse: Ráitis airgeadais bliantúla Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**21.13** Bhí táillí agus speansais tabhaithe i ndáil le baill na Comhairle le haghaidh 2018 cothrom le díreach faoi €87,000 (2017: €85,500) san iomlán. Íocadh táillí i ndáil le triúr ball le heagraíochtaí a bhfostóirí (earnáil phoiblí nó idirnáisiúnta), seachas leis na daoine lena mbaineann.[1] Áirítear i speansais íoctha le (nó i leith) baill na Comhairle costais taistil agus chothaithe tabhaithe ag baill idirnáisiúnta agus baill atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a bhí ag freastal ar chruinnithe de chuid na Comhairle (a reáchtáiltear i mBaile Átha Cliath) agus ar imeachtaí thar lear.

**21.14** Bhí costais a bhain le sochar scoir díreach os cionn €77,000 aitheanta ag an gComhairle in 2018. Tá an Chomhairle i mbun dhá scéim aoisliúntais a reáchtáil dá baill foirne.

- Is é Scéim Pinsin Shingil na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Shingil) an scéim le sochar sainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Tá seisear ball foirne incháilithe le haghaidh sochair scoir faoin Scéim Shingil.
- Tá cead faighte ag an gComhairle ón Roinn Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun scéim pinsin ‘eiseamláireach’ a fheidhmiú ar bhonn riaracháin chun críche sochair aoisliúntais a chur ar fáil do bhaill foirne earcaithe chuig an tseirbhís phoiblí sular tugadh an Scéim Shingil isteach. Tá ball foirne amháin ag glacadh páirte sa scéim eiseamláireach.

1 De réir an phrionsabail duine-amháin-tuarastal-amháin, ní fhaigheann baill den Chomhairle ar fostaithe de chuid comhlachtaí poiblí eile iad táille i ndáil leis an tseirbhís a sholáthraíonn siad don Chomhairle.

## Gníomhaíocht na Comhairle

**21.15** Táirgeann an Chomhairle roinnt aschur bliantúil mar fhreagairt ar aschuir ón Roinn. Tá eolas maidir leis na haschuir seo le fáil i bhFíor 21.3. Lena chois sin, tá roinnt tuarascálacha agus páipéir neamhreachtúla curtha i dtoll a chéile ag an gComhairle (féach Iarscríbhinn 1A).

**21.16** Faoi mhír 11 den sceideal leis an Acht, is féidir Cathaoirleach na Comhairle a thabhairt os comhair Choiste nó ceachtar de Thithe an Oireachtais chun feidhmiú fheidhmeanna na Comhairle a mhíniú. Tugadh an Chomhairle os comhair an Choiste um Maoirseacht Bhuiséadach ar thrí ócáid ar leith i rith 2018.

**Fíor 21.3 Aschuir Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Foilsíonn an Roinn ráiteas eacnamaíoch samhraidh i Meitheamh/Iúil freisin. Cuireadh tús leis an ráiteas seo mar chuid den phróiseas athchóirithe buiséid.

b Foilsítear an ráiteas seo i Meán Fómhair gach bliain agus áirítear ann, inter alia, an ráiteas eacnamaíoch samhraidh.

## Iarscríbhinn 21A Tuarascálacha neamhreachtúla Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann

**Fíor 21A.1 Tuarascálacha neamhreachtúla Chomhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann, 2016 go dtí Iúil 2019**

| | |
|---|---|
| **2016** | **Nótaí anailíseacha** |
| | Caipiteal Poiblí: Infheistíochtaí, Stoic agus Dímheas |
| | Dúshláin a bhaineann le Cáin Chorparáide na hÉireann a Réamhaisnéisiú |
| **2017** | **Páipéir oibre** |
| | Réamhaisnéisí Gearrthéarmacha maidir le Geilleagar na hÉireann a chur i dtoll a chéile |
| **2018** | **Páipéir oibre** |
| | Meastachán ar Bhearna Aschuir na hÉireann |
| | Ciste Lá na Báistí a dhearadh a oibreoidh laistigh de na Rialacha Fioscacha |
| | Tuar reatha chun Athbhreithnithe Sonraí a Thuar |
| | **Nótaí anailíseacha** |
| | 'Teasléaráid Déine' chun Faireachán a dhéanamh ar Éagothroime i nGeilleagar na hÉireann |
| | **Tuarascálacha eile** |
| | Cás faoi Choinníollacha nach Leasófar do Chaitheamh Rialtais sa Mheántéarma 2019-2023 |
| **2019**[a] | **Páipéir oibre** |
| | Iolraitheoirí Caithimh na hÉireann |
| | An Cuntas Reatha: Comhartha Fíor-ama ar Éagothroime Eacnamaíoch nó Athradharc 20/20? |
| | Meastachán ar Leaisteachas Cánach na hÉireann: Cur Chuige Beartas-Choigeartaithe |
| | **Nótaí anailíseacha** |
| | Meastachán ar Leath-Leaisteachas Buiséadach na hÉireann |
| | **Tuarascálacha eile** |
| | Cás faoi Choinníollacha nach Leasófar do Chaitheamh Rialtais 2020–2023 |

Foinse: Comhairle Chomhairleach Fhioscach na hÉireann

Nóta: a go dtí Iúil 2019.